



Provided by the author(s) and University of Galway in accordance with publisher policies. Please cite the published version when available.

Title	Gach díograis go deireadh: Bailiúchán náisiúnta an bhéaloidis i dTeileann, iardheisceart Thír Chonaill, 1935-1976
Author(s)	Ní Churraighín, Aisling
Publication Date	2020-02-02
Publisher	NUI Galway
Item record	http://hdl.handle.net/10379/15828

Downloaded 2024-04-25T07:07:09Z

Some rights reserved. For more information, please see the item record link above.



Gach Díograis go Deireadh
Bailiúchán Náisiúnta an Bhéaloidis i dTeileann,
iardheisceart Thír Chonaill, 1935-1976

(IMLEABHAR I)

Tráchtas a leagadh isteach chun riachtanas na céime dochtúireachta
a chomhlíonadh

Aisling Ní Churraighín, B.A., M.A. (OÉ)

arna stiúradh ag an Ollamh Lillis Ó Laoire

Roinn na Gaeilge,
Scoil na dTeangacha, na Litríochtaí agus na gCultúr,
Coláiste na nDán, na nEolaíochtaí Sóisialta agus an Léinn Cheiltigh,
Ollscoil na hÉireann, Gaillimh,
Meán Fómhair 2019



OÉ Gaillimh
NUI Galway

CLÁR ÁBHAR

<i>Achoimre</i>	iv
<i>Nóta Buíochais</i>	v
<i>Dearbhú</i>	viii
<i>Logainmneacha agus Tithe a luaitear sa tráchtas</i>	ix
<i>Liosta na dTithe</i>	x
<i>Noda</i>	xi
<i>Réamhrá</i>	xiii
<i>Caibidil a hAon: Cúlra agus Modheolaíocht an Tráchtais</i>	1
1.1 Dearadh agus Sainiú an Tráchtais	1
1.2 Cartlannú na Seanchaithe	4
1.3 Tionchar Léann an Bhéaloidis san Eoraip	5
1.4 Coimisiún Béaloideas Éireann: Cartlann Náisiúnta Béaloidis	10
1.5 Ag Saothrú sa Ghort: Dialanna na mBailitheoirí de chuid CBÉ.....	12
1.6 Líonra Seanchaithe Sheáin Uí Eochaidh i dTeileann, Co. Dhún na nGall	15
1.7 Ceist na hInscne: seasmhacht na bhfear.....	19
1.8 Corpas na seanchaithe	22
1.8.1 Corpas Chonail Uí Bheirn agus Mícheál Uí Ighne	24
1.8.2 Corpas Mháire Ní Bheirn agus Mháire Uí Cheallaigh.....	26
1.9 Modheolaíocht agus Ceisteanna Taighde.....	29
1.10 Ceangal.....	31
<i>Caibidil 2: Seanchaithe Theilinn agus an tArdán (Idir)náisiúnta</i>	32
2.1 Réamhrá	32
2.2 Cuairteoirí chun na Gaeltachta: ón Bhlascaod go Teileann	35
2.3 Luathchuirteoirí Léannta i dTeileann: 1887-1931.....	39
2.4 Tús le ré Sheáin Uí Eochaidh mar idirghabhálaí sna 1930idí.....	43
2.5 An Fear Ceoil: Séamus Mac Aonghusa (1943 & 1944)	47
2.6 Oireachtas na Gaeilge, 1945 agus 1946	50
2.7 Heinrich Wagner: Ollamh Sheáin Uí Eochaidh.....	57
2.8 Cuairt an <i>Picture Post</i> , Nollaig 1946: ‘The Irish Storyteller’	61
2.9 Camchuart an <i>BBC</i> : Lúnasa 1947	65
2.10 Ceangal.....	67
<i>Caibidil a Trí: Scéalaíocht na bhFear i dTeileann – Conall Ó Beirn agus Mícheál Ó hIghne</i>	70
3.1 Réamhrá	70
3.2 Conall Ó Beirn agus Mícheál Ó hIghne	72
3.3 Anailís ar dhá scéal: Scéal Iontais agus Scéal Gaisce.....	76
3.4 ‘Scéal an Bhlocáin’ le Conall Ó Beirn: Is fearr beagán agus beannacht ná mórán agus mallacht	77
3.4.1 Scéal an Bhlocáin (COB1)	81

3.4.2 ‘Scéal an Bhlocáin’ (CÓB2) agus ‘Triúr Iníon na Baintrí’ (CÓB3): dhá leagan a bailíodh sa bhliain 1949	84
3.4.3 ‘Cé acu is fearr leat, tuirtín mór agus mo mhallacht nó tuirtín beag agus mo bheannacht?’	85
3.4.4 CÓB1: Cuidiú ó na hainmhithe?	88
3.4.5 Teach na Caillí	92
3.4.6 Gné an Díoltais.....	93
3.5 An Crochaire Tarnocht (ATU 300 <i>The Dragon Slayer</i>)	97
3.5.1 Séarlaí Mac Anna agus ‘An Crochaire Tarnocht’	98
3.5.2 Insintí Mhicheáil Uí Ighne den Chrochaire Tarnocht	99
3.5.3 Jack agus troid in aghaidh an Dragúin	101
3.5.4 Cúrsaí Inscne	104
3.5.5 Clabhsúr an scéil	104
3.6 Ceangal.....	105

Caibidil a Ceathair: Mionseanchas na mBan? Saothar Mháire Ní Bheirn agus Mháire Uí Cheallaigh

<i>4.1 Réamhrá</i>	111
4.2 Imeallú na mBan sa Traidisiún agus tionchar <i>The Gaelic Storyteller</i>	114
4.3 Leabhar na Beatha: <i>A Handbook of Irish Folklore</i>	118
4.4 Comhthéacs an Bhailithe agus Modheolaíocht an Cheistneora	122
4.5 Cuid II: Anailís ar chuid den ábhar	132
4.5.1 Ainmhithe.....	132
4.5.2 Éin Spéire agus Feirme	135
4.5.3 An Phéist Chapail agus Scéalaíocht na mBan	138
4.5.4 Cosa Giorria agus ‘Máire Phadaí Bháin’	147
4.5.5 ‘Mrá-Luibheanna i dTeilionn’.....	150
4.5.6 Cúrsaí Leighis agus Sláinte	156
4.5.7 Rún na mBan: Saolú Páiste	161
4.6 Ceangal.....	168

Caibidil a Cúig: Croí na Féile – Teach na mBeirneach.....

5.1 Réamhrá	171
5.2 Mórtas Áite: ‘Bríd Bhán’	173
5.3 An Teach Áirneáil: ‘the notion of home’	177
5.4 Teach na mBeirneach: suíomh	179
5.5. Teach chroí na féile	186
5.6 ‘Oifig’ an Bhéaloidis: Teach Phádraig Mhic Seáin	200
5.7 An tAirneál i dteach na mBeirneach	203
5.8 Lorg Sheáin Uí Eochaidh: Cumha i ndiaidh an chuariteora	213
5.9 Ceangal.....	216

Conclúid.....

Tablaí Ginealaigh.....

Liosta Foinsí.....

Achoimre

Sa tráchtas seo, díritear ar shaothar Sheáin Uí Eochaidh (1913-2002) agus a líonra seanchaithe i dTeileann idir 1935-1976. Le linn dó a bheith ag obair mar bhailitheoir de chuid Choimisiún Béaloideas Éireann (1935-1971), chothaigh Ó hEochaidh caidreamh oibre ar leith le líonraí seanchaithe ar fud Ghaeltachtaí Thír Chonaill. Ní nach ionadh go raibh luí faoi leith aige leis na líonraí béaloidis ina cheantar dúchais i dTeileann — an áit ar fhoghlaim sé a cheird. Déantar mionchíoradh ar chuid de na príomhcheisteanna a thógtar in *The Gaelic Storyteller* sa tráchtas trí anailís thiubh chomhthéacsúil a dhéanamh ar na gnéithe seo a leanas: tionchar na scoláirí idirnáisiúnta, scéalaíocht na bhfear, seanchas na mban, agus an teach áirneáil i dTeileann. Léirítear an fiúntas a bhaineann le taighde comhthéacsúil corpasbhunaithe a dhéanamh ar na líonraí seanchaithe a mbíodh na bailitheoirí béaloidis de chuid an Choimisiúin ag tarraingt orthu. Leagann an mhionanailís chomhthéacsúil a dhéantar ar shaothar na seanchaithe béim ar an tsochaí inar mhair siad agus ar na noirm shóisialta a bhí i réim le linn do Sheán Ó hEochaidh a bheith ag saothrú mar bhailitheoir béaloidis gairmiúili dTeileann. Tuiscint lárnach de chuid an tráchtais is ea tábhacht na spásanna ina ndéantaí an t-ábhar a sheachadadh. Trí ghrinnstaidéar a dhéanamh ar bhailiúchán Uí Eochaidh i dTeileann, faightear tuiscint níos doimhne agus níos iomláine ar an bhealach ar chuir saothar an bhailitheora áitiúil le clú an cheantair agus le cruthú na cartlainne béaloidis i gcoitinne.

Nóta Buíochais

Ba mhaith liom mo bhuíochas ó chroí a ghabháil leis an Ollamh Lillis Ó Laoire, stiúrthóir taighde an tráchtais seo, a bhí mar stiúrthóir agam ó bhí 2012 ann agus mé i mo scoláire fochéime in Ollscoil na hÉireann, Gaillimh. Chuir sé an-dúil sa tráchtas dochtúireachta ón tús, thug sé tacaíocht agus spreagadh leanúnach dom, agus roinn sé a chuid ama agus a chuid saineolais go fial flaithiúil liom.

Tá mé an-bhuíoch den Choiste Taighde Iarchéime, an Dr. Jeannine Woods, an Dr. John Walsh, an Dr. Liam Ó hÁisibéil agus an Dr. Ríona Ní Fhrighil, as a gcuid tacaíochta ag na cruinnithe bliantúla, agus as an chomhairle uilig a chuir siad orm. Mo bhuíochas fosta leis an Ollamh Tadhg Ó hÍfearnáin, Ceann an Disiplín. Gabhaim buíochas leis an Ollamh Emeritus Gearóid Denvir as an spreagadh a thug sé dom. Tá mé go mór faoi chomaoin ag Fíona de Paor, Riarthóir na Roinne, as an chuidiú ar fad i gcaitheamh na mblianta. Tá mé an-bhuíoch fosta den Ollamh Louis de Paor, den Dr. Verena Commins agus de Samantha Williams, Ionad an Léinn Éireannaigh as a gcuid tacaíochta. Buíochas speisialta d'fhoireann Leabharlann Shéamuis Uí Ardagáin, agus don fhoireann i Seomra na mBailiúchán Speisialta go háirithe. Tá mé faoi chomaoin fosta ag an Dr. Margaret O'Brien, an luibheolaí aitheanta, agus ag an Dr. Caitriona Clear, Roinn na Staire.

Mo bhuíochas leis an Dr Ailbhe Ní Ghearbhuigh, Coláiste na hOllscoile, Corcaigh as a cuid saineolais a roinnt liom faoin scríbhneoireacht acadúil agus faoin fhoilsitheoireacht. Gabhaim buíochas fosta leis an Ollamh Ríonach uí Ógáin agus leis an Ollamh Máirín Nic Eoin, a chuir neart comhairle orm maidir leis an scríbhneoireacht agus ailt á réiteach agam don chló.

Tá mé faoi chomaoin ag an fhoireann fhoighdeach i gCnuasach Bhéaloideas Éireann, An Coláiste Ollscoile, Baile Átha Cliath a léirigh an-suim sa tionscadal seo, agus a chuir fáilte chroíúil romham agus mé ar cuairt chucu. Gabhaim buíochas leis an Dr. Anna Bale, an Dr. Bairbre Ní Fhloinn, an Dr. Críostóir Mac Carthaigh, Claire Doohan, Jonny Dillon, an Dr. Kelly Fitzgerald agus Simon O'Leary. Gabhaim buíochas fosta le Liam Ó Maolaodha, Stiúrthóir Oireachtas na Gaeilge, as mé a chuir i dtreo ábhar na cartlainne i Leabharlann Náisiúnta na hÉireann. Mo bhuíochas fosta leis an Dr Pádraig Ó Tiarnaigh, Conradh na Gaeilge, as foinsí a roinnt liom.

B'iontach an spreagadh a fuair mé ó mo chairde agus mo chomhscoláirí i bhfoirgneamh Shéamuis Uí Ardagáin. Tá mé faoi chomaoin ag an Dr. Ailbhe Nic Giolla Chomhaill, Ollscoil Luimnigh, saineolaí na scéalta draíochta, a chuir comhairle mhaith orm agus a rinne dréachtaí de chaibidlí a léamh go mion cúramach mar is dual di. Buíochas mór do Shíobhra Aiken as a cuid cineáltais agus as achoimrí agus páipéir chomhdhála go leor a léamh dom. Tá buíochas speisialta tuillte ag an Dr. Deirdre Ní Chonghaile as an chomhairle shiosmaideach, as an cheol bhinn, agus as an turas teoraithe siar go hÁrainn. Mo bhuíochas le Pádraig Ó Mathúna as a chuid saineolais a roinnt liom faoin tseanchas agus faoi léann na staire, agus le Doireann Ní Ghlacáin a shábháil go leor cuardaigh orm agus mé ag lorg foinsí i dtaca leis an cheol. Gabhaim buíochas le Nikita Koptev as a chuid tacaíochta. Mo bhuíochas fosta leis an Dr. Eoin Ó Broin, an Dr. Stephen Joyce, Lee Vahey, agus an Dr. Eilís Ní Dhúill.

Bhí scoth na cuideachta agam ag na comhdhálacha fosta agus gabhaim buíochas leis an Dr. Audrey Robitaillie; le Deirdre Nic Chárthaigh, Coláiste na Tríonóide; le Dubhán Ó Longáin, Ollscoil Uladh; le hEoin Ó Cuinneagáin, Ollscoil Linnaeus; leis an Dr. Gregory Darwin, Ollscoil Harvard agus leis an Dr. Seanán Mac Aoidh, Ollscoil Uladh. Gabhaim buíochas fosta leis na daoine a roinn eolas liom ag comhdhálacha agus ag cainteanna éagsúla. Tá mé faoi chomaoin ag an Ollamh Joseph Nagy, Ollscoil Harvard, a thug cuireadh dom an taighde seo phlé in UCLA, agus le Máire Uí Cheallaigh, Baile na Finne, as cuireadh a thabhairt dom caint a thabhairt ag *Éigse Sheáin Bháin* 2018. Ba mhór an spreagadh a fuair mé ó na hócáidí sin uilig.

Bhog mé ar ais go Tír Chonaill nuair a thosaigh mé ag obair leis an Ghúm, Foras na Gaeilge i mí Iúil 2019. Tá mé an-bhuíoch den fhoireann uilig as an spreagadh a thug siad dom.

Tá buíochas speisialta tuillte ag bunadh Theilinn agus ag bunadh Ghleann Cholm Cille a thacaigh go mór liom agus a thug cuidiú go leor dom ó thosaigh mé ar an aistear taighde seo: Anna Ní Chuinneagáin; Ciotaí Seáin Uí Chuinneagáin (1919-2018), go ndéana Dia grásta uirthi; Linda Ní Chuinneagáin; Niall Ó Ceallaigh; Nóra Joe Uí Ghallchóir; Pádraig Mac Giolla Easbuig; Pádraig Ó Cuinneagáin; Proinnsias Mac an Bhaird; Rab Cherry; Seán Ó Ceallaigh; Seosamh Ua Gallachubhair agus Tomás Ó Beirn (Tamaí Chiot). Mo bhuíochas fosta le Liam Ó Cuinneagáin, Gearóidín Nic Ghongail, Siobhán Ní Churraighín, an Dr. Seosamh Mac Muirí agus an tOllamh

Seosamh Watson agus le mo chairde in Oideas Gael, Gleann Cholm Cille. Caithfidh mé buíochas a ghabháil le Pádraig Mac Suibhne as a thacaíocht phearsanta agus as a chuid foighde. Do mo bhunadh féin agus mo chrann taca: Loretta Ní Churraighín, Máirtín Ó Curraighín agus Shane Ó Curraighín. Tá buíochas faoi leith tuillte ag mo thuismitheoirí, Eoghan Ó Curraighín agus Máire Uí Churraighín as an tacaíocht a thug siad dom agus as an tsuim a léirigh siad sa tsaothar.

Tá muid uilig go mór faoi chomaoin ag na seanchaithe agus ag na bailitheoirí béaloidis a chuaigh romhainn agus a bhfuil a saothar i dtaisce i gCnuasach Bhéaloideas Éireann. Fuair mé oiliúint luachmhar ó dhaoine as mo cheantar dúchais nár casadh riamh orm frína gcuid lámhsríbhinní a léamh: an Dr. Seán Ó hEochaidh, Cruachlann; Conall Ó Beirn, agus Máire Ní Bheirn, Iomaire Mhuireanáin; Máire Bhríd Uí Cheallaigh, Baile Mór; Mícheál Ó hIghne, Atharach; Bríd Mhór Uí Bheirn, Mín an Bhrollaigh; Séamus (Jim Phat James) Ó Beirn, Mín na Gaoithe; agus Seán Mac Seagháin (John Tamaí Seáin), Leirg an Dachtáin.

Fuair an tionscnamh seo maoiniú ón Chomhairle um Thaighde in Éirinn, ó Sparánacht Uí Eithir, ó Sparánacht Phelan Conan agus ó Creative Edge, Northern Periphery Programme.

Dearbhú


Dearbhaím gurb é mo shaothar féin atá sa tráchtas dochtúireachta seo agus nach bhfuil céim faighte agam in Ollscoil na hÉireann, Gaillimh ná in ollscoil ar bith eile atá bunaithe ar aon chuid den saothar seo.

Aisling Ní Churraighín

Dáta

Logainmneacha agus Tithe i dTeileann a luaitear sa Tráchtas¹

[Ainmneacha na dTithe ar lean]



¹ Tá mé buíoch den Dr. Liam Ó hAisibéil a rinne an léarscáil seo a dhearadh dom. Tá na logainmneacha bunaithe ar an eolas a thugtar i lámhscríbhinní CBÉ.

Liosta na dTithe

1. Teach Mháire Uí Eochaidh [máthair Sheáin Uí Eochaidh], Cruachlann
2. Teach Bhríd Mhór Uí Bheirn, Mín an Bhrollaigh
3. Teach Mháire Phadaí Bháin, Mín an Bhrollaigh
4. Teach Sheáin Mhic Seagháin, Leirg an Dachtáin
5. Teach Johnnie Johndy Uí Bheirn, Iomaire Mhuireanáin
6. Teach Mháire Bhríd Uí Cheallaigh, Baile Mór
7. Teach Phádraig Mhic Seáin, an Cheapach
8. Teach Mhícheáil Uí Ighne, Atharach
9. Teach Mháire Uí Dhonnagáin, Rann na Cille

Noda

- AHIF Ó Súilleabháin, S. 1970 [1942]. *A Handbook of Irish Folklore*. Detroit: Singing Tree Press.
- ATU Uther, H.J., 2004. *The Types of International Folktales: A Classification and Bibliography, Based on the System of Antti Aarne and Stith Thompson*. Helsinki: Suomalainen Tiedeakatemia, Academia Scientiarum Fennica (FF Communications; 284-286).
- BnS Cnuasach Bhéaloideas Éireann: Bailiúchán na Scol, an Coláiste Ollscoile, Baile Átha Cliath.
- CBÉ Cnuasach Bhéaloideas Éireann: Príomhbhailiúchán Lámhscríbhinní, an Coláiste Ollscoile, Baile Átha Cliath.
- FGB Ó Dónaill, N., 1977. *Foclóir Gaeilge-Béarla*. Baile Átha Cliath: An Gúm.
- GS Ó Duilearga, S. 1969 [1945] *The Gaelic story-teller: with some notes on Gaelic folk-tales*. Chicago: University of Chicago Press.
- LASID Wagner, H. 1968. *Linguistic Atlas and Survey of Irish Dialects [1]*. Baile Átha Cliath. Institiúid Ard-Léinn Bhaile Átha Cliath.



‘Scéal á insint ag Mícheál Ó hIghne, Teileann’. Grianghrafadóir: Haywood Magee. (CBÉ: M004.29.0004)

Mícheál Ó hIghne ag insint scéil d’iriseoirí an *Picture Post* i dTeileann mí na Nollag 1946. Is cosúil gurb é Mícheál Mac an Bhaird an gasúr óg atá le feiceáil sa phictiúr agus is í Bella Mhic an Bhaird (Ní Ighne), máthair an bhuachalla agus iníon an scéalaí, atá le feiceáil ar dheis. Seán Ó hEochaidh ar chlé agus Heinrich Wagner ar dheis sa lucht éisteachta.

Réamhrá

Nuair a bhain Cnuasach Bhéaloideas Éireann stádas oifigiúil amach i gClár Chuimhne an Domhain UNESCO ar an 6 Nollaig 2017, tugadh aitheantas do thábhacht chultúrtha na cartlainne ar bhonn náisiúnta agus idirnáisiúnta (RTÉ & TG4 2017). Bhí fréamhacha idirnáisiúnta ag an Choimisiún ón tús. Thug Séamus Ó Duilearga (1899-1980) agus Seán Ó Súilleabháin faoi thaighde tábhachtach comparáideach ar chartlanna béaloidis éagsúla thar lear agus ar na modhanna bailithe ab éifeachtaí a bhí in úsáid ar fud na hEorpa ag an am chun aidhmeanna an tionscadail náisiúnta a bhaint amach go sásúil (Glassie, 2010: 1-4). Mar sin féin, d’ainneoin cháil an chnuasaigh go hidirnáisiúnta, go háirithe in aimsir seo na ndaonnachtaí digiteacha agus www.duchas.ie ag dul ó neart go neart i rith ama, tá solas fós le caitheamh ar an iliomad ábhar ó phríomhbhailiúchán Chnuasach Bhéaloideas Éireann ó thaobh an ábhair féin agus ó thaobh chomhthéacs an taifeadta agus chruthú na cartlainne de. Fiú dá mbeadh an chartlann ar fad ar fáil go digiteach, chaithfí fós míniú a thabhairt ar a bhfuil ann, é a chur i gcomhthéacs agus na píosáí éagsúla di a chur ag comhrá le chéile ionas go dtuigfí, ní amháin an t-eolas atá inti, ach fosta an bealach ar cruthaíodh í. Is céim i dtreo na sprice sin atá sa tráchtas seo.

Bhí lúcháir mhór orm an grianghraf álainn a thóg Haywood Magee, grianghrafadóir de chuid an *Picture Post*, d’oíche scéalaíochta i dTeileann i 1946, a fheiceáil ar an nuacht náisiúnta ar mhórócáid cheiliúrtha Chnuasach Bhéaloideas Éireann (RTÉ1 & TG4). Agus mé leathbhealaigh fríd mo chuid taighde dochtúireachta ag an pointe seo, bhí a fhios agam go raibh an t-aitheantas sin tuillte go rímhaith ag seanchaithe Theilinn agus go gcuirfeadh sé an oiread sin lúcháire ar bhunadh na háite fosta iad a fheiceáil ar ar an teilifís ar ócáid chomh gradamach le stádas UNESCO a fhógairt. Sa phictiúr, tá Mícheál Ó hIghne, duine de phríomphearsana an tráchtas seo, le feiceáil i mbun scéalaíochta dá phobal áitiúil agus do na meáin idirnáisiúnta i dTeileann. Thiofaí dó gur i dteach Mháire Uí Dhonnagáin, Rann na Cille a tógadh an pictiúr áirithe seo nó go fiú ina theach féin ar an Atharach, cé gur chaith sé an oíche ag scéalaíocht i dteach mhuintir Johnnie Johndy (Clann Uí Bheirn), Iomaire Mhuireanáin, Teileann de réir chuntas dialainne Sheáin Uí Eochaidh (CBÉ 1289: 12-14). Seans maith fosta go raibh ar Mícheál Ó hIghne a chuid scéalta a insint cúpla áit fá choinne

na meán idirnáisiúnta. Cibé cúis de, bhí sé an-fhóirsteanach gur roghnaíodh an pictiúr áirithe seo mar chuid den taispeántas cartlainne a rinneadh ar phríomhstáisiúin nuachta na hÉireann: RTÉ 1 agus TG4. Ní háibhéil ar bith é a rá go bhfuil ábhar tráchtais i scéal an ghrianghraif siúd amháin, gan dul a dhath níos faide.

Mar shampla, ardaítear an cheist láithreach, cad é mar a thit a leithéid d'ócáid shóisialta amach, gur thóg lucht irise as Sasana an grianghraf seo i dTeileann i 1946? Cad chuige a raibh an pictiúr céanna agus aghaidh an scéalaí seo le feiceáil ar an teilifís beagnach caoga bliain i ndiaidh dó imeacht ar shlí na fírinne sa bhliain 1969? Cad é mar a chuaigh tionscnamh bailithe náisiúnta an Choimisiúin i bhfeidhm ar sheanchaithe ar nós Mhícheáil Uí Ighne, ar na Beirnich in Iomaire Mhuireanáin, ar Mháire Uí Dhonnagáin, Rann na Cille, agus ar an bhaicle uilig a bhí i láthair? Go deimhin, cad é an t-ábhar a raibh Ó hIghne ag gabháil dó sa phictiúr, cad é a shíl na hiriseóirí as Sasana dá chuid scéalaíochta i nGaeilge, agus cé na cineálacha scéalta a bailíodh sa cheantar sin agus a cuireadh i dtaisce sa chartlann náisiúnta béaloidis?

Díríonn an tráchtas dochtúireachta seo ar chuid de bhailiúchán Sheáin Uí Eochaidh (1913-2002) agus é ag obair mar bhailitheoir béaloidis ina cheantar dúchais féin. Is bailiúchán an-suntasach é an méid a chnuasaigh Ó hEochaidh i dTeileann agus tá cáil ar an cheantar i measc scoláirí béaloidis i gcóngar agus i gcéin. I dtaca leis an mhórbhailiúchán as Teileann atá curtha i dtaisce i gCnuasach Bhéaloideas Éireann, An Coláiste Ollscoile, Baile Átha Cliath, tharraing líon mór bailitheoirí béaloidis agus scoláirí ar an cheantar lena gcuid spriocanna bailitheoireachta agus taighde a bhaint amach. Mar shampla, cuid de na cuairteoirí a tharraing ar Theileann ón 19ú haois i leith ná: Jeremiah agus Alma Curtin (1887), Enrí Ó Muirgheasa (c.1913), Wilhelm Doegen (1931), Ludwig Mülhausen (1936), Séamus Mac Aonghusa (1944), Heinrich Wagner (1946-1947), Einar Ólafur Sveinsson agus Hermann Pálsson (1947), Máirtín Ó Cadhain (1957) agus Lawrence J. Taylor (1970idí). Cad chuige a raibh an oiread sin scoláirí ag tarraingt ar Theileann i gcaitheamh an fichiú haois agus cad é a bhí chomh saothíúil sin fá dtaobh den cheantar a mheallfadh a leithéid de bhuíon oirearc ann?

An Ceantar: Teileann an Éisc

Ceantar beag cois chósta is ea Teileann atá suite i bparóiste Ghleann Cholm Cille, Gaeltacht iardheisceart Thír Chonaill. Ceithre mhórcheantar Gaeltachta atá i dTír Chonaill: Gaeltacht an Iardheiscirt, an Ghaeltacht Láir, Gaeltacht an Iarthuaiscirt, agus Gaeltacht an Oirthuaiscirt. Cuid de Ghaeltacht an Iardheiscirt í paróiste Ghleann Cholm Cille nó paróiste Glinne, mar a deirtear fosta. Thig paróiste Ghleann Cholm Cille féin a roinnt ina cúig mhórcheantar: an Sean-Ghleann, na Málantacha, na Mínte, an Charraig agus Teileann. Seo mar a chuir Seán Ó hEochaidh síos ar a cheantar dúchais i réamhrá *Sean-chainnt Theilinn* sa bhliain 1955:

Tá Teilionn suidhte ag bun Shliabh Liag i n-iar-dheisceart Thír Chonaill. Ceanntar beag cúilriascamhail iargcúlta é. Is ar éigin a d'fhéadfaidhe a rádh go bhfuil gabhaltas talaimh ar bith ann—spleoitíní beaga suaracha, ó áiridh acaire go dtí deich n-acaire ar an taoibh amuigh de. Is ar iascaireacht a thug muintir an cheanntair seo a mbeatha i dtír go dtí ar na mallaibh, agus tá a shéala sin go soiléir ar a gcanamhaint. (Ó hEochaidh, 1955: vii)

Siocair talamh bocht feirmeoireachta a bheith i dTeileann, ba í an iascaireacht an phríomhshlí ar tháinig daoine i dtír ar feadh i bhfad. Ní hiontas ar bith, mar sin, gur bheir an tírdhreach agus saol na farraige greim ar shamhlaíocht bhunadh na háite agus ar an dóigh ar mhúnlaigh siad agus ar athmhúnlaigh siad na healaíona béil. Níl ganntanas scéalta, amhrán nó seanchais áitiúil a bhaineann le slí bheatha na farraige. Mar a luann Seán Ó hEochaidh ina chur síos in *Sean-chainnt Theilinn*, agus Heinrich Wagner in *Gaeilge Theilinn* (1959), bhí iascairí Theilinn mar chuid de ghréasán iascairí a théadh ag iascaireacht chomh fada sin ó dheas le Gaillimh agus bhí tionchar aige sin ar an chanúint agus ar an stór scéalta agus amhrán áitiúil (Wagner, 1959: 211).

Is cosúil go bhfuil an t-ainm 'Teileann' fite fuaite leis an fharraige. Míníonn Ó hEochaidh i bhfoilseachán eile leis, 'Seanchas Iascaireachta na Farraige', gur chreid a uncail, Pádraig Mac Seáin, gur chiallaigh 'Teilionn', 'an áit thar áiteacha' (Ó hEochaidh, 1965: 6). Míníonn Ó hEochaidh:

[...] an chúis a bhí leis sin gurb é Teilionn an t-aon áit amháin ó Loch Súilighe go dtéigh tú 'na gCeall a bhféadfadh bád nó long cuan agus caladh a dhéanamh go

sábhailte ann le gach aird ghaoithe i n-anfa nó i gciúnas. Bhí an focal ' teiliú ' ann a chialluigheas an méid sin. (Ó hEochaidh, 1965 :6)

Is cosúil gur leagan ginideach a bhí in ‘Teilionn’ a bhí bunaithe ar ‘teiliú’ agus gur tháinig an leagan ginideach isteach sa chaint; is é sin an chúis go mbíodh ‘Cuan Teileann’ in úsáid seachas ‘Cuan Theilinn’ cé go bhfuil sé ina nós coitianta ‘–inn’ a úsáid sa ghinideach anois (Ó hEochaidh, 1965: 6). In *Gleann Cholm Cille: an áit agus a naomh/Glencolmcille: its place and its saints*, saothar a chuir Seosamh Watson in eagar bunaithe ar thráchtas dochtúireachta John O’Neill, títear gur cosúil gur mheas O’Neill agus a chuid faisnéiseoirí i dTeileann gur chiallaigh Teileann ‘Dish’ (soitheach) agus comhartha ceiste in aice leis an aistriúchán Béarla seo (Watson, 2019: 82).

Dála mórán ceantar Gaeltachta in iarthar na hÉireann, tá titim as cuimse tagtha ar dhaonra an cheantair le 150 bliain anuas. De réir thaighde Sheáin Uí Eochaidh ar dhaonáireamh Theilinn a bhí bunaithe ar an fhianaise a tugadh i ‘Leabhar an t-Saghairt’ i mí na Samhna 1878, bhí cónaí ar 1,069 duine i dTeileann sa bhliain sin (CBÉ 988: 216). Sa chuntas a rinne Ó hEochaidh i mí Lúnasa 1945, mheas sé go raibh c.457 duine ina gcónaí i dTeileann ag an am (CBÉ 988: 217). Tháinig titim shuntasach ar dhaonra an cheantair i rith an fichiú haois — 196 duine a raibh cónaí orthu i dTeileann nuair a rinneadh an Daonáireamh in 2016 (An Phríomh-Oifig Staidrimh). Cé nach bhfuil i dTeileann ach ceantar fíorbheag ó thaobh na tíreolaíochta de agus ó thaobh daonra de, is mór an cháil a bhain an ceantar amach i measc scoláirí agus lucht spéise an bhéaloidis san fhichiú haois. Áit shaibhir scéalaíochta, seanchais agus cheoil a bhí i dTeileann ar feadh i bhfad agus slabhra leanúnach na n-ealaíon dúchais á chleachtadh go fonnmhar san áit go dtí an lá inniu.

Seán Ó hEochaidh: Intleachtóir Orgánach²

B’as Cruachlann, Teileann, do Sheán Ó hEochaidh a rugadh ar an 9 Feabhra 1913. Bhí tús doiligh ag Ó hEochaidh sa tsaol. Ní raibh sé ach ocht mbliana go leith nuair a fuair a athair, Séamus John Ó hEochaidh (1884-1922) bás, agus dála neart páistí óga tuaithe in iarthar na hÉireann ag an am sin, cuireadh chuig teach a sheantuismitheoirí é (Ó hEochaidh, 1977). Tógadh i dtigh a athair mór agus a mháthair mhór é ar an Cheapaigh, agus ag a uncail Pádraig Mac Seáin (1895-1981), Ceapach, ina dhiaidh sin (Ó hEochaidh, 1977; Breathnach & Ní Mhurchú, ainm.ie).

Ceantar láidir Gaeltachta a bhí i dTeileann nuair a bhí Ó hEochaidh ina stócach. Mar a dúirt an tOllamh Breandán Ó Madagáin agus céim dhochtúireachta oinigh á bronnadh ar an bhailitheoir iomráiteach sa bhliain 1988, ní ‘raibh Seán Ó hEochaidh ach ina ghasúr dhá bhliain déag d’aois nuair a thosaigh sé ag bailiú agus ag scríobh an bhéaloidis. An chéad chnuasach a d’fhoilsigh sé san iris *Béaloidias* leathchéad bhliain ó shin, “Sean sgéalta ó Thír Chonail”, ba scéalta iad sin a scríobh sé síos idir 1923 agus 1929 nuair a bhí sé fós ina stócach’ (1989: 167). ‘Teach Parlaimint’[sic.] an leasainm a bhí ar theach a sheanthuismitheoirí agus é luaite ag Ó hEochaidh mar fhoinsé thábhachtach oiliúna ina óige (1977). Chaith sé tréimhse i mbun iascaireachta agus é ina ghasúr, agus mar a mhíníonn Lillis Ó Laoire, a raibh aithne mhaith aige ar Sheán Ó hEochaidh, ba iad na séasúir a chaith sé ag iascaireacht na mbradán i dTeileann an oiliúint ba luachmhaire a cuireadh air le dul i mbun a chuid oibre mar bhailitheoir béaloidis (2017: 125). Is cinnte go raibh tionchar nach beag ag a uncail Pádraig Mac Seáin air ó thaobh bhailiúcháin an bhéaloidis de fosta (Ó Laoire, 2017: 125). Deir Ó Tiarnaigh:

Ba mhúinteoir agus chigire scoile é an Pádraig [Mac Seáin] seo, agus bhí sé mar bhuntáiste ag Ó hEochaidh go raibh eolas an tseanchais agus na Gaeilge go beacht ag a uncail. Is mar gheall ar an tionchar seo a thosaigh Ó hEochaidh scéalta na háite a scríobh síos agus é deich mbliana d’aois. (Ó Tiarnaigh, 2018: 444)

²Is coincheap é ‘Organic Intellectual’ a shainmhínigh Antonio Gramsci; féach Gramsci, A. (1989: 112-119). Ní mise an chéad duine a luaigh an coincheap ‘Intleachtóir Orgánach’ i dtaca le saothar bailitheoireachta Sheáin Uí Eochaidh. ‘Seán Ó hEochaidh — Bailitheoir Béaloidis agus Intleachtóir Orgánach’ a bhí mar theideal ag Pádraig Ó Tiarnaigh ar pháipéar a thug sé ar saothar an bhailitheora i gCumann Chluain Árd (19.09.2016).

Go deimhin, murab é an Henry Ford, Model T a bhí ag Pádraig Mac Seáin, b'fhéidir nach mbeadh Ó hEochaidh ina bhailitheoir béaloidis ar chor ar bith. Cuireadh cor ina chinniúint an lá roimh an scrúdú iontrála don Choláiste Ullmhúcháin nuair a ghortaigh sé a lámh agus é ag obair ar charr a uncail (Breathnach & Ní Mhurchú, ainm.ie). A bhuí le Henry Ford, ní dheachaigh sé leis an mhúinteoireacht. Ina alt taighde ar obair pháirce Uí Eochaidh sna Cruacha Gorma, áitíonn Ó Laoire go raibh Ó hEochaidh ar cheann de na bailitheoirí ba rathúla de chuid an Choimisiúin (2013: 74). Go deimhin, cé gur tháinig deireadh leis an Choimisiún go hoifigiúil sa bhliain 1971, choinnigh Ó hEochaidh air ag bailiú béaloidis fá choinne Roinn Bhéaloideas Éireann suas go dtí 1983 — sin beagnach leathchéad bliaina chaith sé ag obair mar bhailitheoir gairmiúil i dTír Chonaill.

Bunaíodh Comisiún Béaloideas Éireann sa bhliain 1935 agus bhí Seán Ó hEochaidh ar dhuine de na chéad bhailitheoirí a fostaíodh go lán-aimseartha (Ó Catháin, 1989: 54-55; Briody, 2007: 231). Thug Séamus Ó Duilearga cuairt ar Theileann ar an 31 Iúil 1935, agus cuireadh tús lena chuid oiliúna mar bhailitheoir béaloidis de chuid an Choimisiúin ansin (Ó Catháin, 1989: 51). Cé go raibh cur amach ag Ó hEochaidh ar an teanga agus ar an chultúr béil ón chliabhán, meabhraíonn Ó Tiarnaigh nár chiallaigh sé sin nach raibh neart le foghlaim aige mar bhailitheoir gairmiúil béaloidis:

Ní raibh modhanna na ceirde ar a thoil aige go dtí seo agus mar sin b'íomaí rud a bhí le foghlaim aige maidir le bailiú agus trascriobh an tseanchais, agus úsáid cheart an Edipone. Le linn a thréimhse i dTeileann, ba mhúinteoir é Séamus Ó Duilearga i súile Uí Eochaidh. (Ó Tiarnaigh, 2018: 447)

Ba i dTeileann agus i bparóiste Ghleann Cholm Cille a thosaigh Ó hEochaidh ar a aistear mar bhailitheoir gairmiúil i samhradh na bliana 1935 agus bhí tuiscint ó dhúchas aige ar bhéasa agus ar ghnás an phobail ina raibh sé i mbun bailithe. Ó pharóiste Ghleann Colm Cille, thug sé a aghaidh ar Chill Chartha agus ar Ard an Rátha, agus de réir a chéile chuir sé aithne ar chuid mhaith de mhórsheanchaithe Thír Chonaill. Cé gur shiúil sé Gaeltachtaí Thír Chonaill, thiocfaí a mhaíomh nach bhfuil ceantar ar bith níos suimiúla ó thaobh na múnlaí oibre a chleacht sé ná a cheantar dúchais féin i dTeileann.

Bhí líonra seanchaithe ag Ó hEochaidh i dTeileann a raibh aithne rímhaith aige orthu ó bhí sé óg. Is maith mar a choimríonn Ó Tiarnaigh cuid de na difríochtaí idir na tréimhsí a chaith Ó hEochaidh i dTeileann agus sna ceantair taobh amuigh dá cheantar dúchais:

Má thráchtann muid ar an ábhar atá le sonrú i scríbhinní Uí Eochaidh, is furasta an éagsúlacht a thabhairt faoi deara, maidir leis an chineál fáiltithe a chuirí roimh na bailitheoirí. Ar ndóigh, más rud é go raibh an bailitheoir i mbun oibre sa cheantar s'aige féin, nó le daoine muinteartha leis, glactar leis nach raibh fadhbanna ann maidir le fáiltiú, stádas nó caidreamh leis na faisnéiseoirí. Ba mhinic, áfach, i ndiaidh thréimhse a phrintíseachta, nach raibh Seán Ó hEochaidh i dTeileann. (Ó Tiarnaigh, 2018: 454)

Mar sin féin, bhíodh Ó hEochaidh ag teacht agus ag imeacht go Teileann i rith an ama idir 1935-1983. Fianaise is ea an corpas ollmhór a chnuasaigh sé sa cheantar ar an mhéid ama a chaith sé féin agus a chuid seanchaithe ag plé le bailiúchán náisiúnta an bhéaloidis. Is cinnte go dtagann ceisteanna chun cinn agus bailitheoir de chuid an Choimisiúin ag bailiú béaloidis ina cheantar féin i gcodarsnacht le hábhar a bhailiú i gceantar nach mbeadh an t-eolas céanna aige air, agus gan dáimh a bheith aige le bunadh na háite.

Ar an ábhar sin, tá sé mar aidhm ag an tráchtas seo scagadh a dhéanamh ar an chaidreamh oibre a bhí ag Seán Ó hEochaidh lena líonra seanchaithe i dTeileann, chomh maith le hanailís chomhthéacsúil a dhéanamh ar an ábhar a bhailigh sé uathu. Is iad Conall Ó Beirn (c.1909-1980) agus Máire Ní Bheirn (c.1898-1976) Iomaire Mhuireanáin, Máire Uí Cheallaigh (c.1891-1971), Baile Mór, agus Mícheál Ó hIghne (c.1872-1969), an tAtharach, na seanchaithe a bheas faoi chaibidil agam le linn an tráchtais. Deartháir agus deirfiúir a bhí i gConall agus i Máire, agus teaghlach seasmhach a bhí sna Beirneacha a mbíodh oícheanta áirneáil go rialta acu ina dteach féin. Dlúthchara le Máire Ní Bheirn ab ea Máire Uí Cheallaigh a bhíodh ag tarraingt ar an teach go minic agus sárscéalaí a bhí in Mícheál Ó hIghne a tharraing aird ó chuariteoirí éagsúla chun an cheantair. Trí ghrinnstaidéar a dhéanamh ar bhailiúchán Sheáin Uí Eochaidh i dTeileann, is féidir tuiscint níos doimhne agus níos iomláine a fháil ar an bhealach ar chuir saothar an bhailitheora áitiúil ina cheantar dúchais, le clú idirnáisiúnta an Choimisiúin, agus le clú an cheantar dá réir.

Ceisteanna Taighde an Tráchtais

Mar a phléifear sa chéad chaibidil eile, is iomaí ceist a ghríosáíonn bailiúchán Chonail Uí Bheirn, Mháire Ní Bheirn, Mháire Uí Cheallaigh agus Mhícheáil Uí Ighne. Seo a leanas cuid de na príomhcheisteanna taighde ar a ndíreofar sa tráchtas:

Príomhcheisteanna an Tráchtais:

- Cén tionchar a bhí ag Seán Ó hEochaidh ar líonraí áitiúla an bhéaloidis agus ar an ábhar a bailíodh do thionscadal náisiúnta Choimisiún Béaloideas Éireann agus é ag obair ina cheantar dúchais féin?
- Cén tionchar a bhí ag Clann Uí Bheirn agus ag na líonraí seanchaithe a bhíodh ag tarraingt ar theach áirneáil na mBeirneach ar Ó hEochaidh agus dá réir sin, ar thionscadal an Choimisiúin?

Mioncheisteanna taighde:

- Cén dóigh ar chuir na líonraí áitiúla i dTeileann le clú Uí Eochaidh mar cheann de na bhailitheoirí ba thorthúla agus ba rathúla de chuid an Choimisiúin?
- Cén tseilbh a bhí ag na seanchaithe áitiúla ar thionscadal gairmiúil na bailitheoireachta?
- Cad chuige agus cén dóigh ar thuill teach na mBeirneach cáil náisiúnta agus idirnáisiúnta, agus cén tionchar a bhí ag an institiúidí seo ar na seanchaithe áitiúla?
- Cén tionchar a bhí ag an bhailitheoir ar roghnú an ábhair? (i.e. cén rogha a bhí ag an tseanchaí agus cén tionchar a bhí ag an bhailitheoir air seo?)
- Cén dóigh a ndeachaigh cúraimí gairmiúla an bhailitheora i bhfeidhm ar na seanchaithe le linn na n-oícheanta airneála i dteach na mBeirneach?
- Cé na difríochtaí modheolaíochta a chleacht Ó hEochaidh agus é bailiú ó na fir (Conall Ó Beirn agus Mícheál Ó hIghne) agus ó na mná (Máire Ní Bheirn agus a comrádaí, Máire Uí Cheallaigh) a bhí mar chuid den líonra béaloidis chéanna?
- Cén léargas a thugann corpas na bhfear agus corpas na mban (Féach Imleabhar II) dúinn ar an deighilt inscne agus ar sheachadadh an traidisiúin bhéil?
- Cad é a thugann na cineálacha seanscéalta a bhailigh Ó hEochaidh ó Chonall

Ó Beirn agus Mhícheál Ó hIghne le fios faoi thraidisiún na scéalaíochta sa cheantar ó 1935-1976?

- Cén léargas a thugann seanchas Mháire Ní Bheirn agus Mháire Uí Cheallaigh dúinn ar an úsáid a bhaintí as *A Handbook of Irish Folklore* le Seán Ó Súilleabháin le linn bhlianta an Choimisiúin?

Leagan Amach an Tráchtais

Le tabhairt faoi na ceisteanna seo a phlé agus iarracht a dhéanamh iad a fhreagairt, roinntear an tráchtas ina chúig chaibidil. Cuireann *Caibidil a hAon: Cúlra agus Modheolaíocht an Tráchtais* fréamhacha an tráchtais síos. Pléitear inti an comhthéacs scolártha as ar eascair léann an bhéaloidis ar fud na hEorpa agus an dóigh ar saolaíodh Coimisiún Béaloideas Éireann. Mínítear an chúis agus an dóigh ar roghnaigh mé an ceathrar seanchaí don tráchtas chomh maith leis an chur chuige a bhí in úsáid agam agus mé ag iarraidh méid teoranta ábhar a roghnú as an chorpas iomlán.

I g*Caibidil a Dó: Seanchaithe Theilinn agus an tArdán (Idir)náisiúnta*, amharcafar ar an tionchar a bhí ag na scoláirí idirnáisiúnta agus ag na meáin ar bhailiú an bhéaloidis i dTeileann. Pléifear saothar Jeremiah agus Alma Curtin sa cheantar suas go dtí tréimhse Sheáin Uí Eochaidh leis an Choimisiún agus é ina idirghabhálaí go minic idir an Coimisiún, na cuairteoirí léannta agus bunadh na háite.

I g*Caibidil a Trí: Scéalaíocht na bhFear — Conall Ó Beirn agus Mícheál Ó hIghne*, cuirfear tús leis an mhionanailís ar bhailiúchán na lámhscríbhinní. Díritear ar na seanscéalta fada a d'insíodh Conall Ó Beirn agus Mícheál Ó hIghne. Bhí údarás faoi leith ag baint le hinsint na seanscéalta fada i dTeileann agus bhí coinníollacha faoi leith ag baint leis an dóigh a ndéantaí na scéalta a insint, is cosúil. Déanfar scagadh ar na tuiscintí a bhí i réim i dtaca leis na seanscéalta fada agus pléifear cúlra na seanchaithe agus sinn ag iarraidh brí a bhaint as a gcuid scéalaíochta. Ansin déanfar mionanailís chomparáideach ar dhá scéal le Conall Ó Beirn agus le Mícheál Ó hIghne.

Is í *Caibidil a Ceathair: Mionseanchas na mBan?* an chaibidil is faide sa tráchtas. Díríonn an chaibidil seo ar an tseanchas a bhailigh Seán Ó hEochaidh ó Mháire Ní Bheirn agus ó Mháire Uí Cheallaigh agus *A Handbook of Irish Folklore* (Ó Súilleabháin, 1942) mar mhúnla aige don bhailitheoireacht. Tá dhá chúis le fad na caibidle: 1) go raibh gá na tuiscintí i leith sheanchas na mban a scagadh go beacht agus, 2) gur shíl mé gur cheartgo leor sleachtaí fada as na lámhscríbhinní a chur i gcorp na caibidle féin ionas nach mbeadh ar an léitheoir a bheith ag dul siar agus aniar idir an chaibidil agus an t-innéacs i gcónaí. Shíl mé gurb é sin an modh ab fhearr d’ábhar den chineál seo ionas go dtiocfaí saibhreas agus éagsúlacht an ábhair a léiriú taobh istigh de spás na caibidle.

Mar is léir ó theideal na caibidle, díríonn *Caibidil a Cúig: Teach na mBeirneach — Croí na Féile* ar theach an airneáil agus ar an tionchar a bhí ag teach na mBeirneach ar bhailiúchán Sheáin Uí Eochaidh i dTeileann. Bhain tábhacht nach beag leis an spás ó thaobh sheachadadh na n-ealaíon béil. Dá mbeifeá ag iarraidh saotharlann a bhunú a bheadh fóirsteanach do bhailiúchán an bhéaloidis, ní thiocfaí saotharlann ní b’fhearr a fháilná teach na mBeirneach.

Ina dhiaidh sin déanaim iarracht na treonna éagsúla a fiosraíodh sa tráchtas a tharraingt le chéile agus brí leathan a bhaint astu i dtaca le tábhacht an tionscadail mar léiriú ar thionscnamh an bhéaloidis in Éirinn san fhichiú haois. I ndeireadh an tráchtais ar fad san Aguisín, tá táblaí de na ginealaigh a bhaineann le príomhsheanchaithe an tráchtais. Sa dara himleabhar a ghabhann leis an tráchtas, tátras-scríbhinní de na seanscéalta fadale Conall Ó Beirn agus Mícheál Ó hIghne a phléitear i gCaibidil a Trí chomh maith leis an tseanchas a phléitear i gCaibidil a Ceathair agus i gCaibidil a Cúig le Máire Ní Bheirn agus Máire Uí Cheallaigh. Ag deireadh an imleabhair sin, tá innéacs iomlán na seanchaithe. Mar sin de, amharcaimis ar Chaibidil a hAon ina leagtar múnla agus cúlra an tráchtais amach agus tugaimis faoinár n-aistear ar bhailiúchán béaloidis Sheáin Uí Eochaidh i dTeileann.

Caibidil a hAon

Cúlra agus Modheolaíocht an Tráchtais

1.1 Dearadh agus Sainiú an Tráchtais

Sa chaibidil seo, leagfar amach cúlra agus sainiú ábhar an tráchtais. Agus mé ag iarraidh ábhar don tráchtas dochtúireachta a bheachtú, mealladh mé i dtreo bhailiúchán Sheáin Uí Eochaidh i dTeileann ar roinnt cúiseanna. Is as Teileann ó dhúchas mé féin agus tá an-suim agam sa traidisiún áitiúil mar gur seanchaí agus scéalaí m'athair féin, Eoghan Ó Curraighín, fear a spreag mo dhúil go hóg sna healaíona béil. Anuas air sin rinne mé staidéar ar an bhéaloideas mar chuid de mo chúrsa fochéime in Ollscoil na hÉireann, Gaillimh agus bhí d'ádh orm go bhfuair mé intéirneacht shamhraidh sa bhliain 2012 faoi stiúir an Ollaimh Lillis Uí Laoire — printíseacht a chuir ar mo chumas díriú ar an chartlann agus ar dhialanna Sheáin Uí Eochaidh. D'fhoilsigh mé aiste fhochéime bunaithe ar an taighde a rinne mé ar na chéad chuntais dialainne a scríobh Ó hEochaidh idir 1935-1936, agus bhain an aiste sin duais náisiúnta (Ní Churraighín, 2013). Bhí a fhios agam ansin go cinnte go raibh fúm tuilleadh staidéir a dhéanamh ar a raibh le foghlaim as bailiúchán Sheáin Uí Eochaidh i dTeileann. I ndiaidh dom taighde níos doimhne a dhéanamh ar dhá dhialann de chuid Uí Eochaidh (CBÉ 421 & CBÉ 1289) agus an tráchtas máistreachta á scríobh agam, tháinig sé chun cinn go raibh mórán gnéithe suntasacha ag baint leis an líonra seanchaithe a bhí mar fhaisnéiseoirí ag an bhailitheoir i dTeileann. Thuig mé go raibh gá le mionchíoradh a dhéanamh ar an ábhar a bailíodh sa cheantar.

Ach cá háit a dtosóinn? Agus cé na seanchaithe a roghnóinn don tráchtas dochtúireachta? Cé go raibh sa nádúr ionam mar Theileannach iarracht a dhéanamh corpas iomlán Theilinn a chlúdach agus ábhar na cartlainne a thabhairt chun solais, bhí a fhios agam go raibh corpas ollmhór ann (Féach Imleabhar II). Chaithfí mar sin de an t-ábhar a shainiú agus a theorannú. Ba deacair ar dtús smaoineamh ar sheift a chuideodh liom an rangú seo a chur i gcrích. Ach le ham tuigeadh dom go raibh an freagra le fáil sa bhailiúchán féin agus sa dóigh a raibh cuid amháin ag freagairt go cruinn do chuid eile de. Sna dialanna a d'aimsigh mé an eochair a scaoil an glas faoi dheireadh. Ba iad na dialanna a choinnigh Ó hEochaidh idir 1935-1948 a threoraigh

mé i dtreo sheanchaithe an tráchtais seo: Conall Ó Beirn, Máire Ní Bheirn, Máire Uí Cheallaigh agus Mícheál Ó hIghne. Míneofar an chúis le roghnú na seanchaithe siúd ar ball sa chaibidil seo. Ba é an chéad chéim eile mar sin ná corpas an cheathrair a rangú (i.e. imleabhar, cineál ábhair, blianta etc.) agus ansin é a stáidéar go grinn. Rinne mé an t-ábhar sin ar fad a innéacsú go luath sa phróiseas seo chun go mbeadh treoir de chineál inteacht agam agus mé ag iarraidh na lámhscríbhinní a roghnú a bheadh mar chuid de chorp an tráchtais. Agus an t-innéacs seo deartha agam, bhí mé beagán faoi scáth aige le fírinne agus mé ag machnamh ar an dóigh an ndéanfainn rogha den ábhar ar fad. Féach an léaráid thíos mar shampla, aon leathanach amháin den innéacs chlóscríofa a bhfuil 43 leathanach ann:

Innéacs na Seanchaithe

Máire Uí Cheallaigh (c.1891-1971)

Innéacs

Imleabhar	Leathanaigh	Abhar	Cur Síos	Bhain
310	397-399	'Mo Chailín Donn'	Amhrán	1937
987	17	'Na trí neithe is fuaire amuigh'	Bailiúchán abairtí	c.1944
987	104	'Airgead-Luachra'	Luibheanna/ Bainne	c.1944
987	114	'Bo-Muc'	Luibheanna	c.1944
987	117	'Cansch'	Luibheanna/ Sniomh	c.1945
987	124	'Ros Copoige' [Ní Bheirn & Uí Cheallaigh]	Luibheanna/ Leigheasanna	c.1945
987	127	'Cúinneogai Bainne'	Luibheanna	c.1945
987	129	'Cradan'	Luibheanna/ Leigheasanna	c.1945
987	131	'Cúl le Talamh'	Luibheanna	c.1945
987	133	'Da- h-o (?)' [Ní raibh S. Ó hEoch. cinnte faoin litriú]	Luibheanna	c.1945
987	134	'Dearcan'	Luibheanna/ Feirmeoireacht	c.1945
987	137	'Eallaí na nGeach (?) (Wild Woodbine)'	Luibheanna/ Boladh cunhra	c.1944/5
987	142	'Gas-Searbhan'	Luibheanna/ Leigheasanna	c.1944/5

Trí imleabhar is tríocha a bhí i gceist ar an iomlán. Tá Conall Ó Beirn le feiceáil i gceithre imleabhar déag a cnuasaíodh idir 1935-1975; tá Máire Ní Bheirn le feiceáil i seacht gcinn déag a cnuasaíodh idir 1937-1976; tá Máire Uí Cheallaigh le feiceáil i dtrí imleabhar déag a cnuasaíodh idir 1937-1963 agus tá Mícheál Ó hIghne le feiceáil

in ocht gcinn de lámhscríbhinní a cnuasaíodh idir 1935-1956. Tá saothar an cheathrair le feiceáil ar c.1,795 leathanach ar an iomlán. Sin c.390 leathanach ag Ó Beirn, c.384 leathanach ag Ní Bheirn, c.421 leathanach ag Uí Cheallaigh agus c.600 leathanach ag Ó hIghne. Is figiúirí iad sin atá bunaithe ar an líon leathanach ina bhfuil ábhar dá gcuid curtha síos agus mar sin de, ní chiallaíonn sé sin gur leathanaigh iomlána iad atá líonta ó bhun go barr gach leathanach. Níor thóg mé an rialóir amach agus níor shíl mé go raibh feidhm ann a dhul agus líon na bhfocal a thomhas ach oiread; tá leath-leathanaigh i gceist mar sin, go háirithe i dtaca le hábhar Ní Bheirn agus Uí Cheallaigh agus freagraí gonta tugtha acu ar ábhar an cheistneora go minic. Má chuireann muid san áireamh go bhfuil timpeall dhá mhilliún leathanach d'ábhar tras-scríofa i gCnuasach Bhéaloideas Éireann (O'Connor, 2010: 84), is mór an méid é gur chruthaigh an ceathrar seo 0.9% — beagnach aon faoin chéad d'ábhar na lámhscríbhinní i mbailiúchán náisiúnta béaloidis na hÉireann. De réir a chéile thuig mé tábhacht na modheolaíochta seo mar, gan í, bheinn ar seachrán gan treoir gan córas ag iarraidh ord agus eagar ar chorpas ollmhór, rud a bheadh dodhéanta agam faoi choinníollacha an tráchtais dochtúireachta. Ach le tuilleadh smaointe agus le cúpla seift úsáideach den chineál atá luaite agam, d'éirigh liom bealach a fháil leis an rogha sin a dhéanamh.

I dtús báire, ba ghá bailiúchán Sheáin Uí Eochaidh i dTeileann ó 1935-1976 a shuíomh i gcomhthéacs an léinn náisiúnta agus idirnáisiúnta ar bhailitheoireacht an bhéaloidis in Éirinn lena chinntiú go ndéanfainn rogha thomhaiste ar an ábhar féin agus go mbeadh tuiscint chomh hoscailte agus ab fhéidir agam ar na múnlaí agus na ceisteanna taighde ab fhóirsteanaí don tráchtas. Thug mé m'aghaidh ar an scoláireacht ar léann an bhéaloidis san Eoraip agus mar a tháinig an béaloideas chun cinn mar ábhar léinn sa 19ú haois. De réir mar chuaigh mé i dtaithe ar na modheolaíochtaí éagsúla i léann an bhéaloidis go hidirnáisiúnta, is cinnte go raibh luí faoi leith agam leis na modheolaíochta a leagann béim ar dhaonnacht an ábhair seachas ar na modheolaíochtaí téacs-lárnaithe. Bhí a fhios agam gurbh fhearr a d'fhóirfeadh cur chuige oscailte, comhthéacsúil don ábhar a bhailigh Ó hEochaidh i dTeileann. Chomh maith leis sin, thuig mé go raibh ceithre phríomhshruth ag teacht chun cinn sna dialanna agus sa phríomhbhailiúchán lámhscríbhinní i dtaca le bailiúchán Uí Eochaidh i dTeileann: 1) an tionchar a bhí ag bailitheoirí agus scoláirí ón taobh amuigh ar sheanchaithe Theilinn; 2) an clú a bhí ar scéalaíocht na sárscéalaithe sa cheantar agus

an dóigh ar tugadh tús áite d’ealaín na bhfear; 3) an rangú a rinneadh ar réimsí na mban den traidisiún agus ar an tseanchas go háirithe; agus 4) an tábhacht a bhain leis na líonraí seanchaithe agus leis an teach airneáil i gcothú an chleachtais.

Mar sin de, sa chuid a leanas den chaibidil, déanfar cúlra scolártha an tráchtais a oscailt amach. Pléifear an dóigh ar tháinig an béaloideas chun cinn mar ábhar léinn san Eoraip agus an dóigh ar imir sé sin tionchar ar léann an bhéaloidis in Éirinn. As sin, déanfar bunú Choimisiún Béaloideas Éireann a phlé, sula n-amharcfaimid ar roinnt de na gnéithe is tábhachtaí de thionscadal bailitheoireachta Sheáin Uí Eochaidh i dTeileann. Pléifear na nithe suntasacha a bhain le líonra seanchaithe Uí Eochaidh ina cheantar dúchais agus míneofar an chúis ar roghnaíodh seanchaithe an tráchtais. Sa dara cuid, déanfar cur síos ar a bhfuil sa chorpas lámhscríbhinní agus ansin míneofar an dóigh ar roghnaíodh an t-ábhar féin agus an mhodheolaíocht chuí le tabhairt faoi anailís a dhéanamh air.

1.2 Cartlannú na Seanchaithe

Sa bhliain 1945, scríobh Carl Wilhelm von Sydow (1878-1952), béaloideasáí de chuid na Sualainne, litir chuig Seán Ó Súilleabháin (1903-1996), ag moladh go ndéanadh bailitheoirí de chuid an Choimisiúin cuntas grinn beathaisnéisiúil a bhailiú ar iomlán a gcuid faisnéiseoirí (Briody, 2007: 432). Thiocfaí a mhaíomh gur tionscadal ródhúshlánach a bheadh i gceist lena leithéid a bhaint amach agus dualgais nach beag ar bhailitheoirí de chuid an Choimisiúin cheana féin. Go deimhin, ba dheacair do na bailitheoirí béaloidis aois chruinn na seanchaithe a iarraidh orthu, gan trácht ar mhionsonraí beathaisnéisiúla a lorg. Léiríonn córas innéacsaithe na cartlainne, mar shampla, go bhfuil éiginnteacht ag baint le líon na bhfaisnéiseoirí féin (Briody, 2007: 465-467). Fágтар mar sin, gur beag eolas atá againn ar fhormhór reacairí na lámhscríbhinní. Is cosúil nach raibh, agus nach bhfuil sé praiticiúil cuntas a bhailiú ar gach uile sheanchaí a ghlac páirt sa bhailiúchán agus gur deacair líon na bhfaisnéiseoirí a thomhas ar an chéad dul síos. Mar sin féin, tógann na hargóintí a bhí ag von Sydow i 1945 roinnt mhaith ceisteanna tábhachtacha faoi chomhthéacs soch-chultúrtha an traidisiúin béil:

We must find out how they got their tradition, through inheritance at home or out in the community, on which occasions etc. And also when do these traditions come into play? When, in which company, on what occasions do they tell their tales? How do their listeners react? What sort of people do not react, do not bother to listen and to what extent do listeners take up and carry on the traditions? How does one progress from being a passive to an active tradition bearer? All these are extremely important questions for folklore research and there is no country in the world other than Ireland which can provide such valuable information about these matters. All in all the memoirs of tradition bearers are of the utmost value (von Sydow, 1945: in Briody, 2007: 432).

Mar a luadh go hachomair cheana, meastar go gcuimsíonn saothar tras-scríofa na seanchaithe a roinn a n-ábhar go fial flaithiúil le bailitheoirí gairmiúla de chuid an Choimisiúin tuairim is dhá mhilliún leathanach de lámhscríbhinní ar an iomlán gan trácht ar na huaireanta fada de bhailiúcháin fuaimne agus fise (O'Connor, 2010: 84). D'fhoilsigh Séamus Ó Duilearga agus cuid de bhailitheoirí an Choimisiúin saothair bheathaisnéise agus saothair chorpasbhunaithe ar dhornán beag seanchaithe seasmhacha a ghlac páirt i dtionscadal náisiúnta na bailitheoireachta. Cuir i gcás: *Leabhar Stiofáin Uí Ealaoire* (Ó Duilearga, 1981), *Leabhar Sheáin Í Chonaill* (Ó Duilearga, 1948), agus *Rotha Mór an tSaoil* (Ó hEochaidh, 1959). Mar sin féin, meabhraíonn Mícheál Briody gur fágadh cuid de na scéalaithe ab eiseamláirí ar lár; cuir i gcás, Eamon a' Búrc (1866-1942), an Aird Mhór, Carna (2007: 432-433). Chomh maith leis sin, b'fhir iad formhór na réaltaí seo de chuid bhéaloidis na hÉireann a bhain clú agus cáil amach i measc lucht léinn agus i measc phobal léitheoireachta na Gaeilge lena linn féin, nó tar éis a mbáis. Cén tionchar a bhí ag dearcadh idé-eolaíoch stiúrthóir an Choimisiúin ar na bailitheoirí a bhí ag saothrú sa ghort, agus ar an ábhar a cuireadh i dtaisce sa chartlann dá bharr?

1.3 Tionchar Léann an Bhéaloidis san Eoraip

Ní mór tionchar léann an bhéaloidis san Eoraip a chur san áireamh le tionscadal bailitheoireachta Choimisiúin Béaloideas Éireann (1935-1970) a mheas. Tháinig an béaloideas chun cinn mar ábhar léinn sa naoú haois déag nuair a thosaigh ársaitheoirí Breataine agus focleolaithe na Gearmáine ag déanamh staidéir ar bhéasa agus ar nósmaireachtaí na chosmhuintire (Dorson, 1972: 1). Mar a mhíníonn Richard M. Dorson, nuair a thosaigh na deartháireacha Jacob (1785-1863) agus Wilhelm (1786-

1859) Grimm i mbun scéalta béaloidis na Gearmáine a fhoilsíú, ba é an focal ‘*Volkskunde*’ a bhí in úsáid acu le cur síos a dhéanamh ar na réimsí den traidisiún béil a bhí á bhfoilsíú acu (1972: 1). Ba cheannródaithe iad na deartháireacha Grimm ó thaobh bhailiúcháin agus eagarthóireacht na seanscéalta idirnáisiúnta de. Mar sin féin, meabhraíonn Georges D. Zimmerman gur cáineadh na deartháireachach Grimm sa scoláireacht ina dhiaidh sin siocair go raibh lámh throm acu in eagarthóireacht na scéalta: ‘while celebrating the supposed spontaneous utterances of natural artists, they thought they could decide what properly belonged to the *Volksgut*, and transformed documents they considered imperfect into texts that conformed to the ideal’ (2007: 169). Mar sin féin, caithfear a saothar a mheas de réir shlata tomhais na linne. Tuairim agus céad bhliain i ndiaidh chéad fhoilseachán na ndeartháireacha Grimm, d’fhoilsigh Enrí Ó Muireaghsa (1874-1945), bailitheoir béaloidis agus ceoil as Co. Mhuineacháin an saothar *Maighdean an tSoluis agus Sgéalta Eile* (1913) agus lámh throm aigeasán ar na scéalta a chur in eagar de réir a shlat tomhais féin fosta. Míníonn Ó Giolláin gurbh é Jacob Grimm an béaloideasóir ba sheasmhaí sa chéad leath den 19ú haois agus b’eisean a bhunaigh an léann comparáideach ar na seanscéalta idirnáisiúnta (2000: 44). Ba iad na deartháireacha Grimm a chuir an síol do bhailitheoireacht straitéiseach an bhéaloidis ar bhonn idirnáisiúnta.

Ba é William Thoms a chum an téarma ‘Folk-lore’ sa Bhéarla ansin sa bhliain 1846 (Dundes, 1965: 1; Ó Cadhla, 2011: 16). Aithnítear sa scoláireacht nach téarma gan locht é siocair go ngrósaíonn sé ceistanna maidir leis na daoine ar a bhfuil na traidisiúin béil dírithe. Ó tháinig an téarma chun cinn sa léann, bhain débhríocht le sanasaíocht an fhocail i measc béaloideasóirí; ceistíodh mar shampla, ar cheart níos mó aitheantais a thabhairt don ‘folk’ nó don ‘lore’ nó a mhalairt? (Dundes, 1965: 1; Ó Cadhla, 2011: 16). Áitíonn Ó Giolláin, mar shampla, go bhfuil an focal ‘folklore’ fite fuaite le bás an traidisiúin; deir sé: ‘Folklore is predicated on the death of tradition. Since the word first appeared it has carried an aura which has been a burden to the study of popular culture’ (2000: 8). Tuigeadh dá réir sin gur gné chultúrtha a bhí sa bhéaloideas a bhí ar na maidí deiridh seachas traidisiún beo bríomhar a bhí ag athrú de shíor. Maíonn Stiofán Ó Cadhla nach bhfuil an focal ‘béaloideas’ sa Ghaeilge gan locht ach oiread; ceistíonn sé ‘An é atá sa bhfocal “béaloideas” inniu iarracht Gaeilge a chur ar choincheap Vichteoireach, nó dúchasú a dhéanamh ar oidhreacht Thoms?’

(2011: 16-17). Mar sin féin, aithníonn Ó Giolláin go raibh an focal ‘béaloideas’ in úsáid sa Ghaeilge ó d’fhoilsigh Seathrún Céitinn *Foras Feasa ar Éirinn* (c.1634) ach gur cosúil go ndearna Conradh na Gaeilge, a bunaíodh sa bhliain 1893, athnuachan ar bhrí agus ar chomhthéacs úsáide an fhocail mar fhreagra ar theacht chun cinn an bhéaloidis mar ábhar léinn san Eoraip (2000: 48). Tugann taighde Dháithí Uí Ógáin le fios go mb’fhéidir go raibh *Foras Feasa ar Éirinn* mar fhoinse ag na focleolaithe, Conchobhar Ó Beaglaioich (*An Focloir Béarla Gaoidheilge*, 1732), agus Edward O’Reilly (*An Irish-English Dictionary*, 1817) i dtaca leis an mhíniú a bhí acusan ar an fhocal ‘béaloideas’ (2002: 83). Aistriúchán Gaeilge ar ‘tradition’ ab ea an focal ‘béaloideas’ in *Focloir Béarla Gaoidheilge* (1732) agus aistriúchán ar ‘oral instruction, tradition’ a bhí i gceist in *An Irish English Dictionary* (1817) (Ó hÓgáin, 2002: 83). Aithníonn Ó hÓgáin gur tháinig méadúar úsáid an fhocail ‘béaloideas’ nuair a bunaíodh An Cumann le Béaloideas Éireann i 1927 agus go nglactar leis an fhocal sa dóigh chéanna a nglactar leis an fhocal ‘folklore’ sa léann agus sa ghnáthúsáid laethúil araon (2002: 84 & 98).

Chuaigh idé-eolaíochtaí faiseanta na linne i gcion ar an dóigh ar tháinig an béaloideas chun cinn mar ábhar léinn. B’as an náisiúnachas agus as an rómánachas a d’eascair léann an bhéaloidis ar fud na hEorpa sa 19ú haois. Sa bhliain 1807, d’fhoilsigh Académie na Fraince an chéad imleabhar de *Mémoires* — lámhleabhar ab ea é a bhí bunaithe ar mhodheolaíocht an cheistneora mar threoir chun traidisiúin, nósanna, iompair agus teangacha áitiúla na tíre a thairfeadh (Ó Giolláin, 2000: 39-40). Maíonn Ó Giolláin go raibh sé mar aidhm ag tionscadal an Académie aontacht chultúrtha a bhunú sa Fhrainc a bhí fréamhaithe sa náisiúnachas (2000: 41). Ba mhodheolaíocht an-chuimsitheach agus an-éifeachtach a bhí i modheolaíocht an cheistneora agus tugadh faoi mhúla an cheistneora san Iodáil sa bhliain 1811 fosta (Ó Giolláin 2000: 41). Tuigeadh go raibh an béaloideas fréamhaithe i saol na tuaithe. Leag fealsúnacht an rómánsachais agus go deimhin, na híonghlaineachta béim ar shaol traidisiúnta na tuaithe agus ar ársaíocht na sibhialtachta. Dá réir sin, treisíodh an inní a bhí ar dhaoine roimh an nua-aoiseachas siocair gur creideadh go ndéanfadh an tslí bheatha sin truailliú ar an duine féin. Míníonn Brian Ó Conchubhair gur bhain gné seo na híonghlaineachta le gluaiseacht smaointeoireachta an Darwineachais, gluaiseacht a raibh tionchar nach beag aige ar an smaointeachas maidir le cúrsaí cine, cultúir agus

teanga sa dara leath den 19ú haois déag (2009: 6). Tuigeadh go raibh an béaloideas agus an traidisiún béil i gcoimhlint leis an nua-aoiseachas agus gur truailliú a bhí i gceist leis an tsaol nua-aimseartha.

Bhain an tuath, nó i gcomhthéacs na hÉireann, iarthar na tíre agus an Ghaeltacht, leis an tsaol nádúrtha orgánach a raibh a chuid fréamhacha lonnaithe sa tsibhialtacht Cheilteach, san áit ar bhain an chathair leis an nua-aoiseachas agus le meath an tsaoil thraidisiúnta. Ba mhór an tionchar a bhí ag an smaointeoireacht seo ar shaothrú na litríochta agus ar léann an bhéaloidis in Éirinn. Agus tréimhse na hAthbheochana in Éirinn á ríomh aici, aithníonn Máirín Nic Eoin go ndearnadh ‘idéalú ar mhuintir na Gaeltachta mar ba leo fós oidhreacht ár sean agus ár sinsear — an teanga agus an béaloideas’ (1983: 15). Leagann Gearóid Denvir béim ar an pharadacsa shocheacnamaíoch a bhain leis an idéalú seo a rinne cuid de mhórscribhneoirí na hAthbheochana ar na ceantair Ghaeltachta; deir sé go raibh bearna mhór idir lucht spéise na teanga a rinne idéalú ar an Ghaeltacht agus iad siúd a bhí ag maireachtáil sna ceantair iargúlta chéanna, a bhíodh go minic faoi leatrom eacnamaíochta (1997: 60). Is féidir cosúlachtaí suntasacha a aithint idir an t-idéalú a rinneadh ar chainteoirí dúchais na Gaeltachta le linn na hAthbheochana agus comhthéacs idé-eolaíoch an bhéaloidis. Agus é ag cur síos ar chúlra socheacnamaíoch chultúr an bhéaloidis, meabhraíonn Ó Giolláin an méid seo dúinn: ‘In fact poverty and isolation were necessary to the specificity of folklore since prosperity and integration of necessity involved the assimilation of modern values inimical to it’ (2000: 142). Siocair go raibh an bhochtaineacht fite fuaite leis an teanga agus leis an bhéaloidis, creideadh gur bagairtí a bhí sa nua-aoiseachas agus sa dul chun cinn pearsanta don teanga agus don traidisiún béil i gcoitinne. B’idé-eolaíocht í seo a cheil gur thraidisiún beo bríomhar a bhí sa bhéaloidis a bhíodh ag athrú de shíor. Is é a bhí á chur ina luí ar dhaoine seachas sin ná gur gné chultúrtha a bhí ag fáil bháis a bhí sa bhéaloidis, agus gurbh iarsmaí a bhí sna scéalaithe agus sna seanchaithe a raibh an oidhreacht thraidisiúnta sealbhaithe acu.

Míníonn Ó Giolláin gur fríd an Bhreatain, agus an lucht uas-aicme Angla-Éireannach a tháinig an smaointeoireacht rómánsach de chuid na hEorpa chun cinn i léann an

bhéaloidis in Éirinn (2000: 28-29). Sa bhliain 1821, d'fhoilsigh Thomas Crofton Croker (1798-1854) *Researches in the South of Ireland, Illustrative of the Scenery, Architectural Remains, and the Manners and Superstitions of Peasantry* (Zimmerman, 2007: 174). Mar a mhíníonn Zimmerman, thuill a shaothar *Fairy Legends and Traditions of the South of Ireland* (1825) aitheantas ó na deartháireacha Grimm agus ina dhiaidh sin gur chuir Crofton Croker cur síos ar léann comparáideach an bhéaloidis sa Danmhairg, sa Ghearmáin agus sa Spáinn (2007: 175). Cuireadh íomhá rómánsach d'iarthar na hÉireann chun cinn agus béim á leagan ar ársacht chultúrtha chosmhuintir na tuaithe. Maíonn Zimmerman, gur thuill foilseacháin Croker chomh maith le foilseacháin Jeremiah Curtin (1838-1906)³, scoláire as Stáit Aontaithe Mheiriceá a thug cuairt ar Éirinn ag deireadh an naoú haois déag, aitheantas idirnáisiúnta do bhéaloideas na hÉireann (2007: 308). Mar sin de, tugadh aitheantas d'Éirinn mar chraobh thábhachtach de chrann ginealach bhéaloideas na hInd-Eorpaise.

Ba cheannródaí é Dubhghlas de hÍde (1860-1949), Iar-Uachtarán na hÉireann (1938-1945) agus Iar-Uachtarán Chonradh na Gaeilge (1893-1915), ó thaobh bhailiúchán náisiúnta an bhéaloidis in Éirinn. Tháinig borradh faoin náisiúnachas cultúrtha in Éirinn sna blianta beaga i ndiaidh bhunú Chonradh na Gaeilge in 1893. Bhí sé mar phríomhspríoc ag an Chonradh, an Ghaeilge a chothú agus a athneartú san áit a raibh sí á labhairt, í a athbheochan in áiteacha nach raibh, agus traidisiún nualitríochta a fhorbairt sa teanga (Ó Giolláin, 2000: 119). Míníonn Anne Markey go raibh an náisiúnachas cultúrtha fite fuaite le bailiúchán an bhéaloidis in Éirinn, agus i dtréimhse na hAthbheochana, gur tugadh tús áite don bhéaloideas i nGaeilge:

The focus on collecting oral narratives from Irish-speaking areas derived chiefly from parallel drives to revive the Irish language and to preserve Irish folklore spearheaded by Douglas Hyde and the Gaelic League, of which Hyde was a founding member and president from 1893 to 1915. (Markey, 2006: 23)

Bíodh is go raibh ról lárnach ag an Chonradh in athneartú litríocht na Gaeilge, bhí tionchar nach beag aige ar shaothrú léann an bhéaloidis in Éirinn fosta. Nuair a

³ Mar shampla, *Myths and Folk-lore of Ireland* (Curtin, 1890), *Hero-Tales of Ireland* (Curtin, 1894) agus *Tales of the Fairies and of the Ghost World Collected from Oral Tradition in South-West Munster* (1895).

bunaíodh Oireachtas na Gaeilge sa bhliain 1897 a bhí mar chuid d'imeachtaí an Chonartha, cothaíodh líonra náisiúnta do lucht spéise an bhéaloidis idir bailitheoirí, seanchaithe agus amhránaithe. Go deimhin, in 1897, bronnadh duaiseanna ar son bailiúcháin béaloidis agus sa bhliain 1901, cuireadh na comórtais scéalaíochta ar bun (Ó Giolláin, 2000: 121- 122). Tugadh urraim náisiúnta mar sin do chleachtas na scéalaíochta agus do chleachtas na dtraidisiún béil. Tharlaigh sé go raibh Séamus Ó Duilearga ina chúntoir faoin Ollamh Dubhghas de hÍde sa Choláiste Ollscoile, Baile Átha Cliath nuair a cuireadh an Cumann le Béaloideas Éireann ar bun sa bhliain 1927 ansin (Ó Catháin, 2005: 85).

1.4 Coimisiún Béaloideas Éireann: Cartlann Náisiúnta Béaloidis

Amhail mar a bhí i gceist le saothrú léann an bhéaloidis ar fud na hEorpa, ba faoi anáil an rómánsachais agus an náisiúnachais chultúrtha a bunaíodh an Cumann le Béaloideas Éireann (1927), agus ba í an smaointeoireacht chéanna a spreag bunú Institiúid Bhéaloideas Éireann (1930–1935) agus ina dhiaidh sin, Coimisiún Béaloideas Éireann (1935–1971). Níor mhair Institiúid Bhéaloideas Éireann ar feadh i bhfad i gcomparáid leis an Choimisiún a bhí faoi stiúir ag Séamus Ó Duilearga, mar gheall ar an easpa maoinithe a cuireadh ar fáil chun aidhmeanna na hInstitiúide a bhaint amach go héifeachtach (Ó Catháin 2005: 103–108). De thairbhe choinníollacha an deontais ón Roinn Airgeadais fosta, ba mhó an bhéim a leagadh ar chúrsaí foilsitheoireachta ná ar bhailiú an bhéaloidis, rud a chuir srian le bunú na cartlainne (Ó Catháin 2005: 90). Mar sin féin, leagadh amach na fréamhacha do Choimisiún Béaloideas Éireann faoin bhliain 1935, agus ba mhór an cuidiú é an maoiniú cuí a bheith aimsithe ag an Duileargach an iarraidh seo a bhuí lena chairdeas le hÉamon de Valéra (Ó Catháin 2005: 104–107).

Go deimhin, agus é ag trácht ar bhunú an Choimisiúin, leagann Mícheál Briody béim ar chomhthreomhaireacht idé-eolaíochta de Valéra agus an Duileargaigh maidir le tábhacht na gceantar tuaithe:

Their views of rural life were very similar and were rooted in nineteenth-century Romanticism, involving an idealisation of a 'changeless' peasantry. For both men, as

indeed was the case for many of their contemporaries, the real Ireland was situated in the countryside. (Briody 2007: 109)

Bhí stiúrthóirí an Choimisiúin ag iarraidh cartlann náisiúnta a thógáil sna luathbhlianta tar éis bhunú an tSaorstáit a bheadh ar aon chéim le cartlanna na hEorpa. Ba roinnt blianta ina dhiaidh sin, agus caoga bliain i ndiaidh bhunú Chonradh na Gaeilge (1943), a thug de Valéra a óráid chluíteach ar Raidió Éireann ar ócáid cheiliúrtha an Chonartha:

The Ireland that we dreamed of would be the home of a people who valued material wealth only as a basis for right living, of a people who, satisfied with frugal comfort, devoted their leisure to the things of the spirit - a land whose countryside would be bright with cosy homesteads, whose fields and villages would be joyous with the sounds of industry, with the romping of sturdy children, the contest of athletic youths and the laughter of happy maidens, whose fire sides would be forums for the wisdom of serene old age. (de Valéra, 1943, Cartlann ar líne RTÉ) (17.03.1943)

Go minic, ba ar ársaíocht an ábhair, caighdeán na teanga agus seasmhacht na luachanna traidisiúnta a bhí aird na mbailitheoirí béaloidis dírithe agus iad faoi anáil na hollúna a cuireadh orthu.

Bhí na modheolaíochtaí a chleacht an Coimisiún bunaithe ar thaighde compáraideach a rinne Séamus Ó Duilearga agus Seán Ó Súilleabháin sa tSualainn (Glassie, 2010: 1-4). Fostaíodh bailitheoirí lánaimseartha agus páirtaimseartha le tabhairt faoin bhéaloideas a bhailiú in iarthar na hÉireann den chuid is mó chun cartlann náisiúnta béaloidis a chruthú. Cainteoirí dúchais Gaeilge a fostaíodh den chuid is mó i luathbhlianta an Choimisiúin. Dar le Mícheál Briody:

Choosing native speakers of Irish had the added advantage at least when they worked in their own areas or within reasonable distance of their home area, that they knew the community and were known. This made it easier for them to be accepted, and for less suspicion to adhere to them. (Briody, 2007: 231)

Bhraith léann na canúineolaíochta agus an bhéaloidis ar shaothar deonach a gcuid faisnéiseoirí. Ba ghá go mbeadh tuiscint ag na bailitheoirí ar an ghort ón taobh istigh. Bhí sé ríthábhachtach go mbeadh dea-chaidreamh idir na bailitheoirí a bhí fostaithe ag

an Choimisiún agus na daoine ar bhailigh siad ábhar uathu siocair nach bhfuair na seanchaithe pá ar bith as a gcuid saothar. Is beacht mar a choimríonn Richard Dorson an phríomhdhifríocht idir bailitheoirí an Choimisiúin agus na bailitheoirí béaloidis éagsúla a chuaigh rompu:

In the former days the collectors had come from the outside and above, from the educated, aristocratic, and professional class, to peer curiously in to the peasant culture beneath them. Now the collectors came from the ranks and spoke with their own people, not to publish curious books but to record their common legacy and to honor its carriers. (Dorson, 1966: xxx)

Go deimhin, meabhraíonn John Walsh ina chuid taighde sochtheangeolaíochta ar Nioclás Breathnach gurbh idirghabhálaithe iad na bailitheoirí idir an stát agus muintir na háite fosta (2016: 423). Ba ghá bailitheoirí a roghnú fosta a bhí a bheag nó a mhór ar comhchéim lena gcuid faisnéiseoirí ó thaobh cúlra chultúrtha agus stádais socheacnamaíochta de, ach a raibh na scileanna scríbhneoireachta cuí acu chomh maith. Dá thairbhe sin, múinteoirí scoile a bhí i bhformhór na mbailitheoirí. Aithníonn Briody gur bailitheoir béaloidis eisceachtúil ab ea Seán Ó hEochaidh i dTeileann siocair nach raibh oideachas trío leibhéal aige, nó dara leibhéal fiú; deir sé, ‘However, one of the earliest full-time collectors to be employed, and the longest serving, was a fisherman, Seán Ó hEochaidh, but it should be said he was a very untypical fisherman’ (2007: 231). Ba iad Liam Mac Coisdeala, Gaillimh; Tadhg Ó Murchadha, Ciarraí; Seán Ó hEochaidh, Tír Chonaill; Liam Mac Meanman, Tír Chonaill; Proinnsias de Búrca, Gaillimh agus Nioclás Breathnach, Port Lairge a fostaíodh sa chéad bhliain de chuid an Choimisiúin (Briody, 2007: 232). Cad é mar a tharlaigh sé gur cruthaíodh ceann de na cartlanna béaloidis is aitheanta ar domhan le linn bhlianta an Choimisiúin mar sin?

1.5 Ag Saothrú sa Ghort: Dialanna na mBailitheoirí

Is cinnte go bhfuil borradh faoin scoláireacht ar an dóigh ar shaothraigh na bailitheoirí béaloidis de chuid an Choimisiúin sa ghort agus tuilleadh fianaise ag teacht chun cinn i dtólamh i dtaca le dialanna goirt na mbailitheoirí. Bíodh is go bhfuil neart bearnaí san eolas atá againn ar phróiseas an tseachadta bhéil le linn bhlianta an Choimisiúin, tugann na cuntais dialainne a bhí ar na bailitheoirí a choinneáil, leideanna dúinn faoi

phróiseas an bhailithe, chomh maith le sonraí comhthéacsúla tábhachtacha faoin tsochaí inar mhair a gcuid faisnéiseoirí. Is féidir sa dóigh sin iarracht a dhéanamh cuid de na bearnaí a líonadh agus tabhairt faoi chuid de cheisteanna von Sydow a fhreagairt (1945; in Briody, 2007: 432). Léiríonn saothar ceannródaíoch Ríonach uí Ógáin, *Mise an Fear Ceoil* (2007), mar shampla, aistear Shéamuis Mhic Aonghusa mar bhailitheoir ceoil agus na difríochtaí a bhí ag baint leis an phróiseas eitneagrafaíochta ó cheantar go ceantar; castar orainn na ceoltóirí ar chas Séamus Mac Aonghusa orthu. Tugann taighde Patricia Lysaght léargas dúinn ar mhodheolaíocht Thadhg Uí Mhurchú agus a shaothar bailithe i gContae an Chláir (2007 & 2008), mar aon le taighde Ian Uí Chatháin ar Proinsias de Búrca i nGaillimh (2012), agus taighde Lillis Uí Laoire ar thréimhse Sheáin Uí Eochaidh sna Cruacha Gorma, i dTír Chonaill (2013) agus ar ról na mban i ndialann Uí Eochaidh i dTír Chonaill fosta (2017). Tugtar léargas dúinn ar na dúshláin a sháraigh na bailitheoirí béaloidis agus a gcuid seanchaithe agus iad ag saothrú sa ghort.

Léirítear sna dialanna nach gan dua a cruthaíodh an chartlann náisiúnta béaloidis. Mar shampla, d'ainneoin an phléisiúir a bhíodh ag baint leis an obair sa ghort go minic, bhain cruatan le próiseas an bhailithe chomh maith. D'fhéadfaí go gcuirfeadh drochaimsir agus dúshláin taistil isteach ar an obair agus thiocfadh dó fosta go mbeadh deacrachtaí ag bailitheoirí seanchaithe a aimsiú ó am go chéile. Tugann taighde Ríonach uí Ógáin léargas den scoth dúinn ar na dúshláin a sháraigh Séamus Mac Aonghusa, mar shampla. Agus é ag tabhairt cuairte ar Jack Donnellan ó Uachtar Ard na Gaillimhe sa bhliain 1942, deir sé go raibh an faisnéiseoir 'imithe a chodladh go dtí am tae' (luaite in: uí Ógáin, 2007: 48). Thuig Mac Aonghusa go raibh gar á dhéanamh ag an cheoltóir dó agus bhí drogall air a bheith ag cur isteach ar an fhaisnéiseoir: 'Ó ba rud nach raibh dinnéar go fóill agam, ní raibh mé in ann fanacht go n-éireodh sé, agus ní iarrfainn orthu é a dhúiseacht, ar fhaitíos go gcuirfinn i mo choinne é feasta' (luaite in: uí Ógáin, 2007: 48). I Maigh Eo dó, sa bhliain 1944, chuir an drochaimsir deireadh le hobair an lae: 'Báisteach ó aréir go hanocht, an-trom. Gan seans dul in áit ar bith' (luaite in: uí Ógáin, 2007: 181). Agus í ag trácht ar chuntas Thaidhg Uí Mhurchú agus é ar an Dún Bheag i gContae an Chláir sa bhliain 1943, pléann Lysaght an dóigh nach raibh lóistín ar fáil ag an bhailitheoir siocair go raibh an bhean lóistín tinn (2007: 134). Bhíodh na bailitheoirí ag brath go tréan ar charthanacht na bpobal

ina raibh siad i mbun bailithe go minic, go fiú na bailitheoirí a bhíodh ag bailiú ina bpobal féin.

Leoga, go fiú agus an t-ábhar ó bhéal curtha ar taifead ag na bailitheoirí, b'iomaí dúshlán tras-scríbhneoireachta agus dúshlán taistil a bhí le sárú acu i dtólamh. Tugann tuairisc Sheosaimh Uí Dhálaigh ar a chuid tras-scríbhneoireachta ar ábhar Mháire Ruiséal (Arda Mór, Corca Dhuibhne) sa bhliain 1937 leid mhaith dúinn den chúram a thugtaí don tras-scríbhneoireacht chruinn: 'thosnaíos ag scríobh seanachuis a bhí breacuithe síos agam ó Mháire Ruiséal. Ní rabhas ró-chruínn maidir le cuid aca agus ní dhineas aon rud ach dul go dtí Máire féin' (CBÉ 422: 52–53). I gcuntas de chuid Sheáin Uí Eochaidh agus é ag obair ina cheantar dúchais i dTeileann sa bhliain 1935, luann sé go raibh air an t-éideafón trom a iompar trasna an chuain ar bhád a fhad leis an chéad pharóiste eile (Cill Chartha) ach ar an bhealach ar ais dó, bhí deacrachtaí aige an bád a chur amach ar ais ar an fharraige, dúshlán a sháraigh sé trí chuidiú a fháil óna chol seisear Conall Ó Beirn, duine de príomhphearsana an tráchtais:

Fá dheireadh thiar thall nuair a bhí muid chomhair a bheith i ndeireadh na péice fuair muid fhad leis an uisge í. Agus níor anas [*sic.*] ariamh aghainn é go dtí seo. Bhí an gaineamh bog agus bhí an bád ag suncáil ann. (CBÉ 421: 178)

Ba mhór an tacaíocht a fuair Ó hEochaidh óna dhuine muinteartha; ba mhór an cuidiú é an iascaireacht a bheith sa dúchas iontu fosta. Léirítear sna samplaí seo ó dhialanna na mbailitheoirí cuid de na dúshláin éagsúla a sháraigh siad agus iad ag saothrú sa ghort. Is cinnte go mbeireann na cuntais seo ar fad greim ar shamhlaíocht an léitheora faoin dóigh ar tugadh faoin bhéaloideas a bhailiú agus faoin dóigh ar cruthaíodh an chartlann náisiúnta béaloidis. Tógann gach dialann a cuid ceisteanna féin, agus mar a fheicfidh muid de réir mar a osclos plé an tráchtais amach, is iontach mar a shaibhríonn dialann Sheáin Uí Eochaidh ár dtuiscintí ar an bhailitheoireacht ag an leibhéal áitiúil chomh maith leis an leibhéal náisiúnta agus idirnáisiúnta agus é mar idirghabhálaí idir bunadh na háite, an stát agus na cuairteoirí éagsúla chun an cheantair.

Is gá an comhthéacs inar bailíodh an béaloideas a aithint agus lámhscríbhinní (nó téacsanna) Chnuasach Bhéaloideas Éireann á meas. Is mó béim atá á leagan ar

chomhthéacs na bailitheoireachta i léann an bhéaloidis in Éirinn le blianta beaga anuas. Dá thairbhe sin, is fearr ár dtuiscint ar phróiseas na bailitheoireachta agus ar láithriú na lámhscribhinní. Mar sin féin, tá mórán bearnaí le líonadh go fóill. I ndiaidh d’Anne O’Connor iarraidh ar scoláirí de chuid an bhéaloidis peirspictíochtaí nua a tharraingt isteach sa scoláireacht ar bhéaloidis na hÉireann, agus lionsaí idirdhisciplíneacha a úsáid le hanailís a dhéanamh ar ábhar na cartlainne ina halt ‘Deconstructing the Archive? A Reflection on Collection-Centred Ethnology in the Irish Context’ (2010), ní mór a fhiafraí: cén tairbhe a bhaineann le tuilleadh anailíse téacsbhunaithe a dhéanamh ar ábhar na cartlainne nuair atá teacht againn ar thréan fianaise a mhéadaíonn ár dtuiscint ar chomhthéacs an láithrithe fosta— an comhthéacs as ar eascair téacsanna na cartlainne ar an chéad dul síos? Seachas a bheith ag díriú ar na téacsanna tras-scríofa amháin, ní mór an dóigh ar cuireadh na téacsanna sin i láthair a mheas go tomhaiste. Mar shampla, cén tionchar a bhí ag tionscadal náisiúnta an Choimisiúin ar chleachtas an traidisiúin béil i bpobail bheaga tuaithe ar nós Theilinn? Sa dóigh chéanna, cén tionchar a bhí ag na líonraí seanchaithe a chleacht ealaíona an dúchais ar na tuiscintí atá chun tosaigh sa scoláireacht i leith an traidisiúin béil in Éirinn anois? Sin dhá cheist a eascraíonn as an taighde atá déanta agam ar chúlra an bhailiúcháin agus a fhreagrófar amach anseo sa tráchtas. Braitheann na ceisteanna seo ar thuiscint chruinn ar stair an bhailiúcháin. Is cuid lárnach an tuiscint sin den mhodheolaíocht, rud a chuidíonn linn saincheisteanna a bheachtú go héifeachtach chun léargas níos cuimsithí a fháil ar a bhfuil sa chartlann féin agus a mbaineann dó.

1.6 Líonra Seanchaithe Sheáin Uí Eochaidh i dTeileann, Co. Dhún na nGall

Bhí tionchar nach beag ag an líonra seanchaithe a bhí mar fháisnéiseoirí ag Seán Ó hEochaidh i dTeileann ar léann an bhéaloidis in Éirinn. Maireann léacht iomráiteach Shéamuis Uí Dhuilearga, *The Gaelic Storyteller* (1945) (GS feasta) mar cheann de na bunsaothair is tábhachtaí ó thaobh na dtuiscintí idirnáisúnta atá chun tosaigh ar sheachadadh agus ar láithriú an bhéaloidis in Éirinn. Bunfhoinsé is ea GS do scoláirí atá ag déanamh taighde ar léann an bhéaloidis in Éirinn. Trí bhunfhoinsí na léachta seo a fhiosrú, aithníonn taighde Mhíchíl Briody obair pháirce Sheáin Uí Eochaidh mar phríomhfhoinsé d’fhormhór ábhar na léachta agus d’fhormhór an fhoilseacháin leasaithe a cuireadh i gcló ina dhiaidh (2013: 4-11). Is léir go raibh ardmheas ag

stiúrthóir an Choimisiúin ar shaothar Uí Eochaidh agus a chuid seanchaithe i dTeileann. Ina dhialann goirt, cuireann Ó hEochaidh síos ar an dóigh ar chuir sé an méid a scríobh sé faoi bhráid na seanchaithe i dTeileann chun a dhearbhu go raibh a chuntas cruinn beacht. Féach thíos mar a dhearbhaigh Ó hEochaidh an t-eolas le cuid dá ghréasán áitiúil:

Ar eagla nach mbéad sé ceart go leór, nuair a fuair mé na pointí uilig breacuihthe síos thug mé ruaig ar mo sean- chárde a bhfuair mé mórán de'n t-seanchas uatha – Seán Ó Cuinnigeáin Iomaire Mhuireanáin, agus Seán ‘Ac Seághain, Leirg a’ Dachtáin. Léigh mé daobhtha-san an rud a bhí scríobhtha agam. Thaitin sé go maith leó, agus dubhairt siad go rabh sé íontach fírinneach agus a bhreac mé síos an cunntas. Chuaidh mé chuig m’unncaí fhéin annsin – Diarmuid ‘Ac Seághain – gur léigh mé dó an chuid de'n t-seanchas a rabh baint aige-san leis agus a d’innis sé domh. Bhí seisear sásta go rabh an cunntas s’aige fhéin thíos go grinn fosta. Bhí mé fhéin sásta annsin nuair a chonnaic mé go rabh ‘ach aonduine aca-san bréagh sásta le n-a chuid fhéin de'n chunntas. (CBÉ 1109: 64-64) (01.11.1945)

Ba uncail leis Diarmuid Mac Seáin (‘Dorbaí Mháire’), agus ba gharuncail leis, Seán Mac Seagháin (‘John Tamaí Seáin’). Nochtann taighde Briody go raibh tionchar nach beag ag an chuntas a scríobh Ó hEochaidh (agus dá réir sin, an cuntas a sholáthair a líonra seanchaithe áitiúla) ar an mhéid a bhí le rá ag an Duileargach faoi institiúid an tí áirneáil agus faoi na deiseanna seachadta sa traidisiún béil in Éirinn trí chéile (Briody, 2013: 4-11). Maíonn Briody nach raibh an méid a bhí le rá ag stiúrthóir an Choimisiúin faoi shuíomh an bhéaloidis agus faoi láithriú an bhéaloidis in *GS* saor ó locht siocair go ndearnadh neamart do shuíomhanna seachadta taobh amuigh den teach áirneáil, agus do shuíomhanna seachadta na mban (2013: 1-4). Mar gheall gur tharraing Ó Duilearga go tréan ar na samplaí a sholáthair Ó hEochaidh ar an áirneál, d’fhéadfaí ceangal díreach a dhéanamh idir cuntas Uí Eochaidh agus cuid de na tuiscintí a mhaireann sa scoláireacht ar an teach áirneáil i léann an bhéaloidis in Éirinn agus thar lear (Briody, 2013: 1).

Léiríonn an taighde cúramach a rinne Briody ar an bhaint a bhí ag Seán Ó hEochaidh le *GS* an tionchar a bhí ag an líonra bheag seanchaithe i dTeileann ar scoláireacht an bhéaloidis in Éirinn. Léirítear fosta gur gá taighde cuimsitheach a dhéanamh ar an

líonra seanchaithe a ghlac páirt i dtionscadal Choimisiún Béaloideasa Éireann le linn do Ó hEochaidh a bheith ag obair mar bhailitheoir béaloidis sa cheantar. Bhain Ó hEochaidh clú agus cáil amach i measc seanchaithe ar fud Thír Chonaill de thairbhe a chuid oibre leis an Choimisiún. Ach cé gur chothaigh sé caidreamh oibre ar leith le líonraí seanchaithe ar fud Ghaeltachtaí Thír Chonaill, ní nach ionadh go raibh dáimh faoi leith aige lena líonra seanchaithe ar a fhód dúchais i dTeileann.

I ndiaidh dom anailís chomhthéacsúil a dhéanamh ar dhá dhialann goirt (CBÉ 421 & CBÉ 1289) de chuid Uí Eochaidh mar ábhar taighde do mo bhunchéim (2013) agus do mo thráchtas máistreachta (2014) in OÉ Gaillimh mar a luaigh mé ní ba luaithe, tháinig sé chun cinn go raibh patrún suntasach ag baint le cur chuige an bhailitheora i dTeileann (2014: 46-66). Is é sin gur minic a bhíodh teach ‘Johnnie Johndy’ Uí Bheirn in úsáid aige mar shuíomh bailitheoireachta do thionscadal náisiúnta an Choimisiúin. Go deimhin, ba é sin an teach áirneáil rialta a bhí ag Seán Ó Cuinneagáin agus ag Seán Mac Seagháin, a bhí ar na seanchaithe a thug eolas do Sheán Ó hEochaidh don chuntas a scríobh sé fá choinne *GS*. Bhí sé ina theach cuartaíochta ag Séamus Mac Aonghusa agus ag Heinrich Wagner agus iad ar camchuart sa cheantar sna 1940idí, agus b’ann (agus i dteach Mháire Uí Dhonnagáin) a rinne an *Picture Post*, iris Shasanach grianghrafanna a thógáil d’alt a foilsíodh i 1947 — déanfar na cuairteoirí sin ar fad a phlé go mion i gCaibidil a Dó. Cibé cúis de, ba léir ón taighde a rinne mé ar na himleabhair CBÉ 421 agus CBÉ 1289, a chlúdaigh na tréimhsí idir 1935-1937 agus 1946-1948, gur cinnte go raibh gá le tuilleadh taighde ar an ghréasán seanchaithe a bhí ag Ó hEochaidh i dTeileann – agus gur taighde corpas-bunaithe a bheadh ar an chur chuige ab fhearr.

Rud eile a thagann chun cinn i mbailiúchán Uí Eochaidh i dTeileann is ea an gaol fola a bhí aige le cuid mhaith de na seanchaithe. Ní mór na ginealaigh a chur san áireamh agus líonra Uí Eochaidh i dTeileann faoi chaibidil againn. Is í an phríomhlíne fola atá le feiceáil ag teacht chun cinn in innéacs na seanchaithe as Teileann ná Clann tSeáin. Nic Seáin an sloinne bhí ar mháthair Sheáin Uí Eochaidh, Máire, sular phós sí Séamus John Ó hEochaidh (féach na táblaí ginealaigh ag deireadh an tráchtais). Go deimhin, thiocfaí a mhaíomh go raibh buntáistí as cuimse ag baint leis an ghaol fola a bhí aige

le cuid de na seanchaithe ab iomráití agus ba sheasmhaí sa cheantar ag an am (dar le Seán Ó hEochaidh), go háirithe, Conall Ó Beirn agus a dheirfiúir Máire Ní Bheirn. Ba mhór an cuidiú a thug Clann Uí Bheirn, nó ‘Clann Johnnie Johndy’, mar ab fhearr aithne orthu sa cheantar, don bhailitheoir le linn a thréimhse fhada leis an Choimisiún. Bhí athair Chonall agus Mháire, Seán Ó Beirn (Johnnie Johndy) pósta ar Bhríd Nic Seáin a bhí ina haintín ag Máire Uí Eochaidh (Nic Seáin), máthair an bhailitheora. B’fhurasta don bhailitheoir tarraingt ar theach áirneáil a chuid col cúigear, Conall, Máire agus a gcuid deartháireacha — seanchaithe a bhí aitheanta sa cheantar. Teach áirneáil rialta a bhí i dteach na mBeirneach don líonra seanchaithe a raibh cónaí orthu in aice leis. Bhí ról lárnach ag an teaghlach seo i dtionscadal an Choimisiúin i dTeileann dá bharr.

Mar shampla, nuair a thosaigh Ó hEochaidh amach mar bhailitheoir béaloidis i mí Lúnasa 1935, ba mhinic do Chonall Ó Beirn lámh chuidithe a thabhairt dó an t-éideafón a iompar ó áit go háit, a bheith ina chuideachta ag dul ó theach go teach i mbun bailithe, agus scéalta agus seanchas dá chuid féin a roinnt leis an bhailitheoir (CBÉ 421). Tugann dialann goirt Uí Eochaidh le fios gur sna 1940idí a tháinig borradh faoin bhailiúchán seanchais a rinne Ó hEochaidh le Máire Ní Bheirn a bhí bunaithe ar na ceisteanna as *A Handbook of Irish Folklore* (Ó Súilleabháin, 1942) (CBÉ 1108, CBÉ 1109 & CBÉ 1289). Ba rímhinic do Mháire Uí Cheallaigh, Baile Mór, Teileann a bheith i gcuideachta Mháire Ní Bheirn ina teach in Iomaire Mhuireanáin agus obair an cheistneora idir lámha acu i rith an lae. Siocair go mbíodh áirneál rialta sa teach céanna san oíche, cothaíodh deis don bhailitheoir laethanta fada a chaitheamh lena líonra ban i rith an lae (MNB agus MUíCh), agus leanúint leis an bhailitheoireacht sa teach céanna le baicle an áirneáil san oíche. Is cosúil gur sna 1940idí a tarraingníodh an sársheanchaí, Mícheál Ó hIghne, as an Atharach, isteach sa líonra béaloidis seo de réir fhianaise na dialainne cé gur bailíodh dornan beag scéalta agus seanchais uaidh i 1935. Mar sin de, idir Conall Ó Beirn, Máire Ní Bheirn, Máire Uí Cheallaigh agus Mícheál Ó hIghne, bhí tionscnamh bailithe éifeachtach ar bun ag Ó hEochaidh agus é ag iarraidh dhualgais an Choimisiúin a chomhlíonadh.

Agus é ina cheantar dúchais i dTeileann, bhí Ó hEochaidh mar bhall den phobal áitiúil ina raibh sé i mbun bailithe. Thuig sé béasa agus nósmaireachtaí an phobail agus cé go raibh sé de dhualgas gairmiúil air ábhar a thaifeadadh agus a sheoladh ar aghaidh go Baile Átha Cliath, thiocfaí a rá go raibh seilbh áirithe ag na seanchaithe ar roghnaigh sé i dTeileann ar thionscadal náisiúnta an Choimisiúin fosta. Siocair go mbíodh oícheanta áirneáil rialta ar bonn i dteach Uí Bheirn cheana féin faoin am ar thosaigh Ó hEochaidh amach ar a phost i 1935 agus aithne mhaith aige ar lucht freastail an áirneáil, bhíodh Ó hEochaidh ábalta ábhar an áirneála a stiúradh ina threo féin faoin am a raibh sé ina mháistir ar a cheird sna 1940idí (CBÉ 1108, 1109 & 1289). Thiocfaí a mhaíomh go ndearnadh institiúidiú ar theach na mBeirneach sa cheantar de thairbhe bhailiúchán Uí Eochaidh. Ba mhinic Ó hEochaidh ina idirghabhálaí idir an gréasán áitiúil i dTeileann agus na scoláirí agus na cuairteoirí léannta éagsúla a bhíodh ag tarraingt ar an cheantar. Go deimhin, i 1945 agus 1946, thug Ó hEochaidh Mícheál Ó hIghne a fhad le féile Oireachtas na Gaeilge i mBaile Átha Cliath (mar a phléifear i gCaibidil a Dó), agus sa chás sin, bhí an bailitheoir agus an scéalaí áitiúil mar chuid de ghréasán náisiúnta teanga le linn na féile.

Mar sin de, trí anailís chomparáideach a dhéanamh ar cheathrar seanchaí a bhí mar chuid den líonra faisnéiseoirí a bhí ag Ó hEochaidh i dTeileann –beirt bhan agus beirt fhear a bhí mar chuid den líonra béaloidis chéanna, is féidir teacht ar thuiscint níos tomhaiste ar an ábhar a bailíodh chomh maith leis an dóigh ar bailíodh é. Sula gcóirfar an mhodheolaíocht chuí le tabhairt faoin mhionanailís, ní mór beagán plé a dhéanamh ar cheist na hinscne i mbailiúchán Uí Eochaidh i dTeileann.

1.7 Ceist na hInscne: seasmhacht na bhfear

Ceann de na mórcheisteanna a thagann chun cinn in CBÉ 1108, 1109 agus 1289 is ea an dóigh a dtagraíonn Ó hEochaidh don bhua a bhí ag Máire Ní Bheirn agus ag Máire Uí Cheallaigh i mbun an mhionseanchais. Is minic a thagann ainmneacha na beirte i ndiaidh a chéile i lámhscríbhinní na cartlainne. Tá dornán beag finscéal de chuid Mháire Ní Bheirn agus Mháire Uí Cheallaigh curtha i gcló in *Síscéalta ó Thír Chonaill* (Ó hEochaidh et al. 1977) chomh maith le nathanna cainte agus stór focal dá gcuid in *Sean-chainnt Theilinn* (Ó hEochaidh, 1955) agus *Gaeilge Theilinn* (Wagner, 1959) a

léiríonn a dheisbhéalai a bhí an dís acu. Tá seanchas de chuid Mháire Ní Bheirn curtha i gcló sa chnuasach ‘An Diabhal i Seanchas Thír Chonail’ a foilsíodh in *Béaloideas* (Ó hEochaidh & Ó Laoire, 1989: 37, 40 & 72) agus tá an finscéal sí ‘An Bhean a thuit ón spéir’ a foilsíodh den chéad uair in *Síscealta ó Thír Chonail* foilsithe sa tsaothar mhór *The Field Day Anthology of Irish Writing IV* (Lysaght & Bourke, 2002: 1293). Rinne John E. O’ Neill, canúneolaí agus mac léinn de chuid Heinrich Wagner staidéar canúineolaíochta cuimsitheach ar Ghaeilge Mháire Uí Cheallaigh sna 1960idí agus tá toradh an taighde sin curtha i gcló san iris *Zeitschrift für celtische Philologie* (1975 & 1976). Tugadh aitheantas do Mháire Ní Bheirn agus do Chlann Johnnie Johndy Uí Bheirn fosta de thairbhe a mbua sa cheol in innéacs *Mise an Fear Ceoil: Séamus Ennis — Dialann Taistil* (uí Ógáin, 2007: 399-400).

Mar sin féin, dála an méid a bhí le rá ag an Duileargach in *GS* (faoi mar a phléifear go mion i gCaibidil a Trí agus a Ceathair), ba mhinic do Sheán Ó hEochaidh deighilt shoiléir a dhéanamh idir an bua a bhí ag na fir i mbun na seanscéalta fada a insint (agus na scéalta fiannaíochta go háirithe), agus an bua a bhí ag na mná sa tseanchas agus sa mhionseanchas go háirithe. Is cinnte gur mó cáil atá bainte amach ag scéalaíocht na bhfear i dTeileann ná mar atá bainte amach ag seanchas na mban. Ach cad é go díreach a bhí i gceist mionseanchas na mban i dTeileann? Siocair an deighilt a rinneadh ar bhua ealaíonta na mban sa traidisiún agus a laghad eolais atá againn ar an réimse seo den traidisiún i dTeileann, thuig mé go raibh sé ina chuid riachtanach den tráchtas seo an mionseanchas féin a thabhairt chun solais, agus anuas air sin, anailís chomh hionadaíoch agus chomh cuimsitheach agus ab fhéidir a dhéanamh ar a bhfuil i mbailiúchán Mháire Ní Bheirn agus Mháire Uí Cheallaigh. Fágann sé sin Caibidil a Trí ar an chaibidil is faide sa tráchtas, agus ba mhór ab fhiú é sin a cheadú. Anuas air sin, tugann dialann goirt Uí Eochaidh léargas beacht dúinn faoin mhodheolaíocht a chleacht sé agus mionseanchas á bhailiú aige ó Mháire Ní Bheirn agus ó Mháire Uí Cheallaigh (CBÉ 1108, 109 & 1289). Is trí anailís a dhéanamh ar an ábhar a bailíodh ón bheirt chara i dtaca leis an chuntas dialainne a choinnigh Ó hEochaidh a fhaightear pictiúr níos iomláine ar chuid de na mórcheisteanna a bhaineann le béaloideas na mban i gcaitheamh bhlianta an Choimisiúin, chomh maith le deiseanna seachadta na mban in iarthar na hÉireann trí chéile.

Má chuireann muid comhthéacs sóisialta patrarcach na linne san áireamh, ní haon ionadh gur mó béim a leagadh ar shaothar na bhfear sa tsaol pobhlí, sa scoláireacht agus i bhfoilseacháin ná mar a leagadh ar shaothar na mban a bhí mar chuid den líonra béaloidis áitiúil cheánna. Thiocfaí a mhaíomh gur mó cáil atá bainte amach ag Conall Ó Beirn agus ag Mícheál Ó hIghne ar bhonn náisiúnta agus idirnáisiúnta ná mar atá bainte amach ag Máire Ní Bheirn agus ag Máire Uí Cheallaigh go dtí seo. Thug GS le tuiscint go raibh gradam faoi leith ag baint leis na seanscéalta fada. Tá trí fhinscéal is fiche de chuid Conaill Uí Bheirn curtha i gcló in *Síscéalta ó Thír Chonaill* agus bíodh is gur ag cúl an leabhar a ainmnítear é, tugtar aitheantas dó sa réamhrá ag Máire Nic Néill (In: Ó hEochaidh et al., 1977: 21). Aithnítear Conall Ó Beirn in aice lena dheirfiúr Máire in *The Field Day Anthology of Irish Writing IV: Irish Women's Writing and Traditions* agus an finscéal sí ‘Bean ghlúin a chaill amharc na leathshúile’ athchlóite ann (Lysaght & Bourke, 2002: 1294-1296). Dála Mháire Ní Bheirn, tá seanchas de chuid Chonaill Uí Bheirn agus Mícheáil Uí Ighne curtha i gcló sa chnuasach ‘An Diabhal i Seanchas Thír Chonaill’ fosta (Ó hEochaidh & Ó Laoire, 1989: 1-108). Tá dornán beag scéalta de chuid Mhícheáil Uí Ighne foilsithe in *Ó Cadhain i dTír Chonaill* (Ó Baoighill, 2007: 70-94) agus é aitheanta ag Máirtín Ó Cadhain, ceann de mhórscribhneoirí a linne agus bailitheoir béaloidis neamhspléach, sna 1950idí. Chuir an Cadhanach suim faoi leith sna laoithe fiannaíochta a bhí ar a thoil ag Ó Ighne siocair go raibh ceol aige fána gcoinne — rud a bhí annamh faoi lár an fichiú haois (Ó Baoighill, 2007: 94-95). Nuair a thug Ó Cadhain faoi thuras na Gaeltachta, ba iad na ‘scéalta Fiannaíochta agus scéalta stairiúla ba mhó a bhí sé a lorg’ agus d’éirigh le Mícheál Ó hIghne na riachtanais seo a shásamh (Ó Baoighill, 2007: 94-95). Níorbh strainséar ar bith é Ó hIghne ar stáitsí Bhaile Átha Cliath ach oiread agus páirt glactha aige i gcomórtais scéalaíochta de chuid Oireachtas na Gaeilge sna blianta 1945 agus 1946.

Tagann gnéithe éagsúla chun cinn i dtaca leis an scéalaíocht agus próiseas na bailitheoireachta trí anailís chomparáideach a dhéanamh ar scéalta Mhícheáil Uí Ighne agus Chonaill Uí Bheirn — ó tharla glúin a bheith eatarthu agus taithí éagsúil saoil acu. Is maith Ó hIghne mar chomparáid siocair go raibh cónaí air ar an Atharach agus é giota beag ní b’fhaide ar shiúl ó theach na mBeirneach dá réir. Chomh maith leis sin, bhí cuid de na scéalta a bhí aigesean an-saoithiúil i gcodarsnacht le scéalaithe eile i

dTeileann — agus as sin, ardaítear ceisteanna i dtaca leis an tionchar a bhí ag an imirce ar a stór. Ar an taobh eile de, ba dhlúthchairde iad Máire Ní Bheirn agus Máire Uí Cheallaigh a bhíodh i gcuideachta a chéile i mbun a gcuid cniotála agus a gcuid seanchais go mion minic, agus is cinnte go raibh tionchar ag an chairdeas ar mhodheolaíocht Uí Eochaidh agus ar an ábhar a tháinig chun cinn dá bharr.

1.8 Corpas na seanchaithe

Mar sin de, mar is léir, ba é dialann goirt Uí Eochaidh a threoraigh mé i mbun taighde cartlainne a dhéanamh ar chorpas Chonaill Uí Bheirn, Mháire Ní Bheirn, Mháire Uí Cheallaigh agus Mhícheáil Uí Ighne. Is fiú a mheabhrú go gclúdaíonn dialann Uí Eochaidh an tréimhse idir 1935-1948 agus cé go n-ainmnítear an ceathrar seanchaí thuasluaite go mion minic sna cuntais, is díol suntais an tréan ábhar a bailíodh uathu ó 1935-1976. Go deimhin, bhí Ó hEochaidh fós i mbun taifeadtaí Mháire Ní Bheirn a thras-scríobh nuair a chuala sé gur éag sí go tobann i mí Feabhra 1976 (CBÉ 1844: 98). Chaith Máire Ní Bheirn nablianta fada ag roinnt a cuid eolais le Seán Ó hEochaidh ó 1937-1976 agus mar ómós do Mháire agus dá teach, is é an bhliain 1976 an dáta deiridh a roghnaigh mé fá choinne amlíne an tráchtais.

Agus mé ag dul fríd innéacs Chnuasach Bhéaloideas Éireann, is cinnte go raibh an t-eolas a bhí agam ar na leasainmneacha áitiúla agus ar na hainmneacha éagsúla a thugtaí agus a thugtar ar na bailte fearainn in chuidiú agam. Is fiú a lua gur tháinig sé chun cinn sa taighde ar an chorpas go raibh míréir i gcóras innéacsaithe na sloinnte in áiteanna, e.g., ábhar nach raibh innéacsaithe ar chor ar bith agus seoltaí baile éagsúla ag na seanchaithe céanna (i.e. mionlogainm vs mórlogainm nó cúpla logainm tugtha ar an áit chéanna). Mar shampla, tá Baile Mór, Teileann luaite den chuid is mó le Máire Uí Cheallaigh (Ní Eochaidh) ach sa bhliain 1949, luaitear sa lámhscríbhinn gur saolaíodh i Leirg an Dachtáin í (CBÉ 1170: 240 & 269). Is beag úsáid a bhaintear as Leirg an Dachtáin mar logainm anois ar an áit a rugadh Máire Uí Cheallaigh agus tá Leirg an Dachtáin anois mar chuid de Bhaile Mór, Teileann. I gcás na mBeirneach, is minic Iomaire Mhuireanáin luaite mar bhaile fearainn s'acu ach tímíd Baile an tSrutháin luaite anseo is ansiúd fosta. Ba é an rud ba shuntasáí a tháinig chun cinn ná na leathanaigh nach raibh innéacsaithe faoi ainmneacha an cheathrair. Sílim go bhfuil

innéacs chomh hiomlán agus is féidir cnuasaithe agam ar chorpas an cheathrair, ach mar sin féin, níl mé ag maíomh go bhfuil corpas iomlán na seanchaithe seo innéacsaithe go hiomlán agam ná baol air, siocair go bhfuil mé den tuairim i gcónaí go dtiocfadh le tuilleadh ábhair teacht chun solais i dtólamh i measc mhórbhailiúchán náisiúnta Chnuasach Bhéaloideas Éireann. Is corpas an-tiubh atá i gceist lena gcuid lámhscríbhinní, agus i dtaca leis sin, tá taifeadtaí (diomaite de thaifeadtaí ar Mháire Uí Cheallaigh, is cosúil) agus grianghraif dóibh sa chartlann fosta.

Dearbhaíonn an corpas an dlúthchaidreamh a bhí ag Seán Ó hEochaidh leis an cheathrar seanchaí seo. Fríd an chorpas ar fad a mheas agus a innéacsú mar sin, aithnítear líon na seanscéalta, na bhfinscéalta sí agus na míreanna éagsúla ón cheistneoir (mar shampla, luibheanna, an leigheas dúchais agus corp an duine). Ní fhéadfaí mionanailís a dhéanamh ar chorpas iomlán na seanchaithe taobh istigh de chéim dhochtúireachta ceithre bliana. Mar sin féin, ní hionann anailís a dhéanamh ar rogha ábhar na seanchaithe dall ar an chorpas ar fad, agus anailís a dhéanamh ar ábhar atá bunaithe ar chorpas iomlán na seanchaithe. Is cuid lárnach den tuiscint atá agam ar an ábhar a phléifear le linn an tráchtais an réamhobair a rinne mé ar chorpas an cheathrair. Chomh maith leis sin, cé gur fágadh formhór d'ábhar an chorpais amach agus an rogha seo á déanamh agam, fágann an t-innéacs a chuir mé in eagar (de réir cineál ábhair, teidil agus blianta) go mbeidh sé furasta agam féin agus ag taighdeoirí eile tabhairt faoi thuilleadh taighde ar na seanchaithe amach anseo. Tá an t-innéacs céanna atá le feiceáil in Imleabhar II curtha ar aghaidh agam chuig Cnuasach Bhéaloideas Éireann agus beidh sé sin ina chuidiú ag daoine a bheas i mbun taighde cartlainne ar an cheantar amach anseo.

Mar a luaigh mé, is iontach an líon leathanach a chruthaigh an ceathrar lena gcuid aithrise. Bíodh is go ndearna Séamus Ó Duilearga cur síos rómánsach ar sheanchaithe an Choimisiúin in *GS*, mar sin féin, ní dóigh liom gur áibhéil atá i gceist sa mhéid a deir sé faoi chuimhne na seanchaithe eiseamláireacha a ghlac páirt i dtionscadal an Choimisiúin. Sa tsliocht seo thíos ó *GS*, cuireann Ó Duilearga na seanchaithe i gcosúlacht le leabharlann agus é ag trácht ar thorthaí an bhailiúcháin:

The repertoire of many story-tellers whom I have known reminds one of the omnibus collections of Irish vellum tradition. These old tradition-bearers, like the old manuscripts are libraries in themselves. Questioning them, we can turn over page after page in their capacious memories, and listen to what we would have told, whether it be a heroic tale, a place-name legend such as we have in the *Dindshenchas*, a religious tale which might have come from a saint's life a *fabliau*, a *cante-fable*, a collection of aphorisms, genealogies of local families and so on. (Ó Duilearga, 1945: 8)

Is cinnte go bhfuil dearcadh rómánsach á nochtadh ag an Duileargach agus tagairt aige do chaomhnóirí an traidisiúin agus iad mar sean-lámhscríbhinní iontu féin. Títear seasmhacht an Duileargaigh i leith stór mór téacsanna a chruthú sa chartlann fosta. Mar sin féin, agus an t-ábhar ó bhéal tras-scríofa agus innéacsaithe go córasach, is cinnte go bhfuil saothar an cheathrair mar a bheadh leabharlann agus catalóg leabharlainne ann. Mar sin de, cén dóigh a roghnóinn ábhar as an chorpas a bheadh ionadaíoch don cheathrar agus a bheadh fóirsteanach do spás teoranta an tráchtais?

1.8.1 Corpas Chonail Uí Bheirn agus Mhícheáil Uí Ighne

Mar a luaigh mé roimhe, bhí gradam faoi leith ag baint le hinsint na seanscéalta fada i dTeileann agus cáil faoi leith bainte amach ag cuid d'fhir áitiúla an cheantair dá bharr. Mar sin de, bhí sé thar a bheith soiléir go luath sa taighde seo go mbeadh scéalaíocht na bhfear ina caibidil aisti féin agus go mbeadh gá le mionchíoradh a dhéanamh ar dhornán scéalta de chuid Chonail Uí Bheirn agus Mhícheáil Uí Ighne idir plota na scéalta agus comhthéacs sóisialta an láithrithe. Bailíodh meascán maith de sheanscéalta fada ó Chonall Ó Beirn agus ó Mhícheál Ó hIghne idir scéalta gaisce agus scéalta iontais idirnáisiúnta. Díritear ar aon seanscéal amháin an duine i gCaibidil a Trí agus pléifear an chúis nár roghnaíodh ach aon scéal an duine ansin. Is léiriú an-mhaith atá i gcorpas na bhfear ar an taithí saoil a bhí acu. Mar shampla, ní haon ionadh go raibh tréan seanchais ag an Bheirneach, a bhí ina iascaire, ar an iascaireacht agus ar shaol na farraige. I gcás Mhícheáil Uí Ighne, bailíodh cuid mhaith den tseanchas chráifeach uaidh agus roinnt seanscéalta saoiúla nach raibh róchoitianta i dTeileann lena linn; mar shampla, an dá leagan a cuireadh síos uaidh den scéal 'An Crochaire Tarnocht' (ATU 300), 'An Áirc', agus seanscéal an-eisceachtúil sa cheantar, 'Madadh na Seacht gCos'. Caithfear aitheantas a thabhairt don taithí a bhí aige ag scéalaíocht sna Stáit Aontaithe sa chás sin de. Mar sin, bíodh is gur scéal an duine a roghnaíodh i

gCaibidil a Trí, ní mór na seanscéalta a liostú thíos chun go dtuigfear an chúis go raibh orm rogha a dhéanamh do chaibidil na scéalaíochta.

Conall Ó Beirn — seanscéalta fada

- ‘An Blocán’ (ATU 510 *Cinderella*), 1935
- ‘Scéal an Bhlocáin’ (ATU 510 *Cinderella*), 1946
- ‘Naomh Peadar agus a bhuachaill’ (ATU 785-cf & ATU 330), 1949
- ‘An Gaduidhe Dubh’ (ATU 953), 1949
- ‘Síle Bheag agus Seán Mór’ (ATU 1336, ATU 1541 & ATU 1653), 1949
- ‘An Ridire Francach’ (ATU 507A), 1954
- ‘Gréagach, Mac Rí na dTulach’ (scéal fiannaíochta), 1954
- ‘An tSeanbhean nár cuireadh a sáith saibhris léithe’, 1954
- ‘Gréagach, Lonndubh Mac Rí na dTulach’ (scéal fiannaíochta), c.1955
- ‘Nighean Rí ar Oileán Dorcha an Domhain Thoir’, c.1955
- ‘Ridire Beag na Fraince’ (ATU 507A), c.1955
- ‘An tseanchailleach nár cuireadh a sáith saibhris chun uaighe léithe’, c.1955
- ‘Mac Rí Éireann agus an Cailín Rua’, 1971

Mícheál Ó hIghne — seanscéalta fada

- ‘Sgéal Mhadadh na Seacht gCos’, 1935
- ‘Donncha Ó Curraoin’, 1935
- ‘An Crochaire Tárnocht’ (ATU 300), 1935
- ‘Mac Murchaidh’, 1935
- ‘An Áirc’, 1946
- ‘An Goban Saor’ (ATU 875), 1946
- ‘John agus Naomh Peadar’, 1946
- ‘Colm Cille agus an Déirce’, 1946
- ‘Donnachadh Mór’ (ATU 756A), 1946
- ‘Jack an Cearrbhach’, (ATU 756B), 1946
- ‘An Crochaire Tárnocht’, (ATU 302), 1946
- ‘Séamus Mac an Iasgaire’, (ATU 325), 1946
- ‘Síodhgaidhe Glas an Talaimh Íochtair’ (ATU 301), 1946
- ‘Scéal Mac Murachaidh’, 1946
- ‘An Gaduidhe Glic’, (ATU 1525), 1946

- ‘Mac an Fhíghdeodóra agus Níon an Rí’, (ATU 461), 1946
- ‘Séamus Mór agus na Cait’, 1946
- ‘Peata na Luadhcha’, 1946
- ‘An fear a dhíol a nighean leis an diabhal’, 1946
- ‘Nighean Rí Ghlass Hill’, 1946
- ‘Donnachadh Ó Curraoin agus an Diabhal’, 1956
- ‘Donnachadh Ó Curraoin as na Rosa’, 1955

Tráchtas dochtúireachta eile ar fad a bheadh i gceist le hanailís chuí chuimsitheach a dhéanamh ar chúig sheanscéal is tríocha. Títear go raibh a stór féin ag an bheirt sheanchaithe. I gcás an Bheirigh go háirithe, títear go ndearnadh cuid de na scéalta a thaifeadh faoi dhó: ‘Scéal an Bhlocáin’, ‘Ridire Beag na Fraince’ agus ‘Gréagach, Lonndubh Mac Rí na dTulach’. Rinneadh scéal de chuid Mhícheáil Uí Ighne a thaifeadh faoi dhó fosta: ‘An Crochaire Tarnocht’. Níl sna seanscéalta fada ach réimse amháin den chineál eolais a dhéanadh an bheirt sheanchaí a sheachadadh. Is cinnte go dtiocfaí tuilleadh anailíse a dhéanamh ar na cineálacha eile ábhar amach anseo. Is é ceann de na mórcheistanna ar gá aghaidh a thabhairt uirthi i gCaibidil a Trí go háirithe ná an clú a bhain ardchaighdeán na sárscéalaithe i dTeileann amach agus tá corpas breá ag Conall Ó Beirn agus Mícheál Ó hIghne le tabhairt faoi na ceistanna sin a oscailt amach.

1.8.2 Corpas Mháire Ní Bheirn agus Mháire Uí Cheallaigh

Is i gCaibidil a Ceathair a fiosrófar cad é go díreach a bhí i gceist le mionseanchas na mban i dTeileann. Bíodh is gur furasta teacht ar réiteach air seo, i.e., an seanchas a bailíodh a thabhairt chun solais agus a scagadh, is beag anailís den chineál seo atá déanta cheana féin ar bhailiúchán Theilinn. Fágann sin go raibh fúm modheolaíocht chuí a aimsiú maidir leis na cineálacha ábhar a roghnú. Chuaigh cúpla rud i gcion ar an rogha a rinne mé don cheathrú caibidil: 1) dialanna Sheáin Uí Eochaidh; 2) an scoláireacht ar bhéaloideas na mban, ar an dúlra agus ar na luibheanna; 3) cúrsa oíche a rinne mé ar an luibheolaíocht idir mí Mheán Fómhair agus mí na Nollag 2018. Thug mé faoin chúrsa oíche a dhéanamh ar an luibheolaíocht, dar teideal ‘Introduction to Irish Herbal medicine, Food fermentation and Nutrition’ a bhí á theagasc ag an Dr.

Margaret O'Brien in OÉ Gaillimh siocair gur thuig mé go raibh mé féin measartha dall i dtaca le lusanna agus plandaí a aithint agus go raibh dualgas orm oiliúint a chur orm féin chun go mbeinn ábalta tuiscint dhomhain a bheith agam ar an eolaíocht dúchais.

Siocair gurb é aidhm Chaibidil a Ceathair scagadh a dhéanamh ar an bhrí a bhain leis an mhionseanchas i dTeileann agus le seachadadh an eolais i measc na mban, mheas mé gurb fhearr cúpla réimse a chur san áireamh seachas a bheith ag díriú ar aon ghné amháin den traidisiún, e.g. luibheanna, ainmhithe, Lá Bealtaine, etc. Seo a leanas cuid de na cineálacha réimsí den traidisiún béil a thagann chun cinn i gcorpas Mháire Ní Bheirn agus Mháire Uí Cheallaigh:

Máire Ní Bheirn

- Finscéalta sí
- Luibheanna
- Leigheasanna
- Amhráin
- Seanchas na farraige
- Éadaí
- Snáth
- Féilte
- Cluichí
- Seanchas faoi shagairt
- Éin agus Ainmhithe
- Corp an duine
- Salann
- Tinte, Toit agus Súiche
- Bia
- Comharthaí
- Seanchas cráifeach agus cúrsaí creidimh
- Clocha agus toibreacha
- Seanchas faoin diabhal⁴

⁴Féach: Ó hEochaidh, S. & Ó Laoire, L. 1989. 'An Diabhal i Seanchas Thír Chonaill'. *Béaloideas* (57), 1-108

Máire Uí Cheallaigh

- Luibheanna
- Leigheasanna
- Amhráin
- Toibreacha
- Comharthaí
- Saolú páiste agus taithí na mban
- Ginealaigh
- Cúrsaí Creidimh/ Seanchas cráifeach
- Feithidí
- Seanchas faoi shagairt
- Éin agus Ainmhithe
- Corp an duine
- Seanchas na farraige
- Tinte
- Lá Bealtaine
- Uisce, toibreacha agus clocha
- Éadaí
- Snaidhmeanna
- Snáth
- Bia agus deoch
- Eolas faoi na Molly Maguires

Mar a fheicfear i gCaibidil a Ceathair, roghnaigh mé roinnt samplaí ionadaíocha a bhaineann le hainmhithe, le luibheanna, le leigheasanna agus le taithí saoil na mban.

Mar sin de, is maith mar afhreagraíonn seanscéalta fada na bhfear agus seanchas na mban do na príomhcheisteanna atá ag teacht chun cinn ó thaobh láithriú an traidisiúin bhéil in Éirinn san fhichiú haois. Trí anailís a dhéanamh ar na gnéithe sin den traidisiún i dtaca le teach an airneáil agus na cuairteoirí scolártha a bhíodh ag teacht isteach ón taobh amuigh, is féidir tuiscint níos fearr a fháil ar na ceisteanna a thagann chun cinn in *GS*. Ó thaobh amlíne an tráchtais de, cé gur bhailigh Ó hEochaidh ón líonra seanchaithe seo suas go dtí 1976, tharla sé gur chloígh mé leis an ábhar a bailíodh idir 1935-1949 den chuid is mó. Mar sin féin, fágadh go raibh corpas an-tiubh agam le bheith ag tarraingt air i rith mo chuid taighde.

1.9 Modheolaíocht agus Ceisteanna Taighde

Mar sin de, ba é an chuid ba thábhachtaí agus ba shuntasáí de mhodheolaíocht an tráchtais seo ná an roghnú a rinneadh ar an ábhar. Maidir leis an dóigh le hanailís a dhéanamh ar an ábhar a roghnaigh mé, bhí luí faoi leith agam leis na modheolaíochtaí comhthéacsúla, mar a luaigh mé anseo cheana. Aithním mar sin féin go mbaineann díospóireachtaí leis an mhodheolaíocht chomhthéacsúil ó thaobh anailís chuí agus chothrom a dhéanamh ar théacs ó bhéal. Mar shampla, ina lámhleabhar ar léann an bhéaloidis *Folklore and Folklife: An Introduction*, míníonn Richard M. Dorson na frámaí teoiriciúla éagsúla a bhí ag teacht chun cinn sa scoláireacht idirnáisiúnta faoi na 1970idí. Maíonn Dorson sa tsaothar seo, cé go ndéanann an eitneolaíocht grinnstaidéar ar chomhthéacs sóisialta an ábhair ina iomláine idir beathaisnéisí na bhfaisnéiseoirí, doimhneacht na staire, ócáidí na scéalaíochta, dul i bhfeidhm ar an lucht éisteachta agus pearsantachtaí na bhfaisnéiseoirí, meabhraíonn sé: ‘Such a wealth of data is obtained that the tales themselves are crowded into the background, and may only be printed in illustrative samples’ (Dorson: 1972: 24). Mar sin, thuig mé go raibh orm a bheith cúramach gan an t-ábhar a bháithheadh le barraíocht sonraí comhthéacsúla agus múnla cuí a aimsiú.

Eiseamláir a bhí in Linda Dégh don mhodheolaíocht chomhthéacsúil. Leagann taighde Dégh béim ar láithriú agus ar sheachadadh an ábhair agus is maith mar a bheachtaigh sí ‘bitheolaíocht na scéalaíochta’ mar choincheap le cur síos a dhéanamh ar an mhodh anailíse a bhí aicise do na scéalta a bhailigh sí i mbaile beag san Ungáir ina saothar iomráiteach, *Narratives in Society: A Performance-Centered Study of Narration* (1995: 47). Sa tslí sin, tugtar tús áite do na seanchaithe a chuir a gcuid scéalta agus seanchais ar taifead seachas don *téacs* amháin. Is beacht agus is gonta mar a choimríonn Georges D. Zimmerman cuid de na díospóireachtaí a bhí chun tosaigh sa léann ó thaobh anailís a dhéanamh ar ábhar ó bhéal sa 19ú agus sa 20ú haois:

Some literary critics have been accused of dwelling too much on the biography of authors; folklorists, on the contrary, tended in the past to dwell on the narratives, and paid little attention to the actors in the oral arts, both as persons and as members of a community: how they assimilated the material they were using, how they behaved when narrating, and with what constraint and freedom they adapted tales to their own tastes and preoccupations as well as to their audience. There had been exceptions, though: while many folklorists considered their

sources as mere transmitters, some tellers in the nineteenth century had been granted a personality, and in the twentieth there was a growing awareness of the role of individual creativity. (Zimmerman, 2007: 381)

Mar sin de, ní mór a bheith tomhaiste agus cothromaíocht a aimsiú idir an téacs agus an comhthéacs. Ciallaíonn leagan amach na gcaibidlí sa tráchtas seo go dtugtar spás faoi leith do thraidisiún na bhfear agus do thraidisiún na mban, chomh maith le spás don áirneál agus spás do na scoláirí léannta agus sa dóigh sin, tá súil agam, go ligfear don ábhar féin agus don chomhthéacs as ar eascair an t-ábhar teacht fríd agus seasamh astu féin.

Sna caibidlí a leanas, tífead go bhfuil peirspictíochtaí éagsúla in úsáid le hanailís chomh hoscailte agus is féidir a dhéanamh ar an ábhar. Mar shampla, suitear an t-ábhar a phléitear i gCaibidil a Dó sa chomhthéacs náisiúnta ina mbíodh bailitheoirí béaloidis agus canúineolaithe ag tarraingt ar na ceantair Ghaeltachta i rith an fichiú haois. I gCaibidil a Trí, cé go ndéantar na seanscéalta fada iad a shocrú de réir innéacs *The Types of the Irish Folktale* chomh maith le rangú innéacsaithe *Aarne-Thompson-Uther* chun go mbeidh múnla córasach ann, tarraingítear ar an iolamad peirspictíochtaí éagsúla chun na lámhscríbhinní a mheas go tomhaiste. I gCaibidil a Ceathair, tarraingítear ar na ceanteidil de chuid *A Handbook of Irish Folklore* de réir mar is cuí, lerangú córasach a dhéanamh ar an ábhar a bailíodh ó na mná. Baintear leas as peirspictíochtaí de chuid na héiceolaíochta le scagadh a dhéanamh ar an eolas a bhaineann le hainmhithe agus le luibheanna, agus tarraingítear ar pheirspictíochtaí feimineacha a dhíríonn ar bhéaloideas na mban (e.g. Angela Bourke, Clodagh Brennan Harvey agus Joan Radner). Faoi dheireadh, díritear ar an spás agus ar an teach féin i gCaibidil a Cúig agus tarraingítear ar smaointeoireacht Gaston Bachelard agus Henrie Glassie ansin. Mar sin de, is iomaí sin foinse agus peirspictíocht a tharraingítear isteach sa tráchtas seo siocair ábhar an bhailiúcháin féin a bheith an-leathan. Is é sin an cur chuige is iomláine, measaim, le léiriú ionadaíoch a thabhairt ar chleachtas an traidisiúin béil i dTeileann le linn an fichiú haois.

1.10 Ceangal

Agus cúlra scolártha léann an bhéaloidis pléite againn, chomh maith leis an smaointeoireacht rómánsach as ar eascair Coimisiún Béaloideasa Éireann, is fearr a thuigtear an dóigh a ndeachaidh an smaointeoireacht seo i gcinn ar bhailiúchán Sheáin Uí Eochaidh i dTeileann agus agus ar na scoláirí eile a bhíodh ag tarraingt ar an cheantar, mar a phléifear sna caibidlí amach romhainn. Mar a chonaic muid, bhailigh Ó hEochaidh tréan ábhair ó Chonall Ó Beirn, Máire Ní Bheirn, Máire Uí Cheallaigh agus Mícheál Ó hIghne agus níl sa tráchtas seo ach sciar beag den ábhar sin ar fad. Is cur chuige an-oscailte atá sa chur chuige corpasbhunaithe siocair go gciallaíonn ségur féidir an t-ábhar ar fad a mheas ar dtús, sula ndéantar é a ghearradh siar ansin. Siocair réimsí éagsúla den traidisiún a bheith faoi chaibidil sa tráchtas seo agam, baineann tábhacht nach beag leis an mhodheolaíocht ach an cur chuige a bheith oscailte ag an am chéanna.

Mar sin de, is léir gur gá mionchíoradh a dhéanamh ar thionchar na gcuariteoirí léannta, ar na seanscéalta fada, ar an tseanchas, agus ar theach an áirneáil chun anailís chuimsitheach chruinn a dhéanamh ar mhodheolaíochtaí Uí Eochaidh agus é ag bailiú óna dhaoine muinteartha ina cheantar dúchais féin. Sa dóigh sin, méadófar ar ár dtuiscint ar an phróiseas bailitheoireachta, ar an ábhar a bailíodh, agus ar an dóigh a ndéantaí an t-ábhar a láithriú. Is fearr a fhóireann an mhionanailís chomhthéacsúil siocair go ndéantar stáidéar ar an tsochaí inar mhair na seanchaithe agus ar na noirm shóisialta a bhí i réim nuair a bhí Ó hEochaidh ag saothrú mar bhailitheoir béaloidis de chuid an Choimisiúin ina cheantar dúchais féin. Tosaímis ar ár n-aistear mar sin, ar phríomhchaibidlí an tráchtais faoi mar atá luaite go hachomair roimh ré anseo agam.

Caibidil a Dó

Seanchaithe Theilinn agus an tArdán (Idir)náisiúnta

2.1 Réamhrá

Bhí Jeremiah Curtin (1835-1906) agus a bhean chéile Alma Cardell Curtin (1847-1938) ina measc siúd ba luaithe a chuir suim i dtraidisiún scéalaíochta na hÉireann ar bhonn léinn agus eolaíochta. Is foinse thar a bheith luachmhar a gcuid dialann agus na cuntais a thug siad uathu ar a bhfaca siad nuair a bhí siad anseo. Ar cheann de na cuntais ar díol suntais é atá acu, tá sé seo:

I spent a week in Galway working each day, from morning till evening, with old men at the Claddagh. The trails of myth collecting were intensified by the misery of the people and the terrible condition in which they lived. Each house was, from necessity, a pigpen. If a pig was kept at all, it had to live with the family. In the house where I got the best myths, two pigs lived under the bed which was a high box affair, with something on top which answered for bedding. (Curtin agus Curtin, 1940: 405)

Idir mí Iúil agus mí Lúnasa 1887, díreach i ndiaidh dóibh seal a chaitheamh i dTeileann, a scríobhadh an cuntas seo thuas agus é foilsithe corradh le leathchéad bhliain ina dhiaidh sin. Dar leo, gur ag na bochtáin is fearr a fuair siad an seanchas sna tithe ba mheasa. Baineann an dearcadh sin le Teileann, chomh maith leis na háiteacha eile a raibh na Curtins iontu. Beagnach seasca bliain ina dhiaidh sin, nuair a tháinig an *Picture Post* go Teileann, i mí na Nollag 1946, ceanglaíodh an áit, na daoine agus a gcuid seanchais don bhochtaineacht arís. Níor foilsíodh an chéad chuntas go ceann i bhfad i ndiaidh a scríofa ach cuireadh an dara ceann i gcló in iris idirnáisiúnta a raibh dáileadh mór aici. Tráth an ama sin chomh maith a tháinig *An Béal Bocht* (1941) amach le Myles na gCopaleen, leabhar a rinne aoir ar thionscadal an bhéaloidis agus ar an ghlóiriú a bhíodh á dhéanamh ar na bochtáin uaisle a raibh an Ghaeilge mar ghnáth-theanga acu agus an scéalaíocht mar chuid dá gcaitheamh aimsire. Is deacair gan macalla de chur síos na gCurtins ar na muca sa Chladach a fheiceáil ag Myles go deimhin. Léirítear in *An Béal Bocht* cuid den teannas shocheacnamaíoch idir muintir na Gaeltachta agus na ‘daoine uaisle’ a thugann cuairt ar an cheantar ar mhaithe lena gcuid spriocanna taighde éagsúla (1999 [1941]: 40). Ardaíonn na trí léiriú seo ar an Ghaeilge, ar an scéalaíocht agus ar an bhochtaineacht a bhí ag súil leo i síle na

gcuairteoirí ceisteanna tábhachtacha i dtaobh thionscadal an bhéaloidis. Mar a luaigh mé i sliocht le Diarmuid Ó Giolláin sa chaibidil roimhe seo, ba ghné chultúrtha an béaloideas a bhí nasctha leis an Ghaeilge agus bhí an dá chuid nasctha leis an bhochtaineacht. Is beag nach gcaithfeadh duine a bheith bocht agus Gaelach ionas go mbeadh aon mhaith ina chuid seanchais. Ba é sin an dearcadh a d'aoir Ó Nualláin go géar ina leabhar, dearcadh a bhí fosta fite fuaite in intinn na scoláirí leis an ardchultúr uasal mheánaoiseach a thit anuas agus nach raibh feasta le fáil ach ag an dream ba lú seasamh, maoin agus cumhachta sa tsochaí. D'ainneoin nach le ceist na haicme atá an chaibidil seo ag plé ná an tráchtas go deimhin, is maith an mhaise dúinn an trionóid seo a choinneáil i gcuimhne agus sinn ag spíonadh thionchar na gcuairteoirí léannta ar an Ghaeltacht agus ar an bhéaloidias.

Mar atá ráite ag Ó Giolláin:

Ag deireadh, murach obair na mbailitheoirí agus na n-institiúidí, bheadh cuid mhaith de na scéalta agus na hamhráin imithe go deo agus bheadh cuid mhaith den seantroscán agus den seanfhearas caite amach i bhfad ó shin. Ní bhaineann aon fhadhb mhorálta leis an sábháil, rud inmholta gan amhras, ach leis an seilbh a ghabhann léi. (Ó Giolláin, 2005: 104)

Ba é an rud a bhí tábhachtach ná gur bailíodh an t-ábhar agus mura mbaileofaí é, ní bheadh scéal inniu air. Sa chaibidil seo, rianófar na léargais éagsúla a tugadh ar cheantar Theilinn agus ar a thraidisiún scéalaíochta sna cuntais éagsúla. Is mar réamhrá do phríomhchúram na caibidile a dhéanfar é sin – scrúdú agus anailís ar ghníomhaíocht Sheáin Uí Eochaidh mar bhailitheoir gairmiúil lánaimseartha agus na cuairteoirí éagsúla a tháinig chuige i gcaitheamh a thréimhse ag obair don Choimisiún. Cruthóidh sé sin comhthéacs dúinn inár féidir an chuid eile den scrúdú sa tráchtas seo a fheiceáil ann. Is maith an mhaise dúinn é sin a dhéanamh de bharr go bhfuil oiread mionanailíse le déanamh ar an bhailiúchán féin agus go ndéanfaí dearmad uaireanta gur ag feidhmiú i gcomhthéacs níos leithne, nach miste an focal idirnáisiúnta a lua leis, a bhí an tionscnamh i gcónaí.

Mar a mhínigh mé i gCaibidil a hAon, is trí phlé a dhéanamh ar na tréimhsí a chaith cuid de na scoláirí ón taobh amuigh sa cheantar, a leagfar amach na fréamhacha a

bhaineann le bailiú an bhéaloidis i dTeileann. Is gá cur agus cúiteamh a dhéanamh ar thionchar na gcuartheoirí léannta ar an traidisiún béil sa cheantar sula dtabharfar faoin anailís ar scéalaíocht na bhfear, ar mhionseanchas na mban agus ar chleachtas an áirneáil sna caibidil atá amach romhainn. Is gá a chur san áireamh fosta na dioscúrsaí scolártha a bhí ag dul i gcion ar Sheán Ó hEochaidh agus ar a líonra seanchaithe i dTeileann i gcaitheamh an fichiú haois. Bhain Teileann cáil idirnáisiúnta amach i dtaca leis an traidisiún béil ar mhórán cúiseanna éagsúla: líonmhaireacht na sársheanchaithe, tionchar na gcuartheoirí léannta agus na mbailitheoirí béaloidis éagsúla, saothar Sheáin Uí Eochaidh mar bhailitheoir béaloidis de shliocht an cheantair, agus an tsuim a cuireadh sa cheantar i léann an bhéaloidis in Éirinn trí chéile. Mar sin féin, ní fhéadfaí nár fhág líon na scoláirí lorg de chineál éigin ar sheachadadh an bhéaloidis sa cheantar.

Pléifear i dtús báire, tionchar na scoláirí ón taobh amuigh a bhíodh ag tarraingt ar na ceantair Ghaeltachta le linn an fichiú haois. Tarraingeofar ar shamplaí ó cheantair eile, ó Árann agus ón Bhlascaod le tráchttaireacht Uí Eochaidh ina dhialann a shuíomh i gcomhthéacs scolártha a linne. Ansin pléifear na cuairteoirí a bhí ag tarraingt ar Theileann ó aimsir Jeremiah agus Alma Curtin i leith. Tarraingeofar cuid mhaith ar an fhianaise a nochtann Ó hEochaidh ina dhialann goirt ar na scoláirí léannta agus ar na meáin éagsúla a bhíodh ag tarraingt ar Theileann sna 1930idí agus sna 1940idí (CBÉ 421, CBÉ 1108, CBÉ 1109 & CBÉ 1289). Níorbh ionann i gcónaí an cur chuige a bhíodh ag bailitheoirí béaloidis a tháinig go Teileann ón taobh amuigh agus a bhíodh ag leithéidí Sheáin Uí Eochaidh a raibh dáimh aige leis an cheantar. Bailitheoir béaloidis áitiúil a bhí in Ó hEochaidh a d'fhág 'lorg a phinn' ar a dhóigh féin (Ó Tiarnaigh, 2018: 443), agus a chonaic go leor bailitheoirí béaloidis agus scoláirí léannta ag tarraingt ar Theileann lena linn. Siocair gur scríbhneoir maith rialta a bhí in Ó hEochaidh agus é mar dhualgas air dialann oibre a choinneáil, is iontach an pictiúr a tharraingítear i dtaca le tionchar na gcuartheoirí ar sheanchaithe an cheantair. Chomh maith leis sin, ba mhínic a bhí ar Sheán Ó hEochaidh a bheith ina idirghabhálaí idir na cuairteoirí léannta, na meáin agus bunadh na háite.

Mar sin de, agus bailitheoirí béaloidis agus scoláirí idirnáisiúnta ag tarraingt ar cheantar Theilinn i gcaitheamh ré órga an Choimisiúin, cén tseilbh a bhí acusan ar an

ábhar a roinneadh siad ag ócáidí seachadta den chineál seo agus cén tionchar a bhí ag na scoláirí éagsúla orthu? Cén dóigh ar chuir an líonra áitiúil seanchaithe i dTeileann le clú Sheáin Uí Eochaidh mar bhailitheoir béaloidis a thuill aitheantas i gcóngar agus i gcéin? Cén tionchar a bhí ag cuairteoirí dá leithéid ar thionscnamh bailitheoireachta Uí Eochaidh mar sin? Cén dóigh ar roghnaíodh na seanchaithe do na hócáidí taifeadta siúd? Go deimhin, cén dóigh ar éirigh le seanchaithe faoi leith cáil a bhaint amach de thairbhe na gcuariteoirí seo thar sheanchaithe eile?

2.2 Cuairteoirí chun na Gaeltachta: ón Bhlascaod go Teileann

Caithfear súil i dtús báire, ar an tionchar a bhí ag cuairteoirí scolártha ar cheantair Ghaeltachta eile linn an fichiú haois, sula ndíreofar ar cheantar dúchais Uí Eochaidh don chuid eile den chaibidil seo. Mar shampla, is iomaí sin ceist a d'ardaigh an file aitheanta, Máirtín Ó Direáin (1910-1988) faoi na scríbhneoirí a bhíodh ag tarraingt ar Árann lena linn. Ina alt dar teideal 'Ag Codladh sa Teampall' a scríobh sé do *Scéala Éireann* sa bhliain 1960, bhí an méid seo a leanas le rá aige faoi chuid de na scríbhneoirí siúd:

Caithfidh sé go bhfuil leath an tsaoil ag scríobh leabhair ar Árann. Ach is corrcheann a fheicim foilsithe.

Níorbh fholáir dóibh deifir a dhéanamh. Ach an oiread le háit ar bith eile ní hé Árann na huair seo an tÁrann a bhí anallód ann. Tá súil agam go bhfeicfidh mé ceann nó dhó acu foilsithe sula dtéad i dtalamh.

Bhí Francach óg ag scríobh tráchtas ar Synge. Tháinig sé chugam-sa go n-inseoinn dó cé chomh dílis is a bhí Synge do Ghaeilge na ndaoine ina chuid drámaí. D'inis mé sin dó. D'fhiafraigh Meiriceánach óg díom tuige nach scríobhaim ní ar bith i mBéarla. D'inis mé dósan freisin.

'I guess you haven't got the "feel" of it,' adeir sé ansin. Críonna go leor, a mh'anam!

(Ó Direáin; in Aiken, 2018: 222) (*Scéala Éireann*, 10 Deireadh Fómhair 1960: 10).

Thuill Árann cáil naisiúnta agus idirnáisiúnta mar thoradh ar dhrámaí John Millington Synge (1871-1909) agus an léiriú a rinne Robert J Flaherty (1884-1951) ar an scannán, *Man of Aran*, sa bhliain 1934, an scannánóir céanna a stiúraigh *Oidhche Sheanchais* i

1935. Ina alt, cuireann an Direánach síos ar scríbhneoirí éagsúla (nach n-ainmníonn sé) a bhíodh ag teacht chun an oileáin ón Ollainn, ó Shasana, ón Fhrainc agus ó Mheiriceá ina stíl phróis mhachnamhach féin (Aiken 2018: 220-222). Ba scríbhneoir áitiúil é an Direánach a bhí ag tógáil ceisteanna faoi scríbhneoirí eile a bhíodh ag teacht isteach ón taobh amuigh. Bíodh is gur ag trácht ar chúrsaí scríbhneoireachta atá an Direánach san alt, tagann cuid de na ceisteanna céanna chun cinn i mbailiúchán an bhéaloidis fosta. Cérbh iad na cuairteoirí léannta a bhíodh ag tarraingt ar cheantair Ghaeltachta ar nós Árann le linn an fichiú haois? Agus cén tionchar a bhí ag na cuairteoirí siúd ar mhuintir na háite? Arís, ba cheisteanna iad seo a tharraing aird Mhyles na gCopaleen in *An Béal Bocht*:

Bhí daoine uaisle le feiceáil anois go minic ar na bóithre, cuid acu óg is cuid acu aosta, ag cur Gaeilge ciotaí dothuigthe ar na Gaeil bhochta agus ag cur moille orthu agus iad ag dul faoin ngort. Bhí an Béarla gallda go líofa ó dhúchas ag na daoine uaisle ach ní chleachtaídis an teanga uasal sin i láthair na nGael, ar eagla, dar liom, go bpiocfadh na Gaeil corrfhocal di suas mar dhíon ar dheacrachtaí an tsaoil. (*BB* 1999 [1941]: 40)

Bhí suntas tugtha ag Brian Ó Nualláin [Myles na gCopaleen] d'fheimíneán na gcuairteoirí léannta a bhíodh ag tarraingt ar na ceantair Ghaeltachta. Thiocfaí a mhaíomh fiú, go bhfuil cosúlachtaí áirithe idir Seán Ó hEochaidh agus an Direánach mar fhir Ghaeltachta sa dóigh a ndearna an bheirt acu dianmhachnamh ar na cuairteoirí a bhíodh ag tarraingt ar a gceantair dhúchais. Ba é an peann agus an dialann goirt go minic a thug deis do Sheán Ó hEochaidh a chuid smaointeoireachta a thairfeadh.

Dála Ghaeltacht Árann, ba mhór an clú a bhain ceantar na mBlascaodaí amach mar gheall ar shaibhreas an traidisiúin bhéil agus ar bhisiúlacht na foilsitheoireachta faoi lár an fichiú haois fosta. De thairbhe líonmhaireacht na ndírbeathaisnéisí a foilsíodh faoi mhórsheanchaithe na mBlascaodaí, is beacht an cur síos a fhaigheann muid ar an dóigh a ndeachaigh bailitheoirí béaloidis agus scoláirí léannta i bhfeidhm ar na líonraí seanchaithe siúd fosta. Mar shampla, is léiriú den scoth í an sárscéalaí clúiteach, Peig Sayers (1873-1958), ar thábhacht, agus ar thionchar na scoláirí agus na scríbhneoirí a bhíodh ag tarraingt ar na ceantair Ghaeltachta i rith an fichiú haois. Bhí dáimh faoi leith ag Sayers le bailitheoirí béaloidis agus leis na scoláirí éagsúla a bhíodh ag tarraingt ar an cheantar lena linn. Bhain sí cáil náisiúnta amach nuair a cuireadh scéal

a beatha chun pinn agus nuair a foilsíodh an dírbheathaisnéis siúd sa bhliain 1936. Taobh amuigh de léann an bhéaloidis, seans gur mó cáil atá uirthi de thairbhe a dírbheathaisnéise. Mar sin féin, is suntasach an líon cuairteoirí a tharraing uirthi lena linn. Agus é ag trácht ar na taifeadtaí a rinne Sayers do Raidió Éireann agus don BBC, déanann Bo Almqvist líon suntasach scoláirí agus bailitheoirí a liostú (2009: 17–31). Luann sé: Cormac Ó Cadhlaigh (1884-1960), Pádraig Ó Guithín (1893-?) agus Cáit Ní Ghuithín (1895-?), Robin Flower (1881-1946), Kenneth Jackson (1909-1991), Pádraig Ó Braonáin (1904-1979), Marie-Louise Sjoestedt (1900-1940), Máire Ní Ghuithín (1909-1988), Máire Nic Gearailt (1911-1992), Carl Borgstrøm (1909-1986), Dermot Mason (r. 1918), Coslett Ó Cuinn (1907-1995), Seosamh Ó Dálaigh (1909-1992), Heinrich Wagner (1923-1988), Harriet Hjorth Wetterstrøm (1908-1977), Mícheál Ó Gaoithín (1904-1974) (Almqvist, 2009: 17-31). Is ríléir go raibh taithí nach beag ag Sayers ar an rud a bhíodh á lorg ag na cuairteoirí éagsúla siúd.

Is ina dírbheathaisnéis a thugann Sayers léargas dúinn ar an dearcadh a bhí aici féin maidir leis na cuairteoirí léannta a bhíodh ag teacht chomh fada léi. Deir sí gur chomrádaithe a bhí sna cuairteoirí siocair go raibh an tsuim chéanna acu i gcúrsaí teanga agus a bhí aici féin:

Ba mhór an t-éadromú ar mo chroí a bheith ag caint leo agus ag stealladh Gaeilge. Ba lúcháir lem chroí iad a bheith ag teacht agus ag imeacht uaim gach tráthnóna. Bhíos im shórt múinteora acu. (Ní Mhainnín agus Ó Murchú, 1998: 170)

Ba chuideachta mhaith a bhí sna cuairteoirí chun na Gaeltachta a ghiorraigh na tráthnóntaí di. Tugann Sayers le fios gur thuig sí an tábhacht náisiúnta a bhí ag baint leis an traidisiún a bhí ina seilbh aici agus go raibh gá leis, dá bharr sin, an t-eolas sin a chur chun pinn:

Do dheineas mo chion beag féin don nGaeilge ar feadh mo bheatha. Fé mar a dúrt cheana, bhí a lán stróinséirí ag tabhairt cuaird ar an Oileán ó am go ham [...]

Thugas gach cabhair do lucht na Gaeilge d'fhoghlaim. Anois táim i ndeireadh mo laethanta, agus is dócha ná beidh seanabhean chomh Gaelach liom ar an Oileán so go deo arís. Sé bheartaíos i m'aighe beagán saothair a dhéanamh sara bhfaighinn bás is go mbeadh san do shásamh aighe agam sara sínfí mo chnámha fén gcreáfóig. (Ní Mhainnín agus Ó Murchú, 1998: 183)

Chiallaigh líon na mbailitheoirí béaloidis gur bailíodh stór an-leathan scéalta agus seanchais uaithi i gcaitheamh na mblianta. Is suimiúil go raibh an dearcadh náisiúnaíoch céanna á nochtadh ag Sayers i leith mheath an traidisiúin bhéil agus a bhí ag Ó Duilearga ina léacht ‘The Gaelic story-teller’ mar sin (1945: 3–4). Thiocfaí a mhaíomh gur spreagadh a bhí san ardú stádais phearsanta do na seanchaithe áitiúla fosta agus scoláirí léannta ón taobh amuigh ar nós Mháire Ní Chinnéide (1879-1967) agus Léan Connellan ag tabhairt uchtach di (Nic Eoin, 1983: 108). Tugann Pádraig Ua Maoileoin le tuiscint in *Na hAird ó Thuaidh* go bhfáiltíodh pobal Chorca Dhuibhne roimh chuariteoirí a chuir spéis sa teanga fosta: ‘Rud ab ea é a thug ardú meanman dúinn, agus a mhúscail ár meas ar an oidhreacht uasal a bhí fágtha againn’ (1970: 132). Téama lárnach de chuid na ndírbeathaisnéisí agus an bhéaloidis a bhí sa tuiscint a chuir An Seabhac in aigne an Chriomhthanaigh agus atá le fáil sa nath ‘ná beidh ár leithéidí arís ann’ (Ó Coileáin, 1992: 254–255). Thiocfaí a mhaíomh gurb í móitíf seo na himní ba mhó a spreag na bailitheoirí béaloidis, lucht spéise na Gaeilge agus scoláirí idirnáisiúnta le heolas stairiúil, nathanna cainte, seanchas, seanscéalta agus amhráin a bhailiú agus iad faoi thionchar an ‘past-oriented Weltanschauung,’ mar a thug Alan Dundes air (2007: 167). Is gá ceantar Theilinn a shuíomh sa chomhthéacs scolártha seo ina mbíodh cuairteoirí, bailitheoirí agus antraipeolaithe de shíor ag tarraingt ar cheantair Ghaeltachta le spriocanna taighde éagsúla a bhaint amach i rith an fichiú haois.

Dála neart ceantar Gaeltachta eile, tharraing líon suntasach scoláirí acadúla agus bailitheoirí béaloidis, ceoil agus eile ar cheantar Theilinn ó dheireadh an naoú haois i leith. Mar a luadh cheana, ina measc siúd bhí: Jeremiah agus Alma Curtin (1887), Enrí Ó Muirgheasa (c.1913), Wilhelm Doegen (1931), Ludwig Mühlhausen (1936), Heinrich Wagner (1946-1947), Séamus Mac Aonghusa (1943 & 1944), Máirtín Ó Cadhain (1957), John O’Neill (1960idí) agus Lawrence J. Taylor (1970idí). Is cinnte gur chuir na cuairteoirí seo go mór le clú an cheantair go hidirnáisiúnta ó thaobh cúrsaí léinn de. Thiocfaí a rá gur thug líon na gcuairteoirí misneach do phobal áitiúil an bhéaloidis sa cheantar fosta siocair gur cuireadh ina luí orthu go raibh luach ag baint leis an stór eolais agus go deimhin, leis an chanúint Ghaeilge a bhí acusan i gcodarsnacht le ceantair eile. Áitíonn Ó Giolláin go ndeachaigh ‘suim na stróinséirí sa

bhéaloideas i bhfeidhm ar an bpobal gur rud luachmhar é a bhí acu féin agus a bhí cailte ag aicmí eile nó i ndúthaí eile' (2005: 121).

Cé gur tharraing mórán bailitheoirí béaloidis agus scoláirí ar cheantar Theilinn, mar sin féin, thiofáí a rá gurb é saothar Sheáin Uí Eochaidh an bailiúchán béaloidis agus eolais is cuimsithí ar fad ón cheantar ó tharla go gclúdaíonn sé tréimhse shuntasach ama ó 1935-1983. D'ainneoin na gcosúlachtaí idir an rud a bhí á lorg ag leithéidí Ludwig Mühlhausen agus an BBC (scoth na seanchaithe agus sárchainteoirí Gaeilge) cuiream i gcás, níorbh ionann an aithne a bheadh ag na seanchaithe áitiúla orthu siúd agus a bheadh acu ar an bhailitheoir bhéaloidis áitiúil. Chomh maith leis sin, seans nárbh ionann an cur chuige nó an tuiscint a bheadh ag cuairteoirí, nó strainséirí, ón taobh amuigh ar chultúr agus ar bhéas an phobail áitiúil i gcónaí. Mar sin féin, is fiú an cheist a thógáil: an é gur lig na cuairteoirí ón taobh amuigh do sheanchaithe eile teacht chun tosaigh, nó an é go ndearna na scoláirí éagsúla seo deimhniú ar na teachtaireachtaí a bhí á gcur chun cinn ag Ó hEochaidh agus dá thairbhe sin, ag an Duileargach?

2.3 Luathchuirteoirí Léannta i dTeileann: 1887-1931

Sular tháinig Seán Ó hEochaidh ar an tsaol, rinne Jeremiah (1835-1906) agus Alma Cartell Curtin (1847-1938) as na Stáit Aontaithe seanscéalta fada a bhailiú i dTeileann (Curtin agus Curtin, 1940: 403). Is cosúil gurbh iadsan na chéad scoláirí a chuir tús le bailiúchán na seanscéalta fada i gceantar Theilinn óir is é 1887 an dáta is luaithe atá againn go dtí seo de bhailiúchán na scéalta sa cheantar. In *The Memoirs of Jeremiah Curtin*, déanann Jeremiah [agus Alma] cur síos beacht ar a n-aistear ar fud na hÉireann agus iad sa tóir ar na seanscéalta fada. Bhí an turas siúd ar fud iarthar na hÉireann mar chuid den mhóraistear a bhí á dhéanamh ag an dís acu ar fud na cruinne. Léiriú is ea a gcuid scríbhinní ar luathré na hantraipeolaíochta agus iad ag breathnú isteach ar cheantair bhochta shaoithiúla ón taobh amuigh.

I dTeileann dóibh sa bhliain 1887, chuir siad seanscéalta, nó, 'myths', mar a thug siad féin orthu, síos ó Dhónall Mac Briartaigh, ó Shéamus Mac Lochlainn agus ó Sheán Ó Barráin (Curtin agus Curtin, 1940: 401-403). Is cinnte go seachnaítear an rómánsachas

sna cuntais, ach mar sin féin, is cinnte fosta go n-eascraíonn deacrachtaí ón stíl scríbhneoireachta do léitheoirí an lae inniu maidir leis an chur síos a dhéantar ar bhochtaineacht mhuintir na háite siocair gur scoláire mór le rá a bhí in Jeremiah Curtin. Sna scríbhinní, déantar gearán faoi dhrochstaid na mbóithre agus faoi dhrochchaighdeán na dtithe agus iad ar fud fad iarthar na hÉireann agus is léir go raibh bá acu do chosmhuintir na tuaithe. Tugtar léargas áirithe dúinn ar phróiseas na bailitheoireachta agus ar an tsaol go ginearálta in iarthar na hÉireann ag deireadh an naoú haois déag. Agus muintir Curtin ag comhrá le Clann Uí Bharráin i dteach s'acu féin, mar shampla, deirtear an méid seo a leanas faoi roinnt turasóirí ó Shasana a d'amharc isteach an doras agus a sháigh iad féin isteach i spás príobháideach an tí: 'While I was talking with Barron, two women English tourists who had been at Bunglass, halted the door and stared at the family, much as though they were some new species of monkey' (Curtin agus Curtin, 1940: 403). Is cosúil gur chritíc is ea cur síos mhuintir Curtin ar dhrochiompar na dturasóirí as Sasana. Ba de bhunadh na hÉireann Jeremiah Curtin; ba as Luimneach dá athair agus ba as Corcaigh dá mháthair (ainm.ie). Luaitear chomh maith go ndearnadh an bhochtaineacht a phlé ar ais i mBaile Átha Cliath dóibh:

It was pleasant to be back in Dublin to talk over my adventures with Professor O'Looney, and the condition of Ireland with Major McHenery, who was a member of the Land League that had just been proclaimed illegal, and its meeting forbidden. (Curtin agus Curtin, 1940: 404-405)

Mar sin féin, ní de thimpist a thagraíonn an t-antraipeolaí [na hantraipeolaithe] don mhoncaí. Ainmí ab ea an moncaí a bhíodh in úsáid ag Coilínithe sa ré Viteoiriach leis an smaointeoireacht chiníoch a scaipeadh i rith an naoú haois déag agus an Darwineachas agus foinsí eolaíochtúla eile in úsáid mar chrann taca don smaointeoireacht chiníoch seo. Míníonn Lewis Perry Curtis Jr. teacht chun cinn íomhá an mhoncaí in irisí Sasanacha agus Meiriceánacha ina shaothar *Apes and Angels: The Irishman in Victorian Caricature* (1971). Deir Curtis:

In cartoons and caricatures as well as in prose, Paddy began to resemble increasingly the chimpanzee, the orangutan, and finally, the gorilla. The transformation of peasant Paddy into an ape-man or simianized Caliban was completed by the 1860s and 1870s, when for various reasons it became necessary for a number of Victorians to assign Irishmen to a place closer to the apes than the angels. (Perry Curtis, 1971: 2)

Dála mhuintir Curtin, bhí an mhaoín ag na turasóirí siúd as Sasana dul ar saoire thar lear.

Faraor, maidir leis na scéalta béaloidis féin, is deacair a dhéanamh amach cé na scéalta ar fad a bhailigh muintir Curtin ó Sheán Ó Barráin, ó Shéamus Mac Lochlainn agus ó Dhónall Mac Briartaigh ó fhormhór na leabhar foilsithe. Faoi mar a mhíníonn Angela Bourke ina cuid taighde ar mhodhanna foilsitheoireachta Jeremiah Curtin, is deacair a mheas cé na scéalta a bhailigh sé ó cheantair faoi leith siocair gur aistríodh na scéalta go Béarla agus nach n-ainmnítear na scéalaithe sna leabhair den chuid is mó (2009: 142-143). Agus é ag tagairt do ‘Gilla na Grakin and Fin MacCumhail’ ó *Myths and Folklore of Ireland* (1890), molann Seanán Mac Aoidh cé nach luaitear ainm an scéalaí leis an scéal gur cinnte ‘gur i ndeisceart Thír Chonaill a fuarthas é nó tá tagairtí ann do “Dun Kinealy” agus do “Killybegs”, chomh maith le cosúlachtaí móra in imeachtaí an scéil leis na leaganacha eile as deisceart an chondae’ (2013: 4). Sa chnuasach *Hero-Tales of Ireland*, tá an scéal ‘The Black Thief and King Conal’s Three Horses’ le Tomás Ó Bradaigh as Teileann agus an scéal ‘Dyeermud Ulta and the King in South Erin’ le Séamus Ó Beirn, Gleann Cholm Cille (Curtin, 1894: 93-113 & 182-197). Bhain Jeremiah Curtin le glúin béaloideasóirí agus scoláirí a bhí ag foilsiú ábhar de chuid an traidisiúin bhéil in Éirinn ar nós William Butler Yeats, Lady Gregory, Dhubhghlas de hÍde agus Lady Wilde (máthair Oscar) sna 1880idí agus sna 1890idí a fhad is a bhí Alfred Nutt, Andrew Lang, agus Joseph Jacobs ag tabhairt faoin chineál oibre chéanna i Sasana (Bourke, 2009: 145). Níorbh ionann an mhodheolaíocht a chleacht an glúin áirithe seo agus an mhodheolaíocht a chuir Coimisiún Béaloideas Éireann chun tosaigh ina dhiaidh sin a d’aithin tábhacht na seanchaithe sa traidisiún béil.

Thiocfaí a rá go ndearna na cuairteoirí éagsúla réaltaí de na seanchaithe áitiúla ar bhealach. Is cuí mar a cheap Glassie an teideal dá leabhar *The Stars of Ballymenone* — saothar ina dtugtar árdán do sheanchaithe agus do cheoltóirí an cheantair sin (2006). Is cinnte gur chuidigh Enrí Ó Muirgheasa (1874-1945), arbh as Co. Mhuineacháin dó, stádas breise a thabhairt do Shéarlaí Mac Anna, scéalaí a phléifear i gCaibidil a Trí agus ‘An Crochaire Tarnocht’ (ATU 300) faoi chaibidil againn. Cuireadh an seanscéal

fada sin i gcló sa chnuasach *Maighdean an tSoluis agus Sgéalta eile: Sgéalaidhthe Thíre Conaill d'innis* (Mac Róigh, 1913), agus is cinnte gur mhór an onóir a bheadh ann ábhar dá leithéid a bheith foilsithe ag tús an fichiú haois, go háirithe agus gan borradh suntasach tagtha ar fhoilsitheoireacht an bhéaloidis in Éirinn sa tréimhse sin. Thiocfaí a rá gur chuir leithéidí Enrí Uí Mhuirgheasa, Jeremiah agus Alma Curtin le stádas na scéalaithe, Séarlaí Mac Anna, Seán Ó Barráin, Tomás Ó Brádaigh agus Dónall Mac Briartaigh i measc an phobail áitiúil agus i measc scoláirí an bhéaloidis go náisiúnta agus go hidirnáisiúnta fosta.

Dála na mór-ealaíontóirí ar nós Leonardo da Vinci nó Vincent van Gogh, is i ndiaidh a mbáis a chothaigh cuid de mhórsheanchaithe na hÉireann clú agus cáil i measc scoláirí an bhéaloidis. Is cinnte gur tugadh ardán náisiúnta agus idirnáisiúnta do Sheán Ó Conaill (1853-1931), Cill Rialaigh, Co. Chiarraí agus do Stiofán Ó hEalaoire (1858-1944), Baile Uí Choileáin, Co. an Chláir, nuair a d'fhoilsigh Séamus Ó Duilearga *Leabhar Sheáin Í Chonaill: sgéalta agus seanchas ó Íbh Ráthach* (1948) agus *Leabhar Stiofáin Uí Ealaoire* (1981). Bailíodh seanchas agus scéalta ó Shéamus Ó Casaide (1854-1942) agus ó Thomás Mac Seagháin (c.1861-) mar chuid de scéim Wilhelm Doegen i gCúige Uladh sa bhliain 1931 (Mac Congaíl, 2009: 41-47; Ní Bhaoill, 2010: 72 & 78). Cuireadh le clú Shéamuis Uí Chasaide arís eile nuair a chaith Ludwig Mühlhausen seal ag bailiú béaloidis uaidh sa bhliain 1936. Rugadh formhór na bhfear a luadh anseo thart ar lár an naoú haois déag. Thiocfaí a rá gurb é sin an chéad ghlúin de sheanchaithe a ndearnadh 'réaltaí' dóibh i léann an bhéaloidis in Éirinn agus i measc scoláirí idirnáisiúnta fosta. Ní cosúil gur bhailigh na luathchuariteoirí seo scéalta nó seanchas ó mhná agus iad i dTeileann. B'fhéidir go bhféadfaí níos mó eolais a fháil air seo ach páipéir na gcuairteoirí a scrúdú, san áit a maireanna leithéid agus is cinnte go dtabharfar faoin taighde sin amach anseo. Ba faoi scáth a fir céile a rinne Alma Curtin a cuid oibre, cuiream i gcás, agus b'fhada gur aithníodh an ról tábhachtach a bhí aici sa tionscnamh (Bourke, 2009: 170). Pléifear cúrsaí inscne sa bhailiúchán a rinne Ó hEochaidh níos mine i gCaibidil a Trí agus a Ceathair.

2.4 Tús le ré Sheáin Uí Eochaidh mar idirghabhálaí sna 1930idí

Níorbh ionann cur chuige Sheáin Uí Eochaidh agus an cur chuige a bhí ag na bailitheoirí a chuaigh roimhe, Jeremiah agus Alma Curtin ina measc. Go deimhin, i ndiaidh do Sheán Ó hEochaidh a bheith ceaptha ina bhailitheoir béaloidis lánaimseartha de chuid an Choimisiúin i mí Iúil 1935, thiofáí a rá gur tháinig athrú áirithe ar an dóigh a gcuireadh scoláirí agus bailitheoirí béaloidis ón taobh amuigh aithne ar mhuintir na háite i dTeileann. Ina chuid scríbhinní, tugann Ó hEochaidh sárléargas dúinn ar an dóigh ar shnigh cuid de na cuairteoirí isteach sa líonra béaloidis áitiúil i dTeileann sna 1930idí agus sna 1940idí. Leoga, thiofáí a mhaíomh go raibh tionchar nach beag ag an bhailitheoir béaloidis áitiúil ar rogha faisnéiseoirí na gcuairteoirí léannta agus na meán a tharraing ar an cheantar i ndiaidh dó a bheith ceaptha go hoifigiúil.

Ba minic a d'fheidhmigh Ó hEochaidh mar idirghabhálaí idir bunadh na háite agus na húdaráis in ardoifig an Choimisiúin thuas i mBaile Átha Cliath. Ba idirghabhálaí é Ó hEochaidh, ní hamháin idir muintir na háite agus an stát (An Coimisiún), ach idir na seanchaithe áitiúla agus cuairteoirí chun na háite ar nós Heinrich Wagner, an BBC agus an *Picture Post* fosta. Thuig Ó hEochaidh go rímhaith an tábhacht a bhain le cuidiú a thabhairt do chuireoirí a bhí ag díriú ar chúrsaí béaloidis agus canúineolaíochta mar gheall ar an lámh chuidithe a fuair sé féin go mion minic agus é ag taisteal ar fud Ghaeltachtaí Thír Chonaill, go háirithe ina luathbhlianta mar bhailitheoir gairmiúil agus é díreach ag tosú amach ag obair don Choimisiún i gceantair taobh amuigh dá pharóiste féin. Leoga, thiofáí a rá gurbh ambasadóir de chuid bhéaloideas Thír Chonaill a bhí in Ó hEochaidh faoi lár na 1940idí ar bhealach. Ba é an ról a bhí aige mar ambasadóir de chuid bhéaloideas Thír Chonaill na cuairteoirí léannta ón taobh amuigh a chur in aithne do bhunadh na háite agus iad a threorú agus a chur in aithne do na daoine a bheadh fóirsteanach don rud a bhí uathu; mar shampla: ceol uirlise, amhráin, scéalaíocht, seanchas, eolas teangeolaíoch agus araile.

Agus bliain chóir a bheith curtha isteach aige ag obair don Choimisiún faoi Aibreán na bliana 1936, cuireann Ó hEochaidh síos ina chnín lae ar an chuidiú a thug sé do bheirt chailíní a bhí ar cuairt ó Bhaile Átha Cliath agus a bhí ag iarraidh seanchaí a

fheiceáil (CBÉ 421: 151) (07.04.1936). Bhí Ó hEochaidh i ndiaidh cuid mhaith ama a chaitheamh ag bailiú béaloidis ó Sheán Mac mBriartaigh,⁵ Iomaire Mhuireanáin agus mórán seanscéalta fada curtha síos aige uaidh ó thosaigh sé ag obair leis an Choimisiún (CBÉ 421). Is suimiúil féachaint ar shaothar Sheáin Mhic Bhriartaigh siocair go dtagann slabhra leanúnach chun cinn sna lámhscríbhinní a chuir Ó hEochaidh i dtaisce uaidh sna 1930idí agus Séarlaí Mac Anna luaite go mion minic mar fhoinsé dá chuid seanscéalta (CBÉ 139: 3 & 20) (CBÉ 141: 193); tá fianaise ann fosta gur thóg sé cuid dá scéalta ó Sheán Ó Barráin, ar bhailigh Curtin scéalta uaidh chomh maith (CBÉ 141: 66 & 343). Saothar taighde eile a bheadh i gceist comparáid a dhéanamh idir na scéalta a bhailigh Curtin agus na scéalta a cuireadh i dtaisce ó Sheán Mac mBriartaigh. Cibé cúis de, ní nach ionadh gur shocraigh Ó hEochaidh gur chuigesean a rachadh sé féin agus na cuairteoirí i mí Aibreáin, 1936 (CBÉ 421: 152). I ndiaidh dó cur síos an-fhada a dhéanamh ar áilleacht an cheantair agus é mar threoraí do na cailíní ó Bhaile Átha Cliath (CBÉ 421: 152-157), tráchtann Ó hEochaidh ar an mhéid a thit amach i dteach an tseanchaí féin. Is cosúil nach raibh socrú ar bith déanta ag an bhailitheoir leis an tseanchaí roimh ré, agus deir Ó hEochaidh ina chuntas go raibh Seán Mac mBriartaigh ag iarraidh a chuid éadaí a athrú mar gheall ar na cuairteoirí, cé nár lig sé dó (CBÉ 421: 159). Seans maith nach gcothódh sean-éadach deacrachtaí agus bailitheoir béaloidis áitiúil ar nós Uí Eochaidh ag bualadh isteach chuige ach mar sin féin, is léir go raibh an seanchaí míshásta faoin dóigh a raibh sé gléasta agus strainséirí tagtha chun tí. Féach thíos cuid den chur síos ar an ghleo a bhain leis an tseisiún taifeadta siúd:

Ní rabh os cionn trí h-eiteáin lán aige gur éirigh an t-seanbhean thall ins a chlúid agus tháinig sí anall fhad leis an áit a rabh muid ar suidhe. Níor mhoithigh mé ariamh gur bhuail sí streamaid ar a t-seanduine eadar a dhá shlinneán agus dubhairt leis gur chorthaigheacha dó a bheith ag scoilteadh a chuid póir nó a bheith i gcionn na h-amaidigh sin. (CBÉ 421: 160-161) (07.04.1936)

Is ag tagairt do Bhríd nó ‘Biodaí John’ Mhic Bhriartaigh, bean chéile an tseanchaí atá Ó hEochaidh sa chuntas seo. Is léir nach raibh an lánúin ag súil leis na cuairteoirí agus an gleo agus an callán ar fad sa teach. Cibé cúis de, tugann Ó hEochaidh léargas

⁵ Litriú canúnach is ea ‘Mac mBriartaigh’ [Mac Briartaigh].

suimiúil ó thaobh chúrsaí teanga de, agus é ag cur síos ar an chomhrá a thit amach nuair a bhí an taifeadadh ar fad déanta:

Nuair a bhí sé réidh leis na scéalta agus an maisian ceangailte suas agham-sa thuit sé ‘un seanchuis le mo cháirde. Bhí sé an-ghreannmhar a bheith ag éisteacht leóbhtha a seanchusc. Bhí seisean ag labhairt comh tiugh agus nach rabh siadsan a thuigbheail, agus ní rabh siadsan a thuigbheail–san agus bhí m’am fhéin agham-sa eatorra ag iarraidh a bheith ag cur ach aon taobh aca ar an eolas. Dálta na mban uilig sháith an t-seanbhean a gob ins a t-seanachusc annsin agus an rud nar mhothuigh mé í a dheánamh ariamh roimhe sin labhair sí beagán focla Béarla leóbhtha. Sílim gurbh’é an rud a ba chionntuigh le seo ní rabh sí a tuigbheail a gcuid Gaedhlice agus siocair í bheith rud beag bodhar shaoil sí gur Béarla a bhí siad a labhairt. (CBÉ 421: 163-164)

Is cinnte go raibh Ó hEochaidh tugtha don fhrása ‘Dálta na mban uilig’ ina chín lae (CBÉ 421: 164). Ag trácht dó, ina alt ar an léargas a thugtar ar na mná i dialanna Uí Eochaidh, maíonn Ó Laoire: ‘Negative commentary seems to be directed at women such as storytellers’ wives who could not be relied upon to be positively disposed to his activity as a collector’ (2017: 125). Is cinnte go dtugtar le fios sa chuntas thuas ó mhí Aibreáin, 1936, gur chuir Bodaí John bhocht isteach ar phróiseas na bailitheoireachta ar an lá úd (CBÉ 421: 163-164). Ó thaobh cúrsaí teanga de, is suimiúil go raibh cineál d’ateangaireacht ar bun ag Ó hEochaidh agus é ag iarraidh an bhearna a dhruim idir Gaeilge an tseanchaí agus Gaeilge na gcuariteoirí. Is cosúil nach raibh Ó hEochaidh cleachta le Béarla a chluinstin ó bhéal Bhiodaí John Mhic Bhriartaigh fosta. Cé go raibh dúil ag na cuairteoirí seanchaí a fheiceáil agus a chluinstin i mbun a cheirde, is cinnte go mbeadh deacrachtaí teagmhála acu gan an cuidiú a thug Ó hEochaidh dóibh. Is léir fosta go raibh Ó hEochaidh ag cur suime i gcúrsaí teanga ina luathbhlianta mar bhailitheoir béaloidis, agus go raibh nósmhaireachtaí agus iompar teanga fite fuaite le gnó an bhéaloidis sa Ghaeltacht.

Thiocfadh dó go ndéanfadh na cuairteoirí léannta deacrachtaí a chothú do Sheán Ó hEochaidh fosta. Leoga, b’fhéidir nach bhfuil aon chuairteoir a chothaigh ní ba mhó deacrachtaí dó ná Ludwig Mülhausen (1888-1956), a bhí ina scoláire Ceilteach agus ina spíodóir Naitsíoch. Chaith Mülhausen go leor ama ag bailiú béaloidis ó Shéamus Ó Casaide agus ba eisean an phríomhfhoinsé a bhí aige dá shaothar *Zehn Irische Volkserzählungen aus Süd Donegal* (Mülhausen et al., 1939; Ní Bhaoill, 2010: 72).

Dála Sheáin Mhic Bhriartaigh, Iomaire Mhuireanáin, tá slabhra leanúnach le feiceáil idir saothar Shéamuis Uí Chasaide sna 1930idí agus an t-ábhar a bailíodh idir 1880-1913; tá Séarlaí Mac Anna (CBÉ 139: 248) agus Domhnall Mac Briartaigh (CBÉ 139: 273) luaithe mar fhoinsí dá chuid scéalta. Ba é Ó hEochaidh a chinn go mbeadh Séamus Ó Casaide fóirsteanach do thaighde Mülhausen (1977).

Ina shaothar, *Hitler's Irish Voices: The Story of German Radio's Wartime Irish Service*, díríonn David O'Donoghue a aird ar na tuairimí a nocht bunadh Theilinn faoin tréimhse a chaith an spíodóir naitsíoch sa cheantar (1998: 12-18). Theastaigh uaidh Mülhausen fanacht le hiascaire áitiúil agus é i dTeileann agus rinne Ó hEochaidh lóistín cuí a shocrú fána choinne dá bharr (O' Donoghue, 1998: 14). In agallamh a rinne O'Donoghue le hAodh Ó Beirn faoi thréimhse Mülhausen i dTeileann, deir an t-iascaire áitiúil:

spent six weeks in my parents' house and never spoke anything but Irish. His Irish was very good; he had learned it on an earlier visit to the Blaskets. However, at first, I could barely understand him because of the Kerry Irish. After a while we got on fine and were able to speak together. For the first week he was there, Mülhausen shared a room with León Ó Broin [a distinguished historian and civil servant who later became Secretary of the Department of Posts and Telegraphs]. They had fierce arguments about religion. Mülhausen kept a large picture of Hitler in his room, while Ó Broin kept a crucifix next to his bed. (O'Donoghue, 1998: 14)

Áitíonn O' Donoghue: 'Local people in Teelin were convinced he was spying because he took so many pictures, including ones from the summit of Slieve League from where he had a clear view across Donegal Bay to the coast of Sligo (O'Donoghue, 1998: 15). I léacht a thug Ó hEochaidh dar teideal 'Bailiúchán i dTír Chonaill' ag an Chumann le Béaloideas Éireann sa bhliain 1977, beagnach daichead bliain ó tharla an eachtra, cuireann sé síos ar an trioblóid a tharraing Mülhausen air nuair a chuir sé beannachtaí na Nollag chuige ar chlár raidió Gaeilge a bhí aige sa Ghearmáin, Nollaig na bliana 1939 (1977; O' Donoghue, 1998: 35). 'Irland-Redaktion' an t-ainm a bhí ar an chlár agus ba é Mülhausen a chuir tús leis i mí na Nollag 1939 (O' Donoghue, 1998: 33). Cibé cúis de, nuair a phill Ó hEochaidh ar a theach lóistín ar an Chraoslach i ndiaidh shaoire na Nollag, cé a tháinig chun tí chuige an chéad rud ar maidin, ach Ceannfort na nGardaí, Bleachtaire agus Garda áitiúil le fáil amach cén bhaint a bhí

idir é féin agus Mülhausen (Ó hEochaidh, 1977). Cé gur shíl sé gur mhínigh sé an bhaint a bhí eatarthu go beacht dóibh, deir Ó hEochaidh go raibh sé cinnte de gur lean na gardaí é ‘ar feadh sé mhí ina dhiaidh sin’; deir sé:

Níl a’n áit a rachainn nach raibh na gardaí ‘mo choimhead. Tá mé cinnte, ar dhroichead Chroithlí, ar mo bhealach siar agus ar ais ón taobh ó dheas den chontae go dtí an áit a raibh mé i mo chónaí i nGort an Choirce gur stopadh míle uair mé (Ó hEochaidh, 1977).

Chothaigh an méid seo deacrachtaí taistil dó agus é ag obair ar fud an chontae sa bhliain 1940.

Luann Ó hEochaidh ina dhialann gur thug sé cuidiú don ‘Dr. Hartmann’ [Hans Hartmann, 1909-2000], fosta, a bhí ina mhac léinn ag Mülhausen (ainm.ie), i gceantar Ghaoth Dobhair dóibh sa bhliain 1939 (CBÉ 690: 151-172) (17-23.01.1939). Deir Ó hEochaidh an méid seo a leanas faoin tseachtain a chaith sé ag tabhairt cuidiú don Dr. Hartmann aithne a chur ar na seanchaithe áitiúla:

[...] go deireadh na seachtmhaine chaith mé mórán de'n am ag 'ul thart leis an Gheármánach, a glacadh pioctúireacha de na rudaí suimeamhla a bhí ins an áit, agus a fágáil oiread cunntais fá dtaobh díobhtha thall agus i bhfos agus a b'fhéidir. Ba é an ceann a ba suimeamhla acú seo a dteachaidh muid chuca na ‘Seacht Leachta’. Cárnáin mhóra chloch iad seo atá ar mhullach cruic a dtugann siad ‘Taobh a' Leithid’, air.(CBÉ 690: 171) (23.01.1939)

Dála Mülhausen, is cinnte go raibh dúil ag an Dr. Hartmann sa ghrianghráfadóireacht fosta. Bhí aithne mhaith ag Ó hEochaidh ar chuid de phobal Ghaoth Dobhair faoin am seo, agus thóg sé Hans Hartmann leis agus é ag bailiú béaloidis sa cheantar ar feadh na seachtaine.

2.5 An Fear Ceoil: Séamus Mac Aonghusa (1943 & 1944)

Sna 1940idí, tugann Ó hEochaidh cuntas beacht ina chín lae ar chuirteanna Shéamuis Mhic Aonghusa chun an cheantair. Is i ndialann taistil Mhic Aonghusa féin a chuireann an bailitheoir ceoil síos go hachomair ar a chéad oíche agus lá i dTeileann (14.09.1943). Deir sé:

Chuas chun dinnéir ar a ceathair agus chuas féin agus Seán go dtí teach a uncail⁶ tar éis an tae mar a raibh beirt fhear romhainn a raibh port acu. Chromas ar scríobh go dtí a haon déag agus ansin chuamar go dtí teach Mháire agus Pheadair, de mhuintir Uí Bheirn, agus scríobhas giotáí ceoil, poirt, agus amhráin go dtí a cúig ar maidín! (Mac Aonghusa; in: uí Ógáin, 2007: 105)

Ba léir go raibh teach na mBeirneach an-fhóirsteanach do bhailiú an cheoil siocair gurbh ann a thug siad Frank Ó Casaide leo, nó mar a dúirt Mac Aonghusa, ‘thugamar linn é go dtí teach Uí Bheirn arís,’ leis an fhonn ‘Tiarna Mhaigh Eo’ a scríobh síos (15.09.1943) (uí Ógáin, 2007: 105). Ba é teach Phádraig Mhic Seáin agus teach na mBeirneach, an dá theach ab ansa le Seán Ó hEochaidh do bhailiú an bhéaloidis i dTeileann is cosúil.

Ba mhór an cuidiú trealamh Uí Eochaidh a bheith ar fáil don bhailitheoir ceoil fosta. I nGort an Choirce dóibh cúpla mí ina dhiaidh sin, cuireann Mac Aonghusa síos ar an dóigh ar bhain sé leas as éideafón Uí Eochaidh agus é ag bailiú amhrán ó Mháire Mhór Nic Pháidín, a raibh ceithre scór agus seacht mbliana d’aois aici ag an am, siocair nár mhaith leis ‘saothar rómhór a chur ar chroí sheanmhná mar Mháire’ (22.01.1944) (in: uí Ógáin, 2007: 126). Ba dhuine tuisceanach é Mac Aonghusa a thuig an leas a thiofáí an teicneolaíocht nua-aimseartha seo a thabhairt dá chuid ceoltóirí. Bhí Mac Aonghusa in inmhe an ceol agus na foinn a scríobh síos go beacht — ceird nach raibh ag Ó hEochaidh.

Thug Ó hEochaidh cuidiú do Shéamus Mac Aonghusa teacht ar na ceoltóirí áitiúla cuí agus iad a mhealladh le tíúineanna a sheinm chomh maith. Seo a leanas mar a chuir Ó hEochaidh síos ar an dóigh ar chuir sé Conall Ó Casaide in aithne do Shéamus Mac Aonghusa:


Chuaidh mé fhad le fidileóir a bhí sa darna doras againn annsin – Conall Ó Casaide – agus thug mé cuireadh dó a theacht toigh s’againne le oidhche seinm a dheánamh. Bhí sé rud beag doiligh a mhealladh a chéad uair. Bhí fhios aige go rabh eólas mór ar cheól ag Séamus, agus bhí [*sic.*] seisean nach rabh eólas ar bith ar cheól aige ach amháin an

⁶ Is cosúil gur teach Phádraig Mhic Seáin, an Cheapach a bhí i gceist anseo (uí Ógáin, 2007: 109)

rud a d'fhóghluim sé agus a thóg sé le n-a chluais, bhí sé faiteach a theacht a seinm dó.

Tháinig sé mar sin fhéin, agus chuir sé an fhideal s'agam-sa le h-obair. Sheinn Séamus é fhéin cupla port a chéad uair, agus le curdaís móra bheir Conall ar fhidil uadh: Bhuail sé cula port, ach bhí fhios agam- sa go rabh an rud air rith na h- oidhche, a bhí air sul mar thoisigh sé a chor a' bith. Mar sin fhéin sheinn sé trifle de thiúineannaí maithe, agus scríobh Séamus síos cupla ceann acú uadh. (CBÉ 1108: 281-282) (08.09.1944)

Thuig Ó hEochaidh nósmaireachtaí Chonail Uí Chasaide agus an dóigh leis an fhidléir áitiúil a mhealladh le ceol a sheinm. Tá clú agus cáil bainte amach ag Con Ó Casaide (1909-1994) agus ag Proinnsias Ó Casaide (1900-1971) i measc ceoltóirí traidisiúnta i gcóngar agus i gcéin mar gheall ar an stíl shainiúil agus an stór ceoil a bhí acu. Tugtar léargas i ndialann Uí Eochaidh agus i ndialann Mhic Aonghusa ar an tionchar a bhí ag an bhailitheoir áitiúil ar thaifeadadh an cheoil agus ar thaifeadadh stíl áitiúil na fídléireachta sa cheantar fosta agus meabhraítear dúinn go saibhríonn na foinsí béaloidis ár dtuiscint ar an cheol thraidisiúnta i gcoitinne.



Eolas Cartlainne: 'Informants, Ulster: Jimmy Heaney (Séamus Ó hIghne), storyteller and singer, Gleann Cholm Cille.' (c.1949). CBÉ: M004.29.00156

Chuaigh Ó hEochaidh agus Mac Aonghusa chomh fada le Mín an Churraoin le ‘Laoi na Mrá Móire’ a chur síos ó Shéamus [Jimí] Ó hIghne siocair gur iarr an Duileargach air laoi dá chuid a thaifeadadh ar an 13 Meán Fómhair 1944; cé go raibh Ó hIghne amhrasach fá Shéamus Mac Aonghusa ar dtús siocair gur ag súil leis an Duileargach a bhí sé (CBÉ 1108: 290), chuir Ó hEochaidh an bailitheoir ceoil in aithne don tseanchaí gan mórán moille. Is i mbeagán focal a chuir Mac Aonghusa síos ar an aistear chéanna go Leargan na Saorach: ‘Bhualeas bóthar in éindí le Seán [Ó hEochaidh] go Leargan na Saorthach ar a haon. Chaith muid an tráthnóna le Jimmy Heeney ann agus scríobhas ‘Laoi na Mná Móire’ uaidh. ‘Eochail’ uaidh freisin’ (13.09.1944) (in: uí Ógáin, 2007: 189). Mar sin féin, is maith mar a thacaíonn an dá dhialann lena chéile.

Cibé cúis de, bhí tionchar nach beag ag Mac Aonghusa ar an mhéid a thit amach ag Oireachtas na Gaeilge sna blianta 1945 agus 1946 fosta. Ba é an bailitheoir ceoil a mhol do Sheán Ó hEochaidh Jimí Ó hIghne a thabhairt chuig Oireachtas na Gaeilge i mBaile Átha Cliath agus litir a scríobh chuig Comhaltas Uladh ag iarraidh orthu leath den chostas a dhíol agus go ndéanfadh an Coimisiún an chuid eile a dhíol (CBÉ 1108: 293). Cé nár fhreastal Ó hIghne ar an Oireachtas an bhliain áirithe sin (CBÉ 1108: 418-419), rinne sé an turas mór go Baile Átha Cliath an bhliain dar gcionn.

2.6 Oireachtas na Gaeilge, 1945 agus 1946

Chuaigh Seán Ó hEochaidh i gcúram seanchaithe áitiúla ó pharóiste Ghleann Cholm Cille a thabhairt chuig mórfhéile bhliantúil Oireachtas na Gaeilge i mBaile Átha Cliath sna blianta 1945 agus 1946. I ndiaidh don bhailitheoir sparánacht a fháil ó Chomhaltas Uladh agus ón Choimisiún sa bhliain 1945, tugadh cead dó beirt sheanchaí ón cheantar a thabhairt leis go Baile Átha Cliath: seanchaí as Teileann (a bhí le roghnú ag feis áitiúil), agus Jimí Ó hIghne (a fuair cuireadh speisialta ón Choimisiún) (CBÉ 1109: 42). I gcás Theilinn de, cad é an bealach ab fhóirsteanaí le seanchaí áitiúil amháin a roghnú thar na seanchaithe eile a raibh Ó hEochaidh i mbun bailithe leo, mar sin? Ag feis áitiúil a reáchtáladh sa choláiste Ghaeilge (Coláiste Aoidh Mhic Bhricne) i dTeileann ar an 26 Lúnasa 1945, socraíodh go nglacfadh buaiteoir na feise páirt i gcomórtas scéalaíochta an Oireachtais i mBaile Átha Cliath san fhómhar. Dhéanfadh

moltóirí de chuid Chomhaltas Uladh an buaiteoir sin a roghnú. Cuireann Ó hEochaidh síos ar an fheis áitiúil go mion ina dhialann agus dá thairbhe sin, faighimid léargas neamhghnách ar an dóigh a dtiteadh feiseanna áitiúla scéalaíochta amach sna 1940idí. Seo thíos mar a chuireann Ó hEochaidh síos ar a thaithí féin mar dhuine de lucht éisteachta an chomórtais:

Bhí cunntas agam ó Phádraic Ó h-Uallacháin go mbéadh comartas an Oireachtais ar shiubhal [*sic.*] ins an choláiste ar an 5 a' chlog tráthnóna, agus ba mhaith leis go dtabharfainn le chéile scaifte de sheanchaidhthe an cheanntair go mbéadh comartas againn.

D'imthigh mise comh luath agus a d'ith mé an dinneár agus chruinnigh mé scaifte ó Rann na Cille 'un Atharaigh, agus nuair a tháinig na moltóirí Seán Ó Cinnéide O.S. agus Pádraic Ó h-Uallacháin bhí siad uilig réidh agam-sa. (CBÉ 1109: 18)

Ba é Ó hEochaidh a chruinnigh na seanchaithe le chéile mar sin i ndiaidh dó ordú a fháil ó Sheán Ó Cinnéide. Cé nach raibh Ó hEochaidh ina mholtóir ar an chomórtas, déanann sé a chuid moltóireachta féin ar na scéalaithe áitiúla ina chuntas dialainne:

Thosuigh an scéalaíocht annsin. Séamus Ó Beirn, as Míin na Gaoithe a d'innis an chéad scéal – fear óg, ach má seadh fhéin scéaltóir comh maith agus a fhéadas a bheith astoigh i n-Éirinn. D'innis sé a scéal comh maith agus a d'innseochadh fear ceithre scór mbliadhain é.

Chuir sé isteach na geaistí uilig, agus chuir sí [*sic.*] a chroidhe uilig isteach ins an rud a bhí sé a rádh. Bhí na treithe [*sic.*] uilig a bhaineas le scéaltóir maith aige.

Tháinig Micheál Ó h-Ighne as an Atharach 'un tosaigh annsin agus d'innis seisean scéal fada fiannaidheachta. D'innis sé go maith é fosta, ach dá mbéadh breitheamhnas le tabhairt agam-sa, b'fheárr liom an scéal a d'innis an chéad fhear lean siad leóbhtha mar sin gur innis leath – dhuisín acú scéalta. Cinnte ba iad an chéad bheirt a b'fheárr ach dubhairt Pádraic Ó h-Uallacháin annsin go gcaithfidh raeghe a dheánamh idir an bheirt - Rinn Seán Ó Cinnéide an mholtórachta [*sic.*] annsin, agus sí mo bharamhail fhéin gur dubhairt sé i bhfad ní ba mhó nó a ba cheart dó a rádh. Mhol sé agus cháin sé agus dubhairt sé rudaí nár cheart dó a rádh a chor a' bith. Bhí mé fhéin an-mhí-shásta leis, de bhrígh go rabh 'ach uile fhear dá rabh i láthair i bhfad ní b'fheárr nó é fhéin, agus nuair a bhí an scéal mar sin ní rabh ceart aige duine ar bith a cháineadh. Sin mar bíos an mholtórachta i mórán comartais a bhfuil eólas agam ortha agus is mór an truaigh gur mar sin a bíos.

Cá bith cúis de tharla rud ar dheireadh an bhreitheamhnais a rabh luthgháir mhór orm

fá dtaobh de, ba é sin, go rabh Micheál O h-Ighne (Phadaí Bháin) ag 'ul go Baile Átha Cliath chuig Oireachtas na bliana seo. Bhí luthgháir orm go rabh Micheál ag 'ul a fhágáil seans an chathair mhór a feiceáil, agus beó slán mé fhéin béidh seans mór, le cuidiú Dé go mbéidh mé fhéin leis. (CBÉ 1109: 18-21) (26.08.1945)

Léiríonn Ó hEochaidh a mhíshástacht go ríshoiléir maidir leis dóigh ar cháin Seán Ó Cinnéide cuid de na scéalaithe áitiúla go poiblí os comhair a gcuid comharsan féin. Meabhraítear dúinn ón mhéid a thit amach gur cinnte nach dtiocfadh le Seán Ó hEochaidh a bheith ina mholtóir ar chomórtas áitiúil dá leithéid siocair go dtiocfaí go ndéanfadh moltóireacht den chineál sin agus an rogha a bheadh le déanamh dochar dá chuid oibre mar bhailitheoir béaloidis ina cheantar dúchais féin. Bhí sé tábhachtach nárbh é Seán Ó hEochaidh an té a roghnódh an dara seanchaí a bheadh le dul chuig an Oireachtas. Cibé cúis de, ba é Mícheál Ó hIghne an té a roghnaíodh le dul i gcuideachta Sheáin Uí Eochaidh agus Jimí Uí Ighne chuig Oireachtas na bliana 1945. Ba é an ról a bhí ag an bhailitheoir ná aire a thabhairt don dís acu agus iad as baile.

Tugann scríbhinní Uí Eochaidh cuntas an-ghrinn dúinn ar an turas a rinne sé féin agus an bheirt sheanchaí ó Theileann suas go Baile Átha Cliath Deireadh Fómhair na bliana 1945. Sheol an Duileargach £5 chuig Ó hEochaidh sa phost roimh ré ionas go dtiocfadh le Jimí Ó hIghne éadaí nua a cheannach don mhórocáid chultúrtha (CBÉ 1109:54) (16.10.1945). Is mar seo a leanas a chuir Ó hEochaidh agus an bheirt sheanchaí an turas sa charráiste isteach i ndiaidh dóibh an turas fada a dhéanamh ó Thír Chonaill:

D'innis Mícheál Ó h-Ighne cupla scéal fada dúinn agus rinn Jimí an rud céadna — bhí bodaigh mhóra ins a' charaiste linn agus cé bith aca a thuig siad sinn ná nar thuig, thug siad éisteacht maith [*sic.*] dó. Tá mé a meas gur íontas is mó a bhí siad a dheánamh de.

Nuair a tháinig sinn go Sráid Uí Chonaill, bhí mo chuid seandaoine a déanamh íontais de mhéid na cathrach — Gidh go rabh Mícheál i Meiriceá, dar leis nach mbfiú trácht ar na bailte móra a bhí annsin i gcomórtas le Baile Átha Cliath — ins an am a rabh seisean thall i gcás ar bith. (CBÉ 1109: 59) (19.10.1945)

Tagraíonn Ó hEochaidh do thaithí Mhícheáil Uí Ighne thall i Meiriceá ag tús an fichiú haois— taithí a raibh tionchar aici ar a chuid scéalaíochta mar a fheicfidh muid i gCaibidil a Trí. Caitheamh aimsire a bhí sa scéalaíocht agus bhí turas le cur isteach ag

an triúr Conallach agus iad ag tarraingt ar an ardchathair. Cé go dtarraingíonn GS pictiúr measartha righin de na hócáidí scéalaíochta, faoi mar a phléann Briody (2013: 1), títear ó chuntais éagsúla Uí Eochaidh nach raibh na rialacha inmheánacha a bhí ag baint leis na hócáidí insinte i gcónaí chomh docht sin. Bhí aithne mhaith ag an bheirt sheanchaí ar an Duileargach. Bhí beart duilisc ag Jimí Ó hIghne fána choinne i mBaile Átha Cliath (CBÉ 1109: 57). Luann Ó hEochaidh go ndeachaigh dea-nádúr an Duileargaigh i gcion go mór ar Mhícheál Ó hIghne le linn na féile fosta agus cúpla mí ina dhiaidh sin, luaigh Mícheál go raibh sé féin ag iarraidh brádán a thabhairt do stiúrthóir an Choimisiúin fosta — bronntanas speisialta go cinnte siocair go raibh bua ag an scéalaí mar ‘scoith *poacher*’ (CBÉ 1109: 276-277)(24.03.1946).

Thiocfaí a rá go raibh gradam ag baint le turas chomh fada sin a dhéanamh ó dheisceart Thír Chonaill suas chuig an Oireachtas i mBaile Átha Cliath sna 1940idí. D’éirigh leis an Choimisiún laoihe de chuid Jimí Uí Ighne a chur ar taifead agus d’éirigh le Mícheál Ó hIghne an dara háit a bhaint sa chomórtas scéalaíochta. Is cinnte go gcuirfeadh a leithéid d’ócáid ina luí ar na seanchaithe go raibh bua faoi leith acu. Go deimhin, blianta ina dhiaidh sin, in eagrán speisialta de *Béaloideas* (1986/87) ar an traidisiún Fiannaíochta, tugadh ómós speisialta do Jimí Ó hIghne ar chlúdach tosaigh agus ar chlúdach cúil na hirise, agus dúradh: ‘Bhí Séamus Ó hIghne, Gleann Cholm Cille, Co. Dhún na nGall, ar dhuine de na daoine deireanacha in Éirinn a raibh ar a gcumas laoi Fiannaíochta a rá agus rinne Coimisiún Béaloideas Éireann taifead de i 1949’ (1986/97).

I dtaca le comórtas scéalaíochta Mhícheáil Uí Ighne, cé nach ndéanann Ó hEochaidh cur síos mion ar an chomórtas féin ina dhialann, tugann tuairiscí na moltóirí, atá anois le fáil i Leabharlann Náisiúnta na hÉireann, barúil dúinn den rud a bhí á lorg ag na moltóirí ar an lá úd. Ba mar seo a leanas a rinneadh moltóireacht ar an scéal a d’inis Mícheál:

(Uimh. 8) Mícheál Ó Heidhne, Teilionn

Rogha Scéil (20) 15

Modh Innste (40) 25

Caibidil a Dó: Seanchaithe Theilinn agus an tArdán (Idir)náisiúnta

An Chaint (30) 30

Geaitsí (10) 6

Iomlán: 76

‘Scéal maith — innste go maith freisin ar an nós choitianta

(Leabharlann Náisiúnta na hÉireann: MS G 1,370/8)

Ní léir ón mhéid seo cad é an ‘scéal maith’ a roghnaigh Ó hIghne ar an ócáid siúd. Is léir óna chorpas go raibh stór mór scéalta fada aige agus go raibh luí faoi leith aige leis na scéalta gaisce. Pléifear cúrsaí stíle agus cúrsaí scéalaíochta níos mine arís i gCaibidil a Trí mar a ndéanfar mionscrúdú cúramach ar scéal amháin le Mícheál Ó hIghne. Cibé cúis de, ba é Beairtle Ó Conghaile as an Ard Thoir, Carna a fuair an chéad duais agus Seán Eoghan Ó Súilleabháin, Doire an Chuilinn, Cúil Aodha, Baile Mhúirne an fuair an triú háit sa chomórtas céanna (MS G 1,370/8).

Ó thaobh na féile agus an chomhludair de, is suimiúil féachaint ar chuid de na daoine eile a d’fhreastail ar na comórtais agus a ghlac páirt iontu ag Oireachtas na bliana 1945. Mar shampla, i gcomórtas 44, “Amhránaíocht ar an Sean-nós”, is suimiúil go raibh fear eile as Rann na Cille, Teileann, Alphonsus Mac an Bhaird istigh ar an chomórtas céanna leis an mhóramhránaí iomráiteach Joe Éinniú (1919-1984), as Carna, Co. na Gaillimhe (LNÉ: MS G, 1, 370/8). Líonra náisiúnta a bhí, agus atá san Oireachtas do chainteoirí Gaeilge, agus sholáthair Comhaltas Uladh agus an Coimisiún an maoiniú cuí chun go dtiocfadh le Jimí agus Mícheál Ó hIghne a bheith mar chuid den líonra úd i 1945.

An bhliain dar gcionn, i mí Dheireadh Fómhair 1946, tharraing Seán Ó hEochaidh agus Mícheál Ó hIghne ar an Oireachtas i mBaile Átha Cliath arís i gcuideachta Frank Uí Chasaide agus John Uí Dhochartaigh an iarraidh seo. Níor thóg Mícheál Ó hIghne duais ar bith leis an uair seo (MS G 1,371/6). Ní gan dua a d’éirigh leis an bhailitheoir béaloidis a gcuid costas a chlúdach. I litir a scríobh sé chuig an Duileargach cúpla seachtain roimh an fhéile, scaoileann sé lena racht faoi chostais an Oireachtais:

Anois fá na bheidhleadóirí: Bhí Frank Cassidy agus John Doherty réidh le dhul i mbliana. Bhí achan rud réidh acu agus indiú fuair mé scéala ó León Ó Dubhghaill nach mbeadh coiste an Oireachtais freagarthach do chostais ar bith daobhtha. Ar ndóiche ní thig a bheith ag dréim go rachadh siad go Baile Átha Cliath ar a gcostas fhéin. Fear-siubhail an Dochartach, agus an bheidhleadóir is fearr i n-Éirinn. Tá sé anseo i dTeilinn le mí, agus, tá sé fhéin agus Frank a seinm le chéile ‘ach uile oidhche. Ní thiofadh leobhtha a bheith a dréim go n-íocfad seisean a chostas fhéin, gidh gur fear-uasal é. Tá siad sásta costas Mhícheáil Uí Ighne a íoc – an seanchaidhe, ach anois nuair nach dtéid an chuid eile ní rachaidh seisean a chor ar bith, agus fágann sin nach mbíonn duine ar bith as an taobh seo de T[h]ír Chonaill. (CBÉ: Litir ó Sheán Ó hEochaidh chuig Séamus Ó Duilearga, 19.10.1946)

Tímid seasmhacht Mhícheáil Uí Ighne fosta agus é ag iarraidh a bheith ar chomhchéim leis an bheirt fhidléir. Is i litreacha Uí Eochaidh seachas sna dialanna a fheictear formhór an phlé ar chúrsaí riaracháin agus páipéarachais etc. Cúpla lá ina dhiaidh sin, scríobh Ó hEochaidh litir eile chuig an Duileagach ag míniú gur tháinig sé ar réiteach maidir le costais na bhfidléirí:

Bhí m'intinn déanta suas agam gan a dhul ‘un Oireachtais i mbliana, ach ina dhiaidh sin bhí sé a cur innidhe orm go rabh mé ag ‘ul a choinneáil na ndaoine eile uilig ar gcúl. Ní rachaidh duine ar bith acu gan mé a bheith leo, agus ba bhocht liom sin.

Bhail anois, le cuidiú Dé, béidh mé fhéin Mícheál Ó h-Ighne, agus an dá bheidhleadóir ag ‘ul ‘un siubal Dia Sathuirn. Ní dhíolfadh costas an Oireachtais costas ar bith do na bheidhleadóirí ach tá sinn fhéin a gcur ann, ar chostas mhuintir na h-áite, i ngan fhios daobhtha fhéin. (Litir ó Sheán Ó hEochaidh chuig Séamus Ó Duilearga, 24.10.1946)

Ba mhaith an ní é go raibh Ó hEochaidh cruthaitheach maidir leis na costais a chlúdach. Thuas ag an Oireachtas i mBaile Átha Cliath, thóg John Ó Dochartaigh an chéad áit sa chomórtas fidle cé nár ghlac Frank Ó Casaide páirt sa chomórtas ar chúis inteacht (Leabharlann Náisiúnta na hÉireann: MS G 1, 371/6). Bhí an Dochartach mar chuid de líonra náisiúnta fidléirí ar an lá, agus Teileann curtha síos mar sheoladh aige. Féach thíos liosta de na hiomaitheoirí sa chomórtas fidle:

An Bheidhlín 29/10/1946 (45)

1 Seán Ó Dochartaigh Teileann, an Charraic, Tír Chonaill 90 (An Chéad Duais)

2 Liam Ó Murchadha Sráid an Mhuilinn, Co. Chorcaighe 87 (An Dara Duais)

3 Gearóid Ó Clúmháin Ballycullane, Kilmallock, Co. Luimnighe 82 (An Triú Duais)

~~4 Proinnseas Ó Casaide Teileann, An Charraie, i dTír Chonaill~~

5 Úna de Faoite Baile na Cille, Baile Locha Riabhaigh, Co na Gaillimhe 75 (An Ceathrú Duais)

(Leabharlann Náisiúnta na hÉireann: MS G, 1,371/6)

Cé go bhfuil cáil ar Shean Ó hEochaidh mar gheall ar an bhailiúchán béaloidis a chnuasaigh sé, bhí tionchar nach beag aige fosta ar cháil na líonraí ceoil ina cheantar dhúchais agus beirt de mhórfhidléirí Thír Chonaill tugtha leis chomh fada leis an Oireachtas. Mar shampla, fídléir aitheanta ab ea Úna de Faoite, nó Aggie Whyte, mar ab fhearr aithne uirthi, a chaith tréimhse fada dá saol ag seinm leis an *Ballinakill Céilí Band* (Ó Gealbháin, 2011: 189). Níor ghlac Frank Ó Casaide páirt sa chomórtas féin, agus thiocfaí a shamhlú go mb'fhéidir nach raibh an Casaideach ag iarraidh a dhul san iomaíocht leis an Dochartach siocair gurbh as an chontae chéanna den bheirt acu. Cibé cúis de, cothaíodh deis dó féin agus do John Ó Dochartaigh a gcuid ceoil a chur ar taifead — taifeadtaí an-luachmhara do cheoltóirí traidisiúnta agus do léann an cheoil in Éirinn araon gan amhras.

Mar sin féin, is léir gur chuir cúraimí na féile strus ar an bhailitheoir agus é ar lóistín sa taobh eile den chathair:

Chaith mé an t-am seo uilig i mbun ghnoithe an Oireachtais. D'imthigh mé fhéin, Micheál Ó h-Ighne atharach, Teilionn, Proinnseas Ó Caiside agus Seán Ó Dochartaigh go Baile Átha Cliath. Bhí Micheál le bheith i gcomórtas na scéalaidheachta agus an bheirt eile i gcomórtas na bheidhleadóireachta. Bhí ormsa amharc 'na ndiaidh go bpillead siad, agus á dtabhairt go h-oifig an bhéaloideasa anois agus arís le plátaí seanchais agus ceoil a líonadh.

Sin an obair ar chaith mise an t-seachtmhain ina cionn, agus a leithéid a sheachtmhain níor chuir mé isteach ariamh. Bhí mé fhéin ar lóisdín ar thaoibh amháin de'n chathair agus iadsan ar an taobh eile, agus mar nach dtáinig leóbhtha coradh amach as an teach — ósta gan mise a bheith leóbhtha, d'fhág sé am gnoitheach agham-sa, agus nuair a bhí an t-seachtmhain astoigh bhí mo chroidhe briste a rathaidh ó áit go h-áit agus ag iarraidh súil a choinneáil ar an bhunadh a bhí liom. Sílim ca [*sic.*] bith suim atá agam i gcúrsaí an oireachtais agus daoine a thabhairt ann le cuidiú leis na gnoithe, saoilim

nach rachainn go Baile Átha Cliath ar an scór. Tá barraidheacht buaidhreachd inntinn a baint leis domh – sa, i gcás ar bith, agus dá mbéinn beo slán ní ghlacfaínn as láimh a leithéid a dheánamh a choidhche arís. (CBÉ 1109: 546-547) (26.10-02.11.1946)

Gan ceannaireacht Uí Eochaidh, b'fhéidir nach mbeadh an deis ag an triúr eile freastal ar an Oireachtas i 1946. Bíodh is gur bhain buaireamh intinne leis na cúraimí ar fad a tugadh don bhailitheoir, is cinnte gur turas fíorthairbheach a bhí ann go Baile Átha Cliath.

2.7 Heinrich Wagner: Ollamh Sheáin Uí Eochaidh

Bhí tionchar nach beag ag Seán Ó hEochaidh agus ag a líonra seanchaithe i dTeileann ar léann na canúineolaíochta i ndeisceart Thír Chonaill fosta. Nuair a tharraing an tEilbhéiseach iomráiteach, Heinrich Wagner (1923-1988) ar Thír Chonaill den chéad uair, casadh Ó hEochaidh air i dtuaisceart an chontae i ndiadh dó seal a chaitheamh i nDún Chaoin ar dtús (Ó hEochaidh, 1997: 17). Ba é an tOllamh Pokorny a bhí ina ollamh ag Wagner san Eilbhéis, an tOllamh céanna a ruaigeadh as a phost nuair a tháinig na Naitsithe chun cumhachta in Ollscoil Berlin sa bhliain 1935; ba é Ludwig Mulhausen, an spíodóir Naitsíoch a rinne taighde canúineolachta ar Shéamus Ó Casaide i 1936 a líon post Pokorny (Ó hEochaidh, 1997: 15; O'Donoghue, 1998: 12-13). Mheall Ó hEochaidh Wagner le seal a chaitheamh i mbun taighde ar chanúint Theilinn agus ar chanúintí dheisceart an chontae:

D'fhan sé [Heinrich Wagner] agam anseo i dtoigh Mhicí⁷. Ní raibh mórán ama aige le spáráil ach bhí go leor againn le caint agus cúiteamh a dhéanamh fá chanúintí na condae seo agus ní raibh sé doiligh agam-sa sin a dhéanamh mar go raibh eolas réasúnta maith agam orthu ó Theilinn go Málainn. B'ar chanúint mo cheantair féin – Teilinn agus Gleann a ba mhó a bhí aird agam-sa [...] Bhail, rinne mé féin agus Heinrich cuid mhór cainte agus díospóireachta fá chanúintí seo Thír Chonaill agus mhínigh mé dó comh maith agus a bhí ar mo chumas fá chanúint Theilinn agus Ghleann Cholmcille agus nárbh ionann í agus canúint ar bith ins an tuaisceart agus bhí fáth le sin. (Ó hEochaidh, 1997: 17)

⁷Teach Mhicí Mhic Gabhann (athair céile Sheáin Uí Eochaidh), atá i gceist anseo.

Cruinniú cinniúnach a bhí ann. Ní hamháin gur chaith Wagner seal fada sa cheantar i mbun taighde canúineolaíochta sna 1940idí, ach d'éirigh leis cairdeas a bhaint amach le Seán Ó hEochaidh agus le cuid de na seanchaithe áitiúla.

Dála Uí Eochaidh, bhí pearsantacht agus tuigse ag Wagner a thaitin leis na seanchaithe a raibh sé i mbun oibre leo. Bhí sé foighdeach leo, agus d'óladh sé deochanna leo sna tithe tábhairne áitiúla fosta (Ó hEochaidh, 1997: 20-21). Réitigh Wagner agus Jimí Ó hIghne, fear na laoihe, go han-mhaith lena chéile, mar shampla. Deir Ó hEochaidh:

Bhí dúil ag an bheirt acu sa bhraon bheag agus níorbh iontas ar bith dúil a bheith ag Jimí ann de thairbhe gur seanstíleir a bhí ann agus b'iomaí sin braon cruaidh a chuidigh sé a dhéanamh ina am [...] Bhíodh an comhrá maith agus bhí Heinrich i gcónaí ag éisteacht agus ag foghlaim. Bhí tréith ar leith ag baint le canúint Jimí agus ba é sin go labhairadh sé go ceolmhar agus go mall agus bhí sin ag fóirstean don té a bhí ag foghlaim. (Ó hEochaidh, 1997: 20)

Ba ghairid gur chuir Wagner aithne mhaith ar líonra seanchaithe Uí Eochaidh i dTeileann agus i nGleann Cholm Cille. Níorbh fhada fosta gur thosaigh Ó hEochaidh agus Wagner ag obair as lámh a chéile agus go raibh institiúid bhéaloidis agus chanúineolaíochta cothaithe acu i dteach Phádraig Mhic Seáin ar an Cheapaigh, Teileann.

Bhí cuideachta acadúil ag Ó hEochaidh agus é féin agus Wagner ag roinnt oifige. Tugadh deis don bhailitheoir béaloidis áitiúil mioncheisteanna canúna a chur ar Wagner agus cúrsaí acadúla agus taighde a phlé agus ar an taobh eile de, bhí deis ag Wagner mioncheisteanna a chur ar Ó hEochaidh chomh maith. Féach mar shampla, an cur síos seo a dhéanann Ó hEochaidh ar obair s'acu in oifig Phádraig Mhic Seáin ar an Cheapaigh:

Tháinig mé 'na Ceapaighe innseoir Wagner ar maidin ar 9.30. Bhí seisean a scríobhadh ins an oifig s'againn i dtoigh m'unncail mar ba ghnáthach. Chuaidh mise i gcionn mo ghnoithe fhéin a scríobhadh ach amháin nuair a bhíodh míniú ceiste a dhíoghbhail ar Enrí.

‘San oidhche tháinig m’unnca Diarmuid isteach chughainn mar ba ghráthach leis a dheánamh ‘ach uile oidhche, agus choinnigheadh seisean gnoitheach an bheirt againn go súil an mheadhon oidhche. Ní rabh oidhche ar bith nach rabh rud ínteacht úr aige-san a choinnigheadh gnoitheach Enrí agus mé fhéin – gíotaí mion-seanchais uilig a bhí aige ar ndóiche ach bhí siad an-suimeamhail. Bhí an-mhórán cora-cainnte agus sean-chainnte aige an obair a ba mhó a rabh suim againn ann ‘san am i láthair. (CBÉ 1289: 15-16) (17.12.1946)

Obair chiúin a bhí sa scríbhneoireacht a bhí ar bun ag an bheirt acu. Bíodh is nár tháinig le Seán Ó hEochaidh freastal ar an Choláiste Ullmhúcháin, cara léannta a bhí in Wagner a chuaigh go mór i bhfeidhm air agus é ag iarraidh *Sean-chainnt Theilinn* a ullmhú don chló. Is cinnte go raibh tionchar nach beag ag bunadh an bhailitheora ar thorthaí taighde Wagner fosta. Ba dheartháir le Pádraig Mac Seáin é Diarmuid Mac Seáin, aon t-aon fhaisnéiseoir a roghnaigh Heinrich Wagner do cheantar Theilinn dá mhóratlas teangeolaíochta, *Linguistic Atlas and Survey of Irish Dialects (LASID feasta)*.

Míníonn Ó hEochaidh an chúis leis an rogha fáisnéiseora seo agus é ag trácht ar an bhua a bhí ag Diarmuid Mac Seáin. Deir sé:

Nuair a bhí mé a teacht arais tháinig m’unnca Diarmaid Mac Seagháin liom, agus chaith mé an oidhche a scríobhadh cora – cainnte uaidh a bhí a baint le h-iascaireacht. Fear íontach é. Níl mé fhéin a rádh in m’eólas go bhfuil fear eile a dtáinig mé trasna air is mó a bhfuil cainnt chasta aige nó é. Is ar éigin a thiofadh le Wagner á thuigbheáil. Chaith sé cuid mhór d’á shaoghal i gcuideachta sean-iasgairí, agus ar ndóiche d’fhág sin seans maith aige an teangaidh chruaidh chasta a bhí acú – san a thógail. Bhí teangaidh ar leith acú – san – teangaidh nár chualaidh mise rud ar bith ins na Gaeltachtaí eile cosamhail léithe. (CBÉ 1109: 595-596) (03.12.1946)

Tá cosúlachtaí áirithe idir an bhéim a leagtar ar an iascaireacht sa chur síos seo agus an cur síos a rinne Seán Ó Baoill (nó ‘John Boyle’), a bhí ina mháistir scoile i dTeileann, ar chumas teanga na n-iascáirí mar chuid de Thuarascáil Choimisiún na Gaeltachta sa bhliain 1925. Deir an máistir scoile: ‘No matter how much they use it [Béarla] they remain Irish-speaking still. It is due to the fishermen. No matter what language is spoken they keep Irish alive, for they cannot catch fish in England’ (Walsh, 2002: 47). Thiofá a rá gur chuidigh taighde Wagner deimhniú a dhéanamh ar chuid

de na híde-eolaíochtaí a bhí i réim i dTeileann maidir le Gaeilge agus le seanchas na n-iascairí. Mar sin féin, in *Gaeilge Theilinn*, coimríonn Wagner na cosúlachtaí mar seo a leanas: ‘Deir daoíní as Teil. féin go bhfuil Gaedhilge Mhuigheó níos cosamhla le Gadhilge Theil. ná le Gadhilge tuaisceart Thír Chon., ach ní shílím go bhfuil an ceart acú.’ (1959: 211), ach ar an taobh eile de, deir sé ‘tá Gaedhilge Theil. na ceangal eadar Ghaedhilge Th. Chon. agus Gaedhilge Chonnachta’ (1959: 235).

D’aithin Ó hEochaidh an oiliúint a chuir Wagner air, oiliúint a ghéaraigh a chuid scríbhneoireachta agus a chuid tuiscintí ar chanúintí Thír Chonaill. Ag trácht ar shaineolas Wagner dó, deir Ó hEochaidh: ‘Ba mhór an teagasc domh-sa mo chuid oibre a dheánamh i gcuideachta comh maith le Wagner. Bhí ‘ach uile lá agham go díreach mar bhéinn ar Ollscoil ag obair le ollamh foghraidheachta’ (CBÉ 1289: 18) (19.12.1946). Go fiú sna 1960idí, bhíodh Wagner agus Ó hEochaidh fós ag plé leis an fhoilsitheoireacht:

Bhí an tOllamh Wagner agam le cúpla lá. Bhí sé ag gabháil fríd ábhar a chuir sé síos blianta ó shin. Tá an uimhir dheireanach den Atlas ‘á críochnú aige anois agus is a baint le Cúigeadh Uladh ar fad a bhéas an ceann seo. Tá an tríomhú ceann a baint leis an Mhumhan ar fad. Tá an-obair ‘á deánamh aige i mBéal Feirste agus tá cupla cúntóir maith aige. Gheall sé domh na focla údaí a chur mé ar chardaí a baint leis an fharraige a chur i gcló. (Litir ó Sheán Ó hEochaidh chuig Séamus Ó Duilearga, 20.04.1966)

Sa bhliain chéanna, scríobh Wagner litir chuig an Duileargach ag iarraidh cead a fháil uaidh chun go dtiocfadh le Seán Ó hEochaidh sraith léachtaí a thabhairt in Ollscoil na Banríona, Béal Feirste (Litir Ó Heinrich Wagner chuig Séamus Ó Duilearga, 23.10.1966). Is cinnte gur chuir an tsraith léachtaí seo le clú Uí Eochaidh agus le clú na seanchaithe i dTeileann arís eile. Níl feidhm tuilleadh den chairdeas scolártha siúd a phlé anseo, ach amháin gur fiú a lua gur ríléir go raibh an béaloideas agus an chanúineolaíocht thraidisiúnta fite fuaite lena chéile. Chuir taighde Wagner le cáil an cheantair agus chuir toradh a chuid taighde ina luí ar sheanchaithe agus ar chainteoirí Gaeilge iardheisceart an chontae go raibh tréithe agus stór faoi leith acusan a bhí neamhghnách i gcodarsnacht le ceantair eile sa chontae.

2.8 Cuairt an *Picture Post*, Nollaig 1946: ‘The Irish Storyteller’

Nuair a tháinig iriseoir agus grianghrafadóir de chuid an *Picture Post*, iris Shasanach, ar cuairt go Teileann i mí na Nollag 1946, thit sé ar chrann Sheáin Uí Eochaidh na seisiúin scéalaíochta a eagrú agus rogha de sheanchaithe áitiúla a chruinniú le chéile. Agus sairse taistil acu, ní de thimpist a bhíodh lucht irise ag taisteal go hÉirinn agus ag léiriú spéise san iargúlacht i ndiaidh an Dara Cogadh Domhanda. Ní raibh ócáidí taifeadta den chineál seo neamhghnách sna ceantair Ghaeltachta i gcaitheamh na tréimhse seo ach oiread agus ní mór súil a chaitheamh ar an dóigh a roghnaigh Ó Duileargach agus Robert Flaherty scéalaithe ó Árainn agus ó Chonamara le dul anonn go Londain chun an scannán *Oidhche Sheanchais* a thaifeadadh sa bhliain 1935, mar shampla (Sumner, Hillers agus McKenna, 2015: 1-19). Cé na seanchaithe, agus cén suíomh a roghnódh Ó hEochaidh agus na meáin idirnáisiúnta ar cuairt sa cheantar, mar sin?

Ba é teach Mháire Ní Bheirn, Iomaire Mhuireanáin, an príomhtheach a bhí in úsáid ag an bhailitheoir don taispeántas scéalaíochta agus bhí Mícheál Ó hIghne ar dhuine de na príomhscéalaithe a roghnaíodh le bheith i láthair ar an oíche. Seo thíos cuntas Uí Eochaidh ar an dóigh ar thit an taispeántas scéalaíochta siúd amach i dteach na mBeirneach ar an 12 Nollaig 1946:

Bhí socruighthe againn le Mícheál Ó h-Ighne (Micí Phadaí Bháin) go mbéadh sé annsin romhainn. Bhí go bréagh ag gabhail i láthair dúinn bhí Mícheál rómhainn agus an sean-scaifte uilig astoigh. Bhí fearadh na fáilte rómhainn mar ba dual ins a’ teach a rabh sinn ann. Suidheadh thart fá’n teinidh agus ba ghoirid gur h-iarradh ar Mhicí Phadaí Bháin scéal a innse. Ní rabh seisean fuar nó fallsa a deánamh sin. Shuidh sé sa chluíid agus thosuigh sé ar scéal Naomh Peadar agus an fear a d’ith croidhe an uain.⁸ D’innis sé an scéal seo go h-iontach maith agus bhain ‘ach uile dhuine dá rabh i láthair sult agus sásamh as – go fiú na Sasanaigh nár thuig caidé a bhí sé a rádh thaitin an dóigh a innse a bhí aige leis go maith agus b’éigean domh an scéal a aistriú do Mhr. Lloyd comh maith agus a tháinic liom.

Bhí Seán Ó Cuinneagáin i láthair fosta agus nuair a bhí Micí críochnuighthe chuir mé i gcionn scéil eisean fosta. Siud agus nach bhfuil deis a chainnte ag Seán comh maith

⁸ Tá an scéal seo, ‘An Diabhal i bPocán’, foilsithe in: Ó hEochaidh, S. & Ó Laoire, L. 1989. ‘An Diabhal i Seanchas Thír Chonaill’. *Béaloideas* (57), 51-61.

le Mici d'innis sé scéal maith fosta. Coinnigheadh an comhrádh a gabhail mar seo go meadhan-oidhche agus níor mhothuigh sinn an oidhche a gabhail thart. Bhí oidhche de'n t-sean chineál againn gan amhras agus daoine i láthair as trí nó a ceathair de thíortha: Bhí Wagner againn ó'n Eilbhéis an bheirt Shasanach, agus fear eile a tógadh i Meiriceá. Thaitin an oidhche go maith leobhtha uilig agus chonnaic siad rud nach bhfacaidh siad ariamh cheana féin. Bhí luthgháir mór orm go bhfacaidh. (CBÉ 1289: 8-10) (15.12.1946)

Títear go raibh cineál d'ateangaireacht ar bun ag Ó hEochaidh agus é ar a dhícheall plota an scéil a mhíniú do na Sasanaigh a fhad is a bhí Mícheal Ó hIghne ag insint a scéil. Bíodh is gur inis Seán Ó Cuinneagáin scéal os comhair lucht an *Picture Post* fosta, is léir go raibh dúil faoi leith ag Ó hEochaidh i stíl insinte Uí Ighne, an fear ar thaistil sé chuig an Oireachtas faoi dhó leis. Ní hamháin go raibh na cuairteoirí ón *Picture Post* ag suí cois teallaigh ach tugtar le fios go raibh Heinrich Wagner as an Éilbhéis agus fear eile a tógadh i Meiriceá i láthair fosta. Meascán de thaispeántas don dream idirnáisiúnta agus d'árneál don líonra béaloidis áitiúil a bhí sa mhéid a thit amach i dteach na mBeirneach ar an ócáid siúd.

Ba mhór an difear idir an dóigh ar eagraigh Ó hEochaidh an taispeántas scéalaíochta i dteach na mBeirneach agus an dóigh a ndearnadh taifeadadh ar Mháire Uí Dhonnagáin, ceoltóir agus seanchaí as Rann na Cille, Teileann. Ba i rith an lae a thit an seisiún grianghrafadóireachta seo amach i dteach Mháire agus Mhanuis Uí Dhonnagáin. Tugadh cuireadh do bhunadh na háite teacht isteach chun tí ar an toirt siocair go raibh lucht éisteachta de dhíth le bheith sna grianghraif. Seo mar a chuir Ó hEochaidh síos ar rannpháirtíocht Mháire Uí Dhonnagáin:

Ghlac fear na pioctúirí (McGee) pioctiúr na sean mhrá ar 'ach uile dhóigh a dtiocfadh sin a dheánamh. Ba mhaith leóbhtha scaifte a bheith astoigh annsin a shuidhfeadh thart fá'n teinidh nuair a bheifí a tarraingt a pioctiúr agus í a scéalaidheacht. B'éigean domh-sa a ghabhail i n-éadan na bpileár arís agus imeacht amach a chuartú na ndaoíní sin. Shiubhail mé baile Rann na Cille agus chruinnigh mé liom fir a bhí amuigh i sciobail a' bualadh choirce agus daoíní a bhí a leasú eangach agus i gcionn 'ach uile chineál oibre go dtug mé isteach 'toigh Mhágghnuis iad. Nuair a bhí siad sásta annsin tharraing muid ar theach Mháire Ní Bheirn i n-Iomaire Mhuireanáin. (CBÉ 1289: 12-13) (16.12.1946)

Bhí ar an bhailitheoir daoine a tharraingt óna gcuid oibre ó tharla gur i rith an lae a rinneadh na grianghraif a thógáil. Cibé cúis de, is léir go raibh teachtaireacht curtha chuig an líonra seanchaithe le bheith ann rompu i dteach Mháire Ní Bheirn, Iomaire Mhuireanáin san oíche:

Bhí an oidhche an-dorcha agus ach go bé an lampa bréagh a bhí linn a rabh siadsan a baint féidhm as a tarraingt na bpíoctúirí ní dheánfaimist maith ar bith. D'éirigh liom Máire a bhaint amach.

Bhí an scaifte ar chuir mé teachtaireacht chuca uilig annsin romhainn, agus ‘ach uile sheórt gléasta fá ár gcoinne. Chóirigh Mac Aodha iad thart annsin ‘sa dóigh ar fhóir sé dó agus thosuigh an obair annsin. Ghlac sé mórán mór píoctúirí, agus tá mé cinnte go dtiocfaidh cuid mhaith acú amach go maith. Bhí adhbhar gáire bréagh againn, agus nuair a bhí deireadh deánta bhí sé a tarraingt ar an mheadhon-oidhche.(CBÉ 1289: 12-14) (16.12.1946)

Bíodh is gur mó béim a leagann Ó hEochaidh ar theach na mBeirneach ina dhialann goirt, san alt a foilsíodh sa *Picture Post* dar teideal “The Irish Storyteller”, tugadh ardán do Mháire Uí Dhonnagáin agus í le feiceáil i mbun scéalaíochta i bhformhór na bpictiúr foilsithe (Llyod, 1947: 21-25). Is suntasach fosta gur cuireadh seanscéal de chuid Uí Dhonnagáin i gcló ag deireadh an ailt go háirithe má chuirtear san áireamh na tuiscintí teoranta a tháinig chun cinn sa scoláireacht ar scéalaíocht na mban i dTeileann san fhichiú agus sa naoú haois déag faoi mar a phléifear i gCaibidlí a Trí agus a Ceathair.

Scríobh Albert Lloyd (1908-192), bailitheoir amhrán, agus iriseoir de chuid an *Picture Post* an méid seo a leanas faoin cheantar san alt:

The whitewashed village of Teelin straggles along an inlet at the foot of Slieve League. The village is poor; and ‘poor’ in Ireland means really poor. There is no pig; for what should a pig be fed on? There is no plough; for who has money for a horse? If a man wants to grow a crop, he digs. Mostly he prefers to fish. But fishing is a poor living now and for years the British and French stream-trawlers have worked so often within the three-mile limit of the Donegal coast that the spawning grounds are disturbed and it is hardly worth the Teelin man’s time to shove his boat out. Mainly, the villagers live on what their sons and nephews send from America; and partly they live on assistance from the Government of Eire. (Lloyd, 1947: 21)

Seans gur leag stíl scríbhneoireachta Lloyd barraíocht béime ar bhochtaineacht an cheantair seachas ar bhua ealaíonta na seanchaithe áitiúla san alt. Is cinnte nach raibh iomlán den scaifte a bhí i láthair ar an oíche sásta le scríbhinní Lloyd ar bhochtaineacht na háite (CBÉ 1289: 239). Ina dhialann goirt, cuireann Ó hEochaidh síos ar an dóigh ar chothaigh an focal scríofa teannas idir é féin agus cuid de bhunadh na háite i dTeileann (CBÉ 1289: 239). Ní hiontas ar bith é gur ghoil an méid a bhí scríofa sa *Picture Post* ar roinnt daoine áitiúla i ndiaidh an cuidiú a thug siad dóibh. Siocair gur Marxach a bhí in Bert Lloyd, mar ab fhearr aithne air, shílí gur ag iarraidh aird a tharraingt ar an neamart a bhí á dhéanamh ag an rialtas ar chosmhuintir na tuaithe a bhí sé; go deimhin, chuaigh sé ar aghaidh le béaloideas agus ceol a bhailiú sna blianta ina dhiaidh dó an t-alt a scríobh (Arthur, 1983: 437).

Mar sin féin, thiofáí go ndéanfadh foilseacháin phoiblí dá léithéid deacrachtaí a chothú do bhailitheoirí béaloidis de chuid an Choimisiúin. Mar shampla, cuireann Michael J. Murphy síos go mion ar an dóigh ar chothaigh na meáin deacrachtaí dó i measc an líonra seanchaithe a bhí cothaithe aige i gCo. Thír Eoghain (1973: 70). Cuairt Heinrich Wagner ba chúis leis an tsuim a chur na hiriseoirí in obair Murphy is cosúil; deir sé:

Following Wagner's visit the journalists discovered me, quoted me without seeing me, talked of my getting material from 'all creeds and classes' [...] I spent most of a month allaying alarm and re-establishing myself in the confidence of my narrators. (Murphy, 1973: 70)

Tagann cúrsaí aicme chun cinn anseo arís agus 'all creeds and classes' mar chuir síos ag na hiriseoirí ar bhunadh na háite (1973: 70). D'admhaigh Murphy gur thóg sé tamall air meas a chuid seanchaithe a thuilleadh ar ais ina dhiaidh sin. Ós rud é gur chuir Murphy a chuntas féin i gcló, is cinnte gur roghnaigh sé cuid de na hócáidí ba sheasmhaí agus ab oiriúnaí don fhoilseachán agus mar sin, go ndeachaigh an eachtra seo i bhfeidhm go mór air agus é ag smaoineamh siar ar a cheird.

Thiofáí a rá go bhfuil macallaí áirithe le feiceáil idir an cur síos a dhéantar san alt a foilsíodh sa *Picture Post*, an méid a dúradh faoi sheal Wagner i dTír Eoghain sna meáin, agus nótaí páirce Jeremiah agus Alma Curtin nuair a bhí siadsan ar cuairt i dTír

Chonaill, i nGaillimh agus i gCiarraí sa bhliain 1887. Siocair gur saothar mór toirtiúil is ea *The Memoirs of Jeremiah Curtin* (1940), a foilsíodh blianta tar éis bhás an údair [na n-údar], shílfi nach mbeadh teacht ag an ghnáthphobal léitheoireachta air go forleathan taobh amuigh den léann. Dá bhfeicfeadh na seanchaithe áitiúla an cur síos a bhí déanta orthu sa leabhar, thiocfaí a shamhlú nach sásta a bheadh siad lena bhfuil scríofa i bhfianaise thaithí Uí Eochaidh agus Murphy. Bhí na ceantair ina raibh formhór na bailitheoirí béaloidis ag obair iontu an-bhocht. Faraor, ba dheacair do chuid de na cuairteoirí a bhíodh ag tarraingt ar na ceantair seo ón taobh amuigh gan díriú ar an bhochtaineacht. Is gá a bheith meabhrach gur thug an traidisiún béal faoiseamh aigne do na daoine agus caitheamh aimsire sóisialta a bhí i gcleachtas na dtraidisiún siúd.

2.9 Camchuart an BBC: Lúnasa 1947

Ní nach ionadh go raibh Seán Ó hEochaidh idir dhá chomhairle nuair a bhí an BBC le tarraingt ar Theileann mar chuid dá gcamchuart ar fud Thír Chonaill i Lúnasa na bliana 1947. Ag machnamh dó faoin mhéid a thit amach leis an *Picture Post* díreach cúpla mí roimhe sin, d'admhaigh Ó hEochaidh go raibh 'daoiní nár bheannuigh an t-am de lá' dó 'dá bharr na bpiocúirí agus an aiste a scríobh siad [*Picture Post*] fá cheantar Theilinn' (CBÉ 1289: 239). Mar sin féin, chinn an bailitheoir gur cheart dó cuidiú a thabhairt don BBC agus iad i dTír Chonaill. Ba as Tír Chonaill do Brian George a bhí i gceannas ar an *British Broadcasting Corporation's Central Programme Operations* ag an am, agus ba eisean a d'fhostaigh Séamus Mac Aonghusa le ceol traidisiúnta a thaifeadadh ar fud na hÉireann sa bhliain 1947 (Gomes, 2019).

Ba léir go raibh ráchairt i bhfad ní bhfearr ar an ócáid seo. Cé go raibh Ó hEochaidh ag obair sna Cruacha Gorma samhradh na bliana 1947 fosta, níor tharraing foireann an BBC ar cheantar na gCruach mar gheall ar mheáchan an treallaimh agus ar iargúlacht an cheantair (CBÉ 1289: 271). Ba in oifig Uí Eochaidh, i.e. teach Phádraig Mhic Seáin, ar an Cheapaigh a rinneadh an taifeadadh don BBC seachas i dteach na mBeirneach an iarraidh seo — an teach a úsáideadh do lucht an *Picture Post*. Bhí Brian George agus Séamus Mac Aonghusa i láthair. Seo mar a chuir Ó hEochaidh síos ar an seisiún taifeadta:

Tháinig na daoíní ar iarr mise ortha é – Peadar Ó Beirn, Iomaire Mhuireanáin, Seán ‘Ac Seághain, Leirg a’ Dachtaín agus Micheál Ó h-Ighne, An t-Atharach, agus Séamus Ó Liadhain Rann na Cille. Bhí siad seo fhad astoigh agus go rabh ocra a ndinneára ar bhealach a bheith ortha nuair a tháinig siad fá dheireadh. Nuair a bhain siadsan an teach s’againne .i. m’oifig ar an Cheapaigh – amach d’imthigh mé go bhfághainn rud ínteacht a bhéarfainn le h-ól dó na daoine seo. Nuair a tháinig mé ar ais bhí Peadar Ó Beirn le h-obair ag innse scéil thaidhbhse Chonail daobhtha. Bhí cumadh an-súgach ar an dream a d’fhág mé ‘mo dhiaidh agus fuair mé amach gur rann an fear eile Brian George – buideal uisce beatha ortha. D’oibir siad leobhtha annsin, ba mhaith leo scéal a fhagháil ó Mhicí Phadaí Bháin i mBéarla ach ní rabh sé sásta sin a dheánamh daobhtha. (CBÉ 1289: 260-261) (23.08.1947)

Arís eile, tímíd gur roghnaigh Ó hEochaidh na seanchaithe a bhí le páirt a ghlacadh sa taifeadadh. Cé nach ndearnadh an taifeadadh i dteach na mBeirneach, tímíd go raibh na deartháireacha, Peadar Ó Beirn agus Conall Ó Beirn, páirteach sa tsiamsaíocht. Bronnadh roinnt deochanna ar na seanchaithe mar chúiteamh dá gcuid ama agus chun iad a chur ar a suaimhneas fosta. Fuair Ó hEochaidh roinnt deochanna do na seanchaithe agus thug Brian George buideal uisce beatha dóibh. Ní léir más rud é gur íocadh cuid de na seanchaithe as ábhar a sholáthar don BBC fosta. Mar shampla, i litir a sheol Ó hEochaidh chuig Bríd Ní Mhathúna sna 1960dí, déanann sé gearán faoin dóigh ar deacair do bhailitheoirí béaloidis dul san iomaíocht le Raidió Éireann agus leis an BBC maidir le seanchaithe a chúiteamh as a gcuid ama:

Tá sé an-deacair lá, ná laetha, ná blianta a chaitheamh le seanchaí agus gan a thairgthean do ach unsa tobac! Bíonn muintir Raidió Éireann agus B.B.C. ag obair leis na daoine céanna seo agus má labhairtear siad leofa ar feadh chúig bhomaite gheibh siad £4.40! (Litir ó Sheán Ó hEochaidh chuig Bríd Ní Mhathúna) (14.01.1969)

Ba dheacair dul san iomaíocht leis na meáin ghairmiúla go cinnte agus tobaca a thairiscint do na seanchaithe as a gcuid ama seachas cúpla punt.

Cibé cúis de, thiofá go raibh ócáid taifeadta BBC i Lúnasa 1947 seo ina chuidiú don bhailitheoir áitiúil i ndiaidh an méid a thit amach leis an *Picture Post* siocair go raibh ráchairt ar an ócáid agus go raibh aithne mhaith ag na seanchaithe áitiúla ar Shéamus Mac Aonghusa faoin am seo. Bhain gradam agus stádas mór le taifeadtaí fuaimne a

chraoladh ar an raidió agus gach seans gur thug an taithí seo ardú meanma do chuid de na seanchaithe áitiúla.

2.10 Ceangal

Léiríonn an chaibidil seo gur gá scagadh a dhéanamh ar an dóigh ar éirigh le ceantair Ghaeltachta ar nós Theilinn cáil idirnáisiúnta a bhaint amach san fhichiú haois. Leag Jeremiah agus Alma Curtin síos an nós imeachta ag deireadh an naoú haois déag agus iad ag bailiú seanscéalta fada ó Sheán Ó Barráin agus Dónall Mac Briartaigh. Choinnigh bailitheoirí éagsúla ag tarraingt ar an cheantar ansin ón tréimhse sin i leith agus béim á leagan acusan ar réimsí na bhfear den traidisiún: Enrí Ó Muirgheasa, Wilhelm Doegen agus Ludwig Mülhausen, cuiream i gcás. Bhí cáil bainte amach ag an cheantar cheana féin faoin am ar thosaigh Ó hEochaidh ag saothrú a ghairm mar bhailitheoir béaloidis sa cheantar agus gach glúin ag dul i dtraithí ar chuariteoirí agus nósmaireachtaí bailitheoireachta éagsúla. Ansin agus Ó hEochaidh ina idirghabhálaí áitiúil, chuir líonra seanchaithe Uí Eochaidh i dTeileann aithne ar bhailitheoirí béaloidis agus ceoil, ar scoláirí idirnáisiúnta agus ar na meáin. Is cinnte go raibh tionchar ag an taithí sin ar a gceird. Thiofáí go dtabharfaí na cuairteoirí seo stádas breise do mhórsheanchaithe an cheantair agus thiofadh dó go gcuirfeadh na foilseacháin as do na seanchaithe fosta. Bhí gá le heitic agus béasa. Is léir cad chuige ar éirigh chomh maith sin le Seán Ó hEochaidh, le Séamus Mac Aonghusa agus le Heinrich Wagner agus dáimh faoi leith acu le muintir na tuaithe.

Ba mhinic a thit sé ar chrann Uí Eochaidh a bheith ina idirghabhálaí idir na cuairteoirí agus bunadh na háite agus níor pléadh na samplaí ar fad anseo. Mar sin féin, is léir ón mhéid a pléadh sa chaibidil gur cinnte go raibh tionchar nach beag a dhaoine muinteartha ar thorthaí taighde agus spriocanna éagsúla na gcuairteoirí fosta. Ba é Ó hEochaidh a chuidigh le Wagner, Séamus Mac Aonghusa, an *Picture Post* agus leis an BBC na faisnéiseoirí cuí, dar leis, a roghnú. Tugann a dhialann goirt le tuiscint dúinn go raibh smacht áirithe aigesean agus ar a chuid uncailí Diarmuid agus Pádraig Mac Seain ar thionscnamh canúineolaíochta Wagner sa cheantar fosta. Go deimhin, ba é Ó hEochaidh a threoraigh Ludwig Mülhausen i dtreo Shéamuis Uí Chasaide i 1936.

Bhí ról lárnach ag Seán Ó hEochaidh sna hócáidí taifeadta de chuid an BBC agus an *Picture Post* a eagrú. Ba eisean a roghnaigh na daoine a bheadh páirteach (agus nach mbeadh páirteach) agus cé a bheadh i láthair don ócáid taifeadta. Ba eisean a roghnaigh na suíomhanna taifeadta chomh maith. Ba mhinic a bhíodh teach na mBeirneach, Iomaire Mhuireanáin, agus teach Phádraig Mhic Seáin, an Cheapach, in úsáid ag Ó hEochaidh i dTeileann le freastal ar riachtanais na gcuairteoirí éagsúla. Bhain tábhacht faoi leith le spás cuí a sholáthair chun an ealaín bhéil a thairfeadh go héifeachtach. Thiocfaí a rá gur sholáthair teach na mBeirneach agus teach Phádraig Mhic Seáin ardán idirnáisiúnta do sheachadadh an bhéaloidis agus gur tháinig claochlú ar lucht éisteachta an traidisiúin dá bharr. Mar sin, léirítear an fiúntas a bhaineann le mionanailís a dhéanamh ar na spásanna seachadta. Díreofar go mion ar an institiúidiú a rinneadh ar theach na mBeirneach i gCaibidil a Cúig de thairbhe bhailiúchán Uí Eochaidh sa cheantar. Is suntasach fosta gurbh iad na fir a roghnaíodh go minic mar fháisnéiseoirí do na bailitheoirí béaloidis agus do na scoláirí idirnáisiúnta. Ba shuimiúil gur roghnaigh an *Picture Post* íomhá Mháire Ní Dhonnagáin seachas íomhá Mhícheáil Uí Ighne don alt a foilsíodh i 1947. Mar a fheicfear anois i gCaibidil a Trí agus i gCaibidil a Ceathair, bhain rialacha follasacha faoi leith le láithriú na scéalaíochta agus le láithriú an tseanchais, agus bhí tionchar nach beag ag cúrsaí inscne ar an dóigh a ndéantaí an t-ábhar a sheachadadh.

Caibidil a Trí

Scéalaíocht na bhFear i dTeileann:

Conall Ó Beirn agus Mícheál Ó hIghne

3.1 Réamhrá

Mar atá feicthe againn, tá cáil faoi leith bainte amach ag Teileann mar cheantar a raibh traidisiúin láidir scéalaíochta ann san 20ú haois. Léiriú is ea líon na dtras-scríbhinní atá curtha i dtaisce i gCnuasach Bhéaloideas Éireann ar líon na seanscéalta agus ar éagsúlacht an ábhair a bhailigh Seán Ó hEochaidh agus bailitheoirí béaloidis eile (mar a pléadh i gCaibidil a Dó) ó scéalaithe agus ó sheanchaithe as Teileann agus paróiste Ghleann Choilm Cille i rith an fichiú haois. Mar sin féin, tá sé thar a bheith suimiúil nach é clú na scéalaíochta amháin atá ar Theileann, de réir fhianaise an bhailiúcháin féin, ach go bhfuil clú air de thairbhe ar dchumas na sárscéalaithe fosta. D'fhéadfaí nasc díreach a dhéanamh leis an tslat tomhais seo b'fhéidir, agus an píosa cainte a rinne Séamus Ó Duilearga faoi chaighdeán na scéalaíochta i dTeileann in *GS*:

Sixty to eighty years ago but few people in Teilionn⁹ were literate, but in their isolated lives story-telling and singing had reached an advanced stage of perfection. The unlettered literary and musical critics of Teilionn, as of many other Gaelic communities besides, required of the story-teller and the singer an artistic standard of which the book-learned modern can have no conception. (Ó Duilearga, 1945: 18)

Dearcadh clasaiceach na mbéaloideasóirí sa naoú haois déag is ea an tagairt don 'book-learned modern'; is é sin le rá, an té a raibh léamh agus scríobh aige/aici, ní bheadh an scéalaíocht thraidisiúnta acu. Ach féach mar a chonacthas an scéal do Walter Benjamin in 'The Storyteller' agus é ag cur síos ar Nikolai Leskov (1831-1895) mar scéalaí traidisiúnta, údar léannta a scríobh a chuid scéalta: 'Few storytellers have displayed so profound a kinship with the spirit of the fairy tale as did Leskov' ([1936]1968:102). Cé go ndearnadh scaradh dénártha idir an traidisiún béil agus an nua-aimsearthacht, b'fhéidir nach bhfuil an pictiúr chomh dubh agus bán sin ar fad. Faoi mar atá pléite i gCaibidil a hAon agam, ba é Seán Ó hEochaidh a sholáthair an cuntas faoin áirneál agus faoin scéalaíocht i dTeileann don Duileargach fá choinne na léachta (Féach

⁹Seanlitriú is ea 'Teilionn' ar Theileann, mar atá pléite i réamhrá an tráchtais.

Briody, 2013: 1-33). Mar sin de, bíodh is go bpléann an ráiteas seo de chuid an Duileargaigh le scéalaithe agus le hamhránaithe ón 19ú haois, thuig Ó hEochaidh agus an líonra seanchaithe a chuir an t-eolas seo ar fáil dó sna 1940idí go raibh rialacha inmheánacha neamhráite ag baint le hardchaighdeán a bhaint amach sna healaíona béil. Brialacha iad seo a bhí bunaithe ar thaithí agus ar mhionchaibidil bhéil faoi chumas scéalaithe áirithe, nó ‘oral literary criticism’ mar a thug Alan Dundes air (in; Bronner, 2007: 81). Tugann ráiteas Uí Dhuilearga le fios go raibh tábhacht ag baint le hardchaighdeán na scéalaíochta chomh maith le hardchaighdeán na hamhránaíochta, ach gur cosúil nach raibh na rialacha sóisialta céanna i gceist maidir le réimse an tseanchais den traidisiúin.

Cad é go díreach bhí i gceist leis an ‘advanced stage of perfection’ siúd, agus an raibh a leithéid d’fhoirfeachta ann i ndáiríre? Cén dóigh a dtiocfadh le duine ‘advanced stage of perfection’ a bhaint amach sa scéalaíocht nó sa cheol? Cérbh iad na h-‘unlettered literary and musical critics’, agus cén tionchar a bhí acusan ar sheachadadh na scéalaíochta sa cheantar, mar shampla? Arbh í sin an tslat tomhais a bhí in úsáid ag Ó hEochaidh agus é i mbun bailithe?

Is é is mian liom a dhéanamh sa chaibidil seo ná cuid de na ceisteanna seo a spíonadh amach le teacht ar thuiscint níos fearr ar an cháil a bhí ar an scéalaíocht i dTeileann san fhichiú haois, agus ar an tionchar a bhí ag an bhailitheoir áitiúil, Seán Ó hEochaidh, ar thraidisiún na scéalaíochta sa cheantar lena linn trína chuid oibre mar bhailitheoir gairmiúil béaloidis. Díreofar ar bheirt scéalaí a bhí mar chuid den líonra seanchaithe a mbíodh Ó hEochaidh ag obair leo i dTeileann: Conall Ó Beirn (c.1909-1980) agus Mícheál Ó hIghne (c.1872-1969). Bhailigh Ó hEochaidh ábhar an-éagsúil ón bheirt mhórsheanchaí seo ó thaobh seanchais agus seanscéalta de agus is léiriú luachmhar atá i mbailiúchán na beirte ar chruthaitheacht agus ar bheocht na scéalaíochta sa cheantar san fhichiú haois. Ceal ama agus spáis, ní dhéanfar ach anailís ar dhá sheanscéal a bailíodh ón bheirt fhear idir na blianta 1935-1949: ‘Scéal an Bhlocáin’ (ATU 510) le Conall Ó Beirn agus ‘An Crochaire Tarnocht’ (ATU 300) le Mícheál Ó hIghne. Baineann buntáistí faoi leith le mionléamh a dhéanamh ar dhá scéal siocair gur féidir mionscagadh a dhéanamh ní hamháin ar phlota na scéalta, ach ar

ghnéithe tábhachtacha comhthéacsúla a bhain le láithriú na scéalta sa tréimhse inar bailíodh iad. Mar a fheicfear ar ball sa chaibidil, is iontach an léargas a thugann an dá scéal seo dúinn ar fhorbairt thraidisiún na scéalaíochta le linn an fichiú haois. Bíodh is gur cur chuige fiúntach a bheadh ann fosta suirbhé a thabhairt ar líon na seanscéalta a bhailigh Ó hEochaidh i dTeileann trí chéile, nó mar shampla, cuntas a thabhairt ar na scéalaithe ar fad a d’insíodh na seanscéalta fada, mar sin féin, is pictiúr réasúnta ginearálta a bheadh againn ar cheird na scéalaíochta sa cheantar seachas an léargas ionadaíoch comhthéacsúil a thugann mionchíoradh. Sárscéalaithe ab ea Conall Ó Beirn agus Mícheál Ó hIghne a raibh a gcuid stíleanna insinte agus a gcuid nósanna taibhléirithe sainiúla féin acu. Dar liom gur scéalta ionadaíocha iad ‘Scéal an Bhlocáin’ agus ‘An Crochaire Tarnocht’ a thugann léargas grinn ar chineál agus ar stíleanna scéalaíochta a bhí ag feidhmiú i dTeileann agus a raibh meas dá réir orthu. Ón scrúdú seo is fearr a thabharfar freagra ar na ceisteanna a cuireadh thuas, dar liom, agus a thuigfear níos grinne cad é na tuiscintí a bhain le feabhas agus le feidhm na scéalaíochta ar thrácht Ó Duilearga air.

Dá bhrí sin, is ar ‘Scéal an Bhlocáin’ le Conall Ó Beirn agus ar ‘An Crochaire Tarnocht’ le Mícheál Ó hIghne a dhíreofar sa chaibidil seo. Míneofar go mion an chúis atá leis an rogha seo scéalta ar ball sa chaibidil. Tabharfar aird faoi leith fosta, ar an léargas a thugann stór scéalta na beirte dúinn ar an traidisiún sa cheantar sa tréimhse inar bailíodh na scéalta seo uathu. Is gá beagán plé a dhéanamh fosta ar thaithí saoil na beirte agus ar an tionchar a bhí ag an taithí sin ar a gcuid scéalta. Go deimhin, faoi mar a bheidh le feiceáil, is deacair gan comhthéacs de chineál inteacht a chur san áireamh agus scéalaíocht na beirte seo á plé. Léireofar an fiúntas a bhaineann le comhthéacs an láithrithe agus insint na scéalta a shníomh le chéile agus seanscéala fada á gcíoradh.

3.2 Conall Ó Beirn agus Mícheál Ó hIghne

Scéalaí agus seanchaí ab ea Conall Ó Beirn (c.1909-1980) a chuir faoi ina cheantar dúchais i dTeileann ar feadh a shaoil. Dála mórán fear eile a mhair i dTeileann ag tús an fichiú haois, ba í an iascaireacht an ghairm bheatha a bhí ag Conall (CBÉ 141: 64). Ba mhinic do Ó hEochaidh an iascaireacht a lua mar thréith shainiúil de chuid an

cheantair agus é ag scríobh ailt agus ag tabhairt léachtaí (1977 & 1980). Bhí tionchar faoi leith ag an iascaireacht ar na healaíona béil agus ar chanúint an cheantair faoi mar a phléann an canúineolaí Heinrich Wagner in *Gaeilge Theilinn* (1959: 211). Ní haon iontas mar sin é go mbeadh blas na farraige ar an ábhar a bhailigh Ó hEochaidh ó Chonall. Scéalaí thar a bheith suimiúil is ea Conall Ó Beirn i gcomhthéacs an taighde seo de, mar gheall go raibh sé measartha óg (de réir shlata tomhais an léinn ar an scéalaíocht), agus é 26 bliain d’aois, nuair a thosaigh Ó hEochaidh ag bailiú scéalta agus seanchais uaidh sa bhliain 1935. Lean Ó hEochaidh ag bailiú ábhair uaidh go dtí 1975 nuair a bhí an scéalaí c.71 bliain d’aois. Bailíodh leaganacha éagsúla de na seancéalta céanna ó Chonall anseo is ansiúd i gcaitheamh na mblianta: i measc na scéalta a bhfuil cúpla leagan dóibh curtha i dtaisce, tá: ‘Gréagach, Mac Rí na dTulach’ (1954) agus ‘Gréagach Lonndubh Mac Rí na dTulach’ (1955)¹⁰; ‘Scéal an Bhlocáin’ (1935) & ‘Scéal an Bhlocáin’ (1949); ‘An Ridire Francach’ (1954) & ‘Ridire Beag na Fraince’ (1955) agus; ‘An tSeanbhean nár cuireadh a sáigh saibhris léi’ (1954) & ‘An tSeanchailleach nár cuireadh a sáigh saibhris léi’ (1955). Go deimhin, thiofáí tionscadal taighde eile a bhunú ar anailís chomparáideach a dhéanamh idir na leaganacha éagsúla de na scéalta céanna agus is cinnte go dtabharfar faoi sin amach anseo. Cuireann na leaganacha difriúla ar fad a bailíodh ón scéalaí chéanna ag pointí éagsúla dá shaol deis neamhghnách ar fáil le hanailís dá leithéid a dhéanamh. Is léiriú atá sna leaganacha éagsúla seo ar chaidreamh muinteartha Chonaill Uí Bheirn le Seán Ó hEochaidh agus líon suntasach ama caite ag na col seisreacha ag plé le bailiúchán an Choimisiúin.

Scéalaí seasmhach ab ea Mícheál Ó hIghne a bhain cáil amach mar scéalaí aitheanta ina cheantar áitiúil agus níos faide i gcéin. Duine siúlach scéalach a bhí ann go cinnte. Luann Pádraig Ó Baoighill ina chnuasach *Ó Cadhain i dTír Chonaill* gur chuimhin le hiníon Mhícheáil, Bella, go mbíodh sé de nós ag an scéalaí freastal ar oícheanta áirneála i mBaile an Droichid (Cill Chartha), paróiste trasna an chuain ó Theileann, agus go dtiocfadh an scéalaí Mícheál Ó hEochaidh as Gleann an Bhaile Dhuibh, Cill Chartha, a fhad le teach Mhícheáil Uí Ighne ar an Atharrach, Teileann fosta (2007: 95). B’fhéidir gurbh iad na hoícheanta áirneála tras-Atlantacha na deiseanna seachadta

¹⁰Féach: Mac Aoidh, S. (2016). ‘Céadach Mac Rí na dTulach: Léargas ar Sheanscéal i dTraidisiún Béil Thír Chonaill’. *Béaloides* (84), 170-191.

ba shuimiúla a bhí ag Mícheál, go háirithe má chuirimid san áireamh gur minic a samhlaíodh an béaloideas agus na seanchaithe a chleacht an cheird leis na ceantair thuithe amháin (Dundes, 2007: 164-178). Chuaigh Mícheál agus a chol ceathair, Pádraig Ó hIghne ar imirce go Butte, Montana go luath san fhichiú haois (Ó hEochaidh, 1977). Cé gur beag fianaise dhíreach atá tagtha chun cinn i dtaca leis an tréimhse a chaith Mícheál thall, is cosúil gur imigh sé sa bhliain 1910 agus ‘Mickey Heeney’ luaite mar dhuine de na paisinéirí a bhí ar bord an ‘California’ go hEllis Island, Nua Eabhrac; luaitear go raibh sé pósta faoin am seo ar Nóra Nic Lochlainn (‘Hannah Heeney’) agus ba é a dheartháir John an pointe teagmhála a bhí aige thall (‘New York Passenger Arrival Lists’, Ellis Island, 1892-1924). Chaith sé idir cúig agus sé bliana ag mianadóireacht dar le Pádraig Ó Baoighill (2007: 164-178) agus ag péadlaireacht dar le Seán Ó hEochaidh (1977). Is suimiúil gur thug Ó hEochaidh le fios go n-insíodh Mícheál agus Pádraig Ó hIghne a gcuid scéalta chomh minic thall i Meiriceá agus a dhéanadh siad sa bhaile i dTeileann — ceantar láidir scéalaíochta (1977). Luann sé go mbíodh daoine as Conamara agus Ciarraí ag freastal ar na hoícheanta scéalaíochta siúd (1977). Gné an-tábhachtach is ea an tréimhse a chaith Mícheál Ó hIghne i mbun scéalaíochta i Meiriceá nach mór í a chur san áireamh agus scéalaíocht Mhícheáil á meas againn, óir ba scéalaí gníomhach é i measc mhuintir na Gaeltachta a bhí ar deoraíocht thall. Anuas air sin, tá impleachtaí ag taithí na himirce don dearcadh a chuirfeadh in iúl gurbh iad na daoine ba lú teagmháil leis an tsaol mhór na seanchaithe ab fhearr. Cé gur chuir Ó Duilearga in iúil go raibh ‘isolated lives’ ag na seanchaithe ab fhearr i dTeileann, is cinnte nach raibh dada ‘isolated’ ná baol air ag baint le Mícheál Ó hIghne (1945: 18).

In Ard an Rátha dó sa bhliain 1937, bhailigh Ó hEochaidh cuntas gairid ó Thomás Ó Gallachubhair as Baile an Chaisil, Ard a’ Rátha, a raibh ceithre scór bliain aige ag an am, faoin taithí a bhí aigesean ag scéalaíocht in Alexander City, ‘Alabáma’:

Bhí mé uair amháin i mBaile thall annsin i Státa Alabáma in Alexander City agus bhí baicle mhór de na h-Éireannaigh astoigh an oidhche seo, agus bhí muid a caint ar an t-sean-tír agus ar na sean-sgéaltaí a bhí a rádh thart fá’n tineadh ins an t-sean-tír. (CBÉ 270: 765)

Déantar cur síos sa chuntas ansin ar an dóigh ar thosaigh scéalaithe Thír Chonaill ag dul san iomaíocht lena chéile agus iad in Alabama; ba é an toradh a bí ar an oíche áirithe seo a luann Ó Gallachubhair, go bhfuair sé féin an lámh in uachtar ar scéalaí de bhunadh na Rosann (CBÉ 270: 764-766). Bíodh is go raibh beocht sa traidisiún i measc phobal na n-imirceach, mar is léir, tugann Ó hEochaidh le tuiscint sa chuntas dialainne go raibh deacrachtaí áirithe aige ábhar Gaeilge a aimsiú in Ard a Rátha agus é ag obair sa cheantar céanna sna 1930idí (CBÉ 421: 238-257). Tá cosúlachtaí nach beag le feiceáil idir cuntas Thomáis Uí Ghallachubhair agus cuntas Mhicí Mhic Gabhann ina dhírbeathaisnéis *Rotha Mór an tSaoil* sa chaibidil dar teideal ‘Oíche Mhór Sheanchais’:

Bhí dream amuigh inár gcuideachta a rabh ceol breá acu agus bhí seanchaithe maithe ann fosta [...] Tharraingeodh scéal scéal eile agus dheamhan i bhfad go mbeadh achan fhear ar sheanchaí comh maith agus a chuala tú ariamh. Chuirí i míotar ansin scéalta fá na daoine beaga, fá thaibhsí, fá chróchnáidí (nó tórraimh sí), fá laochra móra na hÉireann ó am na Craobh-ruaidhe agus na Féinne, agus achan chineál scéalta dar hinseadh ariamh sa bhaile. (Mac Gabhann, 1959: 188-189)

Leagann Mac Gabhann béim ar an iomaíocht arís eile, ach an iarraidh seo tugann sé le fios go mbíodh na Conallaigh ag tacú lena chéile agus iad ag iarraidh an ceann is fearr a fháil ar scéalaithe na Mumhan. Cé go mb’fhéidir go bhfuil cuid den rómánsachas le brath sa chur síos ina iomláine, cuntas thar a bheith luachmhar is ea é ar sholúbacht an traidisiúin bhéil ag deireadh an naoú haois déag. Píosa atá fágtha ar lár sa leabhar foilsithe is ea an cur síos gairid a rinne Mac Gabhann ag tús an chuntais áirithe seo: ‘Bhíodh tréan caitheamh-aimsire againn amuigh ins na cábáin seo ins na h-oidheanntaí fada nuair nach mbímist ag obair. Mar tá mé a rádh théighimist a dh’airneál chuig n-a chéile agus is iomaí oidhche phléisiúrtha a bhí againn’ (CBÉ 932: 331). Leagann an teideal a cuireadh ar an chuid seo de scéal mór Mhic Gabhann, ‘Oíche Mhór Sheanchais’, béim faoi leith ar thábhacht na scéalaíochta mar chaitheamh aimsire thall— eispéaras ar chuir Ó hEochaidh suim faoi leith ann agus é ina bhailitheoir i dTír Chonaill (1959: 188-192).

Is léir nár shíl Ó hEochaidh go raibh taithí na himirce mar bhac nó ina cúis thruaillithe don ábhar a bhailigh sé ó na seanchaithe as Tír Chonaill a d’fhill ach oiread. Cé gur luaigh Ó hEochaidh gur minic a chuireadh sé iontas air faoin dóigh ar choinnigh

leithéidí Mhícheáil Uí Ighne cuimhne ar a gcuid scéalta agus iad ar an choigríoch, thiocfaí a mhaíomh go bhfuil seans ann gur shaibhrigh taithí saoil na himirce a stór scéalta agus seanchais i bhfianaise na gcuntas thuasluaite ar scéalaíocht na n-imirceach. Ní nach ionadh gur thug an béaloideasóir iomráiteach Stith Thompson suntas do cheist na himirce agus scéalaithe ó cheantair Ghaeltachta ag cur fúthu sna Stáit Aontaithe sna 1930idí:

It is of interest to American readers to realize that some of the best Irish shannechais are living in America. The parish priests in many parts of Ireland can give the American addresses of some of the best of the craft who have immigrated to our shores. Many of them still speak Gaelic. They are to be found in such communities as Boston; Springfield, Massachusetts; Gary, Indiana; Chicago; and Butte, Montana. (1938: 58)

Sa dóigh chéanna a raibh fealsúnacht faoi leith ag baint le saol na farraige agus ‘samhlaidheacht an iascaire níos leithne ná samhlaidheacht fhear na tuaithe’ mar a mháigh Ó hEochaidh (1955:vii-viii), is cinnte go raibh samhlaíocht faoi leith ag baint le taithí na himirce fosta. Mar sin, an é go raibh tionchar ag an imirce ar *repertoire* agus ar stíl inste Mhícheáil Uí Ighne, agus é ag éisteacht le scéalaithe eile ó gach cearn d’Éirinn, nó nár fhág a thréimhse ar an choigríoch lorg dá laghad ar a cheird?

3.3 Anailís ar dhá scéal: Scéal Iontais agus Scéal Gaisce

Agus rud beag bídeach de chúlra na scéalaithe curtha san áireamh againn ó thaobh aoisghrúpa agus taithí saoil de, cad é an dóigh is fearr le dhá scéal, agus aon scéal amháin an duine dá réir sin, a roghnú ó stór saibhir na beirte? Is cinnte go bhfuasclaíonn gach leagan den uile scéal a bhailigh Seán Ó hEochaidh ó Chonall Ó Beirn agus ó Mhícheál Ó hIghne a gcuid ceisteanna agus a gcuid modhanna anailíse féin. Go deimhin, cén t-údarás atá ag an scoláire acadúil breithiúnas a thabhairt ar fhiúntas scéalta faoi leith agus scéal amháin a roghnú thar na cinn eile? Ábhar tráchtais PhD nó dhó eile a bheadh i gceist le stór iomlán scéalta na beirte a mheas — rud a léiríonn cé chomh cumasach a bhí Conall Ó Beirn agus Mícheál Ó hIghne mar scéalaithe agus mar ealaíontóirí béil. Roghnaigh mé na scéalta is fearr agus is iomláine, dar liom, ó thaobh anailíse de, le samplaí ionadaíocha a thabhairt ar scéalaíocht na beirte trí chéile. Roghnaigh mé ‘Scéal an Bhlocáin’ le Conall Ó Beirn mar gheall go

bhfuil dhá leagan tras-scríofa agus aon leagan taifeadta le fáil den scéal chéanna ó bhéalaithris Uí Bheirn agus go dtagann difríochtaí suimiúla chun cinn sna hinsintí seo. Is léir go raibh dúil ag an scéalaí sa scéal seo agus é curtha ar taifead cúpla uair aige i gcaitheamh na 1930idí agus na 1940idí. Cé gur bhailigh Ó hEochaidh cúpla leagan den scéal fiannaíochta chluíteach, ‘Céadach, Mac Rí na dTulach’ i measc scéalta gaisce eile uaidh fosta, tá anailís fhíorchuimsitheach agus cíoradh an-mhion déanta ag Seanán Mac Aoidh ar thrí leagan déag den scéal ‘Céadach’ a bailíodh i ndeisceart Thír Chonaill cheana (2013 & 2016). Seachas a bheith ag cur leis an chorpas siúd ar na scéalta gaisce, is mian liom aird a tharraingt ar chineál seanscéil eile, seanscéal iontais, nó seanscéal draíochta, a léiríonn éagsúlacht na healaíne sa cheantar trí chéile. Tagann ceisteanna aicme, morálta agus inscne chun cinn i ‘Scéal an Bhlocáin’ agus banlaoch mar príomhcharachtar sa scéal siúd. Díreofar ar scéal gaisce de chuid Mhícheáil Uí Ighne — scéal a bhí coitianta i ndeisceart Thír Chonaill lena linn. Tarlaíonn sé gur bailíodh an scéal seo ó Mhícheál faoi dhó fosta: i 1935 agus i 1946. Is leagan thar a bheith neamhghnách ar fad é an leagan den scéal ‘An Crochaire Tárnocht’ a bhailigh Ó hEochaidh ó Mhícheál Ó Ighne mar sin féin, agus is léiriú an-suimiúil atá i leagan Uí Ighne ar dhomhan an ghaiscígh agus ar bhua cruthaitheach an scéalaí féin fosta.

3.4 ‘Scéal an Bhlocáin’, le Conall Ó Beirn: Is fearr beagán agus beannacht ná mórán agus mallacht

Scéal iontais dúchasach nó éicitíopa de chuid na hÉireann is ea an scéal ar thug Seán Ó hEochaidh an teideal ‘Scéal an Bhlocáin’ air, agus a cuireadh síos ó bhéalinsint Chonaill Uí Bheirn (Ó Súilleabháin, 1970: 611 & 618). Sa treoír a leagann Seán Ó Súilleabháin amach do bhailitheoirí de chuid an Choimisiúin ar éicitíopaí de chuid na hÉireann a bhailiú — is é sin le rá, leaganacha faoi leith nach bhfuil le fáil go forleathan in áiteacha eile taobh amuigh d’oileán na hÉireann, deir sé: ‘Collectors should record local variants of all tales of this type’ (1970: 611). Bailíodh trí leagan den scéal áirithe seo ó Chonall Ó Beirn idir na blianta 1935-1949. Thiocfadh dó go raibh dúil faoi leith ag an scéalaí féin sa scéal áirithe seo, nó thiocfadh dó gur thuig Ó hEochaidh an tábhacht a bhain le líon chomh mór éicitíopaí den chineál seo a chur síos agus ab fhéidir. Tagann insintí Chonaill Uí Bheirn de ‘Scéal an Bhlocáin’ leis an tíopa seo thíos a luann Ó Súilleabháin in *The Handbook of Irish Folklore* den chuid is mó:

31. The two eldest of three sisters take large cakes with their mother's curse when setting out on a quest, refuse food to a bird, and fail in a task set to them. The youngest acts properly, follows the bird's advice, and performs the task which is to follow a wooden block wherever it goes. She follows it underground where three girls change it into a young man, dress him, and comb his hair, using a wand, scissors and comb. She barter sweets for these objects, and returning home, changes the block into a prince. She marries him. Her sisters are changed into stone by the prince for the second time. (Ó Súilleabháin, 1970: 618)

Is í an banlaoch sa chineál seo scéil an té is óige de chuid na clainne go hiondúil. Ní gá gur cailíní iad na príomhcharachtair sa scéal ach oiread agus thiofáí go mbeadh triúr deartháireacha seachas triúr deirfiúracha i gceist fosta. Móitíf an-choitianta is ea go mbeadh an bua ag an té is óige de chuid na clainne sna seanscéalta idirnáisiúnta i dtólamh; mar shampla, féach móitíf L50 *Successful Youngest Child* (Thompson, 1946: 125). De thairbhe sheasmhacht na móitífe seo, is iondúil go mbíonn bá ag an lucht éisteachta leis an té is óige de chuid na clainne agus go dtuigtear go gcaithfear pionós a ghearradh ar mhí-iompar ar bith a dhéanann na carachtair sheachtracha sa scéal. Tá ceangal scaoilte ag insintí Chonaill Uí Bheirn de 'Scéal an Bhlocáin' le *Cinderella* (AT510 nó ATU 510A) in Éirinn chomh maith, cé nach ndéanann an bheirt dheirfiúr is sine leatrom ar an bhanlaoch ag tús an scéil in CÓB1, agus nach ndéanann siad leatrom ar bith uirthi i ndáiríre in CÓB2 (féach: Christiansen, 1950: 96-107). Tá cosúlachtaí le feiceáil idir insintí Chonaill Uí Bheirn den scéal agus ATU 480 *The Kind and the Unkind Girls* fosta:

The tale type generally involves disputes among women, especially families with unprotected stepdaughters who must find their own way in the world [...] She generally meets an old woman, a hermit, an ogre, a supernatural being, or twelve men who personify twelve months. The kind maiden must comply with their commands and demands and is rewarded. After she completes her tasks three times, the ugly mean stepsister seeks the same reward only to be punished or killed because of her greed and arrogance. (Zipes, 2012: 101)

Is cinnte go dtagann an choimhlint agus an iomaíocht i measc na siblíní chun cinn i leaganacha Chonaill Uí Bheirn den scéal. Déanann an scéalaí codarsnacht a chothú idir nádúr na ndeirfiúracha atá díreach tagtha in inmhe mar chailíní atá ag iarraidh a mbealach féin a dhéanamh sa tsaol.

Sula dtabharfar faoin anailís ar leaganacha Chonail Uí Bheirn den tseanscéal idirnáisiúnta seo, ní mór sracfhéachaint a thabhairt ar phlotaí agus ar struchtúir na scéalta chun na difríochtaí agus na cosúlachtaí is suntasaí a shoiléiriú. Tagrófar do na leaganacha éagsúla den scéal mar CÓB1, CÓB2 agus CÓB3 anseo feasta. Féach thíos creatlach na leaganacha ar fad:

CÓB1:

- Rí agus Banríon a bhfuil triúir iníonacha acu
- Mar gheall nach bhfuil fear ar bith ag teacht á n-iarraidh, cinneann an iníon is sine go bhfágfaidh sí an baile
- Tugann a máthair rogha di idir tuirtnín mór agus a mallacht nó tuirtnín beag agus a beannacht agus roghnaíonn sí an tuirtnín mór
- Imíonn sí léi agus stadann sí in aice le tobar a bhfuil íochtar fola agus uachtar meala ann
- Tagann Fiach Dubh chuici a fhad is atá sí ag ithe, diúltaíonn sí aran a thabhairt dó, agus meascann an t-éan an fhuil fríd an mhil
- Tíonn sí teach beag a bhfuil seanchailleach ina cónaí ann agus faigheann sí aimsir aici
- Caithfidh sí súil a choimhead ar bhlocán i rith na hoíche agus tugann an tseanchailleach úlla agus cnónna le hithe di
- Ar maidin, tíonn an tseanchailleach go bhfuil an blocán imithe agus déanann sí carraig ghlas den chailín lena slat draíochta
- Imíonn an dara hiníon léi, agus tugann a máthair an rogha chéanna di agus a thug sí don chéad iníon: roghnaíonn sí an tuirtnín mór
- Suíonn sí san áit chéanna leis an chéad deirfiúir agus diúltaíonn sí aran a thabhairt don Fhiach Dhubh
- Téann sí a fhad le teach na seanmhná agus faigheann sí aimsir aici
- Déantar cloch ghlas den chailín nuair nach mbíonn an blocán le feiceáil ar maidin
- Roghnaíonn an iníon is óige an tuirtnín beag agus beannacht a máthair agus imíonn sí léi
- Tugann sí aran don Fhiach Dhubh agus cuireann an t-éan comhairle uirthi maidir le teach na caillí
- Faigheann sí aimsir ag teach na caillí
- Leanann sí an blocán a fhad le cúirt mhór san oíche
- Déanann triúr cailíní gaiscíoch den bhlocán le: slaitín draíochta, siosúr agus cíor óir
- Meallann an iníon is óige an slaitín draíochta, an siosúr agus an chíor uathu lena cuid neathannaí milse in aon oíche amháin
- Nuair a éiríonn an chailleach ar maidin, molann sí an banlaoch
- Déanann an banlaoch cloch ghlas den chailleach lena slaitín draíochta
- Buailéann sí a slaitín draíochta ar an dá chloch ghlasa agus tagann an dá dheirfiúir ar ais agus ansin buailéann sí an slaitín draíochta ar an bhlocán agus déanann sí buachaill breá dó
- Póstar iad agus ordaíonn an banlaoch dá cuid deirfiúracha dul ar ais abhaile
- Éiríonn na deirfiúracha éadúil agus téann siad ar ais chuig an lánúin ag lorg a gcoda
- Déanann an fear dhá charraig ghlasa dóibh arís taobh amuigh den doras agus bíonn siad ann go lá an breithiúnas

CÓB2:

- Lánúin ann a raibh triúir iníonacha acu ach fuair an t-athair bás agus iad ag fás suas
- Imíonn an iníon is sine le hobair a fháil agus tugann an mháthair rogha di: toirtín mór agus a mallacht nó toirtín beag agus a beannacht
- I ndiaidh di an toirtín mór a roghnú, imíonn an iníon is sine ar a haistear an lá arna mhárach
- Siúlann sí léi go bhfeiceann sí teach seanmhná agus déanann sí aimsir a lorg aici
- Caithfidh sí súil a choimhead ar an bhlocán i rith na hoíche ach titeann sí ina codladh i ndiaidh di ceann de na cnónna a ithe
- Déanann an tseanbhean cloch gheal di ar maidin
- I ndiaidh bliana, imíonn an chéad iníon eile le tuairisc a fháil faoina deirfiúir
- Roghnaíonn sí an toirtín mór agus imíonn sí léi ar a haistear go bhfeiceann sí an solas ó theach na seanmhná agus faigheann sí aimsir ansin fosta
- I ndiaidh don tseanbhean braon tae a dhéanamh di, téann sí i gcionn súil a choimhead ar an bhlocán ach titeann sí a codladh i ndiaidh giota de chnó a ithe
- Déantar cloch gheal di ar maidin
- Imíonn an triú hiníon léi le tuairisc a fháil faoin dá dheirfiúir eile ach roghnaíonn sise an toirtín beag
- Tarraingíonn sí ar an tsolas agus faigheann sí aimsir ag an tseanbhean chéanna
- Agus í ar tí titim ina codladh, suíonn sí i mullach a bhlocáin
- Chomh luath agus a éiríonn an blocán, leanann an banlaoch a fhad le creig é agus téann siad fríd an chreig go sroicheann siad caisleán
- Déanann triúr cailíní sa chaisleán fear breá den bhlocán agus gléas difriúil ag gach duine acu: slaitín draíochta, siosúr agus cíor
- Itheann an banlaoch a cuid cnónna i rith an ama agus meallann sí an chíor ón chéad chailín leis na cnónna
- Téann siad ar ais chun an tí agus ar maidin, tugann an tseanbhean ardmholadh di agus codlaíonn an banlaoch i rith an lae
- An chéad oíche eile, leanann an banlaoch an blocán arís agus tuigeann an dá chailín sa chreig go bhfuil an chíor ar iarraidh
- Meallann an banlaoch an siosúr ón dara cailín lena cuid cnónna
- An triú hoíche, meallann an banlaoch an tslat draíochta ón triú cailín
- Ar maidin, déanann an banlaoch fear breá den bhlocán leis an chíor, an tsiosúr agus an tslat
- Is é an blocán mac na seanmhná agus bhí sé faoi gheasa i rith an ama
- I ndiaidh di bliain a chaitheamh sa teach, pósann an banlaoch mac na seanmhná agus iad ansin go dtí an lá inniu

CÓB3:

- Lánúin a raibh triúr iníon acu agus fuair an t-athair bás agus iad ina ngiorrsachaí
- Imíonn an iníon is sine le hairgead a shaothrú agus tugann an mháthair rogha di: tuirtnín mór nó an tuirtnín beag. Roghnaíonn sí an tuirtnín mór
- Siúlann sí go bhfeiceann sí solas ag teacht ó bhothán beag agus faigheann sí aimsir ag an tseanbhean
- Caithfidh sí súil a choimhead ar an bhlocán ach titeann sí a codladh agus bíonn an blocán imithe nuair a mhúsclaíonn sí
- Déanann an tseanbhean carraig gheal di ar maidin
- I ndiaidh bliana, imíonn an dara hiníon le tuairisc a fháil faoina deirfiúir agus roghnaíonn sí an toirtín mór

- Siúlann sí léi agus tarraingíonn sí ar an teach chéanna agus faigheann sí aimsir
- Titeann sí a codladh agus imíonn an blocán
- Déanann an tseanbhean cloch gheal di
- Imíonn an iníon is óige go bhfeicfidh sí cad é a thit amach don dá dheirfiúir agus roghnaíonn sí an toirtín beag
- Tarraingíonn sí ar an teach chéanna agus faigheann sí aimsir ag an tseanbhean
- Nuair a thagann codladh uirthi suíonn sí i mullach an bhlocáin
- Leanann sí an blocán a fhad le creig agus téann siad isteach
- Déanann triúr cailíní fear breá dó le slat, siosúr agus cíor
- Meallann an banlaoch an chíor ó cheann de na cailíní lena cuid cnónna
- Bród ar an tseanbhean ar maidin agus caitheann an banlaoch an lá a codladh
- An dara hoíche, leanann an banlaoch an blocán arís agus maraíonn an dá chailín bean na círe
- Meallann an banlaoch an tsiosúr ón dara cailín lena cuid cnónna
- An triú hoíche, tosaíonn an bheirt chailíní ag troid lena chéile nuair a thugtar faoi deara go bhfuil an tsiosúr ar iarraidh
- Meallann an banlaoch an tslat ón triú cailín lena cuid cnónna
- Ar maidin, déanann an banlaoch buachaill breá den bhlocán agus bíonn lúcháir mhór ar an tseanbhean
- Is é an buachaill mac na seanmhná; tugann sí ór, airgead agus cead pósta dóibh siocair gur ‘gairid feasta’ a bheas sí beo

Léiriú den scoth is ea an éagsúlacht atá le fáil i leaganacha Chonaill Uí Bheirn ar sholúbacht an scéalaí mar ealaíontóir bhéil a bhí in inmhe a chuid scéalta a mhúnlú agus a chur in oiriúint d’ócáidí éagsúla thar na blianta. Léirítear fosta gur imir daoine agus coinníollacha taifeadta faoi leith tionchar ar an scéalaí, rud a thug air athruithe a chur i bhfeidhm uaireanta b’fhéidir i ngan fhios dó féin. Ó thaobh na litríochta de, títear gur mór an difear a dhéanann mionathruithe dá leithéid i dteanga agus i leagan amach an scéil, ar an teannas a chruthaítear sa phlota, chomh maith le forbairt na gcarachtar sa scéal fosta. Ó tharla go bhfuil cosúlachtaí go leor idir CÓB2 agus CÓB3, a bailíodh in earrach na bliana 1949, agus gan ach miondifríochtaí eatarthu ó thaobh foclaíochta agus cúrsaí stíle de, déanfar CÓB2 agus CÓB3 a phlé le chéile agus i gcodarsnacht leis an chéad leagan a bailíodh sa bhliain 1935: CÓB1.

3.4.1 Scéal an Bhlocáin (COB1)

Bhailigh Seán Ó hEochaidh CÓB1 ó Chonall Ó Beirn i bhfómhar na bliana 1935 nuair a bhí an scéalaí 26 bliain d’aois (CBÉ 141: 323). I gcomhthéacs scéalaíocht Theilinn de, seans gurb é an t-eolas is luachmhaire ar fad maidir le cúlra an leagain áirithe seo ná an t-eolas a thugtar sa cháipéis eolais faoin dóigh ar thóg Conall Ó Beirn an scéal agus é ina ghasúr óg. Tá sé thar a bheith suntasach go luaitear gur chuala Conall Ó

Beirn an scéal ó scéalaí áitiúil darbh ainm ‘Máire Phadaí Bháin’ a raibh cónaí uirthi i Mín an Bhrollaigh, Ceapach Uachtarach, Teileann, ‘c.16 bliain ó shin’ (i.e. c.1919) nuair a bhí Conall c.10 mbliana d’aois. Aithníonn taighde Briody go raibh tábhacht nach beag ag baint leis an oiliúnt a chuirte ar pháistí i dtaca leis an scéalaíocht agus iad an-óg; is féidir pictiúir níos iomláine a fháil den dóigh a ndéantaí na scéalta a sheachadadh trí aird a thabhairt ar na foinsí eolais a bhí ag scéalaithe ina n-óige (2015: 67-68). Ach cérbh í an ‘Máire Phadaí Bháin’ siúd a bhfuil a sloinne ar iarraidh? Tugann foilseacháin agus léachtaí Uí Eochaidh ar réimsí an traidisiúin bhéil i dTeileann le tuiscint nach mbíodh sé de nós ag mná Theilinn seanscéalta fada a insint (Féach, mar shampla; Ó hEochaidh, 1977; Ó hEochaidh, 1980: 15-22; Ó Duilearga, 1945: 19-20). De thairbhe ainm Mháire Phadaí Bháin a bheith luaite le CÓB1, ardaítear ceisteanna tábhachtacha maidir leis an ról a bhí ag mná Theilinn i sealbhú agus i seachadadh na scéalaíochta sa cheantar, agus ní miste an blúirín beag eolais seo faoi fhoinsé an scéil a chíoradh beagán sula bpléifear an scéal féin.

Is gá aitheantas cuí a thabhairt do scéalaithe ar nós Mháire Phadaí Bháin, Mín an Bhrollaigh, Teileann a chuaigh i gcion ar chuid de mhórscéalaithe Theilinn i rith an fichiú haois, agus go deimhin, ar mhórscéalaithe an Choimisiúin dá bharr. Léiríonn taighde ceannródaíoch John Shaw ar thraidisiún na scéalaíochta i measc an lucht siúil in Albain, mar shampla, go mbíodh sé de nós ag mná a gcuid scéalta a insint dá gcuid páistí seachas do dhaoine fásta; deir Shaw: ‘Storytellers have also pointed to examples of stories that in practice are the preserve of men or women storytellers. Some women, though competent reciters, would prefer to confine their storytelling to their children (2007: 29-30). Leagann Shaw béim ar an tábhacht a bhaineann leis an dóigh a sealbhaíonn páistí an traidisiún; luann sé gur thug an scéalaí aitheanta Duncan Williamson as Furnace, Argyll, aitheantas don tionchar a bhí ag a bheirt thuismitheoirí agus ag a mháthair mhór ar a chumas scéalaíochta agus é ina ghasúr óg (2007: 30-31). Tugtar le fios ó agallaimh a rinneadh i gceantar Uibhist sna 1960idí agus sna 1970idí fosta, cé go mbíodh ról teoranta ag mná seanscéalta fada a insint ag ócáidí scéalaíochta foirmeálta san oíche, gur thug na fir a bhain cáil amach mar shárscéalaithe aitheantas do mhná mar fhoinsí tábhachtacha dá stór scéalta: ‘women in Uist are mentioned by prominent male reciters as important early sources for their repertoires, and they have contributed tales of great value to twentieth century collections’ (Shaw, 2007: 35-36).

Mar a mhíníonn Kathleen Lambert Sheehan ina cuid taighde ar eitneolaíocht na scéalaíochta i Rann na Feirste, Tír Chonaill, dhéantaí na scéalta a sheachadadh ‘ó ghlúin go glúin’ sa dá chiall (1985: 98). Deir sí: ‘Often, this phrases is translated “from generation to generation.” An alternative, more concrete translation, “from knee to knee,” gives a better picture of the actual way the young child is instructed (Lambert Sheehan, 1985: 98). Luíonn sé le ciall agus le réasún go mbeadh tionchar ag máithreacha agus ag mná na comharsanachta ar ghasúir óga i sochaithe coimeádacha traidisiúnta agus iad ag caitheamh go leor ama ina gcuideachta sa bhaile i rith an lae.

Thiocfadh dó gurbh amhlaidh a bhí an cás i dTeileann agus go fiú i gceantair Ghaeltachta eile ag tús an fichiú haois. Trí aird a dhíriú ar na foinsí eolais a luaitear sna cáipéisí eolais de chuid CBÉ, tagann sé chun cinn gur thóg tuilleadh de mhórscéalaithe Theilinn seanscéalta fada ó mhná áitiúla. Sna himleabhair a cnuasaíodh sa bhliain 1935 go háirithe, cé gur minic a luaitear fir mar fhoinsí do na seanscéalta fada, tá sé thar a bheith feiceálach go bhfuil mná áitiúla luaite mar fhoinsí tábhachtacha do na scéalta fosta (CBÉ 139; CBÉ 140; CBÉ 141). Luaitear gur chuala Padaí Beag Mac Seáin, iascaire as Mín an Bhrollaigh (baile fearainn Mháire Phadaí Bháin), scéal a bhí graosta go maith óna mháthair mhór; ‘B. Nighean t-Seagháin’, a raibh cónaí uirthi i Mín an Bhrollaigh, 12 bliain roimhe sin (c.1923) (CBÉ 139: 306-309). Chuala an scéalaí aitheanta, Séamus Ó Casaide, an scéal, ‘An Mhaighdean Mhara agus an Cochall’ óna mháthair agus ón ‘t-sean-bhunadh uilig fad ó shin, ar an Cheapaigh’ (CBÉ 139: 348) agus chuala sé ‘Scéal na Casóige’, scéal gaisce, ó Nansaí Nic mBriartaigh, ar an Cheapaigh, Teileann 30 bliain roimhe sin (c.1905) (CBÉ 140: 144-163). B’aintín í Nansaí Nic mBriartaigh le Máire Uí Cheallaigh, Baile Mór (Daonáireamh 1901 & 1911). Caithfidh gur scéalaí cumasach a bhí inti fosta ó tharla gur inis Máire Ní Chearr, bean a bhí 73 bliain d’aois sa bhliain 1935 an scéal, ‘An Tarbhán Donn’ a chuala sí ó Nansaí Nic mBriartaigh 40 bliain roimhe sin (c.1895) (CBÉ 139: 287). Bhailigh Ó hEochaidh seanscéalta fada ó Mháire Ní Dhonnagáin fosta sa bhliain 1935, a chuala sí ó fhir áitiúla, agus ceann acu, ‘Murchadh Beag agus Murchadh Mór’ a chuala sí óna máthair, Nansaí Ní Liadhain, 60 bliain roimhe sin (c.1875) i Rann na Cille, nuair nach raibh sí ach seacht mbliana d’aois (CBÉ 140: 212). Go deimhin, bhailigh Ó hEochaidh seanscéal ó Mháire Ní Bheirn, máistreás scoile as an Mhálainn Bhig, i bparóiste Ghleann Cholm Cille sa bhliain chéanna, a

chuala sí ó Mháire Ní Ighne c.20 bliain roimhe sin (c.1915) i Málainn Bhig (CBÉ 141: 496). Sa taobh ó thuaidh den chontae, bhailigh Anna Ní Eigheartaigh, máistreás scoile as Dúinín, Cill Chartha, scéal gaisce, dar teideal ‘Sgéal Mac Rí na hÉireann’, ó fhear darbh ainm Seán Ó Domhnaill (‘Johnny Sheimisín’) (1865-1948) as Rann na Feirste sa bhliain 1933, agus é luaite gur chuala sé an scéal óna mháthair, Eibhlín Néillín Ní Dhomhnaill, 45 bliain roimhe sin (c.1888) (CBÉ 176: 307; ainm.ie). Mar sin de, is ríléir go mbíodh mná i mbun na seanscéalta fada a insint, agus ní hamháin sin, ach go ndeachaigh siad i bhfeidhm ar fhir a bhain cáil amach mar shárscéalaithe. Mar sin féin, caithfear tochailt chúramach a dhéanamh sa chartlann le teacht ar fhianaise shubstaintiúil dá leithéid.



Seán Ó hEochaidh agus Conall Ó Beirn, Teileann, 1949. Grianghrafadóir: Caoimhín Ó Danachair. (CBÉ: M004.29.00157)

3.4.2 ‘Scéal an Bhlocáin’ (CÓB2) agus ‘Triúr Iníon na Baintrí’ (CÓB3): dhá leagan a bailíodh sa bhliain 1949

Thras-scríobh Ó hEochaidh CÓB2 sa bhliain 1949 (26.04.1949) nuair a bhí Conall Ó Beirn c.40 bliain d’aois. Rinne Séamus Mac Aonghusa CÓB3 a thaifeadadh i Mí an Mhárta, 1949. Ní léir más rud é gur bhunaigh Ó hEochaidh a thras-scríbhinn ar thaifead Mhic Aonghusa nó an é go bhfuil tras-scríbhinn Uí Eochaidh bunaithe ar thaifead eile a rinne sé féin idir Márta agus Aibreán 1949, ach is cinnte nach ionann ar

fad an dá théacs ó thaobh teanga agus stíle de. Cé go dtagann plotaí CÓB2 agus CÓB3 le chéile den chuid is mó, tagann miondifríochtaí chun cinn maidir le foclaíocht agus gontacht na scéalta. Tá taifead Mhic Aonghusa dar teideal ‘Triúr Iníon na Baintrí’ le fáil ar líne ar chartlann *Siúlach Scéalach* i measc scéalta eile de chuid Uí Bheirn (*Siúlach Scéalach*, RTÉ Raidió na Gaeltachta).¹¹ Tá sé suimiúil gur roghnaigh Ó hEochaidh ‘Scéal an Bhlocáin’ mar theideal ar an scéal agus gur cosúil gur thug Mac Aonghusa ‘Triúr Iníon na Baintrí’ ar an scéal chéanna i 1949 (CÓB3), siocair nach baintreach atá sa mháthair in CÓB1 ó 1935 (‘Siúlach Scéalach’, Raidió na Gaeltachta). Mar sin féin, faoi mar a mheabhraíonn Stiofán Ó Cadhla is beag tábhacht a bhí ag teidil na scéalta do na scéalaithe a d’insíodh iad (2011: 159). Luann Ó hEochaidh sa cháipéis eolais a théann le CÓB2, gur chuala Conall Ó Beirn an scéal óna athair mór, Seán (i.e. Johny) Ó Beirn (Iomaire Mhuireanáin, Teileann) ‘c.20 bliain ó shin’ (c.1929) nuair a bhí an scéalaí c.20 bliain d’aois. Cár imigh ‘Máire Phadaí Bháin’ mar sin? Más fíor gur chuala sé CÓB1 ó Mháire Phadaí Bháin c.1919, an é gur chuala sé CÓB2 óna athair mór deich mbliana ina dhiadh sin agus gur múnlaíodh na hinsintí ar fad le chéile in imeacht na mbliana? Is cosúil go raibh an scéal seo mar chuid de stór coitinn an cheantair, agus go raibh foinsí éagsúla ag an Bheirneach. Bíodh sin mar atá, is fiú an cheist a thógáil fosta: an é go raibh tionchar an Duileargaigh le brath ag an leibhéal áitiúil trí ghníomhaíocht Sheáin Uí Eochaidhmar bhailitheoir, agus go ndearnadh beag is fiú de thionchar na mná seo in imeacht na mblianta? Cé na difríochtaí idir insintí Chonall Uí Bheirn idir 1935 agus 1949 mar sin?

3.4.3 ‘Cé acu is fearr leat, tuirín mór agus mo mhallacht nó tuirín beag agus mo bheannacht?’

Is í an mhóitíf is lárnaí, nó an tréith is sainiúla atá i bpáirt ag na leaganacha ar fad a d’insíodh Conall Ó Beirn, an rogha a thugann an mháthair sa scéal dá hiníonacha sula leagann ceachtar acu cos thar thairseach dhoras an tí: ‘Ceocú is fearr leat tuirín mór agus mo mhallacht nó tuirín beag agus mo bheannacht?’ (CBÉ 141: 323-324; CBÉ 1170: 64). I ndeireadh na dála, braitheann cinniúint na n-iníonacha ar fad ar an fhreagair a thugann siad dá máthair. Mar sin de, i ndiaidh don bheirt dheirfiúr is sine

¹¹ Le fáil ag: https://podcast.rasset.ie/podcasts/audio/2016/1002/20161002_rteraidion-siulachscealach-silachscal_c21064137_21064140_232_.mp3. Rinne Séamus Mac Aonghusa taifeadadh ar an scéal fá choinne Raidió Éireann.

an ‘tuirtín mór’ agus mallacht na máthara a roghnú, is cinnte go mbeadh réamhthuiscintí agus cur amach go leor ag an lucht éisteachta ar mhóitífeanna dá leithéid chun go dtuigfeadh siad nach mbeadh aon ráchairt ar an bheirt is sine sa scéal. Is beag trácht a dhéantar ar an athair, nó is beag tionchar a imríonn sé arCÓB1, cé go bhfuil sé fós beo, ach tugann an scéalaí le fios in CÓB2 agus CÓB3 go bhfuair an t-athair bás agus na hiníonacha fós ina ngirseacha óga. Is soiléir sa chás sin, an chúis atá leis an teideal ‘Triúir Iníon na Baintrí’, mar a bhí ag Séamus Mac Aonghusa. Tugann rogha na ndeirfiúracha sna leaganacha ar fad léargas an-luath do lucht éiste an scéil ar nádúr agus ar luachanna pearsanta na n-ógbhan sula dtéann siad i mbun aicsin ar chor ar bith. Dála na seanscéalta iontais idirnáisiúnta agus na seanscéalta gaisce, is i ndiaidh do na príomhcharachtair an teach a fhágáil agus a mbealach féin a dhéanamh sa tsaol, a osclaíonn an scéal amach mar is ceart, agus caithfidh na deirfiúracha dúshlán éagsúla a shárú le teacht slán agus iad amuigh sa tsaol leo féin. Mar a mhíníonn Ó Giolláin, is mar gheall ar easnamh nó dochar de chineál inteacht a chaithfidh na carachtair an baile a fhágáil sna seanscéalta iontais; chomh luath agus a fhágann an gaiscíoch an baile, bíonn sé/sí i limistéar tairseachúil ‘an mhí-eagair’ agus is iondúil go mbíonn sé/sí tagtha in inmhe mar fhear nó mar bhean faoi dheireadh an scéil (2005: 53-54). Is trí aghaidh a thabhairt ar na dúshlán seo a thagann forbairt ar phríomhcharachtair an scéil sula gcuirtear an tsochaí ar ais ina ceart arís.

Mar a fheictear ó na hachóimrí ar na leaganacha ar fad, i ndiaidh don bheirt iníonacha is sine fostú a fháil i dteach seanmná, nó i dteach seanchaillí, ní éiríonn le ceachtar acu a gcuid tascanna a chomhlíonadh go sásúil agus súil mhaith a choinneáil ar an bhlocán thar oíche siocair go dtéann siad a codladh. Is dá thairbhe seo a dhéanann an tseanbhean clocha glasa nó clocha geala díobh. Is cinnte go mbeadh an lucht éisteachta ag súil go mór, mar sin, go nglacfadh an deirfiúir is óige leis an tuirtín bheag agus le beannacht na máthar. Thiocfaí a rá fosta gurb ionann glacadh an toirtín bhig agus an bia a roinnt leis an ainmhí chuidiúil agus léiriú soiléir ar iompar inmholta na mná de réir mhoráltacht an scéil. De réir na tuisceana seo, is í an bhean an té a chothaíonn baill eile an teaghlaigh (agus an pobal i gcoitinne) agus déantar í a shóisialú san iompar seo ó aois an-óg. Thuigfeadh an lucht éisteachta gurbh í an deirfiúir is óige, agus banlaoch an scéil dá réir, an té ab fhóirsteanaí leis an cheann is fearr a fháil ar an tseanbhean. Mar sin, éiríonn leis an deirfiúir is óige dúshlán éagsúla an scéil a shárú go deas réidh

agus beannacht faighte aici óna máthair. Is cinnte go mbeadh luí ag na héisteoirí, agus leoga, ag an scéalaí féin, le pearsantacht an bhanlaoich dá bharr. Sa chéad chuid eile, déanfar cuid de na difríochtaí is suntasaí a thagann chun cinn sna leaganacha éagsúla a spíonadh amach a thuilleadh.

Is mar seo a leanas a thosaíonn Conall Ó Beirn CÓB1:

Bhí sin ann, agus is fad' ó bhí, bhí Rí agus Banríoghan ann fad' ó shoin na rabh do chlann aca ach triúr nighean. Bhí siad seo fásta suas go rabh siad 'n-a gcailíní, agus ní rabh fear a teacht a n-iarraidh, nó cosamhlacht aon chineál athrugh a theacht ortha. Ach lá amháin ars' an nighean ba sine le n-a maethir: 'tá mise ag imtheacht go bhfeicfidh mé a dtiocfadh liom deánamh amach ar mo shon féin'. (CBÉ 141: 323)

Osclaítear an scéal le cur síos ar rí agus ar bhanríon a raibh triúr iníon acu nach raibh fear ar bith 'a teacht a n-iarraidh' (CBÉ 141: 323). Leagtar béim ar an phósadh agus ar thábhacht an teaghlaigh sa tsochaí ó thús an scéil. Cruthaítear fadhb a chaithfear a réiteach go luath sa scéal nuair nach dtagann fear le ceann ar bith de na hiníonacha a phósadh. Díol suntais is ea é go ndéanann an scéalaí tagairt dhíreach don tuiscint go bhfuil sé mínádúrtha nach dtiocfadh athrú ar stádas na mban go dtí go mbeadh fear céile aimsithe acu; is an-léiriú an cur síos gonta seo ar bhunteachtaireacht an teacht in inmhe sa chineál seo scéil. Is é an pósadh mar sin, a spreagann na hiníonacha leis an bhaile a fhágáil. Baineann na hiníonacha sa scéal áirithe seo leis an uasaicme siocair gur iníonacha Rí agus Bhanríona iad agus stádas faoi leith acu sa tsochaí dá bharr. Tuigtear do na héisteoirí mar sin go bhfagann na hiníonacha an baile mar gheall ar a stádas mar mhná neamhphósta seachas ar mhaithe le cúrsaí maoinne agus airgid.

Is léir go dtugtar spreagadh difriúil do na hiníonacha in CÓB2 agus CÓB3 an baile a fhágáil. Is mar seo a osclaíonn Ó Beirn CÓB2:

Bhí lanamháin ann fad ó shoin, a rabh triúr nighean acu, agus nuair a bhí siad a' fás suas 'na ngiorrsachaí fuair an t-athair bás. Bhí'n mhaethir fágtha annsin leis an triúr giorrsach. D'fhás siad suas go rabh siad 'na gcailíní, agus ní rabh cosamhlacht ar athrughadh nó scabhadh de chineál ar bith a bheith a' teacht ortha. Dubhairt bean acu 'sa deireadh maidin amháin le n-a maethir go n-imtheochadh sí go bhfeicfeadh sí a dtiocfadh léithe cineál ar bith oibre a fhágáil. (CBÉ 1170: 64)

Ní osclaítear CÓB2 nó CÓB3 le cur síos ar rí nó ar bhanríon. Is gnáthlánúin iad na tuismitheoirí sa scéal agus fághtar an mháthair le haire a thabhairt do na girseacha óga nuair a fhaigheann an t-athair bás. Ach mar sin féin, faoi mar a mhaíonn Maria Tatar in *The Hard Facts of the Grimm's Fairy Tales*: ‘In real life, every unhappy family may be unhappy in its own way, but in fairy tales unhappy families are very much alike. Nearly every sibling is a rival, and at least one parent is an ogre’ (1987:58). I dtaca le CÓB1, an é gur fágadh an chuid faoi bhás an athar amach de thimpist? Mar shampla is suimiúil mar a imríonn an chéad chúpla líne de chuid oscailt an scéil tionchar ar an chúis a chaithfidh na hiníonacha an baile a fhágáil ar an chéad dul síos. Is cosúil gur mar gheall ar bhás an athar agus ar chúrsaí airgid agus maoinne a roghnaíonn an iníon is sine go bhfuil sé chomh maith di an baile a fhágáil le dul ag lorg a fortúin. Agus í tagtha in inmhe, tá sé tábhachtach go mbeadh an iníon is sine ábalta obair a lorg di féin agus nach mbeadh sí ag brath ar thacaíocht óna máthair atá ina baintreach. Mar sin féin, cé go bhfuil sé tábhachtach di obair a lorg i ndiaidh di an baile a fhágáil, thiofáí a rá gur ar a hoiliúint mar bhean chéile nó mar mháthair a dhíríonn an scéal i ndáiríre siocair gur bheag rogha eile a bhí ar fáil do mhná sa tsochaí thraidisiúnta. Mar shampla, ina dírbheathaisnéis, nochtann Peig Sayers an dóigh a ndeachaigh na tuisicintí traidisiúnta seo i bhfeidhm ar an chinneadh a rinne sí féin pósadh seachas a dhul ar aimsir arís nuair nach dtiocfadh léi a cara, Cáit Jim a leanúint go Meiriceá:

Dheineas machnamh, mar do bhí mo rogha de dhá chrann ar mo bhais agam, sé sin pósadh nó dul in aimsir arís. Do bhíos cortha go maith ag an aimsir chéanna is do smaoiníos go mb’fhearr dom fear cúil agus garda cosanta agus tígh a bheith agam féin go mbeadh neart agam suí i bhfeidhil mo shuaimhnis nuair a bheinn cortha. (Sayers, in: Ní Mhainnín & Ó Murchú, 1998: 131)

Sa tseanscéal, atá bunaithe ar luachanna na sochaí traidisiúnta, cuireann an tréimhse a chaitheann an banlaoch i mbun aimsire oiliúint uirthi don chéad chuid eile dá saol: a saol mar bhean chéile agus a saol mar mháthair.

3.4.4 CÓB1: Cuidiú ó na hainmhithe?

Móitíf thábhachtach in CÓB1 atá fágtha ar lár go hiomlán in CÓB2 agus CÓB3 is ea an ról atá ag an Fhiach Dhubhsa scéal ó thaobh fhorbairt na gearachtar de. Cé go dtiocfaí a mhaíomh nach bhfuil an mhóitíf áirithe seo lárnach ó thaobh fhorbairt an phlota de agus go dtiocfadh leis an scéalaí í a fhágáil amach go hiomlán, mar is léir ó

CÓB2 agus CÓB3, tugann an mhóitíf bhreise seo léiriú an-mhaith dúinn ar phearsantacht na ndeirfiúracha mar sin féin. Cuireann an mhóitíf seo go mór le breithiúnas na n-éisteoirí ar iompar sóisialta na ndeirfiúracha. Dá thairbhe seo, thiofáí a rá go dtugann an mhóitíf léargas áirithe dúinn ar na gnéithe morálta ar chuir an scéalaí féin agus lucht éiste an scéil suim iontu ag tús an fichiú haois i gceantair bhochta tuaithe ar nós Theilinn. Tacaíonn cuntais Mháire Ní Bheirn agus Mháire Uí Cheallaigh ar éanlaith na spéire le tuiscintí morálta dá leithéid, mar a fheicfidh muid i gCaibidil a Ceathair. Cibé cúis de, is é an Fiach Dubh an chéad charachtar a chastar ar na hiníonacha in CÓB1 i ndiaidh dóibh an teach a fhágáil. Chomh luath agus a dhéanann an chéad deirfiúir a scríste in aice le tobar a bhfuil íochtar fola agus uachtar meala ann, itheann sí giota beag den arán agus cuireann sí mil ón tobar ar an arán. Nuair a thagann an Fiach Dubh chuici, fiafraíonn sé di an dtig leis píosa den arán a ithe ach tugann sí freagair bhorb, dhrochmheasúil air: ‘Tóg ort amach as m’amharc a bheathadhaigh salaigh’, ars’ sise, ‘tá ‘n t-aran gan go leór agham fhéin’ (CBÉ 141: 325). Is é seo an dara píosa comhrá a dhéanann an deirfiúir is sine sa scéal. Tugann an dóigh ar roghnaigh sí an tuirtín mór i dtús báire, agus an dóigh a gcaitheann sí leis an éan ina dhiaidh sin, le tuiscint gur duine santach í nach bhfuil toilteanach a maoin a roinnt. Is duine í a chreideann go bhfuil sí céim níos airde ná an Fiach Dubh sa scéal agus go bhfuil cead a cinn aici caitheamh go dona leis dá bharr. Mar dhíoltas ar an tsaint seo, meascann an t-éan an fhuil leis an mhil agus fágann sé an fhuil in uachtar an tobair. Tugann an siombalachas seo léargas dúinn ar chinniúint an chailín sula sroicheann sí teach na cailí. Thiofáí a mhaíomh fosta gur siombalachas láidir is ea móitíf na fola de theacht in inmhe na mná óige. Mar shampla, ina chuid taighde ar siombalachas na ndathanna (bán, dearg agus dubh) sna seanscéalta idirnáisiúnta ar nós *Snow White*, maíonn Francisco Vaz da Silvia gur macalla den teacht in inmhe (i.e. an fhuil mhíosta) is ea an fhuil sna seanscéalta fada (2007: 243-244). Sa dóigh chéanna, tig a mhaíomh gur siombail is ea an Fiach Dhubh den bhás agus den athrú atá i ndiaidh teacht ar shaol na ndeirfiúracha is sine sa scéal (Vaz da Silva, 2007: 246). Is cinnte go gcuireann an Fiach Dubh go mór le plota CÓB1 agus go gcuireann an mhóitíf seo lenár dtuiscint ar nádúr na ndeirfiúracha mar charachtair.

Leoga, i ndomhan an tseanscéil, ní cheistítear an dóigh a ndéanann na carachtair comhrá le hainmhithe. Tugann Stith Thompson suntas don tábhacht a bhaineann le ról

na n-ainmhithe sna seanscéalta i gcoitinne: ‘Though no one has ever taken the trouble to count all the occurrences, it is likely that, considering folktales all over the world, an even more important part is played by animal helpers than by human or supernatural’ (1946: 55). Roghnaíonn an dara hiníon an tuirtín mór, agus dála a deirféar, maslaíonn sí an Fiach Dubh: ‘Tóg ort amach as m’amharc’, ‘a bheathaidhaigh shalaigh’, ‘tá mo ghiota arán gann go leór agham fhéin. Níl fhios cé’n áit a bhfuidh mé ‘n dara greim’ (CBÉ 141: 328). Thuigfeadh na héisteoirí laigeachtaí na gcailíní mar charachtair agus réamhthuiscintí acu ar ról na n-ainmhithe sna seanscéalta. Tugtar le fios dúinn ar ball sa scéal go bhfuil eolas tábhachtach ag an éan ‘salach’ faoi theach na caillí. Mar sin de, thiofáí a rá go méadaíonn an mhóitíf bhreise seo an teannas sa scéal siocair go leagtar béim faoi leith ar dhrochnádúr na ndeirfiúracha is sine. Siocair go bhfágтар an mhóitíf seo ar lár in CÓB2 agus CÓB3, d’fhéadfaí a mhaíomh sa chás sin de, gur mó béim a leagtar ar an bhlocán ná ar na deirfiúracha dá bharr.

Mar gheall ar an bhéim a leagtar ar thréithe diúltacha na n-iníonacha is sine in CÓB1, shamhlófá go mbeadh bá faoi leith ag na héisteoirí leis an iníon is óige, an cailín nach roghnaíonn ach an tuirtín beag agus beannacht na máthar. Ó thaobh fhoclaíocht an scéil, is suimiúil go luann an deirfiúir is óige ‘Dia’ agus ‘grásta’ in CÓB1 agus an rogha chinniúnach seo á déanamh aici:

‘Bhail’, ar’ sise, ‘silim gur b’olc a chuaidh do chuid mallachtaí do mo dhá dheirbhshiúir, agus ca bith grásta a dhéanfas Dia orm-sa is fearr liom a bheith gann ins an arán, agus do bheannacht a bheith liom’. (CBÉ 141: 331)

Thiofáí a mhaíomh gur léiriú atá sa tagairt seo i scéal Uí Bheirn ar phearsantacht agus ar chaint laethúil an scéalaí féin agus ceangal déanta aige idir dea-luachanna morálta an bhanlaoich agus na luachanna Críostúla a bhaineann le grásta Dé a lorg.

Ní hiontas ar bith do na héisteoirí mar sin de, go roinneann an iníon is óige a cuid aráin go fial flaithiúil leis an Fhiach Dhubh i ndiaidh don scéalaí teannas a chruthú leis an bheirt dheirfiúir a tháinig roimpi. Is mar seo a thiteann an comhrá amach idir an Fiach Dubh agus an banlaoch:

‘A chailín múinte,’ ar’ seisean, a[n] dtabharfá damh giota de’n arán.’

‘Leoga bhéadfaidh,’ ar’ sise, ‘agus céad fáilte a laghad a bhfuil agham. Suidh síos annsin, agus ith leat do sháith fhad is tá giota agham-sa, rannfhá mé leat’. (CBÉ 141: 332)

Mar thoradh ar a cuid flaithiúlachta, tugann an Fiach Dubh comhairle an-luachmhar ar fad di faoi theach na caillí, agus molann sé di gan titim ina codladh agus í ag tabhairt aire don bhlocán san oíche. Is é a deir an Fiach:

Tá seanachusc agham-sa le deánamh leat-sa sula bhfágaidh tú seo. Anois, ar’ seisean, ‘tá tusa ag ‘ul ‘un siubhail, agus anocht sgaramhaint oidhc’ ‘s lae ó chéile tcífidh tú solus beag ag bun cruic, agus tárnachaidh tú air. Nuair a rachfas tú ‘un toighe sin gheobhaidh tú sean-chailleach ‘n-a suidhe ins a choirneál, agus béidh sí go h-an deas leat, agus neart seanachuisic aici. Agus déarfaidh tusa gur cailín thú atá ag ‘ul a dh’iarraidh aimseara, agus ar ndóiche coinneochaidh sise thú [...] (CBÉ 141: 333)

Éiríonn léis an bhanlaoch na tascanna ar fad i dteach na caillí a chomhlíonadh go sásúil mar gheall gur ‘cailín múinte’ atá inti a bhfuil meas aici ar chomhairle an Fhiaigh Dhuibh. Maíonn an béaloideasóir aitheanta, Jack Zipes go mbíonn ráchairt ar na carachtair atá soineanta agus simplí sna seanscéalta iontais — a mhalairt a thiteann amach do na carachtair atá féinlárnaithe agus nach bhfuil meas acu ar an timpeallacht nó ar dhaoine (2001: 849). Mar a mhíníonn Zipes:

In the wonder tales, those who are naïve and simple are able to succeed because they are untainted and can recognize the wondrous signs. They have retained their belief in the miraculous condition of nature, and revere nature in all its aspects. They have not been spoiled by conventionalism, power, or rationalism. In contrast to the humble characters, the villains are those who use words and power intentionally to exploit, control, transfix, incarcerate, and destroy for their benefit. They have no respect or consideration for nature and other human beings, and they actually seek to abuse magic by preventing change and causing everything to be transfixed according to their interests. (Zipes, 2001: 849)

I gcomhthéacs an scéil iontais atá faoi chaibidil anseo againn, is suimiúil go luann Zipes an easpa measa ar an timpeallacht agus ar an nádúr mar thréith a shamhlaítear leis an namhaid sna seanscéalta idirnáisiúnta. Tuiscint is ea í a thagann go mór chun cinn sa tseanchas a bhailigh Ó hEochaidh óna líonra seanchaithe i dTeileann fosta, mar a fheicfead i gCaibidil a Ceathair. Thiocfaí a mhaíomh go bhfuil neart le foghlaim ag éisteoirí (nó go deimhin, ag léitheoirí) an lae inniu fosta ó theachtaireachtaí na

sraith seo ‘The Grateful Animals’ má smaoiníonn muid ar na díospóireachtaí reatha maidir leis an ghéarchéim aeráide agus an dochar atá á dhéanamh don dúlra, d’ainmhithe agus d’fheithidí i rith an ama. Is cinnte go bhfuil an éiceolaíocht i bhfad níos lárnaí in CÓB1 ná in CÓB2 agus CÓB3. Taispeánann CÓB1 dúinn gur gá meas a léiriú d’ainmhithe agus don timpeallacht le teacht slán sa tsaol, san áit a leagann CÓB2 agus CÓB3 níos mó béime ar na tascanna a chomhlíonadh go héifeachtach.

3.4.5 Teach na Caillí

Mar sin de, tá an mhóitíf bhreise ‘The Grateful Animals’, in CÓB1, ar cheann de na difríochtaí is suntasaí idir na leaganacha ar fad. Tá cosúlachtaí go leor sna leaganacha ar fad maidir leis an mhéid a thiteann amach nuair a shroicheann an triúr iníonacha teach na seanmhná, nó teach na caillí (úsáideann Ó Beirn na focail ‘seanbhean’ agus ‘seanchailleach’ in CÓB1). Is beag difear a thagann chun cinn idir CÓB1, CÓB2 agus CÓB3 maidir leis an tasc atá le comhlíonadh ag an triúr deirfiúracha: súil a choinneáil ar an bhlocán i rith na hoíche. Nuair a theipeann ar an bheirt iníonacha is sine a gcuid tascanna a chomhlíonadh, déanann an tseanbhean clocha glasa den bheirt acu. Is í an tréimhse a chaitheann na deirfiúracha ar fad sa teach seo croílár an scéil. Ní thiocfadh leis an scéalaí an chuid shainiúil seo den phlota a athrú go radacach, mar gheall go mbeadh cruth an scéil féin athraithe go rómhór.

Mar sin féin, méadaítear an teannas go mór maidir le seal na ndeirfiúracha i dteach na seanmhná in CÓB2 agus CÓB3. Ó thaobh fhad an scéil, is gairide an cur síos a dhéanann Ó Beirn ar an iníon is óige agus í ag tabhairt aire don bhlocán in CÓB1. Mar shampla, in CÓB1 ní thógann sé ach aon oíche amháin ar an bhanlaoch an ceann is fearr a fháil ar an triúr cailíní a bhfuil an slaitín draíochta, an siosúr agus an chóir acu, agus éiríonn léi an blocán a shábháil in aon oíche amháin. In CÓB2 agus CÓB3 mar sin, léirítear go gcaithfidh foighde a bheith ag an bhanlaoch agus trí oíche le caitheamh aici ag coinneáil súil ar an bhlocán sula ndéantar an gheis a bhriseadh. Thiocfadh dó go raibh Conall Ó Beirn níos oilte mar scéalaí faoin am ar inis sé CÓB2 agus CÓB3 sa bhliain 1949 agus é c.45 bliain d’aois, agus tuiscint níos íogaire aige ar riachtanais dhrámatúla an lucht éisteachta. Dála na dtroideanna sna scéalta gaisce, is féidir leis an scéalaí eachtraí den chineál seo a ghiorrú nó a mhéadú de réir mar is gá.

3.4.6 Gné an Díoltais

Tá sé thar a bheith suimiúil ó thaobh bhrí agus theachtairachtaí idé-eolaíochta an scéil go dtagann gné an díoltais go mór chun cinn agus clabhsúr á chur le CÓB1. Is suntasach nach dtagann gné an díoltais chun cinn ar chor ar bith in CÓB2 nó in CÓB3 ag deireadh an scéil. In CÓB1, nuair a philleann an tríú hiníon ón ardán draíochta, molann an chailleach go mór í ar maidin, agus deir sí: ‘Is tú ‘n cailín’, ‘is fearr a fuair mé go fóill. Choimhead tú do ghroithe go maith aréir’ (CBÉ 141: 339). Ach mar sin féin in CÓB1, ní thugtar deis chainte don tseanbhean ar maidin, agus ní dhéanann an iníon is óige ach cloch ghlas a dhéanamh di lena slaitín draíochta. Is bagairt atá sa chailleach in CÓB1 is cosúil, agus is gá cipín a chur léi chun go mbeidh críoch shásúil leis an scéal. In CÓB1, buaileann an banlaoch an tslat draíochta ar chlocha a cuid deirfiúracha agus tiontaíonn siad ar ais ina gcailíní. Fágann sí an blocán go dtí an deireadh ar fad agus déanann sí fear breá dóighiúil de a bhfuil an ghruaig chatach ‘ba deise a chonnaic a’n nduine ariamh’ air (CBÉ 141: 340). Is suimiúil an t-ord ina ndéanann an banlaoch an méid seo: sábhálann sí a cuid deirfiúracha ar dtús, sula mbuaileann sí an tslat draíochta ar an bhlocán. I ndiaidh di an fear breá dóighiúil a phósadh, iarann an banlaoch ar a cuid deirfiúracha imeacht ar ais chun an bhaile agus tugann sí ‘neart saidhbhris díobhtha’ (CBÉ 141: 340). Bean chliste agus ghníomhach is ea an banlaoch a dhéanann dul chun cinn níos fearr ná a cuid deirfiúracha santacha mar gheall ar a pearsantacht chineálta thuisceanach. Ní chríochnaíonn CÓB1 leis an phósadh agus b’fhéidir nárab é sin an teachtaireacht is tábhachtaí sa leagan seo den scéal.

Cuireann deireadh an scéil (CÓB1) ina luí ar ha héisteoirí, arís eile, gur bagairt atá sa tsaint agus san éad don tsochaí. Agus na deirfiúracha is sine ar ais sa bhaile, is léir roimh i bhfad gur beag a d’fhoghlaim siad óna dtaithí leis an chailleach, nó leis an Fhiach Dhubh. Tagann éad ar an bheirt acu mar gheall ar an fhear bhreá atá ag an deirfiúr is óige, agus fágann siad an teach arís eile lena gcearta a lorg, dar leo:

Tháinig an bheirt abhaile, agus cosamhail go rabh siad doiligh [a] shásamh. Cá bith a fuair siad, nó cá bith a bhí leóbhtha ní rabh gar ann, bhí siad i gcomhnaidhe a smaoiteadh ar a bhuaichail deas a bhí ag n-a ndeirbhsiúr. Diabhal i bhfad go n-imthigh an bheirt lá amháin, agus gheobhan stad a rinn siad go rabh siad ag an bheirt. Bhí’n fear ar siubhal, agus tráthnóna a teacht isteach dó, fuair sé an bheirt ‘n-a suidhe ins a

choirnéal ag n-a ndeirbhshúir. D'fhiafruigh sé daobhtha goide bhí dhíth ortha. 'Is cosamhail,' arsa seisean, 'gur doiligh bhur sásamh, nó na bhfuair sibh mar sáith, nuair a d'fhág sibh seo! Ná doiligh rádh gur a brath orm fhéin atá sibh anois.'

'Bhail go díreach,' arsa bean aca, 'sin an rud céadna a thug annseo muid.'

'Ó bhail', ar' seisean, 'ní dheánfaidh sin cúis ar bith.'

Ní theárn sé ach breith ar shlaitín draoidheachta a bhí ar bhárr a dreisiúir, agus rinn sé dhá charraic ghlasa díobtha taobh amuigh de'n doras, an áit a rabh siad ó thús. Tá siad annsin ó shoin, agus beidh go lá an bhreitheamhnais. (CBÉ 141: 340-341)

Mar gheall gur bagairt atá san éad sa tsochaí, caithfear rialacha moráltachta na sochaí a chur ina gceart. Thiocfaí a shamhlú go mbeadh réamhthuiscintí ag éisteoirí an scéil i dtaca le deirfiúracha nó leasdeirfiúracha éadúla sna leaganacha dúchasacha de *Cinderella*. Mar shampla, i leagan eile den scéal *Cinderella*, dar teideal 'An Triúr Páiste agus a dTrí Réalta' a bhailigh Dubhghlas de hÍde ó bhéal Mhártain Ruaidh Uí Ghiollarnáth as Baile Áth an Rí, Co. na Gaillimhe sa bhliain 1892, tímíd an dainséar a bhaineann leis an drochshúil (1930: 396-400). Móitíf choitianta a thagann chun cinn in insint Uí Ghiorrarnáth is ea an dóigh a sciobann an bheirt dheirfiúr is sine páistí na lánúine agus ainmhithe fágtha acu in áit na bpáistí:

D'fhága sí mar sin í, go raibh clann eile aici, agus tháinig sí agus cuit [*sic.*] aici faoi n-a sgiorta. Ní leigfeadh sí duine ar bith san tseomra buil¹² na mná, acht í féin ón lá tháinig sí. Thug sí amach an páiste agus d'fhág sí pisín cuit ina h-áit, agus chaith sí amach an páiste imeasg na gcrann le bás fháil. (1930: 397)

Is móitíf é seo a thagann chun cinn sa mhórsceál 'An Tarbh Breac agus Rí an Domhain Thoir' a d'inis an scéalaí Séamus Ó Beirn ('Jim Phat James') as Míin na Gaoithe, Teileann fosta, a bhailigh Ó hEochaidh agus a cuireadh i cló in *Béaloideas* (1963: 85-98):

Thug sí léithi an leanbh agus ghearr sí a sceadamán in áit na mbonn, agus níor chuir sé cathú ar bith uirthi sin a dheánamh ach oiread a's dá ngearrad sí sceadamán circe. Thug sí léithi é amach 'na' ghárraidhe agus chuir sí é i gcoirneál uaigneach den ghárraidh. Bhi a croí sásta ansin, agus d'imigh sí léithi abhaile. An áit ar chuir bean mhac an rí an páiste, d'fhás crann árd a bhí ag 'ul suas go glinntí an aeir amach as an

¹²Tá fonóta i dtaca le 'bail' san fhoilseachán agus é mínithe gur focal coitianta a bhí ann sa cheantar a chiallaíonn 'in éineacht le' (1930: 397).

uaigh, agus i spás chupla oíche bhí sé ag lúbadh go talamh le 'ach uile chineál tortha dár fhás ar chrann ariamh. (Ó Beirn, 1963: 88).

Is cinnte go bhfuil siombalachas láidir in insint Shéamuis Uí Bheirn den scéal 'An Tarbh Breac agus Rí an Domhain Thoir'. Títear ón dá shampla seo an baol a bhaineann leis an éad. In COB1, is léir nach bhfaigheann na deirfiúracha éadúla an deis a leithéid de dhrochghníomh a dhéanamh siocair nach ligeann an fear céile (an blocán) dóibh a dhath a dhéanamh.

Agus é ag cur sos ar theachtaireacht mhorálta an tseanscéil, 'The Fairies', sa bhailiúchán scéalta a chuir Perrault in eagar, deir Jack Zipes:

In 'The Fairies' one daughter is played off against the other. The youngest is beautiful, gentle, and sweet, and she works hard in the household. She never utters a complaint. The other is disagreeable, arrogant, and lazy. Because the younger exhibits the proper polite manners in helping a poor village dame, she is given a gift: with every word she utters, a flower or precious stone falls from her lips. She is eventually rewarded with a prince, while her sister is banished from the house and dies. The moral celebrates kindness. (Zipes, 2012: 40)

Tá cosúlachtaí le haithint sa chur síos seo agus sna príomhtheachtaireachtaí a thagann chun cinn in CÓB1. Cé nach leagtar béim in insint Chonail Uí Bheirn ar áilleacht na ndeirfiúracha, cuirtear a gcuid tréithe pearsanta go mór chun tosaigh síos fríd an scéal ar fad. Is é dea-iompar an duine féin a thabharfaidh slán é/í i ndomhan an tseanscéil.

Agus cur amach againn ar CÓB1 mar sin, is suimiúil nach ndéanann an banlaoch aon ní chun a cuid deirfiúracha a shábháil nó a thabhairt ar ais chun na beatha arís agus an slaitín draíochta ina seilbh aici in CÓB2 agus CÓB3. Mar sin féin, briseann sí geasa an bhlocáin agus déanann sí fear breá de. Tugann sí tús áite don bhlocán agus don phósadh mar sin seachas dá cuid deirfiúracha. Ní bhaineann an banlaoch díoltas ar bith amach ar an tseanbhean ach oiread. Tagann casadh eile sa scéal in CÓB2 agus CÓB3 nuair a nochtann an tseanbhean don bhanlaoch gurb é an blocán a mac agus go raibh sé faoi gheasa le fada. Fanann an lánúin sa teach i gcuideachta na seanmhná ar feadh bliana sula bpóstar iad agus tugann an scéalaí le fios go bhfuil siad 'na gcomhnaidhe annsin ón lá sin go dtí'n lá indiú (CBÉ 1170: 80).

Ó thaobh an phlota de, d'fhéadfaí a mhaíomh nach bhfuil aon chonclúid shásúil tugtha in CÓB2 agus CÓB3 ag deireadh an scéil siocair nach dtapaíonn an deirfiúr is óige an deis lena slaitín draíochta a bhuaileadh ar a cuid deirfiúracha atá faoi gheasa. Mar sin féin, nach rogha phearsanta é an tsuim a chuirfeadh éisteoir nó scéalaí i scéalta, in eipeasóid agus i móitífeanna faoi leith? An é go raibh an droch-chinniúint seo tuillte ag na deirfiúracha mar gheall gur roghnaigh siad an tuirtnín mór agus mallacht na máthar in CÓB2 agus CÓB3? Go deimhin, cé acu leagan is mó a thaitneodh leis na héisteoirí a bhí ag Conall Ó Beirn sna 1930idí agus sna 1940idí i dTeileann?

Ní féidir na ceisteanna thuas a fhreagairt i ndáiríre. Má smaoinimid ar an lucht éisteachta áitiúil a bhí ag an scéalaí Conall Ó Beirn i dTeileann i 1935 agus i 1949, líonra daoine de shliocht na tuaithe a bhí ag maireachtáil ar chósta iarthar na hÉireann, d'fhéadfaí a shamhlú go mbeadh dúil acu i dteachtairachtaí na leaganacha éagsúla den scéal. Is furasta a fheiceáil mar a bheadh bá ag lucht éisteachta dá léithéid leis an bhanlaoch a roghnaíonn an tuirtnín is lú. Maíonn Max Lüthi go bhfuil an giftelárnach sa tseanscéal:

The gift is the central motif of the folktale. Since folktale characters lack an inner world of their own and as a consequence cannot really make any decisions of their own, the narrative must seek to propel them on their way through external impulses. (Lüthi, 1986: 56)

Nuair a bhíonn cuidiú ar fáil ó ainmhithe, faoi mar atá ón éan in CÓB1, ní roinneann na deirfiúracha is sine an gifte atá ina seilbh acu:

The heroes of the folktale meet the right helpers and press the right button to obtain help, whereas the antiheroes frequently do not encounter any helper, and if they do, they react wrongly and forfeit the gift. (Lüthi, 1986: 57)

Tá teachtaireacht dhearfach sa scéal mar sin, siocair go mbraitheann ráchairt an bhanlaoich ar a dea-nádúr féin seachas ar chúinsí eacnamaíochta nó a leithéid. Gearrtar pionós géar orthu siúd a bhíonn ag tarraingt ar a gceirtlín féin sa tsochaí. Sa dóigh seo, thiocfaí a mhaíomh go n-éalaítear ó bhrú an chaipitleachais mar bhealach le dul chun cinn pearsanta a dhéanamh sa tsochaí. Mar a mheabhraíonn Ó Giolláin, seánra is ea an seanscéal a bhaineann leis an tsochaí réamhchaipitlíoch (2005: 35). Go deimhin, fríd an chorpas ar fad de sheanscéalta, d'fhinscéalta agus de sheanchas a bailíodh ó

Chonall Ó Beirn, is minic a thagann an chatharnacht agus gnéithe den éiceolaíocht chun tosaigh — tréith ar furasta a shamhlú lena theach féin, teach áirneáil na mBeirneach, in Iomaire Mhuireanáin, inar chleacht sé a chuid scéalta go rialta. Bhí ráchairt an áirneáil ag brath ar na tuiscintí réamhchaipitlíocha seo agus teach agus tearmann a sholáthar ag lucht an tí do dhaoine a bhíodh sásta a bheith ag cur le siamsaíocht na hoíche. Pléifear gné seo na carthanachta i gcomhthéacs an tí níos mine i gCaibidil a Cúig.

3.5 An Crochaire Tarnocht (ATU 300 *The Dragon Slayer*)

Dála Chonaill Uí Bheirn, bailíodh cúpla leagan den scéal chéanna ó Mhícheál Ó hIghne sna 1930idí agus sna 1940idí fosta. Bhailigh Ó hEochaidh an scéal ‘An Crochaire Tarnocht’ ó Mhícheál Ó hIghne faoi dhó: den chéad uair sa bhliain 1935 agus den dara huair sa bhliain 1946. Is é an leagan a bailíodh i 1946 an leagan is faide. Is féidir ‘An Crochaire Tarnocht’ a shuíomh isteach i dtraidisiún láidir ‘*The Dragon Slayer*’ sna seanscéalta iontais ar fud na hEorpa. Is mar seo a leanas a dhéanann Reidar Th. Christiansen coimriú ar sheánra AT 300 *The Dragon Slayer* i dtraidisiún na scéalaíochta in Éirinn:

An Introduction (A) explains how and why the hero has started his adventures, followed sometimes by an *intermediate part* (b) telling how he was guided to the right scene or the right means. More often he is put in a situation where he has to *fight giants* (C), and his spoils are adequate for *the Dragon fight* (D) which, sometimes after the imposter episode (E), brings him his *bride* (E) Sometimes, however, his bride was stolen ----- II, and he had to win her over again. (Christiansen, 1937: 8)

Míníonn Seán Ó Súilleabháin go dtéann traidisiún an *Dragon Slayer* (ATU 300) siar go haimsir Perseus sa litríocht Chlasaiceach agus gur ‘folk-version’ is ea an *Dragon Slayer* sna seanscéalta ó bhéal (1973: 16). Deir sé fosta go raibh sé ar cheann de na seanraí ba choitianta in Éirinn i gcaitheamh bhlianta an Choimisiúin agus go bhfuil 650 leagan den scéal curtha i dtaisce sa chartlann (Ó Súilleabháin, 1973: 16). Chaith Ó hEochaidh cúig bliana agus dhá scór ag obair mar bhailitheoir gairmiúil sa cheantar agus mar a chonaic muid agus ‘Scéal an Bhlocáin’ faoi chaibidil againn, ní raibh sé neamhghnách ar chor ar bith go mbaileodh sé an scéal céanna nó an píosa seanchais céanna ón tseanchaí chéanna faoi dhó in imeacht na mblianta siúd. Tagann an dá insint

a bhailigh Seán Ó hEochaidh ó Mhícheál Ó hIghne le chéile den chuid is mó ó thaobh phlota agus leanúnachas an scéil de agus pléifear an dá leagan siúd mar aonad amháin anseo seachas iad a scaradh óna chéile mar a rinneadh le scéal Chonaill Uí Bheirn. Is leaganacha thar a bheith neamhghnách iad leaganacha Uí Ighne de ATU 300. Tá léiriú den scoth le fáil sna hinsintí seo ar dhomhan an ghaiscígh sna seanscéalta, chomh maith le bua cruthaitheach an scéalaí féin mar dhuine a bhí ábalta a chuid scéalta a mhúnlú agus a athrú i rith an ama.

3.5.1 Séarlaí Mac Anna agus ‘An Crochaire Tarnocht’

Bheir insintí an scéalaí chluitigh, Séarlaí, nó Cathal Mac Anna (1847-1928) agus insintí Mhícheáil Uí Ighne den Chrochaire Tarnocht barúil mhaith dúinn d’éagsúlacht agus de leanúnachas thraidisiún na scéalaíochta i dTeileann i rith an fichiú haois. Leoga, baineann cuid mhaith seanchais le hinsintí Shéarlaí Mhic Anna den scéal agus tugtar le tuiscint ó sheanchas Chlainn tSeáin (Pádraig Mac Seáin agus a uncail, Seán Mac Seáin) gurbh é Séarlaí an té ab fhearr a d’insíodh an scéal i dTeileann, dar leo. Ina aiste bheathaisnéise féin, maíonn uncail Uí Eochaidh, Pádraig Mac Seáin go mórtasach gurb é sin an scéal a d’inis sé féin do Phádraig Mac Piarais nuair a thug an Piarasach cuairt ar scoil náisiúnta Theilinn sa bhliain 1907 agus é ina ghasúr óg — scéal a chuala sé ó Shéarlaí Mac Anna (2016: 21). Foilsíodh leagan Shéarlaí den scéal in *Maighdean an tSoluis* sa bhliain 1913 ach ní mór a chur san áireamh go ndearna Enrí Ó Muirgheasa roinnt eagarthóireachta ar chruth an scéil féin; ghearr sé amach giota de scéal Shéarlaí agus is eol dúinn ón réamhrá gur chuir sé isteach focail Ghaeilge san áit a raibh focail Bhéarla nár thaitin leis ‘ar chor ar bith’ i scéalta eile cé nach luaitear na scéalta a bhí i gceist (Mac Róigh, 1913: 7). Seo mar a leanas achoimre ghairid d’insint Shéarlaí faoi mar atá sé foilsithe i gcnuasach Uí Mhuirgheasa:

- Triúr mac ag Gruagach an Ghaiste agus is é Donn Ó Dubhthaigh an té is óige
- Caitear as an teach é siocair nach bhfuil sé sásta éan a mharú
- Déanann Donn a bhealach go Ríocht na Gréige
- Tíonn sé Cúirt Rí ach faigheann sé lóistín ag teach seanmhná ar dtús agus tugann sí eolas dó faoi na fathaigh atá ag iarraidh Iníon an Rí a sciobadh
- Maraíonn sé trí fhathach cois na farraige agus tógann Iníon an Rí giota dá chuid gruaige, éadach agus píosa leathair óna bhuataise mar fhianaise agus coinníonn sé féin teangacha na bhfathach
- Ligeann Mac Rí faoi Thuinn air gurb é féin a mharaigh na fathaigh agus socraítear go bpósfar é féin agus Iníon an Rí

- Baineann Iníon an Rí feidhm as na píosaí a bhailigh sí agus cruthaítear gurb é Donn an té a mharaigh na fathaigh agus póstar ansin iad
- Sciobann an Crochaire Tarnocht (deartháir na bhfathach) Iníon an Rí cois na trá
- Turas go dtí an Domhan Thoir
- Plean ag Iníon an Rí le hanam an Chrochaire a fháil
- Cuidiú ó na hainmhithe: Cú Mór, Seabhadh Donn, Dobharchú Glas-Dhoimhin
- Maraíonn Donn an Crochaire Tarnocht
- Athphósadh na beirte agus saibhreas

(Mac Róigh, 1913: 20-33)

3.5.2 Insintí Mhicheáil Uí Ighne den Chrochaire Tarnocht

Tá neart samplaí eile den Chrochaire Tarnocht (ATU 300)¹³ le fáil ó cheantar iardheisceart Thír Chonaill agus níl feidhm iad ar fad a phlé anseo. Ag trácht ar scéal an Chrochaire ina shaothar canúineolaíochta, *A Dialect of Donegal*, deir E.C Quiggan: ‘This story seems to be well known throughout Ulster’ (1906: 247). Seanscéal ar bith atá coitianta in aon cheantar amháin, is cinnte go mbeifí ag súil go mbeadh leaganacha éagsúla ag teacht chun cinn rith an ama.

Bailíodh an chéad leagan den scéal ó Mhícheál Ó hIghne i Lúnasa na bliana 1935, díreach cúpla mí i ndiaidh do Sheán Ó hEochaidh a bheith ceaptha ina bhailitheoir gairmiúil sa cheantar. Tugtar le fios sa bhileog eolais gur chuala Mícheál Ó hIghne an scéal óna athair Pádraig Ó hIghne (Padaí Bán) agus óna athair mór fosta (CBÉ 139: 122). Bhí leanúnachas ag baint leis an scéal ó ghlúin go glúin i measc Chlainn Uí Ighne mar sin. Bhailigh Ó hEochaidh an scéal den dara huair sa bhliain 1946 ach níl an bhileog eolais curtha leis an leagan seo, déarfainn siocair go raibh an oiread sin ábhair de chuid Uí Ighne san imleabhar úd. Tá MÓhI1 thart ar 6,000 focal agus tá MÓhI2 thart ar 8,000 focal. Cé go bhfuil miondifríochtaí beaga le feiceáil ó thaobh pheannaireacht an bhailitheora (mar a bheifí ag súil leis sa tréimhse seo), tá sé thar a bheith suimiúil ar fad go bhfuil níos lú den chódmheascadh¹⁴ le feiceáil in MÓhI2. Tá

¹³Féach mar shampla: Ó Baoighill, B. ‘Crochaire Tarnocht’ in: Ó Baoighill, P., 2007. *Ó Cadhain i dTír Chonaill: Béaloideas na Gaeltachta*, Baile Átha Cliath, 9-19. & Ó hÉigearthaigh, S. 1906. *A Dialect of Donegal Being the Speech of Meenawannia in the Parish of Glenties*. Cambridge: Cambridge University Press, 201-213.

¹⁴ Is é is códmheascadh ann ná dhá theanga (i.e. dhá chód) nó níos mó a bheith in úsáid sa chaint (mar shampla, Gaeilge agus Béarla).

neart focal ar nós: ‘*Druid*’ (Draoi), ‘*fiteail*’, ‘*frock*’, ‘*show*’ agus ‘*crowd*’ mar shampla, le fáil sa chéad insint (MÓHI1) ó 1935 ach níl an oiread sin céanna den chódmheascadh le feiceáil tras-scríofa ó bhéal an scéalaí chéanna in MÓhI2 a bailíodh i 1946. Seans go raibh lorg na himirce fós le brath ar a chuid scéalaíochta sna 1930idí. Gach uile sheans fosta go raibh Mícheál Ó hIghne ag ullmhú do chomórtas an Oireachtais in Aibreán na bliana 1946 agus cur amach aige ar riachtanais an chomórtais ón bhliain roimhe. B’fhéidir leoga go raibh dioscúrsaí éagsúla na linne ag dul i gcion ar an bhailitheoir féin nó go deimhin ar phobal an bhéaloidis sa cheantar faoi na 1940idí agus cur amach acu ar an rud a bhí á lorg ag leithéidí Heinrich Wagner agus scoláirí eile a bhí ag tarraingt ar an cheantar. Cé nach féidir ach na ceisteanna seo a ardú i ndáiríre, meabhraítear go bhfuil castachtaí breise le cur san áireamh ó thaobh chomhthéacs na scéalaíochta agus chomhthéacs na hinsinte de sa cheantar sna 1930idí agus na 1940idí agus nach raibh na seanchaithe dall ar na modheolaíochtaí a bhí in úsáid ag na cuairteoirí éagsúla.

Cibé cúis de, is é seo a leanas achoimre ghairid d’insintí Mícheáil Uí Ighne sna blianta 1935 (MÓHI1) agus 1946 (MÓH2) araon:

- Fear agus bean atá beo bocht agus is é Jack an t-aon mhac de chuid na clainne; faigheann an bhean bás agus Jack fós óg
- Imíonn Jack ag lorg a fhortúin d’ainneoin nach bhfuil a athair sásta
- Faigheann sé fostú i gCaisleán an Rí
- Cuireann Jack an t-eallach isteach i bpáirc na bhfathach agus fanann sé féin sa chrann ag ithe úllaí
- Maraíonn sé na trí fhathach agus bíonn neart bainne ag na bá
- Tagann ‘Dragún’ isteach ón fharraige chun Iníon an Rí a sciobadh & maraíonn Jack an Dragún
- Ligeann fear air gurb é féin a mharaigh an Dragún; fianaise ag Iníon an Rí agus teanga an Dragúin ag Jack
- Póstar Jack agus Iníon an Rí
- Tagann an Crochaire Tarnocht ón fharraige agus sciobann sé Iníon an Rí
- Castar ar *druid* (MÓHI1) nó ar dhraíodóir (MÓhI2)é agus tugann sé comhairle dó
- Imíonn Jack leis go dtí an tOileán
- Roineann sé bia le hainmhithe
- Co-oibriú idir Jack agus a bhean chéile
- Cuidiú ó na hainmhithe; anam an Crochaire sa chrann
- Maraíonn Jack an Crochaire Tarnocht
- Athphósadh agus saibhreas

Mar a fheiceann muid ón achoimre, tá cuid mhaith feola curtha ag Mícheál Ó hIghne ar bhunchnáma an scéil. Títear go bhfuil ‘Jack’ mar ainm aige ar an phríomhcharachtar, carachtar glic a bhí coitianta go maith i measc sheanscéalta na hEorpa agus a thaistil anonn go Meiriceá fosta. Cé go gcaitear Donn Ó Dubhthaigh amach as an teach in insint Shéarlaí, tá gá leis an phríomhcharachtar sa bhaile i scéal Uí Ighne is cosúil: ‘Ní sásta a bhí an t-athair, ní nach ionguadh, le linn gan a bheith ann ach é féin’ (CBÉ 990: 94). Thiocfaí a shamhlú go rachadh a leithéid de phlota agus stíl insinte i gcionn ar éisteoiri ó iardheisceart Thír Chonaill a raibh neart taithí acu ar an imirce agus ar an chruatan idir an dream a d’fhán agus dream a d’imigh, go háirithe agus an scéalaí ag briseadh isteach le frásaí ar nós ‘ní nach ionguadh’ (CBÉ 990: 94). Is maith mar a mhíníonn Ailbhe Nic Giolla Chomhaill, mar sampla, an dóigh a rachadh scéalta iontais ar nós *Cinderella* (ATU 510) i bhfeidhm ar mhná óga agus í ag cur síos ar thraidisiún na scéalaíochta i nDúiche Sheoigheach, Co. na Gaillimhe:

Is furasta a fheiceáil mar a rachadh an scéal seo i bhfeidhm ar chailín óg, go háirithe i sochaí thraidisiúnta ina raibh saol níos deacra ag páistí mar gheall ar bhochtaineacht agus ina gcuirtear páistí amach ar aimsir ag aois óg le roinnt bheag airgid a shaothrú don teaghlach. (Nic Giolla Chomhaill, 2016: 39)

Caithfear an baile a fhágáil le dul chun cinn sóisialta agus pearsanta a dhéanamh sa tseanscéal mar sin féin. D’aineoínn an chruatain, taispeánann na seanscéalta iontais do na héisteoirí gur féidir teacht fríd na deacrachtaí seo má bhíonn an duine láidir agus foighdeach. Sula bhfagann Jack an baile, mar shampla, labhraíonn a tharbha leis agus iarrann sé ar Jack é a mharú agus a chraiceann a thabhairt leis. Nuair a mharaíonn sé a pheata ar an bhealach seo, cruthaíonn Jack go bhfuil sé tagtha in inmhe mar ghaiscíoch óg atá réidh lena bhealach féin a dhéanamh sa tsaoil.

3.5.3 Jack agus troid in aghaidh an Dragúin

Mar a bheifí ag súil leis sna seanscéalta gaisce, leagtar béim faoi leith ar fhearúlacht an phríomhcharactair Jack síos fríd. I bhfianaise taighde Madhu Malik ar ról na seanscéalta iontais ó thaobh shóisialú an duine, d’fhéadfaí argóint a dhéanamh go raibh ról faoi leith ag na seanscéalta gaisce i sóisialú an fhir óig, go háirithe nuair a bhí traidisiún na scéalaíochta beo bríomhar i gceantair faoi leith ar nós Theilinn sna 1930idí agus na 1940idí (1986: 165-179). Tagann Jack slán ó na dúshláin ar fad a

chuirtear roimhe sna háiteacha coimhthíocha mar gheall ar a láidreacht fhisiciúil, a sheiftiúlacht agus a nádúr neamh-mhórtasach. Is féidir le gaisce dá leithéid an ceann is fearr a fháil ar an bhochtanas i dtólamh. Agus í ag cur síos ar thraidisiún na ‘Jack Tales’ a tháinig chun cinn i measc na n-imirceach in Appalachia, deir Emily Kader:

In the American tradition, a Jack tale is any international tale in which a poor young protagonist named Jack sets out from home, encounters overwhelming obstacles, and through luck, skill or trickery emerges victorious. He might begin his tale as the only son of a widow, the son of poor parents, or one of three brothers. He always begins poor and usually goes on a journey, declaring his intent to seek his fortune in the world away from home. His climactic success involves the acquisition of money, land, a beautiful wife, or kingship. (Kader, 1986: 44)

I ndiaidh do Jack fostú a fháil ag Caisleán an Rí sa leagan a d’inis Ó hIghne sa bhliain 1946 mar shampla, léiríonn an gaiscíoch a chumas feirmeoireachta agus cuireann sé an t-eallach isteach i bpáirc thorthúil na bhfathach ar feadh an lae a fhad is a chaitheann sé féin an lá ag ithe úllaí. In MÓh11 a d’inis Ó hIghne sa bhliain 1935, téann Jack chuig lá aonaigh i dtús báire agus is ann a shocraítear fostú dó (CBÉ 139: 123). Léiríonn na finscéalta sí in *Síscéalta ó Thír Chonaill* mar shampla, na contúirtí agus na tuiscintí a bhí i réim maidir leis an fheirmeoireacht sa cheantar i gcaitheamh na tréimhse céanna agus an tábhacht a bhain leis an chineál sin scéalaíochta le rabhadh a thabhairt do pháistí óga (Ó hEochaidh et al., 1977). I ndomhain an scéil ghaisce, áfach, sárfeirmeoir is ea Jack atá in inmhe an t-eallach a chosaint as a stuaim féin. Cé go maraíonn Jack na trí fhathach ar a bhfód talaimh féin, ní dhéanann sé ábhar mórtais dá chuid gaisciúlachta. Déanann sé na huirlisí éagsúla cogaidh a bhailiú i gcaisleán na bhfathach a chuideos leis an tsochaí a chosaint sa chéad chuid eile den scéal; is é sin an troid in aghaidh an Dragúin.

Go deimhin, is é an difríocht is suntasaí idir dhá insint Mhícheáil Uí Ighne agus insint Shéarlaí Mhic Anna, cuiream i gcás, ná go bhfuil píosa breise curtha isteach ag an scéalaí faoin ‘Dragún’ — mír bhreise a chuireann go mór le gaisciúlacht an laoch mar laoch na laochra agus a chuireann le fad an scéil féin. Tá úsáid an fhocail ‘Dragún’ suimiúil ann féin seachas ‘ollphéist’ na farraige nó a leithéid agus tagann an focal céanna chun cinn i scéal eile de chuid Uí Ighne, nuair a mharaíonn carachtar ‘Jack’ ‘dragún’ sa scéal ‘Síoghaidhe Glas an Talaimh Íochtair’ (ATU 301 *The Three Stolen*

Princesses). Is iomaí iaróg a chuirtear roimh Jack sa scéal agus is cinnte go gcruthaíonn sé go bhfuil sé breá ábalta an tsochaí a chosaint. Cén chúis atá leis an phíosá bhreise faoin Dragún mar sin féin? Dar le Jonathan D. Evans:

[...] when the warrior's heroic status is already established, the situation within which the dragon-fight occurs may take on other meanings including simple reinforcement of status, or, in contexts involving the promise of reward (a kingdom, bride, treasure, etc.) meanings derived from the plot's emphasis on the warrior's motive for engaging in the fight. (Evans, 1985: 96)

Is cinnte go dtreisiúnn an troid in aghaidh an Dragúin lena sheasmhacht mar ghaiscíoch sa scéal. Is léir go bhfuil cosúlachtaí le feiceáil idir an dóigh a dtagann an Dragún agus an Crochaire Tarnocht isteach ón fharraige fosta. An é gur aithin Mícheál Ó hIghne na cosúlachtaí idir an dá rud agus go mb'fhéidir gur shnigh sé an troid in aghaidh an Dragúin isteach sa scéal? Dála insint Shéarlaí Mhic Anna den Crochaire Tarnocht, is beag nach bpósann rógair a ligeann air gurb é féin a mharaigh an Dragún, infón an rí ach mar spé na píosaí éagsúla a sciobann sí ón ghaisce (dlaíóg ghruaige, éadach agus bróg), agus go mbíonn teanga an Dragúin mar fhianaise ag an laoch fosta. Cé nach luann an scéalaí ach 'bróg' in MÓhI1, tá sé suimiúil go gcuirtear leis an mhóitíf seo agus go mbaintear feidhm as 'bróg ghloine' in MÓhI2. Is cinnte nach mbeadh an bhróg ghloine ar an bhróg ba phraiticiúla don troid mhór ghaisciúil in aghaidh an Dragúin i gcomparáid le bróga leathair nó bróga éadaigh, cuiream i gcás. Thiofaí líne dhíreach a tharraingt idir an bhróg ghloine agus na haistriúcháin a rinneadh ar chnuasach liteartha clúiteach Charles Perrault ina raibh scéal *Cinderella* (ATU 510) ina measc. Sa dá leagan (MÓhI1 & MÓhI2) tosaíonn fir na Ríochta ag gearradh giotáí dá sála agus dá ladhracha chun go mbeidh siad ábalta an bhróg a chur orthu agus an banphrionsa a phósadh. Mar a mhíníonn Marilena Papachristophorou in *The Greenwood Encyclopedia of Folktales and Fairytales*, siombail aitheanta go maith is ea an bhróg ghloine atá fite fuaite leis an ghnéasúlacht; deir sí: 'the elegant piece of footwear that identifies its owner evokes female beauty. Cinderella's slipper, which fits her foot and hers alone, is associated with female sexuality (2008: 858). Is suimiúil ó thaobh cúrsaí inscne de, gurb é Jack a chailleann an bhróg ghloine. Cé go bhfuil mórán gnéithe suimiúla eile a d'fhéadfadh a phlé ó thaobh chruth Mícheáil Uí Ighne ar an scéal féin, is maith mar a léiríonn an Dragún breise agus móitíf na bróige cuid de na tréithe a bhí ag baint le samhlaíocht chruthaitheach agus féiniúlacht an scéalaí

agus go deimhin, cuid den fhorbairt a bhí ag teacht ar thraidisiún na seanscéalta sa cheantar i lár an fichiú haois.

3.5.4 Cúrsaí Inscne

Maidir le cúrsaí inscne sa scéal gaisce áirithe seo, cé go leagtar béim ar fhearúlacht Jack i rith an scéil, is mar gheall ar a chomhoibriú lena bhean chéile ar an Oileán Draíochta agus an cuidiú a fhaigheann sé ó na hainmhithe a éiríonn leo ar fad an ceann is fearr a fháil ar an Chrochaire Tarnocht ar deireadh. Is í an bhean a mheallann an t-eolas ón Chrochaire faoina anam agus léirítear sa chás sin gur féidir leis an chlisteacht an bua a fháil ar fhathaigh ghránna láidre go pointe áirithe. Cé gur mór an difear idir an ról agus na tréithe a bhíonn ag Jack agus ag Iníon an Rí sa scéal mar sin féin, bíonn ról measartha gníomhach ag an ógbhean sa dóigh a mbíonn cor aici ina cinniúint féin maidir leis an phósadh ar an chéad dul síos, agus sa dóigh a n-éiríonn léi dallamullóg a chuir ar an Chrochaire ghránna. Mar sin féin, is cinnte go bhfuil deighilt láidir inscne sna rólanna atá ag an dís acu agus béim leagtha ar láidreacht fhisiciúil agus ar sheiftiúlacht Jack san áit a bhfuil béim curtha ar fhoighde agus ar chlisteacht na mná.

3.5.5 Clabhsúr an scéil

Críochnaítear an scéal leis an athphósadh agus briseann an scéalaí isteach ar an scéal, tréith coitianta i measc na leaganacha éagsúla den Chrochaire Tarnocht (ATU 300). Féach deireadh an dá leagain:

MÓhI1 (1935)

Tháinic siad fhad le cúirt agus caisleán a h-athara. Bhí luthgháir an domhain ar a h-athair annsin, go dtáinic sé, agus a bhean leis. Rinneadh bainis úr nuaidhe annsin, a mhair lá agus bliadhain eile, agus ba é an lá deireannach an lá ba mhilse. Ach ní bhfuair mise ar shon mo sgéil ach stocaí bainne reamhar, agus bróga páipeáir. (CBÉ 139: 152)

MÓhI2 (1946)

Bhí mé fhéin ag an bhainfhéis, agus d’fhan mé go rabh ‘ach uile sheórt thart agus go bhfacaidh mé Jack socruighe síos i n-áit a’ rí. Nuair a bhí mé a bhfágail chuir Jack mála airgid liom a choinneochadh mo sháith liom le mo shaoghal, ach nuair a bhí mé a tarraingt ar a’ bhaile eadar meadhan-oidhche ‘s lá, tháinig a’ ‘bunadh beag’ orm

agus bhain siad díom é, agus seo mé anois ag innse an scéil duit-se agus mé comh bocht agus a bhí mé ariamh! (CBÉ 990: 156)

Cuirtear críoch le haistear na samhlaíochta ag an phointe seo agus tugtar ábhar machnaimh d'éisteoirí an scéil. Go deimhin, tagann macalla de na finscéalta sí chun cinn in MÓhI2 agus rabhadh á thabhairt aige dá chuid éisteoirí roimh an bhunadh bheag. Ag trácht ar dheireadh an scéil 'Iolann Airimínic' a d'inis an mórscéalaí, Seán Ó Conaill, mar shampla, deir Louis de Paor an méid seo a leanas: 'Nuair a labhair fear inste an scéil go díreach mar sin lena lucht éisteachta, a chomharsain féin den chuid is mó, bhain sé aghaidh fídhil an scéalaí anuas de féin agus nochtaigh an duine ar a chúl' (1998: 8). Duine cruthaitheach a bhí in Mícheál Ó hIghne a raibh sé de bhua aige aird a chuid éisteoirí éagsúla a choinneáil, go fiú na héisteoirí nach raibh Gaeilge acu mar a chonaic muid i gCaibidil a Dó. Scéalaí a bhí ann a bhí breá in inmhe a chuid scéalta a chur in oiriúint d'ócáidí faoi leith i dTeileann, i gCill Chartha, i mBaile Átha Cliath nó, leoga, i mButte Montana.

3.6 Ceangal

Is cinnte go dtagann go leor ceisteanna chun cinn i gcaibidil seo na scéalaíochta agus cúpla leagan de na scéalta céanna pléite againn a bailíodh ó bheirt scéalaí éagsúla as ceantar iomráiteach scéalaíochta idir 1935-1949: 'Scéal an Bhlocáin' agus 'An Crochaire Tarnocht'. Go deimhin, seans go dtógann an fhianaise a tháinig chun cinn sa chaibidil seo níos mó ceisteanna ná mar a fhreagraítear ach is léiriú é seo ar shuibhreas na fianaise a tháinig chun cinn. Mar shampla, an é gur léiriú atá sna leaganacha éagsúla de na scéalta céanna ar an fhorbairt a tháinig ar Chonall Ó Beirn agus ar Mícheál Ó hIghne mar scéalaithe idir 1935-1949? I gcás Chonaill Uí Bheirn, an é go díreach go mb'fhéidir go ndearnadh botún i gceann de na leaganacha, mar shampla, agus móitíf na n-ainmhithe fágtha amach aige sna leaganacha ó 1949, nó sa dóigh chéanna an é go raibh sé mar mháistir ar a cheird faoin am seo agus é in inmhe scéalta a chur in eagar agus a chur in oiriúint dá lucht éisteachta? Léiríonn na hinsintí éagsúla go raibh saoirse ag an scéalaí a shamhlaíocht a úsáid agus a chuid féin a dhéanamh den scéal ag brath ar chomhthéacs na hinsinte. Is léir gur chuir Conall Ó Beirn dúil sa scéal agus trí thairfead (taifid scríofa agus fuaime) curtha chun saothair aige ar a laghad. Nuair a tháinig Séamus Mac Aonghusa chun an cheantair sa bhliain 1949, an é go raibh an scéalaí ag iarraidh an scéal ab ansa leis a insint agus é ag iarraidh

dul i bhfeidhm ar an chuairoteoir, nó an é gur iarr Ó hEochaidh air an scéal sin a insint mar gheall go raibh a fhios aige go n-inseodh an scéalaí go maith é? Ní fios. Is iad na seanchaithe áitiúla a bhí mar chuid de lucht éisteachta Uí Bheirn ó na 1930idí agus na 1940idí a bheadh ábalta a leithéid de bhreithiúnas a thabhairt.

I gcás Mhícheáil Uí Ighne agus ‘An Crochaire Tarnocht’, is suntasach gur chuir sé le fad an scéil idir 1935 agus 1946 agus beagnach 2,000 focal sa bhreis curtha aige leis an dara leagan. Mar a pléadh go hachomair cheana, tháinig laghdú suntasach ar an chódmheascadh sa scéal idir an dá linn fosta. Cá bhfuair Mícheál Ó hIghne an inspioráid do Jack agus do mhóitíf an Dragúin? An dtiocfaí a rá go raibh tionchar ag an imirce ar na hinsintí an-éagsúil a bhí an Ó hIghne ar an scéal seo agus é go mór i gcodarsnacht le leagan Shéarlaí Mhic Anna? Léiríodh sa chaibidil seo gur gá tuilleadh taighde a dhéanamh ar na líonraí scéalaithe a bhíodh ag insint a gcuid scéalta i nGaeilge i Stáit Aontaithe Mheiriceá ag deireadh an naoú haois déag go tús an fichiú haois. Is gá féachaint fosta ar an stór scéalta a bhí na scéalaithe a phill. Is trí mhionléamh a dhéanamh ar na scéalta chomh maith le hanailís a dhéanamh ar láithriú na scéalta agus ar chúlra na scéalaithe a gheofar an tuiscint is iomláine ar an cheird. Tá go leor fianaise i ndialann goirt Sheáin Uí Eochaidh ar scéalaithe dá leithéid agus sna lámhscríbhinní a chuir sé i dtaisece chun go dtiocfaí tosú leis na líonraí ó Thír Chonaill; ansin d’fhéadfaí féachaint lena leithéid de thaighde a dhéanamh ar na líonraí scéalaithe i gConamara agus i ndeisceart Chiarraí, mar shampla.

Cé go raibh stíleanna insinte éagsúla agus taithí saoil éagsúil ag Conall Ó Beirn agus ag Mícheál Ó hIghne, is léir gur chuir an bheirt acu dúil sa chruthaitheacht agus sa chumadóireacht ina gcuid scéalta. In *The Gaelic Storyteller*, cuireann Ó Duilearga síos ar scéalaí a bhí ábalta cuimhne a choimhead ar a chuid scéalta focal ar fhocal in imeacht na mblianta mar a bheadh *téacs* righin ann agus gan aon athrú tagtha ar an fhoclaíocht (1945: 33). Bhíodh sé de chumas ag mórán scéalaithe scéalta a athinsint focal ar fhocal agus is cinnte gur bua faoi leith é seo ó thaobh chuimhne an duine de. Sa chur síos a dhéanann Stith Thompson ar an chuairt a thug sé ar an tsárscéalaí iomráiteach, Eamon a’ Búrc, as Cill Chiaráin sa bhliain 1938, deir sé an méid seo a leanas faoi chuimhne an scéalaí:

Séamus says that Eamon Burke has a repertory of more than a hundred stories. These are worked out in great detail and are told with animation and interest. They are apparently rehearsed as carefully as a great actor rehearses his lines. Recordings of the same tale five years apart show that there is practically no variation in the wording of these long tales. (Thompson, 1938: 56)

Bíodh sin mar atá, léiríonn leaganacha éagsúla Chonail Uí Bheirn agus Mhícheáil Uí Ighne nach raibh insint na scéalta chomh righin sin ar chor ar bith. Léiríonn siad i dtólamh an tsaoirseacht a bhí ag scéalaithe cur le fad na scéalta fosta. Aithníonn Max Lüthi an tábhacht a bhaineann leis an éagsúlacht agus leis an athchruthú sa traidisiún béil in *The European Folktale* (1986). Maíonn Lüthi:

Of course, some popular storytellers, too show a natural delight in variation and reformulation. Just as a tendency toward repetition and a tendency toward variation vie with one another in the subject matter of the folktale — contrary tendencies appear on the verbal level as well. (Lüthi, 1986: 49)

Is cinnte go raibh Conall Ó Beirn agus Mícheál Ó hIghne ar na scéalaithe a raibh ‘natural delight’ (Lüthi, 1986: 49) acu in éagsúlacht na hinsinte.

Cad é a thugann bailiúchán Sheáin Uí Eochaidh i dTeileann le fios dúinn faoi scéalaíocht na bhfear sa cheantar mar sin? Fillimis ar na ceisteanna a tógadh ag tús na caibidle:

- Cad é go díreach bhí i gceist leis an ‘advanced stage of perfection’ siúd, agus i ndáiríre, an raibh a leithéid d’fhoirfeachta ann?
- Cén dóigh a dtiocfadh le duine ‘advanced stage of perfection’ a bhaint amach sa scéalaíocht nó sa cheol?
- Cérbh iad na h-‘unlettered literary and musical critics’, agus cén tionchar a bhí acusan ar sheachadadh na scéalaíochta sa cheantar, mar shampla? Arbh í sin an tslat tomhais a bhí in úsáid ag Ó hEochaidh agus é i mbun bailithe?

I dtaca le pointe a trí, aithním gur fágadh na h-‘unlettered literary and musical critics’ ar lár cuid mhaith sa chaibidil seo agus nach dtig i ndáiríre ach na ceisteanna a thógáil sa chás sin de. Mar sin féin, is cosúil go ndeachaigh tógáil Sheáin Uí Eochaidh, chomh maith leis an oiliúint a fuair sé óna uncail Pádraig Mac Seáin, an líonra seanchaithe i dTeileann, agus stiurthóir an Choimisiúin, Séamus Ó Duilearga i bhfeidhm go mór ar

scileanna léirmheastóireachta s'aige ar an scéalaíocht. Is i gCaibidil a Cúig, b'fhéidir, caibidil a dhíríonn ar an líonra seanchaithe a bhíodh ag tarraingt ar theach áirneáil na mBeirneach, Iomaire Mhuireanáin a thiocfaidh dearcadh agus cleachtas an líonra seanchaithe chun cinn.

I dtaca leis an chéad cheist, thiofáí a mhaíomh gur solúbacht seachas 'perfection' an bua cruthaitheach is mó thagann chun cinn sa dá scéal a pléadh le linn na caibidle: 'Scéal an Bhocáin' agus 'An Crochaire Tarnocht'. Cé go raibh glúin idir Conall Ó Beirn (c. 1909-1980) agus Mícheál Ó hIghne (c.1872-1969), is suntasach go mbíodh sé de nós ag an bheirt sárscéalaí le eireaball agus cluasa a chur ar a gcuid scéalta. Is iomaí léamh a thiofáí a dhéanamh ar an bhrí a bhaineann le 'advanced stage of perfection'. Shílfi go dtugann sé le tuiscint go sroicheann na scéalta agus na scéalaithe caighdeán áirithe foirfeachta ag pointe éigin ina saol agus nach dtagann aon athrú ar na scéalta nuair a bhaintear an t-ardchaighdeán seo amach. Thiofáí dó fosta gur shamhlaigh gach glúin gur ag an ghlúin a chuaigh rompu a bhí na scéalta agus an stíl scéalaíochta ab fhearr, agus i gcás Theilinn, ba iad na fir a thuill an cháil seo, e.g. Séarlaí Mac Anna. Threoraigh na scéalta féin agus na leaganacha éagsúla ar shiúl muid ón tóir ar an 'advanced stage of perfection' le linn na caibidle ar bhealach. Scéalaithe cruthaithe a bhí i gConall Ó Beirn agus in Mícheál Ó hIghne a thuig an dóigh lena gcuid scéalta a mhúnlú agus a chur in oiriúint dá lucht éisteachta.

Maidir leis an dara pointe, níl go leor fianaise go fóill againn le tabhairt faoina leithéid de cheist a fhreagairt. Is cinnte mar sin féin, gur gá taithí saoil na scéalaithe a chur san áireamh le stíl na scéalaíochta a ríomh mar is ceart. Mar shampla, is gá a chur san áireamh go mb'fhéidir go ndeachaigh taithí na himirce i bhfeidhm ar stór agus ar stíl scéalaíochta Mícheáil Uí Ighne. Sa dóigh chéanna, is maith mar a thugann an fhianaise a tháinig chun cinn ar fhoinsé eolais Chonail Uí Bheirn do CÓB1, i.e. Máire Phadaí Bháin, léargas níos oscailte dúinn ar an 'advanced stage of perfection' siúd. Caithfidh go raibh tionchar nach beag ag mná ar na sárscéalaithe agus iad ag foghlaim na ceirde nuair nach raibh iontu ach gasúir óga. Ní mór mar sin, anailís a dhéanamh ar spásanna seachadta na mban, chomh maith le haghaidh a thabhairt ar an tsóisialú a dhéantaí ar pháistí óga agus iad ag foghlaim cheird na scéalaíochta. Mar sin de,

Caibidil a Trí: Scéalaíocht na bhFear i dTeileann

tugaimis aghaidh anois ar Chaibidil a Ceathair ina bpléitear ealaín bhéil na mban: Máire Ní Bheirn agus Máire Uí Cheallaigh.

Caibidil a Ceathair: Mionseanchas na mBan?



Máire Ní Dhonnagáin, Rann na Cille, Teileann agus í ag scéalaíocht ina teach féin do lucht an *Picture Post*.

Grianghrafadóir: Haywood Magee, Mí na Nollag 1946. (CBÉ: M004.29.00053)

Caibidil a Ceathair

Mionseanchas na mBan?

Saothar Mháire Ní Bheirn agus Mháire Uí Cheallaigh

4.1 Réamhrá

Caibidil mhór is ea an chaibidil seo a dhíríonn ar mhionseanchas na mban i dTeileann le linn thréimhse Sheáin Uí Eochaidh mar bhailitheoir béaloidis sa cheantar. Tá cúpla cúis leis sin. I dtús báire, is gá na castachtaí sóisialta agus na castachtaí a bhain le hidé-eolaíochtaí i leith ról na mban sa traidisiún béil a ríomh go cúramach chun seanchas na mban a chíoradh ina iomláine. Chomh maith leis sin, mar a fheicfear ar ball sa chaibidil, is mór an cuidiú na sleachta ó na lámhscibhinní a bheith taobh le hanailís dá léithéid seo agus cuireann na sleachta siúd fad le líon leathanach na caibidile. Dá thairbhe sin, tá dhá phríomhchuid i gceist i gcaibidil seo an tseanchais, agus i gcaibidil seo na mban:

- 1) Sa chéad chuid den chaibidil, pléifear na tuiscintí a bhí i réim i dtaca le réimse an mhionseanchais de chuid an traidisiúin bhéil. Is gá an comhthéacs sóisialta seo a chur san áireamh sula dtabharfar faoin phlé ar an tseanchas sa dara cuid. Díreofar ar na hidé-eolaíochtaí a bhíodh i dtreis go minic i measc bhailitheoirí de chuid an Choimisiúin chomh maith leis na seanchaithe. Pléifear luach an tseanchais ó na seanscéalta gaisce anuas go dtí an ‘mionseanchas’. Déanfar cíoradh dá bharr, ar cheist na hinscne. Amharcfar ar an mhodheolaíocht éagsúil a sholáthair *A Handbook of Irish Folklore* (Ó Súilleabháin, 1942) agus ansin, amharcfar ar an mhodheolaíocht a chleacht Seán Ó hEochaidh agus seanchas na mban á bhailiú aige i dTeileann.
- 2) Sa dara cuid den chaibidil, mar léiriú praiticiúil ar an obair a rinne Ó hEochaidh, amharcfar ar dhórnán beag samplaí de sheanchas Mháire Ní Bheirn agus Mháire Uí Cheallaigh. Pléifear cuid de na catagóirí éagsúla a tháinig chun cinn i mbailiúchán an tseanchais: ainmhithe, éin, luibheanna, leigheas agus taithe saoil na mban. Clúdaíonn bailiúchán Mháire Ní Bheirn agus Mháire Uí Cheallaigh réimse an-leathan téamaí agus ábhar agus is samplaí ionadaíocha a phléifear dá bharr.

Is fríd anailís a dhéanamh ar an ábhar a bailíodh ó mhná a gheofar tuiscint agus pictiúr níos iomláine den ról a bhí ag mná i seachadadh an chultúir bhéil in Éirinn san fhichiú haois. Is gá tuilleadh glórtha ó na mná a bhfuil a gcuid lámhscríbhinní curtha i dtaisce sa Chnuasach a ligean amach. Sa dóigh seo, is féidir teacht i dtír ar chuid de na castachtaí sóisialta a bhain leis an tseachadadh béil sna ceantair Ghaeltachta i gcaitheamh an fichiú haois. Is gá mionléamh a dhéanamh ar an ábhar a bailíodh ó mhná le tuiscint ghrinn a fháil ar ionchur na mban i mbailiúchán náisiúnta an bhéaloidis.

Mionseanchas mhná Theilinn atá mar chroílár na caibidle seo. Ba mhinic do Sheán Ó hEochaidh rangú soiléir a dhéanamh idir seachadadh cultúrtha na bhfear agus seachadadh cultúrtha na mban ina chuid scríbhinní agus ina chuid léachtaí i gcaitheamh a chuid blianta mar bhailitheoir béaloidis gairmiúil. In alt dá chuid dar teideal “Seanchaithe agus Ceoltóirí Theilinn le Céad Bliain Anuas”, a foilsíodh sa chnuasach aistí *Teileann Inné’s Inniu*, deir sé:

Ba den tríú roinn na mná, lucht an cheoil agus an tseanchais chrábhaigh. Ins an am a raibh ré órga na scéalaíochta ann, b’annamh sin bean scéalaí ann, agus bhí siocair leis sin. Bhí siadsan ró-ghnoitheach lena gcuid banachais tí agus ag amharc indiaidh na clainne, agus áiméar ná an t-am acu na scéalta fada a fhoghlaim. Lena chois sin, b’annamh iad i gcomhlúadar na scéalaíochta. Ba é teach an bhaitisileora go minic teach an áirneáil, an áit nach mbeadh páistí ná a leithéidí ag cur isteach ar innse na scéal. Bhí saibhreas mion-seanchais ag cuid de na mná seo. Bhí an ceol acu agus na sean-órthaí agus urnaithe. (Ó hEochaidh, 1980: 19)

Bhain na mná le ‘roinn’ faoi leith sa traidisiún, dar leis an bhailitheoir chluíteach. Cé go ndéanann Ó hEochaidh forbairt agus soiléiriú ar an rangú seo ar ball san alt, is cinnte, dar liom, go ndéanann sé feall ar chumas ealaíonta na mban ina cheantar dúchais féin. Thiocfadh dó go raibh tuiscintí an Duileargaigh ag dul i bhfeidhm ar Sheán Ó hEochaidh agus é ag cur na scéalta fada gaisce ag barr na pirimide. Mar a mhíníonn Bengt Holbek, nuair a chuaigh na deartháireacha Grimm i mbun bailitheoireachta agus foilsitheoireachta sa Ghearmáin sa 19ú haois, leag siad béim ar ársaíocht na seanscéalta siocair gur chreid siad go raibh móitífeanna na scéalta mar iarsmaí den mhiotaseolaíocht Chlaisiceach (1987: 17). Ar an leibhéal áitiúil, ní mór

tógáil Sheáin Uí Eochaidh a chur san áireamh fosta agus an taithí a bhí aigesean i dTeileann mar scéalaí é féin agus daoine ar nós a uncal, Pádraig Mac Seáin, agus sárscéalaithe ar nós Shéarlaí Mac Anna a chuaigh roimhe, ag dul i gcion air. Cibé cúis de, rangú soiléir is ea é a thabharfaí le tuiscint go raibh ról imeallach ag na mná sa scéalaíocht.

Níorbh ionann an saol poiblí agus an saol príobháideach mar sin féin, agus níorbh ionann a bheith i mbun scéalaíochta go poiblí is a bheith á chleachtadh go príobháideach. Is ina chín lae a chuireann Ó hEochaidh síos go beacht ar sheachadadh cultúrtha na mban i dTeileann sna 1930idí agus sna 1940idí. Is iomaí tagairt a dhéantar do bhua Mháire Ní Bheirn, agus Mháire Uí Cheallaigh i mbun an mhionseanchais go háirithe thar aon ghné eile den traidisiún béil. Ach cad é atá ar eolas againn faoin mhionseanchas i dTeileann i dairíre? Cad é go díreach a bhí i gceist le healáin an mhionseanchais ar an chéad dul síos? Agus cad é a bhí i gceist le mionseanchas na mban?

Bailíodh formhór an tseanchais a bheas faoi chaibidil anseo againn de thairbhe chóras ceistiúcháin *An Lámhleabhar Béaloideasa* (Ó Súilleabháin, 1937) agus *A Handbook of Irish Folklore* (Ó Súilleabháin, 1942) chomh maith le ceistneoirí éagsúla eile de chuid an Choimisiúin. Pléifear i dtús báire, mar sin, cúlra na gceistneoirí mar mhodh bailithe chomh maith le comhthéacs na hoibre nuair a bhíodh an mhodheolaíocht áirithe seo in úsáid ag Seán Ó hEochaidh. Is é an mionseanchas a bailíodh ó Mháire Ní Bheirn agus ó Mháire Uí Cheallaigh a bheas mar cheartlár na caibidle ansin. De dhíobháil spáis, ní rachfar isteach go huileghabhalach anseo sa mhionseanchas ar fad a bailíodh uathu. Leanfar an mhodheolaíocht chéanna a cuireadh i bhfeidhm i gCaibidil a Trí agus ní dhéanfar anailís ach ar dhornán beag d'ábhar na beirte, rud a thabharfas tuairim thomhaiste don léitheoir ar a gcumas ealaíonta, ar a stíl insinte agus ar a gcuid clisteachta. Dar liom gur cur chuige éifeachtach a bhí anseo agus sinn ag iarraidh tuiscintí ar scéalaíocht na bhfear a shoiléiriú, agus sílim ar an dóigh chéanna go bhfaighfear léargas den chineál chéanna mar thoradh ar a leithéid d'iniúchadh i gcás na mban. Agus a mhacasamhail curtha i gcrích agam, féadfar athchuid a

thabhairt ar chuid de ráitis Uí Eochaidh agus an Duileargaigh ansin, bunaithe ar an scagadh ar mhionseanchas Ní Bheirn agus Uí Cheallaigh.

4.2 Imeacht na mBan sa Traidisiún agus tionchar *The Gaelic Storyteller*

Is minic a dhéantar tagairt sa scoláireacht don ráiteas siúd thíos de chuid an Duileargaigh mar shlat tomhais don scoilt inscne a bhí i réim i mbéaloideas na hÉireann i gcaitheamh an fichiú haois:

‘A woman *fiannaí* or a crowing hen!’ the proverb runs. There are exceptions to this rule, but still the evidence is unmistakable that the telling by women of Finn-tales was frowned upon by the men. *Seanchas*, genealogical lore, music, folk-prayers, were, as a rule, associated with women; at any rate they excelled in these branches of tradition. While women do not take part in the story-telling, not a word of the tale escapes them, and if their relatives or close friends make any slip or hesitate in their recital, it is no uncommon experience of mine to hear the listening woman interrupt and correct the speaker. (Ó Duilearga, 1945:7)

In alt de chuid an tsárscoláire béaloidis, Alan Dundes, dar teideal ‘The Crowing Hen and the Easter Bunny: Male Chauvinism in American Folklore’, áitíonn sé go bhfuil an nath cainte seo faoin chearc ar cheann de na nathanna cainte is suntasaí ó thaobh an tseobhaineachais de siocair go ndéantar ceangal díreach idir an chearc ag scairteadh agus mná a bheadh ag iarraidh rólanna traidisiúnta na bhfear a thabhairt orthu féin sa tsochaí (1980: 170). Míníonn Angela Bourke ina mórshaothar taighde *The Burning of Bridget Cleary*, gur bhain tábhacht faoi leith le heacnamaíocht na gcearc do mhná i gceantair tuaithe in Éirinn (2006 [1998]: 44-45). Siocair go dtiocfadh le heacnamaíocht na gcearc teannas agus éad a chothú i measc na bhfear, bhain siombalachas faoi leith leo sa traidisiún béil: ‘That hens make too much noise, and that women talk too much, is a familiar theme in men’s traditional storytelling’, a mhaíonn Bourke (2006 [1998]: 44). Cén bhrí atá leis an ráiteas seo dáiríre i dtaca leis an bhailiúchán béaloidis?

Agus é ag tagairt don tsliocht chéanna de chuid an Duileargaigh, a thug tús áite do thraidisiún na bhfear, meabhraíonn Zimmerman gur gá ráitis phartrarcacha den chineál sin a cheistiú (2007: 432). Deir sé:

To sum up, kinds of narratives, time and location of performance, and style, may have been gender-specific in Ireland; but information about women's lore and oral skills is relatively scarce, perhaps simply because most collectors were men who did not record what happened in gatherings, known to have existed, in which only women participated. (Zimmerman, 2007: 433)

Ní mór glacadh leis go ndearnadh neamhaird shuntasach do thraidisiún scéalaíochta na mban nó do ghnéithe a bhain le hócáidí seachadta na mban, mar sin (Zimmerman, 2007: 431-433). Agus saothar Pheig Sayers á ríomh aige, mar shampla, maíonn Zimmerman cé gur taifeadadh neart scéalta gaisce agus scéalta fiannaíochta uathí, nach ionann próiseas taifeadta na scéalta agus iad a insint go hoscailte i measc phobal an Bhlascaoid (2007: 432-433). Tacaíonn an fhianaise a tháinig chun cinn i gCaibidil a Trí ar na mná a bhí luaite mar fhoinsí ag fir dá gcuid seanscéalta fada le hipitéis Zimmerman sa chás seo de.

Cén dóigh ar glacadh le mná a bhíodh ag scéalaíocht go poiblí i gcaitheamh ré an Choimisiúin, mar sin? Ina shaothar beathaisnéise *Iomairí Críche*, tugann Pádraig Ua Maoileoin (1913-2002), as Dún Chaoin, Co. Chiarraí, agus garmhac de chuid an scríbhneora, Tomás Ó Criomhthain as na Blascaodaí, léargas dúinn ar a chuid ídeolaíochtaí féin i leith chumas scéalaíochta Sayers (1991: 54). I ndiaidh don Chiarraíoch stíl insinte Pheig Sayers a mholadh go hard na spéire, deir sé:

Ina dhiaidh sin is uile, níorbh aon tseanchaí mór í. Níor chuala riamh aon cheann de na scéalta móra fiannaíochta aici. Míoneachtraithe ar fad a chualasa aici, an saghas scéil atá foilsithe i gceann eile dá cuid leabhar — mar scríobhadh trí cinn eile de leabhra uathí, *Peig, Machnamh Seanmhná* agus an ceann atá i gceist anso díreach anois agam, *Scéalta ón mBlascaod*. Scéalta mar: Conas mar fuair Diarmuid an Ball Searc, Feall na Leas-Mháthair, An Leaca Dhubhach, agus scéalta agus ranna beaga mar gheall ar Phiaras Feiritéar, file. (Ua Maoileoin, 1991: 54)

Cé go molann Ua Maoileoin bua Sayers sa chaibidil a scríobh sé in ómós di, i ndeireadh na dála, nochtann sé nach raibh an meas céanna aige ar stór scéalta na mná

áitiúla seo agus a bhí aige ar stór na bhfear. Déanann sé scoilt shoiléir idir ‘na scéalta móra fiannaíochta’ agus na ‘Míoneachtraithe’ ó thaobh stádais agus gradaim de (Ua Maoileoin, 1991: 54). Is suimiúil an deighilt inscne idir ‘mór’ agus ‘mion’. Cad chuige ar samhlaíodh míoneachtraithe agus mionseanchas le réimse na mban den traidisiún? Cé go mbíodh seanscéalta móra fada ag mná agus mionseanchas ag fir, an é gur samhlaíodh stádas ní b’ísle le mionseanchas na mban mar réimse de chuid an bhéaloidis? Ba sa bhliain 2009, seacht mbliana tar éis bhás Uí Mhaoileoin, a d’fhoilsigh Bo Almqvist agus Pádraig Ó Héalaí *Labharfad Le Cách/ I Will Speak To You All* agus tá eagrán eile de chuid scéalta agus seanchais Sayers le foilsiú gan mhoill (Ní Dhuibhne-Almqvist, 2018). Tugann cur síos Uí Mhaoileoin barúil dúinn de na hidé-eolaíochtaí a thiocthadh a bheith i réim maidir le rannpháirtíocht na mban sa traidisiún béil in Éirinn san fhichiú haois. Meabhraítear dúinn an géarghá atá le foilseacháin a bhaineann le réimse na mban den traidisiún a sholáthar le hardán poiblí a thabhairt don stór shaibhir a bhí ag scéalaithe agus seanchaithe ar nós Pheig Sayers. Baineann an chaibidil seo le gnéithe den traidisiún nach mbíodh á seachadadh go poiblí ag ócáidí foirmeálta an áirneáil.

Agus cúrsaí inscne á bplé i gcomhthéacs an bhéaloidis de, is gá a chur san áireamh go raibh an patrún oibre fite fuaite le seachadadh an traidisiúin bhéil. Tugann an taighde antraipeolaíochta a rinne Arensberg & Kimball i gContae an Chláir i lár an fichiú haois léargas fíorchuimsitheach dúinn ar an deighilt a dhéantaí go minic idir obair na bhfear agus obair na mban ar fheirmeacha beaga tuaithe; bhíodh luach agus meas ní ba mhó ar obair na bhfear ná mar a bhíodh ar obair na mban sa tsochaí thraidisiúnta, dar leo (Arensberg & Kimball, 1968: 48; Ó Giollain, 2005: 108). Cé gur ag plé le ceantar stairiúil iascaireachta atá muid agus sinn ag féachaint ar cheantar Theilinn i ndeisceart Thír Chonaill, thioctfaí mórán cosúlachtaí a tharraingt idir an deighilt inscne a dhéantaí i bpobail feirmeoireachta agus i bpobail iascaireachta mar sin féin. Chothaigh obair shéasúrach (feirmeoireacht agus iascaireacht) struchtúr sóisialta docht do theaghlaigh agus don phobal áitiúil i gcoitinne.

Tuigtear sa léann nach raibh an scoilt a rinne an Duileargach idir réimse na mban agus réimse na bhfear sa traidisiún béil fíor i gcónaí agus gur bhain difríochtaí le cúrsaí

béalaireachta ó cheantar go ceantar. Ach mar sin féin, maíonn Clodagh Brennan Harvey gur minic a shamhlaítear an seanchas le réimse na mban den traidisiún agus go samhlaítear na seanscéalta fada, agus na scéalta fiannaíochta go háirithe, le réimse na bhfear (1989: 111-112). Bíodh is gur bailíodh saibhreas seanscéalta fada ó mhná, thug stiúrthóir an Choimisiúin le tuiscint gurbh eisceachtaí iad na mná a raibh na seanscéalta fada ar a dtoil acu (Brennan Harvey, 1989: 112). Rinneadh iarrachtaí i gcaitheamh na mblianta, catagóirí faoi leith a dhéanamh ar bhéaloideas na mban i gcodarsnacht le béaloideas na bhfear i mbéaloideas na hÉireann. Is gá díchonstráidiú a dhéanamh ar an chatagóirí dhocht úd. Cad é an cur chuige is fóirsteanáil le tabhairt faoi anailís ar mhionseanchas na mban ó na 1930idí agus na 1940idí mar sin? Ina alt taighde ar dhialann goirt Sheáin Uí Eochaidh, áitíonn Ó Laoire gur shamhlaigh Ó hEochaidh na mná mar a bheadh catagóir astu féin: ‘Although he collected very successfully from individual women, it seems that women as a group could be a cause of some stress for him’ (2017: 124). Molann Ó Laoire go bhfuil sé tábhachtach gan tuiscintí an lae inniu a úsáid mar shlat tomhais agus cur chuige gairmiúil an bhailitheora ó 1935 i leith á mheas againn, ach gur cheart díriú ar thuiscint a fháil ar an obair a rinne sé agus ar an dóigh ar thug sé faoin obair sin a dhéanamh (2017: 125). Caithfear a bheith meabhrach go raibh (réamh)t(h)uiscintí ag scoláirí agus ag bailitheoirí béaloidis faoi na cineálacha ábhar a bheadh ar eolas ag mná agus faoin rannpháirtíocht a bhí in ainm is a bheith acu sa traidisiún. Is cinnte go gcuideann catagóirí de chineál éigin linn ord agus eagar a chur ar na réimsí éagsúla de chuid léann an bhéaloidis ó thaobh na cartlannaíochta de ós rud é gur ábhar léinn an-leathan is ea an béaloideas i gcoitinne. Mar sin féin, is gá an catagóirí scolártha docht siúd a rinneadh ar thraidisiún béil na mban in Éirinn a cheistiú agus meon criticiúil a bheith againn ina leith.

I gCaibidil a Trí, pléadh go hachomair an clú agus an cháil a bhain ceantar Theilinn amach mar gheall ar an scéalaíocht agus go deimhin, mar gheall ar ardchaighdeán na sárscéalaithe san fhichiú haois agus sa naoú haois déag. D’ainneoin cháil an cheantair seo ó thaobh na scéalaíochta de, is beag plé scolártha atá déanta i ndáiríre ar shaothar béaloidis mhná an cheantair, cé gur bhailigh Ó hEochaidh tréan ábhair ó mhná i dTeileann fosta. Is cuí mar a aithníonn Mícheál Briody an bhearna eolais seo ina chuid taighde ar an chuntas a chuir Ó hEochaidh ar fáil don Duileargach nuair a bhí léacht

GS á hullmhú ag an stiúrthóir (2013: 19). Áitíonn Briody gur aisteach an ní é go ndearnadh neamhaird de thraidisiún béaloidis na mban i dTeileann sa chuntas siúd ó tharla go raibh Ó hEochaidh ag caitheamh an-mhórán ama ag bailiú béaloidis ó Mháire Ní Bheirn ag an am a raibh an cuntas á ullmhú aige (2013: 8). Mar a pléadh i gCaibidil a Dó, thiofáí a rá gur eisceacht is ea an dóigh ar tugadh tús áite do scéal le Máire Uí Dhonnagáin, Rann na Cille, Teileann, nuair a thug an *Picture Post* cuairt ar an cheantar sa bhliain 1946. Bhailigh Ó hEochaidh líon suntasach ábhar ó Mháire Ní Bheirn ó 1935 go 1976 agus ó Mháire Uí Cheallaigh ó 1937 go 1955. Tugtar sárléargas dúinn i lámhscríbhinní na beirte seo ar sheasmhacht na mban i seachadadh an chultúir bhéil ina gceantar dúchais, agus ar éagsúlacht an ábhair a bhí ar a dtoil go binn blasta acu. Rachaimis isteach go mion sa mhionseanchas mar sin.

4.3 Leabhar na Beatha: *A Handbook of Irish Folklore*

Cuireadh *An Láimhleabhar Béaloideasa* i gcló den chéad uair sa bhliain 1937 agus rinneadh an mórshaothar toirtíúil, *A Handbook of Irish Folklore (AHIF feasta)* a athfhoilsiú i mBéarla sa bhliain 1942 (Ó Súilleabháin, 1937 & 1942). Ba nós leis an Choimisiún ceistneoirí éagsúla nó mioncheisteanna taighde a sheoladh chuig na bailitheoirí béaloidis ó am go chéile fosta (Briody, 2007: 282-289). Ba ar chóras ceisteanna agus ceanteidil a bunaíodh an lámhleabhar a bhíodh in úsáid do Scéim sa Scol (1937-1938/9). Ba leor nod don eolach i gcás na mioncheisteanna seo de, agus mar a fheicimid gan mhoill agus seanchas Mháire Ní Bheirn agus Mháire Uí Cheallaigh á bplé againn, thiocfadh le foclaíocht na gceanteideal samhlaíocht na seanchaithe a ghríosú ar bhealaí fíorshuimiúla. Is beacht agus is cuí mar a bhaist Seán Mac Seagháin, Leirg an Dachtáin, Teileann ‘leabhar na beatha’ mar leasainm ar *AHIF* (CBÉ 1109: 567). Léiriú den scoith is ea an t-innéacs digiteach atá foilsithe ar www.dúchas.ie a léiríonn an oiread éagsúlachta agus an iliomad roghanna atá ann ó thaobh ceanteidil a roghnú agus cuardach a dhéanamh ar an ábhar ilghnéitheach den tsaghas seo. Léiríonn léarscáil an tsuímh an éifeacht a bhain le húsáid na gceistneoirí i gcomhthéacs Bhailiúcháin na Scol de.

Cén dóigh ar roghnaíodh na ceanteidil agus na ceisteanna le haghaidh na lámhleabhar béaloidis agus na gceistneoirí éagsúla, mar sin? Bhí cur chuige na gceistneoirí bunaithe

go dlúth ar na córais a bhíodh in úsáid ag bailitheoirí béaloidis ar fud na hEorpa ó thús an fichiú haois. Thug Seán Ó Súilleabháin, cartlannaí an Choimisiúin faoi thuras taighde sa tSualainn sna 1930idí sular cuireadh na treoirleabhair éagsúla a bhí dírithe ar thraidisiún béil na hÉireann in eagar. Is mar seo a chuir Ó Súilleabháin síos ar a thuras taighde chun na Sualainne i mbrollach *AHIF*:

In the Spring of 1935, I was sent to Sweden to be trained as Archivist for the cataloguing of folk-traditions which would be collected under the auspices of the Irish Folklore Commission, which the Irish Government had decided to set up. After a week spent in Lund as guest of Dr. C. W. von Sydow, during which time I was shown the system of classification used in the folklore archive there, I went to the University of Uppsala, where I spent almost three months. I worked each day during that time in the Landsmaalsarkiv (Dialect and Folklore Archive) under the guidance of Dr. Aake Campbell and Fröken Ella Odstedt [...] All material catalogued in the Irish Folklore Commission's offices in Dublin since 1935 has been classified in accordance with the Swedish system, and the number of excerpt cards now runs to about 80,000. (Ó Súilleabháin, 1942: vii)

Sa tSualainn dó, bhí teacht ag Ó Súilleabháin ar chóras innéacsaithe na gcartlann thall. Is léir chomh maith go ndeachaigh an tOllamh Carl von Sydow, an Dochtúir Åke Campbell agus Fröken Ella Odstedt i bhfeidhm air ó thaobh an taighde de agus iad luaite sa réamhrá aige (1942: vii).

Corás éifeachtach a bhí sna lámhleabhair bhéaloidis agus sna ceistneoirí éagsúla de chuid an Choimisiúin ó thaobh forbairt a dhéanamh ar léann comparáideach an bhéaloidis go hidirnáisiúnta. Thiocfaí sampla leathan de fhreagraí ó cheantair éagsúla a lorg agus a chnuasach le chéile go sciobtha le taighde comparáideach a dhéanamh ar thoradh an bhailithe. I gcóip sínithe de chuid an Duileargaigh de *AHIF*, tá lorg a chuid peannaireachta le feiceáil ar chúl an leabhair agus títear cuid de na lámhleabhair eile breactha síos de lámh aige san ord seo a leanas:

The Handbook of Folklore le George Laurence Gomme (Londain, 1890)

Manuel de Folklore le Pierre Saintyves (Páras, 1936)

Norske folkeminne le R. Th. Christensen (Oslo 1925)

Våra folkminnen CW. Von Sydow (1919).

(in: Ó Súilleabháin, 1970 [1942]; *Bailiúchán an Duileargaigh*, Leabharlann Uí Ardagáin, Ollscoil na hÉireann, Gaillimh)

Is léir go raibh Ó Súilleabháin agus Ó Duilearga thar a bheith cáiréiseach faoi chruinneas agus faoi ardchaighdeán na gceistneoirí, cé nach é sin le rá nach saothar gan locht é *AHIF*. Mar sin féin, sholáthraigh na ceisteanna agus na ceannteidil éagsúla modheolaíocht thar a bheith éifeachtach chun réimse an-leathan ábhar a chlúdach. Dá bhrí sin, cuireadh treoir bheacht ar fáil do bhailitheoirí an Choimisiúin cuimhne na seanchaithe a ghríosú ar bhealach a spreagfaí an chruthaitheacht iontu ach, a choinneodh smacht áirithe ar an ábhar ó thaobh ama agus catagóirí de.

Bhí sé i gceist ag Seán Ó hEochaidh dul tríd *AHIF* ‘ó chumhdach go cumhdach’ le Máire Ní Bheirn agus le Máire Uí Cheallaigh (CBÉ 1109: 550). Chreid sé go raibh cumas faoi leith ag an dís acu tabhairt faoina leithéid de mhórhionscadal bailithe. Bua faoi leith a bhí ann go cinnte go mbeadh seanchaí aonair ábalta tabhairt faoi iomlán *AHIF* nó fiú an chuid is mó den leabhar a lámhseáil. Luann Diarmuid Ó Giolláin gur sársheanchaí a bhí in Amhlaoibh Ó Luínse (1872-1947), as Cúil Aodha, Co. Chorcaí, a raibh eolas agus tuiscintan-intleachtúil ar fad aige ar a cheantar dúchais (2005: 47 & 59). Tugadh aitheantas do bhua an tsársheanchaí nuair a foilsíodh *Scéalaíocht Amhlaoibh Í Luínse* (Ó Cróinín, 1971) chomh maith le *Seanchas Amhlaoibh Í Luínse* (Ó Cróinín, 1980). Aithníonn Mícheál Briody go raibh bua as an choiteann ag Niall Ó Dubhthaigh (1874-1961) as an Bhealtaine, Gort an Choirce, iarthuaisceart Thír Chonaill siocair go raibh ar a chumas an lámhleabhar iomlán a lámhsheoil:

With some exceptional narrators, such as Niall Ó Dubhthaigh (Gort an Choirce, Co. Donegal), the collector went through the entire (or almost the entire) Handbook. Obviously, it was not possible to do this with every narrator. Not all narrators would have had such an encyclopaedic knowledge, nor would pressures of work always have allowed collectors to exhaust the repertoire and lore of a particular narrator. Moreover, not all informants would have had the time to devote to working in such an intensive way with a collector. (Briody, 2007: 248)

Sársheanchaí a bhí in Niall Ó Dubhthaigh go cinnte, fear a chaith seal ag obair in Albain, agus a bhain clú agus cáil amach i measc scoláirí béaloidis in Éirinn agus thar lear i ndiaidh do Sheán Ó hEochaidh seal a chaitheamh i mbun bailithe leis sna 1940dí

(ainm.ie). Bhí seanaois bainte amach ag an tseanchaí faoin am ar tháinig Ó hEochaidh chomh fada leis agus dá thairbhe seo, bhíodh sé le fáil taobh istigh dá theach i rith an lae go minic. Is cinnte gur thug Ó hEochaidh agus an Coimisiún uchtach don tseanchaí. Míniúnn Ó hEochaidh ina chuntas dialainne go raibh bród as cuimse ar an tseanchaí as toradh a chuid oibre nuair a foilsíodh a chuntas ar an bhuaileteachas in *Béaloides* (1943: 130-158). I ndiaidh don Duileargach litir a sheoladh chuig Ó hEochaidh ar an 13 Aibreán 1944, léigh an bailitheoir litir an stiúrthóra os ard do Niall Ó Dubhthaigh:

Dar liom annsin go rachainn siar 'na Beáltaine chuig Niall go gcuirim i n-iúl dó fá'n chunntas a fuair mé indiú. Bhí fhios agam go gcuirfeadh sé bród millteanach air, a rádh gurbh'é a chunntas ar 'bhuaileteachas' an cunntas a b'fheárr a tugadh síos ariamh ins na trí h-oileáin ar an nós sin.[...] Bhí Niall íontach bródamhail amach as an t-saoghal, agus nuair a chualaidh sé an tagairt a rinn an stiúrthóir dó'n chunntas a chuir sé síos domh, tharraing sé amach a phiopa, agus shuidh sé ar a chathaoir agus chuir sé cos thar an chois eile, agus chaith sé siar a cheann, agus bhí na súile a preabadaighe ina chionn le luthgháir. (CBÉ 1108: 17-18)

Is cinnte gur bhain bród agus stádas le heolas na muintire a roinnt agus a chur i dtaise sa chartlann náisiúnta béaloidis a bhí lonnaithe in ardchathair Bhaile Átha Cliath. Cé gur seanchas seachas seanscéal fada a bhí i gceist leis an chuntas ar an bhuaileteachas, is léir gur thuill an cuntas ar réimse na bhfear de chuid na feirmeoireachta, agus de chuid an traidisiúin béil dá réir, aitheantas náisiúnta dó san iris aitheanta *Béaloides*. Is fiú suntas a thabhairt don dóigh ar cuireadh suim mhór sa chuntas seo ar an bhuaileteachas ach ag an am chéanna, gur cósúil go raibh easpa measa ag baint le feirmeoireacht na gearc sa traidisiún béil, mar a pléadh anseo cheana. Cibé cúis de, ba mar gheall ar an chairdeas agus an dea-chaidreamh gairmiúil idir an seanchaí agus an bailitheoir a cuireadh an oiread sin seanchais agus scéalta de chuid Uí Dhubhthaigh síos. Nuair a d'éag Ó Dubhthaigh ar an 29 Bealtaine 1961, thug Ó hEochaidh le fios san aiste a scríobh sé in ómós dó, nach i ngan fhios do phobal áitiúil na Bealtaine, Gort an Choirce a tháinig borradh agus bláthú ar a gcairdeas:

Thug na comharsanaí fá dear go rabh mé ag caitheamh an-mhórán ama—oíche agus lá—i dtigh Néill, agus fá dheireadh nuair a chastaí orm ar an bhealach mhór iad d'fhiafraíod siad díom ' an rabh mé ag tarraint ar m'athair mór! (Ó hEochaidh, 1960 [1961]: 136)

Mar sin de, thiocfaí a rá i gcomhthéacs Mháire Ní Bheirn agus Mháire Uí Cheallaigh de, go raibh buntáiste sa bhreis ag an bhailitheoir agus é ag tabhairt faoin chineál seo oibre i dTeileann siocair go raibh sé muinteartha do Chlann Uí Bheirn agus go raibh sárathne aige ar an bheirt bhan cheana féin — rud a d'éascaigh próiseas dúshlánach *AHIF* agus na gceisteoirí go cinnte.

4.4 Comhthéacs an Bhailithe agus Modheolaíocht an Cheistneora

Bhain modheolaíochtaí bailithe faoi leith leis an *AHIF* a úsáid agus treoir chuimsitheach á leanúint ag na bailitheoirí. Cé go raibh taithí fhairsing ag Seán Ó hEochaidh ar bhéaloideas a bhailiú faoi na 1940idí agus é ina mháistir ar a cheird faoin am seo, theastaigh foighde ón bhailitheoir agus óna chuid seanchaithe le treoracha na gceisteanna a leanúint mar sin féin. Rud eile de, bhí sárscileanna idirphearsanta de dhíobháil le freagraí a bhain le topaicí dúshlánacha faoi leith a mhealladh, go fiú féin ó sheanchaithe a raibh sárathne ag Ó hEochaidh orthu, ar nós Mháire Ní Bheirn agus Mháire Uí Cheallaigh i dTeileann.

Dála na modheolaíochtaí bailithe a bhíodh in úsáid ag bailitheoirí de chuid an Choimisiúin leis na seanscéalta fada a thaifeadh, bhí an t-am agus an áit ríthábhachtach do phróiseas ceistiúcháin *AHIF* fosta. Ba i rith an lae de ghnáth a thugadh Ó hEochaidh faoi ábhar an cheistneora a bhailiú ó Mháire Ní Bheirn agus ó Mháire Uí Cheallaigh sna 1940idí agus ba i dteach Mháire Ní Bheirn ar an Iomaire Mhuireanáin a chruinneodh an triúr acu le chéile den chuid is mó. Bhailíodh Ó hEochaidh ábhar seanchais ó Mháire Uí Cheallaigh ina teach féin ar an Bhaile Mhór, Teileann fosta i gcaitheamh na tréimhse seo agus corrúair ón bheirt Mháire i dteach a mháthara, Máire Uí Eochaidh (Nic Seáin), Cruachlann, Teileann fosta. D'fhóir an t-am i rith an lae siocair nach mbíodh an oiread sin cúraimí ar an bheirt bhan agus na fir amuigh ag obair: deartháireacha Mháire Ní Bheirn agus fear céile Mháire Uí Cheallaigh, Proinnsias. Bhraith an t-airneál ar thréimhsí sosa — sos na bhfear san oíche agus sos na mban i lár an lae agus na fir amuigh. Ní mór a shoiléiriú, nach féidir a rá nach mbíodh Máire Ní Bheirn agus Máire Uí Cheallaigh gnoitheach agus iad ag obair leo i rith an lae. Cé go mbíodh sos ag na fir trathnóna ní bhíodh sos ag na mná ach ba é an t-am ciúin acusan lár an lae go dtí am tae. Bhíodh orthu ansin a bheith gnoitheach

i gcion a ndualgas ag freastal ar na fir sa tráthnóna. Chiollaigh an patrún oibre seo go mbíodh cur chuige measartha rialta ag Ó hEochaidh agus é ag bailiú béaloidis óna líonra ban i rith an lae agus ó lucht an áirneáil sa teach chéanna (teach Mháire Ní Bheirn) san oíche i dTeileann. Thioctadh leis an bhailitheoir an lá iomlán a chaitheamh i mbun oibre ó mhaidin go hoíche agus é ag obair sa bhaile i dTeileann. Thuig sé nach dtarraingeofaí na cuairteanna aon chúlchaint faoi iompar míchuí siocair go mbeadh eolas ag an phobal áitiúil, agus go fiú ag Séamus Ó Duilearga, ar an ghaol idir é féin agus Máire Ní Bheirn. Is iomaí sin tagairt a fhaightear sa dialann goirt ar an ghaol fola idir é féin agus na Beirnigh in Iomaire Mhuireanáin.

Bhí ealaín an tseanchais agus obair na mban fite fuaite lena chéile agus iad ag obair agus ag seanchas i gcuideachta a chéile. Agus é ag cur síos ar sheisiún bailithe i mí na Bealtaine, 1945, deir Ó hEochaidh go raibh ag éirí go maith leis na Máirí a gcuid cniotála a chur i gcrích do Ghaeltarra Éireann agus ceisteanna an lámhleabhair a fhreagairt ag an am chéanna.

Níor chuir mé isteach go ró-mhór ar a gcuid oibre ar an dóigh a bhí agam, agus ní rabh moill ar bith ortha-san an obair a bhí siad fhéin a dheánamh, a dheánamh agus freagar a thabhairt ar mo chuid ceisteanna-sa comh maith [...] (CBÉ 1108: 627-629) (21.05.45)

Is cinnte gur bhain cruthaitheacht le ceisteanna *AHIF* a fhreagairt. Dála ealaín an tseanchais, thóg an bheirt Mháire ceird na cniotála ó na mná a tháinig rompu fosta agus theastaigh foighde leis an chniotáil agus le hobair an lámhleabhair a chur i gcrích. Go deimhin, i gclár de chuid na sraithe *Muintir na Mara* a craoladh ar TG4 sa bhliain 2012, is cuí go raibh Ciotáí Seáin Uí Chuinneagáin (1919-2018), Cruachlann, Teileann, seanchaí a raibh clú agus cáil uirthi i measc cheoltóirí traidisiúnta i gcóngar is i gcéin, le feiceáil agus í i mbun seanchais agus ag ceol a fhad is a bhí sí ag cniotáil taobh amuigh de theach a hiníne, Anna Ní Chuinneagáin, Mín an Bhrollaigh, Teileann (TG4: 08.04.2012). Is cuí go raibh na dealgáin chniotála le feiceáil ina lámha aici ar an chlár ó tharla gur thóg Ciotáí Seáin a cuid amhrán ó Mháire Ní Bheirn agus í ag fás aníos.¹⁵ Sna Cruacha Gorma dó, cuireann Ó hEochaidh síos ina dhialann ar an

¹⁵Féach, Cairdeas na bhFidiléirí: <http://donegalfiddlemusic.ie/kitty-sean-cunningham-24th-october-1919/>


tsársheanchaí Anna Nic an Luain agus í ag cniotáil a fhad is a bhí sise i mbun seanchais agus ceoil:

Shuidh mé síos annsin agus shuidh Anna ins a' chluíd agus bheir sí ar a giosán agus chuaidh sí a chniotáil. Bheir mise ar an t-sean-stól chorrach ar ghráthach liom suidhe air agus shuidh mé suas ina h-aice. Tharraing mé orm mo leabhar nótaí agus mo pheann luaidhe agus d'fhiafruigh mé daoithe a chéad uair fá na h-abhráin ar smaoitigh sí ortha. Thoisigh sí annsin – agus thoisigh mise a scríobhadh. (CBÉ 1289: 194-195) (02.07.1947)

Mar sin féin, cé go raibh an chniotáil agus an seanchas fite fuaite lena chéile agus go dtiocfaí an dá rud a dhéanamh ag an am chéanna, bhí amanna faoi leith le tabhairt faoi. Leoga, ní de thimpist a deirtear 'yarn' nó 'spin a yarn' sa Bhéarla le cur síos a dhéanamh ar scéal. Ag deireadh chuntais Uí Eochaidh ar na Máirí agus iad i mbun a gcuid cniotála agus seanchais ar an 21 Bealtaine 1945, deir an bailitheoir gur tháinig deireadh tobann leis an tseanchas nuair a tháinig deartháireacha Mháire Ní Bheirn ar ais abhaile sa tráthnóna:

Níor chuir duine ar bith isteach orainn go dteachaidh deártharacha Mháire a teacht le coim na h-oidhche - cuid acú ó bhád, agus fear nó beirt as an phortach.(CBÉ 1108: 627-629)(21.05.45)

Bhraith an socrú idir an bailitheoir, Máire Ní Bheirn agus Máire Uí Cheallaigh ar uaireanta oibre na bhfear, agus ba mhinic a chuirtear cipín leis an obair nuair a thagadh na fir chun an bhaile.



Máire Bhríd Uí Cheallaigh, Baile Mór ag éisteach le John Tamaí Seáin (Seán Mac Seagháin) i dteach na mBeirmeach.

Picture Post, Nollaig 1946; Grianghrafadóir: Haywood Magee (CBÉ M250)

Go fiú i rith an lae féin, ba mhinic don aos óg a bheith ag cur isteach ar phróiseas an bhailithe i dteach Mháire agus Phroinsiais Uí Cheallaigh, Baile Mór, Teileann:

Chruinnigh scaifte aois óig isteach annsin, agus chuir siadsan isteach orm go mór. Níor mhaith le Máire barraidheacht seanchais de'n t-seórt a rabh muid ag 'ul dó a luadh os a gcoinne ar eagla go mbéad siad ag innse amuigh caidé'n seanchas a rabh sí ag 'ul dó. Níor mhaith le Máire sin, agus ní cothalta a bhí sí, ach níor mhaith léithe daoine eile oiread 'e shásamh a bheith acú. (10.12.45) (CBÉ 1109: 133-135)

Cé gur theach áirneáil aitheanta a bhí i dteach Mháire agus Phroinsiais Uí Cheallaigh i dtrátha na tréimhse seo fosta, is léir gur chothaigh am an tseachadta roinnt fadhbanna agus aos óg na comharsanachta fós ag dul ó theach go teach (10.12.1945). Siocair go raibh Ó hEochaidh ag leanúint ar aghaidh leis an ábhar a bhí faoi chaibidil aige leis an dá Mháire cúpla oíche roimhe sin, seans maith go raibh siad ag caint 'fá dhearnadaí miala, agus rudaí salacha eile mar sin' ar an oíche áirithe seo fosta. Féach thíos cuntas Uí Eochaidh ón 6 Nollaig 1945:

I gcionn tamaill bhig tharraing mé orm an láimh – leabhar agus mo gharbh – scríbhín agus chuaigh mé i gcionn oibre, 'mo shuidhe ag an tábla sa chisteanáigh. Bhí an dá

Mháire 'na suidhe a cniotáil ar dhá thaoibh na teineadh.

Ní rabh an cómhraídh ró-ghlan. Chuaidh mé a chur síos fá dhearnadaí miala, agus rudaí salacha eile mar sin. Bhí cineál leisge ortha mé a bheith a cur síos a leithéid a chunntas, agus bhí inntinn acu nach rabh sé ceart agam – leithéid a chur ar páipeár maith olc nó go measardha. Ach mhínigh mé an scéal daobhtha agus d'innis mé daobhtha fá 'n seórt rudaí a chuir mé síos i n-áiteacha eile, agus ó sin amach ní rabh siad comh cothalta an seanchas a bhí mé a dh'iarraidh a thabhairt uatha. Lean mé liom a scríobhadh an t-seanchas sin go h-am luighe – Tháinic cupla duine eile de na comhursanaigh isteach fosta fríd an oidhche, agus bhí an t-íontas céadna ortha-san fá'n rud a bhí mé a scríobhadh a bhí ar an bheirt a rabh mé a scríobh uatha. (CBÉ 1109: 128-129) (06.12.1945)

Cé go mb'fhéidir go raibh náire ag baint le hábhar an cheistneora a phlé os coinne na gcomharsan agus an aosa óig, is fiú a lua go mbíodh an chontúirt i gcónaí ann go mbeifí ag magadh faoin té a bhí ródháiríre. Cuiream i gcás, bhíodh aos óg an cheantair ag spochadh as an tsárscéalaí aitheanta Séarlaí Mac Anna ag deireadh an naoú haois déag fosta agus iad ag scairteadh 'Fút! Fut! Féasóg!', 'mothaím boladh an Éireannaigh in mo chábán tí' agus 'Tógfaimid ár gcuid seolta go bucóideach, go bacóideach ar ball' agus araile nuair a d'fheiceadh siad Mac Anna (Mac Seáin, 2016: 48). Is fiú a lua fosta gur thug Ó hEochaidh faoi deara go n-éireodh an scéalaí clúiteach, Máire Mhicí Nic Fhionnlaoidh as Machaire Loisce, Gaoth Dobhair, cúthaileach nuair a thioctadh na comharsana isteach chun tí agus seisiún taifeadta ar bun acu (CBÉ 584: 311-312). Sárscéalaí a bhí in Máire Mhicí a raibh dúil faoi leith aici sna seanscéalta fada. Tógtar ceisteanna mar sin de, maidir le spásanna seachadta na mban i dtaobh an chultúir dhúchasaigh. Meabhraíonn Debora Kodish, mar shampla, go mbíodh mná ina scéalaithe gníomhacha taobh istigh de spás an tí go minic agus ról tábhachtach acu i seachadadh an chultúir, d'ainneoinn gur spás 'príobháideach' (go pointe) a bhí sa teach i rith an lae (1987: 575). Léiríonn an obair pháirce a rinne an béaloideasóir Margeret R. Yocom lena máthair mhóir, Bertha Davidheiser Yocom, in Pottstown, Pennsylvania sna 1970idí, mar shampla, go raibh tionchar nach beag ag na spásanna seachadta agus dá réir sin, ag an scaifte a bheadh i láthair ar stíl agus ar ábhar a cuid scéalta (1985: 46). Deir sí: 'In the private sphere, with its atmosphere of intimacy, Bertha and her women relatives thrive [...]. When they feel close and comfortable with one another, when they perceive that everyone will listen and talk, their storytelling begins' (Yocom: 48). An é go mbíodh spásanna príobháideacha ní ba fhóirsteanaí ná na

spásanna poiblí le cineálacha ábhar faoi leith de chuid an tradisiúin bhéil a sheachadadh mar sin?



Máire Bhríd Uí Cheallaigh agus a fear céile, Proinsias (Francie) Ó Ceallaigh. Le caoinchead ó Sheán Ó Ceallaigh, garmhac Mháire agus Francie. Mo bhuíochas le Rab Cherry, Cairdeas na bhFidiléirí, as an ghrianghraf.

Cé go mbíodh cuairteoirí ag teacht agus ag imeacht i rith an lae chuig tithe cuartaíochta aitheanta ar nós theach Mháire Ní Bheirn, thiocfaí a rá go mbíodh an bailitheoir fós ag sá isteach ar spásanna seachadta na mban. Thiocfaí a rá go raibh ról imeallach ag Seán Ó hEochaidh fosta mar fhear a bhí ag iarraidh topaicí a thiocthadh a bheith réasúnta príobháideach a mhealladh ó mhná áitiúla a raibh aithne mhaith aige orthu ó bhí sé ina thachrán. Cibé cúis de, thuig na Máirí múnla na gceistneoirí agus *AHIF* go rímhaith agus thuig an bailitheoir go raibh bealaí faoi leith le tabhairt faoi. I gcuntas dialainne ón 12 Feabhra 1945, déanann Ó hEochaidh tagairt de chomhrá a bhí aige le Máire Uí Cheallaigh agus í breá gonta le tabhairt faoi ghnoithe an bhéaloidis:

‘Seo bhail’, adeir sí, ‘scaoil amach, agus má thig liom-sa cuideadh ar bith a thabhairt duit dheánfaidh mé sin agus fáilte!’ Tharraing mé orm an lámh-leabhar annsin, agus thoisigh mé a chur na gceisteanna ar Mháire, agus níor chuir mé ceist oirthú nach rabh freagar aici daoithe – bíodh siad fada nó goirid. (CBÉ 1108: 544) (12.02.1945)

Bhí Uí Cheallaigh tagtha isteach go maith ar chóras an lámhleabhair faoin tráth seo. Léirigh sí géarchúiseacht go luath sa phróiseas agus cuireadh luas le bailiúchán an ábhair dá bharr.

Bíodh is gur chaith Ó hEochaidh mórán ama le Máire Ní Bheirn agus le Máire Uí Cheallaigh, níor chiallaigh sé sin nach mbíodh sé ag tarraingt ar chomharsana eile le mionphointí éagsúla a fhiosrú. Agus é ag cruinniú eolais faoi luibheanna áitiúla, déanann Ó hEochaidh cur síos ar an dóigh a raibh sé féin agus bean áitiúil eile, Brighid Mhór Ní Bheirn, Mín an Bhrollaigh, ag spochadh as a chéile faoi chúrsaí airgid nuair a thug sé cuairt uirthi agus í ag obair go dian:

Tráthnóna dar liom go rachainn chuig Brighid Mhór (Ní Bheirn) go bhfeicinn an rabh luibheanna ar bith eile aici domh. Rinn mé sin, agus ag 'ul 'un toighe domh bhí Brighid i gcionn a túirne mar bhi sí an lá cheana. Chuaidh mé a mhagadh oirthí ag 'ul isteach domh nach bhfeicead sí deireadh a cuid airgid caithte go deó – bhí sí a deánamh an oiread sin ar an bháinín! Ach ní rabh agam ach a leath! Ba bheag a thug mise daoithe le taobh an méid a fuair mé arais fá'n chnap airgid a bhí mé a dheánamh ar sheanchus na tíre – ní rabh ach aonduine ach a magadh ar an duine eile mar go rabh fhios agam gur seo an rud a b'fheárr a thaitneochadh léithe.

Ba ghoirid go rabh seo uilig thart agus gur thoisigh sinn ar an t-seanchus céillidhe. D'iarr sí orm liosta na luibheanna a léigheamh daoithe go bhfeicead sí cé na rudaí nach rabh agam.

Rinn mé sin go fonnmhar.

‘Tá rudaí nach bhfuil agat go fóill!’ adeir sí.

‘An bhfuil?’ arsa mise.

‘Siubhal amach’, adeir sí, ‘go bhfeicidh tú an ceann seo’.

Thug sí amach mé chuig sean-chlaidhe a bhí comhgarach dó'n teach, agus ar mhullach an chlaidhe bhí luibh bheag mhion a fás, 'na cnapáin bheaga. ‘Sin’, adeir sí, ‘an luibh a dtugann siad “lus na mbacán” oirthí. Fad ó shoin’, adeir sí, ‘ba gnáthach leis an t-sean-bhunadh an luibh sin a chognadh agus á cur fríd im úr 'na léigheas ar gheárradh.’

Bhí luthgháir mhór orm fhéin an oiread seo eólais a fhághail, de bhrígh go rabh mé le fada go leór ar lorg ainm na luibhe seo, agus níor éirighidh liom sin a fhághail go dtug Brighid Mhór domh é. Bhí mé íontach sásta, mur bíonn 'ach uile lá a bhfághaim eólas nach rabh agam cheana! Tháinic mé arais go Cruachlann comh bródamhail le cat a mbéadh póca air! (CBÉ 1108: 268-270) (31.08.1944)

Tugann Ó hEochaidh le fios go raibh bua as an choitiantacht ag Brighid Mhór Ní Bheirn, a bhí ina bean ghlúin áitiúil, agus go raibh eolas aici faoi ainmneacha luibheanna a bhí doiligh a fháil ó sheanchaithe eile. Léiríonn an comhrá cuid den ghreann idir na comharsana agus bean áitiúil ag spochadh as an bhailitheoir siocair go

mbíodh sé ag saothrú airgid ‘ar sheanchus na tíre’ (CBÉ 1108: 269). Ní mór a cheistiú, más rud é go raibh eolas ag Brighid Mhór Ní Bheirn nach bhfuair an bailitheoir roimhe sin, cad chuige nár bhailigh sé ach dórnán beag ábhar uaithise (CBÉ 987 & CBÉ 1667), go háirithe agus é ag plé leis na luibheanna? Cé go mbíodh Ó hEochaidh ag tarraingt ar chomharsana éagsúla agus é ag cloí leis na lámhleabhair agus leis an cheistneoir, bhí luí faoi leith aige lena dhuine muinteartha, Máire Ní Bheirn, agus lena comharsa, Máire Uí Cheallaigh.



Bríd Mhór Uí Bheirn, Mín an Bhrollaigh, Teileann, i gcion a túirne. Le caonchead ó Eoghan Ó Curraighín, a garmhac.

Bhí buntáistí áirithe ag baint le meitheal bheag na Máirí agus ceisteanna *AHIF* le líonadh ag Ó hEochaidh. Is cinnte gur bhain dúshlán faoi leith le stíl na gceistneoirí agus thuig Ó hEochaidh nár fhóir modh an cheistneora don uile sheanchaí. Féach, mar shampla, cuntas an bhailitheora ar Pheigí Uí Chasaide, Cruachlann:

Tráthnóna thug mé ruaig ar Pheigí Uí Chaiside – seanbhean a bhfuil neart seanchuis aici, ins a' chomhursanntacht annseo. Dálta go leór, níl mórán maith a dhul a chur ceisteanna uirthí, ach le suidhe agus éisteacht léithe níl moill seanchus go leór a fhághail uaithche. (CBÉ 1108: 130) (28.05.1944)

Ba ghá don bhailitheoir a chuid ama a thógáil agus freagraí na gceisteanna a fháil de réir a chéile ar dhóigh a bhí neamhfhoirmeálta agus deas socair. Bhraith stíl na bailitheoireachta ar phearsantacht an tseanchaí. Bhí Máire Ní Bheirn agus Máire Uí Cheallaigh ábalta iad féin a chur in oiriúint don mhioncheistiúchán. Thuig siad an

córas agus ghlac siad leis agus siocair go raibh dáimh acu le Seán Ó hEochaidh. Chuaigh an córas eolaíochtúil i bhfeidhm orthu ar bhealach dearfach. I gcuntas ó mhí na Samhna 1946, tugann Ó hEochaidh míniú an-bheacht ar an chúis a bhíodh sé ag tarraingt ar Mháire Ní Bheirn agus ar Mháire Uí Cheallaigh chomh minic sin:

Is dóiche go mbeidh iontas ar dhuine ínteacht caidé'n fáth a rabh mé a gabhail chuici seo comh minic, agus sé'n t-ádhbhar é, mar go rabh súil agam a dhul fríd an lámh-leabhar béaloideas, ó chumhdach go cumhdach léithe fhéin agus le Máire Ní Cheallaigh as an Bhaile Mhór. B'fheárr liom go mór sin a dheánamh nó a bheith a boc-léimnigh idir daoine thall agus ibhfos, agus an rud céadna a bheith thíos agam trí nó ceathair'e chuarta. Tá sé ar m'inntinn le fada an lámh-leabhar a chríochnú leóbhtha seo, agus siúd agus go bhfuil an obair an-fhadalach, agus maslach go leor ortha fhéin agus orm-sa measaim fhéin gur fiú an saothar é. Is iomaidh rud beag an-suimeamhail a dtiocfaidh duine trasna air fríd na mion-cheisteannaí seo- rudaí atá i bhfad níos tábhachtaighde nó sean-scéalta fada abhfuil fiche leagan daobhtha thíos cheana féin. (CBÉ 1109: 550-551) (5.11.1946)

De thairbhe chúinsí sóisialta na linne, bhíodh Ó hEochaidh ábalta brath ar Mháire Ní Bheirn agus ar Mháire Uí Cheallaigh a bheith ar fáil ina gcuid tithe i rith an lae le seanchas a bhailiú uathu. Tá sé thar a bheith suntasach sa chuntas seo fosta, go bhfuil athrú áirithe le feiceáil ar mheon Uí Eochaidh i leith an mhionseanchais *versus* na seanscéalta fada i gcaitheamh na tréimhse seo agus é scríofa aige go bhfuil eolas sna mioncheisteanna 'atá i bhfad níos tábhachtaighde nó sean-scéalta fada abhfuil fiche leagan daobhtha thíos cheana féin' (CBÉ 1109: 551). Is léir go raibh béim faoi leith á leagan ag an Choimisiún ar an ghné seo de chuid na cartlainne sna 1940idí. Dála na ndaoine a mbíodh na seanscéalta fada acu, ba nós leis an bhailitheoir bua na mban a thomhas de réir aois an tseanchaí. Ina chín lae, déanann Ó hEochaidh an saibhreas eolais a bhí ag Máire Ní Bheirn a chur i gcomparáid le heolas a bheadh ag an tseanbhunadh (CBÉ 1109: 454-457). Deir sé:

Thug mé ruaig ar Mháire Ní Bheirn, agus scríobh mé uaiche eólas fá luibheannaibh. Is íontach an méid eolais atá aici fá na luibheannaí comh maith le bhfuil de shean-chainnt eile aici. Dá mbéad sí ceithre scór bliadhain níl tús nó deireadh ar an stór seanchuis a bhéadh aici! Ach chualaidh sí an seanchus agus an sean-cheól ina h-óige agus choinnigh sí cuimhne mhaith air. (CBÉ 1108: 206) (01.07.1944)

Is maith an léiriú é seo ar bheocht an traidisiúin agus tuiscint chomh grinn sin ag Máire Ní Bheirn ar théarmaí dúchais na timpeallachta. Chomh maith leis sin, tímíd nár bhain slat tomhas na críonnachta le réimse na seanscéalta amháin agus bhí saibhreas eolais ag Máire agus ag a deartháir Conall, (a pléadh i gCaibidil a Trí) dar leis an bhailitheoir, a sháraigh fir agus mná a bhí ar comhaois leo. Bhí foighde faoi leith ag Máire Ní Bheirn le bheith ábalta díriú ar an cheistneoir agus dá bharr sin, is líonmhar an saothar a cuireadh síos uaithi.

Is é ábhar an lámhleabhair a chuimsíonn formhór an ábhair a bailíodh ón dá Mháire. Is cinnte gur thug *An Lámhleabhar Béaloideas* agus *AHIF* stádas oifigiúil do na ceisteanna fiú má bhí cúpla dúshlán le sárú ó am go chéile. Ar an taobh eile de, seans gur lig an gaol fola a bhí ag Ó hEochaidh le Máire Ní Bheirn dó an oiread sin ama a chaitheamh ag plé leis an mhioncheistiúchán. Bhí ar bhailitheoirí de chuid an Choimisiúin a chur ina luí ar na seanchaithe go raibh tábhacht ag baint leis an tseanchas a bhí acu agus gurbh fhiú dóibh an t-ábhar sin a thaifeadadh nó a chur chun pinn. Ní nach ionadh go raibh cineálacha ábhair faoi leith a bhí doiligh a mhealladh ó sheanchaithe, e.g., seanchas a bhain le sagairt. Ag tagairt don tseanchas a bhain le Lá Bealtaine, mar shampla, aithníonn Ó Laoire go mbíodh deacrachtaí faoi leith ag Ó hEochaidh an cineál sin ábhair a fháil ó sheanchaithe nár thug isteach do na pisreoga áirithe sin siocair go raibh creideamh láidir Caitliceach iontu; luann sé Sábha bean Mhic Eiteagáin, na Dúnaibh, agus Aodh (Eoghain Mhícheáil) Mac a' Luain, na Cruacha Gorma sa chás seo (2017: 131-132). Ó thaobh cúrsaí inscne de, caithfear a bheith airdeallach agus meon criticiúil a léiriú maidir leis an ábhar a bailíodh a bhaineann le taithí saoil na mban fosta; is é sin eolas a bhain leis an bhreith nó le cúraimí na mban glúin, cuiream i gcás. Ní mór glacadh leis i gcásanna mar sin go mb'fhéidir nár tugadh eolas cruinn, nó nár tugadh an t-eolas ar fad, nó go gur tugadh eolas áirithe ar bhealach a bhí códaithe ó tharla gur fhir ar fad a bhí sna bailitheoirí béaloidis lán-aimseartha agus iad ag bailiú ó mhná i sochaí Chaitliceach, choimeádach, phatrarcach na linne. Caithfear glacadh leis go bhfuil cineálacha ábhar faoi leith nár bailíodh agus b'fhéidir nach gcuirfear chun pinn go deo. Chuirfeadh sé seo i gcuimhne dúinn mar sin de an tábhacht a bhain le modhanna eile reacaireachta agus scéalaíochta — cuiream i gcás, na finscéalta sí faoi na mná glúin mar bhealach chun cur síos indíreach a dhéanamh ar na contúirtí a bhain le páistí a bheith ag teacht

ar an tsaol. Cé na cineálacha ábhar a bhailigh Ó hEochaidh ó Mháire Ní Bheirn agus ó Mháire Uí Cheallaigh mar sin?

Cuid II – An tÁbhar féin agus Scrúdú air

4.5 Anailís ar chuid den ábhar:

Is sliocht é cnuasach Mháire Ní Bheirn agus Mháire Uí Cheallaigh ar an tsárthuisicint a bhí ag an bheirt bhan ar chorp an duine, ar an nádúr, ar an timpeallacht áitiúil, ar ainmhithe, ar éanlaigh, ar luibheanna, ar an leigheas dhúchasach, ar shaoladh páiste, ar thaithí saoil na mban, ar an stair áitiúil agus mórán eile. Tugann siad léargas beacht deisbhéalach dúinn ina gcuid seanchais a nochtann ní hamháin a gcuid tuiscintí féin ar an tsaol ach ‘tuiscint na muintire’ faoi mar a thugann Ó Héalaí ar eolas den chineál seo fosta (2018). Cé go raibh an bheirt bhan ag maireachtáil i sochaí a bhí dátheangach agus a bhí ag athrú de réir a chéile ó thaobh chúrsaí teanga de sa tréimhse inar bailíodh formhór an ábhair seo sna 1940idí (Wagner, 1959: vii-viii), cruthaíonn lámhscríbhinní na beirte go raibh tuiscint thar a bheith cuimsitheach ar fad acu ar na téarmaí dúchasacha agus ar an eolas shainiúil a bhain leis an dúiche inár tógadh iad. Thuig siad patrúin shéasúracha éan agus iasc. Thuig siad go raibh úsáid don uile luibh agus thuig an dóigh le leas a bhaint as acmhainní nadúrtha fosta. Dála cuid de na téamaí a tháinig chun cinn agus na seanscéalta fada á bplé againn i gCaibidil a Trí, leagtar béim mhór i seanchas na beirte ar an éiceolaíocht agus ar an timpeallacht. Mar a mhíníonn Henry Glassie agus é ag trácht ar sheasmhacht na gifte i gContae Fhear Manach: ‘Social action in Ballymenone builds out of intense recipocricity’ (1995 [1982]: 137). Nochtar dearcadh Mháire Ní Bheirn agus Mháire Uí Cheallaigh sna lámhscríbhinní, bíodh sé os ard nó os íseal, faoi iompar an duine, e.g. túiscintí maidir leis an ghifte, an mórtas *versus* an náire, agus tábhacht na timpeallachta.

4.5.1 Ainmhithe

Agus ainmhithe faoi chaibidil acu, tugadh deis do Mháire Ní Bheirn agus do Mháire Uí Cheallaigh a mbreithiúnas a thabhairt ar ainmhithe agus ar éanlaith a raibh cur amach acu orthu. Agus í ag roinnt eolais faoin cheannteideal ‘Ainmhithe’, labhair Máire Ní Bheirn ar an chat dhubh mar seo a leanas:

Tá sé áiriste ariamh go bhfuil an cat dubh ádhmhail agus sona, agus creidim nach bhfuil a'n bheáthadhach eile a siubhal ar cheithre cosa is mó a mbíonn iomradh air nó é. Na daoine a bheadh a tabhairt na mbróg do chat ar bith eile, bíonn siad deas cineálta leis an chat dhubh. Tá an cat dubh sona le castáil ar dhuine má bhíonn sé ag 'ul a dh'iasgaireacht nó ar thuras i n-áit ar bith. Tá sé sona ar an dóigh chéadna má thig sé isteach 'un toighe innsear dhuine [...] (CBÉ 1034: 320)

Sa chuntas gairid seo, tugann Ní Bheirn mórán nithe suimiúla le fios dúinn faoin dearcadh a bhí ag cuid de bhunadh Theilinn ar an chat dhubh lena linn. Roinneann sí eolas linn faoi iompar daoine i leith an ainmhí bhig, faoi phiseoga a thugann léargas dúinn faoi chaidreamh daoine leis an fharraige, agus faoin dóigh a gcaití leis an ainmhí sna tithe.

Dála an chait dhuibh, ainmhí sona a bhí san asal chomh maith. Agus í ag caint ar an asal, deir Ní Bheirn:

Tá an t-asal ar bheáthadhach eile comh sona agus atá le fághail. Ins a t-sean-am, ní rabh duine ar bith fá na fritheacha seo nár mhaith leis asal a bheith fá'n teach aige. Ba [dh]é an fáth ar shaoil daoine oiread sin den asal, siocair gur b'air a bhíodh ár Slánuightheóir ag 'ul thart fríd a' t-saoghal – é fhéin agus a mhaethir. Ba léar léobhtha fosta gurbh'é sin an rud a d'fhág an chros ar a mhuin. (CBÉ 1034: 320-321)

Ainmhí sona a bhí san asal mar sin, mar gheall ar an nasc idir an t-ainmhí agus an Slánaitheoir sa chreideamh Chaitliceach. Móitíf dhúchasach í seo a bhíodh le fáil ar fud na hÉireann mar a aithníonn Pádraig Ó Héalaí ina chuid taighde ar an dúlra i mbéaloideas na hÉireann (Ó Héalaí, 1980: 56-57). Míníonn Ó Héalaí gur cosúil gur 'deantús dúchasach an traidisiún seo mar nach bhfuil sé luaite ag Thompson' (1980: 57). Tugtar léargas dúinn i gcuntais den chineál seo ar na tuiscintí cráifeacha a bhíodh i réim sa traidisiún béil maidir le hainmhithe faoi leith. I gcuntas Ní Bheirn, is cinnte go mbaineann gontacht leis an réim teanga neamhfhoirmeálta atá in úsáid aici i gcodarsnacht le paidreacha nó le liotúirge foirmeálta an aifrinn agus 'é fhéin agus a mhaethir' in úsáid aici le tagairt a dhéanamh d'Íosa agus don Mhaighdean Mhuire.

Ina cuntas faoin teideal ‘Ainmhidhe a chur i gcuid na comharsan’, roinneann Ní Bheirn blúirín beag eolais linn a thugann súil eile dúinn ar an tsochaí thraidisiúnta feirmeoireachta:

Níor chualaidh mé ariamh trácht gur ghráthach ainmhidhthe a chur i gcuid na comharsan ach amháin nuair a bheadh duine a cailleadh an-mhórán beathadhaigh, agus i gcás mar sin bhí intinn ag na daoine dá gcuiread siad ceann de na beathadhaigh seo a stiucfadh i gcuid na comharsan, i ngan fhios dó, go gcuirfeadh sin an an-uair tharsú agus go stadfad siad a gailleadh. Chaithfidhe an churaidheacht seo a dheánamh san oidhche nó an t-é a tóifheadh iad a cur beathadhaigh de’n chineál ina chuid talaimh ní bhead sé sásta! Chualaidh mise m’athair a rádh go bhfaca sé seo a dheánamh ar an bhaile a bhfuil muid ann. (CBÉ 1034: 322-323)

Ní nach ionadh gur nósmaireacht feirmeoireachta í seo a tharlaíodh faoi rúndacht na hoíche. Bhí tábhacht nach beag ag baint le féile agus le flaithiúlacht na gcomharsan i gceantair bhochta tuaithe in iarthar na hÉireann ar nós Theilinn agus comharsana ag tacú lena chéile le teacht slán ón chruatan. Mar sin féin, bhíodh comharsana ann a bhí mí-ionraic fosta agus an an-uair tagtha chucu sa tsochaí thraidisiúnta cheanainn chéanna. Agus í ag tagairt do réimse na mban den fheirmeoireacht sa tsochaí thraidisiúnta, cuireann Angela Bourke síos ar chuid den teannas a thiocfaí a bheith ag baint le heacnamaíocht na n-uibheacha:

Many anecdotes are told about fights between women over entitlement to eggs, when hens wandered freely and laid wherever they pleased; more bitter stories are remembered of disputes between mothers-in-law and daughters-in-law who lived together. Only one flock of hens could run in a farmyard, and control of the hens was the only way for a woman to have an income. (Bourke, 1999: 44)

Foinse mhaoine an-luachmhar a bhí sna huibheacha do mhná agus is cinnte gur chothaigh eacnamaíocht na n-uibheacha neamhspleáchas áirithe dóibh fosta. Bhí luach ag baint le caoirigh na feirme chomh maith agus is cinnte go mbíodh costas mór ag baint le caoirigh a bhíodh a stiúgadh. I gcuntas Ní Bheirn, tugann sí le tuiscint cé go mb’fhéidir nár bhain an nósmaireacht faoi ainmhithe a chur i gcuid na gcomharsan lena glúin féin, go bhfaca a hathair an nósmaireacht seo ag tarlú ina baile fearainn dúchais. Is minic i gcuntais den chineál seo go dtagraíonn na seanchaithe siar don ghlúin nó do na glúnta a chuaigh rompu le haitheantas a thabhairt don fhoinsé eolais chomh maith le húdarás stairiúil a thabhairt don ábhar seanchais. Cibé cúis de, tífeair

réiteach eile ar an fhadhb feirmeoireachta seo i gcionn tamaill seachas ainmhithe a chur i gcuid na gcomharsan.

4.5.2 Éin Spéire agus Feirme

Léirítear intleacht an-ghéar i gcuntas na Máirí ar éanlaith na spéire agus na feirme. Thuig siad na patrúin shóisialta agus na nósmaireachtaí a bhí ag éanlaith faoi leith a bhíodh le feiceáil ina gceantar dúchais. Agus éanlaith na spéire mar ábhar caibidle acu, dúirt Ní Bheirn an méid seo a leanas faoin eala uasal:

Éan mór uasal an t-eala, nach bhfuil ró-choitchiannta ins a' cheantar seo. Níl geimhreadh ar bith nach dtig cupla ceann acu isteach 'na chuain, go gcaithidh siad an dubhlaidheacht ins na caslachaí ar an fhoscadh. Is cuimhneach leis an t-seanbhunadh am a dtigeadh trí cinn acu le chéile 'ach uile gheimhreadh, ach cá bith a tháinig ar an tríomhadh ceann stad sí a theacht leis na bliadhanta.

Níl féidhim a rádh gur geal bán atá an eala uilig, dhá spág mhóra coise uirthi agus muineál atá mórán de dhá through ar fad nuair a shíneann sí amach é. Amuigh i n-iargúltacht na sliabh a gcuid nead. Beirfidh sí mórán de dhúisín uibheach — rudaí móra a mbíonn nádúir ghlas 'sa dath acu [...] Tá sé crosta ar dhaoine ariamh anall ins an áit seo baint do'n eala ar dhóigh ar bith, agus tá shliocht ortha, is fada go smaoitighead siad ar chionn acu a mharbhadh nó baint léithe ar dhóigh ar bith. Bhí intinn ag an t-sean-bhunadh i dtólamh gur daoine iad a bhí faoi gheasa, agus ba léar leóbhtha nach mbeadh an t-ádh ar dhuine ar bith a bhainfeadh leóbhtha ar dhóigh na ndóigheann. (CBÉ 989: 317-318)

Leanann Máire uirthi ansin le scéal gairid a insint faoi fhear a scaoil eala bhocht i Málainn Bhig — fear a scanraíodh agus a d'fhoghlaim a cheacht dá bharr (CBÉ 989: 318-320). Tuiscint fhorleathan a bhí ann in Éirinn go raibh sé thar a bheith crosta do dhuine cur isteach ar an eala ar dhóigh ar bith. I gcuntas a bailíodh mar chuid de Scéim na Scol i scoil Kingscourt, Dún an Rí, Co. an Chabháin, dúradh an méid seo a leanas faoin eala: 'If you shoot a swan you will never have an hour's luck. Some people say that only for the swan's black legs and head, she would die of pride' (BnS 1008: 037). Mar gheall ar an nasc idir an eala agus an t-ósnádúr, agus b'fhéidir go deimhin, i gcomhthéacs Theilinn de, mar gheall nach raibh an t-éan róchoitianta sa cheantar, tuigeadh nár cheart a bheith ag baint di ar chor ar bith.

I gcuntas a bhailigh Ó hEochaidh ó Ní Bheirn faoin teideal ‘Éanlaith Feirme’ i mí an Mhárta 1946, míníonn sí na tréithe agus an nádúr atá ag baint leis an choileach. Insíonn sí dúinn faoi réimse na mban den fheirmeoireacht agus tugann sí a breithiúnas féin ar shantacht an choiligh fosta:

Mar dubhairt mé cheana féin fá na h-éilíneacha a mbéadh mórán coileach ortha, ní maith leis na mrá é, ach mar sin fhéin, is léar leo gur rud mí-shona fosta éilín nach mbíonn coileach ar bith air. Tá siad mar bheadh ceann-urradh ar mhuirghín nuair a thig ionntú. Dálta éanlaith an aeir, bheir siad iarraidh a bheagán nó mhórán cuidigh a thabhairt do’n chire a scríobadaighe daobhtha agus a tabhairt slighe phiocaiagthe daobhtha, ach leoga ní bhíonn an cuideadh mór. Tá sé fhéin ró-shanntach craosach agus a ghoile ró-dhoiligh a líonadh. (CBÉ 989: 383-384)

Dhéanadh an Coileach Dubh Márta an teach a chosaint nuair a bhíodh na mná istigh sa teach leo féin. Tugann Ní Bheirn le fios go mbíodh an-dóchas ag na seanmhná iontu siocair gur tuigeadh go raibh an Coileach Dubh Márta ina chosaint mhaith ar an diabhal (CBÉ 989: 384). I ndiadh di cur síos a dhéanamh ar an éan feirme seo, insíonn Máire roinnt scéalta faoi mhná agus faoin dóigh a ndéanadh an coileach iad a chosaint ón ainspiorad san am a chuaigh thart. Móitíf choitianta a bhí sa choileach mar éan cosanta go hidirnáisiúnta agus í aitheanta ag Áine Ní Dhíoraí ina saothar *Na Cruacha: Scéalta agus Seanchas* faoi ‘17.1.1: Devil Disappears when Cock Crows’ (1985: 195). Is ag freagairt don scéal seo a bhailigh Seán Ó hEochaidh ó Anna Nic an Luain i mí Feabhra 1948 atá an mhóitíf siúd:

Bhí fear agus bean ina gcónaí i gcró bheag a bhí anseo i gCruach Thiobraid fada ó shin. D’imigh sé ag cruinniú cailleach dá bhean, an áit a raibh duine beag le bheith aici.

Sular phill seisean tháinig an leanbh ar an tsaol. Bhí an bhean gan choisreacan istigh ansin agus an páiste gan bhaisteadh. Tháinig an diabhal fán teach agus gan duine ar bith istigh ach an péire. Bhíodh na cearca agus na coiligh istigh ins na toithe an uair sin agus bhí coileach maith dubh Márta acu fosta—ní raibh aon seort druidte ar an doras ach seanchliabh a d’fhág sé [an fear] ann ag dul amach dó.

Nuair a tháinig an diabhal fán teach d’éirigh an coileach agus sheas sé ar thóin an tseanchléibh sa doras. Scairt sé leis go maidin ann agus choinnigh sé an diabhal amuigh. (Ní Dhíoraí, 1985: 135)

Léiriú atá sa tseanchas ar an choileach ar shaol na mban a mbíodh cónaí orthu faoin tuath ag tús an fichiú haois. Luíonn sé le ciall go mbeadh neart scéalta agus seanchais dá leithéid ar an choileach mar chuid de stór na mban agus iad istigh sna tithe leo féin go minic. Mar sin de, ní nach ionadh go raibh an t-eolas a bhí ag Anna Nic an Luain sna Cruacha Gorma, agus ag Máire Ní Bheirn i dTeileann fite fuaite le nithe saolta agus leis an ósnádúr.

Léirigh Máire Uí Cheallaigh tuiscint an-ghrinn faoi nádúr éanlaith fosta. Agus í ag cur síos ar an ghealbhan, nocht sí meon criticiúil i leith nádúr santach an éin siocair go mbíonn sé ag goideadh neadacha ó éin eile a bheadh ag obair go crua lena gcuid neadacha a thógáil:

Éan beag eile atá coitianta go maith ins a' tír seo an gealbhán. Bíonn na céadta acú le feiceáil le chéile i n-amannaí ó chionn go cionn na bliadhna. Éan beag liath-bhuidhe mar sin an gealbhán agus gob dorcha air. Níl mórán toirte aige. Gaduidhe beag ceart an gealbhán, nó tá sé canta ariamh go nguideann sé neadaracha a bhfágann éanacha beaga eile saothar go leór á ndeánamh. Tá sé fallsa go maith, agus sin an bab a bhuaileas sé ar éanacha bochta eile a oibrigheas go cruaidh ag iarraidh árus beag a dheánamh daobhtha fhéin agus dá gcuid scolamán. (CBÉ 989: 307)

Is drochthréithe iad an ghadaíocht agus an fhalsacht amach is amach; is cuma más duine, ainmhí nó éan atá i gceist, is léir. Is minic a thugann an bheirt Mháire a mbreithiúnas féin ar nádúr éanlaith agus ainmhithe ina gcuid seanchais — breithiúnas agus foclaíocht a bheadh fóirsteanach le cur síos a dhéanamh ar dhaoine fosta. Sa chuntas seo a leanas, cuireann Uí Cheallaigh síos ar thréithe agus ar chuma an chái:

Éan an-chosamhail leis an phréachán, agus is dóiche gur de'n treibh amháin iad. Tá an chág níos bolmhanta agus thart fá n'a mhuineál breac-liath. Itheann sé 'ach uile sheórt níos salaighe ná a chéile, dálda an phréacháin, agus mur bhfágaidh sé a chuid ar dhóigh ar bith eile, ní chuireann sé náire ar bith air fiacháil le n-a chuid a ghuid [...] Nuair a bíonn an chág ar an talamh níl moill ar bith a aithne ach oiread. Coinnigheann sé a cheann go bródamhail ins an aer, agus siubhalann sé go h-an-díreach (CBÉ 989: 312)

Dála Mháire Ní Bheirn, bhí cumas intleachtúil iontach ag Máire Uí Cheallaigh le héanlaith éagsúla a idirdhealú óna chéile fosta. Ní hamháin go raibh sí ábalta a dtréithe

fisiciúla sainiúla a aithint agus í ag iarraidh idirdhealú a dhéanamh idir an cág agus préachán, ach thuig sí an dóigh a ndéanadh na héanlaith iad féin a iompar go sóisialta fosta. Ní mór a rá go raibh cumas agus saibhreas teanga faoi leith ag baint le cur síos chomh mion sin a dhéanamh ar an dúlra. Thuill an cuntas seo iontráil in *Cnuasach Focal as Teileann* faoin cheannfhocal ‘bolmhánta’(Uí Bheirn, 1989: 30). Bíodh is gur thug Uí Cheallaigh breithiúnas géar ar an chág, mhol sí ‘an áinleog’[an fháinleog] go han-ard. Deir sí:

Éan choitchiannta ins na ceantair seo an áinleóg. Bhí sí ar cheann de na h-éanacha a dtugadh an seanbhunadh na seacht gcodlatóirí ortha, siocair go gcrothnuighead siad í ar feadh seal fada de’n bhliadhain, agus shaoilead siad gur ‘na codladh a bhíodh sí ar feadh an t-séasúir sin. Ní rabh smaoiteadh ar bith acú go n-imthigheadh an áinleóg ins an fhóghmhar agus nach bpillead sí arais go mbeadh an t-Aibreán ann.

Tá an áinleóg ar éan bheag comh críonna agus atá ar eiteóig. Indiaidh imtheacht agus an séasúr fada seo a chaitheamh as baile, comh luath agus a thioctas sí arais ní stopfaidh sí a choidhche go mbuainidh sí amach oirís na bliadhna anuraidh. (CBÉ 989: 313)

Leanann Uí Cheallaigh uirthi ansin ag cur síos ar an fháinleog, ar a tréithe, agus ar an chúis nach gcuireadh daoine isteach ar an éan bheag chríonna seo. Tugann sí cuntas ansin ar sheanbhean áitiúil ‘fad ó shoin’ (i.e. nuair a bhí an seanchaí óg), darbh ainm Anna Ní Eochaidh a bhí ag cniotáil sa teach léi oíche amháin agus a chreid gur chomhartha an-sona a bhí ann nuair a tháinig fáinleog isteach chun tí (CBÉ 989: 315-316). Arís eile, títear go raibh an chniotáil agus seachadadh an chultúir bhéil fite fuaite lena chéile. Bíodh is go n-aithnítear foinsí eolais an tseanchaí ina cuntas agus tagairt déanta aici don tseanbhunadh (CBÉ 989: 313), tagann a cuid peirspictíochtaí féin chun cinn ag an am chéanna.

4.5.1 An Phéist Chapail agus Scéalaíocht na mBan

Thioctadh le mioncheisteanna agus le ceanteidil an lámhleabhair samhlaíocht na bhfaisnéiseoirí a ghríosú ar bhealaí suimiúla. B’in mar a tharlaigh agus ‘An Phéist Chapail’ mar ábhar caibidle ag Ó hEochaidh agus ag Máire Uí Cheallaigh. Thioctas go raibh an t-ábhar plé áirithe seo bunaithe ar chatagóir na bpéisteanna in *AHIF*. Féach an treoir thíos, mar shampla:

WORMS Names and types (*pias, cnuimh, caideán*); uses (in earth, as fishing-bait, for divination); oil from buried worms as hair-grower; worms as cure for burn; seventh son shows power over worm (*cneasú péiste*); worm-knot as talisman (*snaidhm na péiste*); worms in people and animals; worms as weather-augers. Wire-worm (*caochruadh*). Legendary worms of great size (*piastaí, olla-phéist*) worms petrified by saints. (Ó Súilleabháin, 1970 [1942]: 303)

Seans fosta gur tháinig ‘An Phéist Chapail’ chun cinn mar ábhar comhrá agus ‘caterpillar’ de chuid chatagóir na bhfeithidí á bplé acu (Ó Súilleabháin, 1970 [1942]: 303).

Cibé foinse ceistiúcháin a spreag an t-eolas seo ó bhéal Uí Cheallaigh, is léir ón mhéid a dúirt sí gur shamhlaigh sí íomhá na péiste le scéalta agus le scéalaithe faoi leith. Sa chéad chuid dá cuntas, déanann Máire cur síos fisiciúil ar an phéisteog mhór:

Tá an phéist-chapail ar chionn de na peistí is coitianta atá le feiceáil annseo. Níl teach ceann tuigheadh ins an áit nach mbíonn cumhdaighthe leóbhtha go h-áirid ins an fhoghmhar. Dath dubh a bíos ar mhórán acu agus dálda cuid mhór eile péisteóg d’a seórt tá siad cumhdaighthe le cosa ó n-a gceann go dtí n-a ruball. (CBÉ 989: 133)

Cuireann sí síos ar chuma na péiste agus ar an áit a mbíonn sí le feiceáil (CBÉ 989: 133). Títear an nasc idir an fhoclóireacht agus an seanchas arís eile agus fonóta curtha ag Ó hEochaidh thíos in íochtar an téacs ag míniú go dtugtar ‘Péist Chapail’ mar leasainm ‘ar dhuine chaol meaithte; snámhaidhe de dhuine’ (CBÉ 989: 133). Drochleasainm amach is amach atá ann go cinnte a thagann go mór leis na tuiscintí i leith ról na péiste sna seanscéalta fada fosta. Tímid gur namhaid ghránna atá sa phéist chapail atá in inmhe í féin a mhéadú agus mná óga a mharú sna seanscéalta iontais sa chuid eile de chuntas Uí Cheallaigh.

Leanann an seanchaí uirthi le dhá achoimre shuimiúla a thabhairt ar dhá sheanscéal iontais a chuala sí ina hóige. Feach thíos, an chéad achoimre a thugann Uí Cheallaigh ar sheanscéal a d’insíodh an sárscéalaí Séarlaí Mac Anna fá chailín óg a raibh sé sa chinniúint aici go slogfadh péist chapail í. Ní miste an cuntas iomlán a thabhairt mar léiriú ar struchtúr agus ar fhoclaíocht na hachóimre:

Bhí scéalta íontacha ag na seandaoine a bhí annseo fad ó shoin fá ‘n phéist-chapaill. Bhí seanchaidhe annseo ar b’ainm dó Séarlaí Mac Anna, agus bhí scéal aige fa phéist chapaill nach gcríochnochad sé oidhche gheimhridh – fá nighean rí a bhí i n-Éirinn fad ó shoin, a bhí an scéal, agus bhí sé ‘sa chinneamhaint aici go slugfad péist-chapaill í ar a leithéid seo ‘e lá. Bhí fhios ag n-a bunadh an lá a bhí ‘n phéist-chapaill seo le theacht – agus ní nach ionguadh bhí siad an-bhuaidheartha. Ní rabh a’n nighean acu ach í agus bhí sin a ndéanamh ní ba mheasa.

Bhí go maith, bhí an t-am ag ‘ul thart, agus an lá ag tarraingt ortha go tiugh, agus ba é an lá a mbeadh sise bliadhain agus fiche a bhí an phéist seo le theacht. Tháinig a’ lá ‘sa deireadh agus Dómhnach a bhí ann, agus nuair a tháinic maidin an Dómhnaigh seo, d’fhág a h-athair agus a máthair agus ‘ach uile dhuine an caisleán, agus d’imthigh siad leóbhtha ar shiubhal. Ní thiocfadh leóbhtha fanacht agus a bheith ag amharc ar an phéist a slugadh a nighne siar ina craos. Bhí an cailín í fhéin sásta go leór glacadh leis an rud a bhí i ndán daoithe, agus an lá seo nuair a d’fhág an t-iomlán í, bhí sí na suidhe ins a’ pharlús a feitheamh ar an bhomaite, agus gan cothadh ar bith uirthi. Nuair a tháinig an bomaite chonaic sí an phéist-c[h]apaill a tarraingt uirthi isteach ‘un t-seamra. Shiubhal an phéist léithe aníos go lár an urláir, agus nuair a tháinig sí an fad sin, sheas sí a stánughadh isteach idir an dá shúil ar an chailín. Fá dheireadh thóg an phéist a ceann agus bhuaile sí a chasadh anonn agus anall, agus ‘á réir ‘s mar bhí sí á chasadh bhí sí fhéin ag at agus ag éirighe mór.

Shaoil nighean a’ rí go mb’fhéidir gur ocras a bhí ar an phéist-chapaill, agus dheamhan dath a rínn sí ach éirigh ‘na seasamh agus soitheach bainne a thabhairt isteach as an chisteannach agus d’fhág sí ar an urlar é. Shlíoc sí siar go deasa an fionnadh uirthi le n-a lámh agus nuair a bhí sí a dheánamh seo ní thug an phéist iarraidh uirthi ariamh.

Chuaidh an phéist i gcionn ól an bhainne agus á réir ‘s mar bhí sí á ól bhí sí ag at agus ag at go rabh sí comh mór le bó. Comh luath agus a fuair sí an soitheach folamh thionntoigh sí thart agus d’imthigh léithe amach gan soc a leagan ar an chailín, agus gan iarraidh a thabhairt uirthi ar dhóigh ar bith.

Nuair a mheas a bunadh go rabh deireadh thart agus a nighean slugtha ag an phéist, phill siad arais ar an chaisleán go briste brónach a deánamh nach bhfeicfead siad a’n amharc ar a nighean go bráthach – bhí íontas agus lúthgháir an t-saoghail ortha nuair a fuair siad astoigh romhpú í agus gan deargadh creabhar uirthi.

D’imthigh an rí annsin agus níor fhág sé duine óg nó aosta astoigh ina ríoghacht nach dtug sé cuireadh daobhtha uilig a theacht ‘na chaisleán. Chuir sé cuirm mhór ar bun annsin a mhair lá agus bliadhain agus le méad na luthgháire a bhí air fá ‘n nighean a

bheith ábhailte níor fhág sé pighinn ar a thús nó ar a dheireadh nár chaith sé ar na daoineibh. (CBÉ 989: 133-136)

Gabhann Uí Cheallaigh a leithscéal ag deireadh an chuntais agus deir sí: ‘Níl an scéal seo agham-sa mar chuala mé é nó baoghal ar bith air, ach sin an rud a rabh an scéal fá dtaobh de’ agus an míniú seo curtha idir lúibíní ag an bhailitheoir (CBÉ 989: 136). Ba í an insint de chuid Shearlaí Mhic Anna, a rugadh sa bhliain 1847, agus a d’éag sa bhliain 1928, an tslat tomhais a bhí in úsáid aicise i 1945 don dóigh a ndearna sí plota an scéil a sheachadadh ar mhodh éagsúil. Mar sin féin, cé nár inis sí scéal Shéarlaí focal ar fhocal, thóg Uí Cheallaigh léi brí agus éirim an scéil ina hachóimre. Mar a pléadh i gCaibidil a Trí, bhí cáil ar Shéarlaí Mac Anna mar gheall ar na scéalta gaisce a d’insíodh sé agus mar gheall ar an stíl shainiúil insinte a bhí aige fosta. Is léir go raibh an seanchas a bhain le hoidhreacht Mhic Anna fós mar chuid de stór comónta sheanchaithe an cheantair i lár an fichiú haois agus go ndeachaigh an sárscéalaí i bhfeidhm ar fhir agus ar mhná an cheantair araon. De thairbhe chuntais Phádraig Mhic Seáin, Sheáin Mhic Seáin agus Sheain Uí Eochaidh go háirithe, thiofá a rá gur samhlaíodh Mac Anna mar rí scéalaí an Chrochaire Tharchoicht i ndeisceart Thír Chonaill. Is súil eile atá san eolas a thugann Uí Cheallaigh ar scéalaíocht Mhic Anna agus aird tugtha aici ar scéal iontais dá chuid nach bhfuil i gcló. Cuireann an t-eolas go mór lenár dtuiscintí ar sheasmhacht an scéalaí in iardheisceart Thír Chonaill. Mar shampla, sa chnuasach aistí, *Women’s Folklore, Women’s Culture* (1985) a chuir Rosan A. Jordan agus Susan J. Kalčík in eagar, maíonn siad go dtugann béaloideas na mban léargas eile dúinn ar bhéaloideas na bhfear agus gur gá a aithint go mbíonn tionchar ag an dá réimse ar a chéile:

In looking at women’s folklore, however, we are finding that our studies also yield new insights into the realm of men’s folklore and into the ways in which the two-domains affect each other ----- whether the relationship be one of contrast or one of complementarity. (Jordan & Kalčík, 1985: x)

Mar sin de, baineann tábhacht nach beag le peirspictíocht Uí Cheallaigh ar scéalaíocht na bhfear, dearcadh a bhí bunaithe ar an taithí a bhí aici agus í ag éisteacht le scéaltaithe ar nós Shéarlaí Mhic Anna ó bhí sí ina girseach óg (CBÉ 989: 133-136).

Thiocfadh le seanscéal fada a bheith ina sheanchas ag brath ar chomhthéacs na hinsinte. Maidir leis an *téacs* féin, thiofai a rá go bhfuil greann áirithe ag baint le húsáid na teanga féin san achoimre nuair a deir Uí Cheallaigh: ‘Shaoil nighean a’ rí go mb’fhéidir gur ocras a bhí ar an phéist-chapaill, agus dheamhan dath a rinn sí ach éirigh ‘na seasamh agus soitheach bainne a thabhairt isteach as an chisteanach agus d’fhág sí ar an urlar é’ (CBÉ 989: 135). Má smaoiníonn muid ar an fhoréigean sna scéalta gaisce de chuid *ATU300 The Dragon Slayer*, mar shampla, ina mbíonn ar an laoch ollphéist, dragún, nó fathach nó leoga, cúpla fathach a throid, is minic a leagtar béim ar laochas agus ar shárghaisciúlacht an ghaiscígh tríd na rothaígí troda agus ceol na teanga. An é go raibh imeartas áirithe ar bun ag Uí Cheallaigh ar an ghaisciúlacht san achoimre seo? Leagann an seanchaí béim ar chlisteacht agus ar phraiticiúlacht an bhanlaoich i gcuntas s’aicise. Mar shampla, ina cuid taighde ar an scéal chéanna a d’inis Peig Sayers agus a mac, Maidhc File, tugann Radner suntas don dóigh ar leag an bheirt acu béim éagsúil ar na carachtair in ‘Micí na Muc’; léirigh Sayers bá don bhanlaoch agus don mháthair agus léirigh Maidhc File bá don fhear agus níor nocht sé trua ar bith don mháthair sa scéal (1989: 112-114). Cé gur deacair éagsúlachtaí reacaireachta mar seo a mheas i ndáiríre i gcás achoimre Mháire Uí Cheallaigh, agus sinn ag brath ar an téacs tras-scríofa amháin seachas ar thaifeadtaí fuaime, tógann an cuntas gairid neart ceisteanna suimiúla ó thaobh an tseachadta bhéil. Cá háit ar chuala Máire Uí Cheallaigh an scéal seo ó Shéarlaí agus í ina girseach óg? Cé gur minic a thugtar blúirín beag eolais den chineál seo sna bileoga fáisnéise i gcás na seanscéalta fada (e.g. bliain, foinse etc.), is deacair a dhéanamh amach cá huair ar chuala an seanchaí an scéal. Cibé cúis de, meabhraítear dúinn go raibh an t-aos óg agus go deimhin cailíní óga ina n-éisteoirí gníomhacha ag na hócáidí scéalaíochta i ré Mhic Anna.

Bhíodh ócáidí scéalaíochta poiblí agus ócáidí scéalaíochta príobháideacha ann agus ní gá go mbeadh ócáidí foirmeálta i gceist i gcónaí do sheachadadh na seanscéalta fada. Sa chuid dheireannach de chuntas Uí Cheallaigh ar an phéist chapail, cuireann sí síos ar scéal iontais eile a chuala sí ina hóige – scéal a chuala sí óna máthair féin, Bríd Mhic Bhriartaigh (Ní Eochaidh sular phós sí), agus í ag scéalaíocht sa teach nuair a bhíodh a hathair amuigh ag iascaireacht. Faightear léargas thar a bheith neamhghnách sa

chuntas ar ról lárnach na máithreacha mar scéalaithe gníomhacha agus iad ag insint scéalta do pháistí sa teach i rith an lae:

Ins a’ t-sean-am nuair a bhí muid ar bpáisdí diabhalta go maith, agus ar n’athair ar shiubhal ag iasgaireacht, nuair a bheadh barraidheacht gleo agus calláin againn, scairteadh ar máthair orainn suas a chois na teineadh, agus déarfad sí linn dá mbéimist suaimhneach agus suidhe síos ar an urlár ag an teinidh, go n-innseochad sí scéal dúinn. Sin a rabh a dhíth orainne. Shuidhfimist síos agus bhéimist comh suaimhneach le h-uain. Thosachad sise annsin agus d’innseochad sí scéal mór fá chailín beag arinn rud ínteacht as an bhealach fad ó shoin, agus ba é an pionús a chuir a máthair uirthi go gcaithfead péist-chapail a phógadh. Rinn a’ cailín bocht sin, ach ar ndóiche nuair a chrom sí síos a phógadh na péiste, rugan péist urithe ins ‘ a sceadamán, agus d’ith sí giota mór amach as a thug a bás! (CBÉ 989: 137)

Dála na hachóimre ar scéal Mhic Anna, tugtar míniú gairid idir lúibíní ag deireadh an chuntais seo fosta. Arsa Máire Uí Cheallaigh sa bhlúirín beag idir lúibíní: ‘Saoilim gur fá choinne páisdí a sgannradh a ba mhó a bhí an scéal seo’ (CBÉ 989: 137). Bhí feidhm shóisialta faoi leith ag scéalta den chineál seo, dar léi. Ní mór a cheistiú ag an pointe seo, an é gur ndearnadh neamart do scéalta den chineál seo siocair gur samhlaíodh iad le páistí óga nó go deimhin, le réimse na mban den traidisiún? Is cosúil, de réir na fianaise, go mbíodh neart scéalaíochta ar bun ag mná nuair nach mbíodh fir i láthair. Ina chur síos ar chuairt Robin Flower chuig Gobnát Ní Chinnéide agus Seán Ó Duinnshléibhe (1812-1889) ar na Blascaodaí, díríonn Stiofán Ó Cadhla ár n-aird ar an dóigh a ndearna Ó Duinnshléibhe beag is fiú de stór scéalta na mná:

‘Haven’t you a tale to tell that would put this child to sleep?’ agus freagraíonn sí: ‘I would be ashamed to be telling tales in front of Bláheen. . . for he has heard all the tales of the world, and he’d find no taste on the tale I tell to amuse the children by the fire at night.’ (Ó Cadhla, 2011: 186)

Míníonn Ó Cadhla go tuisceanach, go raibh Ní Chinnéide ar a dícheall ag iarraidh scéal a insint agus gan obair an tí a lígean le sruth agus í ‘ag fuáil, ag iarraidh leanbh a chur a chodladh agus ag scéalaíocht ag an am céanna don chuariteoir’ (2011: 186). Tugann Deborah Kodish aitheantas don ról ghníomhach a bhíodh ag mná sa traidisiún béil agus iad ag insint scéalta agus amhráin dá gcuid páistí a fhad is a bhíodh siad i mbun oibre sa teach (1987: 575). Tá cosúlachtaí áirithe idir an anailís a dhéanann Ó

Cadhla ar chuairt Robin Flower ar Ghobnáit Ní Chinneide agus an méid a deir Kodish faoi chuairt Hamish Henderson ar Jeannie Roberston:

[Jeannie Roberston] considers, when Henderson does find his way to her, that his timing is poor. She ‘had spent that day keeping her sister-in-law’s two children and they had gotten on her nerves to such an extent that she tried to put Hendersson off’. (Kodish, 1987: 575)

Molann Kodish gur gá a chur san áireamh go mbíodh na bailitheoirí béaloidis ag cur isteach ar obair an tí go minic; deir sí ‘Folklorists are not powerful heroes here, but additional chores to be quietly and well managed’ (1987: 576). Meabhraíonn Ó Cadhla nach leor díriú ar an téacs amháin i léann an bhéaloidis agus gur gá a bheith tuisceanach agus oscailte, agus béaloideas na mban á ríomh againn. Tugann sé suntas don dóigh ar lean an fear áitiúil, Ó Duinnshléibhe, air ag éagaoín faoi stádas íseal scéal na mná, dar leis, os comhair Robin Flower, bailitheoir béaloidis idirnáisiúnta:

‘Well, well, well’, a dúirt sé, ‘isn’t it an odd thing that a scholar from the city of London should want to write down a silly tale for children?’ Nuair a bhí an scéal curtha di aici an dara huair ar mhaithe le Flower, dúirt Ó Duinnshléibhe arís: ‘we wouldn’t have called that a tale at all in the old times. . . it’s long before I’d put a tale like that in comparison with the long Fenian stories we used to tell’. Ó Cadhla, 2011: 186)

Thuigfí ó theanga an chomhrá seo go díreach mar a dhéantaí neamart don ghné seo de thraidisiún na mban. Agus í ag trácht ar an tsliocht cheanann chéanna, aithníonn Eilís Ní Dhuibhne go léirítear sa chomhrá an choimhlint idir réimse na bhfear agus réimse na mban den traidisiún; míníonn sí go raibh ar Robin Flower Gobnait Ní Chinneide a mhealladh chun an scéal a insint siocair gur shíl sí nach raibh ann ach scéal do pháistí (2002: 1214). Bhí údarás ag na fir ó thaobh láithriú na scéalaíochta go poiblí agus thiocfaí go ndéantaí beag is fiú de scéalta do pháistí i léann an bhéaloidis in Éirinn dá bharr.

Maidir leis an achoimre féin, tugann Uí Cheallaigh léargas fíorthábhachtach dúinn mar sin, fiú más léargas gairid féin é, ar scéalaíocht na n-óg i dTeileann agus ar an ról a thiocfaí a bheith ag an litríocht bhéil i sóisialú an duine óig. Is suntasach go bhfuil gné an phionóis agus na náire thar a bheith suntasach mar chuid lárnach de phlota an scéil.

Cé gur ag brath ar achoimre den scéal atá muid, tá cosúlachtaí go leor le feiceáil idir athinsint Uí Cheallaigh agus *ATU 440 The Frog Prince* ach go bhfuil péist in áit an fhroig. Leoga, ní ainmhí dúchasach é an frog in Éirinn. An é go raibh tionchar ag an traidisiún liteartha ar an scéal seo agus go mb'fhéidir go ndearnadh an scéal a dhúchasú fríd an phéist chapail a chur in áit an fhroig? Cén fheidhm atá ag an phéist chapail nó ag an fhrog sa scéal? Agus é ag fiosrú bhunús an nath cainte Béarla 'You Have to Kiss a Lot of Frogs (Toads) Before You Meet Your Handsome Prince', agus na leaganacha Gearmánacha de *ATU 440 The Frog Prince* á ríomh aige, maíonn Wolfgang Meider go bhfuil an claochlú a thagann ar an fhrog fite fuaite leis an ghnéasúlacht (2014: 105). Dar le Alan Dundes, gur minic a bhíonn siombalachas fallach ag baint le hainmhithe ar nós dragúnacha, péisteanna agus froganna sna seanscéalta iontais (1980: 164). Áitíonn sé gur siombail fhallach thipiciúil is ea an frog a sheasann do ghnéasúlacht an fhir agus luann sé an frog sa scéal *The Frog Prince* mar shampla eiseamláireach don ról shiombalach seo (Dundes, 1980: 164). Ní fios ó achoimre Uí Cheallaigh cad é go díreach a rinne an cailín sa scéal a bhí 'as an bhealach' ach amháin gur thuill an t-iompar seo pionós fisiciúil (CBÉ 989: 137). Go deimhin, ní léir go dtagann aon chlaochlú fisiciúil ar an phéist chapail san athinsint seo sula maraítear an cailín bocht.

Is minic a bhíonn ceacht le foghlaim sna scéalta atá dírithe ar pháistí. Is suimiúil go bhfuil ceacht le foghlaim ag an phríomhcharachtar san fhinscéal sí a d'inis Bhail Ó Donnchadha as Cill Chiaráin, Co. na Gaillimhe i 1942 faoi thriúr cailíní a thagann trasna ar fhrog mór ramhair agus iad 'ar buaile i gcionn beithíoch' (1991: 239) (CBÉ 850: 160-4). Seo thíos mar a chaitheann na girseacha leis an fhrog sa scéal:

'Nach uafásach mór an frog sin!' a deir duine acu.

'Nach mór an bolg atá air!' a deir ceann eile acu.

Ach bhí cailín géimiúil ann, cailín díchéillí, agus dúirt sí féin: 'Nár bheire tú an t-ualach sin chóichín,' a deir sí, 'go mbeidh mise in do láthair!' (Ó Donnchadha, 1991 [1942]: 240)

Mar thoradh ar an chomhrá seo, trí oíche ina dhiaidh sin, caithfidh an triú cailín a dhul i gcuideachta duine uasal atá ag marcaíocht ar chapall bán siocair go bhfuil 'tinneas páiste' ar an fhrog, i.e. 'bean Fhinnbheara', agus nach dtig léi é a chur ar an tsaol gan

an cailín a bheith ina láthair (CBÉ 1991: 240). Ag deireadh an scéil, cuireann fear an chapail comhairle ar an chailín óg agus deir sé:

‘Tá do chomhairleachan anois agat,’ a deir sé. ‘Rud ar bith a fheicfeas tú níos mó,’ a deir sé, ‘a mbeidh suntas ar bith air, ag dul fút ná tharat, cuimhnigh ar an seanfhocal: An rud nach mbaineann duit ná bain dó. Agus sábhálfaidh sin thú,’ a deir sé. (Ó Donnchadha, 1991: 242)

Foghlaimíonn príomhcharachtar an scéil a ceacht agus go deimhin, tugtar ceacht le foghlaim do lucht éiste an scéil fosta trí cheangal a dhéanamh leis an tseanfocal choitianta: ‘An rud nach mbaineann duit ná bain dó’ (Mac Donnchadha, 1991: 242). Sa scéal ghairid seo thíos a bhailigh Ó hEochaidh ó Mháire Ní Bheirn, tugtar léargas níos dorcha dúinn ar shóisialú na n-ógbhan sa bhéaloideas. Tháinig an cuntas seo a leanas chun cinn agus seanchas fá shagairt, nó ‘Priests’, mar ábhar caibidle acu (Ó Súilleabháin, 1970 [1942]: 383):

Bhí cailín annseo fad ó shoin ar chualaidh muid trácht uirthé, agus rinn sí coir náireach. Ghlac sí aithreachas agus chuaidh sí chuig an t-saghart ar fhaoisidean. D’innis sí a scéal do’n s-saghart, agus dubhairt an saghart léithe nach dtiocfadh leis maitheamhnas a thabhairt daoithe a choidhche mur sáitheadh sí a lámh isteach ins a’ teinidh, agus a choinneáil astoigh inntí go ndóightidhe í suas go caol a láimhe [...] (CBÉ 989: 22)

Dála scéal Uí Cheallaigh faoin phéist chapail, ní thugtar le fios cén ‘c[h]oir náireach’ a rinne an ‘cailín bocht’ sa scéal (CBÉ 989: 22). Is nuair a thosaíonn an fhuil ag sileadh ó bharr na méar a insíonn an sagart di go bhfuil a sá déanta agus maithiúnas Dé tuillte aici ó tharla go raibh sí sásta a lámh a dhó sa tine (CBÉ 989: 22). Deir an sagart: ‘Gabh abhaile anois, agus caith an chuid eile de do shaoghal mar ba chóir do chailín maith a dheánamh’ (CBÉ 989: 23). Léirítear seasmhacht na náire mar chóras smachtaithe sa tsochaí thraidisiúnta Chaitliceach. Is fiú a lua, nach gan dua a bailíodh seanchas ar an topaic áirithe seo. Agus é ag iarraidh ábhar a bhain le sagairt a mhealladh ó Thomás Ó Beirn, deartháir Mháire, scríobh Ó hEochaidh an méid seo a leanas ina chín lae:

Nuair a bhí sin scríobhtha agam thionntoigh mé siar chuig an chuid de’n láimh-leabhar a rabh mé ag obair aistí – leathanach 484. Chuir mé ceist air an rabh scéalta ar bith aige fá’n chléir? Dubhairt sé gur chualaidh sé go leor fá dtaobh daobhtha ach na bhfóirfeadh sé á gcur síos ar páipéar. Is íontach an scéal é go bhfuil seanchas ar bith a bhaineas leis an chléir an-doiligh a fhágáil ó na daoine. Tá inntin aca gur b’iad an t-

aon dream amháin iad nach ceart dó dhuine ar bith focal a rádh fá dtaobh daobhtha ar dhóigh na ndóigheann. Ba lear leis an t-sean-bhunadh mar tá le feiceáil ó'n t-seanchas, dá dtigeadh duine trasna ar shaghart agus é caithte ins a' díogaidh ar meisce agus é a bháitheadh, nach rabh sé ceart ag duine a thógáil amach agus á shábháil, ach gur cheart imtheacht agus á fhágáil mar sin! (CBÉ 1109: 104-105) (26.11.1945)

D'éirigh le Seán Ó hEochaidh neart seanchais agus 'mion-scéalta fá na saghairt' a bhailiú ó Mháire Ní Bheirn, ó Mháire Uí Cheallaigh agus ó Thomás Ó Beirn, i gcaitheamh na tréimhse céanna (CBÉ 1109: 106). Agus é ag míniú fheidhm shóisialta na scéalta cráifeacha, maíonn Seán Ó Súilleabháin go mbíonn ceacht le foghlaim ó na scéalta cráifeacha go minic agus is iondúil go mbíonn teachtaireacht an scéil soiléir go maith (2011: 19). Thiocfaí a rá gurb amhlaidh atá sna scéalta do pháistí fosta — sholáthair an traidisiún béil dóigh le daoine a shóisialú ar bhealach a bhí cruthaitheach.

Bíodh is gur thug Máire Uí Cheallaigh le fios nach raibh an achoimre den scéal iontais a chuala sí ó Shearlaí Mac Anna go hiomlán mar is ceart aici, agus ina dhiaidh sin, nach raibh sa scéal iontais a d'insíodh a máthair di ach scéal a d'insítí le páistí a scanradh, meabhraítear cé chomh tábhachtach is a bhí an mhodheolaíocht a sholáthair *AHIF* agus na ceistneoirí eile. Ba í an péist chapail a spreag Uí Cheallaigh leis an eolas neamhghnách seo a roinnt.

4.5.4 Cosa Giorria agus 'Máire Phadaí Bháin'

Ba cheist ar chosa giorria a spreag Máire Uí Cheallaigh le cuntas a thabhairt ar an scéalaí mhistéireach 'Máire Phadaí Bháin' as Míin an Bhrollaigh, Teileann, i.e. an scéalaí a pléadh i gCaibidil a Trí agus a bhí ainmnithe mar fhoinsé ag Conall Ó Beirn dá leagan de 'Scéal an Bhlocáin' (CÓB1) a d'inis sé sa bhliain 1935. Mar a aithníodh i gCaibidil a Trí, tá bearna san eolas fá Mháire Phadaí Bháin cé gur bhain sise le glúin Shéarlaí Mhic Anna fosta. Ní thugtar sloinne Mháire Phadaí Bháin i gcuntas Uí Cheallaigh ach oiread. Mar sin féin, faightear léargas thar a bheith tuisceanach ann ar an tacaíocht a thugadh mná na comharsanachta dá chéile nuair a bhuaileadh tinneas seandúine a mbeadh cónaí orthu leo féin. Cuireann sí síos ar an dóigh ar thug a máthair aire do Mháire Phadaí Bháin agus í ar leaba an tinnis:

Bhí bean i gCruachlann tá seal ‘e bhlianta ó shoin, a dtugad siad Máire Phadaí Bháin uirthi. Bhí brioscar beag caorach aici, agus cosamhail le go leor d’á cineál, bhí siad sin comh cúramach aici leis an t-súil a bhí astoigh ina cionn. Sa deireadh thúsai gh sí a chailleadh cuid acu — chuaidh siad a thuitim le h-aillt na fairrge agus a stiúgadh, agus a dh’imtheacht ar ‘ach uile dhóigh [...] D’imthigh sí agus ghearr sí na lairgeacha de chúpla ceann acu os cionn na nglún [...] Nuair a bhuail tinneas an bháis í tá suas le deich mbliana fichead ó shoin, chuir sí scéala fá choinne mo mhaetheara a theacht chuici ar feadh chupla lá le h-aire a thabhairt daoithe. Tharraing sí uirthi agus bhí mé fhéin léithe le cuidiú léithe, agus le teach na sean-mhrá a ghlanú suas. (CBÉ 1034: 343-344)

Feirmeoir beag neamhspleách a bhí in Máire Phadaí Bháin de réir na fianaise. Is cosúil gur bhean a bhí inti a raibh cónaí uirthi léi féin agus a raibh cuideachta de dhíobháil uirthi agus í tinn (CBÉ 1034: 342-345). Is mar gheall ar an tréimhse a chaith Máire Uí Cheallaigh agus a máthair sa teach léi a shealbhaigh sí an t-eolas suimiúil seo maidir leis an nósmaireacht feirmeoireachta seo agus an gheis a bhí ag baint le cosa caorach. Is cosúil gur bean shingilte nó gur baintreach a bhí inti de réir na fianaise thuas. Mar sin de, thiocfaí a mhaíomh go mbeadh fáilte roimh chuariteoirí ina teach agus go mb’fhéidir go raibh an scéalaíocht agus an seanchas mar chuid de na cuairteanna siúd. Ó tharla gurbh í ‘Máire Phadaí Bháin’ a luadh mar fhoinsé do ‘Scéal an Bhlocáin’ (CÓB1), ní mór an cheist a thógáil: cad chuige nár bhain sise cáil amach mar scéalaí nó mar sheanchaí seasmhach, ar nós Shéarlaí Mhic Anna? Is cinnte go raibh faill ag Ó hEochaidh cuntas a bhailiú ó Chonall Ó Beirn agus ó sheanchaithe eile, mar shampla. Seans maith go dtiocfadh tuilleadh eolais chun solais ar Mháire Phadaí Bháin trí thaighde a dhéanamh ar an chorpas ar fad a bailíodh i dTeileann.



Teach Mháire Phadaí Bháin, Mín an Bhrollaigh, Teileann (Meán Fómhair, 2019). Thóg mé an grianghraf le caoinchead ó Anna Ní Chuinneagáin, Mín an Bhrollaigh.

Tugann Máire Uí Cheallaigh le fios ina cuntas go raibh tionchar nach beag ag a máthair ar an dóigh ar shealbhaigh sí an traidisiún béil agus í ag foghlaim uaithi a fhad is a bhíodh siad ag dul ó theach go teach. Tugann Caoimhín Ó Sé suntas don dóigh a mbíodh obair an bhanaltra, Méiní Uí Dhuinnshléibhe (1873-1967) fite fuaite leis an traidisiún béil agus é ag trácht ar thréimhse a chaith sí ag tabhairt aire do bhean de chuid na comharsanachta (2001: 88). Tagraíonn sé don tsliocht seo a leanas ón mhórshaothar *Méiní: The Blasket Nurse*:

In the middle 1940's, Mrs. Máirín Sheehy (Máirín Daly) had to spend two years on an orthopaedic frame because of a spinal complaint. Every single day during that time Méiní came to visit her. They would play cards together, and Méiní kept Máirín's spirits up during her long ordeal by talking to her about the Blaskets and by treating her to recitals of her considerable stock of folktales and stories. (Matson, 1996: 159-160)

Bhí tógáil croí le fáil ag Máirín Ní Shíthigh ó scéalaíocht Mhéiní agus í go dona tinn. Sa tsochaí thraidisiúnta, ba ríthábhachtach cuideachta a bheith ag daoine in aimsir an tinnis. Chuaigh sláinte na seanchaithe i bhfeidhm ar bhailiúchán an bhéaloidis fosta. Ina chuid taighde ar thréimhse Sheáin Uí Eochaidh sna Cruacha Gorma, deir Ó Laoire an méid seo a leanas faoin tseanchas agus faoi bhailiú an bhéaloidis in aimsir tinnis:

He [Seán Ó hEochaidh] frequently comments on their [bunadh na gCruach] often extremely meagre circumstances, their poor housing, their lack of medical services, and the ill-health and other infirmities they suffered. Paradoxically, however, ill-health can be seen as something of a boon to him, as it kept his informants at home and left them relatively free from the duties of heavy work so that they welcome the arrival of someone to relieve the tedium. (Ó Laoire, 2013: 82)

Maíonn Ó Sé gur ‘deacair a mheas arbh nós coitianta é scéalaíocht a bheith ar siúl dóibh siúd go raibh an tsláinte ag cur isteach orthu, ceal aon fhianaise eile ar an ábhar’ (2001: 88). Is cinnte nach mbeifí ag súil leis an oiread sin eolais nó fianaise maidir leis an scéalaíocht nó an seanchas in aimsir an tinnis i gcodarsnacht leis an eolas atá le fáil ar an scéalaíocht ag ócáidí a bhí measartha poiblí ar nós an áirneáil. Bhí tionchar ag gach réimse den tsaol ar stór na seanchaithe mar sin féin ach is mó eolas atá againn ar réimsí áirithe thar réimsí eile. Caitheamh aimsire a bhí in imirt na gcardaí agus sa scéalaíocht araon, agus bhí faoiseamh aigne le fáil ón dá rud. Mar sin, ó tharla gur minic a thiteadh na cúramaí seo ar mhná áitiúla nuair a bhíodh na comharsana tinn, gach seans go raibh tionchar ag na cúraimí seo ar sheachadadh an chultúir dhúchais fosta.

4.5.5 ‘Mrá-Luibheanna i dTeilionn’

Gné thábhachtach eile de chuid chultúr dúchasach na mban ab ea an seanchas ar luibheanna. Ba mhinic a bhíodh seachadadh an eolais ar luibheanna agus ar an leigheas dhúchasach fite fuaite lena chéile. Faightear léargas i gcuntais Mháire Ní Bheirn agus Mháire Uí Cheallaigh ar shochaí a thuig an luach a bhí ag baint leis na hacmhainní nádúrtha a bhí thart orthu. Agus tábhacht na háite sa chultúr dúchais á ríomh aige, deir Ó Giolláin gur bhraith ‘eacnamaíocht na gceantar Gaeltachta (agus ceantair nach iad) ar dhianshaothrú na n-acmhainní nádúrtha a bhí acu, agus theastaigh eolas fairsing chuige sin’ (2005: 46). Tugann an seanchas ar na luibheanna isteach muid ar thréimhse ina mbíodh ar a gcumas ag mná go háirithe, gach cineál úsáide a bhaint as na luibheanna áitiúla; cuiream i gcás: luibheanna mar leigheasanna ar thinnis agus ar ghalair, le héadach agus le holann a dhathú, le blas a chur le bia, ar mhaithe le cluichí a imirt, le tairngreachtaí a dhéanamh agus araile. Pléifear úsáid roinnt luibheanna i dtús báire, sula bpléifear leigheasanna éagsúla.

Sa liosta seo thíos a chuir Ó hEochaidh le chéile sa bhliain 1945, ainmníonn sé na mná áitiúla i dTeileann a raibh cáil orthu mar gheall ar an tsaineolas a bhí acu ar luibheanna:

Mrá – Luibheanna i dTeileann

1. Brighid Nic mBriartaigh, (Brighid John Chondaí, agus máthair Mháire Ní Cheallaigh, Baile Mór, Teilionn, a bhfuil a h-ainm comh minic is a leabhar seo). Ar an Cheapaigh, Teilionn a bhí Brighid ‘na comhnaidhe, agus ba de Chloinn Uí Eochaidh í roimhe na pósadh
2. Brighid Nic Lochlainn, Cloch-an-Atáin, Teilionn (aintín dó Mhícheál Ó h-Ighne, Atharach, an seanchaidhe)
3. Neansaí Nighean t-Seághain, Ceapach, Teilionn
4. Brighid Nighean t-Seághain, Ceapach, Teilionn (mo mháthair mhór)
5. Neilí Seághain, Rann na Cille, Teilionn – máthair Chathail Mhic Anna, an seanchaidhe
Anna Seághain
- Biodaí Seághain aintíní Chathail
6. Úna Ní/ Uí Dhonnagáin, Ceapach Uachtarach, Teilionn
7. Róise Uí Chonnacháin, Carraic Bhreac, Teilionn
8. Brighid Nic Giolla Easbuic, Cruachlann, Teilionn
9. Neilí Ní Chuinnigeáin (Neilí na gColbhaí) Iomaire Mhuireanáin, Teilionn (máthair Sheáin, an seanchaidhe)
10. Máire Phaitsí Ní Bheirn, Mín na Gaoithe, Teilionn

Liosta atá sa mhéid seo thuas de ‘mhrá luibheanna’ a bhí imithe ar shlí na fírinne faoin bhliain 1945 is cosúil. Tagraíonn Ó hEochaidh do Mháire Uí Dhonnagáin, Rann na Cille, ag bun an leathanaigh fosta — seanchaí a bhí beo i dtólamh ag an am. Is suimiúil ó thaobh phearsana an tráchtais seo de, go bhfeictear cuid de na ginealaigh ag teacht chun cinn arís eile sa liosta seo. Bhí gaol fola idir cuid de na príomhsheanchaithe a raibh Ó hEochaidh i mbun bailithe leo thart ar an bhliain 1945 agus na mná-luibheanna atá ainmnithe sa liosta aige. Tímid máthair mhór an bhailitheora féin, Brighid Nighean tSeágháin, máthair Mháire Uí Cheallaigh, Brighid Nic mBriartaigh (Ní Eochaidh), agus aintín le Mícheál Ó hIghne, Brighid Nic Lochlainn. Chomh maith leis sin, tímid máthair Sheáin Uí Chuinneagáin, Neilí Ní Chuinnigeáin (bhíodh Seán Ó Cuinneagáin ina chuariteoir rialta chuig teach na mBeirneach), agus aintíní agus máthair Chathail (Séarlaí) Mhic Anna, an seanchaí iomráiteach.

Cad é a bhí i gceist leis na ‘mrá-luibheanna’ i gcomhthéacs Theilinn de? Ba bhean luibheanna iomráiteach nó ‘magical healer’ [bean feasa] í Bidy Early (1798-c.1874) as Co. an Chláir a mhair sa naoú haois déag is cosúil — bean a raibh amhras ar an chléir fá dtaobh di (Jenkins, 2007: 161). Agus é ag trácht ar cháil Bhiddy Early agus ar bhean feasa iomráiteach eile, Máire Ní Mhurchú as Co. Chorcaí, maíonn Gearóid Ó Crualaoich go raibh níos mó i gceist leis an bhean feasa i gcultúr na hÉireann ná cúram na luibheanna agus gur samhlaíodh go raibh tuiscint faoi leith acu ar an domhan eile; deir sé: ‘Their powers and their knowledge are clearly shown as grounded in their access to the *native* otherworld and not, as in the clerical view, to an anti-Christian diabolic order (2003: 75). Bhíodh cuairteoirí ag tarraingt ar Bhiddy Early ón Chlár, ó Thiobraid Árann, ó Luimneach agus ó Ghaillimh mar gheall ar an bhua speisialta a bhí aici daoine a leigheas, ach de réir cosúlachta, rinneadh iarracht í a dhó sa bhliain 1865 de thairbhe gur tuigeadh go raibh diabhláocht ar bun aici (Jenkins, 2007: 161). Mar a mhíníonn Timothy Corrigan Correll, méadaíodh ar an amhras a bhí ar dhaoine i leith an tsaoil ósnádúrtha agus i leith na mban feasa, sa 19ú haois agus san 20ú haois mar gheall ar thionchar na hEaglaise Caitlicí agus mar gheall ar chúrsaí aicme chomh maith (2005: 14). Thiocfaí a rá go bhfuil Bidy Early ar dhuine de na pearsana béaloidis agus ar dhuine de na ‘mná luibheanna’ is iomráití agus is mó cáil i mbéaloideas na hÉireann (Ó Crualaoich, 2003: 72). Baineann mistéir lena hainm agus le scéal a beatha. Léirítear san ábhar de chuid Scéim na Scol, 1937-8 atá foilsithe ar www.duchas.ie an dóigh ar scaip na scéalta fúithi faoi lár an fichiú haois. Leagadh béim mhór ar úsáid na luibheanna sa chás cúirte faoi dhúnmharú Bridget Cleary, agus cuireadh Jack Dunne, an fear a sholáthair na luibheanna do Michael Cleary, fear céile Bridget, go príosún ar feadh trí bliana dá bharr (Bourke, 2006 [1999]: 61-62). Coimríonn Bourke cuid de na cúiseanna a bhíodh amhras ag baint le húsáid na luibheanna mar fhoinsé leighis faoi dheireadh an naoú haois déag:

From the point of view of centralized authorities, both secular and religious, charms were anathema. For administrators, and for the medical establishment, charms — and folk-medicine generally — smacked of what the British colonizer everywhere called ‘mumbo-jumbo’. For the Catholic Church, on the other hand, charms represented an appropriation of part of its own stock-in-trade and a subversion of its authority. Unlike prayers, which appeal to the deity to produce various effects, charms are purported to work directly, without divine intervention, though this is rarely claimed explicitly. (Bourke, 2006 [1999]: 61-62)

Cé go mbaineann lámscríbhinní Mháire Ní Bheirn agus Mháire Uí Cheallaigh le lár an fichiú haois den chuid is mó (i.e. 1940idí), léiríonn na mná dearcadh an-dearfach ar fad i leith úsáid na luibheanna ar an iomlán. Ní hé sin le rá nach dtugtar le fios anseo is ansiúd go raibh úsáid na luibheanna agus an t-eolas a bhain leis an leigheas dúchasach ag laghdú mar gheall ar an leigheas nua-aimseartha. Mar sin féin, tugann siad le tuiscint i bhfoclaíocht an tseanchais go raibh an-mhuinín acu féin as cumhacht na luibheanna agus as leigheas na muintire.

Is iomaí cuntas a thugann na Máirí ar luibheanna a bhíodh in úsáid le fuil a ghlanadh. Ina cuntas ar an ghas-searbhán [*Taraxacum Officinale*], deir Máire Uí Cheallaigh:

Níl luibh ar bith a fás amach as a' talamh a bhfuil oiread tiodhlacaí a baint léithe agus atá sa ghas-searbhán. Bhí an sean-bhunadh ag ithe na luibhe seo go síorraidhe. Ní rabh sí le bruith nó aon dath, ach á tarraingt amach as a talamh agus a h-ithe fuar. Bhí sí 'na leigheas an-mhaith casachtach. D'árigheadh na seandaoine go gcoinneochadh an gas-searbhán beó go mbeadh a chuid sgamhán comh caithte le snáithe síoda! Bhruithtidhe an gas-searbhán, agus thugtaoi an sugh le h-ól dó dhaoine, go mór mhór dó pháisdí le n-a gcuid fola a ghlanadh [...] (CBÉ 987: 142)

Tá an t-eolas seo thuas bunaithe ar thaithí phearsanta an tseanchaí agus ar an mhéid a chonaic sí féin. Thuig sí an dóigh leis an luibh a bhruith cé nár ghá í a bhruith i gcónaí agus thug le fios go mbíodh an seanbhunadh 'ag ithe na luibhe seo go síorraidhe' fosta (CBÉ 987: 142). Luibh an-fholláin a bhí ann a bhí fóirsteanach d'óg agus aosta. Ag trácht ar an chnádán [*Arctium minus*] di, deir Uí Cheallaigh:

Is iomaidh feidhm a thig a bhaint as an chradán. Tá sugh an chradáin ar leigheas glanadh fola comh maith agus a d'ól duine ar bith ariamh. Gnidhtear dath as fosta.

An t-é a mbeadh ball droch-uisce air i n-áit ar bith, bhéarfadh an seanbhunadh leóbhtha duilleóg mhór do'n chradán, agus rósfad siad ar an mhaide-briste iad go díreadh mar dhéanfá le h-iasg. Chuiread siad na duilleogaí dearg te amach de'n teinidh leis an bhall droch-uisce, agus mur leighasad sin é ní rabh leigheas air [...] (CBÉ 987: 129)

Seo a leanas a deir Niall Mac Coitir faoin luibh chéanna ina shaothar *Ireland's Wild Plants: Myths Legends and Folklore*:

In Britain and Ireland a decoction of the roots of burdock was extensively used to cleanse the system and so to cure boils and other skin complaints. In Ireland it was also used in Counties Meath and Wicklow to cure burns and in County Cavan for cuts, colds and respiratory trouble. In addition it was used to cure convulsions in County Louth and nervousness in County Meath. (Mac Coitir, 2018 [2006]: 273)

Bhí na tuiscintí a bhí ag Uí Cheallaigh ar an chnádán bunaithe ar an taithí saoil a bhí aici agus shealbhaigh sí a cuid eolais faoin dúlra agus faoi chúrsaí sláinte óna muintir agus óna comharsana áitiúla. Tugann sí le fios, ní hamháin go raibh an cnádán an-fholláin, ach go n-úsáidí é le nithe a dhathú fosta (CBÉ 987: 129). Tugann Máire Ní Bheirn le fios go raibh an phis¹⁶ ‘an-fholláin’ fosta (CBÉ 987: 155). Deir sí: ‘Chuireadh an seanbhunadh na cnapáin seo ar shugh feola fad ó shoin. Chuiread siad blas maith air, agus bhí siad an-fholláin’ (CBÉ 987: 155). Ní hamháin go n-ití na luibheanna ar mhaithe le cúrsaí sláinte nó le fuil a ghlanadh ach d’ití iad fosta le blas maith a chur ar shú feola.

B’iomaí úsáid a bhaintí as na luibheanna nuair nach mbíodh teacht ag daoine ar acmhainní ábhartha faoi leith go forleathan. Agus í ag trácht ar chanach an tsléibhe [*Eriophorum angustifolium*], dúirt Uí Cheallaigh gur ghnách snáth a dhéanamh as an chanach: ‘Chualaidh mé na sean-mrá a ráit go minic gur chualaidh siad na sean-mhrá a bhí ann rompu fhéin a rádh gur ghráthach canach an tsléibhe a shníomh ins an áit seo fad ó shoin’ (CBÉ 987: 117). Is cuí an leasainm Béarla ‘Bog-silk’ sa chás seo de (Mac Coitir, 2018 [2006]: 197). Cé go mb’fhéidir nár bhain Uí Cheallaigh úsáid den chineál seo as an chanach í féin, tímí an leanúnachas a bhain le seachadadh an eolais i measc na mban agus é cloiste aicise ó shean-mhná a chuala fá dtaobh de ó ‘na sean-mhrá a bhí ann rompu fhéin’ (CBÉ 987: 117). Agus í ag caint faoi luibh darb ainm ‘Eallaí na nGeach?’¹⁷, deir Uí Cheallaigh gur ghnách le daoine iad a chur ina bpócaí le boladh deas a chur ar na héadaí (CBÉ 987: 137). Ba nós le muintir an cheantair a gcuid tae féin a dhéanamh ó bhonn fosta. Deir Uí Cheallaigh: ‘Ba ghnáthach tae a dhéanamh den luibh a dtugtar cairtlinn-ghárraidhe uirthi. Thriomíodh siad an luibh go

¹⁶ Ní thugtar an t-ainm Laidineach anseo siocair go bhfuil cineálacha éagsúla piseanna ann agus thiofaí gurb é *Vicia sativa*, *Lathyrus montanus*, *Ononis repens*, *Anthyllis vulneraria*, *Vicia hirsute* nó *Lathyrus pratensis* atá i gceist. Féach Mac Coitir, (2018 [2006]: 286), mar shampla.

¹⁷ Is mar seo a bhreac Ó hEochaidh síos ainm na luibhe agus comhartha ceiste curtha isteach aige taobh leis an ainm. Ní léir cén luibh atá i gceist.

maith a chéad uair agus chuireadh siad isteach i n-éadach í agus chrochadh siad os cionn na teineadh í' (CBÉ 1034: 283). Is cinnte nach bhfuil ganntanas seanchais faoin phoitín i mbéaloideas na hÉireann, ach tugann Uí Cheallaigh le fios dúinn go ndéantaí fion go háitiúil fosta. Deir sí: 'Ba nós fion, nó deoch cosúil le fion a dhéanamh as 'Caora-sraen' [*Vaccinium Myrtillus*] agus 'Fraochógaí Dubha' [*Vaccinium Myrtillus*] (CBÉ 987: 175 & 176). Chomh maith le deochanna meisciúla a dhéanamh, deir Uí Cheallaigh gur ghnáth tobaca a dhéanamh ó luibh darb ainm 'cál fairrge'¹⁸ fosta (CBÉ 1034: 283). Seans gur tháinig an topaic seo chun cinn agus 'Tobacco' an lámhleabhair á phlé: 'Was tobacco or some substitute generally smoked in your district as long as people can remember?' (Ó Súilleabháin, 1970 [1942]: 94). Deir Uí Cheallaigh: 'Bhaineadh na fir an luibh seo – cál fairrge agus thriomíodh siad í. Nuair nach mbíodh tobaca ceart le fáil acu chaitheadh siad sa phápa í. Bhí sí comh maith le tobaca ar bith!' (CBÉ 1034: 283). Bhí úsáid de chineál inteacht don uile luibh idir leigheasanna, dathanna, toitíní, alcól agus ar aile.

Bíodh is nár bhain an saineolas ar na luibheanna le réimse na mban amháin, tugann Ó hEochaidh le fios ina chín lae mar sin féin, gur sháraigh Máire Ní Bheirn Seán Mac Seághain, a huncail féin (agus seanuncail an bhailitheora) i dtaca leis na luibheanna a ainmniú (CBÉ 1108: 142-144). Agus é ag cur síos seanchais i dteach Ní Bheirn, Iomaire Mhuireanáin, shíl Ó hEochaidh go rachadh sé taobh amuigh le Seán Mac Seághain (John Tamaí Seáin) a cheistiú faoi roinnt luibheanna áitiúla:

Chuaidh mé chuig Seán. Ba é seo an chéad uair do m'fheiceáil. Bhí luthgháir mhór ar m'fheiceáil agus bhí fearadh na fáilte ar [*sic.*] rómham. Rinn sé seanchusc mór liom ar feadh tamaill, agus ins a' deireadh chuaidh mé a tharraingt na luibheanna agus a chur ceiste air fá n-a n-ainm. B'íontach an rud go rabh eólas maith aige ar leigheasannaí a bhí ionntú, ach ba bheag acú a rabh a gcuid ainmneacha aige.

Lean Máire Ní Bheirn 'na chuibrinn mé, agus ba ghoirid go rabh sí againn, agus bhí i bhfad ní ba mhó eólais aici-se ar na luibheanna nó a bhí ag John. Sul mar fhág mé an cuibhreann bhí bailiúchán deas luibheanna agam. (CBÉ 1108: 142-144) (02.06.1944)

¹⁸ Cineál feamainne is ea 'cál fairrge' atá an-chosúil le duilseasc, ach mar is léir ón ainm, tá clogad air atá cosúil le cál.

Is léir nach raibh drogall ar bith ar Mháire Ní Bheirn duine, agus go deimhin, fear, ní ba shine ná í a sharú. Cé go raibh Máire Ní Bheirn ní b'óige ná a huncail, John, bhí taithí saoil éagsúil aici agus eolas éagsúil aici ar na luibheanna dá bharr. Bhí comhthéacsanna sóisialta áirithe ina mbíodh lánchead ag mná fir na comharsanachta a shárú. Is léir fosta go raibh tionchar ag cúrsaí inscne agus an sóisialú a dhéantaí ar fhir agus ar mhná ar na cineálacha eolais a bheadh acu.

4.5.6 Cúrsaí Leighis agus Sláinte

Léirítear intleacht ghéar i leith chúrsaí leighis agus sláinte i gcuntais Ní Bheirn agus Uí Cheallaigh chomh maith. Bíodh is gur minic a bhíodh cúrsaí leighis agus eolas ar na luibheanna fite fuaite lena chéile, bhíodh bealaí eile le teacht ar leigheasanna do thinnis agus do ghalair fosta. Ina saothar ar Scéim na Scol (1937-8/9) i dTír Chonaill, déanann Eithne Ní Ghallachubhair an leigheas dúchasach, mar a fhaightear sa bhailiúchán é, a rangú agus a choimriú de réir thrí phríomhchatagóir:

1. Leigheas ó luibh faoi leith do thinneas áirithe agus treoracha ag dul leis
2. Ainm duine a mbeadh leigheas acu do thinneas faoi leith — b'fhéidir mar gheall gur bhain siad le teaghlach faoin leith (an seachtú mac etc.)
3. Deasghnáth de chineál inteacht ar nós tobar beannaithe etc.

(Ní Ghallachubhair, 2017: 26)

Baineann an méid a phléifear sa chuid seo a leanas, le catagóirí 2 agus 3 den chuid is mó.

Ó thaobh cúrsaí inscne de, tugann Máire Uí Cheallaigh le fios gurbh iad na mná den chuid is mó a bhíodh ag plé le réimse na leigheasanna fosta. Sa chuntas dar teideal, 'Leigheas na mBan', deir sí:

Mrá is mó a mbíodh na léigheasaraí seo uilig acu fad ó shoin. Bhíodh siad ag fir fosta ar ndóiche, ach fhad agus a bheadh bean ar bith le fágáil 'san áit a mbeadh seanléigheas acu seo aici, b'fheárr le mórán daoine tarraingt uirthi nó tarraingt ar na fir. Ar dhóigh ínteacht bhí na mrá i gcomnuidhe níos neamh-ghroitheach [*sic.*], agus bhí seans níos fearr breith ortha fá na toighthe. Ins an am sin ba dhoiligh breith ar fhir Theilinn astoigh nó dá mbeadh an aimsr ar dhóigh ar bith socair, bhí na fir ar shiubhal

ag iascaireacht ó dubh maidne go dubh oidche, agus nuair a thioctad siad abhaile tursach indiaidh a' lae níor mhaith le duine ar bith tarraint ortha le buaidhreadh ar bith a chur ortha. Ina chuideachta sin, bhí níos mó dóchais ag na mraí ins na seanleigheasaraí seo nó a bhí ag na fir, agus chonnaic mé fhéin fir a bhí faoi 'n ainm an leigheas a bheith acu agus sé'n rud a rachadh siad a mhagadh ort dá dteightheá a dh'iarraidh ortha! (CBÉ 988: 168)

Arís, leagtar béim anseo ar spás na mban *versus* spás na bhfear sa tsochaí thraidisiúnta. Bhíodh teacht ag daoine ar mhná sna tithe i rith an lae nuair a bhíodh na fir amuigh ag iascaireacht. I gcuntas eile dá cuid, míníonn Uí Cheallaigh go mbíodh 'Dochtúirí Léighis' ag dul thart sa cheantar fad ó shin fosta a bhíodh ábalta daoine agus ainmhithe a leigheas (CBÉ 988: 170). Deir Uí Cheallaigh go mbíodh siad 'comh maith leis na dochtúirí atá ag 'ul anois' agus luann sí go mbíodh luibheanna agus orthaí in úsáid acu, agus go raibh na leigheasanna seo sa dúchas ag na dochtúirí leighis siúd (CBÉ 988: 170-173). Tagraíonn sí do Chlann Chuinneagáin ar an Charraig agus don bhua a bhí acu cnámha briste a chneasú agus deir sí nach nglacfadh siad le híocaíocht ar bith (CBÉ 988: 171-172). Tugann Uí Cheallaigh le tuiscint gur bua faoi leith ab ea an t-eolas ar na leigheasanna agus gur ón dúchas a thagadh an bua seo.

I gcásanna áirithe, is cinnte gur bhain an tsamhlaíocht agus an chruthaíocht le leigheasanna faoi leith. Thioctfaí a mhaíomh siocair gur tinneas atá sa titimeas, nó 'An Tinneas Beannuigh', mar a thug Máire Ní Bheirn air, atá deacair a leigheas, go dtagann leigheasanna éagsúla chun cinn sna lámhscríbhinní nach mbaineann le húsáid luibheanna agus ar deacair míniú eolaíochtúil a fháil orthu. Luann Máire Ní Bheirn go mbaintí feidhm as fuil ón Choileach Dhubh Márta mar leigheas ar an 'Tinneas Beannuigh' roimh a ham féin is cosúil:

Bhí sé 'na ghrás ag an t-seanbhunadh fad ó shoin nuair a bhíodh duine ínteacht ag éagcaoin le tinneas beannaigh, thugad siad leobhtha iomlán a chuid éadaigh, agus annsin, dá gcaithead siad rith an lae a cuartú. D'imtheochad siad go bhfágad siad coileach dubh Márta, mar mbeadh sé acu féin mhuirbhfead siad an coileach agus chraithfead siad an fhuil ar éadaigh an t-é a bhí tinn. Thógad siad leac na teineadh annsin agus chuiread siad faoi 'n leac iad ar feadh naoi lá. Chuiread siad na h-éadaigh sin ar an t-é a bhí tinn agus ba lear leobhtha go rabh sin'na leigheas mhaith, nó go

maolochad sé an tinneas i gcás ar bith, agus nach dtiocfad sé air comh minic. (CBÉ 992: 36)

I gcuntas eile dá cuid ar an tinneas chéanna, deir Ní Bheirn go bhfuil leigheas le fáil san uisce a nighfeadh corp fosta agus gur chóir an t-uisce a thabhairt don duine le hól i ngan fhios dóibh féin (CBÉ 992: 35). Thuigfí mar a thiocfaí leigheasanna den chineál seo chun cinn sa chás go mbeadh tinneas nó galar deacair a leigheas.

Bhíodh daoine faoi leith a bhí aitheanta sa tsochaí fosta mar gheall ar an chumhacht a bhí acu galair faoi leith a leigheas. I gcuntas dar teideal ‘Cléirí nó Cleite an Mhacháin’, roinneann Uí Cheallaigh eolas a fuair sí ón tseanbhunadh nuair a bhí sí óg ar leigheas a bhí ag John Ó Barráin, fear ar bhailigh Jeremiah [agus Alma] Curtin scéalta uaidh sna 1880idí. Déanann Uí Cheallaigh cur síos mion ar an phróiseas a bhain leis an leigheas seo:

Tig pian i mbéal an mhacháin ar dhaoine i n-amannaí agus nuair a thig is lear leóbhtha go mbíonn cleite an mhacháin ar lár acu.

Bhí daoine áirid thall agus i bhfos fríd an cheantar fad ó shoin a dtiocfadh leóbhtha seo a leigheas. Níor mhothaigh mé iomrádh ar bith ag daoine ar an ghalar seo anois le fiche bliadhain ach b’fhéidir go bhfuil ainm ínteacht eile ag na dochtúirí ar sin anois agus go bhfuil dóigh ínteacht eile acu le n-a leigheas.

Is cuimhneach liom-sa an t-am nuair a bhí mé ‘mo ghioraigh agus ní rabh duine ‘sa taobh seo do’n pharaiste nach rachadh uilig go léir suas go Cruachlann fhad le fear a bhí annsin a dtugad siad John Ó Barráin air go dtógad sé cleite an mhacháin daobhtha, mar adeireadh siad féin. Bhí fhios aige-san agus ag a mhuintir roimhis an dóigh le seo a dheánamh, agus ní rabh fear nó bean eile ins an áit a dhéanfad é ach é fhéin ins an am sin.

An t-é a rachadh chuige agus a bhí a meas go rabh cleite an mhacháin ar lár aige, chuirfeadh John ‘na luighe ar chúl a chinn astoigh i leabaidh na clúide é.

Bhéarfad sé leis gloine mór folamh ansin agus leagfad sé a bhéal síos a [*sic.*] mbéal a mhacháin ar an t-é a bheadh ag éagcaoin. Bhéarfad sé leis coineall annsin agus dhéanfad sé ceithre ghiota daoithe agus chuirfeadh sé na giotaí seo uilig thart fá-n ghloine leagtha fosta ar an chroiceann. Lasadh sé na coinnle ansin agus go dtéigheadh

Caibidil a Ceathair: Mionseanchas na mBan?

oiread daoithe isteach suas ins a ghloine agus a líonfadh é. Nuair a bheadh sin deánta tharraineochad sé an gloinne ar shiubhal agus bheadh an cleite tógtha annsin.

Is minic a bhí greann go leór fá dheánamh an leighis seo. Fear strácálach i gceart a bhí i John Ó Barráin, a rabh mórán talamh aige agus bhíodh sé an-ghroitheach go minic. Tharla go dteachaidh bean as an áit seo chuige lá amháin leis an chleite a fhágáil tógtha. Lá an-bhréagh fóghmhair a bhí ann, agus bhí mórán féir scabta amach ag John le cocaí móra a dheánamh de.

Comh luath agus a chuaidh an bhean seo ‘un toighe chuige bhí fhios aige go maith goidé’n siubhal a raibh sí ann. Chuir sé a luighe í agus chuir sé an gloine agus na coinnle le h-obair ar bhéal a mhacháin. Fhad agus a bhí sé a fanacht leis an fheoil éirigh isteach suas ins a’ ghloine goidé a chonnaic sé ach deóra fearthanna a bualadh na fuinneóige. Bhí an t-an-mhórán féir scabtha amach aige, agus d’imthigh sé leis mar bheadh fear mire amach ar a doras agus d’fhág sé an bheana bhí ‘na luighe ansin, agus thosuigh sé a thógáil a chuid féir.

Bhí an bhean bhocht a bhí ‘na luigthe i gcruadh-chas. Bhí na coinnle a dóghadh agus bhí an gloine a líonadh agus ní rabh fhios aici faoi’n aer goidé a bhí ag ‘ul a dh’éirigh daoithe.

D’iarr seisean uirthe gan bogadh anonn nó anall go dtigeadh sé fhéin arais.

Bhí eagla uirthe-se le linn na fearthanna a bheith a teacht go mb’fhéidir go ndéanfadh sé dearmad ar fad daoithe-se. Ach mar dheánfadh Dia fhéin é, nuair a bhí na coinnle chóir a bheith dóighe isteach go dtí ‘n croiceann aici, tháinig an fhearhainn comh trom air-san amuigh agus go mbéigean dó fhéin teicheadh agus an féar a fhágáil mar sin.

Tháinig sé isteach agus le h-obair mhór d’éirigh leis an gloine a fhágáil sgaithte. Ach nuair a bhí deireadh thart bhí sise buidheach don fhearhainn – níos mó buidheachas aici uirthi nó a bhí aige-san i gcás ar bith! Ach cé bith ba é an gloine nó an sgannradh a fuair sí a leigheas í. Bhí biseach uirthe teach abhaile daoithe agus níor thuit cleite an mhacháin aici ón lá sin go lá a báis.

Is minic a chualaidh mise na seandaoine a trácht ar an scéal sin. (Go ndéanadh Dia trocaire orthu. Tá siad uilig marbh le fada.) (CBÉ 988: 174- 177)

Léiríonn Uí Cheallaigh tuiscint an-ghrinn ar an leigheas áirithe seo, agus mionsonraí aici faoin dóigh a ndéantaí é. Chomh maith leis sin, déanann sí cur síos grinn ar an tseanchaí, John Ó Barráin. Go deimhin, is mór idir cur síos tuisceannach Uí

Cheallaigh: ‘Fear strácálach i gceart a bhí i John Ó Barráin’ agus cur síos Jeremiah agus Alma Curtin ar an fhear chéanna, mar a chonaic muid i gCaibidil a Dó. Títear nasc leanúnach ag teacht chun cinn idir na seanchaithe a raibh Ó hEochaidh i mbun bailithe leo agus na seanchaithe a chuaigh rompu sa naoú haois déag.

Bíodh is gur léirigh an dá Mháire tuiscint ghrinn ar chorp an duine, léiríodh tuiscint ghéar ar aigne an duine chomh maith. Tugann Uí Cheallaigh léargas neamhghnách eile dúinn maidir leis an mheabhairshláinte agus ‘Leabhar Eoin’¹⁹ mar ábhar plé aici féin agus ag an bhailitheoir (CBÉ 1034: 397). Sular tógadh ‘teach mór Leitir Ceanainn’, tugann sí le fios go mbíodh sé de nós ag na comharsana i dTeileann aire a thabhairt do dhaoine a raibh na néaróga ag cur isteach orthu, agus go ndéantaí an cúram baile a roinnt i measc na gcomharsan. Féach thíos:

Níor c[h]ualaidh bunadh Theilinn trácht ariamh ar leabhar Éoin, nó go rabh tiodhlacaí ar bith a baint léithe. An t-é a bheadh as a chéill chuiridhe ó theach go teach é ar na bailte, agus chaithfeadh bunadh an toighe a mbeadh a mhac-a-shaill acu suidhe leis go maidin. Chuirfead siad sin é go teach na comharsan ar maidin, agus thart mar sin ó theach go teach. An áit a mbeadh bean nach mbeadh aici ach í fhéin thiofadh cúpla buachaill de chuid a bhaile isteach agus d’fhuireochad siad aici go maidin, Sin a’ rud a bhí ag ‘ul anseo sa t-sean-am, ach tá sin tamall maith ó shoin. Is fada an t-am ó rinneadh teach mór Leitir Ceanainn agus tá siad ag ‘dul annsin ó shoin. (CBÉ 1034: 397)

Is cosúil gur tagairt is ea ‘teach mór Leitir Ceanainn’ d’otharlann shíciatrach Naomh Conall a tógadh sa bhliain 1866, nó ‘Donegal District Lunatic Asylum’ mar a thugtaí mar ainm oifigiúil air ag an am; ba sa 19ú haois a tógadh formhór na n-institiúidí siúd (Fitzsimons, 2017: 31). Is mór idir an ‘teach mór’ agus cur síos Uí Cheallaigh ar an dóigh a dtugadh comharsana aire dá chéile agus a ndéanadh siad an cúram a roinnt sula ndeachaigh daoine i dtaithe ar institiúidí dá leithéid. Cé nach raibh cur amach ag Uí Cheallaigh ar Leabhar Eóin mar leigheas, spreag an ceanteideal, nó an cheist, an cuntas seo a bhain go dlúth le cúrsaí aigne agus meabhairshláinte. Ina chuid taighde ar an úsáid a bhaintí as Leabhar Eoin i gcultúr dúchais na hÉireann, míníonn Pádraig Ó Héalaí go n-úsáidte Leabhar Eoin don iolamad comhthéacsanna éagsúla agus go dtuigte

¹⁹ Liotúirge nó soiscéal Eoin (i.e. leigheas ó phíosa a bheadh scríofa) a bhí i gceist sa chás seo seachas lus Eoin, nó beathnua (*Hypericum perforatum*).

go raibh sé ina chosaint ar ‘bhá agus ar thinneas, go háirithe ar ghalair néarógacha’ (2009: 368). Cé gur tháinig laghdú ar an úsáid a bhaintí as Leabhar Eoin mar leigheas i gcaitheamh an fichiú haois (Ó Héalaí, 2009: 374), baintear úsáid áirithe as Lus Eoin (*Hypericum*) go dtí an lá inniu (Mac Coitir, 2015: 111-112). De bharr an teach mór i Leitir Ceanainn a bheith luaite, is féidir a rá go dtéann an t-eolas a luann Uí Cheallaigh siar go lár an naoú haois déag ar a laghad. Bean an-eolach a bhí inti a léirigh an-doimhneacht ina cuid smaointeoireachta ar shláinte an duine.

4.5.7 Rún na mBan: Saolú Páiste

Mar a luadh i réamhrá na caibidle seo, ní mór cúrsaí inscne a chur san áireamh agus modheolaíocht *AHIF* á cíoradh againn. Sa chuid dheireanach den chaibidil, pléifear roinnt cuntas a bhailigh Ó hEochaidh ó Mháire Ní Bheirn agus ó Mháire Uí Cheallaigh a bhain go dlúth le cúrsaí clainne agus le saolú páiste. Is cinnte go bhfuil dearcadh na bhfear go mór chun tosaigh sa chatagóir ‘Conception and Pregnancy’ in *AHIF* (Ó Súilleabháin, 1942: 209). Féach cuid de na samplaí seo a leanas:

How was sterility regarded in popular tradition? Was it believed that certain acts (e.g. knotting a cord or handkerchief to somebody present during the marriage ceremony) would cause the wife to be sterile? Could it be caused by some other method? How might it be prevented? What special means were adopted to barren women in order to have children, e.g., visiting certain holy wells, sleeping in certain places (associated with saints, ‘beds of Diarmuid and Gráinne’), taking or avoiding particular foods etc.? What was the popular attitude towards pregnant women? [...] (Ó Súilleabháin, 1970 [1942]: 209)

Labour. What steps were taken by the mother and others to ensure safe delivery of the child? Did the expectant mother wear any special garments (e.g., of her husband or of the smith)? What was the purpose of this? Give the full details of the custom. Did the husband do anything special while his wife was in labour to lessen her sufferings? [...] (Ó Súilleabháin, 1970 [1942]: 210)

The Mother. *bean siúil.* What is done to protect and care a woman who had given birth to a child? Was she supposed to be especially liable to be abducted by fairies? Why? What special precautions were taken against this? What was regarded as the danger period? [...] (Ó Súilleabháin, 1970 [1942]: 210)

I measc na gceannteideal eile, tá ‘Protection of the Newborn Child’, ‘Care of the Baby’, ‘The Cradle’, ‘Birth-Marks’, ‘Baptism of the Child’, ‘Sponsors’, ‘Unbaptised Children’ (Ó Súilleabháin, 1970 [1942]: 210-214). Má chuirtear cúinsí sóisialta na linne san áireamh, is cinnte gur topaic dhúshlánach a bheadh ann fosta don bhailitheoir áitiúil le tabhairt faoi agus é ag bailiú eolais óna dhuine muinteartha agus ó chara dá cuid.

Cibé cúis de, d’éirigh le Ó hEochaidh seanchas a chur síos a bhain leis an ábhar seo cé nár tháinig leis a dhul isteach go mion san ábhar. I gcuntas dar teideal ‘Páisde indiaidh a theacht ‘un tsaoghail’ de chuid MháireUí Cheallaigh, cuireann sí síos ar an bhaint idir saolú páiste agus leigheas ar leonadh in aimsir a máthar. Deir sí:

Chualaidh mé na sean-mhrá a bhí ansneo agus mo mhaethir comh maith le duine a rádh fad ó shoin, dá mbeadh duine leóna nuair [*sic.*] fá na toighthe nuair a thiocfadh páiste un t-saoghail, dá dtugtaoi an páiste sin, agus a lámh a leagan ar an t-é a bheadh leóna, bheadh leigheas leóna ag an pháisde sin fhad agus a bhead sé beo.

Ba ghnáthach leóbhtha sin a dheánamh i n-am mo mháthar, ach ní fhacaidh mé fhéin a’n nduine a dheánamh ariamh, siúd agus go rabh daoine thall agus i bhfos a rabh órtha an leóna acu, ach ba bheag a gheobhadh an ortha sin uathu. Ba mhaith leis na seandaoine i dtólamh na rudaí seo a choinneáil acu fhéin, agus b’annamh a leigfead siad a rún ‘sair dhuine ar bith. Chualaidh mé fhéin iad ag ‘ul dó na sean-orthaí seo agus déarfad siad na focla sa dóigh nach dtuigfeadh Gréagach iad!

Bhíodh eagla orthu go dtógfadh duine ar bith eile na focla agus go gcaillfead siad fhéin an leigheas. Bhíodh dúil acu daoine a bheith a tarraingt ortha ag iarraidh léighis ortha siúd agus nach bhfágadh siad páighe ar bith, ach bhí intinn acu go rabh siad os cionn na coitchianntachta nuair a chaitheadh daoine a theacht chuca, agus ba mhór an onáir leóbhtha sin! (CBÉ 988: 144-145)

Tugann Uí Cheallaigh le fios go mbíodh tuiscintí agus creidimh faoi leith ag baint le saolú páiste ó thaobh leigheasanna agus orthaí de. I gcuntas eile de chuid Mháire Ní Bheirn, deir sise go mbíodh gá leis an bhean a raibh tinneas clainne uirthi a chosaint roimh na síoga. Thiofá a rá gur bealach indíreach ab ea é le plé oscailte a dhéanamh ar nithe a bhí ag déanamh buairimh don teaghlach agus don phobal. Sa chuntas dar teideal, ‘Rudaí a rabh baint ag na sidheógaí leo’, deir sí:

Tá muid ag éisteacht ariamh go bhfuil baint mhór ag min chruaidhghil leis na daoine beaga agus an áit a mbeidhthear a craitheadh ní thig leóbhtha bárr méire nó laidhre a leagan ar dhuine saoghalta.

Ins a' tsean-am, mar tá fhios ag an t-saoghal, ní rabh banaltraigh ar bith ins a' chuid seo den tír. Bhí sean-mhrá na comharsan a deánamh mórán den obair atá siadsan a dheánamh anois, agus bhí mrá speisialta thall agus i bhfos a gcuirtidhe fá na gcoinne nuair a thigeadh ar bhean a dhul go leabaidh na cloinne. Mrá glúin a thugtaoi ortha seo. Ní rabh a'n dream ar an t-saoghal a bhí comh pisreogach leóbhtha seo, go h-áirid nuair a bhíodh géibheann de'n t-seórt seo acu.

Chualaidh mise go gcaithfead bean eile seasamh acu nuair a bheadh naoidheanán a teacht 'un t-saoghail, agus soitheach min chruaidhghil aici agus í á coinneáil craiththe ar an bhean thinn. Caithfead sí leanstan mar sin ar feadh i bhfad i n-amannaí, agus b'fhéidir sa deireadh go mbeadh cloch mhine craiththe aici sula bhfaghadh an bhean thinn biseach. Ba lear leis na mrá a bhfuil mé a trácht ortha nach dtiocfadh le bunadh na gcroc imeartas ar bith a dheánamh fhad agus a bheifidhe a craitheadh nua mine – ar ndóiche bhíodh eagla ar na daoine uilig is a' t-sean-am an bhean a bheadh ar leabaidh cloinne, go dtiocfad bunadh na gcroc agus go dtabharfad siad leobhtha í fhéin agus an páisde. An fear a bheadh a gabhail fá choinne na mrá glúin nó níos moille nó sin, ní leigeadh eagla na cluaise do imtheacht ar a aghaidh fhéin ar eagla go dtiocfad siad air agus go ndeánfad siad imeartas air go gcuirfead siad seachrán air go bhfaighid siad fhéin seans ar an bhean thinn agus a páisde a thabhairt 'as' nó a dtabhairt leóbhtha chuca fhéin. (CBÉ 992: 51-52)

Leagann Ní Bheirn béim ar an chontúirt agus ar an bhuaireamh a bhain le saoladh páiste agus ar na modhanna a bhí ag daoine teacht thart ar an an-uair. Is in *Síscéalta ó Thír Chonaill* (Ó hEochaidh et al., 1977) a fhaightear míniú ar fheidhm síceolaíochta na bhfinscéalta sí agus ar na cineálacha finscéalta a bhí ag Ní Bheirn:

It is to be remarked that the dead met among the fairies in these stories are those who died untimely accidental deaths such as fishermen drowned at sea or shore-gatherers carried away by the tide. Others believed to be 'taken away' were women and infants who died at childbirth, and children and adults lost on the hills. Elderly mortals who have lived out their normal life-span are not encountered [...] It would seem that people did not accept untimely accidental deaths as real deaths --- for these there had to be another explanation. (Máire Mac Néill, 1977: 20)

Thiocfaí a mhaíomh go bhfuil gné shíceolaíochta ag baint leis an leigheas seo a leanas fosta. Agus ‘Páisde nach bhfeiceann a athair’ faoi chaibidil aici, deir Máire Uí Cheallaigh:

Tá sé ariamh cánta ins a cheantar seo go bhfuil mórán tiodhlacaí ag páisde nach bhfacaidh a athair ariamh – sin páisde a bhfaigheadh a athair bás sula dtigeadh sé un t-saoghail. Deir siad i dtólamh go bhfuil leigheas salachair-béil ag na daoine sin.

Níl mórán ins a’ leigheas seo uilig. Baineann an t-é a bhfuil an leigheas seo aige de a bhearadh – más fear é – agus coisreacan sé é fhéin. Séideann sé isteach i mbéal an t-é a bhfuil an salachar béil air (nó uirthé) trí h-uaire agus tá an leigheas déanta. (CBÉ 988: 148)

Tugann Uí Cheallaigh le fios ina dhiaidh sin go raibh an leigheas áirithe seo ag Séarlaí Mac Anna siocair go bhfuair a athair bás sular rugadh é agus go dtagadh daoine ó gach cearn a fhad leis. Deir sí go raibh an-bhród ar Mhac Anna de thairbhe an leigheas seo a bheith aige (CBÉ 922: 148). Bíodh is nár chas an seanchaí riamh ar a athair, bronnadh gifte air nuair a rugadh é siocair go raibh stádas sóisialta faoi leith ag baint leis an duine a raibh leigheas speisialta aige/aici ar ghalair nó ar thinnis sa tsochaí thraidisiúnta.

Faraor, ba bheag stádas a bhí ag leanaí gan bháisteadh i gcultúr dúchais na hÉireann. Tugann Uí Cheallaigh léargas dúinn ar chuid de na tuiscintí a bhí i réim sa tsochaí thraidisiúnta maidir le páistí a ‘thiocfadh ar an tsaoghal roimh an am — Lá Bealtaine’ (CBÉ 1096: 396). Deir sí:

Chualaidh muid na sean-mhrá a rádh fad ó shoin go rabh sé ‘na ghrás choitchiannta dá dtigeadh páisde ‘un t-saoghail Lá Bealtaine agus roimh an am, agus é a bheith marbh – gur ghráthach an páisde sin a thabhairt agus a chur i dtalamh lánamhain ínteacht nach mbeadh muirighin ar bith acu, agus nach mbíodh a’ súil le a’ n nduine go brathach. Ní thugtaoi páisde mar seo ‘na roilge le n-a gcur, agus leis an urchóid a chur uatha, agus mar shúil nach ndéanfad siad mórán dochair do dhuine ar bith eile siúd mar chuiread siad iad. (CBÉ 1096: 396)

Scartar an t-eolas seo ó ré an tseanchaí féin agus tugann sí le fios dá dtiocfadh páiste ar an tsaol Lá Bealtaine agus roimh an am, agus é/í marbh ‘fad ó shoin’ go mbíodh sé de nós an leanbh a chur i dtalamh lánúin nach mbeadh muirín acu (CBÉ 1096: 396).

Bhí tuiscintí maidir leis an tairseachúlacht a bhain le leanaí gan baisteadh forleathan ar fud na hEorpa — tuiscintí a théann i bhfad siar, go fiú roimh ré na Críostaíochta — faoi mar a mhíníonn Anne O’ Connor ina saothar *The Blessed and the Damned: Sinful Women and Unbaptised Children in Irish Folklore* (2005: 65-73). Bhí rialacha dochta ag baint leis an bhaisteadh agus le daoine a chur i reilig Chaitliceach (O’ Connor, 2005: 68-69).

Maidir le tógáil na clainne, roinneann Máire Ní Bheirn cúpla ní suimiúil maidir le cothú cíche, nó leanbh a bheith ar an bhrollach, san am a chuaigh thart. Is cosúil gur de bharr a cuid saineolais ar luibheanna a tháinig an t-eolas seo chun cinn. Agus í ag cur síos ar luibh darb ainm ‘Crotall a’ Talaimh’, deir sí: ‘Bhruithtidhe an luibh seo fosta ar an im úr agus chuirtidhe ceirtín de le brollach mrá a bheadh nimhneach. Ba sin deireadh ‘ach leighis, agus a ceann a gníodh na sean-mhrá i gcomhnuidhe ina leithid seo a chás.’ (CBÉ 987: 132). Nuair a bheadh sé in am don leanbh scaradh ó bhrollach na máthar, deir Ní Bheirn go mbíodh sé de nós súiche a chur ar bhrollach na mná. Ina cuntas dar teideal, ‘Súighche ar bhrollach’, deir sí:

Ins an tsean-am thógadh na mrá iad fhéin a gcuid páisdtí uilig, agus nuair a mheasfad siad go rabh an t-am acu a bheith á sgathamh, chuiread siad súighche ar a mbrollach, agus nuair a gheibheadh an páisde blas an t-súighche ar a mbrollach, agus nuair a gheibheadh an páisde blas an t-súighche ní iarrfad sé a dhul a chomhair a mhathara níos mó. Bhí sin ‘na ghrás choitchiannta ag mathaireacha sa t-sean-am. (CBÉ 992: 126)

Is beacht mar a chuir Ní Bheirn síos ar an chleachtas phraiticiúil seo. Faraor, ní fhéadfaí a rá go raibh na cuntais ar fad a bhain le saolú agus tógáil páistí chomh beacht céanna.

Ní nach ionadh go raibh seanchas faoi leith nár éirigh le Seán Ó hEochaidh a chur síos agus é ag plé le béaloideas den chineál seo. Nuair a cheistigh Ó hEochaidh Máire Uí Cheallaigh ar ‘Luaidh Chéadaoin’, gach seans nach raibh sé ag súil go dtiocfaí eolas rúnda chun cinn nár bhain dó. Féach thíos, cuntas Uí Cheallaigh ar ‘Luaidh Chéadaoin’ na Luadhcha’:

Is an t-sean-am bhí na daoine an-chráibhtheach agus ba doiligh le duine ar bith Céadaoin [*sic.*] na Luadhcha a leigean thart gan tarraingt ar theach a' phobail go bhfágad siad an luaidh ortha fhéin. Bhí daoine i gcomhnuidhe, ar ndóiche, nach rabh bealach acu a dhul agus a chaithfeadh fanacht fá na toighthe le h-aire a thabhairt do pháisdí agus do dhaoine aosta. Bhí grás, is cosamhail ag na saghairt an uair sin nach bhfuil acu anois agus 'sé sin, nuair a bhíodh siad réidh a cur na luadhcha ar na daoine, d'fhágad siad an soitheach ar rialacha na h-altóra agus tháinig le duine ar bith ar mhian leis é a dhul agus grainín beag den luaidh sin a dhíth air 'á thabhairt leis abhaile. Thugad siad abhaile í agus chuiread siad ar an t-é a bhí sa bhaile í go díreach mar dheánfadh an saghart. Dá mbeadh fear nó bean comhursan astoigh chuirfidh ar a nglúine iad fosta go gcuirtidhe an marc seo ortha.

Bhí dóchas mór ag mrá pósta ins an luaidh seo fosta, agus bhí sé 'na ghrás choithchiannta acu grainín daoithe a thabhairt leóbhtha ina gcuid éadaigh. Bhíodh groithe ar leith acu-san léithe, agus bhíod sí ina cuideadh mhór acu i n-amanna thall agus i bhfos. (CBÉ 992: 119-120)

Léirítear ina dhiaidh sin cuid de na deacrachtaí a bhain le fir a bheith ag cur ceisteanna ar mhná faoin bhreith agus faoi shaolú páiste. Is díol suntais go bhfuil nóta scríofa ag Ó hEochaidh ag deireadh an chuntais ag míniú nach raibh Uí Cheallaigh sásta a rá leis cén 'ócáid speisialta' a bhí i gceist le luaidh Chéadaoin na Luatha a úsáid. Deir sé:

Rinne mé iarraidh faghail amach ó Mháire annseo cé'n ócáid speisialta a mbaineadh mrá úsáid as an luaith seo, ach ní rabh sí ro-shásta mórán níos mó eolais a thabhairt domh ar an phoinnte sin. Measaim fhéin do réir mar phiocaim as a cuid seanchais go mbaintidhe feidhm as an luaith ar dhóigh ínteacht nuair a bhíodh páisde a teacht 'un tsaoghail. Chuir mé ceisteanna ar mhráibh eile fá'n phoinnte chéadna ach ní bhfuair mé sásamh ar bith, ach d'aithneochainn ortha uilig go rabh an t-eolas céadna acu. (CBÉ 992: 120)

Cé go raibh taithí fhairsing ag an bhailitheoir eolas a mhealladh ó sheanchaithe ar fud an chontae faoi na 1940idí, ní raibh sé in inmhe an t-ábhar rúnda seo a bhailiú ó mhná na comharsanachta ina phobal áitiúil féin. Ba chróga an ní é go ndeachaigh sé thart ar mhná na comharsanachta i ndiaidh ócáid an bhailithe fosta. Códú follasach a bhí i gceist go cinnte le nathanna cainte indíreacha ar nós 'Bhí dóchas mór ag mrá pósta ins an luaidh seo fosta' (CBÉ 992: 120). Mar a mhíníonn Joan Radner ar mhodhanna éagsúla códaithe sa traidisiún béil, thuigfeadh na mná a bheadh ar an eolas ar an ábhar a leithéid seo de fhrása, ach ní thuigfeadh na fir an rud a bheadh i gceist ach amháin

eolas de chineál éigin a bheith á cheilt orthu (1993: 5). Níorbh é seo an t-aon uair a tharla a leithéid seo don bhailitheoir ach oiread. I gcuntas eile a bhailigh Ó hEochaidh i dteach Mháire Ní Bheirn (ní léir cé a thug an t-eolas, ach go raibh Máire Uí Cheallaigh ar dhuine de na daoine a bhí i láthair fosta), cuireann sé síos ar cheist a tháinig chun cinn agus ‘Snathadh’ mar ábhar caibidle acu. Féach thíos an cuntas siúd:

Tá muid ag éisteacht ariamh leis canta annseo i dTeileann nach bhfuil sé ceart snáthaid a shíneadh do dhuine gan snáithe a chur inntí a chéad uair. Níl sé comh h-olc seo a dheánamh le fear, ach tá sé ariamh crosta a dheánamh le bean. Is cuimhneach liomsa an t-am go maith agus dá dtigeadh bean isteach ‘un toighe a dh’iarraidh iasacht snathaid, ní thabharfaidh daoithe isteach ina lámh í go gcuirtidhe snáithe inntí. (CBÉ 1034: 38-39)

Arís, tá nóta curtha ag Ó hEochaidh díreach ina dhiaidh ag míniú gur sáraíodh a ról mar bhailitheoir béaloidis agus é ag iarraidh a leithéid de eolas rúnda a mhealladh ó mhná áitiúla. Deir sé:

Chuir mé ceist caidé’n fáth a rabh sin amhlaidh ach ní bhfuair mé freagar ar bith. Bhí triúir nó ceathrar ban astoigh, agus nuair a chuir mé an cheist chuaidh siad uilig a gháiridhe agus a chogarnaigh eatorra fhéin. Is dóiche liom go bhfuil baint ínteacht ag an nós seo le bean a bhéadh ag iomchar cloinne. Tá sé canta fosta nach ceart rud ar bith a chaitheamh innseair bean a bhéadh ag iomchur cloinne. Tá cunntas thíos agham ar seo cheana féin.(CBÉ 1034: 39)

Is cinnte go gcruthaíonn na nótaí seo an díograis a bhí ag Ó hEochaidh dá ghairm agus é toilteanach a bheith ina cheap magaidh os comhair na mban áitiúil agus ‘iad uilig a gháiridhe agus a chogarnaigh eatorra fhéin’ (CBÉ 1034: 39). Is cosúil gur éirigh leis eolas ábhartha a bhailiú i gceantair eile i dTír Chonaill. Mar sin féin, meabhraítear dúinn go raibh teorainn ag baint leis an bhailitheoireacht áitiúil sa chás gur bhain an seanchas le rún na mban.

Is deacair a mheas an mbeadh na mná céanna sásta an t-ábhar seo a roinnt le bailitheoir mná. Meabhraíonn taighde Mhíchíl Briody go bhfaigheadh cuid de bhailitheoirí an Choimisiúin cuidiú óna mná céile i dtaca le próiseas na bailitheoireachta; luann sé Máire Ní Ghearailt a bhí pósta ar Thadhg Ó Murchadha, Alice Murphy a bhí pósta ar Michael J. Murphy agus Mary (May) a bhí pósta ar Jim Delany (2007: 256). Tugann

an bailitheoir béaloidis, Michael J. Murphy, léargas grinn dúinn ar a leithéid seo de chomh-oibriú ina fhoilseachán féin (1973: 38-39 & 54). Míníonn Murphy an dóigh a ndearna sé féin agus a bhean chéile, Alice Murphy comh-oibriú lena chéile le hábhar a bhain leis an ‘delicate tread of sex’ a bhailiú i gContae Thír Eoghain (1973: 38-39). Cuireann Murphy síos ar ábhar a cuireadh síos ó Annie McCrae a bhain le ‘Infidelity Test’– ábhar a bailíodh a bhuí leis an tacaíocht a fuair sé ó Alice (1973: 54). Scéal is ea é faoi bhean tharnocht a chuirtear isteach i scioból le tarbh (Murphy, 1973: 54). Cé gurbh í Alice a bhailigh an t-ábhar, bhí teacht ag Michael ar an ábhar tras-scríofa i ndiaidh di é a scríobh síos agus bhí deis aige é a léamh sular seoladh ar aghaidh é chuig an Choimisiún i mBaile Átha Cliath. Is cinnte go bhfuil neart scéalta agus seanchais nár bailíodh i gcaitheamh bhlianta an Choimisiúin siocair é a bheith ag sárú rún na mban, nó a bheith ag sárú choinbhinsiúin shóisialta na linne. Bíodh sin mar atá, is saibhir agus is luachmhar an mionseanchas a d’éirigh le Seán Ó hEochaidh a bhailiú ó Mháire Ní Bheirn agus ó Mháire Uí Cheallaigh.

4.6 Ceangal

Ba chúí sainmhíniú Mhíchíl Briody ar bhua Néill Uí Dhubhthaigh agus ‘encyclopaedic knowledge’ tugtha aige mar aistriúchán ar bhua an mhionseanchais. Mar a chonaic muid agus mionseanchas Mháire Ní Bheirn agus Mháire Uí Cheallaigh á ríomh againn, is cruinn mar a chuireann ‘encyclopedic knowledge’ síos ar bhua intleachtúil na beirte. Mar gheall ar fhad na caibidile, is fiú príomhcheistanna taighde na caibidle a mheabhrú ag an phointe seo:

- Cad é atá ar eolas againn faoin mhionseanchas i dTeileann i dairíre?
- Cad é go díreach a bhí i gceist le healaín an mhionseanchais ar an chéad dul síos?
- Cad é a bhí i gceist le mionseanchas na mban?

Is cinnte gur fearr ár dtuiscint ar na ceistanna seo uilig agus ar chleachtas na nealaíona béil i measc na mban i dTeileann de thairbhe ár n-aistear ar mhionseanchas Mháire Ní Bheirn agus Mháire Uí Cheallaigh.

Tháinig mórán seodra eolais suimiúla chun cinn sa chaibidil seo. Tugtar ábhar machnaimh dúinn i dtaca leis an ról a bhí ag páistí i gcur chun cinn na n-ealaíona béil — pointe a tháinig chun cinn i gCaibidil a Trí fosta agus scéalaíocht Chonail Uí Bheirn á plé againn. Cé gur minic a dhéantar beag is fiú de ról na bpáistí i mbéaloideas na hÉireann, meabhraítear gur ón chliabhán a théann daoine i dtaithe ar chleachtas an traidisiúin béil. I dtaca le hachóimhrí Mháire Uí Cheallaigh ar an scéalaíocht, cé gur ag braith ar achoimrí atá muid, tá sé ag teacht chun cinn go sóiléir go mbíodh scéalta fada idirnáisiúnta á n-insint ag mná an cheantair agus gur cosúil go ndéantaí an cheird seo a chleachtadh sna tithe i rith an lae. Bhí ról tábhachtach ag an litríocht bhéil i sóisialú páistí óga idir seanscéalta iontais, finscéalta sí agus seanchas agus bhí ról gníomhach ag mná sa tseachadadh chultúrtha seo. Is díol suntais é fosta gur tháinig cuid de na hainmneacha céanna chun cinn sa chaibidil seo ar sheanchas na mban agus a tháinig chun cinn i gCaibidil a Trí ar scéalaíochta na bhfear: Máire Phadaí Bháin agus Séarlaí Mac Anna. Léirítear dúinn go raibh na réimsí béaloidis seo ar fad fite fuaithe lena chéile agus go raibh gaol idir an seanchas agus an scéalaíocht.

Títear go raibh ceangal idir an scéalaíocht, an seanchas agus an éiceolaíocht fosta. Cé nach ndeachaigh muid isteach go mion i gcúrsaí éiceolaíochta sa chaibidil, tímíd mar sin féin, go raibh tuiscint ghrinn ag Máire Ní Bheirn agus Máire Uí Cheallaigh ar shéasúir na n-ainmhithe, ar na luibheanna áitiúla, ar an leigheas dúchais agus ar iompar cuí an duine i dtaca leis an dúlra. B'as na ceisteanna ar ainmhithe agus péisteanna a tháinig cuntais Mháire Uí Cheallaigh ar na deiseanna seachadta chun cinn ar bhealach indéach. Léiríonn an mionseanchas seo ó *AHIF* go gcaithfear a bheith cruthaitheach le cuid de na bearnaí maidir le béalairacht na mban in Éirinn a líonadh. Títear nár éirigh le Seán Ó hEochaidh ábhar a bhain le rún na mban a mhealladh ó Mháire Ní Bheirn nó ó Mháire Uí Cheallaigh, agus cé go raibh caidreamh maith aige leo, agus é muinteartha do Ní Bheirn, is cinnte nach bhfreagraíonn an bailiúchán oifigiúil do stór iomlán na mban. Mar sin féin, is toirtiúil agus is saibhir bailiúchán na beirte, agus léiríonn éagsúlacht an ábhair go gcaithfear tuiscint níos oscailte a bheith againn maidir le deiseanna seachadta na mban. Is fríd taighde corpasbhunaithe, agus mionanailís a dhéanamh ar an ábhar a bailíodh ó mhná is fearr a gheofar tuiscint ar an ról gníomhach a bhí acu sa traidisiún.

Cé nach bhfuil pictiúr sásúil (go fóill) againn ar scéalaíocht na mban i dTeileann i ndáiríre, tá pictiúr thar a bheith suimiúil ag teacht chun cinn mar sin féin i bhfreagraí Mháire Uí Cheallaigh agus Mháire Ní Bheirn ar cheisteanna an lámhleabhair. Is léir ó shaothar na beirte go bhfuil pictiúr i bhfad níos iomláine agus níos casta ag teacht chun cinn maidir le deiseanna seachadta na mban sa traidisiún béil in iarthar na hÉireann i gcaitheamh an fichiú haois. Ní leor a bheith ag díriú ar na hócáidí foirmeálta nó ar na hócáidí poiblí ina mbíodh na fir chun tosaigh go minic. Léirítear go gcaithfear na spásanna príomhaideacha (ar nós an tí féin) a chur san áireamh agus taighde á dhéanamh ar sheachadadh na mban. Tugaimis ar n-aghaidh anois mar sin ar theach na mBeirneach agus sinn ag díriú ar an tábhacht a bhain leis an spás seachadtha seo sa chéad chaibidil eile.

Caibidil a Cúig

Croí na Féile

Teach na mBeirneach

5.1 Réamhrá

Is ar theach Chlainn ‘Johnnie Johndy’ Uí Bheirn, Iomaire Mhuireanáin, Teileann, a dhíreofar sa chaibidil dheireannach seo de chuid an tráchtais. Sa chéad chuid den chaibidil, pléifear an tábacht shíceolaíoch a bhain leis an áit dúchais agus le hócáidí sóisialta rialta; is é an t-amhrán áitiúil ‘Bríd Bhán’ a osclós amach an plé ar cheisteanna a bhaineann leis an chumha agus leis an chuideachta. Ansin amharcfar go hachomair ar chuid de na tuiscintí i leith ról an tí i seachadadh an traidisiúin bhéil in Éirinn. As sin, díreofar go mion ar chuid de na gnéithe sóisialta éagsúla a bhain le teach na mBeirneach, Iomaire Mhuireanáin: suíomh an tí, fáilte agus féile, agus an t-airneál san oíche. Bhí tionchar ag an teach ar bhailiúchán Sheáin Uí Eochaidh i dTeileann, agus sa dóigh chéanna, bhí tionchar ag an bhailitheoir béaloidis áitiúil ar nósmaireacht na cuartaíochta sa teach fosta. Ba é seasmhacht an tí áirithe seo i ndialann goirt Uí Eochaidh a spreag mé i dtús báire le mionscagadh a dhéanamh ar chorpas na sársheanchaithe a pléadh le linn an tráchtais seo: Máire Ní Bheirn, Conall Ó Beirn, Máire Uí Cheallaigh agus Mícheál Ó hIghne. Ba é an teach seo fosta a threoraigh ár n-aistear taighde ar na seanscéalta fada agus ar an mhionseanchas a pléadh i gCaibidil a Trí agus i gCaibidil a Ceathair. Tá sé in am trátha mar sin an cheist a chur: cad é a bhí chomh saoihiúil sin fá theach seo na mBeirneach? Cén dóigh a raibh tionchar chomh mór sin ag teach beag ceann tuí amháin ar bhailiúchán náisiúnta an bhéaloidis sa cheantar? Is fiú coincheap an tí a chíoradh go mion le tuiscint níos iomláine a fháil ar an dóigh ar bailíodh an t-ábhar ann.

Ba sa teach seo a bhí cónaí ar Mháire Ní Bheirn agus ar a cuid deartháireacha, Conall ina measc, i gcaitheamh ré órga an Choimisiúin nuair a bhí tionscnamh bailitheoireachta Sheáin Uí Eochaidh faoi lánseol i dTeileann (1935-1976). Is iomaí cur síos mion cuimsitheach a dhéanann Ó hEochaidh ina dhialann goirt ar sheachadadh an chultúir bhéil i dteach seo na mBeirneach, Iomaire Mhuireanáin, Teileann. Fuair muid blaiseadh de chuid d’imeachtaí an tí agus mionseanchas Mháire Ní Bheirn agus

Mháire Uí Cheallaigh á phlé againn i gCaibidil a Ceathair. Is cosúil gurbh í Máire ceann an tí óir ba ise an té ba shine de chuid na clainne agus ba ghnách le Seán Ó hEochaidh ‘teach Mháire’ a thabhairt mar ainm ar an teach go rímhinic fosta (CBÉ 1108: 575; CBÉ 1109: 560, 541). De thairbhe shaothar Uí Eochaidh mar bhailitheoir gairmiúil béaloidis ina cheantar dúchais i dTeileann agus mar gheall ar an mhéid ama a chaith sé i mbun bailitheoireachta i dteach na mBeirneach, thiocfaí a rá go ndearnadh institiúidiú ar an teach féin idir 1935 suas go dtí 1976 agus obair an Choimisiúin faoi lánseol. Is cuí clabhsúr a chur leis an tráchtas le mionanailís ar an teach as ar eascair an saothar taighde seo.

Cén ról a bhí ag teach na mBeirneach i sealbhú an traidisiúin bhéil i gceantar Theilinn sa tréimhse ina raibh Seán Ó hEochaidh ceaptha ina bhailitheoir béaloidis de chuid an Choimisiúin i dTír Chonaill? Cén dóigh ar tharlaigh sé go ndearnadh institiúidiú ar theach na mBeirneach seachas teach áirneáil ar bith eile i dTeileann? I gCaibidil a Trí agus a Ceathair, tháinig sé chun cinn gur bhain tábhacht as cuimse leis an spás chuí ó thaobh sheachadadh an bhéaloidis de. Sholáthair na tithe áirneáil spásanna ina dtiocfaí an traidisiún béil a shealbhú agus a sheachadadh go rialta. Níl mé ag maíomh nach mbíodh spásanna seachadta eile lárnach i sealbhú an traidisiúin bhéil fosta, i.e. an fharraige, feirmeoireacht, siúl na gcos agus eile (Féach Briody, 2015: 62-63). Is réimsí seachadta eile atá iontu siúd a sháraíonn scóip an tráchtais seo agus is cinnte gur gá taighde cuimsitheach a dhéanamh amach anseo ar sheachadadh an chultúir i measc na n-iascairí go háirithe i gceantair chois cósta ar nós Theilinn. Cibé cúis de, i gCaibidil a Ceathair tháinig muid ar sheoda eolais faoi spás an tí i rith an lae i dTeileann — mná agus páistí óga a bhíodh ag cleachtadh a gceirde a fhad is a bhíodh na fir amuigh ag iascaireacht. Chonaic muid sa chaibidil sin fosta gur sholáthair teach na mBeirneach na coinníollacha bailitheoireachta foirfe do Mháire Ní Bheirn agus dá comrádaí, Máire Uí Cheallaigh a gcuid seanchais a sheachadadh go sócúil i rith an lae agus iad ag freagairt na gceisteanna de chuid *AHIF* godian dícheallachsna 1940idí. Ba é an teach seo a sholáthair an spás do Chonall Ó Beirn, an scéalaí a pléadh i gCaibidil a Trí, agus dá chuid deartháireacha a gceird a fhoghlaim fosta. Mar a pléadh i gCaibidil a Dó, ba os comhair theallach mhuintir Johnnie Johnndy Uí Bheirn a rinne Mícheál Ó hIghne a shárthaispeántas scéalaíochta don *Picture Post* sa bhliain 1946. B’ann a thairfead Séamus Mac Aonghusa amhráin, ceol uirlise agus seanchas sna 1940idí fosta.

Agus mionanailís déanta againn ar dhornán beag bídeach de stór Mháire Ní Bheirn, Mháire Uí Cheallaigh, Chonaill Uí Bheirn agus Mhícheáil Uí Ighne i gCaibidil a Trí agus Caibidil a Ceathair, is mithid dúinn anois breathnú go mion ar an fhianaise a chur Ó hEochaidh chun pinn (i.e. a dhialann goirt) ar an teach áirneáil iomráiteach siúd. Ba sa teach seo a bhíodh scléip na hoíche agus go deimhin, go leor scléipe agus gleo i rith an lae fosta idir áirneál, comhrá agus ceol. Bhíodh cur chuige measartha rialta ag Seán Ó hEochaidh i dTeileann de thairbhe lárnacht an tí seo agus é ag bailiú ón líonra ban i rith an lae agus ó lucht an áirneáil (arbh fhir a mbunús) sa teach chéanna nuair a thiteadh dorchadas na hoíche. Ba é an teach seo croí na féile. Mar sin de, fiosrófar sa chaibidil seo cén tionchar a bhí ag teach na mBeirneach ar thionscadal bailithe Sheáin Uí Eochaidh i dTeileann. Ar an taobh eile de, fiosrófar na ceisteanna seo a leanas: cén tionchar a bhí ag an bhailitheoir béaloidis áitiúil ar phróiseas an tseachadta agus ar phróiseas an áirneáil go minic, i dteach na mBeirneach? Déanfar anailís ar chleachtas an áirneáil i dteach na mBeirneach sa tréimhse ina raibh Ó hEochaidh i mbun bailithe. Mar shampla, ar tháinig athrú ar na cineálacha ábhair a roghnaíodh mar chuid de shiamsaíocht an áirneáil de thairbhe Ó hEochaidh a bheith i láthair lena leabhar nótaí? Cad chuige a raibh an teach seo chomh haitheanta sin thar aon teach eile sa cheantar, agus cad chuige ar roghnaíodh teach na mBeirneach arís agus arís eile mar áit chruinnithe le spriocanna thionscadal bailithe an Choimisiúin a chomhlíonadh?

5.2 Mórtas Áite: ‘Bríd Bhán’

I dtaca le tábhacht an tí de, agus sinn ag iarraidh a ról mar ionad taifeadta a thuigbheáil ar bhealach níos cuimsithí, seift phraiticiúil úsáideach é súil a chaitheamh ar chuid den ábhar a bailíodh ann. Agus ó tharla gurbh í Máire ceann urraidh an tí, is fiú amharc ar mhír a bailíodh uaithise. Pléadh cuid den tseanchas a thug Máire uaithi roimhe seo, ach níl ansin ach cuid an dreoilín dá raibh aici. Ar cheann dá buanna móra bhí bua an cheoil agus bhí neart amhrán agus poirt ar a teanga aici. B’fhéidir nach raibh amhrán ba ghaire dá croí ná ‘Bríd Bhán’ agus dá réir sin tá sé i gceist agam anois mionscrúdú a dhéanamh air, maidir leis na tuiscintí a fhaightear ann agus an nasc atá acu le teach na mBeirneach mar chroí-ionad sóisialta i dTeileann agus láthair thábhachtach do bhailiú an bhéaloidis ina dhiaidh sin. Tá sé sa tseanchas gurbh í Bríd Bhán Ní Eochaidh, as Rann na Cille, Teileann a chum an saothar áitiúil seo (c. deireadh an 18ú

haois) nuair a bhog sí go Mín an Bhainne, ceantar na nGleanntach, i ndiaidh di fear darbh ainm Seán Ó hEigheartaigh, as paróiste Chill Chartha, a phósadh (Mac Seáin 1973: 78-79; Ó Laoire, 1989: 136-137; Ó Laoire, 2012: 711). Is léiriú atá san amhrán ar bhean óg a bhí scoite amach óna pobal áitiúil agus óna cuid daoine i dTeileann nuair a bhog sí ar shiúl óna ceantar dúchais:

Brid Bhán Ní Eochaidh

Ní h-anann domh a' sliaú²⁰ a' baile tá 'mo dhéi'

Is trua 'Dhia nach bhfuil mé aríst ann

Unsa teach mhór tá deánta 'r thaoibh a róid

'Smé bheith gan bó gan caíora.²¹

Ní bhéinn in mur gclúid anois teacht a' Dónaí²²

Bheaú a' t-aifreann do mo chomhair agus mo dhaoíní

'S dá mba liom Éirinn anuas ó Loch Éirne—

I dTeileann thiar a bheinn mo chónaí

A Bhríd Bháin a ruain glac misneach a bheas mór

Agus ná cluintear thusa i gcónaí ag éagcaoin

Níl éinní ar a dómhan abhfaca tú le fós (feabhas)

Nach mbéi aghainn 'san áit abhfuil tú

Caoirí go leór, eallach agus góbhair

Tá mbeaú aghainn go bhfaighinn-se féar daíobh

Na'r ró-dheas ár ndóigh an tora²³ 'gus an ghráin

Agus an bradán ar an abhainn a' léimní.

Tá na caoirí gan dóigh, an crupán ar na buaibh,

Tá'n galar ar na góbhair 'sna h-altaibh,

'Sa mhéad do mo bhrón, níl annseo ach móin,

'Sa chíb dhú²⁴ ní maith a' féar í

²⁰ sliabh

²¹ caora

²² teach an Domhnaigh

²³ toradh

²⁴ sa chíb dhubh

Caibidil a Cúig: Croí na Féile — Teach na mBeirneach

An méid bradán agus éisc dar snáimh cuan Theileann ariáu²⁵

Tearait²⁶ siad aniar faoi'n ghárraí

Ní thóirhinn²⁷ thart mo shiúl le tursa²⁸ is le cúmhaí²⁹

Mar tháinig mé in-a gclúid ghránna

(Máire Ní Bheirn; bailitheoir: Séamus Mac Aonghusa) (CBÉ 1282: 113-114)

Is beacht mar a chuimsíonn an t-amhrán cuid de na gnéithe tábhachtacha a bhain leis an tsaol shóisialta i dTeileann sa naoú haois déag. Cheol Máire Ní Bheirn leagan den amhrán do Shéamus Mac Aonghusa agus é ar cuairt sa cheantar sa bhliain 1943 agus gach seans gur ina teach féin a cheol sí é. Seans go ndearnadh athchúrsáil ar an fhiteán a bhí in úsáid leis an taifeadadh a dhéanamh ar an éideafón nó seans díreach gur scríobhadh de lámh é. Tá trí thaifead ar a laghad sa chartlann de Mháire Ní Bheirn ag ceol an amhráin ó thréimhsí níos moille; taifead a rinne Philip Stuart idir 1966-1967 (CBÉ C0001), taifead a rinne John Dunne idir 1970-1971 (CBÉ C0941) agus taifead a rinne Mícheál Ó Domhnaill sa bhliain 1974 (CBÉ MÓD0022B). Is furasta a fheiceáil mar a thaitneodh an t-amhrán go mór le bunadh Theilinn. Maíonn Ó Laoire go mb'fhéidir gurb í 'an file áitiúil is mó a bhfuil cáil uirthi sa lá atá inniu ann san Iardheisceart' (1989: 136). Go deimhin, b'fhéidir gurb í Bríd Bhán Ní Eochaidh an t-ealaíontóir dúchasach is mó cáil ó cheantar Theilinn — éacht mór go háirithe má chuirtear san áireamh gurbh iad na fir den chuid is mó a bhain clú amach sna healaíona béil i dTeileann, mar a pléadh i gCaibidil a Dó, a Trí agus a Ceathair. Is é is spéis linn ó thaobh ábhar na caibidle seo de, ná an tábhacht a bhain leis an spás, leis an teach agus leis na comharsana. Ní rud úrnua a bhí sa teacht le chéile i dteach na mBeirneach, Iomaire Mhuireanáin i lár an fichiú haois. Bhain tábhacht nach beag leis an teacht le chéile sóisialta do na daoine a chleacht ealaín an bhéaloidis riamh anall. Cén tábhacht a bhain le hócáidí sóisialta rialta i measc phobail bhochta tuaithe?

Bhain tábhacht nach beag leis an tsaol shóisialta agus leis an chomhlúadar a sholáthair cleachtais an traidisiún béil i gceantair Ghaeltachta ar nós Theilinn. Is cosúil gur chum Bríd Bhán Ní Eochaidh an t-amhrán siocair go raibh sí scartha óna cuid daoine agus í

²⁵ riamh

²⁶ Tarra siad

²⁷ Ní thabharfainn

²⁸ tuirse

²⁹ cumha

ar deoraíocht, tuairim is 39 ciliméadar nó mar sin ón bhaile, i Mín an Bhainne. Bhí sí i dtathí ar mhórchéantar iascaireachta ina raibh beocht agus comhlúadar san áit agus nach raibh a shárú ann dar léi: ‘S da mba liom Éirinn anuas ó Loch Éirne/ I dTeileann thiar a bheinn mo chónaí (CBÉ 1282: 113). Meabhraítear an tábhacht a bhain le deiseanna sóisialta a bheith ag daoine teacht le chéile lena gcuid comharsan agus a gcuid gaolta ar bhonn rialta. Chothaigh an traidisiún béil struchtúir shóisialta do dhaoine, a thug misneach agus faoiseamh aigne dóibh d’ainneoin chruatan an tsaoil. San amhrán, déanann Bríd Ní Eochaidh cur síos géar ar a háit chónaithe nua amuigh san iargúlacht i measc Shléibhte Thír Chonaill agus gan oiread is an radharc ba lú aici ar an fharraige. Leagann sí béim ar an bheocht atá i dTeileann *versus* an chumha atá uirthi sa teach cónaithe nua; mar shampla, cronaíonn sí an teacht le chéile sóisialta ag an aifreann, an dlús lena comharsana agus lena cuid gaolta, agus beocht na hiascaireachta. Baineann tábhacht nach beag leis na focail ‘mo dhaoíní’ san amhrán (CBÉ 1282: 113). Is cuí mar a shainmhíníonn na focail ‘mo dhaoíní’ cuid de príomhthéamaí na caibidle: an duine, an áit chónaithe, agus tábhacht na ngréasán sóisialta i dTeileann. Cad chuige a raibh na gréasáin shóisialta chomh tábhachtach sin i sochaithe traidisiúnta Gaeltachta ar nós Theilinn? Cén mhaitheas a dhéanadh cleachtas rialta na dtraidisiún béil do mhisneach na ndaoine?

Ní de thimpiste a bhí an t-amhrán ‘Bríd Bhán’ ar cheann de mhóramhráin Mháire Ní Bheirn ach oiread. Is léir gur chuir sí dúil san amhrán agus é ceolta go binn aici do Shéamus Mac Aonghusa nuair a bhí sé ar cuairt sna 1940idí agus do na cuairteoirí eile a rinne taifeadtaí di sna 1960idí agus sna 1970idí ar nós Phil Stuart, John Dunne agus Mhícheáil Uí Dhomhnaill mar a luadh cheana (CBÉ C0001; CBÉ C0941; CBÉ MÓD0022B). Siocair nár díriodh ar amhráin Mháire Ní Bheirn sa tráchtas seo nó leoga, ar an bhua a bhí aici sa phortaíocht bhéil, is cuí mar a osclaíonn an t-amhrán seo an plé a dhéanfar ar a teach féin sa chuid eile den chaibidil seo — teach ina ndéantaí an amhránaíocht, an ceol, an scéalaíocht, an seanchas agus eile a chleachtadh go rialta. Bhí sé d’ádh ar Sheán Ó hEochaidh go raibh caidreamh maith aige lena dhaoine muinteartha in Iomaire Mhuireanáin, Teileann — ceann de na tithe áirneálacha ba ghnóthaí agus ab iomráití i ndeisceart Thír Chonaill san fhichiú haois.

5.3 An Teach Áirneáil: ‘the notion of home’

Ina shaothar ceannródaíoch, *The Poetics of Space*, maíonn Gaston Bachelard: ‘all really inhabited space bears the essence of the notion of home (2014: 27). Leagann sé béim ar an cheangal shíceolaíoch atá ag an duine le spás an tí. Dóibh siúd a bhfuil teach nó foscadh acu, is mór an tionchar a imríonn an spás sin ar chuimhne an duine. Ardaítear an cheist mar sin: cad é is ‘baile’ ann? Féadfaidh go gcothódh an teach spás sóisialta do dhaoine bailiú le chéile fosta agus bhí níos mó i gceist le spás an tí ná áit a dtiocfadh le daoine foscadh a fháil. I gcomhthéacs bhéaloideas na hÉireann de, is mór an tionchar a bhíodh ag tithe cuartaíochta ar chleachtas rialta an traidisiúin bhéil. Is beacht mar a shainmhíníonn Henry Glassie as nasc idir an teacht le chéile sóisialta agus daingniú an phobail áitiúil agus é ag trácht ar ról an chéilí i gcontae Fhear Manach. Deir sé:

Balls and joins are gone. Ceilis [*sic.*] endure. Though diminished and restrained, the old conjunction of pleasure and social purpose, of aesthetic and ethical values—the ‘entertaining,’ the ‘good’ —is achieved anew when the tea appears and talks cracks, when the neighbors bring a little happiness into the night while reaffirming the relations that make them more than people who chance to live near another.

In ceilis, people are ceiliers, part of a company. Tomorrow they will be neighbors, people who work together and count on one another when troubles come. In other scenes they have other identities, other performances. Ceilis are not the only current occasion for art, nor are ceili [*sic.*] tales the District’s only stories. (Glassie, 1995: 77)

Aithníonn Glassie na rólanna éagsúla a bhíonn á n-imirt ag comharsana i sochaithe tuaithe traidisiúnta. Taobh amuigh de na céilithe nó de na hoícheanta áirneáil, bíonn obair le déanamh ag na comharsana le teacht i dtír ó chruatan an tsaoil. Baineann tábhacht nach beag leis na focail: ‘the neighbors bring a little happiness into the night while reaffirming the relations that make them more than people who chance to live near another’ (Glassie, 1995: 77). Leag Henry Glassie modheolaíocht amach sa tsaothar seo a thug cothrom na féinne do na réimsí éagsúla den traidisiún béil (ceol, seanchas agus scéalaíocht) chomh maith leis na spásanna éagsúla ina ndéantaí iad a chleachtadh. Bhain daonnacht agus comharsanúlacht leis na hoícheanta seanchais agus scéalaíochta sna tithe cuartaíochta san fhichiú haois. Bhain tábhacht shíceolaíochta leis na cruinnithe sóisialta i dtithe cuartaíochta ar nós theach na mBeirneach i

dTeileann fosta. Bhíodh spreagadh intleachtúil le fáil i dtithe maithe áirneáil chomh maith le siamsaíocht agus féile. Taobh amuigh de spás an tí áirneáil, bhíodh deiseanna seachadta eile ag na comharsana an ealaín bhéil a chleachtadh chomh maith. Mar sin féin, chothaigh spás an tí áit ina dtiocfadh le daoine brath ar chomhluadar, ar chomhrá agus ar chomharsanúlacht ar bhonn rialta in aon áit aontaithe amháin— áit a mbíodh tógáil croí le fáil acu.

Ní nach ionadh gurb é an teach áirneáil an spás seachadta is aitheanta i léann an bhéaloidis in Éirinn san fhichiú haois. Is cinnte gur minic a dhéantaí idéalú ar ról an áirneáil i seachadadh an chultúir in Éirinn (Ó Duilearga, 1945) agus go ndéantaí neamhaird, b'fhéidir, ar shuíomhanna seachadta eile sa scoláireacht dá bharr, faoi mar atá aitheanta ag Mícheál Briody (2015: 62-63). Ag trácht ar an chur síos a dhéantar ar an áirneál in GS, maíonn Briody: 'In GS, Ó Duilearga depicts a rather structured social institution of regular, large-scale, mainly male-dominated, night-time storytelling during the winter months, where even if younger men were present, their elders took centre stage' (2013: 1). Tugann Briody suntas don tionchar a bhí ag Ó hEochaidh ar ábhar na léachta, agus comparáid déanta aige idir an cuntas a sholáthair Ó hEochaidh agus cuntas ar an áirneáil de chuid Niall Uí Dhubhthaigh as an Bhealtaine, Gort an Choirce, a bhí ina fháisnéiseoir agus ina chara ag Ó hEochaidh (2013: 6). Deir sé:

However, if he [Ó Duilearga] had summarised what Ó Dubhthaigh had to say about the *airneán* [*sic*] in Gortahork in the old days, instead of commissioning an account from Ó hEochaidh, the picture we would get of a supposedly typical, old-time *airneán* from GS would be quite different. (Briody, 2013: 6).

Bíodh sin mar atá, is ar chuntas Uí Eochaidh a tharraing an Duileargach cuid mhaith agus an léacht á tabhairt aige. Is cinnte go raibh an rómánsachas agus an ársaíocht i dtreis sa chur síos a rinneadh ar an áirneál ón 19ú haois, mar a aithníonn Briody. Mar sin féin, is maith an léiriú atá in ábhar na léachta ar idé-eolaíochtaí an Duileargaigh chomh maith le hidé-eolaíochtaí Uí Eochaidh. Is cinnte gur institiúid bhéaloidis a bhí i dteach na mBeirneach, Iomaire Mhuireanáin san fhichiú haois nuair a bhí sé i mbarr a réime. Ní raibh i dteach Chlainn Uí Bheirn ach ceann de na suíomhanna seachadta a bhíodh in úsáid ag na líonraí béaloidis áitiúla. Mar sin féin, bhí sé ar cheann de na príomhspásanna seachadta a bhíodh á úsáid ag Ó hEochaidh dá thionscadal bailithe a

mhair tréimhse dhá scór bliain sa cheantar. Trí aird a dhíriú ar na modheolaíochtaí a chleacht Ó hEochaidh i dteach na mBeirneach, faightear tuiscint níos fearr ar an tionchar a bhí ag bailiúchán náisiúnta an bhéaloidis ar an líonra béaloidis áitiúil i dTeileann — ceantar a raibh tionchar nach beag aige ar ábhar *GS*.

Baineann tábhacht as cuimse leis an áit a ndéantar an traidisiún béil a shealbhú agus a sheachadadh. Is é atá a mhaíomh agam ná nach féidir tuiscint chruinn nó iomlán a fháil ar an ealaín bhéil gan na spásanna ina ndéantar an ealaín sin a shealbhú a chur san áireamh. Léirítear sa traidisiún béil, an caidreamh idir an duine, an áit chónaithe agus an timpeallacht. Is iad na daoine a shainmhíníonn an spás thart timpeall orthu. Maíonn Ó Giolláin gur ‘gnáthaí a thuigtear an cultúr i dtéarmaí an cheangail le dúthaigh faoi leith, agus tugann litríocht léann an bhéaloidis agus na hantraipeolaíochta go leor fianaise air sin’ (2005: 45). Áitíonn sé ‘Gan an ceangal le pobal faoi leith, níl dúthaigh ann ach spás, fairsinge, atá folamh go bunúsach’ (Ó Giolláin, 2005: 45). Líonann an pobal áitiúil spásanna éagsúla agus cuireann siad eagar sóisialta ar an dúiche dá réir. Bíonn tionchar nach beag ag an áit chónaithe ar shaoldearcadh an duine. Bhí ról fíorthábhachtach ag tithe cuartaíochta ar nós theach na mBeirneach i gcothú an phobail áitiúil, i gcothú an traidisiúin bhéil agus i gcothú na teanga i gceantair Ghaeltachta san fhichiú haois. Amharcaimis, mar sin, ar an tionchar a bhí ag teach na mBeirneach ar shaothar Sheáin Uí Eochaidh i dTeileann agus ar an tionchar a bhí ag an bhailitheoir ar an líonra béaloidis áitiúil a bhíodh ag tarraingt ar an teach go rialta.

5.4 Teach na mBeirneach: suíomh

Teach beag ceann tuí a bhí i dteach na mBeirneach, Iomaire Mhuireanáin, Teileann, a bhí suite ar thaobh an bhealaigh mhóir. Is é an bóthar sin a bhfuil dromchla tarmac anois air an príomhbhealach go Sliabh Liag agus Bun Glas sa lá inniu agus é dubh le daoine a bhíonn ag tabhairt faoi Shlí an Atlantaigh Fhiáin. Tá an teach fós ann agus é gnóthach le cuairteoirí go fóill ó tharla gur teach ‘Airbnb’ atá ann anois; is í Linda Ní Chuinneagáin, garíníon le Ciotáí Seáin Uí Chuinneagáin (a thóg a cuid amhrán ó Mháire Ní Bheirn, mar a pléadh i gCaibidil a Ceathair) a fháiltíonn cuairteoirí ó gach cearn den domhan chun tí. Idir 1935-1976, ba mhinic a bhíodh an teach seo lán go dorasfosta agus go deimhin, cuairteoirí agus scoláirí idirnáisiúnta ina measc. Bhí

suíomh an tí an-fhóirsteanach do bhunadh Chruachlanna, na Ceapaí, an Bhaile Mhóir agus do chuid de bhunadh Rann na Cille fosta. Iomaire Mhuireanáin nó Baile an tSrutháin an seoladh baile a thugtar ar an áit i lámhscibhinní Mháire, Chonaill, Pheadair agus Thomáis Uí Bheirn. Is é Iomaire Mhuireanáin an t-ainm aitheanta a thugtar ar an bhaile fearainn, agus mionlogainm is ea ‘Baile an tSrutháin’ a thugtar ar an áit a raibh teach na mBeirneach suite. Áit chruinnithe aitheanta a bhí sa teach seo i measc chuid de bhunadh na háite i dTeileann sular thosaigh Ó hEochaidh ag bailiú béaloidis sa teach ar bhonn oifigiúil ar chor ar bith. Mar a dúirt Ó hEochaidh ina chuntas dialainne sa bhliain 1944 ‘Bhí fáilte agus fiche ariamh roimh ‘ach uile dhuine ó’n fhear – siubhail go dtí’n fear – uasal – i dtoigh Chloinn Uí Bheirn’ (CBÉ 1108: 133) (30.05.1944).

Bhain an teach cáil amach mar gheall ar an fháilte agus an fhéile a bhíodh ar fáil go flúirseach ann nuair a bhí muintir Johnnie Johndy Uí Bheirn ina gcónaí ann. Go deimhin, tá an teach aitheanta ag Ríonach uí Ógáin ina mórsaothar ar dhialann taistil Shéamuis Mhic Aonghusa: *‘Mise an Fear Ceoil’: Séamus Ennis — Dialann Taistil* (2007). In innéacs an leabhair, tugann uí Ógáin an t-eolas seo a leanas agus í ag cur síos ar Mháire Ní Bheirn:

Máire Ní Bheirn, Bealach Bhun Glas, An Charraig. Clann Johnny Johndy Ó Beirn a thugtaí orthu — Máire, Peadar *q.v.* agus Condy [...] muintir/tígh **Uí Bheirn**, Bealach Bhun Glas, An Charraig. Bhí an teach tógtha ar idirthalamh, idir Iomaire Mhuireanáin agus an Cheapach Uachtarach. (uí Ógáin, 2007: 399)

Aithníonn uí Ógáin go mbíodh an teach áirneáil seo ag freastal ar chúpla baile fearainn fosta. Tímid gur ‘Bealach Bhun Glas’ seachas Iomaire Mhuireanáin a thugtar mar sheoladh an tí anseo fosta agus leoga é cruinn mar chur síos ar an áit — bheadh ‘Bealach Bhun Glas’ ag teacht leis an chlaochlú a tháinig ar an ród sceirdiúil siúd de bharr fhorbairt na turasóireachta sa cheantar. Bhí an teach suite ar spás tairseachúil idir trí bhaile agus thiocfaí a mhaíomh go raibh neodracht áirithe ag baint le suíomh an tí agus cead ag muintir na mbailte eile isteach ann. Teach cuartaíochta an-lárnach go deo a bhí ann idir 1935-1976 a bhí deas fóirsteanach do dhaoine a bhíodh ag dul thar bráid agus iad ag dul a fhad leis an ché, chun na Carraige, ag teacht ar ais ón aifreann, ó oifig an phoist, ó laethanta aonaigh agus ar aile. Ina chuid taighde ar

thraidisiún na bothántaíochta i gCorca Dhuibhne, mar shampla, maíonn Caoimhín Ó Sé go mbíodh tarraingt faoi leith ar an teach a bheadh suite in áit bhreá lárnach agus luann sé go mbíodh an-tóir ag iascairí ar thithe a bheadh cois na farraige (2001: 5-6). Deir sé, mar shampla, go mbíodh an-tóir ar theach Uí Chearnaigh ar an Bhlascaod a raibh an ‘Dáil’ mar leasainm air; ba theach cuartaíochta an-lárnach é siocair go raibh sé suite in aice le ceann de thoibreacha an oileáin (Ó Sé, 2001: 6).

Chothaigh teachín beag na mBeirneach spás cruinnithe do chuid de phobal áitiúil an bhéaloidis i dTeileann teacht le chéile agus an ealaín bhéil a sheachadadh cois teallaigh ar bhonn rialta. Bhí feidhm thábhachtach shóisialta ag an teach fá choinne daoine a raibh an dúil chéanna acu i gcúrsaí teanga, béaloidis agus ceoil a tharraingt le chéile san áit chéanna. Agus é ag trácht ar thábhacht an teallaigh agus na tine i dtithe traidisiúnta ha hÉireann; mhaígh Caoimhín Ó Danachair:

THE HEARTH IS THE focal point of the old-fashioned Irish farmhouse. This is in keeping with a very ancient tradition; the very word focus meant a hearth in its original Latin. In Ireland it always was found in the main room of the house, the combined kitchen and living-room. It was towards the middle of the house and the wall behind the fireplace separated the kitchen from the principal bedroom. The hearth gave direction and orientation to the whole house [...] For the main hearth in the kitchen was not only the centre of household work and activity but also the centre of the social life of the house. (Danaher, 1964: 15)

Ba é an seomra ina raibh an teallach an seomra ba thábhachtaí sa teach. D’athin Henry Glassie an méid seo fosta agus é i mbun taighde antraipeolaíochta i gcontae Fhear Manach sna 1970idí. Ba é seo an méid a bhí le rá aigesan faoin chistin — an áit a mbíodh an teallach:

The kitchen is not a private space. It is gracefully vulnerable, open and occupied. People from without pierce quickly to its very center, where a fire burns, ready to boil water for tea. People within must pass through the kitchen as they move from space to space, and as they do, they orient themselves by the hearth, gauging every movement as carrying them up or down. When motion stops, people are usually in the kitchen, at the hearth. There they sit, ready to give talk and aid, ready for encounter to eventuate in union. While life passes through the center of the house, seeking order at its midmost point, other volumes are sealed off. (Glassie, 1995 [1982]: 338)

Bhí ról tábhachtach ag teallach na mBeirneach i saol sóisialta Theilinn i lár an fichiú haois fosta agus is fiú na tuiscintí seo i dtaca le lárnacht shóisialta an teallaigh a choinneáil inár n-intinn agus na hócáidí cuartaíochta faoi chaibidil anseo againn.

Cé nárbh é teach na mBeirneach an t-aon teach seasmhach nó an t-aon teach lárnach a bhíodh ag freastal ar líonraí béaloidis Theilinn i gcaitheamh an fichiú haois, is cinnte gurb é an teach áirneáil is suntasaí a thagann chun cinn i ndialann goirt Sheáin Uí Eochaidh go fiú i dTír Chonaill ar fad (CBÉ 421, 1108, 1109 & 1289). Thiocfaí a rá gur shaotharlann bhéaloidis a bhí sa teach agus Ó hEochaidh agus scoláirí éagsúla ag tarraingt ar an spás chónaithe seo le heolas a chruinniú ar chúiseanna éagsúla. Bhíodh cuid mhaith den líonra seanchaithe a raibh Ó hEochaidh i mbun bailithe leo i dTeileann ag tarraingt ar theach na mBeirneach go mion minic agus iad luaite sa dialann goirt aige ó na 1940idí go háirithe, cuiream i gcás: Máire Uí Cheallaigh, Baile Mór; Seán Mac Seagháin (John Tamaí Seáin), Leirg an Dachtáin; Séamus Ó hEochaidh, an Cheapach Uachtarach; Seán Ó hEochaidh, Rann na Cille; Pádraic Mac Seághain, Baile Mór agus Aodh Ó Beirn, Cruachlann agus tuilleadh nach iad (CBÉ 1108, 1109 & 1289). Bíodh is go dtagann deireadh le cuntas na ndialann sa bhliain 1948, léiríonn bailiúchán na lámhscríbhinní gur choinnigh Ó hEochaidh air ag bailiú béaloidis i dteach na mBeirneach go dtí 1976 nuair a d'éag Máire Ní Bheirn, an té ba shine de chuid na clainne agus ceann an tí.

Sna hoícheanta áirneáil a tharlaíodh sa tréimse idir 1935-1976, lucht éisteachta áitiúil a bhíodh i gceist go minic. Ba dhaoine ón cheantar iad na cuairteoirí chun tí den chuid is mó agus cuid acu muinteartha dá chéile. Mar a luaigh Ó hEochaidh ina dhialann goirt agus é ag trácht ar theach na mBeirneach, chuirte fáiilte chroíúil roimh lucht siúil a bhíodh ar cuairt sa cheantar fosta (CBÉ 1108: 133). Tacaíonn corpas Mháire Ní Bheirn leis seo, agus deilíní curtha síos ag Ó hEochaidh uaithi sa bhliain 1972 a thóg sí ón lucht siúil ina hóige; deir sí sa chuntas go mbíodh sé de nós ag fear amháin ‘An Bacach Mór’ deilín a rá ag an doras sula n-iarradh bunadh an tí air teacht isteach (CBÉ 1791: 17-18). Is cuí mar a choimríonn an deilín cuid de na tuiscintí i leith na flaitiúlachta sa tsochaí thraidisiúnta:

Go mbeannuí Dia, Pádraig, Bríd agus Colm Cille an teach seo!

Agus do chomhluadar a bhean a' toighe (ná an fear)

Tá mé a tarraint ort leis na trí gártha is fearr

a tháinic i dtír anseo ariamh:

Na gártha guí, na gártha paidreacha agus na gártha beannacht

Deán déirce ar dhuine bocht dhireoil cosúil liomsa [...] (CBÉ 1791: 18)

Bhí sé tábhachtach go ndéanfadh an cuairteoir é/í féin a chur in aithne do bhunadh an tí go deas béasach agus ba ghifte a bhí sa deilín a bhí lán le beannachtaí agus tagairtí ann de mhórnaoimh na hÉireann: Pádraig, Bríd agus Colm Cille (CBÉ 1791: 18). Bhí seantaithí ag na Beirneach ar rialacha sóisialta na cuartaíochta ó bhí siad an-óg agus ba theach aitheanta é. Mar sin de, thiocfaí a rá go mbíodh lucht an áirneáil ag súil le cineálacha ábair faoi leith agus cur amach acu ar stór comónta scéalta, seanchais, amhrán agus eile. Agus é ag tosú amach ar a ghairm mar bhailitheoir béaloidis i lár na 1930idí, is cinnte go raibh teach áirneáil na mBeirneach ina chuidiú ag Ó hEochaidh. Bhí taithí nach beag ag muintir an tí agus ag cuairteoirí an tí ar thionscnamh náisiúnta an bhéaloidis agus faoi mar a pléadh i gCaibidil a Dó, cuireadh fáilte is fiche roimh an bhailitheoir ghairmiúil, Séamus Mac Aonghusa, leithéidí an *Picture Post* agus an canúineolaí idirnáisiúnta Heinrich Wagner cois teallaigh. Ó tharla go mbíodh oícheanta áirneálacha rialta ar bonn i dteach na mBeirneach cheana féin faoin am ar thosaigh Ó hEochaidh amach ar a ghairm mar bhailitheoir gairmiúil de chuid an Choimisiúin i mí Lúnasa 1935 (Ó Catháin 1989: 53) agus aithne mhaith aige ar lucht freastail an áirneáil, bhíodh sé in inmhe ábhar an áirneáil a stiúradh i dtreo a chuid oibre féin faoin am a raibh sé ina mháistir ar a cheird sna 1940idí (CBÉ 421, 1108, 1109 & 1289).



‘Roof, Teelin’; Grianghrafadóir: Caoimhín Ó Danachair (1946); CBÉ An Bailiúchán Grianghraf, A024.29.00030



‘The Dwelling-house: House in Teileann’. Grianghrafadóir: Caoimhín Ó Danachair (Nollaig, 1946). An Bailiúchán Grianghraf, A015.29.00254



‘The Dwelling-house: Houses in Teileann.’ Grianghrafadóir: Caoimhín Ó Danachair (Nollaig, 1946).
An Bailiúchán Grianghraf, A015.29.00255



‘The Dwelling-house: House in Teileann.’ Grianghrafadóir: Caoimhín Ó Danachair (Nollaig, 1946).
An Bailiúchán Grianghraf, A015.29.0008

5.5. Teach chroí na féile

Cé gur cinnte nach stráinséir ar bith a bhí in Seán Ó hEochaidh agus é ag tarraingt ar theach na mBeirneach, Iomaire Mhuireanáin, ba nós leis cuntais fhada bheachta a scríobh ina dhialann goirt ar shonraí tábhachtacha comhthéacsúla a bhain le láithriú an traidisiúin béil; mar shampla: muintir an tí, stair an tí agus suíomh an tí agus araile. Féach thíos mar shampla, an cur síos fada seo a scríobh Ó hEochaidh ar lá tipiciúil bailitheoireachta cois teallaigh i dteach na mBeirneach ar an 5 Nollaig 1944:

Bhí fhios agam go rabh tréan seanchais ag Máire, agus ina chuideachta sin bhí baramhail mhaith agam go mbéad sí neamh-ghnoitheach Thug mé liom mo lámh-leabhar agus garbh-scríbhín agus tharraing mé uirthé.

Chuir mé síos cunntas cheana fá dtaobh daoithe fhéin, agus an teach cheana féin, agus ní bán domh mórán a rádh fá dtaobh de annseo. Tá an teach ar thaoibh a' bhealaigh – deánta ar theórainn thrí bailte – Leirg a' Dachtáin, Ceapach, agus Iomaire Mhuireanáin – coirneál beag nach rabh baint ag duine ar bith dó ar thóg a h-athair cró toighe ann, agus dálda theach 'chroidhe na féile' sa scéal fad ó shoin, tá sé annsin ó shoin agus céad fáilte ag an t-saoghal mhór a bhéad ag 'ul a' bealach a dhul isteach 's amach ann – Is beag a d'fhág é ariamh ach oiread agus tart nó ocras air! Tá Máire 'na colceathair ag mo mhaethir fosta.

Bhí Máire, agus na deártharach Conall 7 Pádraic astoigh ag 'ul 'un boinn domh, agus bhí fáilte mhór rómham. Bhí craos bhréagh theineadh acú agus fágadh caoithir domh fhéin sa chlúid, agus thoisigh an seanchas – fá mo shúil, Toraigh, cogadh, agus an saoghal mór i dtoiseach ama, ach de réir a chéile fuair muid briste isteach 'sa chomhrádh a bhí a dhíoghbhail orm-sa. Chuaidh mé i gcionn pinn annsin, agus tharraing mé orm an lámh-leabhar.

Bhí Máire bréagh stuamdha, agus ní rabh moill ar bith oibriú léithe, agus tá an seanchus aici. Ba é an chéad bhiadh a chuaidh ar spaineóig daoithe é, agus tá shliocht uirthé! Tá sé aici. Is beag de na mráibh a bhfuil foighde acú suidhe síos agus freagar a thabhairt ar ceisteanna an lámh-leabhair, ach ní h-é sin do Mháire é. Tá ciall aici leis an rud atá a dhíoghbhail, agus bheir sí a cuid freagraí go h-íontach stuamdha.

Ní rabh mé i bhfad le h-obair go dtáinic seanchaidhe maith eile isteach – Máire Uí Cheallaigh, Baile Mór. Tá an Máire seo go díreach ion-churtha leis an bhean eile agus má tá dadaidh ann, ta sí níos féarr. Bhí muintir Mháire Uí Cheallaigh uilig na seanchaidhte, agus ní thiocfadh leis imtheacht uirthé-se de bhrigh, gur chaith sí a

saoghal sa doras ag an t-seanchaidhe chlúiteach – Conall Ó Cuinnigeáin. (CBÉ 1108: 454-457) (05.12.1944)

Luann Ó hEochaidh go raibh an teach suite idir Leirg an Dachtáin, an Cheapach agus Iomaire Mhuireanáin. Tugtar léargas maith dúinn ar stair an tí fosta. Ba é Séan Ó Beirn, ‘Johnnie Johndy’ a thóg an teach agus siocair gur gréasaí a bhí ann, bhíodh daoine seasta síoraí ag tarraingt ar an teach nuair a bhí Máire, Conall agus a gcuid deartháireacha ag fás aníos. Fear ceirde ab ea Séan Ó Beirn agus teach cuartaíochta a bheadh ann cibé ar bith siocair an cheird a bhí aigesan; ba ghá fáilte chroíúil a chur roimh chuariteoirí go meallfaí iad lena gcuid bróg a thabhairt ann lena bhfáil cóirithe. Luíonn sé le ciall go méadódh an fháilte an gnoithe. Luann Máire i gcuntas dá chuid a bailíodh sa bhliain 1946 go mbíodh na seanghréasaithe ag obair go ham codladta i gcónaí; sa chur síos faoin teideal ‘Leathar Gréasaithe’, deir sí:

Bhí m’athair fhéin ‘na ghréasaidhe, agus is minic nuair a bhíod sé réidh ag obair ‘san oidhche, a thugainn-se iarraidh an preacair leathair a bhíodh aige a scuabadh amach, ach níor leig sé domh sin a dheánamh ariamh. Chaithfidhe i gcomhnuidhe cuid an lae a dhóghadh. Ní h-eagla a bhíodh air roimhe shean-táirní nó rud ar bith mar sin ach oiread, ach bhí ciall ínteacht eile aige leis nach bhfuair muid amach ariamh. (CBÉ 1034: 378-379)

Bhí obair an ghréasaí fite fuaite leis an tseanchas. Sa dóigh sin, chuaigh Máire, Conall agus a gcuid deartháireacha i dtaithe ar chultúr na féile cois teallaigh. Ní de thimpist a luann Ó hEochaidh go raibh an fhlaithiúlacht sa dúchas iontu. Cé go raibh sárathne ag an bhailitheoir ar na Beirneach agus é mar chuariteoir rialta acu ó bhí sé féin ina ghasúr óg, ba ghnách leis comhrá béasach a dhéanamh le bunadh an tí i dtús báire sula dtosódh sé ar ghnó oifigiúil na bailitheoireachta agus spás s’acu á úsáid aige ar a shon. Thuig Ó hEochaidh go rímhaith na béasa agus na rialacha sóisialta a bhain leis an chuartaíocht agus cuairt tugtha aige ar mhórán tithe ar fud chontae Thír Chonaill faoi lár na 1940idí. Chomh maith leis sin, bhí stádas agus gradam faoi leith ag baint le teach na mBeirneach i measc an phobail áitiúil i dTeileann agus é aitheanta ag Ó hEochaidh go raibh clú ar mhuintir an tí siocair gur beag duine a d’fhág an teach a raibh tart nó ocras orthu. Thiocfaí a mhaíomh gur tréith a bhí sa fhlaithiúlacht a shamhlaít leis na mná sa tsochaí thraidisiúnta agus gur léiriú ar an bhean féin ab ea an cumas a bheadh aici bia agus deoch a roinnt lena cuid cuairteoirí. Díríonn Ó Laoire ar cheist na hinscne i dtaobh chultúr na féile agus é ag trácht ar an mhéid a bhí le rá ag

Sábha bean Mhic Eiteagáin as Cnoc na Muirleog, na Dúnaibh agus a bhí ina bean tí sa teach lóistín inar fhan Seán Ó hEochaidh agus é ag obair sa cheantar (2017: 132). Deir Ó Laoire:

She remarked to Seán [Ó hEochaidh] that to ask a guest whether they would take food was itself a failure of womanly hospitality, as they were sure to refuse. The correct behaviour was to prepare the food and then let the guest choose to partake or not (NFC 727, 106-7). Such behaviour indicates standards of generosity central to traditional Ireland's aristocratic gift giving mentality and how these remained important despite other accommodations to a modernizing society. (Ó Laoire, 2017: 132)

Is suimiúil mar a nasctar féile agus flaitiúlacht le dualgas na mná. Is furasta a thuiscint sa chomhthéacs seo mar a thit cáil theach na mBeirneach i dTeileann, ar chrann Mháire Ní Bheirn go minic seachas ar a cuid deartháireacha. Ardmholadh agus ardghradam ab ea é cáil mar sin a bheith ar theach i sochaí thraidisiúnta ar nós Theilinn i lár an fichiú haois. Bhí teas sa teach idir an tine agus an chuideachta.

Go deimhin, bhí an fhlaithiúlacht agus an fhéile riachtanach sa chruth is go mbeadh ráchairt ar an áirneál. Mar a mhíníonn Caoimhín Ó Sé i gcomhthéacs Chorca Dhuibhne de, níor fhóir sé don uile dhuine muintir an bhaile a bheith ag teacht chun tí s'acu, ní nach ionadh (2001: 3). Deir Ó Sé:

Bhíodh daoine eile scáthmhar, cuid acu nach mbraitheadh ar a gcompord i measc an tslua, ag an trácht ar a bheith ar a suaimhneas dá mbeadh muintir an bhaile ar leic an tinteáin acu. Thuigtí cás na ndaoine seo agus ba ghnách nach dtéití chucu ag bothántaíocht. (Ó Sé, 2001: 3)

Thiocfadh dó go mbíodh cuid de na daoine seo i mbun ceirde nó go raibh clann óg acu, mar a mhíníonn Ó Sé ach mar sin féin aithníonn sé go mbíodh tithe bothántaíochta maithe ann ina mbíodh clann óg sa teach fosta (2001: 3). Cibé cúis de, is léir nár chuir sé isteach nó amach ar Chlann 'Johnnie Johndy' Uí Bheirn, Iomaire Mhuireanáin muintir an bhaile a bheith ag tarraingt ar a dteach ar bhonn rialta. I gCaibidil a Trí agus i gCaibidil a Ceathair, chonaic muid gur tháinig sé chun cinn sna seanscéalta fada agus sa tseanchas gur bhain tábhacht nach beag leis an ghifte agus le hacmhainní pearsanta a roinnt sa tsochaí thraidisiúnta. Títear mórán samplaí de fhlaithiúlacht dá leithéid i gcuntais Uí Eochaidh ar na Beirneach. Is léir gur cuid lárnach den áirneál a bhí sa ghifte.

Is beacht mar a chuireann Ó hEochaidh síos, mar shampla, ar nádúr flaithiúil Mháire Ní Bheirn. Féach an cuntas thíos ón 9 Aibreán 1945, díreach roinnt míonna roimh dheireadh an Dara Cogadh Domhanda:

Tharraing mé orm mo leabhar nótaí, agus an láimh-leabhar béaloideas, ach sula bhfuair mé faille níos mó a rádh nó a dheánamh d'éirigh Máire 'na suidhe, agus tharraing sí an tábla a bhí i dtaoibh an toighe aníos go taobh na teineadh ins a' chlúid. Bhagair mé fhéin uirthé fá leithéid a thrioblóid agus a bhí sí a fhághail. 'Ó,' adeir Máire, 'béidh toighthe agus táblaí ann indiaidh ar mbáis, agus is bocht an rud do dhuine ar bith a bheith 'na shuidhe ag iarraidh a bheith a scríobhadh ar a ghlún agus tábla ag 'ul amudha.'

An iarraidh dheirionnach a bhí mé i dtoigh Mháire bhí mé ag obair ar chomharthaí de 'ach uile chineál as an láimh – leabhar. Lean me de'n t-seanchas sin le Máire indiú. Ní rabh ceist ar bith ar chuir mé uirthé nach rabh freagar aici domh, agus ní h- é amháin freagar a thabhairt ar an cheist, bhí scéal nó dhó aici fá 'ach uile cheist.

Lean muid linn ag obair mar sin go tráthnóna. Nuair a tháinig an t-am ar ghnáthach an tae a dheánamh, d'éirigh Máire an-imnidheach. Ní rabh tae ar bith aici, ach mar sin fhéin rinn sí dhá bhoul mhóra coifí. Bhí cárta in 'ach uile cheann acú. Sin mhaith [*sic.*] mhór eile a bhí in Máire. Bhí sí fial fearamhail agus an rud a bhéadh aici ní cheilfead sí ar dhuine ar bith é. Bhí an chliú chéadna ag a muinntir roimpí, agus measaim nach bhfuil teach ar bith eile i gCo. Dhún na nGall is mó a rinn biadh gan díolaidheacht nó an teach seo. Bhí sé annsin ar ghruaibhín an bhealaigh mhóir, agus ní rabh duine ar bith a rabh a teacht nó ag imtheacht nach mbeannochadh isteach ann – oidhche nó lá, luath nó mall – b'ionann é. Dá dteightheá isteach ann Dé Dómhnaigh, nuair a bhéadh na daoine a teacht abhaile ó'n aifrionn, shaoilfeá gur teach-pobail beag a bhí ann fhéin – bhéadh daoine cupla baile astoigh annsin, agus an phlé agus an callán a bhéadh acú chuirfead siad clár ar do dhá chluais. Creidim go rabh sin 'na chuideadh mhaith oiread seanchais a fhághail ag bunadh an toigh. Bhí an t-athair a gréasoidheacht rith a shaoghail annsin agus creidim gur chuididh sin siubhal níos mó daoine a fhágáil [*sic.*] ar an toigh. (CBÉ 1108: 575-578) (09.04.1945)

Tá húsáid na haidiachta 'fearamhail' [fearúil] spéisiúil anseo ó thaobh cúrsaí inscne de siocair gur le Máire Ní Bheirn atá sé luaite. Is maith mar a thugann scríbhneoireacht an bhailitheora isteach muid ar phearsantacht an tseanchaí trí shliocht den chomhrá idir é féin agus Máire Ní Bheirn a chur isteach sa dialann goirt: 'is bocht an rud do dhuine ar bith a bheith 'na shuidhe ag iarraidh a bheith a scríobhadh ar a ghlún agus

tábla ag 'ul amudha' (CBÉ 1108: 575). Leagann Lillis Ó Laoire béim faoi leith ar thábhacht na flaitiúlachta ina chuid taighde ar ról na mban i ndialann ghoirt Uí Eochaidh (2017: 122-138). Mar shampla, tugann sé suntas don fháilte chroíúil a cuireadh roimh Sheán Ó hEochaidh agus é ag bailiú béaloidis i dteach Anna Ní Eigheartaigh, an Dúinín, Doire Leathan, Cill Chartha ar an 21 Meitheamh 1936, teach a bhí trasna an bhá ó Theileann:

In one early example from Kilcar, [...]Seán [Ó hEochaidh] was treated to a full high tea, served with enough food to feed a boat crew, in the seomra or the parlour by the woman of the house where he recorded the storyteller Pádraig MacUibhir (Patrick McGuire). (Ó Laoire, 2017: 127)

Míníonn Ó Laoire gur chuir an scéalaí, Pádraig Mac Uibhir focal i gcluas Uí Eochaidh gan iontas ar bith a dhéanamh den bhia ar fad siocair go raibh an cháil sin ar bhunadh an tí riamh anall (Ó Laoire, 2017: 127; CBÉ 421: 173-174). Dála theach Uí Eigheartaigh ar an Dúinín, Cill Chartha, chuir an fhlaithiúlacht le cáil an tí agus ba gheall le teach an phobail é teach na mBeirneach i ndiaidh Aifreann an Domhnaigh ar an Charraig dá bharr. Go fiú agus inní ar Mháire Ní Bheirn faoin easpa tae mar gheall ar an chiondáil a rinneadh ar an tae i gcaitheamh an Dara Cogadh Domhanda, d'éirigh léi dhá bhabhla chaife a ullmhú agus a roinnt mar sin féin. Sa chás seo de, tímíd arís eile go leagann Ó hEochaidh béim faoi leith ar an tábhacht a bhain leis an tógáil a fuair Máire agus a cuid deartháireacha de bharr Seán Ó Beirn ('Johnny Johndy') a bheith ina ghréasaí.

Is cosúil go mbíodh doras an tí oscailte agus go mbíodh fáilte roimh chuairoteoirí ann i gcónaí. Go deimhin, is fíor-annamh a luann Ó hEochaidh sa dialann go mbíodh doras an tí faoi ghlas. Mar shampla, sa chuntas seo thíos de chuid Uí Eochaidh ó mhí Dheireadh Fómhair 1946, cuireann sé síos ar an iontas a bhí air nuair a bhí teach na mBeirneach faoi ghlas lá amháin agus é réidh le seanchas a thairfeadh mar a dhéanadh sé go rialta i gcaitheamh na tréimhse sin:

Nuair a tháinig mé go teach Mháire baineadh mealladh mór asam – bhí glas ar an doras agus gan duine ar bith astoigh. Ní rabh fhios agham annsin caide a b'fheárr domh a dhéanamh, agus dar liom go mbfheárr domh tarraingt ar Mháire Ní Cheallaigh, 'na Bhaile Mhóir. (CBÉ 1109: 537-538) (21.10.1946)

Tugtar le tuiscint ón chur síos gur rud annamh amach is amach a bhí ann go mbeadh an teach faoi ghlas agus gan duine ar bith ann. Go hiondúil, bhíodh Máire agus go fiú cúpla seanchaí eile (Máire Uí Cheallaigh go háirithe mar a pléadh i gCaibidil a Ceathair) sa teach fosta le fáilte a chur roimh an bhailitheoir. Cibé cúis de, is cinnte nach raibh Ó hEochaidh gann ar sheanchas an lá úd agus bhí teach Mháire Uí Cheallaigh aige le tarraingt air agus é fá bhaile i dTeileann. Léirítear sa chur síos gur teach a bhí ann a dtiocfadh leis an bhailitheoir brath air go rialta agus é ag iarraidh obair an Choimisiúin a chur de. Go deimhin, cúpla lá ina dhiaidh sin agus é ag iarraidh teacht ar a sheanuncail, a bhí ina uncail ag Máire Ní Bheirn fosta, Seán Mac Seagháin, i Leirg an Dachtáin, dúradh leis an bhailitheoir gur i dteach chroí na féile a bhí sé:

Tháinig mé go Leirg a' Dachtáin innseoir Sheán 'Ac Seagháin, ach ní rabh sé astoigh, ach fuair mé tuairisc go rabh sé i n-Iomaire Mhuireanáin i dtoigh Mháire Ní Bheirn. Ní rabh i bhfad agham uilig le dhul 'un toighe sin. Nuair a bheannaigh mé isteach, bhí sé annsin ceart go leór – é 'na shuidhe de leathtaoibh na teineadh agus Máire ar an taoibh eile agus 'ach uile smailc thobaca aige. (CBÉ 1109: 541-542) (23.10.1946)

Ní siúlóid rófhada a bhí ann ó theach Sheáin Mhic Seagháin go teach na mBeirneach, mar a luann Ó hEochaidh, agus d'éirigh leis teacht ar Sheán Mac Seagháin agus ar Mháire Ní Bheirn agus iad ina suí thart ar dhá thaobh na tine ar an lá áirithe seo.

Faoi mar a luadh roimhe, chothaigh an chiondáil a rinneadh ar an tae agus ar earraí eile i gcaitheamh bhlianta an Dara Cogadh Domhanda roinnt deacrachtaí do theaghlach ar nós Chlainn Uí Bheirn go háirithe agus iad ag iarraidh freastal ar chuirteoirí ar bhonn rialta agus gan ach an beagán a bheith acu féin. Thuig Seán Ó hEochaidh mar shampla, gur cheart go mbeadh greim ite aige sula dtarraingeodh sé ar theach duine inteacht eile i gcaitheamh bhlianta an Chogaidh. Sa chuntas seo thíos, tímíd cé go raibh oíche mhaith seanchais ag Ó hEochaidh i dteach na mBeirneach agus gur éirigh leis ábhar an áirneáil a stiúradh i dtreo abairtí ócáide, d'fhág sé an teach agus ocras air siocair an tae a bheith gann:

Tráthnóna thug mé ruaig ar thoigh Mháire Ní Bheirn, Iomaire Mhuireanáin. Bhí scaifte mór a cuartaideacht annsin – Séamus Ó h-Eochaidh, Seán 'Ac Seáin, Seán Ó h-Eochaidh, Pádraic 'Ac Seághain, agus cupla duine eile as an chomhursantacht.

Bhí siad uilig 'na suidhe thart fá theinidh maith [*sic.*], agus seanchusc mór acú a baint le cúrsaí an t-saoghail. Ba ghoirid a bhí mise acú gur athruigh an comhrádh agus go dteachaidh siad a chainnt ar shean-saoghal an cheanntair. Chuaidh mé a chainnt ar aibirtí ócaide 7rl. agus thoisigh mé a scríobhadh agus ba goirid [*sic.*] go rabh bailiúchan mór agam eadar 'ach uile chineál pracair.

D'fhan mé acú annsin go dtí 1030 agus bhí an t-am agam tarraingt ar a' bhaile. Bhí an t-ocras a cur orm cá bith. D'imthigh an t-am a bhfuigheadh duine a bhéadh amuigh mar mise braon tae ins na toighthe a mbéinn ionntú, ach chuir an cogadh salach deireadh le sin. Ní rabh sé ag daoine iad fhéin anois ní h-é amháin a dhul á thabhairt dó dhuine mar mise, agus go h-áirid, nuair nach rabh mé i bhfad ó bhaile! (CBÉ 1108: 188-189) (25.06.1944)

Tímid go raibh baicle an áirneáil ag freastal d'aon ghnó ar riachtanais an bhailitheora. Cé nach bhfuair Ó hEochaidh braon tae mar a luaigh sé sa dialann, fuair sé a shá d'acmhainní reacaireachta agus abairtí ócaide cibé cúis de. Corradh le leathbhliain ina dhiaidh sin, luann Ó hEochaidh an dóigh a raibh sé riachtanach go mbeadh a shá ite aige sula dtarraingeodh sé ar theach cuartaíochta. Ar an 1 Feabhra 1945, deir sé:

Bhí margadh deánta agam le Máire Uí Bheirn go rachainn chuicé indiú arís, ach níor mhaith liom a dhul go mbéadh biadh an lae ithe agam. Ní fhóireann sé ar an t-saoghal atá ann fá láthair an seórt seo trioblóide a chur ar dhuine ar bith agus bean Máire dá mbéadh rathamhlacht ar bith ar an t-saoghal nach rachad sé fá n-a croidhe greim bidh a thabhairt dó dhuine ní ba choimhthighighe nó mise. Ach d'imthigh an t-am sin go cionn tamall is dóiche!

Tharraing mé uirthé indiaidh braon coifí a ól tráthnóna. Thug mé liom mo láimh-leabhar béaloideasa agus garbh-scríbhín.

Ag 'ul 'un boinn domh bhí Peadar- a deárthair astoigh. Seanchaidhe comh maith léithe fhéin ach gur b'annamh a bhéarfás duine air astoigh. Tá sé i gcomhnuidhe amuigh ag útamáil ag 'ul dó rud ínteacht. Nuair nach bhfuil sé a tarraingt mhónadh 'soir dhaoine le n'asal tá sé ar shiubhal a díol éisc, má tá fágáil air. Nuair nach bhfuil sé a deánamh ceachtar de'n dá chuid, tá sé a deánamh bláthmhaireacht ínteacht ar ghiota beag talaimh atá aige.

Shuidhe mé tamall a chéad uair go dteárn mé seanchus fhad agus a bhí Máire a deánamh giota aráin agus a nighe na soitheach 7rl.

Nuair a fuair sí sin uilig deánta shuidh sí a chois na teineadh, tharraing uirthé bocsa an t-snaoisín agus chuir sí cumadh agus cosmhalacht an t-seanchaid [*sic.*] uirthé fhéin. (CBÉ 1108: 534-536) (01.02.1945)

Díol suntais is ea an chaoi a luann Ó hEochaidh Máire Ní Bheirn den chuid is mó agus é ag cur síos ar an teach, agus gur minic a bhaineann an t-eolas comhthéacsúil ní hamháin le próiseas na bailitheoireachta ach le nithe ar nós tae a dhéanamh, cuairteoirí a fháiltiú agus cúraimí eile a bhain le hobair an tí fosta. Luaitear deartháireacha Mháire go minic chomh maith ach tugtar le tuiscint gurbh í Máire Ní Bheirn an té a bhíodh le fáil go rialta sa teach i rith an lae. Is cosúil nach mbíodh sé de nós ag Peadar Ó Beirn, atá luaite sa chuntas thuas, a bheith fá chónaí thart faoin teach mar a luann Ó hEochaidh. Ní feirmeoir a bhí ann ach cineál mangaire. Seans go míníonn sé seo cad chuige nár bailíodh an oiread sin ábhar ó Pheadar (1900-1950) agus a bailíodh ó Mháire agus ó Chonall. D'éag Peadar roimh a am nuair nach raibh sé ach ina fhear meánaosta sa bhliain 1950. Sa chuntas thuasluaite ón 1 Feabhra 1945, bhí gnó ag Ó hEochaidh le Máire Ní Bheirn agus é ag plé le hábhar a bhain leis an lámhleabhar agus siocair gur obair fhadálach a bhí ann, bhí a shá ite aige roimh ré le tabhairt faoin obair go suaimhneach ar feadh roinnt uaireanta a chloig.

Bhí sé d'acmhainn ag Ó hEochaidh earraí a cheannach do theach na mBeirneach. Thuig na bailitheoirí béaloidis de chuid an Choimisiúin tábhacht na gcomharthaí buíochais agus níl feidhm dul isteach go mion ar an dóigh a mbronnadh bailitheoirí biotáilte, tobaca agus eile ar sheanchaithe as a saothar.³⁰ Ar an 3 Nollaig 1945, cúpla mí i ndiaidh dheireadh an Chogaidh, cuireann Ó hEochaidh síos ar an dóigh ar cheannaigh sé arán, tae agus siúcra sular tharraing sé ar theach na mBeirneach:

D'imthigh mé 'na Carraice annsin, agus ar mo bhealach arais cheannaigh mé mo chuid fhéin – arán agus na rudaí eile a bhí a dhíoghbhail orm – a cheannuigh mé an tae agus an siúcra ar an 'mhargadh dubh'. Thug mé 1/6 ar unnsa tae ! Chaithfinn seo a dhéanamh, nó ní thiocfadh liom a bheith i gcomhnuidhe a brath ar na cupla unnsa scallta a bhí bunadh Mháire a fhágáil.

³⁰Féach, mar shampla: Ó Catháin, I., 2012 'Proinsias de Búrca — Bailitheoir Béaloidis ag Foghlaim na Ceirde' in *Béaloideas*(81), 23-37.

Tháinig mé ar ais toigh Mháire annsin. Bhí caibidil úr de'n láimh-leabhar agam le dhul ina cionn indiú, ach ní leigfeadh Máire domh rud ar bith a dheánamh go bhfágáinn greim le h-ithe. Tharraing mé fhéin orm an beart beag annsin agus thug mé daoithe é. Cé bith mar bhí an ganntanas ní sásta a bhí sí mé a dhul a cheannacht ádhbhar mo chodach fhéin, ach ar ndóiche dá mbéadh gan a'n ghreim a bheith le cur isteach ina béal aici fhéin sin an scéal a bhéadh ag Máire. Tá nádúir, agus croidhe maith aici fhéin agus ag a bhfuil faoi aon scraithe léithe, agus ariamh anuas tá an t-ainm fial seo acú. Níor fhág a'n nduine ariamh a dteach agus ocras air. (CBÉ 1109: 118-120) (03.12.1945)

Chuir Máire Ní Bheirn in iúl nach raibh sí iomlán sásta mar gurbh é sin an gnás. Cé gur cuairteoir é Seán Ó hEochaidh sa teach, thuig sé nach raibh sé cothrom go mbeadh sé ag brath ar bhia a fháil ó bhunadh an tí an t-am ar fad go háirithe agus é ag saothrú airgid ón Choimisiún ar son a chuid oibre.

Ba ghá acmhainní a roinnt go minic le teacht slán ón bhochtanas i gceantair bhochta Gaeltachta ar nós Theilinn i lár an fichiú haois. Ní de thimpist a tháinig sé chun cinn sna seanscéalta fada agus sa tseanchas a bailíodh ón líonra seanchaithe a bhíodh ag tarraingt ar theach na mBeirneach go mbeadh rath ar an té a bhí flaithiúil. Is mór an tógáil croí atá le fáil sa chuntas seo a leanas de chuid Uí Eochaidh agus é ag cur síos ar an dóigh a mbíodh mná na comharsanachta ag tacú lena chéile agus ag roinnt tae agus siúcra in aimsir an chruatain:

Is minic a chuireas sé an-íontas ar dhuine a thig annseo 'na Gaeltachta, caidé'n dóigh a bhfuil na daoine beo, nó caide mar éirigheas leó slighe bheatha a bhaint amach ar thaobh na gcnoc, agus ar an lampairne chóid farraige seo! Níl íontas ar bith go mbíonn íontas ortha, ach dá mbéadh siad seo liom-sa indiú tóidhfead siad caide mar oibrigheas muintir na Gaeltachta le chéile, agus mar chuidigheas agus a rannas siad le chéile.

Na mná seo a bhí astoigh ag Máire, bhí siad ag déanamh cuid de'n déagh-obair a chuidigheas le daoine go h-áirid ar an t-saoghal chruaidh atá ann ins an am i láthair nuair atá mórán de'n bhiaidh fhéin gearrtha anuas 'sa dóigh nach bhfuil ann ach go bhfuil sé a coinneáil an bheo os cionn a' mhuirbh aca. Ach tá an scéal mar seo go h-áirid i toighe [*sic.*] aca a fágáil níos mó nó a saith, agus an áit nach bhfuil ach cúpla duine ar an ghann-chuid. Rannann siad le chéile annsin. Sin an rud a bhí na mná seo a dheánamh le Máire. Ní bhfaigheadh [*sic.*] sise a ciondáil siúcra sa t-siopa a rabh sí

a fágáil a cuid earraidh ann go Ceadaoine, agus bhí a gcuid leis na mná seo. Bhí siad a tabhairt gráinín dó Mháire a dheánfadh í go dtí sin. Bhí siad a rann an tae léithe ar an dóigh chéadna. Annsin nuair a thiocfadh le Mháire dhéanfad sí mura gcéadna léó-san. Sin cuid de dhóigh na Gaeltachta, ach is doiligh fios a fhágáil ar na dóigheannaí seo uilig ag an t-é nach bhfuil eolach. D'imthigh na mná seo. Bhí mé cinnte de bhraon tae ar an tráthnóna seo cá bith! (CBÉ 1109: 262-264) (18.02.1946)

Is maith mar a chuireann an cuntas seo lenár dtuiscint ar nádúr na seanchaithe a raibh a gcuid seanchais agus scéalta á bplé againn go dtí seo sa tráchtas. Mar shampla, is furasta a fheiceáil mar a thaitneodh príomhtheachtairí 'Scéal an Bhlocáin', an seanscéal a d'insíodh Conall Ó Beirn leis na daoine a bhíodh ag tarraingt ar theach na mBeirneach: 'ní théann fial go hIfreann' (FGB, 'fial': 539). Go deimhin, ba ghairid go raibh na hearraí seo ar bhronn na mná áitiúla uirthi á roinnt ag Máire arís. Sa chuid eile den chuntas thuasluaite, scríobhann Ó hEochaidh gur tharraing sé amach an lámhleabhar go gairid ina dhiaidh sin go dtí gur tháinig deartháireacha Mháire abhaile (CBÉ 1109: 264). Rinne sí tae dóibh uilig agus ansin lean siad orthu leis lámhleabhar gur tháinig lucht an áirneáil chun tí ansin san oíche nuair a thit an dorchadas (CBÉ 1119: 265).

Mar chomparáid is fiú sampla eile a lua i dtaca le ciondáil a chogaidh. Is maith an léargas a thugann Róise Mhic Grianna (1879-1964), nó 'Róise Rua', nó leoga 'Róise na nAmhrán' mar ab fhearr aithne uirthi, dúinn ar dóigh a ndeachaigh an chiondáil i bhfeidhm uirthise agus í ina cónaí in Aráinn Mhóir i gcaitheamh an Dara Cogadh Domhanda (in; Ua Cnaimhsí, 1988: 126). Deir sí:

Bhí an bia thar a bheith gann againn le linn an chogaidh. Bhí ciondáil ar bhia agus ar earraí riachtanacha agus fuair gach aon teaghlach leabhar ciondála lena chinntiú go bhfaigheadh siad a sciar den bhia a bhí ar fáil sna siopaí. Chaithfí cúpóin a thabhairt d'fhear an tsiopa as im, tae, siúcra, éadach agus a leithéidi a cheannacht.

Ghoill ganntanas an tae orm féin thar gach aon rud eile. Bhí mé cleachta ar bholgam tae a ól, b'fhéidir leathdosaen uair fríd an lá, agus bí sé ina ainchleachtadh mhór agam déanamh gan é le linn an chogaidh, nuair nach raibh le fáil ag duine ach dhá unsa tae sa tseachtain. (Mhic Grianna; in: Ua Cnaimhsí, 1988: 126)

Siocair go mbíodh fear céile Róise, Séamus Mac Grianna, ar shiúl in Albain le linn na tréimhse seo, thagadh cumha uirthi sa dorchadas agus í ag iarraidh ola an lampa a spáráil go dtí an Nollaig nuair a bheadh Séamus tagtha ar ais (in: Ua Cnáimhsí, 1988: 127). Mar sin féin, d'aineoinn an chruatain, tugann Róise Rua le fios gur thug cleachtas an áirneáil faoiseamh aigne di agus gur chuidigh an teas léiteacht fríd an an-uair, idir an teacht le chéile agus teas na tine:

Ba mhínic i dtús an gheimhridh a thugainn liom mo chuid cleiteála agus d'imínn liom a dh'airneál go dtí teach ínteacht ar an bhaile. Bhí sé uaigneach agam a bheith istigh liom féin agus chuireadh an t-airneál seo an oíche thart go sásta pléisiúrtha. Ní bhíodh na tithe seo a dtéinn chucu gan solas ach an oiread, nó iascairí a bhí ina lán de bhunadh na háite a dtéinnse chucu agus gheibheadh siad liúntas speisialta ola i dtús an gheimhridh do na bádaí a bhí acu, agus sa dóigh go dtiocfadh leo solas a bheith acu lena gcuid eangacha agus potaí gliomacha a chóiriú i ndiaidh na hoíche, an t-am ba neamhghnoithí iad ag achan chineál eile oibre. Nínnse an tine a chogailt achan oíche ag fágáil an tí domh agus bíodh a fhios agat go raibh sábháil mhór san áirneál seo domh ó thaobh mónadh agus ó thaobh ola de ag an am sin den bhliain. (Mhic Ghrianna; in: Ua Cnáimhsí, 1988: 127)

Mar gheall go mbíodh daoine maith dá chéile ar an dóigh seo, níor fágadh Róise Rua ina teach léi féin i rith an gheimhridh. Mar an gcéanna, thiofáí a mhaíomh gur sholáthair teach Uí Bheirn, Iomaire Mhuireanáin, Teileann solas do na comharsana áitiúla fosta d'aineoinn chruatain an tsaoil.

Ba é an dála céanna ag muintir Theilinn é. Thiofadh le drochaimsir comharsana a tharraingt le chéile faoi dhíon amháin fosta. Tugann Ó hEochaich le fios go mbíodh sé de nós ag bunadh na háite a dhul ag cuartaíocht i rith an lae fosta nuair a bhíodh drochaimsir ar nós tintrí agus tairní ag cur isteach ar dhaoine. Féach thíos, mar shampla, mar a chuireann Seán Ó hEochaidh síos ar an dóigh ar tharraing comharsa béal dorais ar theach a mháthar de bharr drochaimsire i mí na Bealtaine 1944:

Tháinic braonacha móra fearthanna ar an fhuinneóg, agus 'ach uile cheann acú sin comh leathan le pighinn. Le sin thoisigh an tóirneach agus na splannacha! 'Ach uile bhomaite bhí siad ag éirghe ní ba mheasa agus ní ba chomhgarraighe, agus bhí sé 'sa chruth sa deireadh agus go saoilfeadh duine ar bith go rabh dhá chlár a' dómhain 'á mbuaileadh ar a chéile!

Lean sé leis mar sin, agus rith an ama an fhearthainn ag éirghe ní ba truime ins a chruth go rabh sí a teacht mar bhéadh díle sa deireadh. Ní rabh astoigh agam a chéad uair ach mo mháthair, ach ba ghoirid go dtáinic cupla stócach da chuid na comhursann isteach – Bhí eagla ortha-san fanacht ina gcuid toighthe fhéin. An t-am a ba mheasa é tháinic seanbhean atá 'na comhnuidhe annseo 'sa dara doras isteach chugainn – Peigí Uí Chaiside (c.78) Bhí sise astoigh léithe fhéin agus í an-sgannruighthe ar fad. Bhí a paidrín léithe ar a méaraibh, agus í ag urnaighe go cruaidh. Ba léar léithe-se nach rabh go leór eagla orainne. D'órduigh sí sgathán a bhí ar thaoibh an bhalla a chumhdach. D'iarr sí an dara rud ar mo mháthair an choinneall-Mhuire a fhágáil, agus nuair a rinn mo mháthair sin d'fhiarfrúigh sí daoithe an rabh 'palms' ar bith astoigh. Bhí. Fuair sí iad agus dhóigh sí iad agus chruinnigh sí an – luaidh, agus chaith sí amach ar an doras í.

Ní rabh amach as a béal rith an ama seo ach – 'go sábhailidh Dia sinn ar thréan teineadh agus uisce!'

Chaith sé ar feadh leath-uair mar sin agus ins a deireadh thiar thall nuair a bhí an croidhe sgannruighthe amach as 'ach uile dhuine tháinic tráthlacht beag ar an díle, agus d'imthigh an tóirneach níos fuide ar gcúl. (CBÉ 1108: 135-138) (31.05.1944)

Títear go raibh deasghnátha le leanúint de thairbhe na tintrí agus na tairní. Bhí faoiseamh aigne ag baint leis na deasghnátha seo a chleachtadh chomh maith le bheith i measc chuideachta na gcomharsan fosta agus faitíos ar dhaoine roimh an drochaimsir.

Sa dóigh chéanna, ní raibh sé neamhghnách in aon chóir fosta go bhfaigheadh Ó hEochaidh foscadh ón aimsir i dteach na mBeirneach. Go deimhin, an lá ina dhiaidh sin, ar an 1 Meitheamh 1944, ba é Seán Ó hEochaidh a fuair foscadh ón drochaimsir in Iomaire Mhuireanáin:

Indiaidh am dinneára thug mé liom liosta Fhionain Mhic Choluim – de bheannachtaí 7rl., agus mo choipleabhar agus garbh-scríbhín agus tharraing mé ar Mháire Ní Bheirn, go h-Iomaire Mhuireanáin. Bhí an lá an-doineanta bog rith an ama, agus nuair a shroichidh mé teach Mháire bhí mé fliuch go croiceann. Thug Máire domh éadaigh fear d'a cuid deártháracha a chuir mé orm. Nuair a théigh mé rud beag tharraing mé orm mo leabhar, agus chuaidh mé a cheistneadh Mháire. (CBÉ 1108: 139-140) (01.06.1944)

Arís eile, títear Máire Ní Bheirn ag roinnt achmhainní an tí agus éadaí dá cuid deartháireacha á dtabhairt ar iasacht aici don bhailitheoir béaloidis.

Cé go dtiocfadh le tintreach agus toirneach na comharsana a tharraingt le chéile fá dhíon amháin, agus leoga, go dtiocfadh le teacht le chéile sóisialta mar sin neart seanchais a spreagadh, d'fhéadfadh sé go gcuirfeadh an drochaimsir isteach ar phróiseas na bailitheoireachta fosta agus gan daoine a bheith sásta bogadh amach as a gcuid títhe. Mar gheall ar an fhuacht ghéar agus an drochaimsir a tháinig leis an tsneachta mhór i mí an Mhárta 1947, deir Ó hEochaidh nach raibh aige ach 'teach Johnnie Johnndy' le tarraingt air i gcaitheamh na tréimhse seo:

I dtaca le mo ghroithe fhéin de, bhí an fuacht ag cur isteach orm fosta. Ní rabh na daoiní a bogadh amach as na toighthe, agus na seandaoine ar chóir domh a bheith a tarraingt ortha bhí siad a fanacht 'na luighe ó mhaidin go foiche. Bhí teach Johnnie Johnndy agam le tarraingt air i dtólamh agus ach go bé sin níl fhios agam cadé a dheánfainn. Bhí Máire annsin i gcomhnuidhe agus a comharsa Máire Ní Cheallaigh, agus ar ndóiche ba dhoiligh sárú na beirte a fhágáil i gcionn an mion-seanchais [*sic.*] go h-áirid nuair a bhí mé a baint feidhm as an lámh leabhar. Bhí beathán measardha teineadh ins an teach seo agus d'éirigh liom obair mhaith go leór a dheánamh a feácháil le h-oiread de'n mhion-seanchas a fhágáil is a b'fhéidir liom. Is dóiche liom gur éirigh liom seanchas a fhágáil mar mhaithe leis an t-sneachta nach bhfaighinn a coidhche [*sic.*] nó chuaidh mé isteach go h-an-mhion i gceisteanna an lámh leabhair agus chuid mé síos 'ach uile sheórt. (CBÉ 1289: 64-65) (15.03.1947)

D'aineoinn na drochaimsire, thiocfadh leis an bhailitheoir brath ar theach na mBeirneach. Cé go raibh sé fuar amuigh, bhí tine bhreá i dteach na mBeirneach i dtólamh agus muintir an tí réidh le fáilte a chur roimh Sheán Ó hEochaidh, Máire Uí Cheallaigh agus aon chuairoteoirí eile.

Go deimhin, thiocfadh leis an aimsir agus le nithe eile ar nós an dorchadais uaigneas a chur ar dhaoine idir óg agus aosta. Ina mhórshaothar eitneolaíochta ar amhránaíocht oileán Thoraí, sainmhíononn Lillis Ó Laoire an focal *teas* sa chiall fhisiciúil agus sa chiall mhothúchánach (2002: 183). Agus é ag trácht ar mhórcáid shóisialta inar seoladh caiséad Éamoinn Mhic Ruairí i 1989, cuireann sé síos go tuisceanach ar an tábacht mhothúchánach a bhain leis an teacht le chéile sóisialta siúd:

Mar shampla den rud atá i gceist anseo, is cuimhin liom an oíche ar seoladh caiséad Éamoinn Mhic Ruairí in Óstán Mhic Pháidín i 1989, gur dhúirt bean liom, nuair a bhí an ócáid thart i bhfad róluath ina tuairim féin, 'Níl mise ach ag téamh'. Bhí níos mó i

gceist anseo ná í bheith ag éirí te ina corp. Bhí an teas mothúchánach a bhí le brath ar spleodar nó ar ghleoiréis na hóiche i gceist chomh maith, agus níor shíl sí gur baineadh amach buaic cheart na hóiche. (Ó Laoire, 2002: 183-184)

Is maith mar a chuidíonn coincheap seo an teasa linn teacht ar thuiscint níos fearr ar an tábhacht shíceolaíoch a bhain leis an chuartaíocht rialta i dTeileann san fhichiú haois. Is cinnte go raibh teas na cuideachta le fáil ó bheith ag cuartaíocht ó theach go teach. Gach seans gur ón óige a théadh páistí i dtaithe ar an nósmaireacht seo agus go ndéanaidís nósmaireacht na cuartaíochta a chothú ansin agus iad ina ndaoine fásta. Mar shampla, i gcuntas de chuid Mháire Ní Bheirn a bhfuil ‘Cluiche Páisdí’ tugtha mar theideal air, a bhailigh Ó hEochaidh uaithi sa bhliain 1970, cuireann sí síos ar an dóigh a mbíodh uaigneas ar na páistí áitiúla nuair a bhí sí féin ina girseach óg, agus go mbíodh sé de nós aicise agus ag páistí a bhí ar comhaois léi a bheith ag dul ‘fud fad a chéile’ dá bharr:

Ar ndóiche bhí na toighthe lán páisdí san am sin agus bhí siad fud fad a chéile agus ní bheadh ag duine ar bith cé ba leis a leath go dtigeadh siad isteach ‘un toighe tráthnóna. Bhíodh na comharsanaí amach agus isteach san oíche agus dálda na bpáisdí uilig bhíodh doicheall orainn a ghabháil a luighe agus ní rabh leithscéal ar bith dá dtearnadh ariamh nach ndéanfaimist ag iarraidh ár bhfágáil ar suidhe. Bhíodh uaigneas orainn fosta ná ní rabh solas ar bith ins na ‘roomannaí’ mar tá anois agus bhí muid ag éisteacht le hoiread scéalta fána taibhsí agus go mbíodh an croidhe sganraigh amach asainn nuair a chuirfí a luigh sa dorchadas muid. (CBÉ 1777: 109)

Is léir go ndeachaigh an chumha a mhothaigh sí agus í ina girseach óg i bhfeidhm ar Mháire Ní Bheirn, agus cuimhne ghrinn aici ar an dorchadas agus í ag tarraingt ar an cheathrú scór. Títear an dóigh a mbíodh na finscéalta sí ag dul i gcionn ar na páistí óga i dTeileann fosta nuair a bhí Máire ina girseach óg agus thuigfí ón chur síos go rachadh na hoícheanta áirneáil i gcionn ar pháistí agus ar dhaoine fásta araon. Is suimiúil go bhfuil corpas Mháire, Chonaill agus Pheadair breac le finscéalta sí fosta nár pléadh le linn an tráchtais seo. Ar bhealach, tíonn muid go raibh cuid de na riachtanais shóisialta chéanna ag páistí is a bhí ag daoine fásta sa tsochaí thraidisiúnta seo: cuideachta na gcomharsan.



Seán Mac Seagháin (John Tamai Seáin) agus Máire Uí Cheallaigh ag imirt cluiche. Ar chlé: Ciotáí Uí Eochaidh, Seán Ó Beirn, Máire Ní Bheirn, Aodh Ó Beirn agus Máire Uí Cheallaigh. *Picture Post*, 1946. Grianghrafadóir: Haywood Magee, CBÉ M250.

5.6 ‘Oifig’ an Bhéaloidis: Teach Phádraig Mhic Seáin

Bíodh is gur ag díriú ar theach na mBeirneach atá muid sa chaibidil seo go príomha, is fiú beagán plé a dhéanamh ar theach amháin eile a bhíodh in úsáid go minic mar oifig ag Ó hEochaidh agus é ag obair i dTeileann. Mar a pléadh i gCaibidil a Dó agus tionscnamh canúineolaíochta Heinrich Wagner á phlé againn, ba ghnách le Seán Ó hEochaidh teach Phádraig Mhic Seáin a úsáid go mion minic dá thionscadal bailitheoireachta (féach an léarscáil i dtús an tráchtais). Is cosúil gur ón teach seo a tháinig Mícheál Ó hIghne isteach ar an líonra béaloidis a bhain leis an taobh sin de Theileann. Mar shampla, nuair a casadh an scéalaí, Mícheál Ó hIghne ar Ó hEochaidh i ndiaidh aifreann an Domhnaigh ar an Charraig, shocraigh siad go ndéanfadh siad ábhar a chur síos ar an éideafón i dteach Phádraig Mhic Seáin ó tharla é a bheith measartha lárnach do Mhícheál, nó níos lárnaí ar aon chuma ná Iomaire Mhuireanáin nó Cruachlann. Bhí teach Phádraig Mhic Seáin an-fhóirsteanach do Mhícheál Ó hIghne siocair gur siúlóid rófhada a bheadh ann dó le dul chomh fada le máthair Uí Eochaidh i gCruachlann, mar shampla, a bhí ar thalamh ard:

Ach ar thoradh moille dubhairt mé leis gur mhaith leis an Choimisiún go mór dá gcuiread sé síos domh ar an ediphone, an seanchas a bhí aige le linn an Oireachtais fá 'n áirc agus na sean-scéalta eile. Dubhairt sé liom go ndéanfadh sé sin agus fáilte. Shocramar annsin go dtiocfad sé 'na Ceapaigne chugam go toigh m'unncail (Pádraic

Mac Seághain) tráthnóna, agus go mbéinn-se annsin agus mo chuid comhgháir uilig agam dó.

Níor mhaith liom órdú dó a dhul go Cruachlann de bhrígh go mbéadhan siubhal ró-fhada aige, agus siud agus go mbéadh trioblóid agam-sa an maisian b'fheárr liom sin nó masla ar bith a chur ar Mhicí.

Tháinig mé abhaile agus nuair a d'ith mé mo dhinneár cheangail mé suas an mhaisian, agus chuir mé crosóg air agus chuir mé ar mo mhuin é. Thug mé liom bocsa na neiteán annsin agus mo chuid leabharthaí agus tharraing mé ar an Cheapaigh.

Shroichidh mé teach m' unncail agus nuair a chuaidh mé isteach annsin, bhí sé mar bhéadh teach siocáin. Ní rabh duine ar bith ann ó bhí an Samhradh ann.

Thug mé liom gráinín guail annsin, agus chuir mé síos craos mhaith theineadh i gcionn de na seamraí. Ar feadh tamaill bhí boltheadh amach as na ballaí ach nuair a las an teine suas d'imthigh sin.

Nuair a bhí achan rud réidh agam, d'amharc mé amuigh féachailt a bhfeicfinn Micí a teacht, agus le sin fhéin bhí sé a tarraingt orm anoir an bealach mór.

Tháinig sé isteach chugam, agus suas 'un t-seómra. Bhí luthgháir air fá'n áit shocair shuaimhneach a bhí agam dó agus an teine bhréagh. (CBÉ 1109: 277-279) (24.03.1946)

I gcodarsnacht le teach na mBeirneach, ba theach fuar é teach Phádraig Mhic Seáin sa dá chiall siocair nach mbíodh teas nó cuideachta le fáil ann ó tharla é a bheith ar shiúl i mbun cigireachta go minic. Go fiú agus Heinrich Wagner i mbun scríbhneoireachta i dteach Mhic Seáin, bhí air dul i dtaithí ar choinneáil an tí; mar a luaigh Ó hEochaidh i mí na Nollag 1946:

Tá Enrí fhéin a teacht isteach ar ghnoithí coinneáil an toighe — na chéad laethe ní rabh sé ábalta an teinidh fhéin a fhadogh ar an teallaigh, ach tá sé a teacht thart anois, agus is goirid go n-éirighigh sé comh h-eólach ar na cúrsaí seo agus atá sé leis an teangaigh' (CBÉ 1109: 598) (04.12.1946)

Chomh maith lena chuid taighde canúineolaíochta, bhí ar Wagner dul i dtaithí ar na nósmaireachtaí a bhain leis na tithe in Éirinn. Bhí suíomh an tí an-fhóirsteanach do Sheán Ó hEochaidh agus é suite ar an Cheapaigh, a bhí mar chineál de lárphointe idir Cruachlann agus Atharach. Dála theach na mBeirneach, bhíodh daoine ag dul thar bráid agus iad ag dul a fhad leis an ché nó a fhad leis an Charraig. D'fhóir an ciúnas i

dteach folamh Phádraig Mhic Seáin do thaifeadadh na seanscéalta fada go háirithe. Ba i dtrátha na tréimhse seo a thaifead agus a thras-scríobh Ó hEochaidh cuid mhaith seanchais agus scéalta de chuid Mhícheáil Uí Ighne ar nós: ‘An Áirc’, ‘An Goban Saor’, ‘John agus Naomh Peadar’, ‘Colm Cille agus an Déirce’, ‘Donnachadh Mór’, ‘Jack an Cearrbach’, ‘An Crochaire Tarnocht’, ‘Séamus Mac an Iascaire’, ‘An Crochaire Tarnocht’ agus mórán eile (Féach Innéacs na Seanchaithe in Imleabhar II). D’fhóir an suaimhneas a bhí le fáil sa teach don scéalaí agus don bhailitheoir araon.

I dteach Phádraig Mhic Seáin ar an Cheapaigh dó, bhíodh radharc maith ag Ó hEochaidh ar dhaoine a bhíodh ag dul thar bráid agus iad ar an bhealach chun an ché nó chun na Carraige. Thiocfaí a rá gurb í an Cheapach príomhshráidbhaile Theilinn, dá dtiocfaí sráidbhaile a thabhairt uirthi. B’áit ghnoitheach a bhí inti agus mórán daoine ag dul thar bráid i rith an lae. Féach, mar shampla, an cur síos seo a leanas ar an dóigh ar mealladh Seán Mac Seagháin, a bhí ina chuirteoir rialta ag teach na mBeirneach, isteach sa teach chun na hoifige ar an Cheapaigh:

Chonaic mé mo chara – Seán ‘Ac Seághain ag ‘ul thart leis an fhuinneóig agus scairt mé leis a theacht isteach tamall. Tháinig agus nuair a fuair mise astoigh é, bhí fhios agam nach rabh briseadh lae ar bith air, agus nach bhféadfad sé deifre ar bith a bheith air ag imtheacht.

Rinn muid tamall cómhraídh agus d’éist sé le cuid de’n t-seanchas a bhí thíos ag Mícheál Ó h-Ighne ar na h-eiteánaibh. Thaitin sé go mór leis agus i gcionn tamaill chuir mé a sheanchas é fhéin. Chuaidh mé a bhreacadh síos cuid de na mion-phoinní a bhí aige, agus ba é an deireadh a bhí ar a chuairt nár bhog mé uaim go rabh an 10 a’ chlog ann. (CBÉ 1109: 298-199) (02.04.1946)

Is cinnte gur tugadh deis neamhghnáth do Sheán Mac Seagháin éisteacht le cuid de sheanchas Mhícheáil Uí Ighne sular seoladh na heiteáin ar ais sa phost chuig an ardoifig i mBaile Átha Cliath. Roinnt míonna ina dhiaidh sin (mí na Nollag 1946), ba é Mícheál Ó h-Ighne réalt na hoíche i dteach na mBeirneach (de réir dhialann Uí Eochaidh) nuair a tháinig an *Picture Post* ar cuairt. Mura mbeadh againn ach na grianghraif íocónacha a tógadh de an t-am sin, agus é á chur i láthair mar sheanchaí ina steillbheatha, d’aithneofaí chomh maith leis. Ach tá na téacsanna agus eolas eile againn lenár léargas a iomlánú, a bhuí leis an chartlann. Ba chuid riachtanach iad oifigí

Sheáin Uí Eochaidh do phróiseas na scríbhneoireachta agus na tras-scríbhneoireachta agus ní de thimpist a bhí oifig aige i nGort an Choirce fosta — oifig an phoist, an áit a mbíodh a bhean chéile, Anna Nic Gabhann, níon Mhicí Mhic Gabhann ag obair (CBÉ 1289: 211).

Is fiú a lua fosta go mbíodh sé de nós ag cuid de na seanchaithe a bhíodh ag tarraingt ar theach na mBeirneach cuairt a thabhairt ar theach mháthair Sheain Uí Eochaidh i gCruachlann cé nach áit rólárnach a bhí ann ar chor ar bith agus é ar thalamh ard ar an bhealach go Bun Glas. Títear sa chuntas seo a leanas gur tharraing triúr de na seanchaithe a bhíodh ag tarraingt ar theach mhuintir Johnnie Johndy Uí Bheirn ar theach a mháthar in aon lá amháin:

Tráthnóna tháinic Seán 'Ac Seágháin (John Tamaí Seághain) chugainn a cuartaideacht seanchaidhe maith eile, agus mo ghar-unncal fhéin. 'Na dhiaidh sin tháinic Seán Ó Cuinnigeáin as Iomaire Mhuireanáin, agus Máire Ní Cheallaigh as an Bhaile Mhór. Dá bpiocainn seanchaidhthe Theilinn, ní thiocfadh leóbhtha a bheith ní bfheárr.(CBÉ 1108: 318-319) (01.10.1944)

Mar sin féin, bíodh is go raibh Seán Ó hEochaidh siúlach scéalach agus é ag tarraingt ar thithe éagsúla agus daoine ag tarraingt airsean idir teach Phádraig Mhic Seáin agus teach a mháthar, Máire Uí Eochaidh chomh maith, bhí tarraingt faoi leith ag baint le teach na mBeirneach.

5.7 An tAirneál i dteach na mBeirneach

Is cinnte gur bhain deasghnátha agus nósanna faoi leith le cleachtas an áirneáil. Mar sin féin, bhí éagsúlacht ag baint leis na cleachtais shóisialta siúd ó cheantar go ceantar agus ó theach go teach. Sa nóta beathaisnéise ar an tsársheanchaí, Tomás Ó Gallchobhair (1868-1953), Baile an Chaisil, Ard an Rátha in *Ulster Gaelic Voices* (2010), an scéalaí céanna a luadh go hacomhair i gcomhthéacs na himirce i gCaibidil a Trí, cuireann Róise Ní Bhaoill síos ar an mhéid a bhí le rá ag iníon Thomáis ar na nósmaireachtaí a bhain leis na hoícheanta áirneáil in Ard an Rátha (2010: 74). Deir sí: ‘de réir Róise [iníon Thomáis], bhí patrún rialta leis na hoícheanta sa teach, an tae ar tús, ansin an Paidrín agus an scéalaíocht ar deireadh’ (Ní Bhaoill, 2010: 74). Bhain

tábhacht leis an tae chun daoine a shuaimhniú; títear lárnacht an chreidimh Chaitlicigh sa teaghlach áirithe seo fosta agus an paidrín acu roimh an scéalaíocht. Mar a luadh go hachomair i gCaibidil a Trí, ba ghnách le Mícheál Ó hIghne a dhul chomh fada leis na hoícheanta áirneáil i mBaile an Droichid agus dála Thomáis Uí Ghallchobhair, nuair a bhí Mícheál thall i Stáit Aontaithe Mheiriceá, ba chuid an-tábhachtach de thaithí na himirce an teacht le chéile sóisialta a sholáthair na hoícheanta áirneálacha. Go deimhin, ba theach áirneál aitheanta a bhí i dteach Mháire Uí Cheallaigh fosta agus an teach sin ag freastal ar an tSeanbhaile, ar an Bhaile Mhór, ar an Cheapaigh, ar Leirg an Dachtáin agus ar an Atharach. Mar sin féin, ba bheag taisteal a bhí le déanamh ag Máire Ní Bheirn agus Conall Ó Beirn, is cosúil, ó tharla áirneál rialta agus scoth na seanchaithe cois teallaigh s'acu féin. Ba ann a bhí croílár bhailiúchán náisiúnta an bhéaloidis i dTeileann fosta.

Léiríonn an trácht ar fad a bhí ar theach na mBeirneach gur áit ghnoitheach i gceart é. Má bhí tithe eile ann a mbíodh airneál iontu, bhí buntáiste ar leith ag na Beirneigh de thairbhe ghnó a n-athar, de thairbhe an teach a bheith suite idir cúpla baile, agus de thairbhe go raibh cliú an tseanchais ar bhunadh an tí féin. Dá réir sin, ní miste a mhaíomh gur ‘institiúid bhéaloidis’ a bhí i gceist leis an áras seo. Áitíonn Diarmuid Ó Giolláin gurb ‘é an t-áirneán an foirm dúchasach ba thábhachtaí chun limistéar poiblí a chruthú i measc na dtuathánach’ (Ó Giolláin, 2005: 94). Chonaic muid i gCaibidil a Ceathair gur i rith an lae a bhíodh Ó hEochaidh ag bailiú seanchais ó Mháire Ní Bheirn agus ó Mháire Uí Cheallaigh den chuid is mó agus gur minic (ach ní i gcónaí) nach mbíodh fir an teaghlaigh i láthair ag an am sin. Ba ghníomh príobháideach é taifeadadh an mhionseanchais i measc na mban go minic agus eolas á sheachadadh ag na Máirí b’fhéidir nach ndéanfaí a sheachadadh i gcomhthéacs níos poiblí agus dá réir sin, níos foirmeálta, agus ar nós an áirneáil, go fiú sa teach cheannann chéanna. I gcodarsnacht le seachadadh an mhionseanchais agus le seachadadh an eolais i measc na mban i rith an lae, ba mhórócáid phoiblí a bhí san áirneál a mbíodh fir agus mná ag freastal air; ba mhinic gurbh iad na fir a bhíodh i mbun láithriú na scéalaíochta agus an tseanchais.

Sna luathbhlianta de chuid an Choimisiúin, is cinnte gur leagadh béim faoi leith ar na seanscéalta fada agus tús curtha le cruthú na cartlainne san ardoifig i mBaile Átha

Cliath. Dá thairbhe sin, bhí luí faoi leith ag na bailitheoirí béaloidis de chuid an Choimisiúin le réimse na scéalaíochta (agus le réimse na bhfear go minic) den traidisiún sna luathbhlianta siúd. Is mór idir an cur síos ar theach na mBeirneach sa tsampla seo thíos ón bhliain 1935 agus na samplaí a bhaineann leis na 1940idí. Agus gan ach mí curtha isteach ag Seán Ó hEochaidh ag bailiú béaloidis don Choimisiún, cuireann sé síos ina dhialann goirt ar oíche áirneáil a thit amach i dteach na mBeirneach:

Thúsaigh mé a dh'obair ar 9.30. Sgríobh mé eiteán 76,77,78. Nuair a bhí sin deánta agam, thug mé liom an Ediphone go teach Chondy Johnnie Johndy nó (Conall Ó Beirn). Bhí baicle mhór ansin, ach ní raibh seanchaidhe ar bith ní bhfearr ann ná Conall. Lión sé dhá eiteán domh sul ar fhág mé an teach, agus gheall sé domh go gcuireadh sé síos na fuis-sgéalta atá uilig ar an Ediphone. D'fhag mé an teach sin ag 9.30 agus chuidigh Conall liom an gléas a thabhairt abhaile. (CBÉ 421: 17-18) (19.09.1935)

Ní luaitear cé na seanchaithe eile a bhí i láthair sa chuntas seo thuas ach amháin go raibh Conall Ó Beirn ar an tseanchaí ab fhearr a bhí i láthair ar an oíche. Ba ócáid phoiblí a bhí i gceist leis an áirneál agus Conall Ó Beirn mar réalt ar an oíche siúd. Tagann féile agus flaithiúlacht mhuintir an tí chun cinn agus Conall lánsásta gléas trom an éideafón a iompar dá dhuine muinteartha. Is taobh amuigh den teach a chasann muid ar Chonall Ó Beirn sa dialann goirt den chuid is mó (CBÉ 421). Théadh Conall a fhad leis na tithe éagsúla i gcuideachta Uí Eochaidh agus é ag tosú amach ar a cheird – rud a chuidigh go mór leis an bhailitheor nascanna proifisiúnta nua a chothú agus fiú, an t-uallach a bhaint den obair (CBÉ 421: 32; CBÉ 421: 169-180). Díol spéise is ea gur ‘teach Chondy Johnnie Johndy’ atá tugtha ag Ó hEochaidh ar an teach sna luathbhlianta de chuid an Choimisiúin ach gur ‘teach Mháire’ a thugtar air go rímhinic agus é ag díriú ar mhórbhailiúchán an mhionseanchais sna 1940idí.

Dála Chonail Uí Bheirn, bhí Mícheál Ó hIghne cleachtaithe le lucht éisteachta a bheith os a choinne fosta. Scéalaí a bhí in Mícheál a bhí in inmhe a chuid scéalta a chur in oiriúint d'ócáidí i dTeileann, i mBaile Átha Cliath agus leoga, i mButte, Montana mar atá feicthe againn. Dá bhrí sin, ba dheacair do Mícheál dul i dtaithí ar an láithriú phríobhaideach i dteach Phádraig Mhic Seáin ar an Cheapaigh agus gan ach

‘imaginary audience’³¹ a bheith aige seachas scaifte daoine (Dégh, 1995: 11). Ní bhíodh sé ar a shuaimhneas ach oiread scéal a insint gan a chorp a bheith scaoilte ó théada an éideafóin agus d’insíodh sé a chuid scéalta faoi dhó ionas go mbeadh a lámha saor an chéad iarraidh de agus go mbeadh sé ábalta *téacs* an scéil a chur ar taifead ansin an dara hiarraidh (CBÉ 1109: 280-281). Go fiú agus lucht éisteachta aige nach raibh Gaeilge acu i dteach na mBeirneach nuair a tháinig an *Picture Post* ar cuairt i Nollaig na bliana 1946, luann Ó hEochaidh gur bhain foireann an *Picture Post* an-sult as láithriú na scéalta agus as a chuid geáitsíochta go háirithe (CBÉ 1289: 8). Traidisiún solúbtha a bhí sa traidisiún béil agus bhí an t-ábhar ag brath go mór ar an lucht éisteachta agus ar na daoine a bheadh a láthair.

Is cinnte go raibh tionchar ag an bhailitheoireacht ar an dóigh a ndéantaí an t-ábhar a sheachadadh. Mar shampla, meabhraíonn Linda Dégh dúinn gur obair théagartha a bhí i gceist do na seanchaithe agus iad ag iarraidh bailitheoirí béaloidis nó antraipeolaithe a shásamh agus gan pá á shaothrú acu ar son a saothair (1995: 11). Deir sí: ‘It is not the collector who does the favour by asking questions but the tired share-cropper the hungry beggar, the sleepless night watchman who generously give time to answer the questions we ask’ (Dégh, 1995: 11). Ag trácht ar an chaidreamh ghairmiúil idir Séamus Ó Duilearga agus an scéalaí iomráiteach, Seán Ó Conaill (1853-1931), Cill Rialaigh, Co. Chiarraí, áitíonn Stiofán Ó Cadhla: ‘The folklore collector, more a professional friend than a professional stranger, had doubtlessly provided therapy for the storyteller by showing respect and interest’ (2008: 43). Scéalaí imeallach ab ea Seán Ó Conaill faoin am ar tharraing an Duilleargach air siocair nach raibh an scéalaíocht i dtreis ina cheantar dúchais a thuilleadh agus go raibh air a chuid scéalta a aithris ina aonar chun cuimhne a choimhéad orthu (Ó Cadhla, 2008: 43). Tagann Georges Denis Zimmerman leis an tuiscint seo agus maíonn sé: ‘The informant feels a sense of purpose, which he previously lacked, and takes a new interest in life. The collector and his informant become united in a band of sympathy and friendship’ (2007: 416). Traidisiún beo bríomhar a bhí sa scéalaíocht agus sa tseanchas i gceantar

³¹Coincheap is ea ‘imaginary audience’ a bhí in úsáid ag Linda Dégh agus í ag cur síos ar a cuid obair pháirce san Ungáir. (1995: 11)

Theilinn sa tréimhse ina raibh Ó hEochaidh i mbun bailithe agus bhí sé d'ádh air go raibh teach áirneáil gnóthach aige le tarraingt air.

Seo a leanas mar a chuireann Ó hEochaidh síos ar lá oibre iomlán a chaith sé i dteach na mBeirneach mí na Nollag 1944:

Ach nuair a shroichidh mé teach Mháire bhí craos bhréagh theineadh aici, agus fear thall agus i bhfos de na deártharacha fá dtaobh daoithe, agus Máire a sníomhadh i dtaoibh a' toighe, agus an drantán ceoil sin aici – ‘Mal Dubh a' Ghleanna’ a rabh sí ag 'ul dó go díreach nuair a bhí mé ag an doras.

Chaith sí uaiche an túirne ag 'ul isteach domh, agus thug orm na h-éadaigh fliucha a bhí orm a chaitheadh díom gur chuir sí thall agus i bhfos fá'n teinidh iad. Chóirigh sí go seascair mé fhéin 'sa chluíd annsin.

Bhí sé tamall beag sula bhfuair mé misneach a dhul i gcionn oibre, ach fá dheireadh nuair a bhí me te tirm, tharraing mé orm an lámh-leabhar béaloideas, agus lean mé fhéin agus Máire dó'n áit ar stad mé an oidhche dheirionnach a bhí mé aici.

Ní rabh muid i bhfad ag obair gur thoisigh lucht an áirneáil a chruinniú isteach chuicí. Níl oidhche ar bith nach mbíonn scaifte bog-sheandaoine astoigh, agus sin an áit a mbíonn an seanchas, agus an chaibidil, agus i n-amannaí an aragáil agus an diospóireacht. Ní bhíonn leath oiread calláin i ‘dtoigh laighean’ i mBaile Átha Cliath. Ach is íontach an scéal nuair a bíom-sa ag obair 'sa teach seo nach mbíonn callán ar bith acú, agus is beag a chor a' bith a labhairteann siad ach de réir agus mar chuirim ceist ortha. Is minic a bíom [*sic.*] a smaointiú gur dóiche go mbíonn siad ar buile liom i n-amannaí siocair a n-oidhche bhréagh chomhráidh a chur a dhith ortha!

(CBÉ 1108: 469-471) (13.12.1944)

Títear flaithiúlacht agus féile go leor mar ba dhual do na Beirneach sa chur síos seo, agus éadaí dá cuid deartháireacha tugtha ag Máire Ní Bheirn dá duine muinteartha, Seán Ó hEochaidh. Is fiú suntas a thabhairt do phatrún na hoibre fosta agus an bailitheoir béaloidis áitiúil agus an seanchaí, Máire Ní Bheirn ag plé le hábhar an lámhleabhair go dtí gur tháinig scaifte an áirneáil isteach. Ní nach ionadh go dtagraíonn Ó hEochaidh do theach Laighean, an Dáil i mBaile Átha Cliath le cur síos a dhéanamh ar atmaisféar an tí (CBÉ 1108: 470). Teach ‘Páirlimint’ a bhí mar leasainm ar teach inar tógadh Ó hEochaidh (teach a sheantuismitheoirí) (1977). Deir an bailitheoir béaloidis go mbíodh ceol agus seanchas sa teach inar tógadh é agus chomh maith leis sin, go raibh ‘beagán léinn’ ag a athair mór [Séamus John Ó hEochaidh]

agus go léadh sé na páipéir nuachtáin agus scéalta móra an domhain mhóir do na comharsana (1977). De réir na fianaise, ní raibh ganntanas ar bith de thithe Dála nó tithe Parlaiminte in Éirinn san fhichiú haois ó Thír Chonaill go Ciarraí (Ó Sé, 2001: 6). Agus é ag cur síos ar a thréimhse i ndeisceart Thír Chonaill sna 1970idí, áitíonn Lawrence J Taylor gur institiúid a bhí i dtithe dá léithéid agus go raibh an Ghaeilge riachtanach le páirt a ghlacadh sa Pharlaimint, de réir a chuid taithí féin (1995: 21). Deir Taylor gur bhuaill sé féin agus Conall Phaddy isteach chuig teach Párliminte i dTeileann i ndiaidh oíche a chaitheamh sa teach tábhairne:

Inside, the kitchen had been made over entirely to its public purpose; besides the usual assortment of chairs, there were benches against the walls. About a dozen men were ranged about discussing the trials and tribulations of the fishery and sorting out the meaning of current and past events. Known only semi-jocularly as An *Pharliament* [*sic.*], it was the Donegal version of what anthropologist Conrad Arensberg found in County Clare fifty years earlier. No one had thought to mention it during my first stay because the language was Irish. (Taylor, 1995: 21)

Ós rud é go mbíodh fir ag tarraingt ar an teach seo i ndiaidh oíche a chaitheamh sa teach tábhairne, ní hiontas ar bith é mar gheall ar chomhthéacs sóisialta na linne, nach mbíodh mná áitiúla ag bualadh isteach chuig an Pharlaimint áirithe seo faoi dhorchadas na hoíche i dTeileann sna 1970idí. Is léir go raibh an t-antraipeolaí ón taobh amuigh an-sásta leis féin gur éirigh leis cuireadh a fháil bualadh isteach agus tagairt déanta aige de theach Dála ar léigh sé fá dtaobh de i mórshaothar antraipeolaíochta Arensberg agus Kimball ar Chontae an Chláir. Ag trácht ar an tsaothar chéanna de chuid Arensberg agus Kimball, agus ar an teach Dála cheanann chéanna a bhí suite i Rinn na Móna, Co. an Chláir, maíonn Ó Giolláin gur ‘Clique ab ea an “Dáil” a dtéadh seandaoine den stádas céanna chuici’ (2005: 94). D’aithin Lawrence J. Taylor tábhacht an ‘clique’ i dTeileann dó agus thuig sé go raibh an Ghaeilge, agus leoga canúint Ghaeilge Theilinn riachtanach le cead isteach a fháil sa chlub (1995: 20-21). Thiocfaí a mhaíomh gur *clique* a bhí i dteach áirneáil na mBeirneach, Iomaire Mhuireanáin fosta.

Bhí seasmhacht ag teach na mBeirneach i measc bhunadh Theilinn agus bhí sé seo ina bhuntáiste as cuimse do Sheán Ó hEochaidh agus dá thionscadal bailitheoireachta. Agus é ag cur síos ar oíche áirneáil i dteach Mháire Ní Bheirn, tuairim is mí ina dhiaidh

sin, ar an 16 Eanáir 1945, ainmníonn Ó hEochaidh na seanchaithe áitiúla ar fad a bhí i láthair agus luann sé gur éirigh leis a ‘spóca a chur isteach’ sa tseanchas in am trátha. Deir sé:

Bhí fhios agam go mbéadh scaifte bog-sheandaoine annsin agus nach mbéadh moill ar bith orm obair go leór a fhághail ann.

Ag 'ul 'un boinn domh ní rabh astoigh ach Máire agus a deartharach Conall 7 Peadar. Bhí siadsan indiaidh a theacht as an phortach agus iad fliuch báidhte. Ba é seo an chéad uair daobhtha fághail 'na portaigh le coicthís, agus chaithfead siad a dhul sin nó an teinidh a leigean as.

Ag 'ul ó sholus dó chruinnigh lucht an áirneáil isteach agus ba ghoirid go rabh an teach bog-lán-ainmneochaidh mé iad, mar ainmnightear 'sa teach sin iad: Padaí Mhicheáil, Jimí Shiubhasaigh, Dómhnall Mhágghnuis, Peadar a' Chró Bháin, Mágghnus John Phrinnsín, John Lamaí Seáralaí agus scaifte eile.

Indiaidh iad seo uilig a gcómhrádh a dheánamh fá'n aimsir agus fá'n chogadh agus na rudaí móra a bhí le plé acú, thuit siad isteach ins a' t-seanchas chois baile ins a' deireadh. Sin a' t-am a bhfuair mé fhéin spóca a chur isteach.

Chaith mé oidhche an-suimeamhail acú, agus nuair a d'fhág mé an teach sin i n-am luighe bhí notaí go leór scríobhtha liom – oiread agus a choinneochas a scríobhadh cupla lá eile mé – Seanchas maith suimeamhail. 'Sé an rud a rabh mé a smaoitiú air mo bhealach abhaile, gur dhoiligh deireadh an t-seanchais a chur síos, agus gur rud é a bhí do – deánta [*sic.*], nach ndéanfaidhe go bráthach síorruidhe. Tá mé fhéin a teacht agus ag imtheacht 'un toighe seo anois ó bhí mé 'mo ghasúr, agus ó fuair mé ciall agus cuimhne táthar a seanchas ann, agus ina dhiaidh sin níl am ar bith dá dteachaidh mé isteach ann, nach gcualaidh mé rud ínteacht nach gcualaidh mé ariamh roimhe sin. Bhéadh an scéal céadna ag an t-é a shiubhailfeadh an tír – sin a fáth a n-abraim nach gcríochnuighthear obair an bhéaloideas go deó. (CBÉ 1108: 515-517) (16.01.1945)

Thuig Ó hEochaidh go raibh air a bheith foighdeach agus fanacht ar a sheans an comhrá a stiúradh i dtreo a chuid oibre, mar a bheadh cat ag súil le luchóg. Siocair go mbíodh sé ag tarraingt ar theach na mBeirneach ó bhí sé ina ‘ghasúr’, thuig sé go dtiocfadh leis brath ar ábhar nár chuala sé ‘ariamh roimhe sin’ a chluistin sa teach siúd agus thar aon ní eile, an t-ábhar a chur i dtaisce don chartlann náisiúnta béaloidis (CBÉ 1108: 517). Faoi na 1940idí, is léir go raibh Ó hEochaidh breá in inmhe ábhar an áirneáil a stiúriú i dtreo thionscadal náisiúnta an Choimisiúin. Bhí tionchar nach beag aige ar rogha scéalta agus seanchais na seanchaithe dá bharr.

Thuig Ó hEochaidh an tábhacht a bhain le socrú a bheith deánta aige leis na seanchaithe a bhí roghnaithe aige roimh ré. Cé gur minic a bhíodh an bailitheoir béaloidis áitiúil ag taisteal ó theach go teach i dTeileann sna 1930idí, faoi lár na 1940idí, ba ghnáth leis socrú praiticiúil a dhéanamh (de réir fhianaise na dialainne) ionas go mbeadh na seanchaithe cuí aige dá thionscadal bailitheoireachta i dteach na mBeirneach. I gcuntas dá chuid ón 11 Samhain 1946, mar shampla, cuireann Ó hEochaidh síos ar an dóigh a ndearna sé socrú dá leithéid:

Indiaidh braon tae a ól thug mé liom mo bhagaiste agus tháinig mé go h-Iomaire Mhuireanáin. Rinn mé socrú leis an bhaicle a bhí i láthair aréir [Máire Uí Cheallaigh, Séamus Ó hEochaidh agus Seán Mac Seagháin] go ndéanfainn sin, agus gheall siad domh go dtiocfad siad arais indiaidh an dul ó sholus. (CBÉ 1109: 560) (11.11.1946)

Ba é ‘an dul ó sholus’ an t-am den oíche a bhí socraithe acu (CBÉ 1109: 560). Is cinnte gur éascaigh cleachtas rialta an áirneáil i dteach na mBeirneach obair Uí Eochaidh don Choimisiún.

Siocair go raibh aithne mhaith ag an bhailitheoir ar lucht freastail an áirneáil, chiallaigh sé sin go dtiocfadh leis ábhar an áirneáil a stiúradh i dtreo ghnó na bailitheoireachta ar a shócúlacht. Seo mar a chuireann sé síos ar an chuid eile den oíche áirneál siúd ar an 11 Samhain 1946:

Nuair a tháinig mé ‘toigh Mháire ní rabh astoigh ach í fhéin agus a deártháir Peadar. Ar ndóiche bhí sé luath ag lucht áirneáil a bheith astoigh go fóill, ach dheamhan i bhfad go dteachaidh siad a theacht duine anois agus duine arís, agus roimh uair bhí an scaifte uilig astoigh agham a bhí de dhith orm. Tharraing mé orm mo chuid ceisteanna annsin – shuidh mé anonn innseoir an tábla a bhí i dtaoibh an toigh, agus chuaidh mé le h-obair. Bhí an bunadh eile uilig ‘na suidhe thart fá’n teinidh – na fir a caitheamh tobaca, agus na mra a cniotáil. (CBÉ 1109: 560-561) (11.11.1946)

Bheifí ag súil go mbeadh áirneál rialta ar bun i gceantar láidir scéalaíochta ar nós Theilinn an t-am sin den bhliain i mí na Samhna 1946. Ag tagairt don chuntas a sholáthair Ó hEochaidh do *GS*, deir Ó Duilearga an méid seo a leanas faoi shéasúr an áirneáil fhoirmeálta i dTeileann:

In every townland in the district there was at least one house to which, as a rule, the same literary clientele would resort during the nights of winter, usually from mid-

September to 17 March; but the story-telling did not really start until *Oidhche Shamhna* (31 October)[...]In the congenial atmosphere of the house of story-telling, undisturbed by the noise and prattle of children, their sensitive artistry was appreciated by a grown-up audience, mainly men, for whom these tales were intended. (Ó Duilearga, 1945: 19)

Ó thaobh cúrsaí inscne de, tá a fhios againn go raibh beirt bhan ar a laghad i láthair ar an 11 Samhain 1946: Máire Ní Bheirn agus Máire Uí Cheallaigh. Mar a pléadh cheana, léiríonn saothar na beirte go bhfuil i bhfad níos mó castachtaí le cur san áireamh maidir le rannpháirtíocht na mban agus rannpháirtíocht páistí óga sa traidisiún béil chomh maith. Seachas an scéalaíocht fhoirmeálta a luaitear in *GS*, ba iad ceisteanna Uí Eochaidh a threoraigh ábhair na hoíche seo i dteach na mBeirneach. Is fiú suntas a thabhairt fosta don dóigh ar thug an bailitheoir béaloidis cuireadh do na seanchaithe ‘a bhí de dhíth’ air lena chuid spriocanna bailitheoireachta a bhaint amach — rud a dhaingnigh seasmhacht an líonra bhig áitiúil.

Go deimhin, gan ach cúpla lá ina dhiaidh sin ar an 17 Samhain 1946, thóg Ó hEochaidh é air féin uchtach agus misneach a thabhairt dá líonra seanchaithe i dteach na mBeirneach nuair ba léir dó go raibh siad ag éirí éadóchasach faoi chruatan an tsaoil. Ní hamháin gur éirigh leis an bhailitheoir áitiúil na seanchaithe a shocrú, ach d’éirigh leis ábhar an chomhrá a athrú agus a stiúradh i dtreo ghnó an bhéaloidis fosta. Féach thíos:

Bhí an gnáth baicle [*sic.*] annsin a gabhail ‘un boinn dúinn ‘na suidhe thart fá’n teinidh a caint agus a comhrádh – mórán rudaí a cur bhuaidheartha ortha ach go h-áirid cúrsaí an t-saoghail – biadh 7rl. ins an am i láthair agus creidim nach bhfuil rud ar bith eile is ndeise do’n chroidhe nó é. Nuair a thosúigheas siad ar an chineál sin seanchais tig mar bhéadh beag-uchtadh ortha fá’n am atá rompú, agus is doiligh a gcuid comhráidh a athrughadh annsin, agus tabhairt ortha a n-intinn a leagan ar an ‘t-saoghal órdha’ a d’fhág daoine ‘na ndiaidh tá fada ó shoin, agus nach bhfeictear go bráthach arís, is dóiche liom [...] Indiaidh tamall comhráidh a dheánamh, d’éirigh mé fhéin agus tharraing mé ar an tábla agus d’iarr mé ortha dearmad a deánamh de’n t-saoghal shalach atá ann agus a dhul a chainnt fá’n t-saoghal dheas atá caithte. D’aontaigh siad liom go rabh sé comh maith acú sin a dheánamh le n-athrughadh agus annsin chuaidh mé le h-obair. Ní rabh athrughadh ar bith ins an obair ar ndóiche – a cur na gceistanna

ortha as an lámh-leabhar. Shuidh mo chara Wagner annsin rith an ama ag éisteacht go cruaidh, agus a scríobh a chuid nótaí fhéin mar d'fhóir sé go rabh 1030 a chlog ann. (CBÉ 1109: 572-573) (17.11.1946)

Ba léir do Sheán Ó hEochaidh go dtiocfadh leis an tseanchas drochthiúin na seanchaithe a athrú. Is maith an léargas atá sa chur síos seo ar an dóigh a dtiocfadh leis an bhéaloideas agus leis an chomhluadar faoiseamh aigne a thabhairt do dhaoine. Meabhraítear dúinn feidhm bhunúsach na scéalaíochta agus an tseanchais araon: siamsaíocht shóisialta agus tógáil croí. Sainmhíonn Henry Glassie an scéalaíocht (agus an seanchas mar chuid den tsainmhíniú sin) ar shlí an-oscailte a thugann tús áite don fheidhm shóisialta:

Social effect does not postdate texts, it organizes them. As entertainment, stories intend functions, they feed their listeners, nurturing them for future life together. As entertainment, stories are art. Their discourse is more than the transparent veil through which plot is read. (Glassie, 1995: 48)

Ar an taobh eile de, bhí obair le déanamh ag Seán Ó hEochaidh fosta mar bhailitheoir béaloidis de chuid an Choimisiúin agus thuig sé go raibh gá le topaic an chomhrá a athrú. Chomh maith leis sin, ní luaitear cé na hábhair a raibh an scaifte ag gabháil dóibh ar an oíche siúd agus ní féidir ach na ceisteanna seo a ardú i ndáiríre. Cibé cúis de, ní hamháin gur éirigh leis an bhailitheoir béaloidis oíche mhaith oibre a dhéanamh sa teach, ach d'éirigh lena chara léannta, an canúineolaí, Heinrich Wagner, obair a chur de fosta. Faoin tréimhse seo, i lár na 1940idí, is eol dúinn ó na cuntais sa dialann go mbíodh patrún an-rialta ag Ó hEochaidh agus é ag tarraingt ar theach seo na mBeirneach.

Ní de thimpist a thug Ó hEochaidh an leasainm 'Ollscoile' [*sic.*] ar theach Chlainn Uí Bheirn sa bhliain 1947 (CBÉ 1289: 30). I gcuntas a chuir sé síos ar an 16 Feabhra 1947, míníonn sé beocht na scoláireachta sa cheantar agus é ag scríobh i gcuideachta Heinrich Wagner, chomh maith leis na hoícheanta áirneálacha rialta i dteach na mBeirneach fosta. Féach an cur síos seo a leanas:

Ar feadh an tréimhse seo ní rabh athrughadh ar bith ar mo chuid oibre. Bhí mé fhéin agus Enrí le chéile féadaim a rádh rith an ama agus duine againn a cuidiú leis an duine eile comh maith agus bhí ar ár gcumas. Bhíodh m'unncal Diamaid astoigh againn

féadaim a rádh ach an oidhche ach amháin na h-oidheannaí a bhíodh sinn amuigh i dtoigh Mháire Ní Bheirn, Iomaire Mhuireanáin an áit a rabh an ‘Ollscoile’ [*sic.*] againn agus ar gcuid ollaimh. (CBÉ 1289: 30) (16.02.1947)

Thuig Ó hEochaidh an saibhreas scolártha a bhain le saothar na seanchaithe a bhíodh ag tarraingt ar theach na mBeirneach, Iomaire Mhuireanáin agus é ag caitheamh go leor ama i gcuideachta scoláire idirnáisiúnta ar nós Heinrich Wagner i dtrátha na tréimhse seo.

5.8 Lorg Sheáin Uí Eochaidh: Cumha i ndiaidh an chuartheora

Nuair a bhí bailiúchán Sheáin Uí Eochaidh i mbarr a nirt i dTeileann, bhí cleachtadh as cuimse ag na seanchaithe a bhí páirteach i dtionscadal náisiúnta an Choimisiúin ar an taifeadadh rialta a dhéantaí ar réimsí éagsúla an bhéaloidis. Faoi na 1940idí, chothaíodh topaicí an lámhleabhair nó *A Handbook of Irish Folklore* mionphlé agus spreagadh intleachtúil i measc na ndaoine a bhíodh ag tarraingt ar theach na mBeirneach. Thiocfaí a mhaíomh go raibh cuid den líonra a bhíodh i láthair go minic sa teach chomh heolach ar mhodheolaíochtaí bailitheoireachta an bhéaloidis is a bhí an bailitheoir áitiúil féin. Chomh maith leis sin, bhí siad tagtha isteach ar an phatrún shóisialta a chothaigh bailiúchán straitéiseach an bhéaloidis.

Léirítear i ndialann ghoirt Uí Eochaidh go ndeachaigh a chuid cuairteanna i gcion go mór ar na comharsana go fiú má bhí aithne acu air cheana féin ó bhí sé ina ghasúr óg. Mar a pléadh cheana anseo, in earrach na bliana 1946, bhí Ó hEochaidh ag caitheamh cuid mhaith ama i mbun bailithe le Mícheál Ó hIghne i dteach a uncal, Pádraig Mac Seáin, ar an Cheapaigh. Ach dá thairbhe sin, is cosúil gur chúlaigh Ó hEochaidh ar a chuid cuairteanna chuig teach na mBeirneach i gcaitheamh na tréimhse céanna, agus é ag taifeadadh scéalta agus seanchas Mhícheáil Uí Ighne ar an éideafón agus ag iarraidh iad a thras-scríobh agus a sheoladh ar ais chuig an Choimisiún ina dhiaidh. I ndiaidh don bhailitheoir tuairim agus mí ar a laghad a chaitheamh ag bailiú béaloidis ó Mhícheál Ó hIghne i dteach Phádraig Mhic Seáin, is léir gur thug cuid dá líonra seanchaithe faoi deara nach raibh sé ag caitheamh an oiread sin ama i dteach na mBeirneach. Níor cheil a dhuine muinteartha, Máire Ní Bheirn, an fhírinne air, agus

deir Ó hEochaidh gur thug sí rabhadh dó go raibh cuid den líonra béaloidis áitiúil ag caint air siocair nach raibh sé ag tarraingt orthusan a thuilleadh:

Ar mo bhealach 'na Ceapaighe ar maidin, bhí Máire Ní Bheirn amuigh ag taobh a' toighe, agus dubhairt sí go rabh mo chárde a tabhairt guth orm, nach rabh mé a tarraingt orm [*sic.*] comh minic agus a ba ghráthach liom. Mhínigh mé daoithe go rabh mé comh gnoitheach agus a tháinig liom a bheith, agus nach rabh am ar bith agam.

Ghlac mé smaoitiú, nuair a bhí mé tuirseach a scríobhadh de'n ediphone indiú gur mhaith an rud domh cuairt a thabhairt ar Mháire go h-Iomaire Mhuireanáin, agus chuid mo chárde eile.

Chuaidh mé toigh Mháire, agus má chuaidh féin ba ghoirid ann mé gur a scríobhadh a chuaidh mé i n- áit a dhul a chuartaidheacht. (CBÉ 1109: 310-311) (10.04.1946)

Mar a pléadh cheana féin sa chaibidil seo, próiseas fadálach a bhí i gceist le hábhar béaloidis Mhícheáil Uí Ighne a thaifeadadh siocair nach raibh teorainn chinnte idir sos agus obair. Chomh maith leis sin, ní raibh teach na mBeirneach chomh comhgharach d' Atharach is a bhí teach Phádraig Mhic Seáin agus aois mhaith bainte amach ag an scéalaí faoin bhliain 1946 agus é *c.* 74 bliain d'aois. Sa chás seo de, bhí ar Ó hEochaidh a dhícheall a dhéanamh cothromaíocht a lorg i measc na seanchaithe a bhí roghnaithe aige fá choinne thionscadal náisiúnta an Choimisiúin. Léirítear dúinn cé chomh daingean is a bhí an líonra seanchaithe i dteach na mBeirneach agus a leithéid de shuntas tugtha acu do neamhláithreach an bhailitheora.

Chothaigh Seán Ó hEochaidh deiseanna comhrá, seanchais agus scéalaíochta ar fud Thír Chonaill de thairbhe a chuid oibre mar bhailitheoir béaloidis. Ba chuirteoir ceart é Ó hEochaidh nuair a bhíodh sé i mbun bailitheoireachta taobh amuigh dá cheantar féin ach mar sin féin, is léir gur éirigh leis cairdeas a bhaint amach le seanchaithe éagsúla ar fud Ghaeltachtaí an chontae. Féach thíos, mar shampla, mar a chuireann Ó hEochaidh síos ar an chumha a bhí ar Niall Ó Dubhthaigh nuair a bhí ar an bhailitheoir dul ar ais go Teileann i mí na Bealtaine 1944:

Nuair a bhí mé ag imtheacht dubhairt mé le Niall gur dhóiche gurbh'í seo mo chuairt dheirionnach chuige. Níor thaitin leis seo a chluinstean, ach ní rabh neart air, agus bhí an t-am agam a dhul 'un siubhail. Bhí obair mhór deánta agam le Niall, agus mé íontach sásta dó.

Bhí mo sháith cumhaidh orm 'á fhágail, nó mur mbéadh rud ar bith eile ann bhí fhios agam nach gcasfaidhe a leithid orm a choidhche arís. Bhí céad fáilte aige rómham i dtólamh, agus é gonta obair a dheánamh domh 'ach uile uair dá dtéighinn chuige. Bhí eólas as cuimse aige ar 'ach uile sheórt dar bhain le béaloideas agus tá mé a fágail gurbh'í an chuimhne íontach a bhí aige a ba chionntaigh le seo. Bhí foighde aige annsin, nach rabh ag duine ar bith dar casadh orm ariamh. Shuidhfeadh sé annsin seól-mara, agus mé ag cur na gceisteanna air as an láimh-leabhar béaloideas, agus b'annamh ariamh a dubhairt sé liom go rabh sé tuirseach. Tá mé a tarraingt air anois corradh mór le trí bliadhna – tá 750 eiteáin lán aige domh, agus na céadta eile leathanach scríobhtha agam uadh nach dteachaidh ar eiteán ar bith. Is tearc fear i gcionn a dheich agus trí scór 'san am i láthair atá ábalta sin a dheánamh!

Bhí a dheirbhshiúr – Eibhlín – go h-íontach maith domh fosta achan am dá dteachaidh mé 'un toighe. Is iomaidh greim bidh a d'ith mé aici, agus leóga ní rabh moill greim d'a cuid bidh a ithe. Bhí sé glan inneallta, agus ba mhór an pléisiúr suidhe isteach chuig an ghreim bidh a dheánfad sí réidh. Dá mbéadh an saoghal mar ba chóir, b'fhéidir go dtiocfadh liom a cuid cinealtais a chúiteamh daoithe ar dhóigh ínteacht, ach níl sé mar sin agus ag Dia fhéin atá fhios cé'n uair a béas!

Mar dubhairt mé cheana féin, tá obair mhór deánta ag Cloinn Uí Dhubhthaigh ar shon chultúr a dtíre, agus ní mise a'n nduine amháin a mbéidh buidheachas agam ortha ar ball! Béidh scolairí nach dtáinic 'un t-saoghail go fóill a rádh gur bh'íontach na daoine iad! (CBÉ 1108: 105-108) (14.05.1944)

Réitigh an bheirt fhear go maith lena chéile agus ghiorraigh an seanchas agus próiseas bailithe an bhéaloidis an lá don tseanchaí. Ar an taobh eile de, ar ais i dTeileann dó, deir Ó hEochaidh gur cuireadh fáilte chroíúil roimhe, agus deir sé gur 'shaoilfeá gur as Meirica a tháinic mé' siocair go raibh na comharsana ag teacht agus ag imeacht chun é a fheiceáil i dteach a mháthara (CBÉ 1108: 117)(17.05.1944).

D'fhág próiseas na bailitheoireachta a lorg ar chleachtas an traidisiúin bhéil sna Cruacha Gorma, an Ghaeltacht Láir fosta. Ina cuid taighde ar sheachadadh na scéalaíochta i measc na mban, tugann Clodagh Brennan Harvey suntas don dóigh a ndeachaigh Ó hEochaidh i bhfeidhm ar scéalaithe an cheantair (1989: 118-119). Faoi na 1980idí, nuair a bhí Brennan Harvey i mbun taighde sna Cruacha, bhí an ceantar bánaithe go mór ag an imirce agus daoine a raibh orthu an ceantar a fhágáil (1989: 118-119). Seo mar a chuireann Brennan Harvey síos ar agallamh a rinne sí le Máire Ní Chinnéide as na Cruacha Gorma, idir 1983-1984:

The population of Na Cruacha, and other Gaeltacht areas of Ireland, has decreased to the extent that there are simply very few people left to visit each other or to constitute a viable audience for the tradition. In fact, in Máire's view, Seán Ó hEochaidh's retirement ended the storytelling tradition in the area, for with Seán went any inducement to retain or narrate the old tales. As Máire put it, 'When Seán Ó hEochaidh left this place, I think the old stories went with Seán. (Brennan Harvey, 1989: 119)

Bhí tionchar nach beag ag Ó hEochaidh ar líonraí seanchaithe éagsúla ar fud an chontae le linn a thréimhse mar bhailitheoir de chuid an Choimisiúin. Ní nach ionadh, gur i dTeileann a d'fhág sé an lorg is mó. Teach áirneáil seasmhach a bhí i dteach na mBeirneach i dTeileann agus oícheanta cuartaíochta rialta ann sa tréimhse ina raibh Ó hEochaidh i mbun bailithe. Thiofáí a mhaíomh gur dhaingnigh cuairteanna Uí Eochaidh seasmhacht na n-ócáidí seachadta sa teach agus an líonra seanchaithe a bhíodh ag tarraingt ar an teach dá bharr.

5.9 Ceangal

Ceann de na mórcheisteanna a thagann chun cinn sa phlé ar fad a rinneadh sa chaibidil seo ná cad é is 'baile' ann? Is ceist í seo a thagann chun cinn sna réimsí éagsúla den traidisiún béil trí chéile: sna hamhráin (mar a chonaic muid le 'Bríd Bhán'), sna seanscéalta fada (mar a pléadh i gCaibidil a Trí), agus sa tseanchas (Caibidil a Ceathair). Mar a chonaic muid i gCaibidil a Dó, bhí deacrachtaí faoi leith ag cuid de na cuairteoirí léannta (na Curtins agus an *Picture Post*) dul i dtaithe ar thithe traidisiúnta na hÉireann agus ar an rud a thuig siadsan as an bhochtanas. Mar a mhínigh Caoimhín Ó Danachair agus é ag trácht ar dóigh a dtógtáí na tithe ceann tuí:

And such a lot of silly nonsense has been written by shortsighted tourists and travellers in the nineteenth century about 'poor mud cabins' that we must remind ourselves that tempered clay made and put up by expert hands was a very good building stuff, and that most of the fine old thatched houses which we see today are built of this material. (Danaher, 1964: 11)

Cé gur siamsaíocht a bhí i gceist le cleachtas an traidisiúin bhéil sna tithe ar an leibhéal is bunúsaí, bhí feidhm shíceolaíoch, feidhm mhothúchánach agus feidhm shóisialta ag baint le cleachtas na n-ealaíona béil i measc na gcomharsan. Mar a shainmhínigh Gaston Bachelard: 'the house images move in both directions: they are in us as much

as we are in them’ (2014 [1958]: 21). Is cinnte, mar a aithníonn Mícheál Briody go ndearnadh rómánsú ar an teach áirneáil mar institiúid shóisialta arbh fhir iad a bhunús (2013: 1). Mar sin féin, is gá an tábhacht shíceolaíoch a bhain leis na tithe áirneáil a chur san áireamh agus cleachtas an áirneáil á mheas.

Is tairbheach an cur chuige é mionanailís a dhéanamh ar aon teach áirneál amháin idir ábhar agus comhthéacs. Ó thaobh cúrsaí inscne de, cé go raibh sé mar sprioc ag an chabidil seo anailís a dhéanamh ar an teach féin agus ar chleachtas an áirneáil i measc an líonra seanchaithe ina iomláine, is suntasach gurbh í Máire Ní Bheirn a tháinig chun cinn mar réalt na caibidle seo i ndáiríre. Cé gur thug Seán Ó hEochaidh ‘teach Chondy Johnny Johndy’ ar an teach sa bhliain 1935 (CBÉ 421: 17), is léir gurbh í Máire ceann an tí, agus ról suntasach aici i gcothú chleachtas an áirneáil lena linn. Mar a chonaic muid, bhain cúram na féile agus na flaitiúlachta leis na mná go minic sa tsochaí thraidisiúnta agus bhraith cáil an tí ar an dóigh a ndéanadh bean an tí acmhainní an teaghlaigh a roinnt idir bia agus deo.

Bhí tionscnamh bailithe éifeachtach ar bun ag Ó hEochaidh ina cheantar dúchais i dTeileann agus é ag iarraidh dhualgais an Choimisiúin a chomhlíonadh. Is cinnte gur sholáthair teach na mBeirneach, chomh maith le tithe a chuid uncailí, Pádraig agus Diarmuid Mac Seáin, spásanna cuí le béaloidis an cheantair a chur i dtaisce. Spás tábhachtach a bhí i dteach Phádraig Mhic Seáin a d’éascaigh an taifeadadh a rinneadh ar scéalta agus ar sheanchas Mhícheáil Uí Ighne. Mar sin féin, ba spás speisialta a bhí i dteach na mBeirneach, Iomaire Mhuireanáin a raibh teas ann sa dá chiall. Saotharlann a bhí ann siocair go mbíodh Ó hEochaidh ábalta a chuid seanchaithe a cheistiú go mion agus an t-airneál rialta a stiúradh i dtreo spriocanna na bailitheoireachta faoi na 1940idí. Thuig an líonra seanchaithe a bhíodh ag tarraingt ar theach na mBeirneach an ról a bhí acusan sa bhailiúchán náisiúnta fosta agus sa dóigh seo, bhí seilbh áirithe acusan ar thionscadal náisiúnta an bhéaloidis.

Cé nach raibh i dteach Uí Bheirn ach teach áirneáil beag áitiúil, institiúid de chuid an bhéaloidis agus de chuid na Gaeilge a bhí ann nuair a bhí sé i mbarr a réime. Ba iad

na líonraí seanchaithe ar fud na tíre a sholáthair ábhar béaloidis do thionscadal Choimisiúin Béaloideas Éireann, agus is gá na líonraí siúd agus na tithe áirneálacha a aithint i dtaca leis an ábhar a bailíodh chun pictiúir níos iomláine agus níos bríomhaire a fháil ar an mhórbhailiúchán náisiúnta.



Ollscoil Mhuintir Johnnie Johndy

Conall agus Máire Johnnie Johndy taobh amuigh dá dteach sa bhliain 1969. Is é Peter Donohoe as Co. an Chabháin an fear atá ar dheis. Le caoinchead ó Phádraig Ó Cuinneagáin as Cruachlann, mac Chiotáí Seáin a thóg a cuid amhrán óna cara, Máire Ní Bheirn.

Conclúid

Ba chuí, leoga, mar a roghnaíodh íomhá Mhícheáil Uí Ighne le taispeáint ar na stáisiúin nuachta náisiúnta in Éirinn, TG4 agus RTÉ1, agus é ag scéalaíocht i dTeileann nuair a fógraíodh gur bronnadh stádas UNESCO ar Chnuasach Bhéaloideas Éireann i mí na Nollag 2017. Ní áibhéil a bhí ann nuair a mhaígh mé i réamhrá an tráchtais go dtiocfaí tráchtas dochtúireachta a bhunú ar scéal an ghrianghraif sin gan a dhul a dhath níos faide. Ach chuathas ní b'fhaide ná an grianghraf siúd le linn an tráchtais, agus rinneadh na suíomhanna ina ndéantaí an traidisiún béil a sheachadadh a spíonadh amach, i dtaca leis an ábhar béil a bailíodh i dTeileann idir 1935-1976. Mar a chonaic muid i gCaibidil a hAon, bhí fréamhacha láidre idirnáisiúnta ag Coimisiún Béaloideas Éireann ón tús. Cé gur ag díriú ar cheantar bheag amháin i ndeisceart Thír Chonaill a bhí muid, bhí tionscnamh bailitheoireachta Sheáin Uí Eochaidh i dTeileann fite fuaite le léann an bhéaloidis go náisiúnta agus go hidirnáisiúnta. Is gá castachtaí idé-eolaíochta go leor a chur san áireamh i dtaca le teacht chun cinn an bhéaloidis mar ábhar léinn san Eoraip sa 19ú haois agus bailiúchán Theilinn á mheas againn.

Thosaigh muid ar ár n-aistear taiscéalaíochta ar bhailiúchán Theilinn leis na scoláirí idirnáisiúnta agus na meáin a bhíodh ag tarraingt ar Theileann agus ar na ceantair Ghaeltachta ó dheireadh an naoú haois déag i leith agus chríochnaigh muid le teallach Chlainn Johnnie Johndy Uí Bheirn — miceacosma beag de bhailiúchán Choimisiún Béaloideas Éireann. Ba chuid riachtanach de na tuiscintí, de na ceisteanna agus den phlé a tháinig chun cinn sa tráchtas seo an cur chuige oscailte comhthéacsúil a cheadaigh dúinn ábhar na seanchaithe a chíoradh go mion beacht. Is cinnte gur corpas an-saibhir agus an-tiubh ar fad is ea an bailiúchán béaloidis a rinne Seán Ó hEochaidh agus a líonra seanchaithe i dTeileann idir 1935-1976. Bhí Ó hEochaidh ar dhuine de na bailitheoirí ba rathúla de chuid an Choimisiúin agus chaith sé formhór dá shaol le gairm na bailitheoireachta. Dá thairbhe sin, níl sa mhéid a pléadh le linn an tráchtais seo ach sciar an-bheag de bhailiúchán Uí Eochaidh i dTeileann gan trácht ar Thír Chonaill, agus go deimhin, níl ann ach gráinín beag bídeach den bhailiúchán náisiúnta ar fad. Mar sin féin, is treo chun tosaigh atá sa taighde seo ar an dóigh a dtiocfaí tabhairt faoi anailís thiubh chomhthéacsúil ar ábhar na cartlainne. Tá súil agam go mbeidh an múnla a bhí in úsáid agam sa tráchtas ina spreagadh ag tuilleadh scoláirí

tabhairt faoi thaighde tiubh comhthéacsúil ina ndírítear ar na cineálacha ábhar éagsúla a chleachtaí i sochaithe tuaithe, i dtaca leis na gnéithe sóisialta a bhíodh ag dul i gcion ar na daoine a chleachtadh an t-ábhar.

Is cinnte go bhfuil borradh faoin scoláireacht ar dhialanna na mbailitheoirí de chuid an Choimisiúin fosta (Ó Catháin, 1989; úí Ógáin, 2007; Lysaght, 2007 & 2008; Ó Catháin, 2012; Ó Laoire, 2013, 2017 & Walsh, 2016), agus is ag cur leis an mheitheal taighde sin atá an tráchtas seo. Siocair go raibh ról chomh lárnach sin ag Seán Ó hEochaidh i mbailiúchán naisiúnta an bhéaloidis, agus beagnach caoga bliain caite aige lena cheird, tugann an bailiúchán a rinne seisean le Conall Ó Beirn, Máire Ní Bheirn, Máire Uí Cheallaigh agus Mícheál Ó hIghne léargas an-bheacht go deo dúinn ar a fhorbairt mar bhailitheoir, agus go háirithe ar an dóigh ar fhorbair sé a cheird sa bhaile i dTeileann. Mar a nocht Mícheál Briody ina chuid taighde ar *GS*, agus mar a pléadh síos fríd an tráchtas, bhí ról nach beag ag Ó hEochaidh agus a líonra seanchaithe i dTeileann ar na tuiscintí a bhí chun tosaigh ar feadh i bhfad sa scoláireacht i dtaca leis an teach áirneáil agus leis an scoilt inscne i léann an bhéaloidis in Éirinn; i.e. seanchas vs seanscéalta fada (2015: 62-97; 2013: 1-33). Mar a chonaic muid i gCaibidil a Trí agus i gCaibidil a Ceathair, is cosúil nárbh ionann i gcónaí an méid a bhí le rá ag Ó hEochaidh ina chuid foilseachán, agus an méid a bhí le feiceáil agus le cluinstitín os a chomhair amach i dTeileann lena linn. Is cinnte gur thuig Ó hEochaidh gur thóg cuid de mhórscéalaithe Theilinn a gcuid scéalta ó mhná agus óna gcuid máithreacha agus an t-eolas seo tras-scríofa aige ó bhí 1935 ann (CBÉ 139, 140 & 141). Caithfidh gur thuig sé fosta go raibh ról gníomhach ag mná sa scéalaíocht agus i gcothú an traidisiúin fosta, bíodh is gur roghnaigh sé rangú docht a leagan amach sa chuntas a sholáthair sé féin agus a líonra fear do *GS*, agus gur chinn sé Máire Ní Bheirn agus Máire Uí Cheallaigh a fhágáil amach. Is gá an t-ábhar a thomhas de réir shlat tomhais a linne ach a bheith ag tarraingt ar pheirspictíochtaí éagsúla chun teachtaireachtaí an ábhair a fhuascailt i gcomhthéacs níos leithne go hidirnáisiúnta. Léiríonn an taighde seo go bhfuil cuid de na freagraí ar na ceistanna seo i dtaca le cúrsaí inscne agus an teach áirneáil le fáil sa bhailiúchán féin, agus gur trí chíoradh mion cúramach a dhéanamh ar an ábhar a gheofar tuiscint níos iomláine ar chúrsaí inscne i dtaca leis na spásanna seachadta i bpríomhbhailiúchán Chnuasach Bhéaloideas Éireann.

Conclúid

Bíodh is gur néata an mhaise dúinn é ‘corpas’ a thabhairt ar shaothar na seanchaithe a pléadh le linn an tráchtais seo agus na seanchaithe ar fad a bhfuil a gcuid ainmneacha innéacsaithe i gCnuasach Bhéaloideas Éireann, an Coláiste Ollscoile, BÁC, is gá a chuimhneamh i gcónaí ar na daoine a chruthaigh na lámhscríbhinní seo lena gcuid aithrise. Caithfear machnamh a dhéanamh ar an dóigh ar chleacht na seanchaithe a gceird, an dóigh a ndeachaigh an bhailitheoireacht ghairmiúil i gcion orthu, ar an bhrí a bhí ag baint leis na healaíona béil sa tsochaí, agus ar na spásanna ina ndéantaí na healaíona dúchais a sheachadadh lena linn. Chruthaigh Conall Ó Beirn, Máire Ní Bheirn, Máire Uí Cheallaigh agus Mícheál Ó hIghne beagnach 2,000 leathanach de lámhscríbhinní lena gcuid aithrise ach is beag a chiallaíonn an figiúr sin as féin, gan an t-ábhar a thabhairt chun solais agus mionanailís thomhaiste a dhéanamh air.

Agus muid ag ceann scríbe an tráchtais, is léir gur bhain fiúntas faoi leith le cur chuige oscailte, leathanaigeanta, comhthéacsúil a úsáid agus mionanailís á déanamh ar na seanscéalta fada, ar an tseanchas, ar an teach áirneáil agus ar na cuairteoirí idirnáisiúnta. Ba ghá, mar a pléadh i gCaibidil a hAon, roghnú a dhéanamh ar ábhar a bheadh fóirsteanach do spriocanna taighde an tráchtais seo agus mar sin de, is fiú a mheabhrú go bhfuil na tuiscintí atá anois againn ar bhailiúchán Chonail Uí Bheirn, Mháire Ní Bheirn, Mháire Uí Cheallaigh agus Mhícheáil Uí Ighne bunaithe ar sciar an-bheag dá gcorpas ina iomláine.

Ar an ábhar sin, is cinnte nach ceann scríbe atá sa tráchtas seo ar chor ar bith ach gur tús atá ann leis an anailís ar shaothar na seanchaithe siúd, agus is pictiúr níos iomláine atá ag teacht chun cinn i dtólamh. Tháinig torthaí taighde chun cinn, nach dtiocfadh chun cinn gan múnla comhtheacsúil a bheith in úsáid (i.e. ceist na himirce, rannpháirtíocht na mban agus tábhacht na spásanna seachadtha). Dá réir sin, díríodh ar an ábhar i dtaca leis na spásanna seachadta, agus díríodh ar na seanscéalta fada i dtaca leis an tseanchas. Is tús atá ann, tá súil agam, ar na ceisteanna a thóg Anne O’Connor ina páipéar ‘De-constructing the Archive? A Reflection on Collection-Centred Ethnology in the Irish Context’ a fhreagairt (2010: 80-98). Mar a dúirt sise sa pháipéar siúd: ‘As postgraduate students in the Department of Irish Folklore in the early 1980s, we used to joke that ‘one half’ of the archive was indexed — but which

half? And in truth the constant process of indexing is never-ending' (2010: 84). Tús a bhí san aistear taighde seo leis an innéacsú chruinn a dhéanamh, ach mar sin féin, is gá a bheith oscailte i gcónaí go mb'fhéidir go dtiocfaí ábhar nua chun solais sa chartlann. Pillimis ar litir Carl von Sydow, a pléadh i gCaibidil a hAon:

We must find out how they got their tradition, through inheritance at home or out in the community, on which occasions etc. And also when do these traditions come into play? When, in which company, on what occasions do they tell their tales? How do their listeners react? What sort of people do not react, do not bother to listen and to what extent do listeners take up and carry on the traditions? How does one progress from being a passive to an active tradition bearer? All these are extremely important questions for folklore research and there is no country in the world other than Ireland which can provide such valuable information about these matters. All in all the memoirs of tradition bearers are of the utmost value (von Sydow, 1945: in Briody, 2007: 432).

Léiríodh sa tsaothar taighde seo, gur féidir aghaidh a thabhairt ar chuid de na ceisteanna fríd an ábhar féin a mheas i dtaca leis an dóigh a ndéantaí an traidisiún a sheachadadh nuair a bailíodh é. Is fearr a thuigfear cruthú na cartlainne trí anailís thiubh chomhthéacsúil a dhéanamh ar na lámhscríbhinní agus ar na daoine (na seanchaithe, na bailitheoirí, stiúrthóirí an Choimisiúin & an léann idirnáisiúnta) a chruthaigh na lámhscríbhinní.

Seachas a bheith de shíor ag iarraidh scaradh dénrtha a dhéanamh idir na gnéithe éagsúla den traidisiún béil, cur chuige atá an-fhurasta a chur i bhfeidhm, tá go leor le foghlaim nuair a thuigtear go raibh na gnéithe seo ar fad fite fuaite lena chéile. B'fhiúntach an ní é, mar sin, spás caibidle an ceann a thabhairt do na topaicí seo a leanas: scoláirí idirnáisiúnta, scéalaíocht na bhfear, seachas na mban agus an teach áirneáil. Is fearr ár dtuiscint ar na seanscéalta fada nuair a mheastar an seachas lena thaobh, sa dóigh chéanna arb fhearr ár dtuiscint ar an tseachas agus cur amach againn ar chleachtas na seanscéalta fada. Chonaic muid go bhfuil an dá réimse sin den traidisiún béil fite fuaite lena chéile i ndairíre. Is fearr ár dtuiscint ar Mháire Phadaí Bháin, Mín an Bhrollaigh mar gheall ar an anailís a rinneadh ar 'Scéal an Bhlocáin' le Conall Ó Beirn i gCaibidil a Trí, i dtaca leis an chíoradh a rinneadh ar chuntas Mháire Uí Cheallaigh ar an phéist chapail a bailíodh mar chuid de cheistneoir *AHIF* i

gCaibidil a Ceathair. Chruthaigh an fhianaise a tháinig chun cinn ar scéalaíocht na mban sa dá chaibidil sin, gur gá suirbhé a dhéanamh ar na foinsí eolais a bhí ag na seanchaithe de chuid an Choimisiúin. Mar a chonaic muid i gCaibidil a Trí, bhí Séarlaí Mac Anna ina scéalaí eiseamláireach sa cheantar lena linn, a bhíodh ag gabháil de na seanscéalta gaisce, agus cáil air go ceann i bhfad agus é imithe ar shlí na fírinne. Mar sin féin, i gCaibidil a Ceathair, chuir cuntas Mháire Uí Cheallaigh ar an phéist chapail go mór lenár dtuiscint ar scéal eile de chuid Mhic Anna, scéal nach bhfuil i gcló—*ATU 440 The Frog Prince*. Is é an cur chuige comhthéacsúil a thugann beocht d’ábhar na cartlainne. I gcás Mhícheáil Uí Ighne, tímíd gur chuid an-tábhachtach dá fhorbairt mar scéalaí ab ea an seal a chaith sé ar imirce i mButte Montana, i dtaca leis an dá thuras a thug sé ar an Oireachtas i mBaile Átha Cliath i 1945 agus 1946 (Caibidil a Dó). Is suntasach go raibh dúil ag Mícheál Ó hIghne agus ag Conall Ó Beirn san éagsúlacht, i bhfianaise na n-athruithe a tháinig ar a gcuid scéalta (‘Scéal an Bhlocáin’, CÓB & ‘An Crochaire Tarnocht’, MÓhI) idir na 1930idí agus na 1940idí. Ealaíontóirí cruthaitheacha a bhí sa bheirt acu, a raibh glúin eatarthu, agus a gceird á forbairt de shíoraí acu i gcaitheamh a saol.

Ba chuid an-tábhachtach de Chaibidil a Ceathair coincheap an spáis— is é sin an áit a ndéantaí réimsí éagsúla den traidisiún a sheachadadh. Eochair is ea an *spás* agus ábhar cartlainne na mban á mheas againn. Chonaic muid nárbh ionann an cur chuige i gcónaí a bhíodh in úsáid le hábhar a bhailiú ó Mháire Ní Bheirn agus ó Mháire Uí Cheallaigh agus iad i mbun *AHIF* a fhreagairt agus an cur chuige a bhíodh in úsáid le hábhar na bhfear, nó cineálacha ábhar eile a thairfeadh. Ba i rith an lae an t-am ciúin ag Ní Bheirn agus Uí Cheallaigh, agus ba é teach Mháire Ní Bheirn an spás ab fhearr le tabhairt faoi mhúnla an cheistneora. Is fearr ár dtuiscint ar sheachadadh chultúrtha na mban nuair a mheastar spás príobháideach an tí (i rith an lae go minic nuair a bhíodh na fir as baile), seachas iad a mheas de réir spásanna poiblí na bhfear (an spás céanna go minic, i.e. an teallach, ach fir a bheith i láthair san oíche). Léiríodh fosta gur tháinig mórán topaicí chun cinn de thairbhe struchtúir *AHIF*, b’fhéidir nach dtiocfadh chun cinn gan múnla córasach (oifigiúil) mar sin a bheith leagtha amach. Tugadh dúshlán do Sheán Ó hEochaidh ábhar a lorg óna dhaoine muinteartha agus óna chuid comharsan a bhain le saolú páiste agus le rún na mban agus meabhraítear dúinn gur cinnte go ndearnadh neart eolais a cheilt agus múnla dúshlánach *AHIF* á leanstan ag

Conclúid

Máire Ní Bheirn agus ag Máire Uí Cheallaigh. Is cuid an-suntasach den bhailiúchán ar fad, an méid uaireanta a chaith Ní Bheirn agus Uí Cheallaigh leis an cheistneoir, agus is eolas an-saibhir atá ina mbailiúchán a léiríonn intleacht ghéar agus tuiscint dhomhain ar an dúlra, ar an leigheas dhúchasach, agus ar chorp an duine.

Tháinig na tuiscintí i leith na flaitiúlachta agus acmhainní pearsana agus reacaireachta a roinnt chun cinn sna caibidlí ar fad. I gCaibidil a Cúig, chonaic muid gur ghné lárnach de chuid chleachtas rialta an áirneáil ab ea an fhlaithiúlacht agus an fhéile. Nuair a dhéantaí acmhainní pearsanta a roinnt agus na healaíona béil a sheachadadh i measc na gcomharsan, thugtaí faoiseamh aigne don líonra béaloidis áitiúil. Cé gur leag an *Picture Post* agus Jeremiah agus Alma Curtin béim ar bhochtaineacht an cheantair, mar a chonaic muid i gCaibidil a Dó, léiríodh i gCaibidil a Cúig, go raibh cleachtas an traidisiúin bhéil ar cheann de na bealaí a tháinig daoine fríd an chruatan go síceolaíoch. Bhain tábhacht le coincheap an teasa, mar a shainmhínigh Ó Laoire ina chuid taighde ar oileán Thoraí (2002: 183). Ba chuid lárnach den ráchairt a bhíodh ar theach an áirneáil *teas* an tí agus *teas* na cuideachta araon.

Bíodh is gur cur chuige ilghnéitheach a bhí in úsáid agam agus spás tugtha agam do réimsí éagsúla de chuid chleachtas an traidisiúin béil, mar sin féin, níl sa mhéid sin ach briseadh an bhairille. Is gá tuilleadh taighde a dhéanamh ar roinnt gnéithe nár pléadh ina iomláine i gcaitheamh an tráchtais seo:

Tionchar na Scoláirí Idirnáisiúnta

Mar atá feicthe againn i gCaibidil a Dó, bhí tionchar suntasach ag na scoláirí idirnáisiúnta agus ag na meáin ar na tuiscintí i leith an traidisiúin bhéil i dTeileann. Is gá coincheap an idirghabhálaí a chioradh a thuilleadh i dtaca le bailiúchán Sheáin Uí Eochaidh i dTeileann, agus i dtaca leis na bailitheoirí eile de chuid an Choimisiúin. Tá féidearthachtaí ann sa chás seo de, taighde idirdhisciplíneach a dhéanamh ionas go gcuirfí leis na tuiscintí atá againn ar an bhéaloideas i dtaca leis an chanúineolaíocht agus an antraipeolaíocht in Éirinn le linn an fichiú haois. Is maith mar a léiríonn

Conclúid

taighde John Walsh (2016), go saibhríonn dialanna na mbailitheoirí béaloidis ár dtuiscintí ar an chanúineolaíocht thraidisiúnta. Bhíodh na bailitheoirí lán-aimseartha de chuid an Choimisiúin an-ghníomhach i saothrú na canúineolaíochta, agus na hantraipeolaíochta agus iad ag freastal ar riachtanais na gcuariteoirí léannta. Chomh maith leis sin, mar a chonaic muid le bailiúchán Sheáin Uí Eochaidh, is gá a mheas cén tionchar a bhí ag na bailitheoirí béaloidis ar na líonraí faisnéiseoirí a bhí ag na cuairteoirí ón taobh amuigh le linn ré an Choimisiúin. Sa dóigh sin, is fearr a thuigfear mar a chuaigh na bailitheoirí béaloidis i gcionn ar a gcuid spriocanna taighde siúd, agus mar a chuaigh na scoláirí i gcionn ar na bailitheoirí agus ar na líonraí seanchaithe áitiúla. Is cinnte gur gá taighde cúramach cartlainne a dhéanamh ar scríbhinní Jeremiah agus Alma Curtin fosta i dtaca lena gcamchuairt ar Éirinn sna 1880idí. Is cinnte gur fiú camchuairt an *Picture Post* a spionadh amach a thuilleadh fosta agus féachaint ar na cuntais a scríobhadh ar na ceantair eile ina raibh siad, rud nach raibh faill agam a dhéanamh sa tsaothar taighde seo; ansin thiofáí comparáid a dhéanamh idir dialann taistil Jeremiah agus Alma Curtin, agus na cuntais a foilsíodh sa *Picture Post*.

Scéalaíocht na bhFear

Cé nár roghnaíodh ach dhá scéal de chuid Chonail Uí Bheirn agus Mhícheáil Uí Ighne i gCaibidil a Trí, is tús an-láidir atá sa mhéid sin féin a leagann amach na fréamhacha do mhórtionscnamh ar scéalaíocht na bhfear i dTeileann le linn an fichiú haois i gcoitinne ionas go dtig cíoradh níos mine a dhéanamh ar a ndúirt Séamus Ó Duilearga faoi scéalaíocht na bhfear i dTeileann in *GS* (1945). Eascraíonn dhá mhórtionscnamh as caibidil na scéalaíochta:

- (i) Tionchar na mban ar scéalaíocht na bhfear agus iad ina ngasúir óga
- (ii) Taithí na himirce agus na gréasáin scéalaithe a thagadh le chéile agus iad ar deoraíocht sna Stáit Aontaithe

Sa dá chás, thiofáí tosú le corpas na bhfear i dTeileann a chíoradh mar thús agus féachaint ar na foinsí eolais a bhí acu, agus ansin thiofáí é a spionadh amach agus suirbhé a dhéanamh ar rogha scéalaithe a bhí mar fháisnéiseoirí ag Ó hEochaidh ar fud Ghaeltachtaí Thír Chonail. I gcás thaithí na himirce de go sonrath, tá gá le taighde a dhéanamh sna cartlainne thall go cinnte, agus i dtaca le Mícheál Ó hIghne, tús a bheadh sa tochailt siúd le turas taighde ar *The Butte Silver Bow Archives*, turas nach raibh faill

Conclúid

agam tabhairt faoi le linn an tráchtais seo ach a bhfuil sé i gceist agam a dhéanamh amach anseo.

Mionseanchas na mBan

Is cinnte gur gá taighde níos cuimsithí a dhéanamh ar mhionseanchas na mban, agus ar an ábhar a bailíodh faoi scáth *AHIF* go háirithe. Bíodh is gur caibidil an-tiubh a bhí i gCaibidil a Ceathair ó thaobh eolais agus líon focal de, níor clúdaíodh ach sciar an-bheag den tsaineolas a bhí ag Máire Ní Bheirn agus ag Máire Uí Cheallaigh ar an eolaíocht dhúchais. Tarraingíonn scéal scéal eile agus eascraíonn cúpla tionscnamh taighde eile as torthaí taighde na caibidle seo. Is díol spéise na tuiscintí géarchúiseacha a léirigh Ní Bheirn agus Uí Cheallaigh ar an eolaíocht, ar leigheas na muintire, agus ar chorp an duine. Níor pléadh na cuntais a bhain le rún na mban agus le saolú páiste ach go hachomair. Mar sin féin, is léir gur fiúntach an cur chuige é réimsí éagsúla den traidisiún béil a mheas le teacht ar thuiscint níos iomláine ar thaithí na mban. Chomh maith leis sin, is fiú an tríú Máire, Máire Uí Dhonnagáin, Rann na Cille, a tharraingt isteach mar chuid den phlé seo mar chomparáid agus eolaíocht dhúchasach na mban i dTeileann á meas. Dála an chur chuige a bhí in úsáid agam i gCaibidil a Ceathair agus i gCaibidil a Cúig, is mór is fiú spásanna seachadta na mban a spíonadh amach a thuilleadh agus taighde á dhéanamh ar a gcuid seanchais.

Cé nár pléadh ach gréasán beag seanchaithe i gceantar dúchais Sheáin Uí Eochaidh i dTeileann, léirítear na dioscúrsaí éagsúla a bhí ag dul i gcion ar aon phobal béaloidis amháin i lár an fichiú haois. Níor dhaoine iad na sársheanchaithe i dTeileann a bhí scoite amach agus gan teagmháil acu leis an tsaol taobh amuigh dá gceantar dúchais mar a d'fhéadfaí a léamh ar áitiú Shéamuis Uí Dhuilearga in *GS*. Thuig Conall Ó Beirn, Máire Ní Bheirn, Máire Uí Cheallaigh agus Mícheál Ó hIghne dinimicí na bailitheoireachta go rímhaith agus ba gheall le monarcha béaloidis ceantar Theilinn i gcaitheamh ré Sheáin Uí Eochaidh mar bhailitheoir béaloidis ann. Ní raibh i líonra seanchaithe Uí Eochaidh ach gréasán an-bheag i ndáiríre má chuirimid an 40,000 seanchaí a bhfuil a saothar sa chartlann san áireamh (Briody, 2007: 465). Mar sin féin, bhí tionchar mór ag an líonra chéanna agus ag Seán Ó hEochaidh ar léann an


Conclúid

bhéaloidis in Éirinn. Dá laghad a bhfuil déanta sa tráchtas seo, tá an t-iomaire briste agus tá súil agam go ndéanfaidh sé éascaíocht do scoláirí a thiocthas i mo dhiaidh.

Táblaí Ginealaigh

Clann tSeáin


1. Seán Mac Seagháin agus Bríd Nic Seagháin (máthair Mháire agus Chonail Uí Bheirn)



Nóta: Ba í Bríd Nic Seagháin máthair Mháire agus Chonail Uí Bheirn. B'aintín le máthair Sheáin Uí Eochaidh agus leis an chigire scoile Pádraig Mac Seáin í (Máire Nic Seáin). Dhéanadh Seán Mac Seagháin freastal rialta ar an áirneál i dteach na mBeirneach. Tá taighde cuimsithe ag Ciarán Ó Duibhín ar Chlann tSeáin (26.12.2016).³²


³²Féach:http://www.smo.uhi.ac.uk/~oduibhin/doegen/acseaghain_biog.htm

2. Máire Nic Seáin (máthair Sheáin Uí Eochaidh)




Nóta: Ba iad Tomás Mac Seagháin agus Bríd Ní Eochaidh garthuismitheoirí Sheáin Uí Eochaidh ar thaobh a mháthar. Chuaigh Seán Ó hEochaidh chun cónaí lena uncail, Pádraig Mac Seáin nuair a d'éag a athair agus é ina ghasúr óg. Ba é Diarmuid Mac Seáin an príomhfháisnéiseoir a bhí ag Heinrich Wagner do *LASID*.

3. Seán Ó hEochaidh (1913-2002), Cruachlann, Teileann




Nóta: Cailleadh Séamus Ó hEochaidh sa bhliain 1922 nuair nach raibh Seán Ó hEochaidh ach ocht mbliana go leith d'aois. Bhí Máire Uí Eochaidh (Nic Seáin) ina baintreach 58 bliain.

4. Máire Ní Bheirn agus Conall Ó Beirn (Clann ‘Johnnie Johndy’), Baile an tSrutháin, Teileann



Nóta: B’aintín í Bríd Nic Seáin le máthair Sheáin Uí Eochaidh (Máire Nic Seáin) agus le Pádraig agus le Diarmuid Mac Seáin. Ba gharaintín le Seán Ó hEochaidh í.

5. Mícheál Ó hIghne (Micí Phadaí Bháin), Atharach, Teileann




Nóta

I ndaonáireamh na bliana 1901, luaitear gurbh é Pádraig (Padaí Bán) ceann an tí; a bheirt mhac, Mícheál ‘Mickey’ agus Proinnsias ‘Francie’ a bhí sa teach leis. Bhí cailín ar aimsir i dteach Uí Ighne fosta, Bridget Cunann, a bhí 14 bliain d’aois ag an am. Ar fáil ag an nasc seo thíos:

<http://www.census.nationalarchives.ie/pages/1901/Donegal/Glencolmbkille/Aghragh/1175547/>

6. Máire Uí Cheallaigh (Nic Briartaigh), Baile Mór, Teileann



Nóta: Ba chainteoirí aonteangacha Gaeilge iad Séamus Mac Briartaigh agus Bríd Ní Eochaidh (Daonáireamh, 1911). Nuair a rinneadh an daonáireamh i 1911, bhí Nansaí Nic Briartaigh, deirfiúir Shéamuis sa teach leo agus ba chainteoir aonteangach ise sa Ghaeilge fosta. Bhí Máire 20 bliain d’aois i 1911; bhí Séamus 74 bliain d’aois agus bhí Bríd 64 bliain d’aois. Ar fáil ag: <http://www.census.nationalarchives.ie/reels/nai002068971/>

Liosta Foinsí

Foinsí Cartlainne

Cnuasach Bhéaloideas Éireann. An Coláiste Ollscoile, Baile Átha Cliath.

Imleabhair

138; 139; 149; 141; 176; 270; 390; 421; 422; 584; 690; 727; 932; 987; 988; 989; 990; 991; 992; 1108; 1008 (BnS); 1109; 1034; 1096; 1142; 1118; 1170; 1282; 1289; 1343; 1439; 1538; 1641; 1642; 1667; 1705; 1777; 1791; 1835; 1843; 1844.

Comhfhreagras

Litir ó Sheán Ó hEochaidh chuig Séamus Ó Duilearga (19.10.1946)

Litir ó Sheán Ó hEochaidh chuig Séamus Ó Duilearga (20.04.1966)

Litir ó Heinrich Wagner chuig Séamus Ó Duilearga (23.10.1966)

Litir ó Sheán Ó hEochaidh chuig Bríd Ní Mhathúna (14.01.1969)

Cartlann Fuaim

CBÉ C0001; CBÉ C0941; CBÉ MÓD0022B

Ó hEochaidh, S., 1977. ‘Bailiúchán i dTír Chonail’. Uimh Thagartha: T1867. (15.02.1977)

Leabharlann Náisiúnta na hÉireann

MS G 1,370/8; MS G 1,371/6

Teilifís & Raidió

RTÉ. *Six One News*. 06.12.2017

RTÉ Raidió na Gaeltachta. *Siúlach Scéalach*. (02.10.2016). Ar fáil: <https://www.rte.ie/radio/utills/share/rnag/21064137>

TG4. *Nuacht TG4*. 06.12.2017

TG4. *Muintir na Mara* (Eipeasód 3).08.04.2012

Idirlíon

An Bunachar Náisiúnta Beathaisnéisí Gaeilge [Ar Líne]. Ar fáil: <https://www.ainm.ie/>

Daonáireamh na hÉireann 1901 & 1911, An Chartlann Náisiúnta[Ar líne]. Ar fáil:

<http://www.census.nationalarchives.ie/>

An Phríomh-Oifig Staidrimh [Ar Líne]. Ar fáil: <https://www.cso.ie/en/baile/>

Cairdeas na bhFidléirí [Ar Líne]. ‘Kitty “Seán” Cunningham (1919 – 2018)’. Ar fáil:

<http://donegalfiddlemusic.ie/kitty-sean-cunningham-24th-october-1919/>

Dúchas.ie [Ar Líne]. Ar fáil: <https://www.duchas.ie/>

Family Search [Ar Líne]. ‘New York Passenger Arrival Lists (Ellis Island), 1892-1924: Michael Heeney, 1910’. Ar fáil: <https://familysearch.org/ark:/61903/1:1:JJDQ-TZ5>

RTÉ Archives [Ar Líne]. de Valéra, E. ‘The Ireland That We Dreamed Of’, Raidió Éireann (17.03.1943). Ar fáil: <https://www.rte.ie/archives/exhibitions/eamon-de-valera/719124-address-by-mr-de-valera/>

Léitheoireacht agus Tagairtí

Aarne, A. & Thompson, S. 1961. *The Types of the Folktale. A Classification and Bibliography*. Helsinki: Academia Scientiarum Fennica.

Almqvist, B. 1977. ‘The Irish Folklore Commission: Achievement and Legacy’. In: *Béaloideas* 45-7, 6-26.

Almqvist, B. 2009. ‘Réamhrá’. In: Almqvist, B. agus Ó hÉalaí, P. (eag.) *Peig Sayers: Labharfad Le Cách*. Baile Átha Cliath: New Island: 3–47.

Almqvist, B. & Ó Cathasaigh, R. 2010. *Coiglímis an Tine: Cnuasach Seanchais agus Scéalta Bhab Feiritéar*. Oidhreacht Chorca Dhuibhne: Ciarraí.

Almqvist, B. & Ó Cathasaigh, R. 2003[2002]. *Ó Bhéal an Bhab: Cnuas-scéalta Bhab Feiritéar*. Cló Iar-Chonnachta: Indreabhán.

Arensberg, C. M. & Kimball, S. T. 1968. *Family and Community in Ireland*. Cambridge: Harvard University Press.

- Arthur, D. 1983. 'Albert Lancaster Lloyd 1908-82'. In: *Folk Music Journal* (4:4), 436-439.
- Bachelard, G. 2014 [1958]. *The Poetics of Space*. Nua Eabhrac: Penguin Books.
- Benjamin, W. 1968 [1936] 'The Storyteller: Reflections on the Works of Nikolai Leskov'. In: Zohn, H. (aistritheoir) & Arendt, H. (eag.) *Illuminations: Walter Benjamin*. Nua Eabhrac: Harcourt Brace Jovanovich, 83-109.
- Bettelheim, B. 1978. *The Uses of Enchantment: the meaning and importance of fairy tales*. Harmondsworth: Penquin.
- Bourke, A. 2009. 'The Myth Business: Jeremiah and Alma Curtin in Ireland, 1887–1893'. *Éire-Ireland* (44: 3/4), 140-170.
- Bourke, A. 1999. *The Burning of Bridget Cleary*. Londain: Pimlico.
- Brennan Harvey, C., 1989. 'Some Irish Women Storytellers and Reflections on the Role of Women in the Storytelling Tradition'. *Western Folklore* (48.2): 109-128.
- Briody, M., 2007. *The Irish Folklore Commission 1935-1970: History, Ideology, Methodology*. Helsinki: Finnish Literature Society.
- Briody, M. 2013. 'The Gaelic Story-Teller and Séamus Ó Duilearga's Views on the Role and Antiquity of Airneán'. *Béascna* (8): 1-33.
- Briody, M. 2015. 'The Socialisation of Storytellers and the Role of Women in the Irish Storytelling Tradition'. *Béascna* (9): 62-97.
- Bruford, A. 1969. *Gaelic Folk-Tales and Mediaeval Romances: A Study of the Early Modern Irish 'Romantic Tales' and their Oral Derivatives*. Baile Átha Cliath: Folklore of Ireland Society.
- Christiansen, R. T. 1937. 'Towards a Printed List of Irish Fairytales'. *Béaloideas* (7:1), 3-14.
- Christiansen, R. T. 1950. 'Cinderella in Ireland'. *Béaloideas* (20), 96-107.
- Christiansen, R. T. 1953. 'Further Notes on Irish Folktales'. *Béaloideas* (22), 70-82.

- Corrigan Correll, T. 2005. 'Believers, Sceptics, and Charlatans: Evidential Rhetoric, the Fairies, and Fairy Healers in Irish Oral Narrative and Belief'. In: *Folklore* (116: 1), 1-18.
- Crofton Croker, T. 1862. *Fairy Legends and Traditions of the South of Ireland*. Londain: William Tegg.
- Crofton Croker, T. 1828. *Fairy Legends and Traditions of the South of Ireland* (Part II). Londain: John Murray.
- Crofton Croker, T. 1825. *Fairy Legends and Traditions of the South of Ireland*. Londain: John Murray.
- Curtin, A., Curtin, J. & Shafer J. (eag.) 1940. *Memoirs of Jeremiah Curtin*. Madison: State Historical Society of Wisconsin.
- Curtin, J. 1894. *Hero-Tales of Ireland*. Londain: Macmillan and Co.
- Curtin, J. 1890. *Myths and Folklore of Ireland*. Londain agus Bostún: Little Brown & Co.
- Curtis, L.P. 1971. *Apes and Angels: The Irishman in Victorian Caricature*. Newton Abbot: David & Charles Ltd.
- Dégh, L. 1995. *Narratives in Society: A Performer-Centered Study of Narration*. Helsinki: FF Communications.
- Dégh, L., 1989. *Folktales and Society: Story-Telling in a Hungarian Peasant Community*. Bloomington: Indiana University Press.
- de hÍde, D. & Ó Giollarnáth, R., 1930. 'An Triúr Páiste agus a dTrí Réalta'. *Béaloideas* (2: 4), 396-400.
- de hÍde, D. 1889. *Leabhar Sgeulaigheachta: Cruinnighthe agus Curtha le Chéile le Dúbhghlas de hÍde*. Baile Átha Cliath: Gill.
- de Paor, L. 1998. 'An Scéalaíocht'. In: Ní Annracháin, M. agus Ní Dhiarmada, B.(eagí.) *Téacs agus Comhthéacs: Gnéithe de chritíc na Gaeilge*. Corcaigh: Cló Ollscoile Chorcaí, 8-33.
- Denvir, G. 1997. 'Decolonizing the Mind: Language and Literature in Ireland'. In: *New Hibernia Review / Iris Éireannach Nua* (1:1): 44-68.

- Donegal News*. 'Death of outstanding Donegal seanchai'. Foilsithe: 08.11.1969.
- Dorson, R. 1972. *Folklore and Folklife: an Introduction*. Chicago: University of Chicago Press.
- Dorson, R. 1966. 'Foreward'. In: Ó Súilleabháin, S (eag.). *The Folktales of Ireland*, v-xxxii.
- Dundes, A. 2007a. 'The Devolutionary Premise in Folklore Theory'. In: Bronner, S. J. (eag.) *The Meaning of Folklore: The Analytical Essays of Alan Dundes*. Utah: Utah State University Press, 164–178.
- Dundes, A. 2007b. 'Metafolklore and Oral Literary Criticism'. In: Bronner, S. J. (eag.) *The Meaning of Folklore: The Analytical Essays of Alan Dundes*. Utah: Utah State University Press, 77-87.
- Dundes, A., 1999. 'Irish Tales and Story-Tellers'. In: Dundes, A. (eag.) *International Folkloristics: Classic Contributions by the Founders of Folklore*. Maryland: Rowman & Littlefield Publishers Inc, 153-176.
- Dundes, A. 1980. 'The Crowing Hen and the Easter Bunny: Male Chauvinism in American Folklore'. In: *Interpreting Folklore*. Bloomington: Indiana University Press, 160-175.
- Dundes, A. (eag.) 1968. *The Study of Folklore*. New Jersey: Prentice Hall.
- Dundes, A. 1968. 'What is Folklore?' In: *The Study of Folklore*. New Jersey: Prentice Hall, 1-4.
- Emmons, D. M. 1990. *The Butte Irish: Class and Ethnicity in an American Mining Town, 1875-1925*. Urbana agus Chicago: University of Illinois Press.
- Evans, J. D. 1985. 'Semiotics and Traditional Lore: The Medieval Dragon Tradition'. in: *Journal of Folklore Research* (22: 2/3), 85-112.
- Fitzsimons, F. 2017. 'Lunatic Asylum Records'. In: *History Ireland* (25: 1), 31.
- Forey, P. & Fitzsimons, C. 1997. *Eolaí Póca: Biaphlandaí*. Baile Átha Cliath: An Gúm.
- Forey, P. & Fitzsimons, C. 1996. *Eolaí Póca: Bláthanna Fíáine*. Baile Átha Cliath: An Gúm.

- Glassie, H. 2010. 'The Irish Folklore Commission: International Scholarship, National Purpose, Local Virtue'. In: *Béaloides* (78), 1–18.
- Glassie, H. 1995 [1982]. *Passing the Time in Ballymenone: Culture and History of an Ulster Community*. Bloomington agus Indianapolis: Indiana University Press.
- Glassie, H. 2006. *The Stars of Ballymenone*. Blommington agus Indianapolis: Indiana University Press.
- Gomes, D. 2019. 'Archival Airwaves: Recording Ireland for the BBC'. *Modernism/modernity* (3:4).
- Gramsci, A. 1989. 'The Intellectuals: The Formation of the Intellectuals'. In: Gottlieb, R. S. *An Anthology of Western Marxism: From Lucás and Gramsci to Socialist-Feminism*. Nua Eabhraic agus Oxford: Oxford University Press, 112-119.
- Grimm, J. & Grimm, W. 1826. *Irische Elfenmärchen: Übersetzt von den Brüdern Grimm*. Leipzig: Friedrich Fleischer.
- Grimm, J. & Grimm, W. 1857. *Kinder- und Hausmärchen: Große Ausgabe, Band 1 & 2*. Göttingen: Druck und Verlag der Dieterichischen Buchhandlung.
- Haase, D. 2007. *The Greenwood Encyclopedia of Folktales and Fairy Tales [3 Volumes]*. Westport, C.T.: Greenwood Publishing Group.
- Holbek, B. 1987. *Interpretation of Fairy Tales: Danish Folklore in a European perspective*. Helsinki: Suomalainen Tiedeakatemia.
- Jenkins, R. 2007. 'The Transformations of Biddy Early: From Local Reports of Magical Healing to Globalised New Age Fantasies'. In: *Folklore* (118: 2), 162-182.
- Jordan, R.A. & Kalčík, S.J. (eag.) 1985. 'Introduction'. In: *Women's Folklore, Women's Culture*. Philadelphia: University of Pennsylvania Press, ix-xiv.
- Kader, E. 1986. 'Jack in Ireland and Appalachia: The International Tale at Home and Abroad'. In: *The Irish Review* (44). 42-59.
- Kodish, D. 1987. 'Absent Gender, Silent Encounter' *The Journal of American Folklore* (100: 398), 573-78.

Lambert Sheehan, K. 1985. *The spoken web: An ethnography of storytelling in Rannafast, Ireland*. Tráchtas PhD neamhfhoilsithe. Boston University.

Llyod, A.L. 1947. 'The Irish Storyteller' in: *Picture Post* (34: 9), 21-25.

Lüthi, M. 1982. *The European Folktale: Form and Nature*. Philadelphia: Institute for the Study of Human Issues.

Lysaght, P. 2008. 'Folklore Collecting in Co. Clare: Tadhg Ó Murchú's Third Visit (1950)'. *Béaloideas* (76), 139–192.

Lysaght, P. 2007. 'Folklore Collecting in County Clare: Tadhg Ó Murchú's Second Visit (1943)'. In: *Béaloideas* (75), 109–169.

Lysaght, P. & Bourke, A. 2002. 'Legends of the Supernatural'. In: Bourke, A., Kilfeather, S., Luddy, M., Mac Curtain, M, Meaney, G., Ní Dhonnchadha, M, O'Dowd, M., Wills, C. (eagí.) *The Field Day Anthology of Irish Writing IV: Irish Women's Writing and Traditions*. Corcaigh: Cork University Press, 1284-1310

Mac Anna, S. 1913. 'An Crochaire Tárnocht'. In: Mac Róigh, F. [Enrí Ó Muirgheasa] (eag.). *Maighdean an tSoluis agus Sgéalta Eile: Sgéalaidhthe Thíre Conaill [sic.] d'innis*. Dún Dealgan: Dungalgan Press, 16-29.

Mac Aoidh, S. 2013. *Léargas ar an Scéal Céadach Mac Rí na dTulach i dTraidisiún Béil Thír Chonaill*. Tráchtas MA neamhfhoilsithe, Ollscoil na hÉireann, Gaillimh.

Mac Aoidh, S. 2016. 'Céadach Mac Rí na dTulach: Léargas ar Sheanscéal i dTraidisiún Béil Thír Chonaill'. In: *Béaloideas* (84), 170-191.

Mac Coisdeala, L. 1982. "Réamhrá" in: Ó Nualláin, C. (eag.) *Eochair, Mac Rí in Éirinn*. Baile Átha Cliath, 8-26.

Mac Coitir, N. 2015[2006]. *Ireland's Wild Plants: Myths Legends and Folklore*. Corcaigh: The Collins Press.

Mac Congáil, N. agus Ó Doibhlin, C. (eag.) 2009. *Glórtha Ón tSeanaimsir: Doegen agus Béaloideas Uladh*. Machaire Rátha: Comhaltas Uladh.

Mac Gabhann, M, Ó hEochaidh, S. & Ó Conluain, P. (eag.) 1959. *Rotha Mór an tSaoil*. Baile Átha Cliath: Foilseacháin Náisiúnta Tta

Mac Seáin, P. & Mac Giolla Easbuic, M. & Mac Seáin, D. 2017. *Condaí Phroinnseais Mac Cuinneagáin agus Ceolta Theilinn*. Baile Átha Cliath: Coiscéim.

Mac Seáin, P., Mac Giolla Easbuic, M & Mac Seáin, D. 2016. *Séarlaí Mac Anna & Mé Fhéin*. Baile Átha Cliath: Coiscéim.

Mac Seáin, P. 1963. ‘Condaí Phroinnseais, Celtóir agus Seanchaí’. In: *Béaloideas* (31) 51-97.

Mac Seáin, P. 1973. *Ceolta Theilinn*. Béal Feirste: Ollscoil na Banríona.

Mac Róigh, F. [Enrí Ó Muirgheasa] 1913. *Maighdean an tSoluis agus Sgéalta eile: Sgéalaidhthe Thíre Conaill d’innis*. Dún Dealgan: Dundalgan Press.

Malik, M. 1986. ‘Of Princes and Paupers: The Maintenance of Social Roles through Folktales’. In: *India International Centre Quarterly* (13: 2): 165-179.

Markey, A. 2006. ‘The Discovery of Irish Folklore’. In: *New Hibernia Review/ Iris Éireannach Nua* (10: 4), 21-43.

Matson, L. 1996. *Méini: The Blasket Nurse*. Corcaigh: Mercier Press.

Mieder, W. 2014. ‘“You Have to Kiss a Lot of Frogs (Toads) Before You Meet Your Handsome Prince”: From Fairy-Tale Motif to Modern Proverb’. In: *Marvels & Tales* 28 (1), 104-126.

Mülhausen, L. et al. 1939. *Zehn Irische Volkserzählungen aus Süd-Donegal*. Halle/Saale: Max Niemeyer.

Murphy, M.J., 1973. *Tyrone Folk Quest*. Béal Feirste: Blackstaff Press.

Myles na gCopaleen [Brian Ó Nualláin]. 1999 [1941]. *An Béal Bocht*. Baile Átha Cliath: Mercier Press.

Ní Bhaoill, R. 2010. *Ulster Gaelic Voices: Bailiúchán Doegen 1931*. Béal Feirste: Iontaobhas Ultach.

Ní Churraighín, A. 2018. ‘Mórscéalaí Theilinn: Mícheál Ó hIghne, Micí Phadaí Bháin’ (c.1872-1969) agus an Crochaire Tarnocht (ATU 300)’. *Béaloideas* (86), 25-44.

- Ní Churraighín, A. 2017. ‘Béal Bocht an Bhéaloidis: Myles na gCopaleen agus a luath-chritic ar an bhailiú ghairmiúil’. *ComharTAIGHDE* (3), 2-17.
- Ní Churraighín, A. 2014. ‘*ach uile chineál uthairte*’: *Anailís chomhthéacsúil ar dhialanna oibre Sheáin Uí Eochaidh — Léargas ar staid na teanga sa phobal, agus ar shaol agus ar shaothar an bhailitheora i dTeileann*. Tráchtas MA neamhfhoilsithe, Ollscoil na hÉireann, Gaillimh.
- Ní Churraighín, A. 2013. ‘Séan Ó hEochaidh: Bailitheoir Béaloideasa in Iardheisceart Thír Chonaill sna 1930idí — Léargas ón Dialann’. *The Undergraduate Journal* (5), Baile Átha Cliath: The Undergraduate Awards, 203-212.
- Ní Dhíoraí, Á. 1985. *Na Cruacha: Scéalta agus Seanchas*. Baile Átha Cliath: An Clóchomhar.
- Ní Dhonnchadha, A. & Nic Eoin, M. 2008. *Ar an gCoigríoch: Díolaim litríocha ar scéal an himirce*. Indreabhán: Cló Iar-Chonnachta.
- Ní Dhuibhne-Almqvist, E. 2002. ‘International Folktales’. In: Bourke, A., Kilfeather, S., Luddy, M., Mac Curtain, M., Meaney, G., Nic Dhonnchadha, M., O’Dowd, M. & Wills, C. (eagí.) *The Field Day Anthology of Irish Writing: Irish Women's Writing and Traditions*. Corcaigh: Cork University Press.
- Ní Dhuibhne-Almqvist, E. 2018. ‘Peig, Mícheál agus Bo’. Páipéar Comhdhála neamhfhoilsithe. Tugtha ag: *Peig Sayers agus Scéalaíocht na mBan*, Acadamh Ríoga na hÉireann (13.12.2018)
- Ní Ghallachubhair, E. 2017. *Scéaltaí: The 1930s Schools’ Manuscript Collection in County Donegal*. Dún na nGall: Comhairle Contae Dhún na nGall.
- Ní Mhainnín, M. agus Ó Murchú, L. (eagí.) 1998 *Peig: A Scéal Féin*. An Daingean: An Sagart.
- Ní Lochlainn, N., 2018. *An Bhean Feasa: Scéalta ar an mBean Feasa i dTraidisiún na hÉireann*. An Daingean: An Sagart.
- Ní Riain, C. 2015., ‘Seán “Irish” Ó Súilleabháin: ó Inis Fearn Ard go Butte, Montana’ in: Nic Congáil, R., Nic Eoin, M., Ní Urdail, M., Ó Liatháin, P. agus Uí Chollatáin, R. (eagí.) *Litríocht na Gaeilge ar fud an Domhain: Cruthú, Caomhnú agus Athbheochan*. Baile Átha Cliath: LeabhairCOMHAR, 233-258.

- Nic Eoin, M. 1998. *B'ait Leo Bean: Gnéithe den Idé-eolaíocht Inscne i dTraidisiún Liteartha na Gaeilge*. Baile Átha Cliath: An Clóchomhar.
- Nic Eoin, M. 1983. *An Litríocht Réigiúnach*. Baile Átha Cliath: An Clóchomhar Tta.
- Nic Giolla Chomhaill, A. 2016. *An Chaora Ghlas agus scéalta eile as Seanadh Farracháin: An léargas a fhaightear ar thraidisiún na scéalaíochta i Seanadh Faracháin faoi Scéim na Scol 1937-38*. Indreabhán: Leabhar Breac.
- Ó Baoighill, P. 2007. *Ó Cadhain i dTír Chonaill: Béaloideas na Gaeltachta*. Baile Átha Cliath: Coiscéim.
- Ó Cadhla, S. 2011. *An tSlat Féithleoige: Ealaíona an Dúchais 1800–2000*. Indreabhán: Cló Iar-Chonnacht.
- Ó Cadhla, S. 2008. 'The Gnarled and Stony Clods of Townlands Tip: Máirtín Ó Cadhain and the "Gaelic" Storyteller'. In: *Revue Canadienne d'Études Irlandaises: Canadian Review of Irish Studies* (34: 1), 40-46.
- Ó Catháin, I. 2012. 'Proinsias de Búrca — Bailitheoir Béaloidis ag Foghlaim na Ceirde'. In: *Béaloideas* (81), 23–37.
- Ó Catháin, S. 2005. 'Institiúid Bhéaloideas Éireann, 1930–1935'. In: *Béaloideas* (73), 85–110.
- Ó Catháin, S. 1989. 'Printíseacht Sheáin Uí Eochaidh'. In: Watson, S. (eag.) 1989. *Oidhreacht Ghleann Cholm Cille*. Baile Átha Cliath: An Clóchomhar Tta, 49-86.
- Ó Ceannabháin, P. (eag.) 1983. *Éamon a Búrc: Scéalta*. Baile Átha Cliath: An Clóchomhar Tta.
- Ó Coileáin, S. (eag.) 2002. *An tOileánach*. Baile Átha Cliath: Cló Talbóid.
- Ó Coileáin, S. 1992 [1979], 'Tomás Ó Criomhthain, Brian Ó Ceallaigh agus An Seabhadh'. In: Ó Conaire, B. (eag.) *Tomás an Bhlascaoid*. Indreabhán: Cló Iar-Chonnachta, 233–265.
- Ó Conaill, S. & Ó Duilearga, S. 1977. *Leabhar Sheáin Í Chonaill: Sgéalta agus Seanchas ó Íbh Ráthach*. Baile Áthe Cliath: Comhairle Bhéaloideas Éireann

- Ó Conchubhair, B. 2009. *Fin de Siècle na Gaeilge: Darwin, an Athbheochan agus Smaointeoireacht na hEorpa*. Indreabhán: An Clóchomhar/Cló Iar-Chonnacht.
- O'Connor, A. 2010. 'Deconstructing the Archive? A Reflection on Collection-Centred Ethnology in the Irish Context'. In: *Béaloideas* (78): 80–98.
- O'Connor, A. 2005. *The Blessed and the Damned: Sinful Women and Unbaptised Children in Irish Folklore*. Oxford: Peter Lang.
- Ó Cruaíoch, G. 2003. *The Book of the Cailleach: Stories of the Wise Woman Healer*. Corcaigh. Cork University Press.
- Ó Cróinín, S. & Ó Cróinín, D (eagí.) 1980. *Seanchas Amhlaoibh Í Luínse*. Baile Átha Cliath: Comhairle Bhéaloideas Éireann.
- O'Danaher, K. 1964. *In Ireland Long Ago*. Corcaigh: Mercier Press.
- Ó Danachair, C. 1946. 'Hearth and Chimney in the Irish House'. In: *Béaloideas* (16: 1/2), 91-104.
- Ó Direáin, M. 2018 [1960]. 'Ag Codladh sa Teampall'. In: Aiken, S., (eag.) *An Chuid Eile Díom Féin*. Indreabhán: Cló Iar-Chonnacht, 220-222.
- Ó Donnchadha, B. 1991 [1942]. 'ML5070, Midwife to the Fairies'. In: *The Fairy Hill is on Fire: Béaloideas* (59), 239-244.
- O'Donoghue, D. 1998. *Hitler's Irish Voices: The Story of German Radio's Wartime Irish Service*. Béal Feirste: Beyond the Pale Publications.
- Ó Dubhthaigh, N. & Ó hEochaidh, S. 1943. 'Buailteachas i dTír Chonail'. In: *Béaloideas* (13: 1/2), 130-158.
- Ó Duilearga, S., (eag.) 1981. *Leabhar Stiofáin Uí Ealaoire*. Baile Átha Cliath: Comhairle Bhéaloideas Éireann.
- O Duilearga, S. 1991 [1945]. 'Irish Tales and Storytellers', in Dundes, A. (eag.), *International Folkloristics: Classic Contributions by the Founders of Folklore*. Lanham: Rowman & Littlefield, 263-293.
- Ó Duilearga, S. 1969 [1945] *The Gaelic story-teller: with some notes on Gaelic folktales*. Chicago: University of Chicago Press.

Ó Duilearga, S., eagr., 1948. *Leabhar Sheáin Í Chonaill*, Baile Átha Cliath: Brún agus Ó Nualláin Teoranta.

Ó Gealbháin, R. 2011. ‘Seancheol ar an Sean-nós by Peadar Ó Lochlainn and Aggie Whyte’. In: *Béaloideas* (79), 189-190.

Ó Giolláin, D. 2000. *Locating Irish Folklore: Tradition, Modernity, Identity*. Corcaigh: Cló Ollscoile Chorcaí.

Ó Giolláin, D. 2005. *An Dúchas agus an Domhan*. Corcaigh: Cló Ollscoile Chorcaí.

Ó Héalaí, P. 2018. ‘Peig agus Leigheas na Muintire’. Páipéar Comhdhála neamhfhoilsithe. Tugtha ag: *Peig Sayers agus Scéalaíocht na mBan*, Acadamh Ríoga na hÉireann (13.12.2018).

Ó Héalaí, P. 2009. ‘An Leabhar Eoin: Deabhóid agus Piseogacht’. In: Mac Craith, M. & Ó Héalaí (eagr.). *Diasa Díograise: Aistí i gCuimhne ar Mháirtín Ó Briain*. Indreabhán: Cló Iar-Chonnachta, 363-386.

Ó Héalaí et al. 1986/7. [Clúdach tosaigh agus clúdach cúil na hÍrise]. *Béaloideas* (54-55).

Ó Héalaí, P. 1980. ‘An Dúlra sa Bhéaloideas’. In: Ó Fiannachta, P. (eagr.) *Léachtaí Cholm Cille XI: An Dúlra sa Litríocht*. Má Nuad: An Sagart, 50-76.

Ó hEalaoire, S. & Ó Duilearga, S. 1981. *Leabhar Stiofáin Uí Ealaoire*. Baile Átha Cliath: Comhairle Bhéaloideas Éireann, An Coláiste Ollscoile.

Ó hÉigheartaigh, S. 1906. ‘Éamonn Ua Ciórrthais (?) in Quiggan, E. C., *A Dialect of Donegal: Being the Speech of Meenawannia in the Parish of Glenties*. Cambridge: Cambridge University Press, 201-213.

Ó hEochaidh, S. 1997. ‘Cuimhní Cinn ar Heinrich Wagner’. In: Mac Mathúna, S. agus Ó Corráin, A. (eagr.) *Miscellanea Celtica in Memoriam Heinrich Wagner*, 15-39.

Ó hEochaidh, S. & Ó Laoire, L. 1989. ‘An Diabhal i Seanchas Thír Chonaill’. In: *Béaloideas* (57), 1-108.

- Ó hEochaidh, S. 1980. ‘Seanchaithe agus Ceoltóirí Theilinn le Céad Bliain Anuas’. In: Uí Bheirn, Ú. (eag.). *Teileann: Inné’s Inniu*. Béal Átha Seanaigh: Donegal Democrat Ltd., 15-22.
- Ó hEochaidh, S., Mac Néill, M (aistritheoir) & Ó Catháin, S. 1977 (eag.). *Síscéalta ó Thír Chonaill/ Fairy Legends from Donegal*. Baile Átha Cliath: Comhairle Bhéaloideas Éireann
- Ó hEochaidh, S., 1965. ‘Seanchas Iascaireachta agus Farraige: Réamhrá’. In: *Béaloideas* (33), 1-96.
- Ó hEochaidh S. & Ó Beirn, S. 1963. ‘An Tarbh Breac agus Rí an Domhain Thoir’. In: *Béaloideas* (32), 85-98.
- Ó hEochaidh, 1961 [1960]. ‘Niall Ó Dubhthaigh: 1874-1961’. In: *Béaloideas* (28), 134-137.
- Ó hEochaidh, S. 1955. *Sean-chainnt Theilinn*. Baile Átha Cliath: Institiúid Ard-Léinn Bhaile Átha Cliath.
- Ó hÓgáin, D. 2002. ‘Bealoideas — Notes on the History of a Word’. *Béaloideas* (70), 83-98.
- Ó Laoire, L. 2017. ‘Tá Cuid de na Mná Blasta/Some Women are Sweet talkers: Representations of Women in Seán Ó hEochaidh’s Field Diaries for the Irish Folklore Commission’. *Estudios Irlandeses* (12: 2), 122-138.
- Ó Laoire, L. 2013. “‘The Gaelic Underthrow’: Seán Ó hEochaidh’s Field Trip to the Bluestacks in 1947’. In: Potts, D., (eag.) *This Landscape’s Fierce Embrace: The Poetry of Francis Harvey*. Newcastle: Cambridge Scholars Publishing, 74-89.
- Ó Laoire, L. 2012. ‘169. Bríd Bhán’. In: Ó Conghaile, M. (a chnuasaigh), Ó Tuairisg, L & Ó Ceannabháin (eagí). *Leabhar Mór na nAmhrán*. Indreabhán: Cló Iar-Chonnacht, 711-712.
- Ó Laoire, L. 2002. *Ar Chreag i Lár na Farraige: Amhráin agus Amhránaithe i dToraigh*. Indreabhán: Cló Iar-Chonnachta.

- Ó Laoire, L. 1989. 'Traidisiún na nAmhrán in Iardheisceart Thír Chonaill' In: Watson, S. (eag.). *Oidhreacht Ghleann Cholm Cille*. Baile Átha Cliath: An Clóchomhar Tta, 123-142.
- O'Leary, P. 2004. *Gaelic Prose in the Irish Free State 1922–1939*. Baile Átha Cliath: University College Dublin Press.
- O'Leary, P. 2010. *Irish Interior: Keeping Faith with the Past in Gaelic Prose 1940–1951*. Baile Átha Cliath: University College Dublin Press.
- Ó Madagáin, B. 1989. 'Óráid ar Bhronnadh Chéim Oinigh ar Sheán Ó hEochaidh'. *Béaloideas* (57), 167-170.
- O'Neill, J. 1975. 'Irish Texts from South West Donegal'. In: *Zeitschrift für celtische Philologie* 34 (1), 223-318.
- O'Neill, J. 1974. 'Irish Texts from South West Donegal'. In: *Zeitschrift für celtische Philologie* 33 (1), 285-300.
- Ó Sé, C. 2001. *Traidisiún na Scéalaíochta i gCorca Dhuibhne*. Baile Átha Cliath: Coiscéim.
- Ó Súilleabháin, S. 2011. *Miraculous Plenty: Irish Religious Folktales and Legends*. Comhairle Bhéaloideas Éireann: Baile Átha Cliath.
- Ó Súilleabháin, S. 1973. *Storytelling in Irish tradition*. Corcaigh: Mercier Press.
- Ó Súilleabháin, S. 1970 [1942]. *A Handbook of Irish Folklore*. Detroit: Singing Tree Press.
- Ó Súilleabháin, S. & Dorson, R. M. 1966. *Folktales of Ireland*. Chicago: University of Chicago Press.
- Ó Súilleabháin, S., & Christiansen, R. 1963. *The Types of the Irish Folktale*. Helsinki: FF Communications 188.
- Ó Súilleabháin, S. 1937. *Láimh-leabhar Béaloideas*. Baile Átha Cliath: Comhlucht Oideachas na hÉireann.
- Ó Tiarnaigh, P. 2018. 'Seán Ó hEochaidh: bailitheoir béaloidis'. In: Mac Cathmhaoil, N., Nic Cathmhaoil, M. & Mac Seáin, C. (eagí). *Súgán an Dúchais: aistí ar ghnéithe*

de thraidisiún liteartha Chúige Uladh i gcuimhne ar Dhiarmaid Ó Doibhlin. Éigse Cholm Cille: Doire, 443-463.

Ó Tiarnaigh, P. 2016. ‘Séan Ó hEochaidh — Bailitheoir Béaloidis agus Intleachtóir Orgánach’. [Páipéar neamhfhoilsithe]. Tugtha ag: *Sraith Cainteanna 2016/17*, Cumann Chluain Árd, Béal Feirste, (19.09.2016)

Papachristophorou, M. 2008. ‘Shoe’. In: Haase, D. (eag.). *The Greenwood Encyclopedia of Folktales and Fairytales, Volume 3: Q-Z*. Westport, Connecticut, Londain: Greenwood Publishing Group, 858-859.

Perrault, C. 1697. *Histoires ou Contes du Temps Passé, avec des Moralitez*. Páras:

Claude Barbin

Propp, V. 1968. *Morphology of the Folktale*. Austin: University of Texas Press.

Quiggan, E.C. 1906. *A Dialect of Donegal: The Speech of Meenawannia in the Parish of Glenties — Phonology and Texts*. Cambridge: Cambridge University Press.

Radner, J. N. (eag.) & Lanser, S. S. 1993. ‘Strategies of Coding in Women's Cultures’. In: *Feminist Messages: Coding in Women's Folk Culture*. Urbana: University of Illinois Press, 1-30

Radner, J. N. 1989. ‘“The Woman Who Went to Hell”: Coded Values in Irish Folk Narrative’. *Midwestern Folklore* (15), 109-117.

Sayers, P., Ní Mhainnín, M. & Ó Murchú, L. P. 1998. *Peig: A Scéal Féin*. An Daingean: An Sagart.

Shaw, J. 2007. ‘Storytellers in Scotland: Context and Function’. In: Beech, J., Hand, O., MacDonald, F., Mulhern, M.A., & Weston, J. (eagí.). *Scottish Life and Society: Oral Literature and Performance Culture*. Edinburgh: John Donald, 58-63.

Sumner, N., Hillers, B., agus McKenna, C. 2015. ‘A Night of Storytelling and Years in the “Z-Closet”’: The Re-discovery and Restoration of Oidhche Sheanchais, Roberty Flaherty’s ‘Lost’ Irish Folklore Film’. In: *Folklore* (126: 1), 1-19.

Sveinsson, E. Ó. 2005. *Camhuairt ar Éirinn: Tuairimí Íoslannaigh Léannta ar thuras i dTeileann, I nGleann agus ar na Cruacha Gorma 1947/ Ferðapættir frá Írlandi : hugleiðingar íslensks fræðimanns á ferð um Teelin, Glen og Bluestack fjöllin árið*

1947/ *Impressions of Ireland: Recollections of an Icelandic Scholar on a Tour in Teelin, Clencolumbkilile and the Bluestakcs in 1947*. Baile Átha Cliath: Four Masters Press.

Tatar, M. 1987. *The Hard Facts of the Grimms' Fairytales*. Princeton, New Jersey: Princeton University Press.

Taylor, L. J. 1995. *Occasions of Faith: An Anthropology of Irish Catholics*. Pennsylvania: University of Pennsylvania Press.

Thompson, S. 1946. *The Folktale*. Nua Eabhrac: Dryden Press

Thompson, S. 1938. 'Folktale Collecting in Ireland'. *Southern Folklore Quarterly* 2(2), 53-58.

Thompson, S., McDowell, J. H., Carpenter, I. G., Braid, D. & Peterson-Veach, E. 1996. *A Folklorist's Progress: Reflections of a Scholar's life*. Bloomington, Indiana: Special Publications of the Folklore Institute No. 5, Indiana University.

ua Cnáimhshí, P. 1988 *Róise Rua*. Baile Átha Cliath: Sáirseál. Ó Marcaigh.

Ua Maoileoin, P. 1970 [1960]. *Na hAird ó Thuaidh*. Baile Átha Cliath: Sairséal agus Dill.

ua Maoileoin, P. 1991. *Iomairí Críche*. Baile Átha Cliath: Coiscéim.

Uí Bheirn, U. 1989. *Cnuasach Focal as Teileann*. Baile Átha Cliath: Acadamh Ríoga na hÉireann.

uí Ógáin, R. (eag.) 2007. 'Mise an Fear Ceoil': Séamus Ennis — *Dialann Taistil 1942–1946*. Indreabhán: Cló Iar-Chonnacht.

Uther, H. J. (2004). *The Types of International Folktales. A Classification and Bibliography, based on the system of Antti Aarne and Stith Thompson*. Helsinki: Academia Scientiarum Fennica, 2004.

vas da Silvia, F. 2007. 'Red as Blood, White as Snow, Black as Crow: Chromatic Symbolism of Womanhood in Fairy Tales'. In: *Marvels & Tales: Journal of Fairy-Tale Studies* (21: 2), 240-252.

von Franz, M. L. 1996 [1970] *The Interpretation of Fairy Tales*. Shambhala Publications, Inc: Colorado.

Wagner, H., 1959. *Gaeilge Theilinn: Foghruidheacht, Gramadach, Téacsanna*. Baile Átha Cliath: Institiúid Ard-Léinn Bhaile Átha Cliath.

Wagner, H. 1968. *Linguistic Atlas and Survey of Irish Dialects [1]*. Baile Átha Cliath. Institiúid Ard-Léinn Bhaile Átha Cliath.

Walsh, J. 2016. “‘Chuireag na smóilíní a’ Sclimpireacht istig in mo chroí’”: Athrú Teanga agus Idé-eolaíocht Teanga i mBreac-Ghaeltacht na nDéise’. In Walsh, J. agus Ó Muircheartaigh, P. (eag.) *Ag Siúl an Bhealaigh Mhóir: Aistí in Ómós don Ollamh Nollaig Mac Congáil*. Baile Átha Cliath: LeabhairCOMHAR: 414–449.

Walsh, J. 2002. *Díchoimisiúnú Teanga: Coimisiún na Gaeltachta 1926*. Baile Átha Cliath: Cois Life.

Warner, M. 1994. *From the Beast to the Blonde: On Fairy Tales and their Tellers*. Nua Eabhrac: The Noonday Press & Farrar, Straus and Giroux

Watson, S., 2019. *Gleann Cholm Cille: an áit agus a naomh/Glencolmcille: its place and its saints*. Gleann Cholm Cille: Oideas Gael.

Yocom, M.R. 1985. ‘Woman to Woman: Fieldwork and the Private Sphere’. In: Jordan, R. & Kalčík, S.J. (eagí). *Women’s Folklore, Women’s Culture*. Philadelphia: University of Pennsylvania Press, 45-53.

Zimmerman, G. D., 2001. *The Irish Storyteller*. Cornwall: MPG Books.

Zipes, J. 2012. *The Irresistible Fairy Tale: The Cultural and Social History of a Genre*. Princeton agus Oxford: Princeton University Press.

Zipes, J. 2002. *Breaking the Magic Spell: Radical Theories of Folk and Fairy Tales (Revised and Expanded Edition)*. Lexington: The University Press of Kentucky

Zipes, J. 2001. *The Great Fairy Tale Tradition: From Straparola and Basile to the Brothers Grimm : Texts, Criticism*. Nua Eabhrac: Norton.

Gach Díograis go Deireadh
Bailiúchán Náisiúnta an Bhéaloidis i dTeileann,
iardheisceart Thír Chonail, 1935-1976

(IMLEABHAR II)

Tráchtas a leagadh isteach chun riachtanas na céime dochtúireachta
a chomhlíonadh

Aisling Ní Churraighín, B.A., M.A. (OÉ)

arna stiúradh ag an Ollamh Lillis Ó Laoire

Roinn na Gaeilge,
Scoil na dTeangacha, na Litríochtaí agus na gCultúr,
Coláiste na nDán, na nEolaíochtaí Sóisialta agus an Léinn Cheiltigh,
Ollscoil na hÉireann, Gaillimh,
Meán Fómhair 2019



OÉ Gaillimh
NUI Galway

CLÁR ÁBHAR

Conall Ó Beirn	1
Scéal an Bhlocáin, 1935 (CÓB1)	1
Scéal an Bhlocáin, 1949 (CÓB2)	9
Mícheál Ó hIghne	19
An Crochaire Tarnocht, 1935 (MÓhI1)	19
An Crochaire Tarnocht, 1946 (MÓhI2)	38
Máire Ní Bheirn	60
Dúlra: Ainmhithe agus Éin	60
Seanchas faoi shagairt	65
Luibheanna agus Leigheasanna	66
Saolú Páiste agus Taithí na mBan	66
Ceirdeanna	67
An Saol Sóisialta	68
Máire Uí Cheallaigh	73
Dúlra: Éin, Ainmhithe agus Feithidí	73
Luibheanna agus Leigheasanna	79
Saolú Páiste agus Taithí na mBan	86
Innéacs na Seanchaithe	90
Conall Ó Beirn	90
Máire Ní Bheirn	97
Máire Uí Cheallaigh	114
Mícheál Ó hIghne	134

Conall Ó Beirn (c.1909-1980)

Scéal an Bhlocáin (ATU 510 Cinderella)

Bailitheoir: Seán Ó hEochaidh (Bliain: 1935; CBÉ 141: 323-341)

Bhí sin ann, agus is fad' ó bhí, bhí rí agus banríoghan ann fad' ó shoin na rabh do chlann acu ach triúir nighean. Bhí siad seo fásta suas go rabh siad 'n-a gcailíní, agus ní rabh fear a teacht a n-iarraidh, nó cosamhlacht aon chineal athruigh a theacht ortha. Ach lá amháin ars' an nighean ba sine le n-a maeithir:

“Tá mise ag imtheacht go bhfeicfidh mé a dtiocfadh liom deánamh amach ar mo shon féin.”

“Bhail maith go leór,” arsa'n mhaeithir, “ní mise a stopfas thú, ach tá ceist amháin agham le cur ort sula n-imthigh tú. Ceocú is feárr leat tuintín mór agus mo mhallacht nó tuintín beag agus mo bheannacht?”

“Ó bhail,” arsa'n nighean, “cá bith éireochas domh is bocht a rud domh an t-ocras a bheith orm i gcás a' bith, tabhair domh an tuintín mór.”

Rinn a mhaeithir an tuintín mór, agus ar maidin lá thar na bhárach chuaidh a nighean 'un siubhail agus a tuintín mór léithe. Nuair a bhí giota siubhalta aici, tháinic a t-ocras oirthí, agus shuidh sí síos ar a chlaidhe go n-ithead sí giota do'n arán. Nuair a bhí giota den arán ithte aici bhuaile tart í, agus chuaidh sí a chuartughadh thart go bhfeicfead sí a rabh a'n ndeór uisge fá dtaobh daoithe. Ach sa deireadh tháinic sí ar thobar a rabh íochtar fola air agus uachtar meala.

Shuidh sí ag n-a thaobh seo, agus chuaidh sí a chur cuid do'n mhil ar a cuid árain. Ach goidé tháinic trasna os a cionn 'san aer ach féach-dubh, agus tháinic sé anuas gur luigh sé ag n-a taobh, agus d'iarr sé giota den arán oirthí. [d'iarr an seanchaidhe Conall Ó Beirn, orm, a rádh thuas a cheartughadh, rith-focail a tháinic air annseo agus chuir sé isteach an mhaeithir ins an áit chontráilte. S. Ó hE].

“Tóg ort amach as m'amharc a bheathadhaigh salaigh,” ars' sise, “tá 'n t-aran gan go leór agham fhéin.”

Nuair a chualaidh seisean seo, ní theárn sé ach a eiteóg a chur síos ins a tobar agus mheasg sé suas an dá chuid fríd a chéile, agus nuair a bhí sé seo deánta bhí an fhuil ar

uachtar i n-áit a meala. Ní tháinic léithe annsin an lámh a dheánamh níos mó agus d'éirigh sí agus chuaidh sí 'na bhealaigh arais. Shiubhail sí léithe go dtí go rabh 'n dorchadas a tuitim, agus le sin tcídh sí solus beag i bhfad uaithe ag bun cruic. Tharraing sí ar a t-solus, agus nuair a chuaidh sí 'un toighe, ní rabh a'n nduine sa teach ach sean-chailleach chríon chaithte a bhí n-a suidhe thuas ag an teinidh.

D'iarr a[n] chailleach seo oirthí tarraingt suas 'na teineadh agus í fhéin a théigheadh. Ach dubhairt sise nach rabh faill aici suidhe nó seasamh, gur cailín í a bhí ag iarraidh aimseara.

“Bhail,” arsa'n chailleach, “tá tú san áit cheart. Is fada mise ag iarraidh cailín agus ní rabh dol agham an chionn [a] fhághail.”

“Bhail maith go leor,” ars' sise fanochaidh mise aghat,”

“Bhail leoga,” arsa 'n chailleach níl mórán oibre aghamsa le deánamh. An bhfeiceann tú an blocán sin sa choirneál?”

“Tcím,” arsa'n cailín.

“Bhail sin do chuid oibre,” ar' sise, “an blocán sin a choimhead san oidhche, agus is leat fhéin a lá ó maidin [*sic.*] go faoithe. Thig leat a chathadh do chodladh mas [*sic.*] é do thoil é.”

“Ó bhail,” arsa'n cailín, “ní hobair chruaidh í sin.”

Ach ar ball chuaidh a[n] chailleach síos 'na t-seómra, agus thug sí aníos lán a n-aprún de chrothannaí agus de ubhlaí agus de neathannaí milise, agus d'fhág sí ag an chailín é le bheith a n-ithe go maidin. Chuaidh sí fhéin a' luighe, agus níor bhfada, go dteachaidh an cailín a dh'ithe cuid de na h-ubhlaí agus na crothannaí, ach sé 'n deireadh a bhí ar an iteachán gur thuit sí 'na codladh. Nuair a fuair a blocán 'n-a codladh í, bhain sé 'n baile amuigh amach. Ach nuair a d'éirigh an chailleach ar maidin ní rabh fios tuairisg a bhlocáin. Nuair a chonnaic sí seo ní sásta a bhí sí, agus ní theárn sí ach slaitín draoidheachta a tharraingt amach as a póca, agus rinn sí carraic ghlas den chailín, agus d'fhág sí taobh amuigh de'n doras í.

Chuaidh an t-am anonn annsin ar feadh i bhfad, agus ní rabh fios tuairisg a nighean seo ag an rí. Ach smaointigh an darna bean go rabh sise fada go leor fá bhaile, agus go

n-imtheochadh sí go bhfeicfeadh sí a dtiocfadh léithe dadaí a dheánamh daoithe fhéin. Dubhairt sí le n-a maeithir go rabh súil aici-se imtheacht fosta.

“Bhail maith go leor” arsa’n mhaethir, “ach sula gcoruigh tú, tá ceist agham-sa le fiafraigh duit. Ceocú is feárr leat, tuirtnín mór agus mo mhallacht, nó tuirtnín beag agus mo bheannacht?”

“O bhail,” arsa’n cailín, “creidim go bhfuil mé dona go leor agus gan an t-ocras a bheith orm ar a bhealach.”

“Bhail maith go leor,” arsa’n m[h]aethir.

Rinn sí ‘n tuirtnín, agus thug sé daoithe é, agus chuaidh a cailín ‘na bhealaigh. Shiubhal sí léithe, agus nuair a bhí sé tuairim am dinneára, tháinic ocras oirthí agus shuidh sí síos ar thaobh a bhealaigh go n-itheadh sí giota den arán. Ach cá’n áit ar shuidh sí, ach ag taobh a tobair cheádna ar shuidh a chéad bhean. Chuaidh sí a dh’ithe cuid den mhil le n-a cuid aráin, agus níor bhfada go dtáinic an féach-dubh céadna thart, agus d’iarr sé giota de’n arán oirthí.

“Tóg ort amach as m’amharc,” ar’ sise, “a bheathadhaigh shalaigh, tá mo ghiota aráin gann go leor agham fhéin. Níl fhios cé ‘n áit a bhfuigh mé ‘n darna greim.”

Nuair a chualaidh seisean seo, ní theárn sé ach a eiteóg a chursíos ins a tobar, agus chur sé ‘n fhuil ar uachtar, agus a mhil ar íochtar. Ach ní tháinic léithe a’n lámh a dheánamh níos mó. D’éirigh sí na seasamh, agus rinn sí suas a t-aran [*sic*], agus chuaidh sí ‘na bhealaigh arais. Shiubhal sí léithe, agus go díreach nuair a bhí sé a fás dorcha chonnaic sí solus beag i mbun cruic. Tharraing sí ar a t-solus, agus nuair a chuaidh sí isteach ar a doras, ní rabh duine faoi bhallaí an toighe ach sean-bhean a bhí n-a suidhe sa choirneál.

“Gabh aníos,” arsa sise, “agus téigh thú fhéin.”

“Ó go rabh maith aghat,” arsa’n cailín, “níl mé fuar, nó níl faill agham suidhe nó seasamh. Is cailín mé atá ag iarraidh aimseara.”

“Bhail,” arsa’n chailleach, “tá tú sa teach cheart. Is fada mise ag iarraidh cailín, agus ní rabh dol agham a’n chionn fhághail. Ach tá súil agham go bhfanochaidh tusa agham.”

“Fanochaidh maise cinnte,” arsa’n cailín, “tá luthgháir orm aimsear a fhághail.”

“Bhail a bhfeiceann tú an blocán sin sa choirneál,” arsa’n chailleach.”

“Tcím cinnte,” arsa’n cailín, “Bhail níl le deánamh aghat,” ar’ sise, “ ach do shúile a choinneáil ar a bhlocán sin san oidhche.”

“O bhail,” arsa’n cailín, “ní hobair mhór í sin. Sílim na’ mbíonn moill orm.”

“Bhail anois,” arsa’n chailleach, “tá sé’n t-am agham-sa a bheith ag ‘ul a luighe.”

Chuaidh sí agus fuair sí lán a naprúin de neathannaí milise, agus thug sí aníos é, agus d’fhág sí ag an chailín é, le bheith a ithe go maidin. Nuair a chuaidh a[n] chailleach a luighe, thúsáigh an cailín a dh’ithe na neathannaí milise seo, agus níor bhfada go dtáinic codladh oirthí. Ba mhaith an mhaise sin don bhlocán, nuair a chonnaic sé ‘n-a codladh í, bhain sé ‘n doras amach. Ach nuair a d’éirigh an chailleach lá thar na bhárach, fuair sí an cailín n-a codladh, agus an blocán ar siubhal.

Ní theárn sí ach slaitín draoidheachta a tharraingt amach as a póca, agus cloch ghlas eile a dheánamh daoithe, agus d’fhág sí amuigh í i gcuideachta a deirbhshiúr. Bhí an t-am ag ‘ul thart annsin, agus ní rabh fhios tuairisg cheachtar de dhá nighean a rí. Agus bhí ‘n bhean eile ag éirighe aosta, agus chonnaictheas daoithe, go rabh sé comh maith daoithe-se imtheacht, go bhfeicfead sí goidé bhí le héirigh daoithe fhéin. Dubhairt sí leis an mhaethir tráthnóna amháin go rabh sise ag ‘ul ‘un siubhail lá thar na bhárach.

“Maith go leór,” arsa’n mhaethir, “ní mise a stopfas thú, ach sula n-imthigh tú tá ceist amháin agham le cur ort. Ceocú is fearr leat tuirtín beag agus mo bheannacht nó tuirtín mór agus mo mhallacht?”

“Bhail,” ar’ sise, “sílim gur b’olc a chuaidh do chuid mallachtaí do mo dhá dheirbhshiúr agus cá bith grásta a dheánfas Dia orm-sa is feárr liom a bheith gann ins an arán, agus do bheannacht a bheith liom.”

Bhail rinn a mhaethir a tuirtín beag, agus leoga ní theárn sí ró-mhór é, agus chuaidh a nighean ‘na bhealaigh. Ach níor stad sí [a] bheannachtaí léithe gur fhág sí amach a h-amharc. Shiubhail sí seo léithe, agus nuair a tháinic am daoithe giota den arán [a] ithe shuidh sí síos ar thaobh a bhealaigh, agus cé’n áit ar shuidh sí ach ag taobh an tobair.

Nuair a bhí beagán den arán agus cuid den mhil ithe aici, téidh sí an féach-dubh céadnaseo a teacht thart ins an aer. Níor bhfada go dtáinic sé anuas, agus shuidh sé ag n-a taobh.

“A chailín múinte,” ar’ seisean, “a dtabharfá damh giota den arán.”

“Leoga bheárfadh,” ar’ sise, “agus céad fáilte a laghad a bhfuil agham. Suidh síos annsin, agus ith leat do sháith fhad is tá giota agham-sa, rannfa mé leat.”

Shuidh sé síos, agus d’ith a[n] bheirt greim den arán, agus bhí an féach-dubh fíor-shásta.

“Bhail anois,” arsa seisean, “ní misde duit. Tá seanachusc agham-sa le deánamh leat-sa sula bhfágaidh tú seo. ‘Anois, ar’ seisean, ‘tá tusa ag ‘ul ‘un siubhail, agus anocht sgaramhaint oidhc’ ‘s lae ó chéile tcídhfidh tú solus beag ag bun cruic, agus tárnachaidh tú air. Nuair a rachfas tú ‘un toighe sin gheobhaidh tú sean-chailleach ‘na suidhe ins a choirneál, agus beidh sí go h-an deas leat, agus neart seanachuisic aici. Agus deárfaidh tusa gur cailín tú atá ag ‘ul a dh’iarraidh aimseara, agus ar ndóiche coinneochaidh sise thú, agus deárfaidh sí nach bhfuil morán oibre le deánamh aici, ach a chladhaire cá bith fá rud ar bith, cuimhnigh agus ná taradh do chodladh ort. Tá blocán ins a choirneál, agus ‘sé bhfuil le deánamh aghat é, ach nuair a thioctas an meadhon-oidhche rachaidh seisean ‘un siubhail, agus bíodh fhios aghat go gcaithfidh tú do shúile a bheith fosgáilte ar scór a choimhead. Seo anois,” arsa seisean, “slán agus beannacht aghat, ach ná deán dearmad dó a’n dath d’ar innis mise duit.”

D’imthigh an cailín léithe annsin, agus nuair a bhí sé a fás mall tráthnóna, chonnaic sí solus beag i bhfad uaithe ag bun cruic. Tharraing sí air, agus ag ‘ul isteach ar a doras daoithe, ní rabh an nduine le feiceáil aici faoi bhallaí an toighe, ach an t-sean-chailleach seo a bhí n-a suidhe in a choirneál. Labhair a chailleach léithe go múinte, agus d’fiafruigh sí daoithe cá h-as ar sheól sí fá’n am seo d’oidhche. D’innis an cailín daoithe goidé [a] tharlaí ó d’fhág sí ‘n baile.

“Bhail,” ar’ sise, ‘tá cailín aimseara a dhith orm-sa agus ba mhaith liom dá bhfuireocha agham.”

“Bhail leóga fuireochaidh,” ar sise, “ach ba mhaith liom ‘a n-innseochtha damh, goidé’n cineál oibre atá le deánamh agham.”

“Ó leóga,” arsa’n chailleach, ‘níl obair cruaidh [sic.] ar bith le deánamh agham [aghat]. A bhfeiceann tú an blocán sin annsin sa chlúid?”

“Tcím,” arsa’n cailín.

“Bhail níl an dath oibre le deánamh aghat,” ar sise, “ach do shúil a choinneáil ar sin ó thuitim oidhche go maidin, agus is leat fhéin an chuid eile de’n lá. Thig leat fhéin a chathadh do chodladh má sé do thoil é.”

“Ó bhail,” arsa’n cailín, “sílím na mbíonn moill orm sin a dheánamh.”

“Bhail anois,” arsa’n chailleach deán do shuipear, agus goirid go rabh mise ag ‘ul a luighe, agus tá súil agham go ndéanfaidh tú do chuid oibre go maith,”

“Bhail feachaidh mé leis,” arsa’n cailín, dheánfaidh mé mo dhithcheall.”

Chuaidh a t-sean-chailleach síos ‘na t-seómra, agus thug sí aníos lán a naprún le crothannaí, agus de’n uile chineál neathannaí milise a ba deise nó chéile.

“Seo dhuit,” ar’ sise, coinneochaidh siad seo a codladh duit go maidin.

Chuaidh a[n] chailleach a luighe, ach má chuaidh fhéin, níor bhain a[n] cailín de dhadaí de’n mhilsíneacht. Ach ar uair a mheadhon-oidhche choruigh an blocán cupla uair. Bhí sé bogadaigh agus a boc-léimigh leis, gur bhain sé ‘n doras amach. Ach ba mhaith a mhaise sin do’n chailín gur chuimnigh sí ar sheanachusc an fhéach-dhubh – bhí sí amach ‘n-a dhiaidh.

Bhuail sé a bhoc léimnigh ó thonn go tonn, agus ó thúrtog go túrtóg, go dtí go dtáinic sé fhad le hárdán beag.

“Cum-cum!” ar’ seisean, “fosgail a doras, agus leig isteach mé.”

“Leig agus mise fosta,” arsa’n cailín.

Ní rabh an focal as a béal nuair a fosglagheadh an t-árdán, agus chuaidh an bheirt isteach. Siubhal siad leóbhtha go dtáinic siad fhad le cúirt mhór a ba deise a chonnaic siad ariamh, a bhí lasta suas le soluis, agus a domhan mór ag ‘ul cheóil agus a damhsa, agus píobaireacht, agus an uile chineál pléisiúir a ba deise nó chéile.

Nuair a bhí siad tamall beag astoigh tháinic nighean a rí anuas, agus bhuail sí buile de shlaitín draoitheachta ar a bhlocán, agus rinn sí gaisgidheach óg dó. Tháinic a darna bean thart agus siosúr léithe, agus bhain sí leamóg amach as íochtar a casóige, agus tháinic a chulaith éadaigh air a ba deise a thiocfadh le táilliúir a chuir amach as a lámha. Tháinic a tríomhadh bean thart annsin, agus cíor óir léithe, agus bhuail sí a

chíoradh a cinn, agus tháinic a ceann de ghruaig ruadh chatach air a ba deise a chonnaic an nduine ariamh.

Bhí siad annsin tamall fada, agus iad a damhsa leóbhtha, go dtáinic cailín anuas fhad leis a cailín [*sic.*] seo a bhí indiaidh a bhlocáin, agus dubhairt sí léithe gurbh í an cailín í a ba mí-nádraigheacha, agus ba chruaidh a chonnaic sí ariamh.

“Tá do naprún,” ar’ sise “lán de’n uile chineál neathannaí milise annsin ó tháinic an oidhche, agus níor thairg tú oiread agus ceann amháin acu damh.”

“Ó maise,” arsa sise, “ní a deánamh cruadhas ar bith fá dtaobh díobtha atá mé. Ach ba mhaith liom a dtugta damh an t-slaitín draoidheachta sin aghat.”

“Leabhra maise bheárfaidh,” ar sise, “agus fáilte.”

Thug sí daoithe an t-slaitín draoidheachta a mhalairt ar chuid de’n mhilsíneacht. Tháinic an darna bean anuas annsin, agus dubhairt sí an seanachusc céadna.

“Bhail leoga bheárfaidh mé duit ceann aca,” ar sise, “má beir [*sic.*] tú damh an t-siosúr sin aghat.”

“Ó maise bheárfaidh,” ar sise, “agus fáilte.”

Chuaidh sí sin ‘un siubhail agus níor bhfada go dtáinic an tríomhadh bean. D’iarr sí cuid de’n mhilsíneacht oirthí, agus dubhairt sí go bhfaigheadh ‘a dtugad sí daoithe an chíor.

“Bheárfaidh maise mé duit cinnte an chíor,” ar sise.

Ach thug sí cuid de na crothannaí daoithe seo, agus nuair a bhí an oidhche chóir a bheith astoigh, thug sí fhéin agus a[n] blocán iarraidh ar theach na caillighe arais. Nuair a fuair siad taobh amuigh de’n doras, bhuail a tuthartánacht agus a bhocléimneach ó thonn go tonn agus ó thúrtóig go túrtóig gur bhain siad amach teach na caillighe araist.

Níor bhfada a bhí siad sa teach gur éirigh an chailleach.

“Is tú ‘n cailín,” ar’ sise is féarr a fuair mé go fóill. Choimhead tú do ghroithe go maith aréir.”

Ach ní theárn a[n] cailín ach an t-slaitín draoidheachta a tharraingt amach as a póca, agus rinn sí cloch ghlas de’n chailleach. Chuaidh sí amach annsin, agus bhuail sí buille

eile ar a[n] dá chloch ghlasa a bhí taobh amuigh de'n doras, agus d'éirigh siad 'n-a dá gcailín óga. Chuaidh sí isteach annsin, agus bhuaill sí buille eile ar a bhlocán, agus d'éirigh sé 'n-a bhuachaill óg.

Bhain sí leamóg as a[n] chasóig leis a t-siosúr, agus tháinic a chulaith úr éadaigh a ba dheise a thioctad leat a fheiceáil. Bheir sí ar a chíor annsin, agus chuaidh sí a chíoradh a chinn, agus tháinic a ceann de ghruag chatach ruadh air a ba deise a chonnaic an nduine ariamh.

Bhí airgead agus ullmhachas na sean-chailighe ag an bheirt annsin. Pósadh iad, agus rinn siad banais a mhair lá agus bliadhain, agus ba í an oidhche dheireannach an oidhche a b'fheárr. Ach nuair a bhí deireadh thart d'orduigh sí dó a dhá dheirbhshiúir a dhul abhaile fhad le n-a n-athair. Agus thug sí neart saidhbhris díobhtha, ná leigfeadh an chaill ortha le n-a saoghal.

Tháinic a[n] bheirt abhaile, agus cosamhail go rabh siad doiligh [a] shásamh. Cá bith a fuair siad, nó cá bith a bhí leóbhtha ní rabh gar ann, bhí siad i gcomhnaidhe a smaoiteadh ar a[n] bhuachaill deas a bhí ag n-a deirbhshiúir. Diabhal i bhfad go n-imthigh an bheirt lá amháin, agus gheobhan stad a rinn siad go rabh siad ag an bheirt. Bhí 'n fear ar siubhal agus tráthnóna a teacht isteach dó, fuair sé an bheirt 'n-a suidhe ins a choirnéal ag n-a deirbhshiúir. D'fiafruigh sé daobhtha goidé bhí dhith ortha.

“Is cosamhail” arsa seisean, “gur doiligh bhur sásamh, nó ná bhfuair sibh mar [bhur] sáith, nuair a d'fág sibh seo! Ná doiligh rádh gur a brath orm fhéin atá sibh anois.”

“Bhail go díreach,” arsa bean aca, “sin an rud céadna a thug annseo muid.”

“Ó bhail,” ar seisean, “ní dheánfaidh sin cúis ar bith.”

Ní theárn sé ach breith ar shlaitín draoidheachta a bhí ar bhárr a dreisiúir, agus rinn sé dhá charraic ghlasa díobhtha taobh amuigh de'n doras, an áit a rabh siad ó thús. Tá siad annsin ó shoin, agus beidh go lá an bhreitheamhais.

Scéal an Bhlocáin (ATU 510 Cinderella)

le Conall Ó Beirn, Iomaire Mhuireanáin, Teileann

Bailitheoir: Seán Ó hEochaidh (Bliain: 1949; CBÉ 1170: 64-80)

Bhí lánamhain ann fad ó shoin a rabh triúr nighean acu, agus nuair a bhí siad a’ fás suas ‘na ngiorrsachaí fuair an t-athair bás. Bhí’n mhaethir fágtha annsin leis an triúr giorrsach. D’fhás siad suas go rabh siad ‘na gcailíní, agus ní rabh cosamhlacht ar athrughadh nó scabadh de chineál ar bith a bheith a’ teacht ortha. Dubhairt bean acu ‘sa deireadh maidin amháin le n-a maethir go n-imtheochad sí go bhfeicfead sí a dtiocfadh léithe cineál ar bith oibre a fhágháil.

“Maith go leor,” arsa ‘n mhaethir, “ach sula n-imthighidh tú, caithfidh tú innse domh ceocú is fearr leat toirtín mór agus mo mhallacht nó toirtín beag agus mo bheannacht?”

“Is fearr liom,” arsa sise, “toirtín mór agus do mhallacht.”

“Maith go leor,” arsna ‘n mhaethir, beidh an toirtín réidh ar maidin amárach agham-sa.”

Tháinic an mhaidin lá thar na bhárach, agus d’imigh sí agus an toirtín mór léithe. Shiubhail sí léithe go dtáinic an neoin bheag agus deireadh an lae, agus nuair a bhí sé a fás dorcha chonnaic sí solas beag i bhfad uaiche. Tharraing sí ar an t-solas agus nuair a chuaigh sí fhad leis an doras, bhuail sí é agus d’fhoscail seanbhean é. Chuir an t-seanbhean seo céad fáilte roimpí, agus d’fhiafruigh sí daoithe cá rabh sí ag gabhail?

“Cailín mé,” adeir sí, “atá ag iarraidh aimsire.”

“Maise,” arsa ‘n t-seanbhean, is cruaidh atá cailín de dhíth orm-sa.”

“Caidé-n cineál oibre atá aghat le tabhairt domh?” arsa ‘n ghiorrsach.

“Ó leoga níl mórán ar bith,” arsa sise, ‘san oidhche a bhéas an obair le deánamh aghat, agus thig leat an lá a chodladh ó mhaidin go foidche. An bhfeiceann tú an blocán sin ‘sa choirnéal!”

“Tcím,” arsa’n cailín.

“Bhail, caithfidh tú é sin a choimhead ó am codlata go maidin.”

“Ó Bhail,” arsa’n ghiorrsach, “sílim nach mbíonn moill orm sin a dheánamh.”

“Bhail,” ar’ sise “dhéanfaidh mé rud ínteacht réidh a íosfas tú.”

Rinn sí réidh braon tae daoithe agus chuaidh an oidhche anonn go dtáinic am codlata. Chuaidh an t-seanbhean síos ‘un t-seómra annsin agus tháinic sí aníos agus cárta crodhannaí léithe agus cárta áirní.

“Anois,” ar’ sise, coinneochaidh tú ceann acu seo in do bhéal, agus coinneochaidh siad an codladh díot go maidin.”

“Maith go leór,” arsa sise.

Chuaidh an t-seanbhean a luighe, agus shuidh an ghiorrsach ins a’ chluíd. Bhris sí ceann de na crodhannaí agus chuir sí ina béal í, ach níor bhfada go dtáinic balc codlata uirthi. Nuair a mhuscail sí as an tuaim chodlata, d’amharc sí fá dtaobh daoithe agus bhí an blocán ar siubhal. Bhí sí an-imnidheach annsin go maidin, agus nuair a tháinic an lá níor bhfada gur éirigh an t-seanbhean agus nuair a d’amharc sí fá dtaobh daoithe bhí an blocán ar siubhal. Ní theárn sí dath ach greim cluaise a bhreith ar an chailín agus slat a tharraingt amach as a póca, agus bhuail sí buille uirthí agus rinn sí cloch gheal daoithe agus chaith sí amuigh ar a’ chlaidhe í os coinne an dorais.

Bhí sise ar shiubhal annsin ó’n mhaethir agus ó’n dá dheirbhshúir eile agus ní rabh scéala de chineál ar bith a teacht uaiche. Chuaidh bliadhain iomlán thart mar sin agus nuair a bhí an bhliadhain astoigh –

“Bhail,” adeir an dara níghean, “sílim go n-imtheochaidh mé go bhfeicfidh mé a[n] bhfuigh mé scéal ar bith nó tuairisc ar bith fá mo dheirbhshúir.”

“Maith go leór,” arsa ‘n mhaethir, ach sula n-imthighidh tú ceócú is fearr leat toirtín mór agus mo mhallacht nó toirtín beag agus mo bheannacht.”

“Bheárfaidh mé liom an toirtín mór,” ar sise. “Sé is fuide a rachas orm.”

“Maith go leór,” arsa’n mhaethir, “ar maidin amárach bidh réidh.”

Tháinic maidin lá thar na bhárach agus bhí ‘n toirtín deánta ag an mhaethir agus chuir sí an cailín ‘un siubhail. Shuibhail sí léithe ar an lorg cheádna a dteachaidh an chéad bhean ach nuair a bhí neóin bheag deireadh an lae agus coim na h-oidhche ann téidh sí solas beag i bhfad uaiche ag bun croic. Tharraing sí ar an t-solus agus chuaidh sí fhad

leis an doras agus bhuaíl sí buille air, agus d'fhoscail seanbhean é. Chuir an t-seanbhean seo céad fáilte roimpi agus d'fhiafruigh sí daoithe cá rabh sí ag gabhail nó caidé a bhí a dh'iarraidh. Dubhairt sí gur cailín í a bhí ag iarraidh fastoidh.

“Maise’, arsa’n t-seanbhean, is cruaidh atá cailín de dhíth orm-sa.”

“Bhail caidé’n cineál oibre atá aghat domh!” arsa’n ghiorrsach.

“Ó níl mórán ar bith,” ar’ sise, is ó am codlata go maidin a bhéas an obair le deánamh aghat agus thig leat an chuid eile do’n la a chodladh ó mhaidin go foidche. An bhfeiceann tú an blocán sin annsin ‘sa chluíd?” arsa sise.

“Tcím” arsa’n ghiorrsach.

“Bhail caithfidh tú é sin a choimhead,” arsa sise, ó rachas mise a luighe go n-éirighidh mé.”

“Ó bhail,” ar’ sise, ní bheidh moill orm sin a dheánamh.”

Rinn sí braon tae agus thug sí do’n chailín é. Chuaidh an oidche ar aghaidhe go h-am codlata, agus chuaidh sí síos ‘un t-seómra agus thug sí aníos cárda crodhannaí agus cárda áirní.

“Coinnigh ceann acu seo in do bhéal anois go maidin,” arsa sise, “agus coinneochaidh siad an codladh díot. Tá mise mé fhéin ag gabhail a luighe.”

Shuidh an cailín ins a chluíd agus chuir sí ceann de na crodhannaí ina béal, ach níor bhfada gur thit sí ‘na codladh. Nuair a mhuscail sí d’amharc sí fá dtaobh daoithe agus bhí an blocán ar shiubhal. Chuaidh an oidhche anonn go dtáinic an lá agus níor bhfada gur éirigh an t-seanbhean—

“Tcím,” ar sise, “tá droch-obair deánta ó oidhche aghat.”

“Ó bhail,” arsa’n ghiorrsach, “ní rabh neart agham air. Thuit mé ‘mo chodladh.”

Ní dheárn sí aon dath ach greim cluaise a bhreith uirthi agus tharraing sí slat amach as a póca agus rinn sí cloch gheal daoithe agus chaith sí amuigh ar a chlaidhe ós coinne an dorais í. Bhí sise annsin go cionn bliadhna eile, agus nuair a bhí an bhliadhain astoigh dubhairt an tríomhadh nighean – an bhean a b’óige – go n-imtheochadh sí go bhfeicfead sí caidé a d’éirigh dó n-a dhá dreirbhshiúir.

“Maith go leór,” arsa’n mhaethir, ‘ach sula n-imthigh tú caithfidh tú innse domh ceocú is fearr leat toirtín beag agus mo bheannacht nó toirtín mór agus mo mhallacht?’”

“Bhéarfaidh mé liom,” ar’ sise, “toirtín beag agus do bheannacht.”

“Maith go leór,” arsa’n mhaethir, “ar maidin amárach, bidh réidh.”

Tháinig lá thar na bhárach agus rinn sí réidh an toirtín beag do’n ghiorrsaigh agus d’imthigh sí. Chuaidh sí an bealach ceádna a deachaidh an chéad bheirt agus nuair a bhí an tráthnóna ann chonnaic sí an solus ceádna uaiche ag bun croic. Tharraing sí ar an t-solus agus bhuail sí an doras, agus tháinig seanbhean agus d’fhoscail sí é. Chuir an t-seanbhean seo céad fáilte roimpi agus d’fhiafruigh sí daoithe cé í fhéin nó cá rabh sí ag gabhail.

“Cailín mé,” arsa sise, “atá ag iarraidh fastoidh.”

“Maise,” arsa’n tseanbhean, is cruaidh atá cailín de dhíth orm-sa.”

“Bhail,” arsa’n ghiorrsach, “caidé’n cineál oibre atá aghat domh?”

“Ó níl mórán ar bith oibre agham duit,” ar’ sise, “agus is ó am codlata go maidin a bhéas an obair aghat le deánamh, agus is leat fhéin an chuid eile do’n lá ó mhaidin go foidhce. An bhfeiceann tú an blocán sin annsin ‘sa choirneál?’”

“Tcím,” arsa’n ghiorrsach.

“Bhail níl aghat ach é sin a choimhead ó rachas mise a luighe go n-éirighidh mé.”

“Maith go leór,” ar’ sise, sílim nach mbíonn moill orm sin a dheánamh.”

Chuaidh sí síos ‘un t-seómra, agus thug sí aníos cárta crodhannaí agus cárta áirní agus thug sí do’n ghiorrsaigh iad.

“Coinnigh ceann acu sin faoi d’fhiacail anois agus coinneochaidh sí an codhladh uait go maidin.”

Shuidh an ghiorrsach sa chluíd agus níor bhfada a bhí sí ‘na suidhe go dtáinig an codladh uirthi. Ní dheárn sí a’n dath nuair a mhothuigh sí an codladh ach éirigh agus shuidh sí i mullach an bhlocáin. Anonn ‘san oidhche choruigh an blocán agus ‘a luathas ar choruigh sé mhuscail sé an blocán. Chuaidh sé síos an t-urlár agus amach

an doras. Ba mhaith a' mhaise sin do'n chailín é, bhí sí amuigh comh luath leis. As go bráthach leis an b[h]locán ó thoin go toin agus ó thúrtóg go túrtóg go dtí go deachaidh sé fhad le creig—

“Foscail, foscail!” arsa seisean, “agus leig isteach mé.”

“Deán agus mise fosta,” arsa'n ghiorrsach.

Chuaidh an blocán isteach agus an ghiorrsach isteach 'na dhiaidh, agus chuaidh sé fríd a' chreig go dtáinig sé fhad le caisleán. Chuaidh sé isteach annsin ina sheomra an áit a rabh triúir cailín. Bhuail an chéad bhean buille de shlaitín draoidheachta air agus rinn sí buachaill de. Bhain a[n] darna bean siosúr amach as a póca agus bhain sí leamóg as a chuid éadaigh agus chuir sí culaith dheas shíoda air. Bheir an tríomhadh bean ar chíor agus chíor sí a cheann agus tháinig ceann deas de ghruag chatach air. Chuaidh an ceathrar annsin síos 'na t-seómra agus chuaidh bórd bréagh bidh de'n uile chineál a bhfearr ná chéile síos. Bhí an ghiorrsach bheag 'na suidhe 'sa choirneál agus í ag ithe ceann de na crodhannaí. Anonn san oidhce tháinig bean de na cailíní aníos agus arsa sise:

“Is tú an cailín is measa nádúir dá bhfaca mé ariamh. Tá tú ag ithe crodhannaí annsin ó tháinig an oidhche agus níor thairg tú ceann amháin domh.”

“Ó maise.” Arsa sise, “ná bidh a cainnt mar sin. Is sibh-se atá olc i gceart. Tá sibh thíos annsin 'sa t-seomra ó tháinig an oidhche agus an uile sheórt is feárr ná chéile aghaibh agus níor fhiafruigh sibh domh a[n] rabh béal orm.”

“Ó bhail,” ar sise, “níl neart agham-sa ort.”

“Bhail caidé'n fáth nár iarr tú orm a ghabhail síos?” arsa'n ghiorrsach bheag.

“B'fhearr liom i bhfad,” arsa sise, “'á dtugtha domh cupla ceann de na crodhannaí sin.”

“Gheobhaidh tú cuid de na crodhannaí seo,” arsa sise, “agus fáilte má bheir tú domh-sa an t-slat a rinn an buachaill den bhlocán aréir.”

“Ó ní thiocfadh liom sin a dheánamh,” ar' sise.

“Bhail mur dtig leat sina dheánamh,” arsa'n ghiorrsach, “caithfidh tú cúis a dheánamh gan na crodhannaí.”

Chuaidh an chaibideáil ar aghaidhe ach ‘sa deireadh thoiligh sí an t-slat a thabhairt daoithe.

“Bhail anois,” arsa ‘n ghiorrsach, “bhéarfaidh mise duit do sháith crodhannaí.”

Bheir sí ar an t-slat annsin agus chuir sí ina póca í, agus d’fholmhuigh sí amach mála na crodhannaí agus fá’n chíor, agus ‘sa deireadh thoiligh sí an chíor ina póca, agus d’fholmhuigh sí amach mála na gcrodhannaí do’n bhean eile. Anonn eadar sin agus maidin – [Rinn mé deamad – ‘sí bean na círe a rabh na crodhannaí de dhíth uirthi] bhí siad i bhfad a dearbhadh fá’n na crodhannaí agus fá’n chíor, agus ‘sa deireadh thoiligh sí an chíor a thabhairt daoithe. Chuir an ghiorrsach an chíor ina póca, agus d’fholmhuigh sí amach mála na gcrodhannaí do’n bhean eile.

Chuaidh an oidhche thart go bréagh annsin go dtí go rabh an t-am ag an bhlocán a bheith a baint an bhaile amach, agus tharraing an bhean seo slat amach as a póca, agus Rinn sí an blocán de. D’imthigh an cailín beag ‘na dhiaidh agus bhí siad a léimnigh leóbhtha thall is i bhfos go dtí gur bhain siad teach na seanmhrá amach arais. Ag éirighe do’n tseanbhean d’amharc sí fá dtaobh daoithe fhéin agus chonnaic sí an ghiorrsach annsin rith an ama.

“M’anam!” ar sise, “gur tú an cailín a b’fheárr a fuair mé ariamh. Anois má thig leat an rud céadna a dheánamh anocht déarfaidh mé go bhfuil tú níos feárr.”

“Bhail féachfaidh mé leis,” arsa’n ghiorrsach.

“Gabh tusa a luighe anois,” arsa sise, “agus codluigh do sháith.”

Chuaidh an ghiorrsach a luighe agus chodluigh sí léithe rith an lae agus go díreach indiaidh na h-oidhche mhusgail an t-seanbhean í.

“Anois,” arsa sise, “tá mé cinnte go bhfuil ocras ort.”

Thug sí rud ínteacht le h-ithe daoithe, agus nuair a tháinig sí arais i n-am codlata thug sí cárda crodhannaí agus cárda áirní arais daoithe.

“Anois, a chladhaire,” ar’ sise, “deán cúis comh maith anocht agus a rinn tú aréir agus beidh mé an-bhuidheach duit.”

“Bhail dheánfaidh mé mo dhithcheall,” arsa’n ghiorrsach.

Shuidh sí thall ‘sa choirneál agus ní rabh sí i bhfad annsin go dtáinic codladh uirthí, ach nuair a mhothuigh sí an codladh a teacht uirthí ní dheárn sí aon dath ach suidhe i mullach an bhlocáin ath-uair. Anonn ‘san oidhche choruigh an blocán ach a luathas ar choruigh sé mhuscail sé an ghiorrsach agus thug sé iarraidh ar an doras. Bhí sise ‘na dhiaidh, agus d’imthigh sí leis ó thoin go toin agus ó thúrtóg go turtóg a boc- léimnigh leis comh maith is a tháinic leis go dtáinic sé fhad leis an chreig chéadna.

“Foscail, foscail,” arsa seisean, “agus leig isteach mé.”

“Leig agus mise fosta,” arsa’n ghiorrsach.

Chuaidh an bheirt isteach ‘na t-seómra chéadna a rabh siad an oidhche roimhe sin ann, agus tharraing an cailín seo slat amach as a póca, agus thug sí buidheachas dó. Tharraing a’ darna bean siosúr amach as apóca, agus bhain sí leamóg as a chuid éadaigh agus chuir sí culaith dheas shíoda air. Ach bhí an tríomhadh bean ‘na seasamh annsin –

“Cá bhfuil a’ chíor,” arsa sise, “ar ceart duit cloighean an bhuachalla seo a chíoradh léithe?”

“Ó níl sí agham,” arsa sise, “chail mé í.”

Dhéamhan dath a rinn a bheirt ach buaileadh uirthi agus ní rabh ann ach nár mharbh siad í. Mar sin fhéin chuaidh siad síos ‘un t-seómra agus chuaidh bórd bidh de’n uile chineál a b’fheárr ná chéile síos. Chuaidh an uile sheórt ar aghaidhe go bréagh, ach ‘sa deireadh tháinic bean an t-siosúir aníos, agus arsa sise leis an bhean a bhí ag ithe na gcrodhannaí go dolba—

“Is tú an cailín is measa nádúir a chonnaic mé ariamh.”

“Ó sibh-se atá olc i gceart,” arsa’n cailín.

“Tá sibh ag ithe agus ag ól thíos annsin ó tháinic an oidhche agus níor fhiafruigh sibh domh an rabh béal orm.”

“M’anam maise go bhfuil ar’ sise, “agus tusa annsin ag ithe crodhannaí ó tháinic an oidhche agus níor thairg tú ceann amháin domh-sa.”

“Bhail léoga,” ar’ sise, “bhéarfaidh mé crodhannaí duit agus céad fáilte, má bheir tú domh an t-siosúr a chuir an chulaith gheal shíoda ar an bhuachail seo aréir.”

“Ó maise,” arsa sise, “ní thiocfadh liom sin a dheánamh. Mhuirbhfeadh an bunadh eile mé ‘ándeánainn sin.”

“Bhail mur dtig leat a dheánamh,” ar’ sise, “deán cúis gan na crodhannaí.”

Ach is cuma, le mhéad a dúil a bhí aici ins na crodhannaí thoiligh sí an t-siosúr a thabhairt daoithe. Bheir an cailín ar an t-siosúr agus chuir sí isteach ina póca í, agus annsin d’fholmhuigh sí amach mála na gcrodhannaí. Chuaidh an oidhche thart annsin go dtáinic an lá agus bhí an t-am ag an bhlocán a bheith ag gabhail abhaile, agus tharraing sí seo slaitín draoidheachta amach as a póca agus bhuail sí buille air agus rinn sí blocán de. D’imthigh sé leis amach ar a’ doras agus an bhean bheag amach ‘na dhiaidh agus bhuail sé an bealach gur bhain sé teach na sean-mhrá amach arais. Ag éirighe do’n t-seanbhean ar maidin d’amharc sí fá dtaobh daoithe, agus labhair sí leis an chailín bheag:

“M’anam,” a deir sí, “go deárn tú cúis mhaith aréir. Is iomaidh cailín a tháinic a’ bealach agus ní tháinic do leithéid ariamh an bealach.”

“Bhail,” arsa sise, “Rinn mé mo dhithcheall.”

“Bhail de mhéad a dheárn tú le dhá oidche,” anocht a bhéas sé le deánamh uilig agat.”

“Bhail,” arsa sise, “dheánfaidh mise mó dhithcheall agus mur n-éirighidh liom níl neart air.”

“Anois,” ar’ sise, “nuair a gheobhas tú greim ithte gabh a luighe agus codluigh do sháith.”

D’ith sí greim agus chuaidh sí a luighe, agus anonn i ndiaidh na h-oidhche [mhuscail] an t-seanbhean í.

“Caithfidh tú anois do dhithcheall a dheánamh agus á choimhead go maith anocht.”

“Maith go leór,” arsa sise.

Chuaidh an oidhche anonn go dtáinic am codlata agus chuaidh an t-seanbhean síos ‘un t-seómra agus thug sí aníos cárda áirní agus cárda crodhannaí agus thug sí daoithe iad.

“Coinnigh ceann acu seo in do bhéal go maidin agus coinneochaidh siad an codladh díot.”

Chuaidh an t-seanbhean síos a luighe annsin, agus ní dheárn an ghiorrsach ach suidhe i mullach an bhlocáin. Anonn san oidhche choruigh sé thall is i bhfos agus comh luath is bhog sé mhuscail sé ise, agus thug sé iarraidh ar a’ doras agus an cailín beag ‘na dhiaidh. D’imthigh sé leis annsin ó thúrtóg go túrtóg agus ó thom go tom go dtí go deachaidh sé fhad leis an chreig chéadhna.

“Foscail, foscail,” ar’ sise, “agus leig isteach mé.”

“Leig agus mise fosta,” arsa’n cailín beag.

Isteach leis an bheirt ins a’ t-seómra cheádna a rabh siad ann an dá oidhche roimhe. Tharraing an cailín seo slaitín draoidheachta amach as a póca agus rinn sí buachaill dó. Ach ní rabh siosúr ar bith ag an darna bean.

“Cá bhfuil a’ t-siosúr a bhí aréir aghat,” arsa sise ‘nuair a chuir tú an chulaith dheas éadaigh ar an bhuachaill seo?’

“Bhail níl sí agham,” arsa sise: “chail mé í.”

Bhuail a’ troid mhadramhail eadar an bheirt agus diabhal dath ann ach nár mharbh siad a chéile. Ach is cuma chuaidh siad síos ‘un t-seomra agus thug siad síos bord bréagh de’n uile cineál a bhfeárr ná chéile. Anonn ‘san oidhche tháinic bean na slaite aníos.

“Bhail is tú an cailín mí-nádúrtha,” adeir sí leis an chailín bheag a bhí ins a’ chluíd, “tá tú ag ithe crodhannaí annsin ó tháinic an oidhche agus níor thairg tú ceann amháin domh.”

“Ó sibh-se atá mí-nádúrtha i gceart,” arsa’n bhean bheag. Tá an uile chineál is feárr ná chéile ‘á ithe thíos annsin ‘sa t-seómra aghaibh agus níor fhiafraigh sibh domh a rabh béal orm, ach má bheir sibh domh an t-slat a rinn an buachaill de’n bhlocán aréir, bhéarfaidh mé do sháith crodhannaí duit.”

“Ó maise,” ar sise, ‘sin rud nach dtig liom a dhéanamh.”

“Bhail,” arsa’n ghiorrsach, “mur dtig leat sin a dhéanamh caithfidh tú cúis a dhéanamh gan na crodhannaí.”

Mar sin fhéin le mhéad an dúil a bhí aici ins na crodhannaí thoiligh sí an t-slat a thabhairt daoithe. Bheir a' ghiorrsach bheag go luthghaireach ar a' t-slait agus chuir sí isteach ina póca í, agus annsin d'fholmhuigh sí amach mála na gcrodhannaí. Chuaidh an oidhche anonn go dtáinig a' lá agus bhí an triúr 'na seasamh annsin agus ní thiocfadh leóbhtha aon dath a dheánamh do'n bhuachaill. Tharraing an ghiorrsach bheag an t-slat amach as a póca agus rinn sí blocán arais de. D'imthigh an bheirt leóbhtha annsin agus tharraing siad ar theach na sean-mhrá. Ar maidin nuair a d'éirigh an t-seanbhean bhí an-luthgháir uirthi, agus bheir sí greim láimhe ar an chailín bheag agus thug sí dubh-bhuidheachas daoithe fá 'n obair bhréagh a bhí deánta aici.

“Ó maise,” ar' sise, “sin a bhfuil fhios aghat fá dtaobh dó. Fan go bhfeicfidh tú seo.”

Tharraing sí amach an t-slat as a póca agus rinn sí buachaill de'n bhlocán. Tharraing sí amach an t-siosúr agus bhain sí leamóg as a chuid éadaigh agus tháinig culaith dheas shíoda air. Tharraing sí amach an chíor annsin agus chíor sí a cheann agus tháinig ceann deas de ghruag chatach air.

“Ó bhail,” arsa 'n t-seanbhean, “sin mac liom-sa atá faoi gheasa leis an fhad seo d'am, agus is iomaidh cailín a choinnigh mé agus ní tháinig le aon cheann acu na geasa a bhaint de. Agus anois,” ar' sise, “nuair a shaoraidh tusa é caithfidh tú a phósadh. Féadaidh sibh araon fanacht annseo fhad is a bhéas sibh beo.”

Chaith sí bliadhain 'sa teach agus nuair a bhí an bhliadhain astoigh, pósadh an bheirt, agus tá siad 'na gcomhnaidhe annsin ó'n lá sin go dtí'n lá indiú.

Mícheál Ó hIghne (c.1872-1969)

An Crochaire Tarnocht

(ATU 300, *The Dragon Slayer*)

Bailitheoir: Seán Ó hEochaidh (Bliain: 1935; CBÉ 139: 122 – 152)

Bhí sin ann, agus is fada ó bhí, bhí fear agus bean annseo fad ó shoin, agus bhí mac acú. Ach ní ann m'am-sa sin, nó ann d'am-sa, ach am duine ínteacht. Bhí'n mac, ní rabh talamh ná tráigh ag n-athair nó ag a mhathair, agus dubhairt sé le n-a athair lá amháin, go n-imeochat sé go ndeánfat sé aimsear. Chros a t-athair agus a mhathair air imeacht, ach mar sin fhéin, chuaidh sé.

Bhí sean-bhó, agus sean-tharbh acú, agus d'imthigh sé suas 'na chruic leóbhtha, sula n-imthigheat sé. Nuair a bhí sé ag 'ul suas leis a' t-sean-tarbh, labhair a tharbh leis:

“Jack, arsa sheisean, bhfuil tú ag 'ul m'fhágailt?”

“Bhí sin a shúil agham,” arsa Jack.

“Marbh mise,” arsa sheisean, “agus nuair a bhéidheas mé marbh aghat,” arsa sheisean, feann *stripe*,” arsa sheisean, “amach go bárr mo rubaill, agus tug leat í,” arsa sheisean.

“Níl a'n áit a choidhche a mbeadh tú, “arsa sheisean, nach seasfaidh an *stripe* duit.”

“S doiligh liom sin a dheánamh,” arsa Jack, arsa sheisean, “a dhul do mharbha.”

“Caithfidh tú [a] dheánamh,” arsa'n tarbh.

Mar sin fhéin mharbh sé é, agus ghéarr sé'n *stripe* de ó bhárr a ghaothsáin go bárr a rubaill, agus thug sé leis é. D'imthigh sé, agus ag 'ul isteach i gcluas baile mhóir dó casadh marcach air.

“Cá bhfuil tú ag 'ul?” arsa'n marcach.

“Tá mé ag 'ul a dh'iarraidh aimseara,” arsa sheisean.

“Bhail go díreach arsa’n fear-uasal, sin an áit a bhfuil mise ag ‘ul, ag ‘ul a fhostódh buachaill seirbhís,” arsa seisean, b’fhéidir go bhfóirfeá domh.

“B’fhéidir go bhfóirfínn,” arsa Jack. “Bhail,” arsa sheisean bhéarfaidh mé an mhéid seo tuarastail duit.”

“Maith go leor,” arsa Jack, rachaidh mise leat.”

D’imthigh an bheirt, agus tháinig siad fhad le cúirt duine uasail.

“‘Nois’, arsa’n fear uasal, tar isteach annseo go ndéanaidh tú do shuipear,” arsa sheisean. “Innseochaidh mise d’obair ar maidin duit,” arsa sheisean.

Rinn sé [a] shuipear, agus nuair a bhí sé lár a t-suípeara leigeadh trí bhúirthe.

“Caidé rud siúd?” arsa Jack.

“Sin trí fhathaigh,” arsa sheisean, atá ina gcomhnaidhe arsa sheisean, “ina gcúirt thuas annsin.”

“Tchím,” arsa sheisean, “is madramhail na trí bhúirthe iad.”

D’éirigh sé lá thar na bhárach, agus chuaidh a rí amach leis, agus “nois,” arsa sheisean, “agus seól leat suas iad, agus bí cinnte, arsa sheisean, gan a leigint a chóir chúirt na bhfathaigh,” arsa sheisean. “Sin a bhfuil le deánamh aghat,” arsa sheisean.

“Go maramas domh,” arsa Jack, “nach leigim-sa,” arsa sheisean “a chóir chúirt na bhfathaigh iad.”

Chuaidh Jack suas leis an eallach, fhad le cúirt na bhfathaigh, agus bhí sconnsa mór thart ar a chúirt. D’amharc Jack isteach thaire an sconnsa, agus teídís sé ach uile chineál tortha, ubhlaí, pioraí, agus ach uile chineál tortha astoigh sa ghárraidh.

“Nach mairg nach bhfuil cuid acu agham,” arsa Jack ann intinn fhéin.

Ach comh luath agus bhí’n smaointiughadh deánta, chuir sé [a] ghualainn leis a bhalla, agus leag sé beárnaí ar a bhalla. Chuir sé iomlán an eallaigh ‘steach agus chuaidh sé fhéin isteach ina ndé [ndiaidh].

Chuaidh sé suas i gcionn de na crainn, agus thúsaiigh sé d’ithe na n-ubhlaí milse, agus a chaitheadh na n-ubhlaí searbha anuas fhad leis an eallach. Ní rabh sé i bhfad thuas insa sa chrann, nuair a chraith a choill ó chionn go cionn.

“Dia linn!” arsa Jack, “caidé tá teacht orm,” arsa sheisean.

D’amharc sé thart á-tha dtaobh de, agus tóidh sé fáthach mór a teacht amach as a choill. Tháinig sé fhad le bun a chrainn a rabh Jack ann.

“Mo bhrón agus mo mhilleadh. agus mo mhara-fáisg ort!” arsa sheisean. “Caidé fáth,” arsa sheisean, “a dtáinig tú a leagadh an bhalla seo, nó chuir buaidhreadh ar bith orainne?” arsa sheisean.

“Mo bhrón, ‘s mo mhilleadh, ‘s mara-fáisg ort fhéin, a bheathaigh a ba ghráice a chonnaic mé ariamh,” arsa Jack, arsa sheisean.

“Na bíodh morán le ráit aghat. Is mór liom i ngreim thú” arsa an fathach, agus is beag liom a dá ghreim thú,” arsan fathach, “agus níl fhios agham caidé ‘s feárr domh a dheánamh leat.”

“Ní dheánfaidh tú ceachtar acu díom-sa,” arsa Jack.

Chuir sé lámh ina phóca, agus tharraing sé ‘mach a bheilt, agus chaith sé síos í.

“Seo a bheilt,” arsa seisean, “gabh síos agus ceangail a cheann agus a chosa sin da chéile go bhfágaidh mise síos fhad leis,” arsa Jack.

Agus shníomuigh an bheilt thart fá n-a mhuineal, agus thug sé mhuineal anuas fhad le n-a dhá chois, agus cheangal sé-n fáthach astoigh annsin go bhfuair Jack ‘nuas, agus bhí claidheamh bheag bhuighdeach ag Jack a bhí fóirstean do na graithe. Ghearr sé’n chloigeann den fhathach, agus stiúg a’ fáthach annsin.

Tháinig Jack anuas, agus bhain sé’n bheilt de’n fháthach, agus chuir sé ina phóca í, agus thiomáin sé ‘n t-eallach anuas abhaile. Chuir sé ‘steach annsin iad ná go mblighfidhe iad. Agus thúsaigh na blighteóirí, a bhlighe an eallaigh agus bhí *show* go bhráthach ar a rabh [de] bhainne aca an tráthnóna sin.

“Jack” arsa na cailíní, “cá rabh ‘n t-eallach aghat ó mhaidin?”

“Bhí siad thuas, arsa sheisean, ins a’ pháirc agham,” arsa sheisean.

“Bhail tá *show* ar a bhfuil a bhainne acu, arsa seisean,

“Na maith sin,” arsa sheisean.

Chuaidh sé ‘steach fhad le n-a shuipear, agus ní rabh sé i bhfad ag ithe [a] chuid, nuair a leigeadh dhá bhúirthe.

“Hó!” Arsa Jack, “níl ann ach dhá bhúirthe anocht,” arsa sheisean,

“Caithfidh sé,” arsa ’n rí, “go bhfuil fear de na fathaigh ar siubhal,” ar seisean.

“Bhail creidim go bhfuil,” arsa Jack.

Bhí go maith, agus ní rabh go h-olc, chuaidh siad a luighe an oidhche sin. D’éirigh sé lá thar na bhárach, agus thiomáin sé’n t-eallach suas ar a dóigh chéadna. Níor fhan sé le dul fhad leis a chéad bheárnaigh. Leag sé beárnaigh úr ar a sgonnsa, agus chuir sé’n t-eallach isteach. Chuaidh sé suas i gcrann, a dh’ithe na n-ubhlaí milse, agus a chaitheadh na n-ubhlaí searbha, anuas fhad leis an eallach.

Níor bh’fhailligh sin, go dtáinic a’ chrith a ba mhó a chualaidh tú ariamh ar a choill. Agus tháinic fáthach eile amach annsin, a rabh dhá cheann air.

“Mo bhrón, agus mo mhilleadh, agus mo mhara-faisg ort, a chrochaire a ba mhó a chonnaic mé ariamh,” arsa sheisean. “Nach sabalta an rud duit a theacht a cuir buaidhreadh (orainne) orm-sa,” arsa seisean, “indiaidh mo dheárthair a mharbha indé,” arsa sheisean. “Leag tú balla na cúirte” arsa sheisean, agus arsa sheisean, “níl fhios agham caidé ‘s feárr domh dheánamh leat.”

“A bheathaigh, a ba ghraíce a chonnaic mé ariamh,” arsa Jack, “ní dheánfaidh tú ceachtar aca domh-sa,” arsa sheisean. “A bheilt,” arsa sheisean, “gabh síos agus ceangal, a chionn sa chosa sin do chéile,” arsa sheisean, “go bhfaigh mise síos fhad leis.”

Shníomuigh an bheilt fá mhuineal an fhathaigh, agus thug sé cloighean anuas fhad le n-a chosa, agus cheangail sé annsin é, go bhfuair Jack anuas as a chrann, agus tharraing sé-n chloidheamh bheag amach, agus ghearr sé’n dá chloigeann do.

Tháinic Jack anuas, agus thiomáin sé’n t-eallach leis anuas abhaile. Chuir sé ‘steach iad gur bligheadh iad, agus ní tháinic leóbhtha soithigh a fhághail da gcuid bainne.

“Jack,” arsa na blighteóirí” cá rabh ‘n t-eallach aghat ó mhaidin?”

“Bhí siad thuas ins a’ pháirc agham,” arsa Jack, “cá h-áit eile a mbéad siad.”

“Bhail ní thig linne soithigh a fhágháil da gcuid bainne,” arsa siad-san.

“Na maith sin,” arsa Jack.

Chuaidh sé ‘steach fhad le n-a shuipear, agus nuair a bhí sé i lár a shuipeara leigeadh búirthe amháin.

“Hó hó!” arsa Jack.

“Ní mhothuighim ach búirthe amháin anocht, caithfidh sé, arsa-n rí,” arsa sheisean, “go bhfuil cuid de na fáthaigh ar siubhal.”

“B’fhéidir go bhfuil,” arsa Jack.

Ach chuaidh sé a luighe. D’imthigh sé lá thar na bhárach, agus thiomáin sé ‘n t-eallach leis suas, mar rinn sé ‘n dá lá roimhe. Chuaidh sé fhad leis a’ bhalla, agus leag sé beárnaidh úr nuaidhe ar a bhalla. Chuaidh sé suas ins a chrann, dh’ithe na n-ubhlaí milse, agus a chaitheadh na n-ubhlaí searbha anuas fhad leis an eallach. Ní rabh sé i bhfad ann gur chraith a choill ó cheann go ceann. Tháinig a tríomhadh fáthach amach, agus trí cloighne air.

“Mo bhrón, ‘s mo mhilleadh, ‘s mo mhara-fáisc ort, a rógaire,” arsa sheisean, “nár shubalta an rud duit a theacht annseo indiú, indiaidh mo dhá dheárthair a mharbha, le dhá lá,” arsa sheisean. “Leag tú balla na cúirte,” arsa sheisean, agus caidé, ‘s feárr domh a dheánamh leat?”

“Ní dheánfaidh tú aon dath liom-sa,” arsa Jack, agus ná biodh morán le ráit aghat. “Tar anuas,” arsa sheisean, “Is mór liom i ngreim thú, is beag liom i dhá ghreim thú, is níl fhios agham caidé ‘s feárr domh [a] dheánamh leat,” arsa sheisean.

Chuir Jack a lámh ina phóca, agus d’iarr sé ar a bheilt a dhul síos, a chloigeann sin a thabhairt anuas fhad le n-a chosa, agus a fhágáil annsin go dteigheadh seisean síos. Rinn sé sin. Chuaidh Jack síos, agus gheárr sé na trí cloighneacha de’n fháthach. Tháinig Jack anuas as a chrann agus thiomáin sé leis síos abhaile. Nuair a bhí siad ag a suipear ní theárnadh aon bhúirte an (oidhche) an tráthnóna seo.

“Níl fhios agham, cá bhfuil na fathaigh anocht?” arsa Jack.

“Níl fhios agham, caithfidh siad a bheith ar siubhal,” arsa’n rí.

“Ní feárr ann iad,” arsa Jack.

Ach chuaidh siad a luighe. Ag éirighe dó lá thar na bhárach, an ceathramh lá, chuir sé'n t-eallach 's chuaidh sé suas ins a' choill. Agus 'a mbéadh sé thuas ní chraithfeadh an choill, agus ní thiocfadh a'n dath leis.

“Tcím,” arsa Jack, “caithfidh sé nach bhfuil fáthach níos mó intí,” arsa sheisean.

“S cóir domh a dhul isteach fríd dhoimhneacht na coilleadh go bhfeicfidh mé caidé ‘tá ann,” arsa sheisean.

Chuaidh sé 'steach, agus ní theachaidh sé i bhfad fríd choill go bhfaca sé an chúirt, agus a chaisleán astoigh sa choill a ba deise dá bhfaca sé ariamh.

“Creidim go bhfuil an-bheathadhach ínteach' astoigh sa chúirt seo,” arsa seisean, “nó rud ínteach' a mhairbhfeas mé, mar sin féin ‘*ventráiltha*’¹ mé a dhul isteach,” arsa seisean.

D'fhoscail sé balla na cúirte, agus d'amharc sé thall agus abhos, agus ní rabh aon ní le feiceailt aige. Ní rabh aon áit a rabh sé a fhosglú nach rabh a tabhairt bárr deiseacht, ar an áit ar dhruid sé na dorsa, agus chuaidh sé thart i gcúl a 'toighe, agus chuaidh sé isteach ina scioball. Bhí each ann, each a ba deise dá bhfaca sé ariamh ar a dhá shúil. Tháinic sé 'steach araist na cúirte, agus chuaidh sé frítha ó cheann go cionn, agus tcídh sé astoigh ina *room* amháin, tcídh sé claidheamh solasta crochtha, Agus tcídh sé Clóca Dorcha crochtha, agus d'amharc sé thart, agus gheibh sé slaitín draoideachta. Leag sé iomlán na cúirte, agus shiubhal sé leis agus chuir sé 'n t-eallach síos abhaile.

Chuaidh sé fhad le n-a shuipear, agus ní rabh aon fhocal ag an rí an oidhche seo.

“A Rí,” arsa sheisean, “tá an iongantas orm” arsa sheisean, “caidé 's ciall duit bheith comh *dullailte*, agus tá tú?”

“Maise, innseochaidh mé sin duit,” arsa'n rí, arsa seisean. “Ní rabh agham ariamh, ach a'n nighean amháin,” arsa sheisean,

“agus tá dragún le theacht isteach amárach,” arsa sheisean, thíos ar a tráigh, arsa sheisean. Tá iomlán ghaisgidheachaí na h-Éireanna,” arsa sheisean, cruinnithe thíos ara tráigh ag 'ul a mharbha an dragúin,” arsa sheisean.

¹ Is cosúil go bhfuil an briathar seo bunaithe ar *venture*.

“Bhail tóim,” arsa Jack, arsa sheisean, “tá sé an-chruaidh,” arsa sheisean do nighean a bheith ag imtheacht.”

Chuaidh Jack a luighe, agus lá thar na bhárach, chuir sé ‘n t-eallach suas, agus d’amharc sé síos ar a tráigh. Chuaidh a bhean uasal síos, agus shuidh sí i gcathaoir, thíos ar bhruach na tuinne. Bhí Jack, chuaidh sé ‘steach na cúirte, agus chuir sé clóca dorcha air, agus thug sé ‘n chloidheamh sholasta leis, agus thug sé amach a’ t-each. Chaith sé a dhá chois thairstí, agus ar siubhal leis mar seidean gaoith móire ann. Níor stad sé go dteachaidh sé fhad leis a’ bhean uasal, a bhí ar bhruach na trágha. Léim sé anuas do’n each, agus leag sé cheann ina h-ucht.

“Anois,” arsa Jack, arsa sheisean, “comh luath agus tóifeas tú ‘n dragún ag teacht isteach,” arsa sheisean, muscail mise.”

“Musclochaidh cinnte,” arsa shise.

Nuair a chonnuic sí ‘n barra a’ teacht isteach ar an fhairrge, bhí fhios aici gurb é an dragún a bhí ann, agus mhuscail sí Jack, agus má mhuscail fhéin, bhí gráinín de’n ghruag gearrtha amach as cúl a chluaise aici nuair a mhúscaíl sí é agus é astoigh i mbocsa aici. D’éirigh Jack ‘na sheasamh, agus bheir sé ar an chloidheamh sholasta, agus bheir sé ar a chloidheamh sholasta agus shiubhail sé ‘mach i n-aircis a’ dragúin, agus bhuaíl sé i gcúl a chinn a’ dragúin agus chraith sé ceann agus phill sí ‘mach na fairrige araist.

Tigidh Jack isteach, agus léimnigh sé ar an each, agus ar siubhal leis mar bheadh séideán gaoith’ móire, agus ní fhacaidh aon nduine beo é ag imtheacht. Bhí (buachaill) saighdiúir amháin astoigh ar a chladach, agus tháinic sé anuas fhad le taobh a bhean uasal –

“nois” arsa sheisean, “na maith a chúis a rinn mé an bórd sin. Phill mé an dragún,” arsa sheisean.

Níor labhair a bhean uasal aon fhocal, ach shiubhail sí suas na cúirte. Tháinic a t-athair ‘sa mhathaeir anuas ina n-aircis, agus a buachaill seo suas léithe.

“Nois,” arsa ‘n buachaill, “maith a ‘jab’ a rinn mé, tá do nighean sábhailte indiú agham” arsa sheisean.

“Tá dhá lá eile le féachail go fóill aici,” arsa sheisean. “Tá’n dragún le teacht fá n-a coinne.”

Ach lá thar na bhárach, chruinnigh an ‘*crowd*’ céadna ar a tráigh, agus bhí Jack thuas ‘*fitailte*’ thuas ag cúirt na bhfathaigh, Clóca Dorcha air agus a chlaidhimh solasta agus a’ t-each aige agus tháinic sé anuas mar shéideán gaoithe móire. Leag sé a cheann in ucht na mrá uaisle.

“nois” arsa sheisean, “nuair a tcífeas tú an dragún a’ teacht isteach, musclochaidh tú mise,” arsa Jack.

“Musclochaidh cinnte,” arsa shise.

Nuair a fuair sí ‘n-a chodladh é, gheárr sí giota amach as faoi eascaill a “*frock*.” Chuir sí isteach i mbosca é. Níor bhfada go bhfacaidh sí an dragún a teacht, agus mhuscail sí Jack. Bheir Jack ar a chlaidhimh solasta, agus shuibhal sé ‘mach i n-aircis a dragúin, agus bhuail sí, í, san áit chéadna, ar bhuail sé í, an lá roimhe sin, agus chraith sí a ceann, agus phill sí amach na fairrge. Pillidh Jack ar an each, chaith sé a dhá chois thairstí, agus d’imthigh an t-each mar bheadh séideán gaoith’ móire, agus ní fhacaidh an dhuine sa ‘*crowd*’ é ag imtheacht. Chuaidh sé suas gur fhág sé í sa talamh bhfuair sé í. Shuibhal an fear uasal seo anuas fhad le taoibh na mrá uaisle.

“nois na h-achmair a ‘*jab*’ a rinn mé,” arsa sheisean.

“Tá do nighean chóir a bheith bainte agham,” arsa sheisean.

“Má bhaineann tú amárach í,” arsa sheisean, “ tá mo nighean bainte cinnte aghat,” arsa sheisean.

Níor labhair a bhean uasal rith an ama, bhí fhios aici fhéin a deifir go maith, nach h-é rinn é. Ach lá thar na bhárach chruinnigh an ‘*crowd*’ céadna thíos ar a tráigh, agus chuaidh a ‘ bhean-uasal síos a tríomhadh lá, agus fhad leis a’ dragún le slugadh agus le tabhairt leis. Bhí Jack ag amharc air seo uilig. Comh luath agus chonnaic sé’n t-am ‘*fitailte*’ aige fhéin le dhul, chuir sé dhá chois thaire an each, agus d’imthigh sé síos mar bheadh séideán gaoith’ móire.

“nois,” arsa sheisean, leis a’ bhean uasal, “codlochaidh mé néall anocht,” arsa sheisean, “agus nuair a tcífeas tú ‘n dragún a teacht,” arsa sheisean “musglochaidh tú mé.”

“Musgclochaidh cinnte,” arsa sise.

Comh luath, agus chonnaic sí ‘n dragún a teacht, mhuscail sí Jack, agus shiubhail Jack amach in aircis a ‘dragúin, agus bhuaíl sé sa talamh chéadna í, ar bhuaíl sé an dá lá roimhe sin, agus sgaith sé’n chloigeann daoithe. Luigh a’ dragún amach marbh annsin.

Ní theárn Jack ‘ach a dhul fhad le teangaidh, agus gheárr sé’n teangaidh, amach as a’ dragún, agus thug sé leis í. Rinn sé ‘steach ar an each, agus chaith sé dhá chois thairstí, agus níor bhfaillighe annsin ag an bhean uasal sciob sí ‘n bhróg anuas de chois Jack, agus d’imthigh sé.

Shiubhal an fear-uasal anuas fhad léithe, “nois arsa sheisean, “tá tú bainte agham,” arsa sheisean. “Mharbh mé ‘n dragún.” Níor labhair sí aon fhocal ach shiubhail sí leis suas, agus tháinic a h-athair, agus a máthair anuas, agus an luthgháir oirthí go rabh nighean sábhailte.

“nois,” arsa sheisean, “tá do nighean bainte agham,” arsa sheisean, “agus caithfidh tú a tabhairt domh le pósadh.”

“Is maith an airigh ort a fhágáil,” arsa’n rí, arsa sheisean. “Am ar bith is toil leat a pósadh arsa seisean, “tig leat a pósadh,”

“Bhail, a athair,” arsa shise,” “ní phósfaidh mise,” arsa sise, “fear ar bith, ach a fear a bhfóirfidh an bhróg atá agam-sa dó, sin a’ fear a phósfas mé.”

Thúsaigh ‘ach uile dhuine a chruinniughadh, agus a feáchail na bróige air. Ní rabh ‘n bhróg a fóirstean do dhuine ar bith. Bhí prionnsaí, agus daoine-uaisle agus ‘ach uile dhream a geárradh na ladhar daobhtha fhéin, agus ag gearradh a t-sál díobtha féin, dream go *‘fitalthadh’* an bhróg iad, agus ní rabh an bróg a *‘fitáil’* duine ar bith. Bhí ach uile dhuine féachta ag a deireadh.

“Bhail,” arsa’n t-athair, arsa sheisean, “ní thig ormsa,” arsa sheisean, “a dheánamh ach a dteárn mé,” arsa eisean “níl an mhac prionnsa, nó an mhac rí an aon áit a bhfuil a bhróg féachta air, agus níl sí fóirstean do dhuine ar bith,” arsa sheisean.

“Bhfuil aon dhuine thart” arsa shise, “nár fhéach a bhróg air?”

“Tá,” arsa cuid de na cailíní, arsa siad-san. “Níor fhéach Jack a bhróg go fóill air,” arsa sise.

“Tug isteach é,” arsa’n rí, arsa sheisean, “go bhfeáchfiadh sé ‘n bhróg air, mar dhuine.”

D’fhéach sé’n bhróg air, agus sciob a chos isteach siar sa bhróg. “Athair, arsa sise, seo a fear a bhfóirfeadh an bhróg dó, agus sin a fear, arsa seisean, mharbh ‘n dragún agus a shábháil mise, arsa shise agus ní phósfaidh mise a’n fhear a choidhche ach é,” arsa a’ nighean. “Cuirigh é sin amach as a pharlús,” arsa sheisean. D’éirigh an diúlach, agus d’imthigh sé amach, agus pósadh Jack agus a’ bhean-uasal lá thar na bhárach. Bhí bainis mhór annsin aca, agus mhair an bhainis lá agus bliadhain, agus ba é an lá deireannach an lá ba mhilse.

Indiaidh a bpósta d’imthigh siad leóbtha síos fá bhruach na fairrge, a shiubhal, é fhéin agus a bhean, agus mór bhfailligh sin ag rógaire mór tárnocht a d’éirigh as lár na fairrge móire, agus tháinic sé ‘steach agus sciob sé’n bhean amach ina thaoibh, agus d’airdigh sé leis í. Ní rabh fhios ag Jack bocht cá rabh sé na shuidhe nó na sheasamh. Bhí a bhean ar siubhal leis, agus ní rabh fhios aige cá dteachaidh sí. Tháinic sé aníos abhaile go brónach buaidheartha ag innse do’n Rí go dtáinic an Crochaire Tárnocht, isteach as lár na fairrge móire, agus gur áirdigh sé leis a bhean.

“Ó bhail,” arsa’n rí, arsa sheisean, “má rinn fhéin níl neart ann,” arsa sheisean. “Caithfidh sé go rabh sí le h-imeacht a’ bealach sin,” arsa sheisean.

“Bhail,” arsa Jack, ní codlochaidh [*sic.*] mise,” arsa sheisean, dhá oidhche i n-aon leabaidh,” arsa seisean. “Ní íosfaidh mé dhá chuid ag aon tábla,” arsa seisean, “go bhfuigh mé ‘mach arsa seisean, “cá bhfuil mo bhean.”

“T’eagla orm, go bhfuil iaróg romhat,” arsa’n rí arsa sheisean. “Fan san áit a bhfuil tú, agus tiocfa muid gan í,” arsa seisean.

“Bhail ní dheánfaidh, ní fhanochaidh,” arsa Jack, arsa seisean, “imtheochaidh mé.”

“Bhail,” arsa’n rí, arsa sheisean, “bhéarfaidh mise do sháith óir agus airgid duit.”

“Ní thabharfaidh mé aon dath liom,” arsa sheisean, “ach bhéarfaidh mé bata maith liom,” arsa sheisean.

D’imthigh Jack leis ar maidin, go luath luasganach, agus bheirfeadh sé ar ghaoith bhí roimhis, agus ní bheirfeadh an ghaoth a bhí ina dhiaidh air. Ní rabh sé i bhfad ar

siubhal, nuair a d'éirigh sgaife mór géarrfhiadhacha roimis. Lean sé na géarrfhiadhacha, agus bheir sé ar cheann aca ar a rith, agus chaith sé'n bata fríotha agus mharbh sé ceann eile aca. Las sé teine ag bun crainn, agus d'fheann sé ceann de na gearrfhiadh agus thúsaigh sé a rósadh. Ní rabh sé i bhfad ag ithe an ghearrfhiadh nuair a tháinig Seabhac Glas a Domhain Thiar fhad leis.

“Jack,” arsa sheisean, “an dtabharfá cuid ar leith as coimhlint, agus greim os cionn an iomláin domh-sa?”

“A éin a ba deise a chonnaic mé ariamh,” arsa Jack, arsa sheisean, “tar anuas annseo, agus bhéarfadh,” arsa seisean. “Sin” arsa seisean, “leath géarrfhiadh annsin, agus sin ceann eile atá le feannadh, agus ith do sháith,” arsa seisean.

“Maith thú,” arsa'n seabhac, “fanochaidh mise aghat go maidin.”

“S maith liom do chuideachta agham,” arsa Jack.

Luigh a bheirt ag bun a chrainn go dtáinig a' lá.

“Tá'n t-am aghainn a bheith ag imtheacht arsa'n seabhac.

“Creidim go bhfuil,” arsa Jack.

“Bhail níl aon dath,” a Jack, “a n-imtheochadha choidhche san aer uait,” arsa sheisean, “sgairt ar Sheabhac Dorcha an Domhain Thiar,” arsa sheisean, “agus ní bhéidh mise i bhfad uait.”

“Maith thú,” arsa Jack.

D'imthigh Jack leis, agus bhí sé ag imtheacht leis, agus níor b'fhada gur éirigh an dara sgaifte géarrfhiadh roimis. Rith sé, agus bheir sé ar cheann aca ar a rith agus chaith sé'n bata fríotha, agus mharbh sé ceann eile aca. Shuidh sé agus d'fheann sé é, agus 'startáil' sé téine ag bun crainn, agus chuaidh sé á rósadh ceann aca. Níor bhfada go dtáinig Cú Glas na Coilleadh Liaidh fhad leis.

“Jack,” arsa sheisean, “an dtabharfá cuid ar leith as coimhlint, agus greim os cionn an iomláin domh-sa?”

“Mhadaidh a ba deise, a chonnaic mé ariamh,” arsa sheisean.

“Tar,” arsa sheisean, “agus ith do sháith, Sin géarrfhiadh, annsin le feannadh,” arsa sheisean, “agus leath ceann buirte, agus ith do sháith” arsa sheisean.

D’ith a cú a sháith annsin, agus dubhairt sé go bhfanochadh sé ag Jack go maidin.

“S maith liom do chuideachta agham,” arsa Jack arsa sheisean.

Nuair a tháinig a’ lá—

“Is cóir dúinn a bheith ag imtheacht,” arsa’n an cú arsa sheisean. “Níl aon dath a n-imtheochadh ar a talamh uait” arsa’n cú, arsa seisean, sgairt ar Cú Glas na Coilleadh Léith, agus ní bhéidh sé i bhfad uait.”

“Maith thú,” arsa Jack.

D’imthigh sé leis, agus níor bhfada a bhí sé a siubhal gur éirigh an tríomhadh sgaifte géarfiadhacha roimhis. Lean sé iad, agus bheir sé ar cheann aca ar a rith, agus chaith sé bata fríotha, agus mharbh sé ceann eile aca. *Startáil* sé teine ag bun crainn agus d’fheann sé ceann aca, agus rós sé é. Thúsaigh sé a ithe, agus mór bhfada go dtáinig Durachadh Dorcha an Domhain Thoir fhad leis.

“Jack,” arsa seisean, “an dtabharfá cuid ar leith as coimhlint, agus greim os cionn an iomláin domh-sa?”

“A bheathadhaigh, a ba deise a chonnaic mé ariamh,” arsa Jack arsa sheisean, “tar annseo,” arsa sheisean, “agus ith do sháith. Sin géarfhiaidh rósta annsin, agus ceann le feannadh agus ith do sháith.”

Shuidh a Durachadh, agus d’ith sé a sháith.

“Fanochaidh mé aghat go maidin,” arsa’n Durachadh.

“Maith go leor,” arsa Jack, “s maith liom do chuideachta agham,” arsa sheisean.

Nuair a tháinig a’ lá –

“Is cóir dúinn a bheith ag imtheacht, arsa’n Durachadh.

“Creidim gur chóir,” arsa Jack.

“Bhail a Jack,” arsa sheisean, “níl aon dath a choidhche a n-imtheochaidh san uisce uait,” arsa seisean. “Sgairt ar Dhurachadh Dorcha,” arsa seisean, “a Domhain Thoir,” arsa sheisean “agus ní bheidh mise i bhfad uait.”

“Maith thú” arsa Jack.

D'imthigh Jack bocht leis, agus níor bhfada a bhí sé siubhal nuair a tháinig sé fhad le bruach na fairrge.

“Tá mé fhad is rachfas mé,” arsa Jack.

Thúsaigh sé a shiubhal thart, agus tcídh sé bothán beag cruinn, bothán beag toighe ag bun crainn. Agus chuaidh sé ‘steach, agus bhí seandúine mór ina shuidhe astoigh sa bhothóg.

“Do chéad fáilte” arsa sheisean “agus sláinte a Jack” arsa sheisean.

“Go rabh céad maith aghat” arsa Jack, arsa sheisean. “Is mór m’iongantas, go bhfuil fhios agat cé mé fhéin,” arsa sheisean.

“Ó, is fada fios agham ortsa,” arsa’n seandúine.

“Caidé brigh do shiubhail, nó caidé ruaig a bealach seo thú?”

“Tá,” arsa seisean, “a gcualaidh tú iomrádh ariamh, ar an fhear a dtugann siad a Crochaire Tárnocht air?”

“Ó! “Chualaidh leoga,” arsa seisean, “Bhfuil fhios aghat,” arsa seisean, cá bhfuil sé ina sheasamh?” nó ina chomhndaidhe?”

“Tá fhios agham,” arsa seisean, tá sé, arsa seisean, tá sé ar oileán amuigh i lár na fairrge móire,” arsa sheisean.

“Bhfuil cineál ar bith tuairisce aghat, caidé’n dóigha bhfaighinn amach fhad leis an oileán sin?” arsa sheisean.

“Suidh annseo, agus deán do shuipear,” arsa sheisean, “agus cuirfidh mise” arsa sheisean, “amach amdhárach tú.”

“Maith thú,” arsa sheisean.

Shuidh Jack síos, agus rinn sé a shuipéar, agus toigh a ‘*druid*’ a bhí ann, thug sé síos ‘na chladaigh lá thar na bhárach é, agus bhí bád beag úr istoigh ar a chladach, agus thionntoidh sé’n bád, agus d’iarr sé ar Jack a dhul isteach intí.

“Bí isteach intí,” arsa’n seandúine “sula bhfágaidh sí ‘n t-uisge, arsa seisean nó a gheobhaidh sí ‘n t-uisge, ní choinneochaidh muid í,” arsa sheisean. “Leig cead

a bhealaigh don bhád,” arsa sheisean, “agus ní stadfaidh sí fhéin go rabh sí amuigh ar an oileán a bhfaca a Crochaire Tárnocht ann,” arsa sheisean.

“Maith go leór,” arsa Jack.

Chuaidh sé ‘steach ‘na bháid, agus sáithigh [*sic.*] an seandúine amach a’ bád, agus as go bráthach léithe, agus níor stad sí go rabh sí astoigh ar an oileán, a rabh’n Crochaire Tárnocht air.

Tharraing Jack suas a bád go bárr a chladaigh, agus thionntuigh sé béal fuighthe,

“Fan annsin,” arsa Jack “go dtigidh mise ar ais, leis a bhád.”

D’imthigh sé leis fríd an oileán. Níor bhfada go bhfacaidh sé an chúirt agus chaisleán a ba deise dá dtiocfadh leis a fheiceáil ar an oileán, agus thúsaigh sé a shiubhal thart á-thá dtaobh daoithe, agus ní rabh fhios aige caidé’n dóigh a bhfaigheadh sé isteach.

Tcídís sé an rud, a ba deise dá bhfacaidh sé ariamh astoigh ina suidhe san fhuinneóg, agus d’amharc sí amach, agus d’aithin sí Jack. D’fhoscail sí ‘n doras, agus d’iarr sí air a theacht isteach. Phlúc sí le póga é; bháidh sí le deóra é, agus thriomuigh sí le brat síoda é a bhí ag uaisle agus ór é.

“A Jack a stór,” arsa shise, “is maith an áit a d’fhag tú,” arsa sise, “agus is olc an áit a dtáinig tú, deánfaidh an Crochaire Tárnocht mion agus luaidh de do chrámha.”

“Ná dtig leat mo chuir i bhfolach?” arsa Jack, arsa seisean.

“Feáchaidh mé leis,” arsa sise.

“Cá bhfuil sé anois?” arsa Jack.

“Tá sé ar siubhal a seilg fríd na cruic, sa choill,” arsa sise.

Rinn Jack a shuipeár, agus chuir sí i bhfolach é comh maith agus tháinig léithe, agus nuair a chuaidh sí amach, tcídís sí an Crochaire Tárnocht a teacht.

“’nois,” arsa’n bhean uasal le Jack, “tá sé a’ teacht anois” arsa sise, “agus ná deán aon dath tormán sa chruth ‘s go mbeidh fhios aige go bhfuil tú ann.”

“Ní dheánfaidh,” arsa Jack. “Ach deán thusa do dhithcheall,” arsa sheisean, “deánamh amach, caidé’n dóigh a ngiorrochaimid a shaoghal.”

“Dheánfaidh cinnte,” arsa shise.

Nuair a tháinig a Crochaire Tárnocht, agus é *lódáilte* le h-éanlaigh, chaith sé uaidh iad.

“Fud-fud féasóg a ghaduidhe bhréagaidh,” arsa seisean, “mothuighim boladh an Éireannaigh ann do theach.”

“Níl a’ n Éireannach le fágáil aghat annseo, ach mise,” arsa sise, “is lá ar bith a bhfuil tú tursach liom,” arsa sise, “fág mé san áit a bhfuair tú mé.”

“Ní dheánfaidh mé sina chor ar bith,” arsa’n Crochaire Tárnocht.

Rinn sé shuipeár, agus thúsaigh sé chodladh. Mhuscail sé aniar araist.

“Bhail,” arsa seisean, “tá mé an fad seo d’am ann do chuideachta” arsa seisean, “agus níor innis tú ariamh domh,” arsa sise, “cá rabh d’anam.”

“Hó!” arsa’n Crochaire Tárnocht. “Tá m’anam,” arsa seisean, “ins sa tuairgnín a bhfuil tú a brugh an bhruightín leis”

“Tcím,” arsa sise.

D’imthigh an Crochaire Tárnocht leis lá thar na bhárach, a sheilg fríd a choill. Thúsaigh sise a chóiriughadh suas a tuairgnín comh maith, agus tháinig léithe, le *‘flowers’* agus le ‘ach uile sheórt eile, gur *‘fitáil’* sí ‘mach é agus d’fhág sí ina sheasamh thall san fhuinneóg é.

Bhí sé annsin go dtáinig a Crochaire Tárnocht, lá thar na bhárach, agus d’fhiafruigh sé:

“Caidé rud sin,” arsa seisean “thall san fhuinneóg aghat?”

“Tá sin an áit a bhfuil d’anam aghat, sílim go bhfuil sé fada go leor a brugh bruightín.”

“Tcím,” arsa sheisean.

“Dá mbeadh fhios aghat cá bhfuil m’anam bheifeá do chionn mhaith dó,” arsa seisean. “Tá m’anam-sa ins a scuab, a bhfuil tú a scuabadh an toighe léithe.”

“Tcím,” arsa shise.

D’imthigh sé leis lá thar na bhárach na coilleadh. Thúsaigh sise a chóiriughadh an scuab comh maith agus tháinig léithe, agus chóirigh sí, agus *‘dressáil’* sí suas a scuab,

agus d'fhág sí 'na sheasamh thall san fhuinneóg í. Nuair a tháinig a Crochaire a tríomhadh lá, d'amharc sé a' fhuinneóg,

“Caidé rud sin san fhuinneóg agat?” arsa seisean.

“Sin a scuab,” arsa sise. “Tá d'anam a scuabadh fada go leor sa teach seo,” arsa sise, “ní scuabfaidh sí níos mó é.”

“Bhail tcím,” arsa seisean, “á mbeadh fhios aghat cá bhfuil m'anam, bheithfeá do cheann an mhaith dó,” arsa seisean.

“Bhail bhéadh, ní fhacaidh mé aon dath ariamh,” arsa sise, “a bhfeárr liom nó fios a bheith agham cá bhfuil d'anam.”

“Bhail (gabh annseo) guitseo,” arsa seisean, “agus teisbeanfaidh mise duit,” arsa sise [*sic.*], “cá bhfuil m'anam.”

Thug sé 'mach 'un doruis í, agus theisbeain sé crann mór a bhí amach os coinne na cúirte (dó) daoithe.

“Bhfeiceann tú 'n crann sin?” arsa seisean.

“Tcím” arsa shise.

“Bhail ta m'anam-sa,” arsa sheisean, “agus tá lacha astoigh i gcorp a' roithe,” arsa seisean. “Tá ubh astoigh sa lacha,” arsa seisean. “Tá roithe astoigh i gcroidhe an chrainn,” arsa sheisean, “agus tá breac astoigh, agus sin é m'anam-sa a breac sin, agus ní mhairbhfeá mise a choidhche,” arsa seisean, “go mbuailtear,” arsa sheisean, an ubh arsa sheisean, “ar a bhall-dóráin atá thiar ar thóin mo ghoile, agus tá mise réidh an lá sin.”

“Tcím,” arsa sise, “Is maith liom fios a bheith agham cá bhfuil sé.”

Bhí go maith, agus ní rabh go h-olc, a cheathramh lá d'éirigh mo Jack bocht anuas.

“Tá fhios agham anois,” arsa shise, “cá bhfuil a anam.”

“Bhfuil fhios” arsa shise [sheisean].

“D'innis sé domh,” arsa sise, “go rabh anam ins a chrann, atá 'mach os coinne na cúirte,” arsa sise.

“Is maith liom fios a bheith agham ar sin,” arsa Jack, arsa seisean.

“Bhfuil tuath mhaith aghat?” arsa seisean,

“Caidé tá tú ag ‘ul a dheánamh?”

“Tá mé ag ‘ul fhéachail,” arsa seisean, “fághail fhad le n-anam.”

“Ó!” arsa sise, “comh luath agus leagfas tú do lámh air a chrann,” arsa sise, “leigfidh ‘n crann búirthe as,” arsa sise, agus “cluinfidh an Crochaire Tarnocht é,” arsa sise, “cá bith áit fríd an oileán a bhfuil sé.”

“Dheánfad sé sin,” arsa Jack, arsa seisean, “béidh le féachailt aige.”

“Tá tuath mhaith aige maise,” arsa shise.

Thug sé leis a tuath, agus chuaidh Jack amach agus *stripeáil* sé é fhéin, agus a chéad bhuille a tharraing sé ar a chrann, leig a crann búirthe as. Dara buille a tharraing sé rinn sé búirthe eile, agus a’ tríomhadh buille leag sé’n crann.

Ar siubhal leis a roithe ar mire amach as a chrann.

“A Chú Glas,” arsa sheisean, “na Coilleadh Léith, cá bhfuil tú uainn?”

“Ní mé i bhfad uait” arsa’n Cú, arsa seisean.

Leanaidh sé’n roithe, agus stiall sé’n roithe as a chéille. Ar siubhal leis a lacha suas go fíor ghlinntibh an aeir.

“A Sheabhadh Dorcha an Domhain Thoir, cá bhfuil tú uaim,” arsa sheisean.

“Níl mé i bhfad uait,” arsa’n Seabhadh.

Leanaidh an seabhadh suas go fíor ghlinntibh an aeir a lacha, agus thug sé *skite* den eiteóg den lacha, agus *skite-áil* sé’n ubh amach aistí. Thuit an ubh anuas ins an fhairrge.

“A Dhurachadh Dorcha an Domhain Thoir, cá bhfuil tú uaim,” arsa seisean.

“Níl mé i bhfad uait,” arsa’n Durachadh.

Ar siubhal leis, agus amach san fhairrge leis, agus thúsaiigh a chuartughadh na h-uibhe. Ní rabh dul aige a fhágáil. Bhí sé thall ‘sa i bhfos agus níor fhág sé an beathadhacha éisg san fhairrge nar chuartaigh sé. Chonnaic sé glagaire mór truisce a teacht a pánaidheacht leis, agus chuaidh sé fhad leis.

“Caidé rud sin faoi d’éiteóg?” arsa Duracadh.

“Níl dadaí?” arsa seisean.

Chuaidh a Duracadh fhad leis a trosc agus thóg sé amach a eiteóg, agus thug an ubh amach as faoi eiteóg a truisce.

“Tá sí agham anois,” arsa seisean, “agus gan a mhaith a bheith aghat ar a shon.”

Tháinig a Duracadh ar uachtar, agus bhí Jack bocht ag súil go cruaidh leis a Duracadh agus a Crochaire Tárnocht ar mire a búirfighe, agus a’ screadaighe annsin a choinne. Tigidh an Duracadh.

“Bhfuil leat?” arsa Jack.

“Tá sí liom,” arsa seisean.

“Seo dhuit anois,” arsa’n Duracadh, arsa seisean.

“Jack,” arsa sheisean “má ‘*mhiss*-áileann’ tú do bhuille. Tá mise marbh,” arsa seisean agus “tá ‘ach uile dhuine aghaibh marbh; tá tú fhéin marbh agus tá do bhean marbh,” arsa sheisean. “Mairbhfidh an Crochaire Tárnocht deireadh,” arsa seisean, “má ‘*mhiss*-aileann’ tú d’urchar.”

“Mise ‘mannaí,” arsa Jack, “na ‘*miss*-ailim-sa’ m’urchar.”

“Taighinn-sa² í,” arsa’n bhean, arsa shise. “Jack,” arsa shise, “b’fhéidir go ‘*hit*-alfinn’ a bhuaileadh.”

“Ní thug mise ‘*power*’ mo láimhe,” arsa Jack “dó an bhean ariamh.”

Bhí sé ‘daráil’ os coinne an Chrochaire Tárnocht, agus an Crochaire Tárnocht ar mire (os a choinne) a búirfighe, agus ní tháinig leis baint dó, agus d’fhan sé ariamh le n-am ariamh gur fhoscail sé a bhéal, agus caithidh sé’n ubh agus buailidh sé’n ball-dóráin a bhí thiar ag bun a theangtha agus tuitidh an Crochaire Tárnocht maol marbh.

“Maith thú,” arsa’n bhean, arsa shise.

“Maith thú,” arsa’n Duracadh, “agus maith thú,” arsa’n Cú.

² Tabhair domhsa

“Seabhac Glas na Coilleadh Léith, ‘s tú ‘n saighdiúir b’fheárr,” arsa seisean, “a casadh ariamh orm,” arsa sheisean. “Ach mar spé,” arsa seisean, “gur mharbh tú é, bhí muid uilig marbh aige!”

“Slán agus beannacht aghat anois,” arsa’n Seabhac, agus a Durachadh, agus a Cú. “Níl dath a mhoill ort féin, agus do bhean fágáil ‘*along*,” arsa sheisean, agus, arsa sheisean, “tá muid sinne gabháil a fágáil slán, agus beannacht aghat. Go rabh céad míle maith aghaibh,” arsa seisean, “ach mar spé,” arsa seisean “an ghaisgeamhlacht a rinn sibh domh-sa,” arsa seisean, “ní mise a rinn é ach sibh fhéin,” arsa seisean.

D’imthigh siad leóbhtha, agus thúsaigh siad annsin fríd a chúirt agus chaisleán a Chrochaire Tárnocht.

“Caidé is fearr dúinn a dheánamh leis a tsaidhbhreas seo” arsa Jack, arsa seisean.

“Ó, tá do sháith saidhbhris ins sa bhaile aghat,” arsa’n bhean, arsa shise. “Fear a chuir amach ‘un oileáin thú,” arsa sise, “tug a t-oileán seo dó,” arsa sise, “agus fág aige a choidhche an saidhbhreas.”

“Maith go leór,” arsa Jack, “imthigh an bheirt síos fhad leis a bhád a d’fhág siad ar a chladach, agus chuaidh siad anonn fhad leis a teach a’ ‘*druid*’, a thug a’ bád dó, agus d’iarr siad air a dhul amach ‘an oileáin agus go rabh saidhbhreas a ‘ domhain amuigh annsin, ar an Oileán ag an Chrochaire Tárnocht. “Agus ní rabh úrteacht aníos nó anuas a choidhche ort,” arsa seisean “agus caith do shaoghal amuigh ann.”

“Go rabh céad maith aghat,” arsa’n ‘*Druid*’, arsa sheisean, “sílim go bhfanochaidh mé san áit a bhfuil mé.”

D’fhág Jack agus a bhean slán agus beannacht ag an ‘*Druid*’, agus d’fhag sé’n punt aige, agus rinn siad ar a bhaile. Tháinic siad fhad le cúirt agus caisleán a h-athara. Bhí luthgháir a[n] domhain ar a h-athair annsin, go dtáinic sé, agus a bhean leis. Rinneadh bainis úr nuaidhe annsin, a mhair lá agus bliadhain eile, agus ba é an lá deireannach an lá ba mhilse. Ach ní bhfuair mise ar shon mo sgéil ach stocaí bainne reamhar, agus bróga páipeáir.

An Crochaire Tarnocht

(ATU 300 The Dragon Slayer)

le Mícheál Ó hIghne

Bailitheoir: Seán Ó hEochaidh (Bliain: 1946; CBÉ 990: 94-156)

Bhí sin ann agus is fada ó bhí. Bhí lánamhain annseo sa t-sean-am agus ní rabh ariamh aca ach aon mhac amháin. Lá amháin nuair a tháinig ins a’ mhac smaointigh sé go n-imtheochad sé leis ar lorg a fhortúin. Ní sásta a bhí an t-athair, ní nach ionguadh, le linn gan a bheith ann ach é fhéin, ach ní rabh maith a bheith leis agus b’éigean cead a chinn a thabhairt dó.

Ní rabh maoin ar bith ar an t-saoghal aca ach tarbh beag amháin agus bhí ‘n mac ‘na chionn mhaith dó. Jack a b’ainm do’n mhac seo dálda na ngaisgidheach uilig. Ach an mhaidin seo d’éirigh Jack, agus dubhairt sé le n’athair go rabh sé ag ‘ul ‘un siubhail indiú.

“Bhail deán do chomhairle fhéin,” arsa’n t-athair, “s’í is lugha a chuirfeas fearg ort. Ach sula n-imthighidh tú tá rud amháin a ba mhaith liom thú a dheánamh. Ní bhéidh mise ábalta amharc indiaidh an tairbh seo nuair imtheochas tusa, agus tug leat é anois agus fág thuas ins a’ chruc é amach as a’ bhealach.”

“Dheánfá mé sin agus fáilte,” arsa Jack.

Chuaidh Jack amach, agus scaoil sé an tarbh amach as a’ bhóitheach agus chuaidh sé suas leis gur fhág sé ar an chruc é.

Is cosamhail go rabh cainnt ag ‘ach uile bheáthadhach brúideamhail ins an am udaí, agus nuair a bhí Jack ag fágáil an tairbh labhair sé leis:

“A Jack, arsa’n tarbh, “ tá tú ag ‘ul a dh’imtheacht.”

“Tá cinnte,” arsa Jack, “mé ag ‘ul a dh’imtheacht ar lorg m’fhortúin go bhfeicidh mé a dtiocfadh liom cuideadh le m’athair níos fearr.”

“Tcím,” arsa’n tarbh.

“Bhail, a[n] bhfuil a fhios aghat caidé a dheánfas tú sula n-imthighidh tú,” arsa’n tarbh, “imigh agus marbh mise,” arsa seisean.

“Ní dheánfá mé sin a chor a’ bith,” arsa Jack. “Bhí muid ró-mhór le chéile, agus ní bhfuighinn ó mo chroidhe sin a dheánamh leat.”

“Bhail caithfidh tú mo mharbhadh,” arsa’n tarbh, “agus nuair a mhuirbhfeas tú mé tug leat scian agus geárr iall de mo chroiceann ó bhárr mo ghaothsáin go bárr mo rubaill, agus na gabh in a’n áit go bráthach gan sin a bheith leat, agus ná deán dearmad claidheamh bheag d’athara a thabhairt leat fosta,” arsa seisean. “Nuair a mhuirbhfeas tú mise agus a bhainfeas tú an iall seo díom, tug leat mé annsin agus cuir mé ins a’ dóigh nach mbíonn na préacháin m’ithe.”

Rinn Jack mar d’iarr an tarbh air. Mharbh sé é, agus nuair a bhain sé de an iall ó bhárr a ghaothsáin go bárr a rubaill, rinn sé poll maith domhain dó agus chuir sé isteach síos ann é. Chuaidh sé isteach ‘un toighe annsin, agus thug sé leis claidhimh bheag a athara, agus d’imthigh sé leis béal a chinn.

Bhí sé a siubhal leis ariamh, ariamh go rabh sé ag ‘ul isteach i gcionn baile mhóir a bhí ann, agus nuair a bhí caidé a casadh air a fágáil a’ bhaile ach rí agus é a marcaidheacht ar dhruim beathadhaigh. Bheannaigh an rí dó ins na briathra a bhí coitchiannta ins an am sin, agus bheannaigh Jack dó ins na briathra [céanna].

“An misde mé fiafruigh,” arsa’n Rí, “cá bhfuil do thriall?”

“Ní misde leoga,” arsa Jack, “buachaill bocht mé atá ag iarraidh aimsire.”

“Bhail,” arsa’n Rí, “is maith a tharlúigh ar a chéile muid indiú. Sin a’ rud a thug isteach ‘na bhaile seo mise indiú féachailt a bhfuighinn buachaill agus b’fhéidir gur chóir duit-se aimsir a dheánamh liom anois.”

“Is cuma liom,” arsa Jack.

Ach chuaidh siad i gcionn a mhargaidh agus ba é an deireadh a bhí air go dteárn Jack an fastodh leis.

“Gabh aníos annseo ar mo chúlaibh anois,” adeir sé, “go rabh tú liom a’ bhaile.”

Chuaidh Jack suas ar chúlaibh an Rí agus thiomáin sé leis go dtáinig sé fhad le caisleán comh bréagh agus a dtiocfadh le duine súil a leagan air. Léim siad anuas de’n bheáthadhach, agus nuair a bhí sin deánta aca, sula bhfuair siad faille coradh as áit a

mboinn rinneadh na trí scairt a ba mhillteanaighe a mhothaigh Jack ariamh giota suas uatha. Thóg siad Jack slat de'n talamh le mhéad agus a sgannruigh siad é –

“Ho – ho!” arsa Jack, “caidé rud creathnuigheach siúd?”

“Tá innseochadh mé sin duit,” arsa'n Rí, “sin trí fháthaigh atá ‘na gcomhnaidhe thuas annsin,” arsa seisean, “agus sin anois a mbéidh le deánamh agat-sa amárach, do chuid eallaigh a choimhead ar chuid na bhfáthach. Má leigeann tú aon cheann amháin aca isteach go cuid na bhfáthach tiocfaidh siad anuas agus muirbhfidh siad deireadh.

“Ná bíodh eagla ar bith ort,” arsa Jack, “go leigfidh mise a'n cheann de'n eallach á gcómhair.”

Chuaidh sé isteach ‘na cúirte annsin, agus ní h-ionann sin agus na bréaga! Tugadh a shuipeár go maith dó, agus nuair a tháinica' t-am dó chuaidh sé a luighe. Bhí an duine bocht tursach indiaidh a' lae, agus nuair a fuair sé an leabaidh bhog chodluigh sé go sámh go maidin.

Bhí go maith agus ní rabh go h-olc, d'éirigh sé go leór a luathas ar maidin, agus nuair a d'ith sé a bhricfeasta, tugadh amach é agus teisbeanadh dó caidé a bhí le deánamh aige. Scaoil sé dhá chinn déag eallaigh amach as na bóithigh, agus thiomáin sé roimhis leis ‘na páirce iad. Bhí an pháirc seo ar chúl sconnsa na bhfáthach, agus ní rabh tús nó deireadh nó innse scéil ar an airde a bhí ins a' sconnsa sin. D'amharc Jack fá dtaobh de, agus bhreathnuigh sé thart an sconnsa go maith, go bhfacaidh sé ballbog ann, agus nuair a chonnaic ní dheárn sé ach a ghualainn a chur leis agus beárnaidh a leagan ann. Thiomáin sé a chuid eallaigh isteach go cuid na bhfáthach annsin. Bhí'n abhail ubhall astoigh annsin a ba mhó a chonnaic a'n nduine ariamh. Chuaidh sé suas i gcionn de na crainn agus thosuigh sé a dh'ithe na n-ubhlaí milise agus a chaitheamh na rudaí searbh fhad leis an eallach.

Lean sé do'n obair sin ar feadh i bhfad, ach ba ghairid go dtáinic an chrith a ba mhó a chualaidh a'n nduine ariamh ar an choillidh. Chraith sí ó chionn go cionn. D'amharc sé fá dtaobh de agus le sin téidh sé an fáthach a ba mhillteanaighe a chonnaic a'n nduine ariamh a tarraingt air. Tháinic sé ar aghaidhe ariamh go dtáinic sé go bun a' chrainn a rabh Jack thuas air.

“Mo bhrón ‘s mo mhilleadh, ‘s marbh-fáisc ort!” arsa seisean, “a chrochaire a ba leathromaigh a chonnaic mé ariamh nár shobalta an rud duit a theacht isteach, agus a dhul a leagan beárnadh ar an sconnsa sin,” arsa seisean. “Is mór liom i ngreim thú, agus is beag liom ina dhá ngreim thú agus níl fhios agham caidé ‘s feárr domh a dheánamh leat. Tar anuas annseo go gasta.”

“A bheathadhaigh salaigh thuas!” arsa seisean, “ní dheánfá tú ceachtar aca liom-sa. An lá a b’fheárr a bhí tú ba bheag m’áird-se ort!”

Ní dheárn sé ach breith ar an iall a gheárr sé de’n tarbh, agus chaith sé síos ‘un talaimh í.

“Ceangail a cheann ‘sa chosa sin dá chéile,” arsa Jack, “go bhfágaidh mise síos chuige!”

Shníomh an iall thart fá chloigeann a’ bheathadhaigh agus lúb anuas í gur cheangail sé a cheann agus a chosa dá chéile. Tháinig Jack anuas annsin agus tharraing air an chloidheamh bheag, agus leis an chéad bhuille steall sé an chloigheann de’n fháthach. D’fhág sé an t-eallach astoigh i bpáirc na bhfáthach, agus nuair a tháinig an tráthnóna thiomáin sé leis anuas abhaile iad. Chuaidh na blighteoírí amach annsin, agus thúsaigh siad a bhlighe an eallaigh, agus bhí oiread bainne aca agus go rabh obair aca soithigh a fhághail dó.

“Cá bith áit a rabh an t-eallach seo aghat indiú,” arsa na blighteoírí, “tá scéalaidheacht go bráthach ar a bhfuil ‘e bhainne aca anocht,” arsa siadsan.

“Bhail nach maith sin,” arsa Jack, agus ní dheárn sé aon dath níos críonna iad.

Shuidh sé isteach ‘seair a shuipear, agus ba ghairid a bhí sé ina chionn gur leigeadh dhá bhúirthe.

“Is cosamhail,” arsa na cailíní, “go bhfuil duine de na fáthaigh ar siubal i n-áit inteacht anocht,” arsa siadsan, “níor leigeadh ach dhá bhúirthe”

“B’fhéidir go bhfuil,” arsa Jack agus níor chuir sé an scéal ní bhfuide.

Chuaidh sé a luighe an oidhche sin, agus ní rabh a chodladh air an darna maidin ach oiread leis an chéad cheann. D’éirigh sé go leór a luathas ar maidin, agus comh luath agus a rinn sé a bhricfeasta, thiomáin sé a chuid eallaigh suas fhad le sconnsa na bhfáthach. Níor fhan sé le dul fhad leis an áit ar leag sé an bheárnaidh an chéad lá, ach

leag sé beárnaidh úr agus thiomáin sé isteach an t-eallach. Tharraing sé ar an abhail agus chuaidh sé suas i gcionn de na crainn, agus mar rinn sé an chéad lá, chuaidh sé a chaitheamh anuas na n-ubhlaí searbh agus chuaidh sé fhéin a dh'ithe na rudaí milise. Níor bhfada a bhí sé thuas ins a' chrann go dtáinic crith ar an choillidh a bhí deich n-uaire ní ba mheasa ná bhí sí an chéad lá. D'amharc sé fá dtaobh de, agus dheamhan i bhfad go bhfacaidh sé fáthach mór a tarraingt air a rabh dhá chloigheann air.

“Dia ar sábhail,” arsa Jack in inntinn fhéin, “nach mór an beáthadhach é seo amach!”

Tháinic sé ar aghaidhe ariamh go dtáinic sé go bun a chrainn a rabh Jack thuas ann –

“A chrochaire,” arsa seisean, “a ba mhó a chonnaic mé ariamh, nach mór an misneach a bhí aghat a theacht annseo indiaidh mo dheárthair a mharbhadh indé,” arsa seisean.

“Is mór liom i greim thú agus is beag liom dhá ngreim thú, agus níl fhios agham caidé is fearr domh a dheánamh leat.”

“Ní dheánfaidh tú ceachtar aca liom-s a bheathadhaigh shalaigh,” arsa Jack.

“Gabh síos,” arsa seisean leis an bheilt, “agus ceangail a cheann ‘s a chosa le chéile agus coinnigh annsin é go bhfághaidh mise síos fhad leis.”

Comh luath agus a chaith Jack síos an iall cheangail sí na cinn agus na cosa dá chéile agus choinnigh sí annsin é go bhfuair Jack chuige. Gheárr sé na cinn de'n fhathach leis an chlaidhimh bheag, agus nuair a fuair sé sin deánta ní tháinic duine aníos na anuas air go tráthnóna. Thiomáin sé isteach ‘na bhóithigh iad tráthnóna agus níor leig sé dadaidh air.

“Bhail,” arsa na bligteóirí, nuair a chuaidh siad amach a bhlighe an eallaigh tráthnóna, “ní fhacaidh a'n nduine ariamh a leithéid ‘e bhainne agus atá ag an eallach seo anocht. Béidh obair oiread soithigh a fhágháil fá'n chúirt agus a choinneochas é a chor a' bith.”

“Nach maith sin!” arsa Jack, agus ní dheárn sé aon dath ní ba chríonna iad.

Shuidh sé isteach fhad le n-a shuipeár annsin, agus dáлта na h-oidhche eile ní mó ná go rabh sé ‘na shuidhe ag an tábla nuair a leigeadh an búirthe. Bhí na cailíní ag éisteach fosta agus chuir seo an dubh-íontas ortha.

“Caithfidh sé,” arsa siadsan, “go bhfuil beirt de na fáthaigh as baile anocht nuair nach bhfuil ach an búirthe amháin.”

“Caithfidh sé go bhfuil,” arsa Jack.

Chuaidh sé a luighe an oidhche sin agus bhí sé ‘na shuidhe go leór a luathas ar maidin lá thar na bhárach. Nuair a bligheadh iad, scaoil sé amach iad agus thiomáin isteach go cuid na bhfáthach iad. Tharraing sé ar an abhaill, ach siocair é oiread de na h-ubhlaí a ithe an dá lá roimhe seo, bhí nádúir goile salach aige, agus ba chuma leis fá dtaobh daobhtha amach ó chorr cheann milis. Chuaidh sé a chaitheamh morán acú anuas ‘seair an eallach.

Níor bhfada a bhí sé thuas ins a chrann go dtáinic crith ar an choillidh a chraith í ó chionn go cionn. D’amharc sé thart fá dtaobh de agus níor bhfada go bhfaca sé fáthach a tarraingt air a rabh trí cloigne air. Tháinic sé go bun a’ chrainn a rabh Jack thuas ann.

“Bhail is mór liom i ngreim thú,” arsa seisean, “agus is beag liom i ndá ngreim thú, agus níl fhios agham caidé is feárr domh a dheánamh leat. Nár shobalta an rud duit a theacht annseo indiú indiaidh mo bheirt dheárthair a mharbhadh le dhá lá.”

“Maise éireochaidh an rud céadna duit-se,” arsa Jack.

Chaith sé síos a’ bheilt, agus cheangail sí na cinn agus na cosa dhá chéile, agus choinnigh sí annsin é go dtáinic Jack anuas leis an chlaidhimh bheag gur chaith sé na trí cloigneacha de’n fháthach. Bhí ‘n cipín aige leis an triúir annsin.

Tráthnóna nuair a tháinic an t-am thiomáin sé a chuid eallaigh abhaile agus cheangail sé isteach iad. Nuair a chuaidh na blighteóirí á mblighe bhí íontas a’ domhain ortha fá rabh ’ bhainne ag an eallach, agus ba é an deireadh a bhí air gur cuireadh an scéala i gcluasa an rí. Tháinic an Rí é fhéin i láthair Jack.

“Tá súil agham,” arsa seisean, “nach bhfuil tú a leigeán do chuid eallaigh a chómhair chuid na bhfáthach.”

“Níl,” arsa Jack.

“Bhail tá sin ina dhíoghbháil ort,” arsa’n Rí, “ná dá mbeiread siad astoigh ina gcuid ar mo chuid eallaigh-sa, thiofadh siad anuas annseo agus muirbhfeadh siad deireadh.”

“Ná bíodh eagla ar bith ort,” arsa Jack, “tá mise ábalta mo ghroithe a dheánamh níos fearr ná sin!”

Sheas an Rí annsin ar feadh tamaill, agus ba léir le Jack go rabh sé an-tostach –

“A Rí,” arsa seisean, “táidhtear domh gur tostach a’ mhaise duit é, agus caithfidh sé go bhfuil buaidhreadh mór ínteacht ar d’inntinn.”

“Is beag a’ dochar domh sin,” arsa’n Rí, “creidim nach bhfuil duine ar bith a mbéadh mo bhuidhreadh air nach mbeadh tostach comh maith liom.”

“Caidé ‘n buaidhreadh atá ort?” arsa Jack.

“Tá innseochaidh mé sin duit,” arsa’n Rí. “Ní rabh ariamh agham annseo ach a’n nighean amháin, agus tá dragún le theacht isteach thíos annsin ar an tráigh amárach go slugaidh sé isteach ina chorp í. Tá saighdiúirí le theacht as ‘ach uile chearn a fhéacáil leis an dragún a mharbhadh ach t’eagla orm go saíreochaidh sé ortha,” arsa seisean.

“Ó, coinnigh suas do chroidhe agus b’fhéidir go sábhailfeadh duine ínteacht aca í,” arsa Jack. “Caidé ‘n t-am a bhfuil an dragún seo le theacht?” arsa Jack.

“Tá, i dtráthaibh an mheadhain-lae,” arsa’n Rí.

Bhí go maith agus ní rabh go h-olc, rinn Jack a shuipeár an oidhche sin, agus bhí an t-an-íontas ar na cailíní nár chualaidh siad búirthe ar bith ar an tráthnóna seo, ach rith an ama níor leig Jack dadaidh air. Chuaidh sé a luighe, agus mar rinn sé na maidineacha eile, comh luath agus a d’éirigh sé thiomáin sé leis a chuid eallaigh isteach go páirc na bhfáthach. Chuaidh sé suas ins a’ chrann annsin, ach dá mbeadh sé thuas ó shoin ní thiocfadh a’n chrith ar a’ choillidh. Bhuail smaoiteadh é isteach ina chionn annsin, go caithfeadh [*sic.*] sé nach rabh ann ach na trí fháthaigh, agus dar leis fhéin go rachad sé isteach giota beag eile ar dhoimneacht na coilleadh go bhfeicead sé caidé a bhí ag ‘ul astoigh annsin.

Anuas as a’ chrann leis agus isteach fríd a choillidh agus ba ghairid a chuaidh sé uilig go bhfaca sé an caisleán roimhis. Chuaidh sé ar aghaidhe leis go dteachaidh sé isteach ‘na cúirte agus bhí sin ann cúirt dairíribh! Shiubhail sé leis anonn agus anall a breathnú ‘ach uile sheórt. Chuaidh sé amach ar dhoras cúil a bhí ann, agus isteach ina stábla, agus astoigh annsin bhí each caol dubh ceangailte. Chuimil sé a lámh siar d’a druim

agus bhí sí ann sin slinn sleamhain. Chuaidh sé isteach i n-áit eile agus nuair a d’amharc sé fá dtaobh de caidé tóidh sé ach claidheamh solusta, agus clóca dorcha crochta ar thaobh a’ bhalla. Chuaidh sé isteach i n-áit eile agus bhí slaitín draoidheachta ann.

“Tcím,” arsa seisean in inntinn fhéin, “nár dhoiligh buaidh na bhfáthach seo a fhághail. Nár b’aca a bhí ‘ach uile sheórt, ach nach mb’fhéidir go mbéad siad úsáideach agham fhéin go fóill.”

Ach bhí sé ag ‘ul thart leis mar seo ariamh ag amharc ar na h-íontais gur mheas sé go rabh an t-am ag an dragún a bheith a teacht isteach. D’imthigh sé annsin agus ghléas air agus thug amach a’ t-each caol dubh. Chuir sé air an clóca dorcha agus chuaidh sé síos na trágha, agus an claidheamh solusta ina lámh, gur fhan sé annsin a fanacht go dtigeadh an dragún isteach. Chuaidh sé amach ar an tráigh fhad leis an áit a rabh nighean a’ Rí ‘na suidhe agus le linn an clóca dorcha a bheith air ní fhacaidh aon nduine é ag ‘ul amach, léim sé anuas de’n each agus leag sé a cheann ina h-ucht agus labhair sé léithe –

“Seamhait,”³ arsa seisean, “seo clog beag, agus nuair a tóidhfeas tú an dragún a teacht craith a’ clog agus musclochaidh tú mise.”

“Dheánfaidh,” arsa sise.

Nuair a fuair sise ‘na codladh é thug sí a síosúr amach as a póca agus ghearr sí dlaoigheóg de’n ghruaig amach ó n-a chionn os cionn a chluaise, agus chuir sí isteach i mbocsa beag é agus chuir sí ina póca é. Ní rabh i bhfad go bhfaca sí an clog beag, agus ní rabh i bhfad go rabh Jack ar a bhonnaí. Bheir sé greim ar a chlaidhimh sholusta agus chuaidh sé amach go dtí n-a chadlas ins an fhairrge i n-aircis an dragúin. Bhuaill sé buille ar an dragún i gcúl na cloigne, agus chraith sí ceann agus phill sí amach arais. Ní dheárn sé ach léimnigh ar an each chaol dhubh annsin, agus d’imthigh sé leis gan aon neach beó a fheiceáil ach nighean a’ rí, ach ní rabh fhios aici-se fhéin cá h-as a dtáinic sé ná cá dteachaidh sé nuair a d’fhág sé í.

Bhí diúlach amháin annsin imeasc na saighdiúr, agus bhí seisean a leagan amach gurbh’ é fhéin a rinn an ghaisgeamhlacht uilig, agus gurbh’ é a phill an dragún.

³ Seo dhuit

Bhí sí [sé] suas ‘na cúirte le nighean a’ Rí, agus bhí an Rí a coimhead agus nuair a chonnaic sé iad a pilleadh tháinic sé amach ina n-aircis, agus ní nach ionguadh sin a’ fear a rabh an luthgháir air go rabh sí sábhailte aige.

“Bhail féadaidh tú a bheith buidheach domh-sa,” arsa’n diúlach seo, “mise a shábháil í.”

Níor dhubhairt sise ariamh ceóca ba é ná nárbh’ é.

Lá thar na bhárach arís ghléas Jack air mar rinn sé an chéad lá, agus bhí sé thíos ag taobh nighean a’ Rí ar a’ tráigh roimh an mheadhon-lae. Thug sé daoithe an clog beag agus d’iarr sé uirthé nuair a chluinfeadh sí an dragún a teacht isteach í an chlog a chrathadh agus go musclochadh sin é. Leag sé a cheann ina h-ucht annsin agus thuit sé ‘na chodladh.

Nuair a fuair sise ‘na codladh é tharraing sí a siosúr beag amach as a póca agus gheárr sí paiste beag cruinn amach as faoi eascail a chóta, agus chuir sí isteach is a’ bhocsa bheag é i gcuideachta na gruaige.

Ar bhomaite an mheadhon-lae chonnaic sise an dragún a tarraingt uirthé isteach. Chraith sí an clog, agus ba mhaith a mhaise dó Jack é, bhí sé ar a bhonnaí, agus siúd amach leis i n-aircis an dragúin. Bhuail sé buille de’n chlaidhimh sholasta uirthé ins an áit chéadna ar abhuail sé í an lá roimhe sin, agus ní rabh aon dath ann ach go rabh sí ábalta a theacht thart. D’imthigh sí léithe amach ‘na fairrge arais. Chuaidh Jack a mharcaidheacht ar an each chaol dhubh agus phill sé arais go caisleán na bhfáthaigh. D’fhan sé annsin go tráthnóna, agus nuair a tháinic an t-am chuir sé abhaile a chuid eallaigh. Rinn sé a shuipeár annsin agus chuaidh sé a luighe.

Ar maidin lá thar na bhárach – an tríomhadh lá – d’éirigh sé go leór a luathas, agus nuair a rinn sé a bhricfeasta d’imthigh sé agus thomáin a chuid eallaigh amach go cuid na bhfáthach. Nuair a mheas sé go rabh sé a tarraingt ar an mheadhon-lae, ghléas sé air mar rinn sé na laethe cheana agus tharraing sé ‘na trágha ar nighean a’ Rí. Ach rud nach dteárn sé go dtí seo, an lá seo sul ‘ar imthigh sé, fuair sé péire de bhróga gloine agus tharraing sé ar a chosa iad.

Bhí go maith agus ní rabh go h-olc, nuair a chuaidh sé fhad leis an áit a rabh nighean a’ Rí, tháinic sé anuas de’n each agus shuidh sé ag n-a taoibh. Thug sé daoithe an clog

beag, agus d’iarr uirthé nuair a tciúfhead an dragún a teacht an clog a chrathadh agus go musclochadh sin eisean.

‘Ó chroidh!’ arsa sise, ‘creidim gur cuma caidé a dheánfas tú indiú t’eagla orm go mbéidh sí ró-chruaidh aghat.’

“Ná bac le sin!” arsa Jack, “coinnigh suas do chroidhe,” arsa seisean, “comh maith agus a bhí mé ró-chruaidh aice an dá lá seo a chuaidh thart, beidh mé cruaidh go leór aice indiú fosta.”

Leag sé a cheann ina h-ucht annsin agus thuit sé thart ‘na chnap codlata. Nuair a chonnaic sise an dragún a teacht isteach, chraith sí an clog agus ba mhaith a mhaise sin ag Jack é, bhí sé aniar ‘na léim agus siúd amach leis i n-aircis an dragúin. Bhuail sé buille uirthé ins an áit chéadna ar bhuail sé í an dá lá roimhe sin agus scaith sé an chloigeann daoithe. Níor chorúigh sí ní ba mhó. D’imthigh sé annsin agus gheárr sé an teangaidh amach as cloighinn an dragúin agus chuir sé ina phóca í. Tháinig sé isteach chuici-se annsin, agus nuair a thug sé iarraidh a dhul suas ar an each chaol dubh, d’fhéach sise le n-a choinneáil, ach níor éirighe léithe, ach mar sin fhéin nuair a bhí sé ag imtheacht sciob sí ceann de na bróga dá chois agus choinnigh sí í.

An diúlach seo a bhí a leigean air fhéin gurbh’ é a bhí a díbirt an dragúin, fuair sé suas le nighean a’ Rí nuair a bhí sí a fágáil na trágha, agus chuir sé a lámh ina h-eascaill gur shiubhail sé suas léithe gur casadh a h-athair ortha.

“Tá do nighean bainte agham indiú,” arsa seisean leis a’ Rí.

“Bhail tá,” arsa’n Rí, “agus is maith an airigh ort á fágáil le pósadh,” arsa seisean.

Níor dhubhairt sise ceocú bhí nó nach rabh. Chuaidh sí isteach ‘na pharlúis, agus bhí’n t-athair isteach ‘na diaidh agus sin a’ fear a rabh an luthghaáir air go rabh a nighean sábhailte. Shaoil sé cinnte go slogfadh an dragún isteach siar ina corp í an tríomhadh lá.

“Bhail, a athair,” arsa’n nighean a tarraingt na bróige amach as a póca. “Ní phósfaidh mise a’n fhear go bráthach ach an fear a bhfóirfidh an bhróg seo dó – bíodh sé fada ná goirid go dtigidh an fear sin an bealach.”

Dubhairt an Rí annsin go gcaithfidhe cruinniú a chur ar iomlán fhir a ríoghachta go bhfágfhaidhe an fear a rabh an bhróg a fóirstean dó.

Chuir a’ Rí cuireadh amach innsear fhir an ríoghachta uilig go léir a theacht isteach go bhféachfad siad an bhróg ortha, agus d’iarr sé ortha a theacht bocht agus saidbhir agus cá bith fear a bhfóirfeadh an bhróg a bhí ag a nighean dó go rabh sí le fágghail le pósadh aige, agus ó n-a lá-san amach go mbéadh an fear sin cé bith é fhéin ‘na mhaighistir ar an ríoghacht.

Thosuigh na fir a chruinniú isteach as ‘ach uile cheárn annsin – bocht agus saidbhir fud-fad a chéile. Ní rabh cúl á chur ar dhuine ar bith. Bhuail siad a fhéacháil na bróige ortha. Bhí cuid acú a bhí a stealladh na ladhar daobhtha fhéin, cuid eile a bhí a baint giotaí de na sála, tuilleadh a bhí a baint preaban de na sala, ach ní rabh maith caidé a dheánfad siad ní rabh an bhróg a fóirstean dó dhuine ar bith.

Bhí Jack bocht a teacht agus ag imtheacht le n-a chuid eallaigh rith an ama seo, agus níor smaoitigh duine ar bith air a chor a’ bith. Tráthnóna amháin indiaidh é an t-eallach a thabhairt abhaile, nuair a bhí sé a deánamh a shuipeára tháinic an Rí isteach ‘na cisteanadh ins an áit a rabh sé. D’fhiafruigh sé dó fá’n eallach, agus fá ‘ach uile sheórt, agus d’innis dó gur sábháileadh a nighean, ach nach bpósfadh sí a’n fhear go bráthach anois ach an fear a bhfóirfeadh bróg a bhí aice dó.

“Agus sin rud nach bhfuil le fágghail,” arsa ‘n Rí.

“Ar fhéach ‘ach uile fhear an bhróg sin air?” arsa Jack.

“D’fhéach,” arsa’n Rí, “tá mé a deánamh nach bhfuil aon fhear in mo ríoghacht nár fhéach air í, agus níor fhóir sí d’fhear ar bith.”

“Tá fear amháin nár fhéach air go fóill í,” arsa Jack.

“Cén fear é fhéin?” arsa’n Rí.

“Tá mise,” arsa Jack.

“Seo bhail,” arsa’n Rí, “ní bheidh tú níos fuide mar sin, ta sé comh cortha aghat-sa a fhéacháil ort le duine.”

Thug sé Jack isteach ‘na pharlúis an áit a rabh a nighean agus dubhairt léithe gur seo stócach nár fhéach an bhróg air go fóill. Shín nighean a’ rí an bhróg do Jack, agus ar an bhomaite bheag ar fhéach sé air í shleamhnuigh a chos isteach siar intí.

“Anois, a athair,” arsa sise, “a bhfeiceann tú dadaidh? Sin a’ fear a bhfóireann a’ bhróg dó, agus sin a’ fear a rinn a ghaisgeamhlacht agus a shábháil mise.”

Tharraing sí an gráinín gruaige a gheárr sí amach as cionn a chluaise agus leag sí isteach é ins an áit chéadna ar ghearr sí amach é –

“A athair,” arsa sise, “nach bhfóireann sin!”

“Foiridh,” arsa seisean.

Tharraing sí amach an leamóg éadaigh a gheárr sí amach as faoi eascaill a chóta agus leag sí ar an pholl é agus d’fhóir sin mar an t-ór ‘sa t-airgead.

“Anois, a athair,” arsa sise, “nach bhfóireann sin?”

“Fóiridh,” arsa’n t-athair.

“Bhail, sin anois aghat,” arsa sise, “an fear a mharbh an dragún.”

“Ni h-é maise,” arsa’n fear eile a bhí ‘na shuidhe i gcoirnéal an pharlúis, “ach mise a mharbh é.”

“Caidé a rinn tú leis an teangaidh a bhí ins a’ dragún?” arsa Jack.

“Sin rud nach rabh teangaidh i ndragún,” arsa’n diúlach, arsa seisean.

“Bhail a chomhartha go rabh agus go bhfuil,” arsa Jack, “thig liom-sa á teisbeaint duit” – a cur a láimhe síos ina phóca agus a shíneadh teangaidh an dragúin innseair a’ Rí.

“Ó,” arsa ‘n Rí leis a’ diúlach seo, “bí tusa ag imtheacht comh tiugh agus a thig leat. “Sé Jack a mharbh an dragún, agus tá cruthú go leor tugtha aige fhéin gur b’é. Imigh leat anois comh tiugh géar agus a bhéarfas do chosa amach as an chaisleán thú agus na feicim a’n amharc ort go bráthach arís fá’n chaisleán seo a rógaire na mbréag!”

D’imthigh an diúlach leis annsin agus an duine bocht briste brónach nuair nár éirghe le n-a chuid bealaigh-bána nighean a Rí a bhaint.

Thosuigh an Rí a ghléas fá choinne na bainfhéise annsin. Thug sé cuireadh don t-saoghal mhór a theacht, agus bhí tréan bidh agus dighe agus caitheamh-aimsire annsin do ‘ach uile dhuine. Mhair an bhainfhéis sin naoi n-oidhche agus naoi lá, agus tráthnóna an naomhadh lae pósadh Jack agus nighean a’ Rí – ba é sin an grás is cosamhail a bhí ann an uair sin an bhainfhéis a dheánamh roimh an phósadh – bhí Jack bocht socair annsin.

Ach cupla lá indiaidh a bpósta bhí an lánamhain a siubhal thíos fá bhruach na trágha ins an áit a dtáinic an dragún isteach. Bhí siad ag amharc thall agus i bhfos agus níor mhothuigh siad ariamh gur éirigh an diúlach tárnocht amach as an fhairrge, agus tháinic isteach gur shníom sé thart fá nighean a’ Rí agus gur áirdigh sé leis amach ‘na fairrge í. Fágadh Jack bocht ina sheasamh annsin agus a dhá láimh comh fada le chéile. Phill sé arais fhad leis a’ Rí.

“Tá muid comh h-olc anois agus a bhí muid ariamh,” arsa seisean leis a’ Rí.

“Cad chuighe,” arsa’n Rí, “caidé atá ort anois?”

“Ó tá,” arsa seisean, “bhí muid thíos annsin ar bhruach na trágha agus tháinic an crochaire isteach,” arsa seisean, “agus d’áirdigh sé leis mo bhean agus níl fhios agham cá dteachaidh sé léithe.”

“Ó bhail,” arsa’n Rí, “má’s mar sin atá caithfidh sé go rabh sí le h-imtheacht,” arsa seisean. “Fuair tusa buaidh an dragúin, ach dearc ar an dóigh ar imthigh sí anois! Caidé a thig leat a dheánamh anois?” arsa seisean. “Caithfidh ciall a bheith aghainn anois agus a theacht gan í,” arsa ‘n Rí.

“Bhail ní sin mar bhéas a chor a’ a bith,” arsa Jack. Imtheochaidh mise anois,” arsa seisean, “agus ní chodlochaidh mé dhá oidhche ar an aon leabaidh agus ní íosfaidh mé dhá ghreim bidh de’n aon tábla go bhfágaidh mé amach cá bhfuil mo bhean,” arsa seisean.

D’éirigh Jack go leór a luathas ar maidin lá thar na bhárach, agus bheir sé ar steafóig bhata agus chuaidh sé ‘un siubhail. Bheirfeadh sé ar a’ ghaoith a bhí roimhis agus ní bheirfeadh an ghaoith a bhí ‘na dhiadh air le mhéad agus a bhí deifre air. Bhí sé a siubhal leis mar seo go rabh ocras a teacht air agus le sin fhéin tcídhd sé an cnap gearrfhiadhacha ag éirighe roimhis. Chaith sé an bata fríobhtha, agus loitsé ceann aca sa leath-deiridh. Rith sé ‘na dhiaidh annsin agus fuair sé greim air agus mharbh sé é,

agus d’fheann sé é. Chuir sé teinidh le h-obair ag bun crainn, agus rós sé an geárrfhiadh. Shuidh sé fhéin ag bun a’ chrainn agus chuaidh sé a dh’ithe an gheárrfhiadh. Dheamhan i bhfad a bhí sé annsin go dtáinig Cú Glas na Coilleadh Léithe fhad leis.

“A Jack,” arsa seisean, “a dtabharfá cuid ar leith as coimhroinn agus greim os cionn an iomláin domh-sa!”

“A bheathadaigh a ba deise a chonnaic mé ariamh,” arsa Jack, “caidé a bhéadh orm! Sin geárrfhiadh annsin agus tug leat é agus ith do sháith de.”

Nuair a fuair an cú a sháith de’n gheárrfhiadh ithte –

“fanochaidh mise aghat go maidin,” arsa seisean le Jack.

“Maith go leor,” arsa Jack, “is maith liom-sa an chuideachta a bheith agham.”

D’fhan an cú aige go maidin, agus sul ar imthigh sé thug sé buidheachas mór do Jack–

“Anois,” arsa seisean, “rud ar bith a choidhche a imtheochas uait ar an talamh” arsa seisean, “scairt ar Chú Glas na Coilleadh Léithe agus ní bhéidh mise i bhfad uait,” arsa seisean.

“Maith thú,” arsa Jack.

D’imthigh sé leis, agus thug sé creig i dtúslóg, agus léim i ngleanntán agus bheirfeadh sé ar an ghaoith a bhí roimhis agus ní bheirfeadh an ghaoth a bhí ‘na dhiaidh air, agus nuair a chuaidh sé tuairim ar an fhad chéadna a chuaidh sé an lá cheana, d’éirigh scaifte mór gearrfhiadhacha roimhis. Chaith sé a bhata fríobhtha agus mharbh sé ceann aca. Lean sé iad annsin agus bheir sé ar cheann eile ar a rith. D’imthigh sé agus d’fheann sé crann aca, agus chuir sé síos teine ag bun crainn agus rós sé é.

Níor bhfhada a bhí sé annsin go dtáinig Dobharcú Dorcha an Domhain Thiar fhad leis.

“A Jack, arsa seisean, “a dtabharfá cuid ar leith as coimhroinn agus greim os cionn an iomláin domh-sa?”

“Bhéarfaidh leoga, a bheathadaigh a ba deise a chonnaic mé ariamh,” arsa seisean, “sin geárrfhiadh annsin agus suidh agus ith do sháith de.”

Shuidh sé annsin ag Jack gur ith sé a sháith den ghearrfhiadh.

“Fanochaidh mé aghat anois go maidin arsa’n Dóbharchú.

“Fan agus fáilte,” arsa Jack, is maith liom do chuideachta agham.”

Shuidh a’ bheirt ar dhá thaobh na teineadh annsin go maidin, agus nuair a bhí an Dobharchú ag imtheacht –

“Anois,” arsa seisean le Jack, “rud ar bith a choidhche a imtheochas uait ins an fhairrge scairt ar Dhobharchú Dorcha an Domhain Thiar agus ní bheidh mise i bhfad uait.”

“Maith thú,” arsa Jack.

D’imthigh Jack leis an tríomhadh lá, agus shiubhail sé leis mar rinn sé an dá lá eile. Nuair a bhí an t-ocras a teacht air, d’éirigh scaifte mór géarrfhiadh roimhis. Chaith sé a bhata fríobhtha, agus mharbh sé ceann acú, agus lean sé iad gur bheir sé ar cheann eile ‘na rith. D’fheann sé ceann acu agus chuir sé teinidh le h-obair ag bun crainn agus bhuaill sé a rósadh an ghearrfhiadh. Ba ghairid go dtáinig Seabhac na h-Éirne chuige.

“A Jack,” arsa Seabhac na h-Éirne, “a dtabharfá cuid ar leith as coimhrinn, agus greim os cionn an iomláin domh-sa?”

“Mo sheacht n’anam thú!” arsa Jack, a bheathadhaigh is deise a chonnaic mé ariamh, caidé a bhéadh orm gan rann leat. Tá géarrfhiadh rósta annsin agus suidh agus ith do sháith de.”

D’ith a’ Seabhac a sháith de’n ghearrfhiadh, agus nuair a bhí sin deánta aige –

“Caithfidh mé an oidhche anocht go maidin aghat,” arsa seisean.

“Tá mé sásta,” arsa Jack, “is móide an chuideachta, agus ní mhoitheochaidh sinn an oidhche ag ‘ul thart go maidin.”

Bhí go bréagh, ar maidin lá thar na bhárach bhí an bheirt ag ‘ul ‘un siubhail go leór a luathas – ‘ach aon aca ag ‘ul a bhealach fhéin –

“Anois,” arsa’n Seabhac, “rud ar bith dá n-imtheochaidh ort ‘san aer go bráthach, scairt ar Sheabhac na h-Éirne, agus ní bhéidh i bhfad go rabh mise aghat.”

D’imthigh Jack leis annsin agus nuair a bhí sé tamall maith a siubhal tháinig sé fhad le bruach na fairrge –

“Tá mé fhad agus a thig liom a dhul,” arsa seisean in inntinn fhéin.

Thúsaigh sé a siubhal giota beag thart fá bhruach na fairrge. Ní dheachaidh sé i bhfad go bhfaca sé cró beag toighe giota uaidh. Tharraing sé ar a chró, agus nuair a chuaidh sé isteach caidé a bhí ‘na chomhnaidhe astoigh annsin ach draoitheadóir mór.

“Do chéad fáilte agus sláinte,” arsa’n Draoitheadóir le Jack, “an tusa atá pósta ar nighean Rí na h-Éireann?”

“Is mé cinnte,” arsa Jack.

“Caidé atá a cuir buaidheartha ort,” arsa’n draoitheadóir, “nó caidé ruaig an bealach seo thú?”

“Maise innseochaidh mé sin duit,” arsa Jack, arsa seisean, “cupla lá indiaidh ar bpósta bhí mé fhéin agus mo bhean thíos a chois na trághadh ag amharc thart, agus níor mhothaigh muid ariamh go dtáinig crochaire isteach ó’n fhairrge, agus bheir sé thall ar mo bhean, agus d’áirdigh sé leis í. Níl fhios agham cá dtug sé í, ach ní bhfuighidh mé suaimhneas nó scríste go bráthach go bhfágaidh mé a tuairisc.”

“Bhail a Jack, a thaiscidh,” arsa’n Draoitheadóir, “t’eagla orm go bhfuil iaróg romhat. ‘Sé ‘n t-ainm atá ar an fear [*sic.*] sin a thug leis do bhean an Crochaire Tárnocht, agus ar maidin amárach cuirfidh mise amach thú ar an oileán a bhfuil sé ‘na chomhnaidhe ann.”

“Maith thú,” arsa Jack.

Thug an Draoitheadóir a shuipeár dó agus chuir sé a luighe é ar leabhaidh mhaith. Ar maidin lá thar na bhárach mhusgail sé é go leór a luathas, agus nuair a rinn siad a mbricfeasta thug an Draoitheadóir síos ‘na chladaigh é an áit a rabh bád beag.

“Sáithfimid amach an bád beag seo anois,” arsa’n Draoitheadóir le Jack, “agus bí thusa cinnte agus bí astoigh inntí sula bhfágaidh sí an t-uisce, nó má gheibh sí an t-uisce,” arsa seisean, “ní bhéidh coinneáil uirthé, agus ní stadfaidh sí go rabh sí thall ar an oileán a bhfuil an Crochaire Tárnocht air.”

Sula bhfuair sí an t-uisce, chuaidh Jack isteach inntí, agus sháith an Draoitheadóir amach í, agus d’imthigh sí léithe mar bheadh an ghaoth Mhárta a tarraingt ar an oileán. Bhí sí a cur cíoith cubhair ar íochtar agus cíoith gainniú ar uachtar – bhí na scadáin a

feadalaigh agus na róna le mhéad agus a bhí siubhal ar an athrarach a tarraingt ar an oileán. Ní rabh i bhfad gur bhuail a toiseach isteach ar chladach an oileáin. Léim Jack amach aistí agus tharraing suas go bárr a' chladaigh í agus chuir a bhéal fúithche.

“Fan annsin anois,” arsa seisean, “go dtigidh mise arais chugat.”

D'imthigh Jack leis suas fríd an oileán, agus ní rabh sé i bhfad uilig a siubhal go bhfaca sé an chúirt a ba deise a chonnaic a'n fhear ariamh thuas tuairim ar lár an oileáin. Tharraing sé ar an chúirt, agus d'amharc sé isteach ar fhuinneóg a bhí ann, agus caidé a bhí 'na suidhe astoigh annsin sa pharlús ach a bhean fhéin. Bhuail sé an fhuinneóg agus tháinic sí amach. Fhluich sí le deora é, agus thriomuigh sí le póga, brat síoda agus sreóil é, le mhéad agus a bhí luthgháir uirthi roimhis.

“A Jack,” arsa sise, “is maith an áit a d'fhág tú agus is olc an áit a dtáinic tú. T'eagla m'anama orm nuair a thioctas an Crochaire Tárnocht isteach go ndeánfá sé min agus luaidh de do chrámha,” arsa sise.

“Ní dheánfaidh sé dadaidh de'n t-seórt,” arsa Jack, “gan troid go cruaidh ar a shon! Cá bhfuil sé indiú?” arsa Jack.

“Tá sé ar siubhal a seilg,” arsa sise, “agus is goirid feasta go rabh sé abhaile.”

“Bhail, a[n] bhfuil fhios aghat caidé a dheánfas tú liom,” arsa Jack, “cuir i bhfolach mé go gcluainidh mé 'ach uile sheórt fá dtaobh de.”

Chuir sí i bhfolach é, agus dheamhan i bhfad uilig a bhí sé i bhfolach nuair a tháinic an Crochaire Tárnocht—

“Fud fud féasóg, a ghaduidhe bhréagaigh mothuighim boltheadh an Éireannaigh bhraidaigh i n-aon teach leat!” arsa'n Crochaire Tárnocht.

“Níl a'n Éireannach le fághail annseo aghat ach mise,” arsa'n bhean “agus i n-am ar bith a bhfuil tú tursach liom níl aghat ach m'fhágail ins an áit a bhfuair tú mé.”

“Ní dheánfaidh mé sin a chor a' bith leat,” arsa seisean.

Rinn a Crochaire suipeár agus nuair a bhí sin deánta aige chaith sé é fhéin síos ar an urlár ar scór a dhul a chodladh. Thúsaigh sise a dheánamh truaighe dó, agus a slíocadh siar a chuid gruaige —

“Tá mé in do chuideachta anois leis an fhad seo d’am,” arsa sise, “agus níor innis tú domh ariamh cé’n áit a bhfuil d’anam.”

“Há-há!” arsa seisean, “sin ceist ghreanmhar aghat a chur orm-sa.”

“Tá m-anam astoigh sa scuab a bhfuil tú a glanadh an urláir léithe ‘ach uile lá sa bhliadhain,” arsa’n Crochaire.

“Bhail más mar sin atá,” arsa sise, “ní ghlanfaidh mise an t-urlár léithe níos mó.”

D’éirigh an Crochaire Tárnocht ar maidín go leór a luathas, agus ar a bhomaite a dteárn sé a bhricfeasta d’imthigh sé leis amach ‘na chruic a sheilg. Nuair a d’imthigh sé thug sise léithe an scuab agus thúsaigh sí á cóiriú le ribíní agus le ‘ach uile sheórt a ba deise ná chéile, agus d’fhág sí thall ins an fhuinneóg í, agus ní bhéadh fhios ag a’n nduine ar an t-saoghal caidé rud í, bhí sí gléasta amach comh deas.

Nuair a tháinig a’ Crochaire Tárnocht isteach, bhí Jack i bhfolach aici-se ins an áit cheadna a rabh sé an chéad lá. Chuaidh seisean a dh’amharc thart a teacht isteach dó, agus fuair sé a shúil ar a rud a bhí gléasta ins an fhuinneóg.

“Caidé sin a tóim san fhuinneóg aghat arsa seisean?”

“Tá, sin a’ scuab a bhfuil d’anam astoigh intí,” arsa sise, “agus ní scuabfaidh mise a’n dath níos mó.”

“Bhail tá tusa fhéin amaideach go leor,” arsa’n Crochaire, “ní ins an scuab atá m’anam a chor a’ bith ach ins a’ tuairgnín a bhfuil tú a brugh na bpréataí leis ‘ach uile lá!”

“Bhail más mar sin atá,” ar sise, “ní bhruidhfidh mise a’n phréataí níos mó leis.”

Ar maidin lá thar na bhárach luath agus a d’ith an Crochaire Tárnocht a chuid d’imthigh sé amach ‘na chruic a seilg mar ba ghnáthach leis. Comh luath agus a fuair sise ar shiubhal é thug sí an chos scaoilte do Jack, agus thúsaigh sí ar an tuairgnín a chóiriú suas. D’fhág sí thall ins an fhuinneóg é mar rinn sí leis an scuab. Nuair a mheas sí go rabh an t-am ag an Chrochaire Tárnocht a bheith a tarraingt ar an bhaile, chuir sí Jack i bhfolach ins an áit nach bhfuighead sé é.

Nuair a tháinig an Crochaire isteach bhuail sé a dh’amharc thall agus i bhfos, agus tcídh sé an tuairgnín a bhí gléasta amach aici-se ‘na sheasamh astoigh ‘san fhuinneóig.

“Caidé seo a tcím ‘san fhuinneóig aghat indiú?” arsa seisean.

“Tá sin a’ tuairgnín a bhfuil d’anam-sa astoigh ann,” arsa sise. “Ghléas mé suas é, agus ní bhrúighfidh mé a’n phréata go bráthach arís leis.”

“Tcím,” arsa’n Crochaire Tárnocht, “dá mbéadh fhios agat cá bhfuil m’anam bheitheá ‘do chionn maith dó,” arsa seisean.

“Ó maise bhéinn,” arsa sise, “agus caidé a bhéadh orm! Ní fhacaidh mé aon dath ariamh a bhfeárr liom na fios a bheith agham cá bhfuil d’anam.”

“Bhail siubhail amach liom-sa anois,” arsa seisean, “agus teisbeánfaidh mé dhuit cá bhfuil m’anam.”

Thug sé amach í agus thaisbeáin sé crann mór daoithe a bhí a fás amuigh os coinne na cúirte –

“A’ bhfeiceann tú an crann sin thall?” arsa seisean.

“Tcím,” arsa’n bhean, arsa sise “Bhail tá roithe astoigh i gcroidhe an chrainn sin,” arsa seisean, “agus tá lacha astoigh ‘sa roithe, agus tá ubh astoigh sa lacha,” arsa seisean, “agus tá breac astoigh san ubh agus sin anois aghat m’anam-sa an breac,” arsa seisean. “Ní mhuirbhfeair mise go bráthach,” arsa seisean, “go mbuailtear an ubh ar an bhall-dobhráin atá thiar ag bun mo theangtha,” arsa seisean. “Dá ndeántaidhe sin liom-sa gheobhainn bás i n-áit na mbonn,” arsa seisean, “ach sin rud na ndeántar go bráthach. Comh luath agus a rachas duine ar bith a chomhair an chrainn sin leigfidh an crann búirthe agus is cuma cé’n áit fríd a choillidh a mbéidh mise thig liom tarraingt ar a’ chrann.”

Bhí go maith agus ní rabh go h-olc, ar maidin lá thar na bhárach comh luath agus a rinn an Crochaire Tárnocht a bhricfeasta d’imthigh sé leis na ‘chruic a sheilg mar ba ghráthach. Comh luath agus a d’imthigh sé thug sise cead a cinn do Jack, agus d’innis sí ‘ach uile sheórt dó fá chroidhe an Chrochaire Tárnocht.

“Tcím,” arsa Jack, arsa seisean, “tá sé comh maith agham-sa a dhul a dh’obair agus gan am ar bith a chailleadh,” arsa seisean, “An bhfuil tuagh mhaith ar bith ag an Chrochaire Tárnocht?” arsa seisean.

“Tá maise,” arsa sise, “tuagh aige nar bheir tú ar a leithéid isteach in do lámh ó rugadh thú,” arsa sise.

Fuair sí an tuagh dó, agus chuaidh sé amach, agus chaith sé de a scaoilteóg ag bun a’ chrainn. An chéad bhuille a tharraing sé ar an chrann leis an tuagh rinn a crann búirthe a chluinfeá ar a’ taobh eile den domhan.

Tharraing sé buille eile air, agus leis a’ tríomhadh buille thuit a’ crann agus d’imthigh an roithe ar mire.

“A Chú Glas na Coilleadh Léithe,” arsa Jack, “cá bhfuil tú uaim anois?”

“Níl mise i bhfad uait ná bíodh eagla ort,” arsa’n Cú.

Tháinig a’ cú thart mar bhéadh séideán gaoith’ móire, agus bheir sé ar an roithe agus steall sé as a chéile é. D’imthigh an lacha ar mire suas ins an aer.

“A Sheabhadh na h-Éirne, “cá bhfuil tú uaim?” arsa Jack.

“Tá mé annseo,” arsa’n seabhadh.

D’imthigh an seabhadh ar mire suas ‘un aeir indiaidh an lacha, agus bhí sé ag ‘ul ar aghaidh ariamh go bhfuair greim eiteóige uirthé. Comh luath agus bheir sé ar an lacha steall sí uaiche an ubh agus cé’n áit ar thuit sí a teacht anuas daoithe ach isteach i lár na fairrge. Bhí Jack bocht comh h-olc agus a bhí ariamh annsin.

“A Dhobharcú Dorcha an Domhain Thiar, cá bhfuil tú?” arsa Jack.

“Níl mé i bhfad uait,” arsa’n Dobharcú.

Amach leis an dobharcú a chuartú na h-uibhe, agus thúsáigh sé a chuartú ‘ach uile bheáthadhach éisc a rabhtar a chastáil air. Fá dheireadh thug sé fá dear an trosc a snamh [*sic.*] thart ar a sáimhín agus cumadh an-róganta uirthé. Dhearc sé go maith uirthé agus thug sé fá dear go rabh éiteóg amháin d’a cuid a bhí sí a choinneáil an-teannta le n-a taoibh.

“Caidé ‘tá faoi d’eiteóig aghat-sa!” arsa’n dobharcú léithe.

Chuaidh sé chuici agus caidé do bharamhail mharbh ‘í an ubh a bhí sé a dh’iarraidh a bhí faoi n-a h-eiteóig aici. Bhí a ghroithe aige annsin. Tháinic a dobharcú aníos agus tháinic ‘un talaimh go dtug sé an ubh dó Jack.

Bhí ‘n chuid ba mheasa de’n obair aige le féacháil go fóill. Phill sé arais fhad leis a’ chaisleán, agus bhí an Crochaire Tárnocht annsin roimhis, é a búirfidh mar bhéadh tarbh agus é glan ar mire. Ní rabh fhios aige caidé b’fheárr do dheánamh, agus cá bith mar bhí Jack, bhí a sheacht n-oiread eagla ar a bhean nach mbuailfead sé an ball ceart leis an uibh.

“A Jack,” arsa sise, “b’fhéidir gur feárr duit an ubh a thabhairt domh fhéin go n-aimsighe mé an ball.”

“Ní thabharfad,” arsa Jack, “sin rud nach dteárn mise ariamh go fóill – mo ghroithe a fhágáil le deánamh ag bean i ngabhadh mar seo!”

“Maise b’fhéidir nach molfá a dheireadh,” arsa sise.

“Is goirid go rabh a fhios sin aghat,” arsa Jack.

Ghlac Jack a am, agus bhí sé ag amharc ar an Crochaire Tárnocht ag ‘ul thart ariamh, ariamh, agus é ar mire agus a bhéal foscailte aige, agus nuair a chonnaic sé a sheans chaith sé an ubh agus bhuaile sé an ball–dobhráin a bhí thiar ag bun teangtha an Crochaire Tárnocht. Thuit sé ar shlait chúil a chinn maol marbh i n-áit na mbonn.

“Maith thú,” arsa’n bhean, “tá sé marbh aghat.”

“Tá,” arsa Jack.

Ghléas an t-iomlán ortha ar maidin lá thar na bhárach agus d’fhág siad cúirt agus caisleán an Crochaire Tárnocht, agus thug Jack iad fhad leis an áit a rabh an bád – a bhean, a’ seabhac, a’ cú, agus an dobharchú, agus thug ‘ach uile chuid aca oiread de airgead an Crochaire leóbhtha agus a rabh siad ábalta luighe faoi. Chuir siad an t-iomlán isteach ‘na bháid agus idir sin agus iad fhéin bhí sí luchtaiigh’ go dtí ‘n t-slait. D’fhág siad an t-oileán annsin, agus ní rabh siad i bhfad a teacht ‘na tíre. Shiubhail siad leóbhtha go dtáinic siad fhad leis an teach an áit a rabh an draoitheadóir ‘na chomhnaidhe. Bhí céad fáilte aige sin roimhis agus a sháith íontais air nuair a chuala sé gur chuir Jack an cipín leis an Crochaire Tárnocht.

“Anois,” arsa Jack leis an Draoitheadóir, “tá an caisleán is bréaghaichthe a chonnaic tú ariamh amuigh annsin ar an oileán, agus tá ‘ach uile sheórt ann a n-iarrfadh do bhéal, agus thig leat a dhul amach agus seilbh a ghlacadh air agus baint fút ann le do shaoghal. Níl a’n nduine le theacht aníos nó anuas ort go bráthach,” arsa seisean, “agus tá oiread annsiúd agus nach leigeann lá anais ort fhad ‘is bhéas tú beó.”

“Ní rachaidh,” arsa’n draoitheadóir, “mé amach as an áit a bhfuil mé le mo shaoghal. Tá oiread agham annseo agus nach leigeann an chaill orm fhad ‘s bhéas mé beó, agus creidim nach mbíonn sin i bhfad feasta.”

Thug Jack buidheachas do’n draoitheadóir ar shon an bháid agus ar shona dteárn sé dó ar ‘ach uile dhóigh. D’fhág sé slán agus beannacht aige annsin, agus d’imthigh sé fhéin agus a bhean, an cú, an seabhac agus a dobharchú – uilig a tarraingt ar a’ bhaile. Shiubhal siad fhad leis an áit ar casadh an dobharchú air ar a’ bhealach ag imtheacht, agus nuair a tháinig d’imthigh an dobharchú a bhealach fhéin. Tháinig siad fhad leis an áit ar casadh an seabhac dó, agus d’imthigh seisean a bhealach fhéin, agus nuair a tháinig siad fhad leis an áit ar casadh an cú leis d’fhág sé slán agus beannacht aige agus d’imthigh seisean a bhealach fhéin fosta. Shiubhail Jack agus a bhean annsin agus níor stad siad go dtáinig siad fhad le cúirt agus caisleán a h-athara. Bhí scéalaidheacht go bráthach ar an luthgháir a bhí ar an Rí rompu, nó shaoil sé nach bhfeicfead sé ceachtar aca go bráthach.

Ní rabh ann ach scéala a chur amach fríd an Ríoghacht gur cruinniú isteach na daoine uilig go léir go dteárn siad bainfhéis úr nuaidhe a bhí seacht n-uaire ní b’fheárr ná an chéad cheann. Mhair an bhainfhéis seo lá agus bliadhain. Bhí mé fhéin ag an bhainfhéis, agus d’fhan mé go rabh ‘ach uile sheórt thart agus go bhfacaidh mé Jack socruithe síos i n-áit a’ Rí. Nuair a bhí mé a bhfágail chuir Jack mála airgid lioma choinneochadh mo sháith liom le mo shaoghal, ach nuair a bhí mé a tarraingt ar a’ bhaile eadar meadhan-oidhche ‘s lá, tháinig a’ ‘bunadh beag’ orm agus bhain siad díom é, agus seo mé anois ag innse an scéil duit-se agus mé comh bocht agus a bhí mé ariamh!

Máire Ní Bheirn (c.1898-1976)

Seanchas

Bailitheoir: Seán Ó hEochaidh

1. Dúlra: Ainmhithe agus Éin

Ainmhidhthe (Bliain: 1946; CBÉ 1034: 320-321)

Tá sé áiríste ariamh go bhfuil an cat dubh ádhmhail agus sona, agus creidim nach bhfuil a'n bheáthadhach eile a siubhal ar cheithre cosa is mó a mbíonn iomradh air nó é. Na daoine a bheadh a tabhairt na mbróg do chat ar bith eile, bíonn siad deas cineálta leis an chat dhubh. Tá an cat dubh sona le castáil ar dhuine má bhíonn sé ag 'ul a dh'iasgairacht nó ar thuras i n-áit ar bith. Tá sé sona ar an dóigh chéadna má thig sé isteach 'un toighe innsear dhuine. Níl dóigh ar bith a mbíonn roinn ag duine leis an chat dubh nach bhfuil sona.

Tá an t-asal ar bheáthadhach eile comh sona agus atá le fághail. Ins a t-sean-am, ní rabh duine ar bith fá na fritheacha seo nár mhaith leis asal a bheith fá'n teach aige. Ba [dh]é an fáth ar shaoil daoine oiread sin den asal, siocair gur b'air a bhíodh ár Slánuightheóir ag 'ul thart fríd a' t-saoghal – é fhéin agus a mhaethir. Ba léar leóbhtha fosta gurbh'é sin an rud a d'fhág an chros ar a mhuin.

Tá muid ag éisteacht ariamh leis canta ins a' cheantar seo fosta nár shiubhal a'n bheáthadhach ariamh i gcuideachta eallaigh atá comh sona leis an asal. Ins a' t-sean-am, mar dubhairt mé, an t-é a rabh dóigh mheasardha ar bith air, bhí asal aige i gcomhnuidhe a bhíodh a siubhal le n-a chuid eallaigh nuair a scaoilead sé amach 'na chruic iad.

Ainmhidhe a chur i gcuid na gcomharsan (Bliain: 1946; CBÉ 1034: 322)

Níor chualaidh mé ariamh trácht gur ghráthach ainmhidhthe a chur i gcuid na comharsan ach amháin nuair a bheadh duine a cailleadh an-mhórán beathadhaigh, agus i gcás mar sin bhí intinn ag na daoine dá gcuiread siad ceann de na beathadhaigh seo a stiucfadh i gcuid na comharsan, i ngan fhios dó, go gcuirfeadh sin an an-uair tharsú

agus go stadfad siad a gcailleadh. Chaithfidhe an churaidheacht seo a dheánamh san oidhche nó an t-é a tóifheadh iad a cur beathadhaigh de'n chineál ina chuid talaimh ní bhead sé sásta! Chualaidh mise m'athair a rádh go bhfaca sé seo a dheánamh ar an bhaile a bhfuil muid ann.

An Eala (Bliain: 1945; CBÉ 989: 317-320)

Éan mór uasal an t-eala, nach bhfuil ró-choitcheantú ins a' cheantar seo. Níl geimhreadh ar bith nach dtig cupla ceann acu isteach 'na chuain, go gcaithidh siad an dubhlaidheacht ins na caslachaí ar an fhoscadh. Is cuimhneach leis an t-seanbhunadh am a dtigeadh trí cinn acu le chéile 'ach uile gheimhreadh, ach cá bith a tháinig ar an tríomhadh ceann stad sí a theacht leis na bliadhanta.

Níl féidhim a rádh gur geal bán atá an eala uilig, dhá spág mhóra coise uirthi agus muineál atá mórán de dhá throigh ar fad nuair a shíneann sí amach é. Amuigh i n-iargúlacht na sliabh a gnidh sí a nead. Beirfidh sí mórán de dhúisinn uibeach — rudaí móra a mbíonn nádúir ghlas 'sa dath acu. Éilín amháin a leigeann sí amach 'sa bhliadhain. Bíonn a cuid scolamán doiligh go leór a thabhairt i gcrann, ach go gcuidigheann an coileach go maith leithe. Deirtear de éan atá comh mór léithe nach bhfuil sí doiligh a chothú. Deirtear mur dtig leis an eala dadaidh eile a fhághail le h-ithé go ndéanfaidh sí cúis bhreágh leis na luibheannaí a fhásas ins an uisce, agus go mbéad sí beó ortha fada go leór. Itheann sí miodamas beag eile a bíos thíos ins an abar fosta.

Tá sé crosta ar dhaoine ariamh anall ins an áit seo baint do'n eala ar dhóigh ar bith, agus tá shliocht ortha, is fada go smaointighead siad ar chionn acu a mharbhadh nó baint léithe ar dhóigh ar bith. Bhí intinn ag an t-sean-bhunadh i dtólamh gur daoine iad a bhí faoi gheasa, agus ba léar leóbhtha nach mbeadh an t-ádh ar dhuine ar bith a bhainfeadh leóbhtha ar dhóigh na ndóigheann.

Deirtear má marbhtar eala go dtiocfaidh dath dubh uirthé i n-áit na mbonn. Ní thig liom-sa a rádh fíor nó bréag seo ach chualaidh muid an seanbhunadh 'á innse sin go minic agus gur tharla a leitheid fad ó shoin astoigh i Málainn Bhig. Ní rabh bliadhain ar bith nach dtigeadh trí h-ealaí go gcaitheadh siad seal fada de'n bhliadhain fá na fritheacha ann. Dálta 'ach áit bhí scuimhearaí ann nach dtáinig leis cead a gcinn a

thabhairt daobhtha, agus thug sé leis a ghunna agus tharraing sé ar an áit a rabh siad ‘na luighe. Casadh seandúine air ar an bhealach, agus nuair a d’innis sé dó cá rabh sé ag ‘ul, d’iarr an seandúine air gan roinn ar bith a bheith aige leóbhtha, agus é cead a gcinn a thabhairt daobhtha mar rinn ‘ach uile dhuine eile ariamh anall. Ní rabh maith dó a bheith leis. Dubhairt sé nach rabh annsin ach sean-chainnt agus pisreógaí, agus go scaoilfead sé ceann acu.

Chuaidh sé ar aghaidhe, agus scaoil sé ceann acu, agus níor luaithe a scaoil nó tháinic dath uirthé comh dubh leis an t-súithche. Tháinic an dá cheann eile agus bheir siad ina mbéal ar an cheann mharbh agus d’áirdigh siad leóbhtha í suas go taobh an chruic os a gcionn í. D’fhág siad síos ar an fhraoch annsin í agus thosuigh siad an caoineadh agus an ceól a bhí trugheanta go leór. D’éirigh an chaoín sin comh h-árd agus nach rabh aon duine i Málainn Bhig nach rabh uilig amuigh roimh am ghairid ag éisteacht leis.

Nuair a chualaidh an fear a scaoil í seo scannruigh sé oiread agus nach rabh ann ach gur bhain sé an baile amach. Ina dhiaidh sin fhéin b’éigean a chur a luighe agus le trioblóid mhór tugadh thar é. Ach chuir an caoineadh seo múnadh air fhéin agus ar ‘ach uile dhuine eile ins na [*sic.*] ceanntar seo, agus níor scaoileadh a’n eala ann ariamh ó shoin.

Is iomaidh duine a shaoilfeadh le h-amharc ar an eala gur éan maránta gan choir í, ach duine ar bith a shaoileas sin, tá sé amuigh ar ghearradh an leathair! Níl a’n éan ar eiteóg atá ‘na coilgín comh mór léithe nuair a chuirtear fearg uirthé. D’íosfad sí duine nó beáthadhach a rachadh á cómhair ins an am a mbéidh an fhearg sin uirthé. Tá an t-urradh inntí agus í ábalta í fhéin a chosaint ar a namhaid.

Éanlaith Feirme: Coiligh (Bliain: 1945; CBÉ 989: 383-384)

Mar dubhairt mé cheana féin fá na h-éilíneacha a mbéadh mórán coileach ortha, ní maith leis na mrá é, ach mar sin fhéin, is léar leó gur rud mí-shona fosta éilín nach mbíonn coileach ar bith air. Tá siad mar bheadh ceann-urradh ar mhuirghín nuair a thig ionntú. Dálta éanlaith an aeir, bheir siad iarraidh a bheagán nó mhórán cuidigh a thabhairt do’n chirc a scríobadaighe daobhtha agus a tabhairt slighe phiocairghe

daobhtha, ach leoga ní bhíonn an cuideadh mór. Tá sé fhéin ró-shanntach craosach agus a ghoile ró-dhoiligh a líonadh

Ins a t-sean-am níor mhaith le bean-toighe ar bith a bheith gan choileach Márta, go h-áirid dá dtigeadh leóbhtha ceann dubh Márta a choinneáil. Bhí dóchas agus muinghín láidir acu as sin. Ba léir leóbhtha go rabh coisreacan fá'n teach a mbéadh sé ann agus dá smaoitigheadh an t-an-spiorad ar ruaig ar bith a thabhairt fá'n teach, ba léir leóbhtha go rabh iomlán cumhacht aige a bhuaidh a fhághail.

Bhí mórán scéalta ag an t-sean-bhunadh fá an dóigh a dtigeadh leis na coiligh seo buaidh an an-spioraid a fhághail. Bhí scéal amháin acu a chualaidh sinn iad a innse go minic.

Ins a t-sean-am, bhí fear 'na chomhnaidhe thuas ar an Chríon-Mhín – fear a dtugad said airigheach air – a buachailleacht eallaigh agus caorach a chaith an fear seoar an t-sliabh ar feadh cuid mhór d'a shaoghal. Bhí teach agus áit agus bean agus páisdí aige ina bhothóig big [*sic.*] sléibhe. Ach is cosamhail cé bith trioblóid a bhí aige, nó a tháinic trasna air, go dtáinic air a dhul go roilig Chille Cartha [*sic.*] fá choinne blaosc cloigne fá choinne mionna a thabhairt. Ní rabh mionna an leabhair ar bith ag 'ul ins an am udaí [*sic.*], agus duine ar bith a mbéadh mionna le tabhairt aige, chaithfead sé imtheacht ar shiubhal na h-oidhche agus blaosc cloigne duine ínteacht a bhéadh curtha le fada a thógáil agus le seo bhéarfad said an mionna a bheir daoine anois nuair a chuirtear an leabhar ina lámh.

D'imthigh an fear seo eadar meadhon-oidhche agus lá fá choinne a bheith arais leis an bhlaosc roimh an lá dá mb'fhéidir dó é. D'éirigh leis sin a dheánamh agus rinn sé a ghroithe léithe mar bhí a dhíoghbhail air. Rinn sé neamart mór ina fágail arais – dar leis fhéin nach raibh groithe ar bith dó deifre a bheith air. D'fhág sé annsin í ar feadh seachtmhaine nó níos mó, agus d'fhág sé caithte go réidh í fosta, ins an seórt fuinneoige a bhí ins a' bhóthóig.

Bhí go bréagh tuairim ar chothaoighis ina dhiaidh sin, ghlac an bhean tinneas, agus d'éirigh sí chomh dona i lár na h-oidhche agus go mb'éigean dó'n fhear éileamh a chur ar an t-saghart i lár na h-oidhche daoithe. Bhí sé i gcruaidh-chás annsin – ní rabh duine ar bith aige le fágail astoigh ag an bhean a bhí tinn, agus bhí na páisdítí beaga óga 'na gcodladh ins a' t-seamra, agus ins an am chéadna ba bhocht leis a bás a leigean gan an saghart dá dtigeadh leis ar dhóigh ar bith faoi Dhia a thabhairt chuicí.

D'fhág sé í, agus d'imthigh sé leis a tarraingt ar Chill Chartha. Ní rabh saghart ar bith i nGleanncholmucille ins an am sin – caithfidh sin a bheith tamall maith ó shoin.

Ins an am a bhfuil mé a trácht air, bhíodh na cearca astoigh ins na toighthe ag na daoine, agus ní rabh an bhean seo ariamh gan coileach dubh Márta a bheith aici. An oidhche seo tharluigh go rabh sé os cionn na leabtha ins a' chisteanaiigh. Bhí sé 'na luighe annsin agus a aghaidhe amach ar an doras.

Nuair a bhí an fear tamall ar shiubhal thug an coileach iarraidh ar an doras, agus bhuail sé a chuid eiteóg síos go láidir ar an talamh agus leig sé an-scairt. Comh luath agus a rinn an coileach seo, rinn an bhlaosc a bhí ins an fhuinneóig gáire. Chuidh an coileach arais ar an aradh. Thug sé a aghaidhe amach i n-aice na fairrge an dóigh chéadna, agus i gcionn tamaill thug sé iarraidh ar an doras, agus rinn an bhlaosc an cleas céadna.

Leis an scéal fhada a dheánamh goirid ní rabh a'n chupla bomaite gur phill fear a' toighe agus an saghart leis. Ins an am sin bhí an bhean ins na h-agallaibh. Rinn an saghart a ghroithe leis an bhean thinn. D'innis sé do'n t-saghart fá'n dóigh ar oibir an coileach agus an bhlaosc. Ní dheárn an saghart ach ríbin a chur air i n-áit na mbonn agus a dhul fríd leis an bhlaosc agus nuair a rinn sé tamall leightheóireachta bhain sé cainnt aistí. D'fhiafruigh sé daoithe caidé'n fáth a ndéanad sí gáire 'ach uile iarraidh a dtugadh an coileach iarraidh ar an doras?

‘Tá, innseochaidh mé sin díbh’, arsa'n bhlaosc, níl uair ar bith a dtugadh an coileach iarraidh ar an doras, nach mbíodh an diabhal idir dhá ursann an dorais, ach comh luath agus a théigheadh an coileach in aircis chaithfeadh sé pilleadh. Choinnigh sé á dheánamh sin go dtáinic sibh-se fá na gadbhair agus b'éigean dó teicheadh annsin. Sin an eagla a ba mhó a bhí orm-sa go dtiocfad sé isteach d'á aindeóin an choiligh agus nach rabh fhios caidé a dheánfad sé liom.’’

Ach ba sin scéal amháin a chualaidh muid go minic fá'n dóigh a dtig leis an choileach Dubh Márta, buaidh a fhághail ar an diabhal.

Fuil as Coileach Dubh Márta (Bliain: 1947; CBÉ 992: 36)

Bhí sé 'na ghrás ag an t-seanbhunadh fad ó shoin nuair a bhíodh duine ínteacht ag éagcaoin le tinneas beannaigh, thugad siad leobhtha iomlán a chuid éadaigh, agus

annsin, dá gcaithead siad rith lae a cuartú d'imtheochad siad go bhfágad siad coileach dubh Márta, mur mbéad sé acú fhéin muirbhfead siad an coileach agus chraithfead siad an fhuil ar éadaigh an t-é a bhí tinn. Thógad siad leac na teineadh annsin agus chuiread siad faoi 'n leac iad ar feadh naoi lá. Chuiread siad na h-éadaigh sin ar an t-é a bhí tinn agus ba léar leóbhtha go rabh sin'na léigheas mhaith, nó go maolochad sé an tinneas i gcás ar bith, agus nach dtiocfad sé air comh minic.

2. *Seanchas faoi shagairt*

Pionús saghairt ar chailín gan náire (Bliain: 1945; CBÉ 989: 22)

Bhí cailín annseo fad ó shoin ar chualaidh muid trácht uirthé, agus rinn sí coir náireach. Ghlac sí aithreachas agus chuaidh sí chuig an t-saghart ar fhaoisidean. D'innis sí a scéal do'n t-saghart, agus dubhairt an saghart léithe nach dtiocfadh leis maitheamhnas a thabhairt daoithe a choidhche mur sáitheadh sí a lámh isteach ins a' teinidh, agus a choinneáil astoigh inntí go ndóightidhe í suas go caol a láimhe.

Bhí an cailín bocht buaidheartha go maith. “Bhail,” arsa sise, “ó tharla nach dtig liom maitheamhnas a fhágáil gan sin a dheánamh creidim go gcaithfidh mé sin a dheánamh.” Tharraing sí ar a' teinidh go sáitheadh sí a lámh isteach inti. Agus uair a bhí sí a siubhal trasna an urláir thosuigh an fhuil a shileadh amach as bárra na méar aici. Thug a' saghart fá dear seo.

“Pill arais annseo,” arsa seisean, “tá maitheamhnas aghat anois ó Dhia. Nuair a chonnaic sé go rabh tú ag 'ul a dheánamh na h-uimhluidheachta, thug sé maitheamhnas duit gan na lámha a dhóghadh. Gabh abhaile anois, agus caith an chuid eile de do shaoghal mar ba chóir do chailín mhaith a dheánamh.”

Tharraing an cailín ar an bhaile agus chaith sí an chuid eile dá saoghal an fad agus bhí sí beo mar bheadh naomh.

3. *Luibheanna agus Leigheasanna*

Crotall a’ Talaimh (Bliain: c.1944/5; CBÉ 987: 126)

Bhruithtidhe an luibh seo fosta ar an im úr agus chuirtidhe ceirtín de le brollach mrá a bheadh nimhneach. Ba sin deireadh ‘ach leighis, agus a ceann a gníodh na sean-mhrá i gcomhnuidhe ina leithid seo a chás.

Pis (Bliain: c.1944/5; CBÉ 987: 155)

Ins an fhóghmhar nuair a bhíonn na gráiníneacha beaga cruaidhe apaidh ins a phis, théid na páisdí amach ins an am sin fríd na leántráin agus itheann siad ‘na cnapáin seo comh milis agus dá mba mil iad! Chuireadh an seanbhunadh na cnapáin seo ar shugh feola fad ó shoin. Chuiread siad blas maith air, agus bhí siad an-fholláin.

4. *Saolú Páiste agus Taithí na mBan*

Rudaí a rabh baint ag na sidheógaí leó: Min Chruaidhghil (Bliain: 1947; CBÉ 992: 51-52)

Tá muid ag éisteacht ariamh go bhfuil baint mhór ag min chruaidhghil leis na daoine beaga agus an áit a mbeidhthear a craitheadh ní thug leóbhtha bárr méire nó laidhre a leagan ar dhuine saoghalta.

Ins a’ tsean-am, mar tá fhios ag an t-saoghal, ní rabh banaltraigh ar bith ins a’ chuid seo den tír. Bhí sean-mhrá na comharsan a deánamh mórán den obair atá siadsan a dheánamh anois, agus bhí mrá speisialta thall agus i bhfos a gcuirtidhe fá na gcoinne nuair a thigeadh ar bhean a dhul go leabaidh na cloinne. Mrá glúin a thugtaoi ortha seo. Ní rabh a’n dream ar an t-saoghal a bhí comh pisreogach leóbhtha seo, go h-áirid nuair a bhíodh géibheann de’n t-seórt seo acu.

Chualaidh mise go gcaithfead bean eile seasamh acu nuair a bheadh naoidheanán a teacht ‘un t-saoghail, agus soitheach min chruaidhghil aici agus í á coinneáil craiththe ar an bhean thinn. Caithfead sí leanstan mar sin ar fead i bhfad i n-amannaí, agus b’fhéidir sa deireadh go mbeadh cloch mhine craiththe aici sula bhfaghadh an bhean thinn biseach. Ba lear leis na mrá a bhfuil mé a trácht ortha nach

dtiocfadh le bunadh na gcroc imeartas ar bith a dheánamh fhad agus a bheifidhe a craitheadh nua mine – ar ndóiche bhíodh eagla ar na daoine uilig is a’ t-sean-am an bhean a bheadh ar leabaidh cloinne, go dtiocfad bunadh na gcroc agus go dtabharfad siad leóbhtha í fhéin agus an páisde. An fear a bheadh a gabhail fá choinne na mrá glúin nó níos moille nó sin, ní leigeadh eagla na cluaise do imtheacht ar a aghaidh fhéin ar eagla go dtiocfad siad air agus go ndéanfad siad imeartas air go gcuirfead siad seachrán air go bhfaighid siad fhéin seans ar an bhean thinn agus a páisde a thabhairt ‘as’ nó a dtabhairt leobhtha chuca fhéin.

Súighche ar bhrollach (Bliain: 1947; CBÉ 992: 126)

Ins an tsean-am thógadh na mrá iad fhéin a gcuid páisdtí uilig, agus nuair a mheasfad siad go rabh an t-am acu a bheith á sgathamh, chuiread siad súighche ar a mbrollach, agus nuair a gheibheadh an páisde blas an t-súighche ar a mbrollach, agus nuair a gheibheadh an páisde blas an t-súighche ní iarrfad sé a dhul a chomhair a mhathara níos mó. Bhí sin ‘na ghrás choitchiannta ag mathaireacha sa t-sean-am.

5. Ceirdeanna

Leathar Gréasaithe (Bliain: 1946; CBÉ 1034: 378-379)

Na sean-ghréasaidhíní a bhí annseo fad ó shoin, bhí mórán pisreóg acu a baint leis an pracar [*sic.*] leathair a bhíodh caithte fá dtaobh daobhtha nuair a bhíodh a n-obair lae críochnaigh acu. Ar ndóiche bhíodh siad ag obair go h-am codlada i gcomhnuidhe, agus nuair a bhíodh obair an lae deánta bhíodh mórán pracair agus leamóg a dh’fhuigheall acu. Ní leigfeadh an eagla dó dhuine ar bith an pracar seo a chaitheamh amach. Chaithfidhe i gcomhnuidhe a scuabadh isteach sa teinidh.

Cá bith geis a bhí acu le seo níor leig siad linn a rún ariamh fá dtaobh de. Bhí m’athair fhéin ‘na ghréasaidhe, agus is minic nuair a bhíod sé réidh ag obair ‘san oidhche, a thugainn-se iarraidh an pracair leathair a bhíodh aige a scuabadh amach, ach níor leig sé domh sin a dheánamh ariamh. Chaithfidhe i gcomhnuidhe cuid an lae a dhóghadh. Ní h-eagla a bhíodh air roimhe shean-táirní nó rud ar bith mar sin ach oiread, ach bhí ciall ínteacht eile aige leis nach bhfuair muid amach ariamh.

6. An Saol Sóisialta

Cluiche Páistí (Bliain: 1971; CBÉ 1777: 109-111)

Nuair a bhí sinne ár bpáisdí níor bhfiú ná bhfearrde a rabh chluichí aghainn, agus na rudaí a bhí aghainn bhí siad garbh go leor. Tá cuimhne agham ar chupla ceann acu. Ar ndóiche bhí na toighthe lán páisdí san am sin agus bhí siad fud fad a chéile agus ní bheadh ag duine ar bith cé ba leis a leath go dtigead siad isteach ‘un toighe tráthnóna. Bhíodh na comharsanaí amach agus isteach san oíche agus dálda na bpáisdí uilig bhíodh doicheall orainn a ghabháil a luighe agus ní rabh leithscéal ar bith dá dtearnadh ariamh nach ndéanfaimist ag iarraidh ár bhfágáil ar suidhe. Bhíodh uaigneas orainn fosta ná ní rabh solas ar bith ins na “roomannaí” mar tá anois agus bhí muid ag éisteacht le hoiread scéalta fána taibhsí agus go mbíodh an croidhe sganraigh amach asainn nuair a chuirfí a luigh sa dorchadas muid. Bhail, bhíodh lúcháir a’ tsaoil orainn nuair a thigeadh seandúine na comhursa isteach agus shuighead se a chois na tineadh agus thógad sé suas ar a ghlúine muid duine indiaidh an duine eile agus ‘sé cleas a bhí aigsean – bheiread sé greim dhá chluais orainn, agus deiread sé seo:

“Má théid tú a choíche a ghoid cáil amharc a’ taobh seo agus an taobh sin agus thart ar chúl do chinn!”

Agus ins an am chéanna bhí clann an pháisde ‘á chasadh thart aige na bealaigh a bhí sé a rá. Ní bhíodh dúil mhór againn anseo go dtigeadh seórt mearbhalláin in ár gcionn agus ó sin amach bhímist mar bhéad sinn ólta agus thaitníod sé go mór linn. Thiar thall ar dheireadh na bogadach anonn agus anall bheítí thart an ceann go gasta ‘ach uile bhealach, agus nuair a thosaíod sin bhaineadh na páisdí oiread sult as agus go mbíod siad a búirfí leis na gáiridh.

Bhí seandúine sa doras aghainne agus b’iomaidh céad uair a rinn sé seo linne. Dá ndéanad sé le duine amháin aghainn é chaithfead sé á dheánamh linn uilig siocair go mbéadh éad ar dhuine aghainn leis an duine eile mur ndeántaí linn uilig é.

Bhí cluiche beag eile ag an tseandúine chéanna a ba, ghrách leis a dheánamh le páisdí a bhíodh níos óige ná sin. Ní bhíodh bróg ná stoca ar pháisdí ‘san am údaí. Tá siad orthu anois amach as an chliabhán. Chuiread sé an páisde ‘na shuidhe ar a ghlúin, agus níod sé an cleas leis na ladhara. Bhaineadh na páisdí an-sult as an chluiche seo fosta de thairbhe go gcuiread sé coigilt ins na ladhra nuair a bhíod sé ag gabháil dón chleas.

Bheiread sé ar bhárr na ladhaire móire a chéad uair agus théaghad sé thart orthu ulig ansin go dtí'n ceann beag. Deiread sé:

“Chuaidh an ladhar bheag seo ‘na mhargaidh

D’fhan an ladhar bheag seo ‘sa bhaile (leis an chionn ina haice)

Fuair an ladhar bheag seo arán is im

Agus ní bhfuair an ladhar bheag seo dadaidh

Víc-víc-víc! adúirt an giolla baoideach, cár fhág sibh mise?”

Bhí cluiche beag ag an tseandúine seo a rabh rann beag a baint leis fosta ach ní cuimhneach liomsa é anois, ach tá cuimhne agam ar an méid [*sic.*] seo – go rabh seo ins an rann:

“Birín beo, birín beo, birín marbh!”

Ba cheart domh cuimhne a bheith agam ar an rann seo ach ar dhóigh ínteacht ní thig liom cuimhniú air anois.

Bhí ceann beag eile aige a dtabharad sé ‘bos mhín’ air. Ní rabh annsin ach na cupla líne. Bheirfead sé ar do lámh agus chaithfeá-sa an bhos s’ aigesean a chumailt síos agus suas le do bhos-sa, agus bhéad seisean a rá:

“Bos mhín, bos mhín, bos mhín, bos gharbh!”

Agus ‘a réir is mar bheadh an chumailt ag gabháil ar aghaidhe bhéadh sí ag éirí ní ba tibhe, agus bhéad sé measardha garbh fá dheireadh.

An Bacach Mór agus bacaigh eile (Bliain: 1972; CBÉ 1791: 18-23)

Nuair a thigeadh bacaigh thart fadó shin ó dhoras go doras a dh’iarraidh deirce bhí cuid acu a bhí an-chliste agus in áit rud ínteacht a iarraidh mar níos siad anois é bhí rantaí acu ar a dtabharad siad deilíní orthu agus sheasad siad amuigh ag an doras agus ligead siad ceann dena deilíní seo astu agus nuair a bhíod siad réidh le cionn acu seo bhéadh croidhe an-chruaidh ag an fhear ná ag an bhean toighe nach dtabhairfeadh rud ínteacht daofa. Leoga ins an am údaí is iomaidh doras a dtigead siad chuige a rabh

comh beag ann agus a bhí acu héin ach bhí na daoine a bhí ann comh fial déirceach go rannfad siad an greim a bhéad siad ag gabhail a chur ina mbéal héin leofa.

Thigeadh fear thart anseo ó dhoras go doras fadó shin a dtugad siad An Bacach Mór air. Ní cuimhneach liomsa é ach chuala mé an seanbhunadh a rá gur de Chlainn Cheallaigh é. Thigead sé thart tuairim ar uair sa ráiche agus idir dhá thuras acu seo shíúilead sé ó chionn go cionn na tíre, agus ní rabh aon dath ag gabháil nach rabh fhios aige. Chuala mé an seanbhunadh a rá gur duine an-rógánta a bhí ann a bhí comh blasta plámásach agus go ndúilfad [*sic.*] sé an ubh ón chorr. Ba ghrách leofa a rá fá dtaobh dó nach mbíodh mórán eile ag cur bhuartha air ach a sháith a fháil le hithe. Siocair é bheith comh mór toirteach folláin bhí sé doiligh a líonadh, agus ní rabh an cineál bidh atá aghainne anois farrsaing. Bhíodh amannaí a mbíodh na préataí héin gann go háirid i dtús an tsamhraidh agus nuair a thigead sé an bealach ‘san am sin bhíod sé doiligh i gceart a líonadh, ach bhí an t-iasc comh farrsaing le móin agus bhruití potaí móra de sin dó agus líonad sin é.

Shínead sé é héin go minic ar an urlár sa chlúid ins a’ teach a mbíod sé ann agus dá dtiteadh an teach sa mhullach air chodlochad sé a sháith. Ach sé an rud a tharraing mé an scéal sin air na deilíní seo a bhí acu san am agus bhí an Bacach Mór seo ar fhear acu seo agus deárfad sí [*sé*] an deilín i gcónaí ag an doras sula n-iarrtaí isteach.

Chuala mise cuid dena deilíní seo nuair a bhí mé mo ghasúr ach tá dearmad deánta agam daofa anois. Tá cuimhne agam ar an tús a bhí ar chionn acu ach tá sé fhad ó chuala mé é agus nach dtiocfadh liom mórán de a rá anois. Seo mar bhí giota de. Nuair a thiocfadh siad fhad leis an doras chuiread siad i gcionn isteach agus d’amharcaíod siad isteach go bhfeicead siad cé bhí istigh. Rachad siad amach ar a gcúl giota annsin agus thosóhad siad ar an ramás:

“Go mbeannuí Dia, Pádraig, Bríd agus Colm Cille an teach seo!

Agus do chomhluadar a bhean a’ toighe (ná an fear)

Tá mé a tarrant ort leis na trí gártha is fearr a tháinic i dtír anseo ariamh:

Na gártha guí, na gártha paidreacha agus na gártha beannacht

Deán déirce ar dhuine bocht dhireoil cosúil liomsa

Mar shúil goib é chuideochadh leat ar muir agus ar tír

ar thalamh agus ar thráigh, i mbealach agus i mbearnaí,
agus má tá tubaiste ar bith ós do chionn go ndíbreochaidh é
i gcloch agus i gcrann i bhfad uaimse agus uaitse”

Leanadh an Bacach Mór leis mar sin b’fhéidir ar feadh fiche bomaite ach mar dúirt mé níl cuimhne aghamsa ar an deichiú cuid dá mbíodh sa rann aige agus ní chuirfeadh duine ar bith chuige ná uaidh go mbéadh sé réidh agus annsin dá mbéadh rathamhnas ar bith fán teach bhéarfaí cupla pighinn dó. Chríochnaíod seisean a rann annsin agus thráchtad sé ar an méid [*sic.*] bacaigh a bhí ann:

“Is iomaidh cineál bacaigh a bíos ann

Ach ní den treibh sin mise

Bí mangairí ann bí stangairí ann

Bí rógairí, sógairí agus brógairí ann!

Is iomaidh mála a scairtí ormsa

Ach nár léar daoibhse iad

Tá mála na huscaide, mála na heascalla

Mála mhraoi an toigh’ agus mála an bhidh

Slán agus beannacht aghaibh agus nar laghdaí

Dia bhur gcuid ná bhur gcuideachta.”

D’imíod sé leis annsin agus b’fhéidir go suibhailfead sé an baile agus an ramás seo aige ag ‘ach uile dhoras. Bhí bacaigh eile ag gabhail thart nach mbíodh an oiread sin fáilte rompu agus ba mhinic go mbíodh an-droch-theangaidh agus mallachtaí ag cuid acu seo, agus dairíribh bhíodh eagla ar dhaoine roimhe a gcuid mallacht agus eascaoiní. Nuair a thigead siad seo ‘un doras chaithfead siad cá bith a d’iarrfad siad a fháil ná mur bhfághadh thosochad siad ar na mallachtaí agus bhíod siad sin comh tréan agus go síleadh an seanbhunadh go scoiltead siad clocha na machaireacha! Ar ndóiche bhí sé ‘na ghrás ag daoine fadó shin nach ligfead siad duine ar bith ar siúl ón doras gan rud ínteacht a thabhairt daofa – beag mór a mbíodh acu – ná comh maith le

rud eile bhíodh eagla orthu roimhe dhroch ádh dá ligead siad an duine bocht ar shiúl ón doras agus gan rud ínteacht a chur ina mhála.

Bhí fear eile greannúr acu seo ag gabhail thart fadó shin a rabh John a' tSodair air. Ba sin leas-ainm a bhí air agus leis an fhírinne a rá níor chuala mé ariamh caidé'n sloinneadh ceart a bhí air. Bhí dóigh íontach aige nuair a bhíod sé a siúl a' bhealaigh mhóir – shiúladh sé píosa beag agus annsin d'imeochad sé ar shodar, agus sheasad sé annsin tamall beag ag amharc uaidh ins na ceithre hairde fichead. Bhí cearr bheag air agus bhí an t-ainm amháin aige ar 'ach uile dhuine. Pádraig a bheiread sé ar 'ach uile fhear agus Máire ar 'ach uile bhean. Bhí lánúin anseo a'n am amháin a bhí indiaidh a bpósta agus ní fhaca siad ariamh é. Tharraing sé ar an teach acu agus thug bean a' toighe rud ínteacht dó agus chuir sé na beannachtaí uilig uirthé ina hainm – Máire. D'imthigh sé leis annsin agus caidé casadhair ach fear a ' toighe agus nuair a tháinic sé fá fhad cainnte dó!

“Bhail, a Phádraig,” adeir sé, “nach breá an lá inniu!”

Bhí íontas an domhain ar Phádraig go rabh fhios aige 'ainm siúd is nár casadh ar a chéile iad ariamh go dtí sin. Tharla sé gur Pádraig agus Máire a b'ainm daofa agus shíl siadsan go rabh aithne aige orthu agus chuir sin a sáith íontais orthu ach bhí 'ach uile dhuine mar ionainn aigesan.

Bhí cuid de lucht a tsiúil seo a bhí an-ghéar ina dteangaidh fosta. An té a bhíodh go maith daofa mholad siad é, ach an té nach dtabharfadh an rud a bhíod siad a dh'iarraidh do chuid acu bheiread siad droch-bhail air ná uirthé. Chuala mé iomrá ar fhear acu a tháinic 'soir chailín an tsaghairt ar an Charraig thoir anseo fadó shin. Dár léithe go rabh sé a' teacht ró-mhinic agus d'éirigh sí tuirseach dó agus an lá seo nuair a tháinic sé fhad leis an doras cúil d'iarr sí air na bonnaí a bhaint as go rabh sí tinn ag amharc air. Chuir sí an-fhearg air agus thionntó sé thart agus chum se ceathrú daoithe gan bogadh as áit a bhoinn. Ar ndóiche bhí an chliú ar an bhean seo go rabh sí 'na cócaire an-mhaith, agus 'sé 'n rud adúirt seisean fá dtaobh daoithe:

“Tá cócaire sa tír

'S nar chastar liom í

Ar bealach a choíche ná mbeárnaí

‘S dá mbéad siad⁴ comh géar

‘S a shíleas siad héin

Ní bhéad sí na raegh ar a bparlús!”

Mar dúirt mé bhí cuid acu an-ghéar ina dteangaidh agus bhíodh eagla ar chorr dhuine rompú. B’annamh a bhainead siad le duine ar bith ach in áit a mbíodh mrá astoigh leofa héin, níor maith leofa cuid dona fir mhóra seo a fheiceáil a tarraint ar a’ teach.

Bhí Brian Beag seo lá eile a siúl thart agus tháinig sé ‘soir bhean thoir anseo ar an Bhaile Mhór ar bh’ainm daoithe Máire Bhán. Bhí an dinneár réidh ag Máire agus an rud a b’annamh leofa bhí cearc bruite aici agus pota breá súgh deánta aici. Tháinig Brian ‘un doras go díreach nuair a bhí siad a’ tosú ar an dinneár agus d’iarr Máire air a theacht isteach go n-ithead sé rud ínteacht. Is cosúil go rabh an t-ocras ar an duine bhocht, agus ní rabh an darna cuireadh a dhíobháil air. D’ith sé a sháith préataí agus d’ól sé meadar maith den tsugh. Nuair a bhí an chuid ite aige d’fhiafraigh Máire de caidé mar thaitin an sugh breá seo leis:

“Ná deán beagan de do mhias ar eagla gur péist a bhéadh ‘do mheas”, arsa Brian. “Ní feárr an mhias mhéath ná an mhias a dtiocfaí leis”

Níor mhol sé agus níor cháin sé an bia ach nuair a bhí sé lán d’imigh sé fhad leis an chéad teach eile.

Bhí lucht an tsiúil seo ar ndóiche an-tugtha do’n deoch, agus bhí cuid acu a bhí garbh go maith ina gcuid olacháin. Bhí gar amháin acu, agus ba dh-é sin gur b’annamh ariamh a chuala mé trácht orthu baint do dhuine ar bith taobh amuigh daofa héin. Nuair a chastaí dhá dhream acu ar a chéile lá aonaigh ná margaidh bhíod siad an-mhór le chéile agus dá mbéadh airgead ar bith acu rachad siad a dh’ól le chéile ach go minic ba dh-é an deireadh a bhéadh ar an ól go dtitead siad amach le chéile agus annsin thosochadh an troid acu, agus bhuailead siad go maith a chéile agus leoga go minic bhíod siad millte géarrtha.

⁴ Tá fonóta ag Seán Ó hEochaidh in aice leis an fhocal seo ag míniú gurb é an sagart atá i gceist anseo.

Máire Uí Cheallaigh (c.1891-1971)

Seanchas

Bailitheoir: Seán Ó hEochaidh

1. Dúlra: Éin, Ainmhithe agus Feithidí

An Gealbhán – Sparrow (Bliain: 1945; CBÉ 989: 307-308)

Éan beag eile atá coitianta go maith ins a' tír seo an gealbhán. Bíonn na céadta acú le feiceáil le chéile i n-amannaí ó chionn go cionn na bliadhna. Éan beag liath-bhuidhe mar sin an gealbhán agus gob dorcha air. Níl mórán toirte aige. Gaduidhe beag ceart an gealbhán, nó tá sé canta ariamh go nguideann sé neadaracha a bhfágann éanacha beaga eile saothar go leór á ndeánamh. Tá sé fallsa go maith, agus sin an bab a bhuaileas sé ar éanacha bochta eile a oibrigheas go cruaidh ag iarraidh árus beag a dheánamh daobhtha fhéin agus dá gcuid scolamán. Is gráthach go mbeireann an gealbhán leath-dhuisín uibheacha nach mbíonn ró-mhór agus dath éadtrom gorm ortha. Cuidigheann an coileach go maith leis an chirc a dheánamh na neide – mur dtigidh léithe ceann a fhághail le guid – agus gnidh sé solathar mór bidh do na scolamáin fosta. Bheir sé cuiteógai agus ‘ach uile chineál preacair ‘na neide chuca.

Éanacha na gealbhain seo nach gcualaidh mé mórán seanchais fá dtaobh daobhtha ariamh. Gnidh siad scrios mór ar thoighe a bhithear indiaidh a chumhdach go h-úr le tuighe. Thig na mílte acú agus luigheann siad ar an tuighe a phiocadh an lócáin, agus i n-amannaí bheir siad leóbhtha na sífíní go stiallaidh siad agus go strócaidh siad saothar an tuigheadóra as a chéile. Ní h-íontas ar bith mar sin de, go mbíonn daoine mí-shásta leóbhtha go minic.

Chualaidh mé an seanbhunadh a rádh go minic nach rabh a'n éan ar eiteóig a bhí comh druseamhail leis an ghealbhán. Bhí sean-fhocal acú a mbaineadh siad féidhm as nuair a bhíodh siad a trácht fá seo: an dá rud is druseamhala amuigh Gréagaigh agus gealbháin. Tá sin fíor go leór fá na gealbháin ach ní thig liom cunntas ar bith a thabhairt ar na Gréagaigh ach go bhfuil muid ariamh ag éisteacht le sin canta.

Ní fhágann an gealbhán muid annseo i n-am ar bith fríd an bhliadhain, agus níl a'n am a rachaidh duine amach ar an doras nach gcluinfidh sé a cuid ceoil lag-bhrigheach agus mar tá sí.

An Cág — Jack-daw (Bliain: 1945; CBÉ 989: 312)

Éan an-chosamhail leis an phréachán, agus is dóiche gur de'n treibh amháin iad. Tá an chág níos bolmhanta agus thart fá n'a mhuineál breac-liath. Itheann sé 'ach uile sheórt níos salaighe ná a chéile, dálda an phréacháin, agus mur bhfághaidh sé a chuid ar dhóigh ar bith eile, ní chuireann sé náire ar bith air fiacháil le n-a chuid a ghuid.

Thig leis an chág a dhul i bhfad níos fuide suas ins a' spéir nó an préachán, agus nuair a théid sé suas, ní bhíonn sé i bhfad a theacht anuas, nó ní fearr leis dóigh a dtiocfaidh sé anuas nó 'á rollachadh fhéin mar bhéadh bairille. I n-amannaí eile imthigheann sé fríd an aer mar bhéadh urchar gunna, agus ins a' rasa sin rachaidh sé thaire n-a chorp trí nó ceathair 'e chuartha mar bhéad sé fá choinne éanacha beaga eile an aeir a sganradh. Nuair a bíonn an chág ar an talamh níl moill ar bith a aithne ach oiread. Coinnigheann sé a cheann go bródamhail ins an aer, agus siubhalann sé go h-andíreach.

Áinleóg — Swallow (Bliain: 1945; CBÉ 989: 313-316)

Éan coitchiannta ins na ceantair seo an áinleóg. Bhí sí ar cheann de na h-éanacha a dtugadh an seanbhunadh na seacht gcodlatóirí ortha, siocair go gcrothuighead siad í ar feadh seal fada de'n bhliadhain, agus shaoilead siad gur 'na codladh a bhíodh sí ar feadh an t-séasúir sin. Ní rabh smaoiteadh ar bith acú go n-imthigheadh an áinleóg ins an fhóghmhar agus nach bpillead sí arais go mbeadh an t-Aibreán ann.

Tá an áinleóg ar éan bheag comh críonna agus atá ar eiteóig. Indiaidh imtheacht agus an séasúr fada seo a chaitheamh as baile, comh luath agus a thioctas sí arais ní stopfaidh sí a choidhche go mbuainidh sí amach oirís na bliadhna anuraidh.

Ní luaithe arais í annsin go dtéighidh sí le h-obair a dheánamh na neide. Astoigh faoi urlar toighthe is mó a gnidh sí an nead, agus bheir sí iarraidh ar scioball fosta i n-áiteacha suaimhneacha. Ni bhaineann duine ar bith léithe cá bith áit a ndéanfaidh sí a

nead amach ó mur bhfuil duine gan thrócaire ar fad ann. Beireann sí cúig nó sé cheannaibh de uibheanna bána, a bhfuil baill bheaga dhonna ortha. Leigeann sí amach an t-éilín sin ach deirtear go leigeann sí amach éilín roimhe dheireadh an t-séasúir.

Leanann na h-ainleógaí go mór do'n eallach a bíos amuigh ar a chruc annseo rith an t-samhraidh agus deirtear gurb e an rud a bíos siad a piocadh na bhféarsóg a bíos greamuighthe ina gcroiceann amach astú. Itheann siad cuileógaí agus cuiteógaí fosta. Níl cumadh ortha gur éanacha géar-ghoileach iad.

Éanacha beaga na h-áinleógaí a mbaineann daoine tuairim mhór astú i dtaobh na h-aimsire. Nuair a tcídhtear iad ag áirdiughadh suas go h-árd 'sa spéir agus ag 'ul thart thuas mar sin is comhartha cinnte é go dtiocfaidh gaoth láidir, agus má tcídh na h-iasgairí iad mar sin ní bhíonn deifre ar bith ortha 'na fairrge go bhfeicead siad caidé atá ag 'ul a theacht.

Bhí lá ag an t-seanbhunadh a dtugad siad lá na h-ainleóige air – lá millteanach te a théigheadh na h-ainleógaí uilig i gcionn a chéile. Ba lear leóbhtha go mbíod siad a cainnt le chéile nuair a thigead siad le chéile mar seo.

Tá ceól beag deas ag an áinleóig, agus mar mbéadh ann ach sin fhéin ní maith le duine ar bith baint léithe. Mar dubhairt mé cheana féin, éan beag an-uasal í, agus 'sé an t-é a bhainfeas dí a bheas thíos leis.

Is léar le daoine gur éan sona an áinleóg dá dtigead sí isteach 'un toighe. Tá cuimhne agam-sa ar oidhche amháin fad ó shoin a tháinic seanbhean 'toigh s'againne a chriotáil – Anna Ní Eochaidh. Bhí muid ár suidhe thart fá'n teinidh agus bhí sise 'na suidhe ins a' chuid, a druim leis a' bhalla, agus a h-aghaidhe síos ar an doras tuairim ar an 9 a' chlog 'san oidhche a bhí ann agus bhí muid annsin a cainnt agus a cómhradh agus gan smaoiteadh againn ar a'n dath, nuair a tháinic an áinleóg isteach ar an doras agus aníos gur luigh sí i n-ucht Anna. Sgannruigh sí cuid aghainne, nó tháinic sí comh tobann agus nach rabh fhios aghainn i gceart caidé a bhí ann agus siocair an t-am a dh'oidhche a bhí ann, bhí íontas orainn go dtiocfadh éan ar bith 'un toighe. Ach níorb é sin daoithe-se é níor chuir sé lá móisiam uirthé—

“Míle altughadh duit, a Dhia!” adeir sí, “is goirid go bhfághaidh mé cunntas maith as áit inteacht”

Bhí sinne a magadh uirthé nár mhaith linn a leithéid éirigh dúinn agus siúd agus seo, agus nár b'fhéidir dó gur rud sona a bhí ann — éan ar bith a theacht 'un toighe fá'n am seo d'oidhche agus luighe i n-ucht mrá.

“Is goirid go rabh aghaibh sin,” arsa sise.

B'fhíor daoithe. Ní rabh sé mórán le mí 'na dhiaidh sin go bhfuair sí scéala go bhfuair deárthair d'a cuid bás thall i Meiriceá, agus gur fhág sé solathár mór airgid aici. Áinleóg shona a bhí ins a' cheann seo cá bith, agus bhí an fhírinne ag an t-seanbhean nuair a dubhairt sí gur éan sona í fá 'n am údaí dh'oidhche.

An Phéist Chapail (Bliain: 1945; CBÉ 989: 133-137)

Tá an phéist-chapail ar chionn de na péistí is coitchiannta atá le feiceáil annseo. Níl teach ceann tuigheadh ins an áit nach mbíonn cumhdaighthe leóbhtha go h-áirid ins an fhóghmhar. Dath dubh a bíos ar mhórán acú agus dálda cuid mhór eile péisteóg d'a seórt tá siad cumhdaighthe le cosa ó n-a gceann go dtí n-a ruball.

Bhí scéalta íontacha ag na seandaoine a bhí annseo fad ó shoin fá 'n phéist-chapail. Bhí seanchaidhe annseo ar b'ainm dó Séarlaí Mac Anna, agus bhí scéal aige fa phéist chapail nach gcríochnochad sé oidhche gheimhridh – fá nighean rí a bhí i n-Éirinn fad ó shoin, a bhí an scéal, agus bhí sé 'sa chinneamhaint aici go slugfad péist-chapail í ar a leithéid seo 'e lá. Bhí fhios ag n-a bunadh an lá a bhí 'n phéist-chapail seo le theacht – agus ní nach ionguadh bhí siad an-bhuaidheartha. Ní rabh a'n nighean acu ach í agus bhí sin a ndéanamh ní ba mheasa.

Bhí go maith, bhí an t-am ag 'ul thart, agus an lá ag tarraingt ortha go tiugh, agus ba é an lá a mbeadh sise bliadhain agus fiche a bhí an phéist seo le theacht. Tháinic a' lá 'sa deireadh agus Dómhnach a bhí ann, agus nuair a tháinic maidin an Dómhnaigh seo, d'fhág a h-athair agus a máthair agus 'ach uile dhuine an caisleán, agus d'imthigh siad leóbhtha ar shiubhal. Ní thiocfadh leóbhtha fanacht agus a bheith ag amharc ar an phéist a slugadh a nighne siar ina craos. Bhí an cailín í fhéin sásta go leór glacadh leis an rud a bhí i ndán daoithe, agus an lá seo nuair a d'fhág an t-iomlán í, bhí sí na suidhe ins a' pharlús a feitheamh ar an bhomaite, agus gan cothadh ar bith uirthé. Nuair a tháinic an bomaite chonnaic sí an phéist-c[h]apail a tarraingt uirthé isteach 'un t-seamra. Shiubhal an phéist léithe aníos go lár an urláir, agus nuair a

tháinig sí an fad sin, sheas sí a stánughadh isteach idir an dá shúil ar an chailín. Fá dheireadh thóg an phéist a ceann agus bhuaile sí a chasadh anonn agus anall, agus ‘á réir ‘s mar bhí sí á chasadh bhí sí fhéin ag at agus ag éirighe mór.

Shaoil nighean a’ rí go mb’fhéidir gur ocras a bhí ar an phéist-chapaill, agus dheamhan dath a rinn sí ach éirigh ‘na seasamh agus soitheach bainne a thabhairt isteach as an chisteanach agus d’fhág sí ar an urlar é. Shlíoc sí siar go deas an fionnadh uirthi le n-a lámh agus nuair a bhí sí a dheánamh seo ní thug an phéist iarraidh uirthi ariamh.

Chuaidh an phéist i gcionn ól an bhainne agus á réir ‘s mar bhí sí á ól bhí sí ag at agus ag at go rabh sí comh mór le bó. Comh luath agus a fuair sí an soitheach folamh thionntoigh sí thart agus d’imthigh léithe amach gan soc a leagan ar an chailín, agus gan iarraidh a thabhairt uirthi ar dhóigh ar bith.

Nuair a mheas a bunadh go rabh deireadh thart agus a nighean slugtha ag an phéist, phill siad arais ar an chaisleán go briste brónach a deánamh nach bhfeicfead siad a’ n amharc ar a nighean go bráthach – bhí íontas agus lúthgháir an t-saoghail ortha nuair a fuair siad astoigh rompú í agus gan deargadh creabhar uirthi.

D’imthigh an rí annsin agus níor fhág sé duine óg nó aosta astoigh ina ríoghacht nach dtug sé cuireadh daobhtha uilig a theacht ‘na chaisleán. Chuir sé cuirm mhór ar bun annsin a mhair lá agus bliadhain agus le méad na luthgháire a bhí air fá ‘n nighean a bheith sábhailte níor fhág sé pighinn ar a thús nó ar a dheireadh nár chaith sé ar na daoineibh. [Níl an scéal seo agham-sa mar chuala mé é nó baoghal ar bith air, ach sin an rud a rabh an scéal fá dtaobh de.]

Ins a’ t-sean-am nuair a bhí muid ar bpáisdí diabhalta go maith, agus ar n’athair ar shiubhal ag iasgaireacht, nuair a bheadh barraidheacht gleó agus calláin againn, scairteadh ar máthair orainn suas a chois na teineadh, agus déarfad sí linn dá mbéimist suaimhneach agus suidhe síos ar an urlár ag an teinidh, go n-innseochad sí scéal dúinn. Sin a rabh a dhith orainne. Shuidhfimist síos agus bhéimist comh suaimhneach le huain. Thosachad sise annsin agus d’innseochad sí scéal mór fá chailín beag arinn rud ínteacht as an bhealach fad ó shoin, agus ba é an pionús a chuir a máthair uirthi go gcaithfead péist-chapaill a phógadh. Rinn a’ cailín bocht sin, ach ar ndóiche nuair a chrom sí síos a phógadh na péiste, rugan phéist urithe ins ‘ a sceadamán, agus d’ith sí giota mór amach as a thug a bás! [Saoilim gur fá choinne páisdí a sgannradh a ba mhó a bhí an scéal seo. Ghníodh sé an dá chuid: choinnighead sé suaimhneach go maith

sinne, agus bhímist sgannruigh nuair a bhíodh sé innsigh, agus gurb' é an rud a bhímist ag iarraidh fághail a luighe.]

Cosa gamhna agus caorach (Bliain: 1946; CBÉ 1034: 343-345)

Bhí grás acú annseo sa t-sean-am agus tá corr dhuine a gníos é go fóill í nuair a mharbhúighead siad gamhain nó caora gheárrad siad na lairgneacha os cionn chopan na nglún agus chuiread siad i dtaisgidh iad astoigh i gcúl na crúibe ins na toighthe. Bhí daoine eile a bhí comh cúramach fá dtaobh daobhtha, agus go gcuiread siad isteach ins na córthaí iad a bhíodh acú ins na toighthe an uair sin le n-a gcuid éadaigh maithe a chur isteach ionntú.

Bhí bean i gCruachlann tá seal 'e bhlianta ó shoin, a dtugad siad Máire Phadaí Bháin uirthi. Bhí brioscar beag caorach aici, agus cosamhail le go leor d'á cineál, bhí siad sin comh cúramach aici leis an t-súil a bhí astoigh ina cionn. Sa deireadh thúsaigh sí a chailleadh cuid acu — chuaidh siad a thuitim le h-aillt na fairrge agus a stiúgadh, agus a dh'imtheacht ar 'ach uile dhóigh. Dar léithe go rabh seo mí-shona, agus gur chóir daoithe rud ínteacht a dheánamh le n-a stopadh. D'imthigh sí agus gheárr sí na lairgeacha de chúpla ceann acu os cionn na nglún, agus chuir sí isteach go cúramach i ngiota éadaigh iad, agus d'fhág sí astoigh sa chóirthe annsin iad.

Chaith an t-seanbhean seo seal fada d'a saoghal léithe fhéin. Nuair a bhuaill tinneas an bháis í tá suas le deich mbliana fichead ó shoin, chuir sí scéala fá choinne mo mhaetheara a theacht chuici ar feadh chúpla lá le h-aire a thabhairt daoithe. Tharraing sí uirthi agus bhí mé fhéin léithe le cuidiú léithe, agus le teach na sean-mhrá a ghlanú suas.

Bhí go bréagh nuair a chuaidh sinne 'un toighe bhí teach leath-anasta aici, ní nach ionguadh. Bhuail mé fhéin air a ghlanadh agus a scuabadh, agus bhí fhios agham go maith go rabh a cuid aráin fuinte, agus nár mhór an saghart a thabhairt chuici. Ar ndóiche thug mé iarraidh ar a chóirthe go bhfeicfinn a rabh éadaigh ghlana ar bith ann a chuirfinn ar a leabaidh. Nuair a thionntuigh mé aníos na h-éadaigh seo fuair mé an beartán seo astoigh ar thóin a' chortha. Shaoil mé a chéad uair gur coinnleóirí a bhí ann, agus scaoil mé amach iad go bhfeicfinn, ach caidé a fuair mé ann ach lairgneach na gcaorach. Ní rabh fhios agham-sa faoi'n aer caidé a bhí sí a dheánamh le n-a leithéid

astoigh sa chortha. Thug mé go taobh na leabtha iad agus d’fhiafruigh mé daoithe caidé a bhí sí a dheánamh leóbhtha seo astoigh sa chórtha!

“Ó chroidh!” arsa sise, “fág astoigh iad sin ‘san áit a bhfuair tú iad, nó da mbaintidhe daobhtha sin ní bhéadh lá rath nó rathamais go bráthach ar mo ghrainín beag caorach.”

D’fhág mé fhéin astoigh arais iad. Ba ghairid gur cuireadh Máire bhocht agus ní’l fhios agham caidé d’éirigh don bheairtín a bhí ‘sa chortha aici.

2. Luibheanna agus Leigheasanna

Gas-searbhán [*Taraxacum Officinale*] (Bliain: 1944/5; CBÉ 987: 142)

Níl luibh ar bith a fás amach as a’ talamh a bhfuil oiread tiodhlacaí a baint léithe agus atá sa ghas-searbhán. Bhí an sean-bhunadh ag ithe na luibhe seo go síorraidhe. Ní rabh sí le bruith nó aon dath, ach á tarraingt amach as a talamh agus a h-ithe fuar. Bhí sí ‘na leigheas an-mhaith casachtach. D’áirigheadh na seandaoine go gcoinneochadh an gas-searbhán beó go mbeadh a chuid sgamhán comh caithte le snáithe síoda! Bhruithtidhe an gas-searbhán, agus thugtaoi an sugh le h-ól dó dhaoine, go mór mhór dó pháisdí le n-a gcuid fola a ghlanadh.

Fad ó shoin nuair a bhí muid ar bpáisdí bhíodh greann mór againn a deánamh cloig dó’n bhláth bhán a fhásann ar an ghas-searbhán. Shéidimist ceann anois agus ceann arís de, agus an méid acu a d’fhanadh air. Sin an t-am a bhí sé. Leóga is minic nach rabh seo ró-cheart, ach mar sin fhéin chonnaic muid daoine fásta ag ‘ul dó comh maith le páisdí.

Crádán [*Arctium minus*] (Bliain: c.1945; CBÉ 987: 129)

Is iomaidh feidhm a thig a bhaint as an chrádán. Tá sugh an chradáin ar leigheas glanadh fola comh maith agus a d’ól duine ar bith ariamh. Gnidhthear dath as fosta.

An t-é a mbeadh ball droch-uisce air i n-áit ar bith, bhéarfadh an seanbhunadh leóbhtha duilleóg mhór do’n chrádán, agus rósfad siad ar an mhaide-briste iad go díreadh mar

dhéanfá le h-iasg. Chuiread siad na duilleogaí dearg te amach de'n teinidh leis an bhall droch-uisce, agus mur leighasad sin é ní rabh leigheas air.

Bhí crann a chrádáin íontach úsáideach ag na seandaoine fad ó shoin, thar ar dhá thaoibh na teineadh, le stocaí agus le h-éadaigh a chrochadh ortha, agus go spéisialta stocaí. Ní rabh clúid ar bith sa t-sean-am nach bhfuigtheá bata-crádán crochta ann. Níl oiread acú le feiceáil anois agus a bhí fad ó shoin.

Bhíodh greann mór ag páisdí fad ó shoin a chaitheamh na gcrádán ar a chéile, agus á ngreamú isteach i ngruaig agus i n-éadaigh a chéile.

Canach [*Eriophorum angustifolium*] (Bliain: 1945; CBÉ 987: 117)

Chualaidh mé na sean-mrá a ráit go minic gur chualaidh siad na sean-mhrá a bhí ann rompú fhéin a rádh gur ghráthach canach an tsléibhe a shníomh ins an áit seo fad ó shoin. Chualaidh mé nuair a thioctadh an t-am ceart dó'n bhliadhain – i dtráthaibh an fhóghmhair – go rachadh achan nduine astoigh ins na toighthe amach le bascóidí fhad leis na curraigh agus na cruic an áit a bhfásann an canach, agus chruinnighead siad lán na mbascóid de. Bhéarfadh na mrá abhaile é annsin agus dheánfad siad á spíonadh agus á chardáil. Ins an am sin bhí tuirní lín acu, agus chualaidh mé go dtiocfadh leóbhtha snáth a sníomh a bhéadh comh caol fíneáilte le snáithe síoda. Bhí na figheadóirí a bhí ag ‘ul ins an am sin fosta ábalta éadach a dheánamh a bhí cosamhail le síoda, agus ba ghráthach leóbhtha giota beag d’a leithid seo a chur ar chionn ghréasáin an lín.

Dá-h-ó (?)⁵ (Bliain: 1945; CBÉ 987: 133)

Luibh an-uasal an dá-h-ó, agus chualaidh mé an seanbhunadh a rádh go minic nár cheart dó dhuine ar bith baint daoithe. Níl fhios agam-sa í anois, ach nuair a bhí mé ‘mo ghiorrsaigh theisbeáin mo mháthair domh í, agus d’iarr sí orm gan baint dó’n luibh seo a choidheche, nó dá mbaininn go dtiocfadh ‘bunadh na gcruc’ orm!

⁵Seo mar a bhí sé scríofa ag Seán Ó hEochaidh agus comhartha ceiste aige in aice leis an teideal siocair nach raibh sé róchinnte den litriú.

Eallaí na nGeach (?)⁶ (Bliain: 1945; CBÉ 987: 137)

Tig tortha ar an luibh seo ins an fhóghmhar, agus bíonn siad íontach blasta. Bíonn boladh íontach deas de'n luibh seo oidhche mhaith sa t-samhradh, ach deireadh an sean-bhunadh go rabh nimh oirthí ins an am sin. Ba ghnáthach le daoine á h-iompar ina bpóca fad ó shoin le boladh deas a bheith as a gcuid éadaigh.

Tae (Bliain: 1946; CBÉ 1034: 283)

Ba ghnáthach tae a dheánamh den luibh a dtugtar cairtlinn-ghárraidhe uirthé. Thriomíodh siad an luibh go maith a chéad uair agus chuiread siad isteach i n-éadach í agus chrochadh siad os cionn na teineadh í. Bhruithead siad gráinín daoithe i bpota bheag annsin 'ach uile uair a mbíodh an 'tae' le deánamh acu.

Caora-sraen [*Vaccinium Myrtillus*] (Bliain: c.1945; CBÉ 987: 175)

Fásann siad seo ar fhraoch a dtugtar 'fraoch-cabóige' air i dTeilionn – mion fhraoch fineáilte. Bíonn na caora seo apaidh fá Lughnasa, agus téigheann daoine 'na chruic agus baineann siad lán cannaí agus bucóidí acú, agus gnidhfidhe deoch daobhtha cosamhail le fíon ins a' t-sean-am.

Bhaintidhe an fraoch a bhfásfad siad air ins a t-sean-am fosta, agus ba ghnáthach scuaba a dheánamh de. Ar na moillibh fhéin agus sula dtáinic na maisiain a ró-goiste, ba ghnáthach leis na daoine na préataí a spreághail le scuaib de. Go dtí an lá indiú tá daoine go leór a gníos seo.

Níor chualaidh daoine ariamh go rabh leigheas ar bith ins na caora-sraen, agus ní rabh ionntú ach gur mhaith le daoine a mbaint ar scór ar a n-ithe.

⁶Arís, ní raibh Ó hEochaidh iomlán cinnte den litriú sa chás seo agus chuir sé comhartha ceiste in aice leis an teideal. Chuir sé 'Wild Woodbine' idir lúibíní agus é curtha in iúl aige gur bhain 'Eallaí na nGeach' le canúint Theilinn agus gur bhain 'Duilleabhar Féile' le canúint Ghort a' Choirce.

Fraochógaí Dubha [*Vaccinium Myrtillus*] (Bliain: 1944/5; CBÉ 987: 176)

Tortha beaga dubha cosamhail leis na fraocháin a fhásann ar árdán thart fríd Theilíonn annseo. Ba ghnáthach le daoine ins a’ t-sean-am deoch cosamhail le fíon a dheánamh astú seo. Níor chualaidh mé ariamh go rabh léigheas ar bith ionntú.

Cál-fairrge (Bliain: 1946; CBÉ 1034: 283)

Bhaineadh na fir an luibh seo – cál fairrge agus thriomíodh siad í. Nuair nach mbíodh tobaca ceart le fáil acu chaitheadh siad sa phíopa í. Bhí sí comh maith le tobaca ar bith.

Léigheas na mBan (Bliain: 1945; CBÉ 988: 168)

Mrá is mó a mbíodh na léigheasaraí seo uilig acu fad ó shoin. Bhíodh siad ag fir fosta ar ndóiche, ach fhad agus a bheadh bean ar bith le fághail ‘san áit a mbeadh sean-léigheas acu seo aici, b’fheárr le mórán daoine tarraingt uirthi nó tarraingt ar na fir. Ar dhóigh ínteacht bhí na mrá i gcomhnuidhe níos neamh-ghroitheach, agus bhí seans níos fearr breith ortha fá na toighthe. Ins an am sin ba dhoiligh breith ar fhir Theilinn astoigh nó dá mbeadh an aimsir ar dhóigh ar bith socair, bhí na fir ar shiubhal ag iasgairacht ó dubh maidne go dubh oidhche, agus nuair a thiocfad siad abhaile tursach indiaidh a’ lae níor mhaith le duine ar bith tarraint ortha le buaidhreadh ar bith a chur ortha. Ina chuideachta sin, bhí níos mó dóchais ag na mrá ins na sean-léigheasaraí seo nó a bhí ag na fir, agus chonnaic mé fhéin fir a bhí faoi ‘n ainm an leigheas a bheith acu agus sé’n rud a rachadh siad a mhagadh ort dá dteightheá a dh’iarraidh ortha!

Dochtúirí Léighis (Bliain: 1945; CBÉ 988: 170)

Bhí daoine go leór thart fríd an áit seo fad ó shoin a dtiocfadh leóbhtha daoine agus beathadhaigh a léigheas, comh maith leis an bhunadh atá ainmnighthe agam. Tá a mbunadhas uilig ar shluagh na marbh anois (go ndéanadh Dia trocaire ortha) agus go dearbtha bhí cuid acu comh maith leis na dochtúirí atá ag ‘ul anois. Bhí mórán dóigheannaí acu le n-a gcuid leighis a dheánamh ach saoilim nach rabh dóigh ar bith a ba choitchiannta acu uilig nó léigheas na luibheanna. Deárfad siad uilig leat nach

rabh luibh a fás amach as a' talamh nach rabh a léigheas fhéin inntí dá mbéadh fhios ag duine é.

Bhíodh na seandaoine a leagan amach go rabh sa dúthchas ag na daoine seo na léigheasanna seo a bheith acu, agus ní chuirfeadh rud ar bith amach as a gceann nach dtigeadh sé anuas ó dhuine go duine leóbhtha cosamhail le rud ar bith eile a bhéadh sa dúthchas acu. Choinighead siad an dóigh leis na léigheasanna seo a dheánamh acu fhéin go maith, agus b'annamh a d'innsighead siad dó dhuine ar bith taobh amuigh do'n dream s'acu fhéin goidé'n dóigh a ndéanadh siad léigheas de sheórt ar bith, go spéisialta an léigheas a gníod siad le h-órtha nó a leithid sin. Leóga bhí a mbunadhas an dóigh chéadna leis na luibheanna. Bhí daoine thall agus i bhfos cuir i gcás a rabh fhios acu cé na luibheanna a léigheasfadh an ruadh, ach dá dteightheá chuca a dh'iarraidh an léighis rachadh siad fhéin amach agus bhainfeadh siad na luibheanna agus indiaidh a theacht isteach dhéanadh siad an léigheas agus ní bhéadh fhios agat-sa nó ag duine ar bith eile cé na luibheanna a bhain siad. Saoilim fhéin go rabh sin 'na shiocair mhór leis na sean-léigheasanna bás a fhághail. Ní sgarfadh an bunadh a rabh siad acu leóbhtha go mbuaileadh an bás iad, agus annsin thugadh siad leóbhtha 'na h-uaigh' iad.

Níor ghráthach 'dochtúirí' a thabhairt ar na daoine a bhíodh a léigheas mar sin ins a' cheantar seo, ach bhí dream de Chloinn Chuinnigeáin 'na gcomhnaidhe ar a' Charraic agus bhí siad an-mhaith a cóiriú crámha briste, agus cinnte ba ghnáthach le daoine thall agus i bhfos 'dochtúirí' a thabhairt ortha-san.

Níor chualaidh mé duine ar bith ariamh a trácht goidé mar fuair an dream seo an t-eolas fá na crámha. Bhí sé leóbhtha ó dhúthchas agus tá sé ag cuid acu go fóill, ach ní thugann daoine ar bith 'dochtúirí' ortha anois. Ní bhíodh dochtúirí eile sásta leis an t-é a rachadh innsear na 'dochtúirí' seo eile le léigheas ar bith a fhághail deánta, ach go speisialta le léigheas crámha-briste a fhághail. Mar dubhairt mé, b'fheárr Clann Chuinnigeáin i gcomhnuidhe nó iad fhéin, agus bhíodh éad ar na dochtúirí nuair a chluineadh siad daoine a dhul a gcomhair seo.

Ní thugadh na daoine díolaidheacht ar bith do lucht an léighis seo, nó ní bhéadh siad sásta daoine díolaidheacht a thairgthean daobhtha air shona shaothair, ach cinnte dá mba mhaith le duine 'cineál' a dheánamh ortha ghlacad siad a bhfuighead siad – cuir i gcás, dá mbriseadh iasgair a sciathán nó b'fhéidir a chos agus a dhul innsear

‘dhochtúir crámh’ acu seo, ghlacad sé díolaidheacht éisc uadh i n-am ínteacht ‘na dhiaidh sin nuair a bhéadh iasgaireacht scadán nó murlas ag ‘ul. Is minic a chonnaic muid uilig sin á dheánamh, ach níor chualaidh muid trácht ar iad airgead a fhághail ariamh, agus ní bhéad siad leath shásta leis an t-é a thairgfeadh airgead daobhtha ach oiread.

Bhí na daoine a rabh na sean-órthaí léighis agus léigheas luibheannaí acu an dóigh chéadna. Níor chualaidh mé trácht ar dhuine ar bith acu ariamh a ghlac páighe nó díolaidheacht airgid ar shon léigheas de sheórt ar bith a dheánamh. An méid acu a rabh aithne agham fhéin ortha bhí a sáith ins an onáir duine a dhul chuca a dh’iarraidh léighis ortha, agus bhí siad i dtólamh umhal sásta cuideadh le ‘ach uile dhuine dá dtiocfadh chuca.

Cléirí nó Cleite an Mhacháin (Bliain: 1945; CBÉ 988: 174- 177)

Tig pian i mbéal an mhacháin ar dhaoine i n-amannaí agus nuair a thig is léar leóbhtha go mbíonn cleite an mhacháin ar lár acu.

Bhí daoine áirid thall agus i bhfos fríd an cheantar fad ó shoin a dtiocfadh leóbhtha seo a leigheas. Níor mhothaigh mé iomrádh ar bith ag daoine ar an ghalar seo anois le fiche bliadhain ach b’fhéidir go bhfuil ainm ínteacht eile ag na dochtúirí ar sin anois agus go bhfuil dóigh ínteacht eile acu le n-a leigheas.

Is cuimhneach liom-sa an t-am nuair a bhí mé ‘mo ghioraigh agus ní rabh duine ‘sa taobh seo do’n pharaiste nach rachadh uilig go léir suas go Cruachlann fhad le fear a bhí annsin a dtugad siad John Ó Barráin air go dtógad sé cleite an mhacháin daobhtha, mar adeireadh siad féin. Bhí fhios aige-san agus ag a mhuintir roimhis an dóigh le seo a dheánamh, agus ní rabh fear nó bean eile ins an áit a dhéanfad é ach é fhéin ins an am sin.

An t-é a rachadh chuige agus a bhí a meas go rabh cleite an mhacháin ar lár aige, chuirfeadh John ‘na luighe ar chúl a chinn astoigh i leabaidh na clúide é.

Bhéarfad sé leis gloine mór folamh annsin agus leagfad sé a bhéal síos a mbéal a mhacháin ar an t-é a bheadh ag éagcaoin. Bhéarfad sé leis coineall annsin agus dhéanfad sé ceithre ghiota daoithe agus chuirfead sé na giotaí seo uilig thart fá-n

ghloine leagtha fosta ar an chroiceann. Lasadh sé na coinnle annsin agus go dtéigheadh oiread daoithe isteach suas ins a ghloine agus a líonfadh é. Nuair a bheadh sin deánta tharraineochad sé an gloine ar shiubhal agus bheadh an cleite tógtha annsin.

Is minic a bhí greann go leór fá dheánamh an leighis seo. Fear strácálach i gceart a bhí i John Ó Barráin, a rabh mórán talaimh aige agus bhíodh sé an-ghroitheach go minic. Tharla go dteachaidh bean as an áit seo chuige lá amháin leis an chleite a fhágáil tógtha. Lá an-bhréagh fóghmhair a bhí ann, agus bhí mórán féir scabtha amach ag John le cocaí móra a dheánamh de.

Comh luath agus a chuaidh an bhean seo ‘un toighe chuige bhí fhios aige go maith goidé’n siubhal a rabh sí ann. Chuir sé a luighe í agus chuir sé an gloine agus na coinnle le h-obair ar bhéal a mhacháin. Fhad agus a bhí sé a fanacht leis an fheoil éirigh isteach suas ins a’ ghloine goidé a chonnaic sé ach deora fearthanna a bualadh na fuinneoige. Bhí an t-an-mhórán féir scabtha amach aige, agus d’imthigh sé leis mar bheadh fear mire amach ar a doras agus d’fhág sé an bheana bhí ‘na luighe annsin, agus thosuigh sé a thógáil a chuid féir.

Bhí an bhean bhocht a bhí ‘na luigthe i gcruadh-chas. Bhí na coinnle a dóghadh agus bhí an gloine a líonadh agus ní rabh fhios aici faoi’n aer goide a bhí ag ‘ul a dh’éirigh daoithe.

D’iarr seisean uirthé gan bogadh anonn nó anall go dtigead sé féin arais.

Bhí eagla uirthé-se le linn na fearthanna a bheith a teacht go mb’fhéidir go ndéanfad sé dearmad ar fad daoithe-se. Ach mar dheánfadh Dia fhéin é, nuair a bhí na coinnle chóir a bheith dóigthe isteach go dtí ‘n croiceann aici, tháinic an fhearhainn comh trom air-san amuigh agus go mbéigean dó fhéin teicheadh agus an féar a fhágáil mar sin.

Tháinic sé isteach agus le h-obair mhór d’éirigh leis an gloine a fhágáil sgaithte . Ach nuair a bhí deireadh thart bhí sise buidheach don fhearhainn – níos mó buidheachas aici uirthé nó a bhí aige-san i gcás ar bith! Ach cé bith ba é an gloine nó an sgannradh a fuair sí a leigheas í. Bhí biseach uirthé teach abhaile daoithe agus níor thuit cleite an mhacháin aici ón lá sin go lá a báis.

Is minic a chualaidh mise na seandaoine a trácht ar an scéal sin. (Go ndeána dia trocaire orthu. Tá siad uilig marbh le fada.)

Leabhar Éoin (Bliain: 1946; CBÉ 1034: 397)

Níor c[h]ualaidh bunadh Theilinn trácht ariamh ar leabhar Éoin, nó go rabh tiodhlacaí ar bith a baint léithe. An t-é a bheadh as a chéill chuirtidhe ó theach go teach é ar na bailte, agus chaithfeadh bunadh an toighe a mbeadh a mhac-a-shailt acu suidhe leis go maidin. Chuirfeadh siad sin é go teach na comharsan ar maidin, agus thart mar sin ó theach go teach. An áit a mbeadh bean nach mbeadh aici ach í fhéin thiocfadh cupla buachaill de chuid a bhaile isteach agus d'fhuireochad siad aici go maidin. Sin a' rud a bhí ag 'ul annseo sa t-sean-am, ach tá sin tamall maith ó shoin. Is fada an t-am ó rinneadh teach mór Leitir Ceanainn agus tá siad ag 'dul annsin ó shoin.

3. Saolú Páiste agus Taithí na mBan

Páisde indiaidh a theacht 'un t-saoghail (Bliain: 1945; CBÉ 988: 144-145)

Chualaidh mé na sean-mhrá a bhí annseo agus mo mhaethir comh maith le duine a rádh fad ó shoin, dá mbeadh duine leóna nuair [*sic.*] fá na toighthe nuair a thiocfadh páiste un t-saoghail, dá dtugtaoi an páiste sin, agus a lámh a leagan ar an t-é a bheadh leóna, bheadh leigheas leóna ag an pháisde sin fhad agus a bhead sé beó.

Ba ghráthach leóbhtha sin a dheánamh i n-am mo mháthra, ach ní fhacaidh mé fhéin a'n nduine a dheánamh ariamh, siúd agus go rabh daoine thall agus i bhfos a rabh órtha an leóna acu, ach ba bheag a gheobhadh an ortha sin uathu. Ba mhaith leis na seandaoine i dtólamh na rudaí seo a choinneáil acu fhéin, agus b'annamh a leigfeadh siad a rún 'sair dhuine ar bith. Chualaidh mé fhéin iad ag 'ul dó na sean-orthaí seo agus déarfad siad na focla sa dóigh nach dtuigfeadh Gréagach iad!

Bhíodh eagla orthu go dtógfadh duine ar bith eile na focla agus go gcaillfeadh siad fhéin an leigheas. Bhíodh dúil acu daoine a bheith a tarraingt ortha ag iarraidh léighis ortha siúd [*sic.*] agus nach bhfághadh siad páighe ar bith, ach bhí inntinn acú go rabh siad os cionn na coitichiantachta nuair a chaitheadh daoine a theacht chuca, agus ba mhór an onáir leóbhtha sin!

Páisde nach bhfeiceann a athair (Bliain: 1945; CBÉ 988: 148-149)

Tá sé ariamh cánta ins a cheantar seo go bhfuil mórán tiodhlacaí ag páisde nach bhfacaidh a athair ariamh – sin páisde a bhfaigheadh a athair bás sula dtigeadh sé un t-saoghail. Deir siad i dtólamh go bhfuil leigheas salachair-béil ag na daoine sin.

Níl mórán ins a’ léigheas seo uilig. Baineann an t-é a bhfuil an leigheas seo aige de a bhearadh – más fear é – agus coisreacan sé é fhéin. Séideann sé isteach i mbéal an t-é a bhfuil an salachar béil air (nó uirthé) trí h-uaire agus tá an léigheas deánta.

Bhí seandúine annseo i dTeiliann ‘na chomhnaidhe i Rann na Cille, a rabh an léigheas seo aige agus chaith sé a shaoghal á dheánamh. Cathal Mac Canna, an seanchaidhe agus an sean-cheóltóir clúiteach. Thigeadh daoine as ‘ach uile chearn chuige a mbíodh an salachar béil ortha go ndéanadh sé an léigheas seo daobhtha.

Bhíodh bród mór ar Chathal na daoine seo a bheith a tarraingt air, agus bhí sé i gcomhnuidhe réidh fuileamhanta leis an léigheas a dheánamh. Níor ghlac sé páighe ar bith ariamh ar shon a shaothair, ach amháin dá dtugadh duine unnsa tobaca dó go nglacfad sé é, ach ní ghlacfad sé airgead ar scór ar bith.

Fuair athair Chathail bás i bhfad sul ar rugadh é, agus d’fhág sin an léigheas aige.

Tá bean beó go fóill thoir annseo ar an Atharach a bhfuil an léigheas aici – Máire Nic Aodha. Fuair a h-athair-san bás fosta sul ar rugadh í. Bhí sé lá amháin fá na cladaigh go gearr indiaidh a phósta, agus chonnaic sé maide bréagh a teacht isteach fá thír. Bhí saoste mór an lá seo, agus nuair a bheir sé ar chionn a mhaide tháinic a’n rollóg amháin isteach a thug amach é fhéin agus an maide agus cailleadh é. Tháinic an nighean ‘un t-saoghal annsin agus tá léigheas an t-salachair-béil aici ariamh ó shoin. Tá an léigheas aici, ach níor chualaidh mé iomrádh ar an aicid sin a bheith ar a’n pháisde le fada go leór. Níl sí comh coitchiannta agus a bhí sí sa t-sean-am cá bith.

Páisde a thiocthadh ar an t-saoghal roimh an am – Lá Beáltaine (CBÉ 1096: 396)

Chualaidh muid na sean-mhrá a rádh fad ó shoin go rabh sé ‘na ghrás choitichiannta dá dtigeadh páisde ‘un t-saoghail Lá Bealtaine agus roimh an am, agus é a bheith marbh – gur ghráthach an páisde sin a thabhairt agus a chur i dtalamh lánamhain ínteacht nach mbeadh muirighin ar bith acu, agus nach mbíodh a’ súil le a’n nduine go brathach. Ní thugtaoi páisde mar seo ‘na roilge le n-a gcur, agus leis an urchóid a chur uatha, agus mar shúil nach ndéanfad siad mórán dochair do dhuine ar bith eile siúd mar chuiread siad iad.

Luaidh Chéadaoin’ na Luadhcha (Bliain: 1947; CBÉ 992: 119-120)

Is an t-sean-am bhí na daoine an-chráibhtheach agus ba doiligh le duine ar bith Céadaoin [*sic.*] na Luadhcha a leigean thart gan tarraingt ar theach a’ phobail go bhfágadh siad an luaidh ortha fhéin. Bhí daoine i gcomhnuidhe, ar ndóiche, nach rabh bealach acu a dhul agus a chaithfeadh fanacht fá na toighthe le h-aire a thabhairt do pháisdí agus do dhaoine aosta. Bhí grás, is cosamhail ag na saghairt an uair sin nach bhfuil acu anois agus ‘sé sin, nuair a bhíodh siad réidh a cur na luadhcha ar na daoine, d’fhágadh siad an soitheach ar rialacha na h-altóra agus tháinig le duine ar bith ar mhian leis é a dhul agus grainín beag den luaidh sin a dhith air ‘á tabhairt leis abhaile. Thugadh siad abhaile í agus chuiread siad ar an t-é a bhí sa bhaile í go díreach mar dheánfadh an saghart. Dá mbeadh fear nó bean comhursan astoigh chuirfidh ar a nglúine iad fosta go gcuirtidhe an marc seo ortha.

Bhí dóchas mór ag mrá pósta ins an luaidh seo fosta, agus bhí sé ‘na ghrás choitichiannta acu gráinín daoithe a thabhairt leóbhtha ina gcuid éadaigh. Bhíodh groithe ar leith acu-san léithe, agus bhíod sí ina cuideadh mhór acu i n-amanna thall agus i bhfos.

[Nóta]

Rinn mé iarraidh fagháil amach ó Mháire annseo cén ócáid spéisialta a mbaineadh mrá úsáid as an luaith seo ach ní rabh sí sásta mórán níos mó eolais a thabhairt domh ar an phoinnte sin. Measaim fhéin do réir mar phiocaim as a cuid seanchais go mbaintidhe féidhm as an luaith ar dhóigh ínteacht nuair a bhíodh páisde a teacht ‘un a tsaoghail.

Chuir mé ceisteanna ar mhráibh eile fá'n phoinnte chéadna ach ní bhfuair mé sásamh ar bith, ach d'aithneocha ortha uilig go rabh an t-eolas céadna acu.

Seán Ó hEochaidh,

Cruachlann

Conall Ó Beirn (c.1909-1980)

Innéacs

Imleabhar	Leathanaigh	Ábhar	Rangú	Bliain
138	93-101	Eachtra a tharla don tseanchaí	Seanchas Iascaireachta	1935
139	296-299	‘fuis sgéalta’	Finscéal sí	1935
139	300-302	‘fuis sgéalta’ [Eachtra a tharla d’athair mór an tseanchaí amuigh ar an fharraige]	Seanchas Iascaireachta	1935
139	302-303	Eachtra a tharla don tseanchaí	Seanchas áitiúil	1935
139	304-305	Eachtra áitiúil	Seanchas faoin diabhal	1935
140	29-30	‘fuis sgéalta’ [a chuala sé ó Niall Mac Fhionnlaoich, Málainn Bhig]	Seanchas Iascaireachta	1935
140	30-31	“fuis sgéalta” [Niall Mac Fhionnlaoich]	Seanchas Iascaireachta	1935
140	32-35	‘An t-Oileán Sidhe’ [Niall Mac Fhionnlaoich]	Finscéal sí/ Seanchas Iascaireachta	1935
140	35-37	‘Jimí Bhidí Ceárr agus an Cóisde-Sidhe’	Finscéal sí	1935

Innéacs na Seanchaithe

140	38-41	‘An Bhean Ghlúin’	Finscéal sí/ Mná glúin	1935
140	42	Amhrán: ‘Thiar i mbruach a’ t-sléibhe’ (dhá véarsa)	Amhrán	1935
140	77-80	Eachtra a tharla don tseanchaí amuigh ar an fharraige	Seanchas Iascaireachta	1935
140	137-149	‘Sgéal Phadaí Gadhra’	Seanchas áitiúil/ Lá aonaigh	1935
140	139-140	Seanchas faoi Phadaí Gadhra ar lean	Seanchas áitiúil	1935
140	140-142	‘Bean i nDoire Leathan agus a Diabhal’	Seanchas faoin diabhal	1935
140	143-144	‘Sgéal “Fear-Sidhe Áranna”	Finscéal sí	1935
140	297-300	Seanchas áitiúil	Seanchas faoi shagairt	1935
141	206-208	‘Triúir <i>Police</i> ’	Finscéal sí	1935
141	208-210	‘Sgéal seo fá “bhunadh na gCruc”’ [Gleann an Bhaile Dhuibh, Cill Chartha]	Finscéal sí	1935
141	319-321	Seanchas fán Tráigh Bháin [eachtra a tharla don tseanchaí]	Seanchas Iascaireachta/ Finscéal sí	1935

Innéacs na Seanchaithe

141	321-322	Seanchas áitiúil faoi fhear a bhí ag siúl abhaile go mall san oíche leis fhéin	Seanchas áitiúil/ Finscéal sí/ Damhsa i gCill Chartha	1935
141	323-341	‘Scéal – “An Blocán”	Seanscéal idirnáisiúnta (ATU 510)	1935
142	388-390	Seanchas áitiúil fá bheirt bhan a bhí thuas ar Bhun Glas	Seanchas áitiúil/ Taibhse	1935
1034	262-264	‘Fioga – Luachair’	Luibheanna	1946
1034	265	‘Seamair Mhuire’	Luibheanna/ Leigheasanna	1946
1034	266-267	‘Coileach a tharraing “log” ‘na dhiaidh’	Éin feirme/ Lá Aonaigh	1946
1170	64-80	‘Scéal an Bhlocáin’	Seanscéal idirnáisiúnta (ATU510)	1949
1170	81-100	‘Naomh Peadar agus a bhuachaill’	Seanscéal	1949
1170	107-121	‘An Gaduidhe Dubh’	Seancéal	1949
1170	122-124	‘Máire Néill Mhóir agus an Bhean Sidhe’	Finscéal sí	1949
1170	125-132	‘Bean a tugadh as’	Finscéal sí	1949

Innéacs na Seanchaithe

1170	133-146	‘Sighle Bheag agus Seán Mór’	Seanscéal	1949
1170	282-286	‘Cabhair ón Mharbhanach’	Seanchas Iascaireachta/ Finscéal sí	1949
1343	265-268	“Ní bhéidh tú a choidhche gan scéal!” [seanchas faoin lucht siúil]	Seanchas	1954
1343	269-272	‘Máire Néill Mhóir agus na Daoíní Beaga’	Finscéal sí	1954
1343	273-276	‘Piobaire Sidhe’	Finscéal sí	1954
1343	279-283	‘Ní bheidh tú a choidhche gan scéal!’	Seanchas	1954
1343	283-286	‘Máire Néill Mhóir agus an bhean sidhe’	Finscéal sí	1954
1343	287-303	‘An Ridire Francach’	Seanscéal	1954
1343	304-320	‘An Figheadóir agus an Bhean Sidhe’	Finscéal sí	1954
1343	321-341	‘Gréagach, Mac Rí na dTulach’	Seanscéal Gaisce	1954
1343	342-357	An tSeanbhean nár cuireadh a sáith saibhris léithe	Seanscéal	1954
1343	358-360	‘Bunadh na gCroc’	Finscéal sí	1954

Innéacs na Seanchaithe

1343	360-363	‘An Bhean Ghlúin agus an Bhean Sidhe’	Finscéal sí/ Mná glúin	1954
1343	363-364	‘An Diabhal i n-Ailt a’ Mhaoiliogáin’	Finscéal sí	1954
1343	365-368	‘Scian in aghaidhe na h-urcóide’	Seanchas na farraige	1954
1343	369-370	‘Bochtógaí’	Seanchas farraige/ An slua sí	1954
1343	371-375	‘Na Sídhheogaí ins na Caoráin’	Finscéal sí	1954
1343	376-379	‘Fuireann Fheidhlimidh Ó Gallchubhair ‘	Seanchas na farraige/ Finscéal sí	1954
1343	380-381	‘Salann ar bhrachán agus na daoíní beaga’	Salann/ Bia/ Slua sí	1954
1343	381-387	‘Seachrán Sidhe’	Finscéal sí	1954
1538	154-166	‘Gréagach, Lonndubh Mac Rí na dTulach’ [nóta ag S. Ó hEoch: ‘Seo astoigh cnuasach de shean-scealta atá mé indiaidh a chur i gcionn a chéile – mórán aca scríobh mé ó nótaí a bhí agam le fada an lá’]	Seanscéal gaisce	c.1955

Innéacs na Seanchaithe

1538	167-177	‘Nighean Rí ar Oileán Dorcha an Domhain Thoir’	Seanscéal	c.1955
1538	178-188	‘Ridire Beag na Fraince’	Seanscéal	c.1955
1538	210-219	‘An t-Sean-chailleach nár cuireadh a sáith saidhbhris ‘na h-uaighe leithe’	Seanscéal	c.1955
1667	166	Airgead Sí	Finscéal sí	c.1956
1705	66-70	‘Iascairí na mBallán agus na Daoíní Beaga’	Seanchas na farraige/ Finscéal sí	1964
1705	71-72	‘An Cailín Donn’	Amhrán	1964
1705	73-74	‘An Bhean agus an Bás’	Seanchas áitiúil/ Coiligh	1964
1705	74-75	‘Cailleach ‘na Gearrfhia’	Lá Bealtaine/ Finscéal sí/ Giorriacha	1964
1777	199-215	‘Mac Rí Éireann agus an Cailín Rua’	Seanscéal	1971
1791	2-15	‘Lucht Siúil’	Seanchas faoin lucht siúil/ Cúrsaí teanga: Seiltis/ Caintis	1972
1791	510-516	‘An Diabhal i ngan fhios i dteach’	Seanchas faoin diabhal	1972
1835	454-455	‘Croc Áine’	Finscéal sí	1975

Innéacs na Seanchaithe

1835	458-460	‘An diabhal a thabhairt iarraidh corp a thabhairt go hIfrinn’	Seanchas faoin diabhal	1975
1835	461-467	‘Mac na Baintreabhaí agus an Minister’	Cúrsaí Creidimh/ Seanchas faoin diabhal	1975

Máire Ní Bheirn (c.1898-1976)

Innéacs

Imleabhar	Leathanaigh	Ábhar	Cur Síos	Bliain
390	137-139	Seanchas faoi fhear nár fhreastal ar an aifreann	Finscéal sí	1937
390	140	Seanchas fá Bhun Glas	Finscéal sí	1937
987	8,9,16,	‘Aibirtí Ócáide neamh-choithchiannta’	Bailiúchán abairtí	1944
987	124	‘Ros Copóige’ [Ní Bheirn agus Uí Cheallaigh]	Luibheanna	c. 1944
987	132	‘Crotall a’ Talaimh’	Luibheanna	c. 1944/5
987	137	‘Éann’ [Eidhneán]	Luibheanna	c.1944/5
987	155	‘Pis’	Luibheanna	c.1944/5
987	176	‘Fraochógaí Dubha’	Luibheanna	c.1944/5
987	193-197	‘Iasc Úr’	Bia/ Finscéal sí	c.1944/5
987	198	‘Iascairí agus Stocáí gan Sgiúradh’	Seanchas na farraige/Éadaí	c.1944/5

Innéacs na Seanchaithe

987	198	‘Snáth gan sgiúradh’	Snáth/Iasc/ Bunadh na gCnoc	c.1944/5
987	273	‘Nótá’ [Nóta breise tugtha ag MNB faoi na cleasanna a d’imrítí Oíche Shamhna [cuntas a thug Seán Mac Seagháin 265-266]	Oíche Shamhna/Cluichí	c. 1945
989	11-12	‘Saghairt’	Seanchas faoi shagairt	1945
989	13-17	‘Saghart a thug fear as Ifreann’	Seanchas faoi shagairt	1945
989	17-19	‘Saghart na nGrásta’	Seanchas na farraige/ seanchas faoi shagairt	1945
989	20-21	‘Saghart a tabhairt éisc ‘na báighe’	Seanchas na farraige/ seanchas faoi shagairt	1945
989	22-23	‘Pionús saghairt ar chailín gan náire’	Seanchas faoi shagairt	1945
989	23-26	‘Saghart a cur cúl ar fhearhainn’	Seanchas faoi shagairt	1945
989	27-30	‘Saghart ar baisteadh’	Seanchas faoi shagairt	1945

Innéacs na Seanchaithe

989	30-33	‘Saghart a coisreacan báid’	Seanchas faoi shagairt/ seanchas na farraige	1945
989	33-36	‘Saghart agus Báilidhe’	Seanchas faoi shagairt	1945
989	37-39	‘Saghart agus Cráin Mhuice’	Seanchas faoi shagairt	1945
989	40-42	‘Saghart a cur féasóige ar chailín’	Seanchas faoi shagairt	1945
989	43-44	‘Saghart a dalladh buachalla’	Seanchas faoi shagairt	1945
989	85	‘Sean-fhocla fá shaghairt’	Seanchas faoi shagairt/ Seanfhocail	1945
989	317-320	‘Eala - Swan’	Éin	1945
989	383-389	‘Éanlaigh feirme: Coiligh’	Éin feirme	1946
989	389-390	‘Coileach Bhiodaí Seághain’	Éin feirme	1946
989	391-392	‘An Coileach mar am’	Éin feirme	1946
989	392	‘An Coileach coisreaca’	Éin feirme	1946
989	393	‘An Leigheas sa Choileach’	Éin feirme	1946

Innéacs na Seanchaithe

989	393-396	‘Scairt an Choiligh’	Éin feirme	1946
989	397-400	‘An Déagh-scéal leis an choileach’	Éin feirme	1946
989	400-402	‘Coileach a fhághail bhuidhe ar an diabhal’	Éin feirme	1946
989	407-410	‘Coileach a scairtfeadh i n-am nár chóir dó’	Éin feirme	1946
989	411	‘Coiligh a scairtigh roimh bhás daoine áirid’	Éin feirme	1946
989	411-413	‘Áit nach scairteann coileach ar bith’	Éin feirme	1946
989	413	‘Coiscéim Coiligh’	Éin feirme	1946
989	414	‘An coileach ‘na comhartha fearthanna’	Éin feirme/ Comharthaí aimsire	1946
989	414-415	‘An coileach sean-oidhche Shamhna’	Éin feirme/ Samhain/ Seanchas iascaireachta fá Chonnachta	1946
989	415	‘Cosa coiligh ‘á nighe’ [ní dhéantaí é seo i dTeileann]	Éin feirme	1946

Innéacs na Seanchaithe

989	415	‘Cock-shot’	Caitheamh aimsire/ Cluichí/ Páistí	1946
989	436	‘Ag Ithe Blaosgacha’	Uibheacha	1946
989	437-438	‘Uibheacha ‘chois cladaigh’	Uibheacha	1946
991	388-394	‘Scéal beag fá abairt’ [Nóta ag S. ÓhEoch. gur cuireadh a bhfuil san imleabhar ar fad i gcló in <i>Béaloidas</i> 1944 seachas an ceann seo (27)]	Bailiúchán abairtí	1944
991	439-440	Abairt	Bailiúchán abairtí	1944
991	447, 474	Abairt	Bailiúchán abairtí	1944
992	3	‘Human Blood’	Fuil Daonna	1947
992	4	‘Fuil Chlann Uí Chathmhaoill’	Fuil Daonna/ Leigheasanna	1947
992	5	‘Fuil Dúnmhairitheora’ [ní raibh seo sa tseanchas i dTeileann]	Fuil Daonna/ Dúnmharaithe	1947
992	5-6	‘Fuil sidheóg’	Fuil Daonna	1947
992	7	‘Gruag’	Gruaig	1947

Innéacs na Seanchaithe

992	7-8	‘Beilt Ghruaige’	Gruaig	1947
992	8	‘Páiste a mbéidh gruag fhada air’	Gruaig	1947
992	35	‘Fiacal as corp’	Fiacla/ Corp an duine	1947
992	35-36	‘Uisce a nighfeadh corp’	Uisce/Leigheasan na	1947
992	36	‘Fuil as coilleach dubh Mhárta’	Fuil/ Éin feirme/ Leigheasanna	1947
992	37	Ais-éadach	Éadaí/ Iompar clainne	1947
992	37-38	‘Sópa a nighfear corp leis’	Bás/ Éadaí	1947
992	38	‘Fuígheall Faire’	Fáirí/ Flaithiúlacht agus Féile	1947
992	39	‘Salann’	Salann/ Bia/ Ainmhithe	1947
992	40	‘Salann ar bhainne’	Salann	1947
992	40	‘Iasacht Salainn’	Salann	1947
992	41	‘Salann agus bunadh na gcroc’	Salann/ Bunadh na gCnoc	1947
992	41	‘Salann a dhórtadh’	Salann	1947
992	42	‘Salann i dtoibreacha’	Salann/ Toibreacha	1947

Innéacs na Seanchaithe

992	43	‘Salann i dteinidh’	Salann/ Seanchas Iascaireachta	1947
992	43	‘Salann ‘na chomhartha aimsire’	Salann	
992	44	‘Salann á chur le bárr’	Salann	1947
992	45	‘Salann faoi chuinneóg’	Salann/ Bia	1947
992	46-47	‘Salann agus Poitín’	Salann/ Déanamh Poitín/ Bratóg Bhríde	1947
992	47-	Seanchas faoi iascaire a rinne sparán as bratóg Bhríde	Seanchas Iascaireachta/ Bratóg Bhríde	1947
992	51-52	‘Rudaí a rabh baint ag na sidheogaí leó - Min chruaidhghil’	Bunadh na gCnoc/ Saolú Páiste/ Mná glúin	1947
992	53-57	‘Iasacht min chruaidhghil’	Bia/ Catharnacht	1947
992	80	‘Leigheas faithní’	Leigheasanna/ Seilidí	1947
992	90	‘An Teinidh’	Tinte/ Seanchas Iascaireachta	1947
992	91	‘Teinidh agus an aimsir’	Tinte/ Comharthaí aimsire	1947

Innéacs na Seanchaithe

992	92	‘Teinidh agus teinidh Dia’	Tinte/ Leigheasanna	1947
992	123	‘Súighche’	Súiche/ Leigheasanna	1947
992	124	‘Súighche ag glanadh fiacal’	Súiche/Fiacla	1947
992	124	‘Súighche i mbrógaibh’	Súiche/Éadaí	1947
992	125	‘Súighche mar leas’	Súiche/ Préataí	1947
992	125	‘A marcáil uibheacha le súighche’	Súiche/ Uibheacha	1947
992	126	‘Súighche ar Bhrollach’	Súiche/ Taithí na mBan/ Tógáil páiste	1947
992	126	‘Gualach naoi bpota’	Leigheasanna/ Ainmhithe	1947
992	127	‘Súighche mar chomhartha aimsire’	Súiche/ Comharthaí Aimsire	1947
992	128	‘Súighche ar ádhmad’	Súiche	1937
992	129	‘Toit’	Toit	1947
992	129	‘Toit pháipeair’	Toit/ Leigheasanna	1947

Innéacs na Seanchaithe

992	129	‘Iasc sa toit’	Toit/ Iasc	1947
992	130	‘Éilín sa toit’	Toit/ Éin/ Leigheasanna	1947
992	130	‘Toit thobaca’	Toit/ Leigheasanna	1947
992	131	‘Toit na Beáltaine’	Toit/ Lá Bealtaine	1947
992	147	‘Uisce ‘san oidche’	Uisce	1947
992	147	‘Deoch Altuighthe’	Deochanna	1947
992	162	‘An tuile Oidhche Nodhlag’	Nollaig/ Aimsir	1947
992	162-163	‘Uisce tobair Oidhche Nodlag Beag’	Nollaig/ Toibreacha	1947
1034	148	‘Córda Gréasaidhe’	Ceird an Ghréasaí	1946
1034	318	‘Bia na Samhna’	Bia/ Samhain	1946
1034	319	‘Arán Naomh Nioclais srl.’	Bia/ Naoimh	1946
1034	320-321	‘[Ainmhithe]’	Ainmhithe/ cat dubh/ asal	1946
1034	322	‘Ainmhidhe a chur i geuid na comharsan’	Ainmhithe	1946
1034	323	‘Gabhar le h-eallach’	Ainmhithe	1946
1034	335-337	‘Im gan salann’	Im/ Salann	1946

Innéacs na Seanchaithe

1034	339	‘Im mar léigheas’	Im/ Leigheasanna	1946
1034	351-354	‘Bó Sidhe’	Finscéal sí	1946
1034	378-379	‘Leathar Gréasaidhe’	Ceird an ghréasaí	1946
1034	388-392	‘Salachar Cearc i n-Oifige’	Finscéal sí/ Seanchas Iascaireachta/ Oifig	1946
1034	415-417	‘Crosannaí Beannuighthe’	Crosa/ Leigheasanna/ Seanchas faoi shagairt	1946
1034	418-426	‘Cros a fuairtheas i bpréata’	Crosa/ Préataí	1946
1034	422	‘Comhartha na Croiche ar uibheacha’	Crosa/ Circe	1946
1034	422	‘Cros lá fhéil Pádraic’	Crosa/ Éadaí	1946
1034	423	‘Leabhar Urnaigh’	Cúrsaí Creidimh/ Taibhsí	1946
1034	426-437	‘Uisce-coiscreaca’	Uisce Choisricthe/ Iascairí/ Saolú Páiste/ An Bás/ Déanamh Poitín	1946
1034	441	‘Seanfhocal’	Seanfhocal	

Innéacs na Seanchaithe

1034	443	‘Uisce-coisreaca a chraitheadh’	Uisce Choisricthe	1946
1034	444	‘Uisce-coisreaca ar dhúbhshraith toige’ [sic.]	Uisce Choisricthe/ Tithe	1946
1034	444-445	‘Uisce-coisreaca i n-am tóirneach’	Uisce Choisricthe/ Aimsir	1946
1034	445	‘Uisce-coisreaca ar an teórainn’ [ní raibh an nómhaireacht seo i dTeileann]	Uisce Choisricthe	1946
1034	445	‘Uisce-coisreaca ar chrosannaí Brighde’	Uisce Choisricthe/ Cros Bhríde	1946
1034	446-447	‘Anál Dhaonda’	Leigheasanna/ Corp an duine	1946
1034	448	‘Anál na gCiallannaí’	Cúrsaí tinnis agus galair	1946
1034	449	‘Ball-seirc’	Corp an duine/ Comharthaí	1946
1096	394	‘Toit na Beáltaine’	Lá Bealtaine/ Toit	1947
1096	395	‘Teinte Crámh’ [níor chuala MNB faoin nós seo ar Lá Bealtaine]	Lá Bealtaine/ Tinte	1947
1096	395	‘Idir a’ dá theinidh Bhealtaine’	Bailiúchán abairtí	1947

Innéacs na Seanchaithe

1096	395	‘Goid ime’	Im	1947
1142	335	‘Seanchas fá arán coirce’ [nóta ag tús an imleabhair (lch 324): ‘Do cruinnigheadh an t-eolas so chun cabhruithe leis an Dr. Åke Campbell as Uppsala sa tSualainn’	Bia/ Saolú páiste/ Fear Gortach	1947
1142	109-111	‘Fóchail’ [Séamus Mac Aonghusa]	Amhrán	1943
1282	113-114	‘Bríd Bhán Ní Eochaidh’ [Séamus Mac Aonghusa]	Amhrán	1943
1282	119-121	‘Amhrán na dTinnléarannaí’ [S. Mac Aonghusa]	Amhrán	1943
1282	125-126	‘An Seanduine Dóighte’ [S. Mac Aonghusa]	Amhrán	1943
1343	411-412	‘Fear sidhe i mbun camáin’	Finscéal sí	1954
1343	412-413	Seanchas faoi thithe ar thalamh uasal	Finscéal sí	1954

Innéacs na Seanchaithe

1343	413-414	Seanchas faoi fhear an chasúir	Finscéal sí	1954
1343	414-416	Seanchas faoi phíobaire sí ag bainis	Finscéal sí	1954
1343	416	Seanchas faoi fhear de bhunadh na gcnoc	Finscéal sí	1954
1343	417	Seanchas ar lean	Finscéal sí	1954
1343	417	Seanchas faoi bhunadh na gcnoc san oíche	Finscéal sí	1954
1343	418-419	‘Bean glúin [<i>sic.</i>] agus marcach sidhe’	Finscéal sí/ Mná glúin	1954
1343	419-420	‘Éideadh lucht sidhe’	Finscéal sí/ Portach	1954
1343	420-421	‘Bunadh na gcroc comh fairsing le féar’	Finscéal sí	1954
1343	421	‘Cloch gheal agus na daoine beaga’	Finscéal sí/ Clocha	1954
1343	422-423	‘Ag baint cloch i n-áit uasal’	Finscéal sí/ Clocha	1954
1641	220-221	‘Conall an Chró Bháin’ [nóta ag Ó hEochaidh go bhfuil an port ar théip]	Finscéal sí & portaireacht bhéil	1963

Innéacs na Seanchaithe

1641	222-224	‘Cloch Uasal Ráchlanna’	Seanchas áitiúil/ Clocha	1963
1641	224-225	‘Bean Ghlúin an Ruadhlaigh’	Finscéal sí/ Mná Glúin	1963
1641	226-229	‘Scéal na Bó Brice’	Finscéal sí	1963
1641	229-230	‘Báthadh Phrochlais’ [nóta ag S. Ó hEochaidh go bhfuil an port ar an téip]	Seanchas áitiúil/ Finscéal sí/ Portaireacht bhéil	1963
1641	231-232	‘An Píobaire Ruadh’ [portaireacht ar an téip]	Finscéal sí/ Portaireacht bhéil	1963
1641	233-236	‘Feidhlim Ó Gallachobhair’	Finscéal sí/ Seanchas faoi shagairt	1963
1641	237	‘An Cailín Donn’	Amhrán	1963
1641	238	‘Seán Ó hEochaidh’	Amhrán	1963
1641	239-240	‘Bríd Bhán’	Amhrán	1963
1641	241	‘An Cailín Deas donn’	Amhrán	1963
1642	212-216	‘Cailín a bhítheas a tabhairt as’	Finscéal sí/ Samhain	1963
1642	216-219	‘Uisce ar na daoine beaga’	Finscéal sí/ Clocha/ Salann	1963

Innéacs na Seanchaithe

1642	318-321	‘Ealadha dubh’	An Ealaín Dhubh/ Seanchas na farraige	1963
1642	322-325	‘Ag cur sean-bhróg i dtalamh’	Lucht Siúil/ Bróga	1963
1642	326-329	‘Sruth Fhorláin’	Seanchas cráifeach/ Leigheasanna	1963
1777	74-78	‘Tobar na Faoileoige’	Toibreacha/ Leigheasana	1970
1777	79-83	‘Driúcht na Bealtaine’	Lá Bealtaine	1970
1777	80-83	Seanchas faoi ‘na cailleachaí pisreógacha’	Lá Bealtaine	1970
1777	84-85	‘Míofaracht mar ghalar’ [‘Ortha na Míofaireachta’]	Leigheasanna/ Ortha/ Lá Bealtaine	1970
1777	85-86	‘Uisce Bealtaine’	Lá Bealtaine/ Uisce	1970
1777	86	‘Pósadh na Bealtaine’	Lá Bealtaine/ Pósadh	1970
1777	109-111	‘Cluiche Páisdí’	Cluichí/ Páistí	1971
1777	112-115	‘Brionglóideach Ghéar’	Brionglóidí/ Tairngreachta	1971

Innéacs na Seanchaithe

1777	116-118	‘Buataisí lán uisce’	Seanchas na farraige/ Tairngreachta/ Brionglóidí	1971
1791	16-23	‘An Bacach Mór agus Bacaigh eile’	Ag lorg déirce/ deilíní	1972
1791	435-436	‘An diabhal mar phíobaire’ [portaireacht bhéil]	Seanchas faoin diabhal	1972
1791	437-441	Seanchas faoi ‘Screig an Diabhail’	Dinnseanchas/ Seanchas faoin diabhal	1972
1791	523-529	‘Daoine a gcuireadh an diabhal ní ba mhó buartha orthu ná daoine eile’	Seanchas faoin diabhal	1973
1835	450-453	‘Amaidigh Ban’	Seanchas áitiúil	1975
1835	468-470	‘An Bheirt Dheartháir: An saghart agus an ministir’	Seanchas áitiúil/ Cúrsaí creidimh	1975
1843	181-183	‘Lucht déanta poitín agus an diabhal’	Seanchas faoin diabhal/ Déanamh poitín	1974
1843	184-187	‘Fear beag ribeach rua’	Finscéal sí	1974

Innéacs na Seanchaithe

1844: <i>Lth 98: Nóta ag S. Ó hEochaidh ar bhás Mháire Ní Bheirn. D'éag sí cúpla lá i ndiaidh dó an méid seo thíos a bhailiú - Dé Sathairn 12.01.1976</i>				
1844	99-103	'Bean na Sealbha agus na Daoine beaga'	Seanchas faoin diabhal/ Samhain	1976
1844	103-110	'Iascaire a bhí ag na Daoine beaga'	Finscéal sí	1976
1844	111-113	'Bean a tugadh "as"'	Finscéal sí	1976

Máire Uí Cheallaigh (c.1891-1971)

Innéacs

Imleabhar	Leathanaigh	Ábhar	Cur Síos	Bliain
310	397-399	‘Mo Chailín Donn’	Amhrán	1937
987	17	‘Na trí neithe is fuaire amuigh’	Bailiúchán abairtí	c.1944
987	104	‘Airgead-Luachra’	Luibheanna/ Bainne	c.1944
987	114	‘Bó-Muc’	Luibheanna	c.1944
987	117	‘Canach’	Luibheanna/ Sníomh	c.1945
987	124	‘Ros Copóige’ [Ní Bheirn & Uí Cheallaigh]	Luibheanna/ Leigheasanna	c.1945
987	127	‘Cuinneógaí Báinne’	Luibheanna	c.1945
987	129	‘Crádán’	Luibheanna/ Leigheasanna	c.1945
987	131	‘Cúl le Talamh’	Luibheanna	c.1945
987	133	‘Dá- h-ó (?)’ [Ní raibh S. Ó hEoch. cinnte faoin litriú]	Luibheanna	c.1945
987	134	‘Dearcán’	Luibheanna/ Feirmeoireacht	c.1945

Innéacs na Seanchaithe

987	137	‘Eallaí na nGeach (?) (Wild Woodbine)’	Luibheanna/ Boladh cumhra	c. 1944/5
987	142	‘Gas-Searbhán’	Luibheanna/ Leigheasanna	c.1944/5
987	143	‘Gromlus’	Luibheanna/ Glanadh	c.1944/5
987	168	‘Seanchusc fá’n Lus- Mhór’	Luibheanna	c.1944/5
987	175	‘Caora Sraen’	Luibheanna/ Scuab	c.1945
987	176	‘Lus na Seangán’	Luibheanna	c.1945
987	248-252	‘Tobar an Lagáin’	Toibreacha	1945
987	297-298	‘Deóra Fuara’	Comharthaí Báis	1945
988	138-141	‘Tochas’ [Miscellaneous Omens –Handbook 380]	Comharthaí	1945
988	141	‘An Tuile Oidhche Nodhlag Beag’	Aimsir/ Nollaig/ Comharthaí	1945
988	142	‘Comharthaí na h- Aimsire’	Aimsir/ Comharthaí	1945
988	143	‘Maidin Lá Bealtaine’	Lá Bealtaine	1945
988	144-145	‘Páisde i ndiaidh a theacht chun tsaoghail’	Saolú páiste/ Leigheasanna	1945
988	145	‘Imirt Cárdaí agus Ádh’	Cártaí/ Snáth	1945
988	146-147	‘Duine a siubhal ar uisce’	Codladh/ Suansiúl	1945

Innéacs na Seanchaithe

988	148-149	‘Páisde nach bhfeiceann a athair’	Leigheasanna	1945
988	150-151	‘Fiabhras-Cinn’	Tinneas/ Leigheasanna/ Orthaí	1945
988	152-154	‘Éan Corr Cingéise’	Saolú páiste/ Seanchas cráifeach/ Dúmhairithe	1945
988	155-157	‘Leigheas “Droch-Amharc”’	Leigheasanna/ Droch-Amharc/ Bréid ar chaoirigh	1945
988	158	‘An Seachtmhadh Mac’	Leigheasanna	1945
988	159	‘Leigheas na gCaisidí’	Leigheasanna/ Ginealaigh	1945
988	160	‘Leigheas Mhuintir Chathmhaoil – Cahill’	Leigheasanna	1945
988	161-162	‘Coimhthigheach (?) - Léigheas’ [ainm ar aicíd nach raibh coitianta]	Leigheasanna/ Fuil	1945
988	163	‘Leigheas Teine Dia’	Leigheasanna	1945
988	164-165	‘Clann Uí Dhubhagáin’	Seanchas Iascaireachta/ Luchógaí móra	1945
988	166	‘Clann tSeághain’	Ginealaigh	1945

Innéacs na Seanchaithe

988	167	‘Daoine nach luigheadh mialtógaí ortha’	Ginealaigh/ Feithidí	1945
988	168	‘Leigheas na mBan’	Leigheasanna	1945
988	169	‘Clann Uí Fhrighill’	Leigheasanna/ Ginealaigh/ Imirce	1945
988	170-173	‘Dochtúirí Leighis’	Leigheasanna/ Dochtúirí Dúchasacha/ Ginealaigh	1945
988	174-177	‘Cléirín nó Cleite an Mhacháin’	Leigheasanna	1945
988	178-179	‘Dochtúirí Sidhe’	Leigheasanna/ Finscéal sí	1945
988	179-181	Seanchas faoi bhean áitiúil	Finscéal sí/ Dochtúirí sí/ Leigheasanna/ Luibheanna	1945
988	182	‘Sníom na Péiste’	Leigheasanna/ Snaidhmeanna	1945
988	183	‘Leigheas Fiabhrais Cinn’	Leigheasanna	1945
988	184	‘Leigheas - Dóighte’	Leigheasanna	1945
988	185	‘Fáidh Aiteamhail’	Tarraingteachta/ Comharthaí	1945
988	186-188	‘Daoine Soineanta’	Seanchas cráifeach/	1945

Innéacs na Seanchaithe

			Seanchas Iascaireachta	
989	5-9	‘An tAifreann’	Cúrsaí Creidimh	1945
989	9-10	‘An tAifreann’ (leagan eile)	Cúrsaí Creidimh	1945
989	45-47	‘Saghart ar cuireadh bréagh air’	Seanchas faoi shagairt	1945
989	47-51	‘Saghart agus Gaill Ghlinne’	Seanchas faoi shagairt	1945
989	52-54	‘An Saghart a léigheas capaill’	Seanchas faoi shagairt	1945
989	55-60	‘Saghart agus Fiacha’	Seanchas faoi shagairt	1945
989	112-115	‘An Crucaidh’	Feithidí	1945
989	116	‘Preabairí – Báisteach’	Feithidí/ Comharthaí Aisire	1945
989	117	‘An Ceanramán’ [Cearnamhán]	Feithidí	1945
989	118	‘Ciaróg – Éisc [Dungbeetle]’	Feithidí	1945
989	119-121	‘An Deárnad [Flea]’	Feithidí	1945
989	122	‘Cuileóg [Fly]’	Feithidí	1945
989	123	‘Creabhar [Clag-fly]’	Feithidí	1945

Innéacs na Seanchaithe

989	124-129	‘Mial [Louse]’	Feithidí/ Seanchas cráifeach/ Bás/ Feirmeoireacht	1945
989	130-132	‘Cartáin [Ticks]’	Feithidí/ Feirmeoireacht	1945
989	133	‘An Buachaill Bó’	Feithidí	1945
989	133-137	‘An Phéist-Chapail’	Feithidí/ Péisteanna/ Scéalaíocht	1945
989	137	Seanchas faoina máthair i mbun scéalaíochta	Scéalaíocht na mBan/ Páistí	1945
989	307-308	‘Gealbhán [Sparrow]’	Éin spéire	1945
989	309	‘Clóchrán [Stone-chat]’	Éin spéire	1945
989	310-311	‘Truideóg [Starling]’	Éin spéire	1945
989	312	‘Cág [Jack-daw]’	Éin spéire	1945
989	313-316	‘Áinleóg [Swallow]’	Éin spéire	1945
989	434-435	‘Uibheacha i Luach Capail’	Feirmeoireacht/ Ainmhithe/ Uibheacha	1945
991	463,474, 477	Abairtí	Bailiúchán Abairtí	1946
992	9	‘Mailidheacha Móra’	Corp an duine/ Comharthaí	1947
992	9-10	‘Gruag a gheárrtar’	Corp an duine/ Gruaig	1947

Innéacs na Seanchaithe

992	10	‘Dlaoidh Ghruaige’	Corp an duine/ Gruaig/ Imirce	1947
992	11-13	‘An Ghruag ag imtheacht de dhaoine’	Corp an duine/ Gruaig/ Clocha	1947
992	12	Seanchas faoi chloch aoil a bhaint	Clocha/ Seanchas faoin diabhal	1947
992	13-14	‘Sileóg’	Corp an duine/ Seileog/ Cosaint	c.1945/6
992	14-15	‘Sileóg ar airgead’	Corp an duine/ Seileog/ Troideanna	c.1945/6
992	15	‘Sileóg na gCaisidí’	Corp an duine/ Seileog/ Ginealaigh/ Leigheasanna	c.1945/6
992	16	‘Léigheas Magaidh ar Dhóghadh Croidhe’	Leigheasanna	c.1945/6
992	16	‘Salachar na gCluas’	Corp an duine/ Salachar/ Leigheasanna	c.1945/6
992	77	‘Neithe Scríobhtha’	Cúrsaí Creidimh/ Leigheasanna	c.1945/6
992	78	Leabharthaí Beannuighthe i mBádaí	Seanchas Iascaireachta	c.1945/6
992	79	‘Lorg Coise na Maighdeana Muire’	Seanchas cráifeach	c.1945/6

Innéacs na Seanchaithe

		[Níor chuala sí trácht air seo i dTeileann]		
992	79	‘Scríobhnóireacht i bhfolach i dtuighe’ [Níor chuala sí trácht air seo i dTeileann]	Nithe scríofa	c.1945/6
992	93	‘Teinidh na Bealtaine’	Lá Bealtaine/ Tinte	1947
992	94	‘Ag Tabhairt Amach Teineadh’	Lá Bealtaine/ Tinte	1947
992	95	‘An teinidh i n-am faire’	Tinte/ Fáirí	1947
992	95	‘Teinidh nuair a bheithfidhe a maistiriú’	Tinte	1947
992	119-120	‘Luaidh Chéadaoin’ na Luadhcha’ [nóta ag S. Ó hEoch. ag an deireadh ag míniú nár éirigh leis an t-eolas ar fad a fháil]	Seanchas cráifeach/ Taithí na mBan	1947
992	121	‘Luaidh agus Taidbhsidhe’	Luaidh/ Taibhsí/ Seanchas cráifeach	c.1945/6
992	121	‘Luaidh faoi Ghamhna’	Luaidh/ Feirmeoireacht	c.1945/6
992	122	‘Luaidh fíor-mhónadh’	Luaidh/ Leigheasanna	c.1945/6

Innéacs na Seanchaithe

992	132	‘[Uisce] Uisce thrí dteóranntacha’	Oíche Shamhna/ Tairngreachtaí Pósta	1947
992	148	‘Fíor-uisce ar im’	Im/ Uisce	1947
992	148	‘Uisce ar dhaoine a bhéadh i laige’	Uisce/ Leigheasanna	1947
992	149	‘Uisce agus leónadh’	Uisce/ Leigheasanna	1947
992	149-150	‘Uisce ‘na léigheas droch-uisce’	Uisce/ Leigheasanna	1947
992	150	‘Uisce indiaidh na h-oidhche’	Uisce	1947
992	158	‘Uisce thobar gan iarradh’	Uisce/ Toibreacha/ Leigheasanna	1947
992	158	‘Uisce chloch na súl’	Uisce/ Turas Cholm Cille/ Leigheasanna	1947
992	159-160	‘Uisce reatha’	Uisce/ Seanchas faoin diabhal	1947
992	161	‘Uisce bearad sonais’	Uisce/ Leigheasanna	1947
992	165	‘[Fíor-uisce] Toibreacha’	Toibreacha/ Seanchas Iascaireachta	1947

Innéacs na Seanchaithe

992	166	‘Mion-seanchas fá thoibreacha’	Toibreacha/ Tinneas/ Nósmhaireachtaí	1947
992	167	‘A glanadh an tobair’	Toibreacha/ Glanadh	1947
992	167	‘Tobar i dteach’	Toibreacha/ Tithe	1947
992	168	‘Tobar i gcrann’	Toibreacha/ Leigheasanna	1947
992	169	‘Ainmneacha toibreacha’	Toibreacha/ Logainmneacha	1947
992	169	‘Tobar Cheallaigh’	Toibreacha/ Logainmneacha	1947
992	170	‘Tobar ag triomú’	Toibreacha	1947
1034	10-15	‘Iarann’ (‘Huis-ó-bailí’)	Finscéal sí/ Suantraí	1946
1034	16-17	Seanchas faoi Chonall Ó Cuinneagáin	Seanchas áitiúil	1946
1034	114-115	‘Éadach agus Léinte’	Éadaí	1946
1034	120-122	‘Sean-bhróga á gcur faoi thalamh’	Éadaí	1946
1034	123	‘Bratóg dhearg ar pháisdí’	Éadaí	1946
1034	124	‘Craipe caillte’	Éadaí	1946

Innéacs na Seanchaithe

1034	125	‘Éadaigh saghairt’	Éadaí/ Seanchas faoi shagairt	1946
1034	126-127	‘Bratóg Brighde ag Iasgairí’	Éadaí	1946
1034	128-137	‘Snáth’	Snáth	1946
1034	138-139	‘Ribín’	Ribíní	1946
1034	140-141	‘Sníom ar chóirda’	Snaidhmeanna	1946
1034	141	‘Miala a mharbhadh ar fairrge’	Miala/ Seanchas na farraige	1946
1034	142-145	‘Snáth na Samhna’	Snáth/ Samhain	1946
1034	146	‘Snáth Dearg ar Caoirigh’	Snáth	1946
1034	146-147	‘Snáth Olna agus faithní’	Snáth	1946
1034	147	‘Snáithe racaireachta’	Snáth	1946
1034	149-150	‘Greim Dómhnaigh’	Seanchas	1946
1034	150	‘Sníom na Péisde’	Leigheasanna/ Snaidhmeanna	1946
1034	150-152	‘Rópa’	Rópaí	1946
1034	153-154	‘Adhastar Ainmhidhe’	Ainmhithe	1946
1034	154-155	‘Rópaí Fiog’	Rópaí	1946
1034	155-156	‘Fuigheall’	Fuíoll	1946
1034	157	‘Clocha geala’	Clocha	1946

Innéacs na Seanchaithe

1034	158	‘Clocha geala i n-áit teineadh	Clocha/ Tinte	1946
1034	159	‘Clocha geala agus Iasgairí’	Clocha	1946
1034	160-163	‘Clocha turais’	Clocha	1946
1034	164-165	‘Clocha nach cóir baint daobhtha’	Clocha	1946
1034	166	‘Deoch ó dhruim saghad’	Deochanna	1946
1034	167	‘Cloch Phollta’	Clocha	1946
1034	167-172	‘Cloch ó Shruth Fhorláin’	Clocha	1946
1034	173	‘Folach Saidhbhris’	Seanchas	1946
1034	173	‘Clocha glasa’	Clocha	1946
1034	173	‘Cloch ghlas a stopadh fola’	Clocha	1946
1034	174-176	‘Cloch Cille’	Clocha	1946
1034	176-177	‘Cloch de charnán turais’	Clocha	1946
1034	233-234	‘Creafóg’	Oíche Shamhna/ Tairngeachtaí Pósta	1946
1034	234	‘Creafóg Ghartáin’	Creafóg/ Tinte	1946
1034	235	‘Creafóg Thoraigh’	Creafóg/ Luchóga móra	1946

Innéacs na Seanchaithe

1034	235-237	‘Créafóg ‘na leigheas dóighte’ [nóta ag S. Ó hEoch. ag míniú nár shíl sé gur thuig sí an t-eolas ar fad]	Créafóg/ Leigheasanna	1946
1034	238-239	‘Fear Gortach’	Ocras/ Bunadh na gCnoc/ Áiteacha uaisle	1946
1034	240-243	‘Fear-gortach Tharlaigh’	Seanchas Iascaireachta/ Ocras/ Bunadh na gCnoc	1946
1034	244-247	‘Fear-gortach an Bheirnich’	Portach/ na hÓglaigh/ Ocras/ Poitín	1946
1034	247	‘Múr-Lóiche’	Leigheasanna	1946
1034	248	‘Eadaigh [<i>sic.</i>] á gcur faoi thalamh’	Éadaí/ Tinneas/ Leigheasanna	1946
1034	249-250	‘Áiteacha a bhfuil buaidh ortha’	Áiteacha uaisle	1946
1034	253	‘Ór thalamh Cheallaigh’	Ór	1946
1034	268	‘Seamróg na gceithre nduilleóg’	Luibheanna/ Seanchas Iascaireachta	1946

Innéacs na Seanchaithe

1034	281	‘Driúchta na Beáltaine’	Lá Bealtaine/ Leigheasanna/ Pisreoga	1946
1034	282	‘Cailleach – Bhréagach’	Luibheanna/ Tairngeachtaí Pósta	1946
1034	282-283	‘Méaracán a’ Tailliúra’	Luibheanna/ Daoine ar iarraidh	1946
1034	283	‘Tae’	Luibheanna/ Deochanna	1946
1034	283	‘Cál-fairrge’	Luibheanna/ Tobaca	1946
1034	285	‘Cál’	Luibheanna/ Oíche Shamhna/ Tairngreachtaí Pósta	1946
1034	286-287	‘Driseóg’	Luibheanna/ Leigheasanna	1946
1034	287-288	‘Cros le Cipín Dóighte’	Crosa/ Uibheacha	1946
1034	288	‘Crosannaí Féil Padraic’	Crosa/ Féilte	1946
1034	288-289	‘Comhartha na Croiche’	Crosa/ Seanchas faoin diabhal	1946
1034	290	‘Seanchas fá Chonnachta’	Seanchas Iascaireachta	1946
1034	312	‘Min-chruaidhghil’	Min-chruaghill	1946

Innéacs na Seanchaithe

1034	312-313	‘Min-chruaidhghil agus bó ‘un tógala’	Min-chruaghill/ Feirmeoireacht	1946
1034	313	‘Mealldar min-chruaidhghil’	Min-chruaghill	1946
1034	314	‘Min Chruaidhghil agus Péistí’	Min-chruaghill/ Leigheasanna	1946
1034	314-315	‘Min Chruaidhghil agus Tinneas Cloinne’	Min-chruaghill/ Saolú páiste/ Taithí na mBan	1946
1034	316-317	‘Min Chruaidhghil agus Brídeog’	Min-chruaghill/ Pósadh	1946
1034	324	‘Sgamhógaí Muice’	Muca/ Seanfhocal	1946
1034	325	‘Greim searraigh’	Seanchas Iascaireachta	1946
1034	326-328	‘Aoileach i mbéal gamhna’	Ainmhithe feirme/ Bainne	1946
1034	329	‘Fuigheall bainne’	Bainne	1946
1034	329-330	‘Tinneas Beannuigh’	Tinneas/ Leigheasanna	1946
1034	330-331	‘Bainne Asail’	Bainne/ Leigheasanna	1946
1034	331	‘Bainne Gamhnaigh’	Bainne/ Leigheasanna	1946
1034	332	‘Bainne Uí Chearbhalláin’	Bainne/ Seanchas faoin cheol	1946

Innéacs na Seanchaithe

1034	338	‘Im Lá Bealtaine’	Lá Bealtaine/ Im	1946
1034	338	‘Im á ofráil ag loich’	Lá Bealtaine/ Lochanna	1946
1034	342	‘Feóil’	Feoil	1946
1034	342-345	‘Cosa gamhna agus caorach’ [Máire Phadaí Bháin]	Feirmeoireacht/ Cúram na mBan	1946
1034	346-348	‘Feóil Bhunadh na gCroc’	Feoil/ Finscéal sí/ Salann	1946
1034	349	‘Ag géarradh feóla’	Feoil	1946
1034	349	‘Feóil an Corgais’ [<i>sic.</i>]	Feoil/ Cúrsaí creidimh	1946
1034	349-350	‘Feoil mharbh’	Feoil	1946
1034	358	‘Fionnadh cait’	Ainmhithe	1946
1034	360	‘Craiceann coinín’	Ainmhithe/ Leigheasanna	1946
1034	361	‘Craiceann goile Circe’	Ainmhithe/ Leigheasanna	1946
1034	366	‘[Fuil ainmhidhthe] Cat-Dubh’	Ainmhithe/ Leigheasanna	1946
1034	366-367	‘Fuil circe’	Fuil/ Éin feirme	1946
1034	367	‘Fuil sean-oidhche Shamhna’ [ní raibh an	Fuil/ Samhain	1946

Innéacs na Seanchaithe

		nós seo i dTeileann dar le MUíCh]		
1034	367	‘Fuil sréadan’	Fuil/ Leigheasanna	1946
1034	372	‘Maith na Caorach’	Ainmhithe/ Leigheasanna/ Salachar	1946
1034	384	‘Bloimic/ Bloinnic? [‘bloimigh’ i bhfoclóir Dineen]	Ainmhithe/ Leigheasanna	1946
1034	385	‘Bloimic eascoine’	Ainmhithe/ Leigheasanna	1946
1034	385	‘Bloimic an ghé’ [ní raibh an t-éan seo coitianta i dTeileann]	Éin/ Leigheasanna	1946
1034	386	‘Salachar éanlaith’	Éin/ Salachar/ Comharthaí	1946
1034	387-388	‘Ceir gé’	Éin/ Leigheasanna	1946
1034	393	‘[Feithidí srl] an crucaidh’	Feithidí/ Comharthaí	1946
1034	394	‘Fuaim san Fhaochóig’	Seanchas na farraige	1946
1034	397	‘Leabhar Éoin’	Leigheasanna/ Meabhairshláinte	1946

Innéacs na Seanchaithe

1034	400	‘An scaball’	Seanchas cráifeach	1946
1034	401-402	‘Agnes Dei’	Seanchas cráifeach/ Feirmeoireacht	1946
1034	408-410	‘Créafóg Choisreaca’	Seanchas cráifeach/ créafóg/ rún na mban	1946
1034	410-411	‘Áiteacha Beannuighthe’	Seanchas cráifeach/ Dinnseanchas/ Leigheasanna	1946
1034	412	‘Crosannaí’	Crosa/ Cros Bhríde	1946
1034	413	‘Crosannaí na Samhna’	Crosa/ Samhain	1946
1034	414	‘Léigheas Déididh’	Leigheasanna/ Fiacla/ Blaosc ó reilig	1946
1034	442	‘Uisce-Coiscreaca na Cásga’	Seanchas cráifeach/ Leigheasanna	1946
1034	450	‘Baill ar dhaoine a thig ‘un t-saoil’	Saolú Páiste/ Corp an duine	1946
1096	391	‘An Bhealtaine: An Teine Lá Beáltaine’	Lá Bealtaine/ Tinte	1947

Innéacs na Seanchaithe

1096	392	‘Aoileach i mbéal ainmhidhthe Lá Bealtaine’	Lá Bealtaine/ Ainmhithe/ Salachar	1947
1096	392	‘Driúchta Lá Beáltaine’	Lá Bealtaine/ Leigheasanna	1947
1096	392	‘Maidin Lá Beáltaine’	Lá Bealtaine/ Bainne	1947
1096	393	‘Éilín Beáltaine’	Lá Bealtaine/ Éin feirme/ leigheasanna	1947
1096	391	[An Bheáltaine] An teine Lá Beáltaine	Lá Bealtaine/ Tinte	1947
1096	396	‘Uimh bó lá Beáltaine’	Lá Bealtaine/ Bláthanna/ Feirmeoireacht	1947
1096	396	‘Páisde a thiocfadh ar an t-saoghal roimh an am – Lá Beáltaine’	Lá Bealtaine/Saolú páiste	1947
1170	240-243	‘An cearrbhach agus an bhean a tháinig ó’n mharbh’	Seanchas/ Taibhsí	1949
1170	269-272	‘An fáth a bhfuil cluasa fada ar an asal’	Ainmhithe	1949
1170	491-492	‘An mac is sine’	Seanchas cráifeach	1950

Innéacs na Seanchaithe

1170	493-494	‘Cleas na Cuilte’	Cardáil na mban/ Cluichí	1950
1412	85-87	‘Imeartas Shéimín Uí Eachaidh’	Fáirí/ Finscéal sí	1955
1412	88-89	‘Sluagh Bheatha na Farraige’	Seanchas na farraige/ Finscéal sí	1955
1412	91-92	‘Fear a thug an Sluagh Bheatha as’	Seanchas na farraige/ Finscéal sí	1955
1412	93-95	‘Bean a tugadh as’ [Huis- a-bá-lí]	Finscéal sí/ Suantraí	1955
1579	221	Na Mollies agus an Gaimbiú	Seanchas/ Molly Maguires	1961
1579	222-223	‘John Eoin ins na “Mollies”’	Seanchas/Molly Maguires	1961
1642	207-209	‘Oifige Chondaí’	Oifigí/ Seanchas cráifeach	1963
1667	169	‘Deoch ó dhroim saighid’	Deochanna	c.1956
1667	170	‘Sileóg i soitheach uisce’	Sileog/ Uisce	c.1956

Mícheál Ó hIghne (c.1872-1969)

Innéacs

Imleabhar	Leathanaigh	Ábhar	Cur síos	Bliain
139	68-73	‘sgéal-sidheóg’	Finscéal sí	1935
139	73-94	‘Sgéal Mhadadh na Seacht gCos’	Seanscéal fada	1935
139	95-106	‘seanchusc’	Finscéal sí	1935
139	106-113	‘Donncha Ó Curraoin’	Seanscéal fada	1935
139	122-152	‘An Crochaire Tárnocht’	Seanscéal fada (ATU 300)	1935
139	188-201	Scéal: Mac Murchaidh	Seanscéal fada	1935
390	114-115	Seanchas fána athair	Seanchas áitiúil/ Finscéal sí	1937
989	206-216	‘An Píobaire Breac-Magpie’	Éin spéire	1945
990	5-8	‘An Áirc’	Scéal cráifeach	1946
990	9-12	‘An Gobán Saor’	Seanscéal fada	1946
990	13-46	‘John agus Naomh Peadar’	Seanscéal fada	1946
990	47-52	‘Colm Cille agus an Déirce’	Seanchas faoi Cholm Cille	1946
990	53-67	‘Donnachadh Mór’	Seanscéal fada	1946

Innéacs na Seanchaithe

990	67-70	‘Geárradh san tsean t-saoghal’	Seanchas áitiúil	1946
990	71-91	‘Jack an Cearrbhach’	Seanscéal fada	1946
990	92-93	‘Fáilte Uí Chearrbhaláin’	Seanchas	1946
990	94-156	‘An Crochaire Tárnocht’	Seanscéal fada (ATU 300)	1946
990	157-181	‘Séamus Mac an Iasgaire’	Seanscéal fada	1946
990	182-209	‘Síodhgaidhe Glas an Talaimh Íochtair’	Seanscéal fada	1946
990	210-233	‘Scéal Mhac Murachaidh’	Seanscéal fada	1946
990	344-347	‘An Bhean a bhíodh a guidhe Naomh Molaise	Seanchas áitiúil/ Seanchas cráifeach	1946
990	348-356	‘An Gaduidhe Glic’	Scéal	1946
990	357-393	‘Mac an Fhigheadóra agus Nighean a’ Rí’	Seanscéal fada	1946
990	394-396	‘Iasacht an roilig don fhaoileóg’	Seanchas faoi scéal a chuala sé ina óige	1946
990	397-398	‘Caiseal an Óir’	Seanchas áitiúil	1946
990	399-400	‘Each-uisge Pat John Éoghain’	Seanchas na farraige	1946
990	401-407	‘An Diabhal i gcosmhalacht cailín’	Seanchas faoin diabhal	1946

Innéacs na Seanchaithe

990	408-417	‘Séamus Mór agus na Cait’	Seanscéal (Donnachadh Ó Curraoin)	1946
990	418-420	‘Peata na Luadhcha’ [dearmad déanta ag MÓhI den scéal iomlán]	Scéal	1946
990	421-423	‘Each-uisge a chonnaic maethair Mhici’	Seanchas áitiúil	1946
990	423-428	‘Maighdean Mhara’	Finscéal sí/ Seanchas na farraige	1946
990	429-431	‘Madadh-uisge agus Rí Mhadadh srl’	Seanchas na farraige	1946
990	432-433	‘A Marbhadh Rónta’	Seanchas na farraige	1946
990	434-435	‘Naomh Pádraic agus an t-Iolar’	Seanchas/ Éin spéire	1946
990	436-450	‘An Diabhal i bhfolach sa chothán’	Seanchas faoin diabhal	1946
990	451-453	‘Fear a bhí a troid leis a’ diabhal’	Seanchas faoin diabhal	1946
990	454-458	‘Brionglóid fá chreachadh nead iolair’	Seanchas áitiúil/ Éin spéire/ Brionglóidí	1946
990	459-460	‘Léigheas Dóighte’	Leigheasanna/ Arc-sléibhe	1946

Innéacs na Seanchaithe

990	460-461	‘An dreólán a múin ‘san fharraige’	Seanchas na farraige	1946
990	460-461	‘An daol agus céasú ar Slánuightheóra’	Seanchas cráifeach	1946
990	462-463	‘An spideóg ag céasú ár Slánuightheóra’	Seanchas cráifeach	1946
990	464	‘Ár Slánuightheór agus an Daróg’	Seanchas cráifeach	1946
990	465-467	‘An Dall ag céasú ár Slánuightheóra’	Seanchas cráifeach	1946
990	467	‘An Choróin Spíona’	Seanchas cráifeach	1946
990	468-471	‘An chéad ghruth-buidhe’	Seanchas cráifeach	1946
990	473-476	‘Brid a sábhail náire Mhuire’	Seanchas cráifeach	1946
990	477-478	‘Muire agus an Tingleáraí’	Seanchas cráifeach	1946
990	479-480	‘Ár Slánuightheoir agus an fear bocht’	Seanchas cráifeach	1946
990	481-482	‘Ár Slánuightheoir agus bean a’ Daill’	Seanchas cráifeach	1946
990	482-484	‘Aodh Mhac Bricne’	Seanchas áitiúil/ Seanchas cráifeach	1946
990	485-490	‘Colm Cille agus an Bochtán’	Scéal	1946

Innéacs na Seanchaithe

990	491-493	‘Scéal an Spáinnigh’	Seanchas cráifeach/ Seanchas áitiúil	1946
990	494-495	‘An fear a bhí a coimhead a bháis’ [ní raibh an scéal iomlán ag MÓhI]	Scéal	1946
990	496-500	‘Báitheadh Phrochluisc’	Seanchas áitiúil/ Finscéal sí	1946
990	501-507	‘Bean as na Rosaibh a tugadh as’	Finscéal sí	1946
990	508-521	‘An fear a dhíol a nighean leis a diabhal’	Seanscéal	1946
990	522-524	‘Féasta an Iolair Mhóir’ [Sláinte na n-Éanlaithe]	Amhrán	1946
990	525-526	Laoi [dearmad déanta ag MÓhI ar chuid den laoi]	Laoi	1946
990	527-534	‘A theacht ó fhaire go mall’	Fáirí	1946
990	535-541	‘An Bhean Bheannuigh agus Cailíní’	Seanchas cráifeach	1946
990	542-551	‘Na Lochlannaigh’	Seanchas faoi na Lochlannaigh	1946
990	552-557	‘Coileach na Carraice’	Seanchas/ Éin Feirme	1946

Innéacs na Seanchaithe

990	699-701	‘Órtha na Maighdeana Muire’	Órtha	1946
1034	67-69	‘An boc o’ Killandy’	Seanchas	1946
1034	70-75	‘Padaí Ó Ruaidhín agus Bunadh na gCroc’	Finscéal sí	1946
1034	76-78	‘Mac a’ Bháird agus Mac Uí Eochaidh’	Seanchas áitiúil	1946
1034	79-81	‘Oileán Seánta’	Seanchas áitiúil/ Seanchas na farraige	1946
1034	82-104	‘Nighean Rí Ghlass Hill’	Seanscéal	1946
1170	101	‘An tÉireannach agus an Sasanach’ [nóta ag S. Ó hEoch.: ‘féach leagan eile de’n scéal seo as Teilionn ó Phádraig Mac Seágháin, (Iasgaire)	Seanchas	1949
1439	227-235	Donnachadh Ó Curraoin agus an Diabhal	Seanchas faoin diabhal	1956
1538	227-232	Donnachadh Ó Curraoin as na Rosa	Seanscéal fada	1955